**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0208/2022**

18.7.2022

# ***I
# TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle
(COM(2021)0557 – C9-0329/2021 – 2021/0218(COD))

An Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Rapóirtéir: Markus Pieper

Rapóirtéir don tuairim (*):

Nils Torvalds, an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

# CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................96

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT ..........................................................................100

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN gCOMHSHAOL, UM SHLÁINTE PHOIBLÍ AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BIA......................................................................................................116

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT .......................207

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT RÉIGIÚNACH...............................................280

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE..369

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH .................................................................438

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH ......440

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**maidir leis an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle**
**(COM(2021)0557 – C9-0329/2021 – 2021/0218(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0557),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 194(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0329/2021),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Parlaimint na Sualainne, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 9 Nollaig 2021[1],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 28 Aibreán 2022[2],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach agus ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0208/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má

[1] IO C 152, 6.4.2022, lch. 127.
[2] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA*

ar an togra ón gCoimisiún

---------------------------------------------------------

2021/0218 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 agus Airteagal 194(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[3],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[4],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaítear leis an gComhaontú Glas don Eoraip[5] an cuspóir Aontas aeráidneodrach a bhaint amach in 2050 ar bhealach a chuirfidh le geilleagar na

* Leasuithe: léirítear téacs nua nó leasaithe le cló trom iodálach; léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌.

3 IO C , , lch. .

4 IO C , , lch. .

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2019) 640 final an 11.12.2019, An Comhaontú Glas don Eoraip.

hEorpa, le fás agus le poist a chruthú. Leis an gcuspóir sin a bhaint amach, agus an cuspóir de ▌ laghdú 55 % ***ar a laghad*** ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 mar a leagtar amach i ***Rialachán (AE) 2021/119 (an Dlí Aeráide Eorpach)***, tá gá le haistriú fuinnimh agus le sciar i bhfad níos airde d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i gcóras fuinnimh comhtháite.

***(1a) Leis an aistriú fuinnimh, déantar difear do Bhallstáit, réigiúin, earnálacha eacnamaíocha agus saoránaigh ar bhealaí éagsúla agus ag brath ar a staid ar leith. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, a áirithiú go gcuirfear an Comhaontú Glas chun feidhme ar bhealach lena gcuirfear comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach chun cinn san Aontas agus go mbeidh an t-aistriú fuinnimh cóir agus cuimsitheach. Go háirithe, ní mór a áirithiú go seachnófar suaitheadh in earnálacha ríthábhachtacha a chomhlíonann bunriachtanais an gheilleagair agus na sochaí, amhail an tsoghluaisteacht.***

***(1b) Is toisc bhunriachtanach táirgeachta é an fuinneamh a bhfuil éileamh leanúnach air agus atá ríthábhachtach ó thaobh an gheilleagair, na sochaí agus an chomhshaoil de. Braitheann gach gníomhaíocht dhaonna, lena n-áirítear iompar, ar fhuinneamh leordhóthanach agus inacmhainne a bheith ar fáil nuair is gá.***

***(1c) I gClár Gníomhaíochta Comhshaoil Ginearálta an Aontais go dtí 2030 (an 8ú CGC) leagtar amach cuspóirí tosaíochta téamacha do 2030 i réimsí an mhaolaithe ar an athrú aeráide, an oiriúnaithe don athrú aeráide, an bhithéagsúlacht a chosaint agus a athbhunú, geilleagar ciorclach neamhthocsaineach, comhshaol truaillithe nialasaigh agus íoslaghdú a dhéanamh ar bhrúnna comhshaoil ó tháirgeadh agus ó thomhaltas ar fud earnálacha uile an gheilleagair agus aithnítear go bhfuil na cuspóirí sin, lena dtugtar aghaidh ar thiománaithe agus ar thionchair an damáiste don chomhshaol araon, idirnasctha go bunúsach. Tá sé mar chuspóir tosaíochta fadtéarmach freisin ag an 8ú CGC gurb amhlaidh, faoi 2050 ar a dhéanaí, a bheidh daoine ag maireachtáil go maith, laistigh de na teorainneacha pláinéadacha i ngeilleagar na dea-bhaile nach gcuirfear aon ní amú ann, ina mbeidh an fás ina fhás athghiniúnach, ina mbeidh aeráidneodracht san Aontas bainte amach agus ina mbeidh an neamhionannas laghdaithe go suntasach. Tá timpeallacht shláintiúil mar bhonn agus mar thaca le dea-bhail an uile dhuine agus is timpeallacht í ina gcaomhnaítear an bhithéagsúlacht, ina mbíonn rath ar éiceachórais, agus ina gcosnaítear agus ina n-athbhunaítear an dúlra, rud a fhágann athléimneacht mhéadaithe a bheith ann i leith an athraithe aeráide, i leith tubaistí a bhaineann leis an aimsir agus leis an aeráid agus i leith rioscaí eile comhshaoil.***

***(1d) Is é is aidhm do Chlár Ginearálta Gníomhaíochta an Aontais don Chomhshaol go dtí 2030 ('an 8ú CGC'), an creat do ghníomhaíocht an Aontais i réimse an chomhshaoil agus na haeráide, dlús a chur leis an aistriú glas chuig geilleagar ciorclach a bheidh aeráidneodrach, inbhuanaithe, neamhthocsaineach, tíosach ar acmhainní, bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite, athléimneach agus iomaíoch ar bhealach cóir, cothrom agus cuimsitheach, agus staid an chomhshaoil a chosaint, a athchóiriú agus a fheabhsú trí, inter alia, stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus í a aisiompú. Tacaítear leis le cur chuige comhtháite i leith beartais agus i leith***

***cur chun feidhme, agus neartaítear leis an cur chuige sin, ag tógáil ar an gComhaontú Glas don Eoraip. Aithnítear leis an 8ú CGC go mbeidh gá le hathrú córasach chun an t-aistriú seo a bhaint amach, arb é a bheidh i gceist, de réir an GCE, athrú bunúsach, trasfhoirmeach agus trasghearrtha lena dtugtar le tuiscint athruithe móra agus athdhíriú ar spriocanna córas, dreasachtaí, teicneolaíochtaí, cleachtais agus noirm shóisialta, agus ar chórais eolais agus cur chuige rialachais.***

***(1e) Chun go mbainfear amach na cuspóirí, is gá a áirithiú go bhfuil tionscnaimh reachtacha, cláir, infheistíochtaí, tionscadail agus a gcur chun feidhme comhsheasmhach, go rannchuidíonn siad, i gcás inarb ábhartha, agus nach ndéanann siad dochar d'aon cheann de chuspóirí an 8ú CGC. Ina theannta sin, chun go n-áiritheofaí go n-íoslaghdófar neamhionannais shóisialta a eascraíonn as tionchair agus beartais a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol agus go ndéanfar bearta a ghlactar chun go gcosnófaí an comhshaol agus an aeráid a chur i gcrích ar bhealach atá cothrom agus cuimsitheach go sóisialta, agus go ndéanfar príomhshruthú inscne ar fud na mbeartas aeráide agus comhshaoil, lena n-áirítear trí ghné inscne a ionchorprú ag gach céim den phróiseas ceaptha beartais, beidh gá leo chun cuspóirí an 8ú CGC a bhaint amach agus, dá réir sin, leagfar síos mar choinníollacha cumasúcháin sa 8ú CGC iad.***

***(1f) Is é cuspóir maolaithe aeráide 2030 an 8ú EAP laghdú tapa agus intuartha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus, ag an am céanna, feabhsú ar aistriú linnte nádúrtha san Aontas chun go mbainfí amach sprioc 2030 maidir leis an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119, i gcomhréir le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais, agus fós aistriú cothrom nach bhfágfar aon duine ar lár ann a áirithiú; Chun cuidiú lena chuspóirí a bhaint amach, leagtar síos leis an 8ú CGC an coinníoll cumasúcháin maidir le fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol a chéimniú amach, lena n-áirítear trí spriocdháta a leagan síos chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breoslaí iontaise i gcomhréir leis an uaillmhian an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C, chomh maith le creat ceangailteach de chuid an Aontais chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBallstát i dtreo deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise, bunaithe ar mhodheolaíocht chomhaontaithe.***

***(1g) Tá sé mar aidhm leis an Treoir seo a áirithiú, mar chuid de bheartas fuinnimh AE, go spreagfar infheistíochtaí i dtáirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus ceannasacht fuinnimh gach Ballstáit á caomhnú ag an am céanna.***

***(1h) Tá an Treoir maidir le fuinneamh in-athnuaite mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55', pacáiste a mbeidh éifeachtaí iomadúla aige ar an Aontas freisin, lena n-áirítear ar iomaíochas, ar chruthú post, ar chumhacht ceannaigh teaghlaigh, ar spriocanna aeráide a bhaint amach agus ar mhéid an sceite carbóin. Dá bhrí sin, ba cheart meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh ar bhonn rialta ar thionchar maicreacnamaíoch comhiomlán na Rialachán atá sa phacáiste 'Oiriúnach do 55'.***

(2) Tá ról bunúsach ag fuinneamh in-athnuaite chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích agus chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, ós rud é

gurb í earnáil an fhuinnimh is cúis le breis agus 75 % d’astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa an Aontais. Trí na hastaíochtaí gás ceaptha teasa sin a laghdú, is cuidiú é fuinneamh in-athnuaite freisin chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid amhail cailliúint na bithéagsúlachta, ***truailliú talún, uisce agus aeir, fad is nach gcuireann úsáid na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite féin leis na dúshláin sin*. *I ngeall ar na costais ísle oibriúcháin a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite agus an laghdú ar an nochtadh do shuaitheadh praghsanna i gcomparáid le breoslaí iontaise, tá ról tábhachtach ag fuinneamh in-athnuaite chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh.***

***(2a) Agus gealltanas á thabhairt ag níos mó tíortha maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi lár an chéid, meastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh intíre agus domhanda ar theicneolaíochtaí in-athnuaite agus go mbeidh deiseanna suntasacha ar fáil maidir le poist a chruthú, bonn tionsclaíoch Eorpach d’fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a leathnú agus ceannaireacht leanúnach na hEorpa i dtaighde agus i bhforbairt teicneolaíochtaí nuálacha in-athnuaite, rud a chuireann feabhas ar an mbuntáiste iomaíoch atá ag cuideachtaí Eorpacha agus ar neamhspleáchas fuinnimh an Aontais ar allmhairí breoslaí iontaise.***

***(2b) B’ionann sciar an olltomhaltais deiridh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite san Aontas agus 22 % in 2020[6], 2 phointe céatadáin (pp) os cionn na sprice maidir le sciar an fhuinnimh in-athnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh le haghaidh 2020, mar a leagtar amach i dTreoir 2009/28/CE maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn*.**

***(2c) Is cumasóir tábhachtach d’fhorbairt inbhuanaithe é an fuinneamh in-athnuaite, ar rud é a rannchuidíonn go díreach agus go hindíreach le go leor Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), lena n-áirítear laghdú na bochtaineachta, oideachas, uisce agus sláintíocht. Baineann tairbhí socheacnamaíocha leathana le foinsí in-athnuaite fuinnimh freisin, lena gcruthaítear poist nua agus lena gcothaítear tionscail áitiúla.***

***(2d) Ar an leibhéal idirnáisiúnta, ag Comhdháil 2021 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP 26), gheall an Coimisiún, in éineacht le comhpháirtithe domhanda, deireadh a chur le tacaíocht dhíreach d’fhuinneamh breosla iontaise idirnáisiúnta neamh-mhaolaithe, agus na cistí sin a úsáid chun fuinneamh in-athnuaite a úsáid.***

***(2e) Ag COP26, d’ardaigh an Coimisiún, i gcomhar le ceannairí domhanda, leibhéal domhanda na huaillmhéine chun foraoisí domhanda a chaomhnú agus a athshlánú, agus chun an t-aistriú chuig iompar gan astaíochtaí a bhrostú.***

***(2f) Is minic a dhéantar fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh ar an leibhéal áitiúil agus is minic a bhraitheann sé ar FBManna réigiúnacha; Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit páirt iomlán a thabhairt d’údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus iad ag leagan síos spriocanna agus ag tacú le bearta beartais.***

6 ***https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-eurostat-news/-/ddn-20220119-1***

***(2g)* *Ós rud é go bhfuil tionchar ag bochtaineacht fuinnimh ar thart ar 35 mhilliún Eorpach*[7]*, tá ról tábhachtach ag beartais fuinnimh in-athnuaite in aon straitéis chun dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh agus leochaileacht tomhaltóirí.***

(3) Leagtar síos le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] sprioc cheangailteach Aontais gur ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a thiocfaidh 32 % ar a laghad d'olltomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais faoi 2030. Faoin bPlean um Sprioc Aeráide, ba ghá an sciar fuinnimh in-athnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh a mhéadú go ***45*** % faoi 2030 chun sprioc laghdaithe an Aontais i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach[9]. Dá bhrí sin, is gá an sprioc a leagtar amach in Airteagal 3 den Treoir sin a mhéadú.

***(3a)* *I gcomhréir leis an moladh ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2021 dar teideal On Energy Efficiency First: from principles to practice. Guidelines and examples for its implementation in decision-making in the energy sector and beyond [Bunphrionsabal na hÉifeachtúlachta Fuinnimh: ó phrionsabail go cleachtas. Treoirlínte agus samplaí dá cur chun feidhme sa chinnteoireacht san earnáil fuinnimh agus níos faide i gcéin], ba cheart cur chuige comhtháite a ghlacadh leis an Treoir seo tríd an bhfoinse in-athnuaite is éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de a chur chun cinn d'aon earnáil ar leith agus d'aon fheidhm, agus trí éifeachtúlacht córais a chur chun cinn, ionas go mbeidh gá leis an bhfuinneamh is lú le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha éagsúla***.

***(3b)* *I gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2022 dar teideal 'an Plean REPowerEU', is conair chostéifeachtúil é borradh a chur faoi tháirgeadh bithmheatáin inbhuanaithe go 35 bcm ar a laghad faoi 2030 chun sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus soláthar gáis an Aontais a éagsúlú, rud a thacóidh le cinnteacht an tsoláthair agus le huaillmhianta aeráide an Aontais. Ba cheart don Choimisiún straitéis AE a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní rialála maidir le táirgeadh agus comhtháthú bithmheatáin a uas-scálú i margadh inmheánach gáis an Aontais.***

***(3c)* *Chun tacú leis an sprioc fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach agus le leictriú na n-earnálacha críochúsáide, agus teaghlaigh agus tionscail á gcumhachtú ag an am céanna chun páirt ghníomhach a ghlacadh i gcóras fuinnimh an Aontais a dhaingniú agus a dhícharbónú agus chun iad a chúiteamh as an méid sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcumasófar leis an gcreat rialála náisiúnta an buaicéileamh leictreachais a laghdú trí sholúbthacht ar thaobh an éilimh a ghníomhachtú i ngach earnáil críochúsáide. Chuige sin, d'fhéadfadh na Ballstáit sprioc íosta a thabhairt isteach ina bpleananna comhtháite fuinnimh***

---

7 ***Moladh (AE) 2020/1563 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh.***

8 Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, IO L 328, 21.12.2018, lch. 82-209.

9 Pointe 3 den Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2020) 562 final an 17.9.2020, *Stepping up Europe's 2030 climate ambition Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people* [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa do 2030 Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas an phobail].

***agus aeráide chun buaicéileamh leictreachais a laghdú 5 % ar a laghad faoi 2030, chun solúbthacht an chórais a mhéadú, i gcomhréir le hAirteagal 4(d)(3) de Rialachán (AE) 2018/1999.***

***(3d) Ceann de na cúig chuspóir beartais comhtháthaithe don tréimhse 2021-2027 is ea Eoraip níos glaise a bheith ann trí infheistíocht san fhuinneamh glan, sa gheilleagar ciorclach, i maolú ar an athrú aeráide agus in iompar inbhuanaithe a chur chun cinn. Ba cheart, dá bhrí sin, go ndíreofaí le cistí an bheartais comhtháthaithe ar aon mhéadú ar éagothromaíochtaí a chosc, cabhrú leis na réigiúin sin a bhfuil an t-ualach aistrithe is troime acu, infheistíocht i mbonneagar a spreagadh, agus oiliúint a chur ar oibreoirí maidir le teicneolaíochtaí nua chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár.***

***(3e) Beidh ar CFRE tacú le héifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú; an fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn; córais agus gréasáin fuinnimh chliste a fhorbairt, agus soghluaisteacht uirbeach, ilmhódach, inbhuanaithe a chur chun cinn, i gcomhthéacs an aistrithe chuig geilleagar carbóin glan-nialasach; ní mór do CSE+ rannchuidiú le feabhsuithe i gcórais oideachais agus oiliúna is gá chun scileanna agus cáilíochtaí a oiriúnú, gach duine a uas-sciliú, lena n-áirítear an lucht saothair, poist nua a chruthú in earnálacha a bhaineann leis an gcomhshaol, leis an aeráid, le fuinneamh, leis an ngeilleagar ciorclach agus leis an mbithgheilleagar (Airteagal 4 den Rialachán maidir le CSE+).***

***(3f) Baineann gné áitiúil láidir le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go dtabharfadh na Ballstáit páirt iomlán do na húdaráis áitiúla agus do na húdaráis réigiúnacha i bpleanáil agus i gcur chun feidhme beart náisiúnta maidir leis an aeráid, rochtain dhíreach ar mhaoiniú a sholáthar agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na mbeart a glacadh. I gcás inarb infheidhme, ba cheart do na Ballstáit rannchuidithe áitiúla agus réigiúnacha a chomhtháthú i bpleananna náisiúnta maidir leis an bhfuinneamh agus an aeráid.***

***(3g) ag aithint an róil thábhachtaigh atá ag an mbeartas comhtháthaithe i dtaobh rannchuidiú le cúnamh a thabhairt do na réigiúin oileánacha spriocanna aeráidneodrachta a bhaint amach, agus na costais bhreise a bhaineann le hearnálacha amhail earnáil an fhuinnimh agus an iompair á gcur san áireamh, chomh maith leis an tionchar atá ag an teicneolaíocht mhóibíleach ar a gcórais fuinnimh, lena n-éilítear leibhéal infheistíochta atá an-ard, ó thaobh comhréire de, chun foinsí fuinnimh in-athnuaite eadrannacha a bhainistiú.***

***(3h) á chur i bhfios, mar gheall ar a mbeagmhéid agus a gcórais fuinnimh leithlisithe, go bhfuil dúshlán mór roimh na réigiúin oileánacha is iargúlta, díreach cosúil leis na réigiúin is forimeallaí, a mhéid a bhaineann leis an soláthar fuinnimh ós rud é go mbíonn siad ag brath go ginearálta ar allmhairí breosla iontaise le haghaidh giniúint leictreachais, iompair agus téimh.***

***(3i) á mheas gur cheart tús áite a thabhairt d'úsáid fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear cumhacht taoide, agus á chreidiúint go bhféadfadh sé dul chun tairbhe na n-oileán go mór, agus aird á tabhairt ar riachtanais na bpobal áitiúil, lena n-áirítear caomhnú ailtireacht thraidisiúnta na n-oileán agus***

***gnáthóg áitiúil na n-oileán; á iarraidh, dá bhrí sin, go dtacófaí le réimse leathan foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt bunaithe ar a ngnéithe geografacha; á chur in iúl gur geal léi na cláir hidrigine glasa atá seolta ag na hoileáin.***

(4) Tá méadú ag teacht ar an aitheantas gur gá beartais bhithfhuinnimh a ailíniú le prionsabal úsáid chascáideach na bithmhaise[10], d'fhonn rochtain chothrom ar mhargadh na n-amhábhar bithmhaise a áirithiú chun réitigh bhithbhunaithe nuálacha, ard-bhreisluacha agus bithgheilleagar inbhuanaithe ciorclach a fhorbairt. Agus scéimeanna tacaíochta bithfhuinnimh á bhforbairt, ba cheart do Bhallstáit an soláthar bithmhaise inbhuanaithe atá ar fáil le haghaidh úsáidí fuinnimh agus neamhfhuinnimh agus neartú na linnte carbóin foraoise náisiúnta agus na n-éiceachóras***, cosaint na bithéagsúlachta*** a chur san áireamh chomh maith le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus prionsabal úsáid chascáideach na bithmhaise, agus ord na réiteach dramhaíola a bhunaítear i dTreoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11]. ***Mar sin féin, ba cheart dóibh a bheith in ann tacaíocht a dheonú do tháirgeadh fuinnimh ó stumpaí nó ó fhréamhacha i gcás dramhaíl agus iarmhair a dhíorthaítear ó chur chun feidhme oibreacha a dhéantar leis an bpríomhchuspóir an dúlra a chaomhnú agus tírdhreach a bhainistiú, amhail ar thaobh an bhóthair. In aon chás, ba cheart do na Ballstáit*** cur chun cinn úsáid na lomán cruinn ardchaighdeáin le haghaidh fuinnimh a sheachaint seachas i gcúinsí dea-shainithe***, mar shampla falscaí a chosc agus lománaíocht tarrthála***. I gcomhréir le prionsabal na húsáide cascáidí, ba cheart bithmhais adhmaid a úsáid de réir an bhreisluacha eacnamaíoch agus comhshaoil is airde atá aici san ord tosaíochtaí seo a leanas: 1) táirgí adhmadbhunaithe, 2) síneadh a chur leis na blianta seirbhíse atá iontu, 3) athúsáid, 4) athchúrsáil, 5) bithfhuinneamh agus 6) diúscairt. I gcás nach bhfuil úsáid ar bith eile le haghaidh bithmhais adhmaid inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de nó iomchuí ó thaobh an chomhshaoil de, is cuidiú aisghabháil fuinnimh chun giniúint fuinnimh ó fhoinsí neamh-inathnuaite a laghdú. Ba cheart, mar sin, scéimeanna tacaíochta Ballstát le haghaidh bithfhuinnimh a dhíriú ar amhábhair den sórt sin nach bhfuil mórán iomaíocht mhargaidh lena n-aghaidh leis na hearnálacha ábhair, agus ar rud dearfach don aeráid agus don bhithéagsúlacht araon a bhfoinsiú, chun dreasachtaí diúltacha le haghaidh conairí bithfhuinnimh neamh-inbhuanaithe a sheachaint, mar a shainaithnítear i dtuarascáil JRC *The use of woody biomass for energy production in the EU* [Bithmhais adhmaid a úsáid le haghaidh táirgeadh fuinnimh san Aontas Eorpach][12]. Os a choinne sin, agus impleachtaí breise phrionsabal na húsáide cascáidí á sainiú, is gá na sainiúlachtaí náisiúnta a aithint atá mar threoir do na Ballstáit agus a scéimeanna tacaíochta á ndearadh acu. Ba cheart tús áite a thabhairt do dhramhaíl a chosc, a athúsáid,

---

[10] Is é is aidhm do phrionsabal na húsáide cascáidí éifeachtúlacht acmhainne úsáid bithmhaise a bhaint amach trí thús áite a thabhairt d'úsáid ábhar bithmhaise thar úsáid fuinnimh pé uair is féidir, rud a mhéadódh méid na bithmhaise atá ar fáil laistigh den chóras. I gcomhréir le prionsabal na húsáide cascáidí, ba cheart bithmhais adhmaid a úsáid de réir an bhreisluacha eacnamaíoch agus comhshaoil is airde atá aici san ord tosaíochtaí seo a leanas: 1) táirgí adhmadbhunaithe, 2) síneadh a chur leis na blianta seirbhíse atá iontu, 3) athúsáid, 4) athchúrsáil, 5) bithfhuinneamh agus 6) diúscairt.

[11] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

[12] https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC122719

agus a athchúrsáil. Ba cheart do na Ballstáit féachaint chuige nach gcruthófaí scéimeanna tacaíochta a thiocfadh salach ar spriocanna maidir le dramhaíl a chóireáil agus a d'fhágfadh go mbeadh úsáid neamhéifeachtach á baint as dramhaíl in-athchúrsáilte. Thairis sin, chun úsáid níos éifeachtúla bithfhuinnimh a áirithiú, ó 2026 ar aghaidh níor cheart do Bhallstáit tacaíocht a thabhairt a thuilleadh do ghléasraí leictreachais amháin, ach amháin má tá na suiteálacha i réigiúin a bhfuil stádas sonrach acu a mhéid a bhaineann leis an aistriú atá ar bun acu ó bhreoslaí iontaise nó má úsáideann ***siad*** gabháil agus stóráil carbóin ***nó mura féidir na suiteálacha a mhodhnú i dtreo comhghiniúna i gcásanna eisceachtúla a bhfuil bonn cirt leo ar fhormheas an Choimisiúin***.

(5) Is féidir úsáid a bhaint as fás tapa agus as iomaíochas costais méadaitheach i dtáirgeadh leictreachais in-athnuaite chun sciar méadaitheach den éileamh ar fhuinneamh a chomhlíonadh, mar shampla teaschaidéil a úsáid le haghaidh téamh spáis nó próisis thionsclaíocha ísealteochta, feithiclí leictreacha a úsáid le haghaidh iompair, nó foirnéisí leictreacha a úsáid i dtionscail áirithe. Is féidir leictreachas in-athnuaite a úsáid freisin chun breoslaí sintéiseacha a tháirgeadh i gcomhair tomhaltais in earnálacha iompair ar deacair iad a dhícharbónú amhail eitlíocht agus iompar muirí. ***Ba cheart teicneolaíochtaí nuálacha i ndáil le sprioc thiomnaithe a fhorbairt, mar d'fhéadfaidís rannchuidiú le spriocanna aeráide 2030 chomh maith le spriocanna aeráide 2050.*** Ní mór do chreat leictriúcháin comhordú láidir agus éifeachtúil a chumasú agus sásraí margaidh a leathnú chun soláthar agus éileamh a mheaitseáil de réir spáis agus ama, infheistíochtaí i solúbthacht, ***stóráil fuinnimh, freagairt don éileamh agus sásraí eile solúbthachta*** a spreagadh, agus cuidiú le sciartha móra de ghiniúint athraitheach fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú Ba cheart do Bhallstáit a áirithiú, mar sin***, i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh,*** go leanfar den mhéadú ar imscaradh leictreachais in-athnuaite ar luas atá leormhaith chun freastal ar an méadú san éileamh***, lena n-áirítear trí straitéisí allmhairiúcháin a chomhordú ar leibhéal an Aontais agus é á áirithiú ag an am céanna go gcuirtear freagairt don éileamh in oiriúint go solúbtha do ghiniúint fuinnimh in-athnuaite.*** Chuige sin, ba cheart do Bhallstáit creat a bhunú lena n-áirítear sásraí atá comhoiriúnach don mhargadh chun dul i ngleic le bacainní atá fós ann chun go mbeidh córais leictreachais shlána agus leormhaithe acu a bheidh oiriúnach le haghaidh ardleibhéal fuinnimh in-athnuaite ***atá solúbtha***, chomh maith le saoráidí stórála a bheidh ina ndlúthchuid den chóras leictreachais. Leis an gcreat seo, rachfar i ngleic, go háirithe, le bacainní atá fós ann, lena n-áirítear bacainní neamhairgeadais mar shampla acmhainní digiteacha agus daonna údarás nach leor iad chun an líon méadaitheach iarratais cheadaithe a phróiseáil.

***(5a) Is gá teicneolaíochtaí nuálacha, amhail teaschaidéil hibrideacha, a fhorbairt agus a úsáid laistigh de chritéir Threoir (AE) 2018/2001, ós rud é gur féidir iad a úsáid mar theicneolaíocht aistrithe i dtreo spriocanna aeráide 2030 chomh maith le rannchuidiú le spriocanna aeráide 2050 a bhaint amach.***

***(5b) Le creat rialachais eacnamaíoch an Aontais amach anseo, ba cheart go spreagfaí na Ballstáit na hathchóirithe is gá a chur chun feidhme chun dlús a chur leis an aistriú glas, agus chun infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí a bhfuil gá leo a chumasú.***

(6) Agus an sciar foinsí in-athnuaite i mBallstát á ríomh, ba cheart breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a áireamh san earnáil ina n-ídítear iad (leictreachas, téamh agus fuarú, nó iompar). ***I gcás ina n-ídítear breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch i mBallstát nach ionann é agus an Ballstát inar táirgeadh iad, fuinneamh a ghintear trí úsáid a bhaint as breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, ba cheart 80 % dá dtoirt a áireamh sa tír agus san earnáil ina n-ídítear é agus 20 % dá dtoirt sa tír ina dtáirgtear é, mura gcomhaontaítear a mhalairt idir na Ballstáit lena mbaineann. Is féidir comhaontuithe idir na Ballstáit a bheith i bhfoirm comhaontú sonrach comhair arna dhéanamh trí Ardán an Aontais um Fhorbairt In-athnuaite (URDP). Ba cheart fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon chomhaontuithe den sórt sin agus faisnéis a bhaineann leo a chur ar fáil, lena n-áirítear méideanna beachta an tsoláthair agus an éilimh, tráthanna an aistrithe agus an dáta faoina gcuirfear an socrú i bhfeidhm. I gcás na bhfospriocanna, na breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch cuirfear 100 % dá dtoirt san áireamh sa tír ina n-ídítear iad***. Chun áireamh dúbailte a sheachaint, níor cheart áireamh a dhéanamh ar an bhfuinneamh in-athnuaite a úsáidtear chun na breoslaí sin a tháirgeadh. Is éard a bheadh mar thoradh air sin comhchuibhiú na rialacha cuntasaíochta i gcás na mbreoslaí sin ar fud na Treorach, bídís á n-áireamh don sprioc fhoriomlán i dtaca le fuinnimh in-athnuaite nó d'aon fhosprioc nó ná bíodh. D'fhágfadh sé freisin go bhféadfaí an fíorfhuinneamh a ídítear a áireamh, agus na caillteanais fuinnimh a tharlaíonn i bpróiseas táirgthe na mbreoslaí sin á gcur san áireamh. Thairis sin, d'fhágfadh sé go bhféadfaí cuntasaíocht a dhéanamh ar bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a allmhairítear isteach san Aontas agus a ídítear ann.

***(6a) Ós rud é nach bhfuil an sruth luchtaithe inbhuanaithe ach amháin má tháirgtear ó fhuinneamh glan é, ba cheart go gcuirfí san áireamh i gcónaí san anailís saolré ar tháirgí leictrithe teasa, iompair agus tionsclaíocha fuílleach na sciartha iontaise ón nginiúint leictreachais roimhe sin***.

(7) D'fhéadfadh aistrithe staidreamhacha, scéimeanna tacaíochta nó tionscadail chomhpháirteacha a bheith i gceist le comhar na mBallstát chun fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn. Fágann sé gur féidir fuinneamh in-athnuaite a úsáid ar bhealach costéifeachtúil ar fud na hEorpa agus cuireann sé le comhtháthú margaidh. In ainneoin na bhféidearthachtaí a bhaineann leis, ní raibh ach comhar an-teoranta ann, agus dá bhrí sin baineadh torthaí fo-optamacha amach i dtéarmaí éifeachtúlacht chun fuinneamh in-athnuaite a mhéadú. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith d'oibleagáid ar na Ballstáit an comhar a thástáil trí ▌ threoirthionscadail a chur chun feidhme ***faoi mhí na Nollag 2025 agus, faoi 2030, tríd an tríú tionscadal a chur chun feidhme, i gcás na mBallstát a bhfuil tomhaltas bliantúil leictreachais de níos mó ná 100 TWh acu***. Tionscadail atá maoinithe ag rannchuidithe náisiúnta faoi shásra maoiniúcháin an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite arna bhunú ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE)

2020/1294 ón gCoimisiún[13], chomhlíonfaidís an oibleagáid sin ar son na mBallstát lena mbaineann.

***(7a) Ní mór gach réimse de bheartais AE a dhíriú ar na spriocanna nuabhunaithe i leith na haeráide agus aeráidneodracht a bhaint amach. Is amhlaidh atá i gcás an Bheartais Comhtháthaithe, a rannchuidigh, le breis agus fiche bliain, leis an ngeilleagar a dhícharbónú, agus ag an am céanna samplaí agus dea-chleachtais a sholáthar ar féidir iad a léiriú i ngnéithe beartais eile, amhail an Treoir seo a leasú. Ní hamháin go gcuirtear, leis an mbeartas comhtháthaithe, deiseanna infheistíochta ar fáil chun freagairt do riachtanais áitiúla agus réigiúnacha trí Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (SIE), ach cuirtear creat beartais comhtháite ar fáil freisin chun éagothromaíochtaí forbartha idir réigiúin na hEorpa a laghdú agus cuidítear leo aghaidh a thabhairt ar na dúshláin iomadúla a bhaineann lena bhforbairt, lena n-áirítear trí chosaint an chomhshaoil, trí fhostaíocht ardcháilíochta agus trí fhorbairt chóir, chuimsitheach agus inbhuanaithe.***

***(7b) Tá ról fíorthábhachtach ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha i gcórais fuinnimh chomhtháite agus dhíláraithe. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit tacú leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla oibriú thar theorainneacha trí chabhrú leo sásraí comhair a chruthú, lena n-áirítear an ghrúpáil Eorpach um chomhar críochach (EGTC).***

***(7c) Leis an mbeartas comhtháthaithe, áirithítear comhleanúnachas agus comhordú níos fearr idir an beartas comhtháthaithe agus réimsí reachtacha eile de chuid an Aontais, rud a chuireann feabhas ar chomhtháthú na ngnéithe aeráide sna beartais, beartais foinsebhunaithe níos éifeachtaí a cheapadh, cistiú spriocdhírithe ón Aontas a sholáthar agus, dá bharr sin, cur chun feidhme beartas aeráide ar an láthair a fheabhsú.***

***(7d) Tá sé fíorthábhachtach seasamh go hiomlán le prionsabail rialachais il-leibhéil agus comhpháirtíochta san aistriú go geilleagar aeráidneodrach, ós rud é go bhfuil inniúlachtaí díreacha ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir leis an gcomhshaol agus maidir leis an athrú aeráide, a chuireann 90 % de ghníomhaíochtaí maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus 70 % de ghníomhaíochtaí maidir le maolú ar an athrú aeráide chun feidhme. Thairis sin, déanann na húdaráis sin gníomhaíochtaí a fhorbairt freisin a bhfuil sé mar aidhm leo iompraíocht atá neamhdhíobhálach don aeráid a chur chun cinn i measc saoránach, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le bainistiú dramhaíola, soghluaisteacht chliste, tithíocht inbhuanaithe agus tomhaltas fuinnimh.***

(8) Tugtar isteach leis an Straitéis um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta cuspóir uaillmhianach 300 GW d'fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus 40 GW d'fhuinneamh aigéin thar imchuacha farraige uile an Aontais a bhaint amach faoi 2050. Chun an mórathrú sin a áirithiú, ní mór do Bhallstáit oibriú lena chéile thar theorainneacha ar leibhéal imchuach na farraige. Dá bhrí sin, ba cheart do Bhallstáit méid na giniúna in-athnuaite amach ón gcósta a úsáidfear laistigh de

[13] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2020 maidir le sásra maoiniúcháin an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite (IO L 303, 17.9.2020, lch. 1).

gach imchuach farraige faoi 2050 a shainiú go comhpháirteach, le céimeanna idirmheánacha in 2030 agus in 2040, ***agus spás leormhaith a shannadh ina bplean spásúil muirí ina leith sin*. *Más rud é go bhféadfadh bearna a bheith ann idir an méid féideartha d'acmhainní fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta atá ag na Ballstáit agus an méid fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta atá beartaithe, ba cheart don Choimisiún bearta breise a ghlacadh chun an bhearna sin a laghdú***. Ba cheart na cuspóirí sin a léiriú sna pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe a chuirfear isteach in 2023 agus in 2024 de bhun Rialachán (AE) 2018/1999. Agus an méid á shainiú, ba cheart do na Ballstáit a chur san áireamh acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta gach imchuach farraige, ***féidearthacht theicniúil agus eacnamaíoch bhonneagar na heangaí tarchurtha,*** cosaint comhshaoil***, an bhithéagsúlacht***, oiriúnú don athrú aeráide agus úsáidí eile na farraige***, go háirithe na gníomhaíochtaí atá ar siúl cheana sna limistéir a ndéantar difear dóibh, agus an díobháil a d'fhéadfadh a bheith ann don chomhshaol***, mar aon le spriocanna dícharbónaithe an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart do Bhallstáit níos mó breithnithe a dhéanamh ar an bhféidearthacht giniúint fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a chomhcheangal le línte tarchuir a dhéanfadh roinnt Ballstát a idirnascadh, i bhfoirm tionscadail hibrideacha nó, níos déanaí, in eangach níos comhcheangailte. D'fhágfadh sé sin go bhféadfadh leictreachas sreabhadh i dtreonna difriúla, rud a dhéanfadh uasmhéadú ar leas socheacnamaíoch, a dhéanfadh optamú ar chaiteachas bonneagair agus a chumasódh úsáid níos inbhuanaithe den fharraige. ***Ba cheart Ballstáit a bhfuil teorainn acu le himchuach farraige an próiseas pleanála spásúla muirí a úsáid chun cur chuige láidir rannpháirtíochta an phobail a áirithiú ionas go gcuirfear tuairimí na ngeallsealbhóirí agus na bpobal cósta go léir san áireamh.***

***(8a) Tá éagsúlacht ann maidir leis na dálaí a mheastar a bheith riachtanach chun leas a bhaint as acmhainneacht an fhuinnimh in-athnuaite i bhfarraigí agus in aigéin na hEorpa, lena n-áirítear i bhfarraigí agus in aigéin na n-oileán agus na réigiún is forimeallaí. Dá bhrí sin, gabhann an tAontas air féin teicneolaíochtaí malartacha a bhunú, nach mbeidh tionchar díobhálach acu ar an muirthimpeallacht, do na limistéar sin a bhfuil spéis ar leith ag baint leo.***

***(8b) Ní mór éagsúlacht gheografach agus úsáidí malartacha na muirthimpeallachta a chur san áireamh chun leas a bhaint as acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite fharraigí agus aigéin uile na hEorpa, agus éilítear leis sin tacar réiteach teicneolaíoch atá i bhfad níos leithne. Áirítear ar na réitigh sin feirmeacha gaoithe agus gréine ar snámh amach ón gcósta, fuinneamh ó thonnta, ó shruthanna agus ó thaoidí, ón difreálach maidir le grádáin theirmeacha nó salainn, fuarú muirí, téamh agus fuinneamh geoiteirmeach agus bithmhais mhuirí (algaí).***

***(8c) Ba cheart suiteáil tionscadal fuinnimh in-athnuaite ar thalamh tuaithe agus ar thalamh talmhaíochta i gcoitinne a rialú le prionsabail na comhréireachta, na comhlántachta agus an chúitimh. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-úsáidfear tionscadail in-athnuaite ar bhealach ordúil ionas nach gcaillfear talamh talmhaíochta, agus ba cheart dóibh forbairt agus úsáid***

***teicneolaíochtaí iomchuí a spreagadh lena ndéanfaí táirgeadh fuinnimh in-athnuaite comhoiriúnach le táirgeadh talmhaíochta agus beostoic.***

(9) Tá fás tapa ag teacht ar an margadh le haghaidh comhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite agus soláthraítear leis sin bealach comhlántach chuig margadh na giniúna fuinnimh in-athnuaite anuas ar scéimeanna tacaíochta Ballstát nó díol díreach ar an margadh mórdhíola leictreachais. Ag an am céanna***, tugann na comhaontuithe sin slándáil ioncaim áirithe don táirgeoir agus is féidir leis an úsáideoir tairbhe a bhaint as praghas cobhsaí leictreachais***. Tá an margadh le haghaidh comhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite fós teoranta do líon beag Ballstát agus cuideachtaí móra, agus tá bacainní móra riaracháin, bacainní móra teicniúla agus bacainní móra airgeadais fós ann i gcodanna móra de mhargadh an Aontais. ***Chomh maith le comhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar bhacainní ar leathadh amach na gcomhaontuithe ceannacháin téimh agus fuaraithe in-athnuaite, a mbeidh ról níos mó acu maidir le spriocanna aeráide agus fuinnimh in-athnuaite an Aontais a bhaint amach***. Ba cheart, mar sin, neartú breise a dhéanamh ar na bearta atá ann in Airteagal 15 chun glacadh comhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite a chur chun cinn a spreagadh, trí fhéachaint ar úsáid ráthaíochtaí creidmheasa chun rioscaí airgeadais na gcomhaontuithe sin a laghdú, agus é á chur san áireamh nár cheart do na ráthaíochtaí sin, sa chás gur ráthaíochtaí poiblí iad, maoiniú príobháideach a bhrú amach.

(10) Is bacainn mhór ar úsáid fuinnimh in-athnuaite iad nósanna imeachta riaracháin atá róchasta agus rófhada. ***Tá gá le nósanna imeachta riaracháin agus ceadaithe a chuíchóiriú tuilleadh chun an t-ualach riaracháin a laghdú do thionscadail fuinnimh in-athnuaite agus do na tionscadail bonneagair eangaí gaolmhara araon. Laistigh de bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar threoirlínte maidir le deonú ceadanna chun próisis a ghiorrú agus a shimpliú maidir le tionscadail in-athnuaite nua, athchumhachtaithe agus uasghrádaithe. Ba cheart príomhtháscairí feidhmíochta a fhorbairt i gcomhthéacs na dtreoirlínte sin***.

***(10a) Is príomhghníomhaithe iad údaráis áitiúla agus réigiúnacha a mhéid a bhaineann leis an Eoraip a thabhairt níos gaire dá cuspóirí fuinnimh agus aeráide a bhaint amach. Tá táirgeadh fuinnimh ar an leibhéal áitiúil ríthábhachtach chun táirgeadh fuinnimh in-athnuaite a chothú, chun spleáchas seachtrach ar fhuinneamh a laghdú agus chun rátaí bochtaineachta fuinnimh a laghdú.***

(11) Tá acmhainneacht mhór neamhshaothraithe i bhfoirgnimh cur go héifeachtach le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas. Beidh gá le dícharbónú ar théamh agus ar fhuarú san earnáil seo trí sciar méadaithe i dtáirgeadh agus in úsáid fuinnimh in-athnuaite***, go háirithe sa chomhthéacs áitiúil,*** chun an uaillmhian a leagtar amach sa ***Dlí*** Aeráide ***Eorpach*** a chomhlíonadh agus chun cuspóir aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach. Níl aon dul chun cinn in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh le haghaidh téimh agus fuaraithe le 10 mbliana anuas, agus tá sé ag brath go mór ar úsáid mhéadaithe bithmhaise. Mura mbunaítear spriocanna ***táscacha*** chun táirgeadh agus úsáid fuinnimh in-

athnuaite a mhéadú i bhfoirgnimh, ní bheifear in ann dul chun cinn a rianú agus scrogaill a shainaithint i nglacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh. ***Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann dramhtheas agus dramhfhuacht a áireamh sa sprioc tháscach maidir le fuinneamh in-athnuaite i bhfoirgnimh, suas le teorainn 20 %, ag a bhfuil uasteorainn 54 %.*** Thairis sin, tabharfaidh cruthú spriocanna comhartha fadtéarmach d'infheisteoirí, lena n-áirítear don tréimhse díreach i ndiaidh 2030. Déanfaidh sé sin comhlánú ar oibleagáidí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh ***agus comhlíonadh ar bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh***. Mar sin, ba cheart spriocanna táscacha i dtaobh úsáid fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh a shocrú chun treorú agus dreasú a dhéanamh ar iarrachtaí Ballstát leas a bhaint as an bhféidearthacht fuinneamh in-athnuaite a úsáid agus a tháirgeadh i bhfoirgnimh, ***ar an láthair nó in aice láimhe***, ***agus*** forbairt ▌ teicneolaíochtaí a tháirgeann fuinneamh in-athnuaite a spreagadh ***agus cuidiú lena gcomhtháthú éifeachtúil sa chóras fuinnimh,*** agus ag an am céanna cinnteacht a thabhairt d'infheisteoirí agus do rannpháirtíocht ar an leibhéal áitiúil***, mar aon le rannchuidiú le héifeachtúlacht an chórais***. ***Tá scéimeanna trádála astaíochtaí ceaptha chun costais fuinnimh iontaise a mhéadú agus go mbeidh mar thoradh orthu infheistíochtaí coigilte fuinnimh atá faoi thionchar an mhargaidh nó aistriú go fuinneamh in-athnuaite. Ba cheart ualaí dúbailte ar thomhaltóirí trí scéimeanna trádála astaíochtaí agus spriocanna eile a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais a sheachaint.***

***(11a) Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, is láidre agus is soiléire ná riamh cás an aistrithe thapa fuinnimh. Soláthraíonn an Rúis níos mó ná 40 % de thomhaltas gáis iomlán AE, a úsáidtear den chuid is mó in earnáil na tógála, arb í is cúis le 40 % de thomhaltas fuinnimh iomlán AE. Trí dhlús a chur le leathadh amach griandhíonta agus teaschaidéal, d'fhéadfadh an tAontas méideanna suntasacha allmhairí breosla iontaise a shábháil. Trí infheistíochtaí den sórt sin a thús-ualú, cuirfear dlús breise leis an laghdú ar spleáchas an Aontais ar sholáthróirí seachtracha. De réir REPowerEU, in 2022 amháin d'fhéadfaí 2,5 bcm breise gáis a shábháil trí suas le 15 TWh de chórais PV griandhíonta a shuiteáil, agus d'fhéadfaí 12bcm breise a shábháil le gach 10 milliún teaschaidéil a shuiteáiltear. Ag an am céanna thabharfadh sé spreagadh mór do mhargaí fostaíochta áitiúla, d'fhéadfadh borradh suiteála faoi ghriandhíonta suas le 225.000 post áitiúla a chruthú san earnáil suiteála[14].***

(12) Cuireann an líon neamhleor oibrithe oilte, go háirithe suiteálaithe agus dearthóirí córais téimh agus fuaraithe a úsáideann foinsí in-athnuaite, moill ar chórais atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite a chur in ionad córais téimh ina n-úsáidtear breoslaí iontaise, agus bacainn mhór atá ann ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú i bhfoirgnimh, in earnáil na tionsclaíochta agus in earnáil na talmhaíochta. Ba cheart do Bhallstáit oibriú i gcomhar le comhpháirtithe sóisialta agus le pobail fuinnimh in-athnuaite chun na scileanna a bheidh de dhíth a réamh-mheas. Ba cheart líon leordhóthanach ***straitéisí éifeachtacha uas-***

---

14 ***An Coimisiún Eorpach, An tAirmheán Comhpháirteach Taighde (2020), Arnulf Jäger-Waldau: The Untapped Area Potential for Photovoltaic Power in the European Union [Acmhainneacht Limistéir Neamhshaothraithe do Chumhacht Fhótavoltach san Aontas Eorpach.***

***scilithe agus athscilithe agus*** clár oiliúna agus deiseanna deimhniúcháin ardchaighdeáin a chur ar fáil chun suiteáil cheart agus oibriú iontaofa raon leathan córas téimh agus fuaraithe a úsáideann foinsí in-athnuaite a áirithiú ***agus teicneolaíochtaí stórála, chomh maith le pointí luchtaithe feithiclí leictreacha,*** agus ba cheart iad a dhearadh ar bhealach a mheallfadh rannpháirtíocht i gcláir oiliúna agus i ndeiseanna deimhniúcháin den sórt sin. Ba cheart do Bhallstáit a bhreithniú cé na bearta ba cheart a dhéanamh chun grúpaí a mhealladh atá faoi thearcionadaíocht faoi láthair sna réimsí gairme i gceist. Ba cheart liosta suiteálaithe oilte agus creidiúnaithe a chur ar fáil go poiblí chun iontaoibh tomhaltóirí agus rochtain éasca ar scileanna saincheaptha dearthóra agus suiteálaí a áirithiú, rud a ráthódh suiteáil cheart agus oibriú ceart córas téimh agus fuaraithe a úsáideann foinsí in-athnuaite.

***(12a) Tá spás agus achar dín ag gnólachtaí talmhaíochta agus gairneoireachta agus táirgeann siad bithmhais. Is sócmhainní iad sin a ligeann dóibh ról lárnach a bheith acu in aistriú fuinnimh na gceantar tuaithe agus laistigh de phobail tuaithe, go háirithe i bhfianaise an táirgthe dhíláraithe. Is úsáideoir measartha beag fuinnimh í an earnáil agus is féidir léi i bhfad níos mó fuinnimh in-athnuaite a tháirgeadh ná mar atá de dhíth uirthi. Sin é an fáth gur cheart tuilleadh spreagadh agus tacaíochta a thabhairt do chur i bhfeidhm na comhroinnte fuinnimh agus na bpobal fuinnimh.***

(13) Uirlis fhíorthábhachtach iad ráthaíochtaí tionscnaimh mar fhaisnéis do thomhaltóirí agus chun glacadh comhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite a fhairsingiú. Chun bonn comhleanúnach Aontais a bhunú chun ráthaíochtaí tionscnaimh a úsáid agus chun rochtain a thabhairt ar fhianaise thacaíochta iomchuí do dhaoine atá ag tabhairt comhaontaithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite i gcrích, ba cheart go mbeadh gach táirgeoir fuinnimh in-athnuaite in ann ráthaíocht tionscnaimh a fháil gan dochar d'oibleagáid na mBallstát luach margaidh ráthaíochtaí tionscnaimh a chur san áireamh má fhaigheann na táirgeoirí fuinnimh tacaíocht airgeadais. ***Ba cheart an córas ráthaíochtaí tionscnaimh a sholáthraíonn na Ballstáit a bheith ina chóras comhchuibhithe is infheidhme ar fud an Aontais. Le córas fuinnimh níos solúbtha agus éilimh tomhaltóirí atá ag méadú, is gá uirlis níos nuálaí, níos digití, níos forbartha ó thaobh na teicneolaíochta de agus níos iontaofa a bheith ann chun tacú le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite atá ag méadú agus chun doiciméadú a dhéanamh air. Go háirithe, féadfaidh teicneolaíochtaí nuálacha gráinneacht spásúil agus ama níos airde a áirithiú maidir le ráthaíochtaí tionscnaimh. Chun an nuálaíocht dhigiteach sa réimse sin a éascú, ba cheart do na Ballstáit an ghráinneacht bhreise méide sin a thabhairt isteach ina gcuid scéimeanna le haghaidh ráthaíochtaí tionscnaimh.***

***(13a) I gcomhréir leis an nGníomhaíocht Chomhpháirteach Eorpach maidir le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe a leagtar amach i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Márta 2022, i gcás inarb ábhartha, ba cheart do na Ballstáit measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le bonneagar an ghréasáin gáis atá ann cheana a leathnú chun comhtháthú gáis ó fhoinsí in-athnuaite a éascú agus chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, go háirithe má chuireann an bonneagar sin go mór leis an idirnasc idir dhá Bhallstát ar a laghad nó idir Ballstát agus tríú tír.***

(14) Ba cheart dlús a chur le forbairt bonneagair le haghaidh gréasáin téimh agus fuaraithe ceantair agus ba cheart an fhorbairt a threorú chun leas a bhaint as raon níos leithne foinsí in-athnuaite téimh agus fuaraithe ar bhealach éifeachtúil agus solúbtha chun úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus chun comhtháthú an chórais fuinnimh a dhoimhniú. Is iomchuí, mar sin, an liosta foinsí fuinnimh in-athnuaite a thabhairt cothrom le dáta ar foinsí iad ar cheart do ghréasáin téimh agus fuaraithe ceantair iad féin a chur in oiriúint dá n-úsáid de réir a chéile agus a éileamh go ndéanfar stóráil fuinnimh theirmigh a chomhtháthú mar fhoinse lena mbainfidh solúbthacht, éifeachtúlacht níos fearr fuinnimh agus oibriú níos costéifeachtaí.

***(14a) Maidir le gníomhaíochtaí na mBallstát chun leictreachas in-athnuaite eadrannach a chomhtháthú san eangach, agus cobhsaíocht agus cinnteacht soláthair na heangaí a áirithiú ag an am céanna, féadfaidh baint a bheith acu le forbairt réiteach amhail saoráidí stórála, bainistiú ar éileamh agus gléasraí cumhachta um chothromú eangaí agus gléasraí comhghiniúna ardéifeachtúla atá rannpháirteach i gcothromú eangaí chun tacú le leictreachas in-athnuaite eadrannach.***

(15) Ceaptar go mbeidh breis agus 30 milliún feithicil leictreach san Aontas faoi 2030 mar sin is gá a áirithiú go mbeidh siad in ann rannchuidiú go hiomlán le comhtháthú córais leictreachais in-athnuaite, agus go mbeifear in ann, mar sin, sciar níos airde leictreachais in-athnuaite a bhaint amach ar bhealach atá barrmhaith ó thaobh costais de. Caithfear gach leas a bhaint as cumas feithiclí leictreacha chun leictreachas in-athnuaite a ghlacadh nuair atá flúirse ann agus é a thabhairt ar ais don eangach nuair atá ganntanas ann***, lena rannchuidítear le comhtháthú córais an leictreachais in-athnuaite athraithigh, agus soláthar slán iontaofa leictreachais á áirithiú ag an am céanna.*** Is iomchuí, mar sin, bearta sonracha a thabhairt isteach maidir le feithiclí leictreacha agus faisnéis faoi fhuinneamh in-athnuaite agus faoin dóigh agus faoin am le teacht air a dhéanfaidh comhlánú ar na cinn i dTreoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15] agus an [Rialachán atá beartaithe maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020].

***(15a) Ba cheart leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na ngléasraí cumhachta um chothromú eangaí agus na ngléasraí comhghiniúna atá rannpháirteach i gcothromú eangaí chun tacú le leictreachas in-athnuaite eadrannach, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí an leictreachas in-athnuaite sin a leathnú.***

(16) Chun seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin ó chomhbhailiú na sócmhainní stórála dáilte a fhorbairt ar bhealach iomaíoch, ba cheart rochtain fhíor-ama ar fhaisnéis bhunúsach faoi cheallraí, mar shampla staid sláinte, staid luchtaithe, toilleadh agus pointe socraithe cumhachta, a sholáthar faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha***, agus forálacha ábhartha Rialachán (AE) 2016/679 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (an Rialachán Ginearálta***

---

[15] Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bonneagar breoslaí malartacha a úsáid (IO L 307, 28.10.2014, lch. 1).

***maidir le Cosaint Sonraí) á gcomhlíonadh go hiomlán[16],*** agus saor in aisce d'úinéirí nó d'úsáideorí na gceallraí agus do na heintitis atá ag gníomhú thar a gceann ***le toiliú sainráite***, mar shampla bainisteoirí córais fuinnimh i bhfoirgnimh, soláthraithe seirbhísí soghluaisteachta agus rannpháirtithe eile sa mhargadh leictreachais***, amhail úsáideoirí feithiclí leictreacha***. Is iomchuí, mar sin, bearta áirithe a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar an ngá le rochtain ar shonraí den sórt sin chun éascú a dhéanamh ar oibríochtaí ceallraí baile agus feithiclí leictreacha***, córais chliste téimh agus fuaraithe, agus gléasanna cliste eile***, a bhaineann le comhtháthú, ar bearta iad a chomhlánóidh na forálacha a bhaineann le rochtain ar shonraí ceallraí maidir le hathrú cuspóra ceallraí a éascú sa [Rialachán atá beartaithe maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020]. Ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha maidir le rochtain ar shonraí ceallraí feithiclí leictreacha chomh maith le haon fhoráil a leagtar síos i ndlí an Aontais maidir le cineálcheadú feithiclí.

(17) Toisc go bhfuil an líon feithiclí leictreacha ar bóthar, ar iarnród, ar muir agus i modhanna eile iompair ag méadú, beidh gá le hoibríochtaí athluchtaithe a bharrfheabhsú agus a bhainistiú ar bhealach nach gcruthóidh plódú agus lena mbainfear an leas is mó is féidir as infhaighteacht leictreachais in-athnuaite agus praghsanna ísle leictreachais sa chóras. I gcásanna ina dtabharfadh luchtú ***cliste agus*** déthreoch cúnamh do fhlíteanna feithiclí leictreacha dul i bhfód breise a dhéanamh ó thaobh leictreachas in-athnuaite de in earnáil an iompair agus sa chóras leictreachais i gcoitinne, ba cheart go gcuirfí feidhmiúlacht den sórt sin ar fáil freisin. I bhfianaise shaolré fhada pointí athluchtaithe, ba cheart ceanglais a bhaineann le bonneagar luchtaithe a choimeád cothrom le dáta ar bhealach a d'fhreastalódh ar riachtanais a bheidh ann amach anseo agus ar bhealach nach mbeadh éifeachtaí glasála diúltacha aige ar fhorbairt teicneolaíochta agus seirbhísí.

(18) Ba cheart é a bheith de cheart ag úsáideoirí feithiclí leictreacha a dhéanann comhaontuithe conarthacha le soláthraithe seirbhísí leictrea-shoghluaisteachta agus le rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais faisnéis agus míniúcháin a fháil ar an difear a dhéanfaidh téarmaí an chomhaontaithe d'úsáid a bhfeithicle agus do staid sláinte an cheallra. Ba cheart go dtabharfadh soláthraithe seirbhísí leictrea-shoghluaisteachta agus rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais míniú soiléir d'úsáideoirí feithiclí leictreacha faoin dóigh a n-íocfar iad as na seirbhísí solúbthachta, cothromúcháin agus stórála a sholáthrófar don chóras leictreachais agus don mhargadh leictreachais a bhuí le húsáid a bhfeithicle leictrí. Is gá freisin cearta tomhaltóirí úsáideoirí feithiclí leictreacha a chosaint nuair a dhéanann siad comhaontuithe den sórt sin, go háirithe maidir le cosaint a sonraí pearsanta, mar shampla suíomh agus nósanna tiomána, i dtaca le húsáid a bhfeithicle. Féadfaidh rogha úsáideoirí feithiclí leictreacha maidir leis an gcineál leictreachais a cheannaítear le húsáid ina bhfeithicil leictreach, chomh maith le roghanna eile, a bheith san áireamh i gcomhaontuithe den sórt sin. Ar na

---

[16] ***Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).***

cúiseanna thuas, tá sé tábhachtach ***a áirithiú go mbainfear an úsáid is éifeachtaí as an mbonneagar luchtaithe atá le himscaradh***. ***Chun feabhas a chur ar mhuinín na dtomhaltóirí sa leictrea-shoghluaisteacht, tá sé bunriachtanach,*** go mbeidh úsáideoirí feithiclí leictreacha in ann a síntiús a úsáid ag pointí athluchtaithe éagsúla. Fágfaidh sé sin, freisin, go mbeidh céadrogha soláthraí seirbhíse an úsáideora feithicle leictrí in ann an fheithicil leictreach a chomhtháthú go barrmhaith sa chóras leictreachais, trí phleanáil intuartha agus trí dhreasachtaí atá bunaithe ar roghanna úsáideoir na feithicle leictrí. Tá sé seo i gcomhréir freisin le prionsabail córais fuinnimh atá dírithe ar thomhaltóirí agus atá bunaithe ar tháirgeoir is tomhaltóir, agus leis an gceart chun rogha soláthróra atá ag úsáideoirí feithiclí leictreacha mar chustaiméirí deiridh de réir fhorálacha Threoir (AE) 2019/944.

***(18a) Lasmuigh de cheallraí baile agus ceallraí feithiclí leictreacha, tá acmhainneacht shuntasach freagartha don éileamh ag fearais éagsúla eile amhail gléasanna cliste téimh agus fuaraithe, umair uisce the, aonaid stórála fuinnimh theirmigh agus gléasanna cliste eile, rud ba cheart a úsáid go práinneach chun cur ar chumas tomhaltóirí cur le solúbthacht an chórais fuinnimh. Is gá, dá bhrí sin, bearta a thabhairt isteach lena gcumasófar rochtain fíor-ama ar shonraí atá ábhartha don fhreagairt don éileamh d'úsáideoirí, agus do thríú páirtithe a ghníomhaíonn thar ceann na n-úinéirí agus na n-úsáideoirí, amhail rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais, faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha agus saor in aisce, i gcomhréir iomlán le forálacha ábhartha Rialachán (AE) 2016/679.***

(19) ***Dá réir sin,*** d'fhéadfadh ***giniúint*** dháilte ***agus dhíláraithe, freagairt don éileamh agus*** sócmhainní stórála, amhail ceallraí baile agus ceallraí feithiclí leictreacha, ***córais chliste téimh agus fuaraithe, agus feistí cliste eile agus stóráil fuinnimh theirmigh*** go leor seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin a chur ar fáil don eangach trí chomhbhailiú. Chun forbairt ***feistí agus*** seirbhísí ***gaolmhara*** den sórt sin a éascú, ba cheart na forálacha rialála a bhaineann le nascadh agus oibriú na ***giniúna díláraithe agus*** sócmhainní stórála, amhail taraifí, amanna gealltanais agus sonraíochtaí nasctha, a dhearadh ar bhealach nach gcuireann isteach ar acmhainneacht na sócmhainní stórála go léir, lena n-áirítear cinn bheaga agus shoghluaiste, chun seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin a chur ar fáil don chóras agus chun cur le dul i bhfód breise an leictreachais in-athnuaite, i gcomparáid le sócmhainní stórála do-aistrithe níos mó. ***Ba cheart go gcuirfeadh na Ballstáit cothroime iomaíochta ar fáil do ghníomhaithe margaidh beaga, go háirithe comhphobail fuinnimh in-athnuaite, ionas go mbeidh siad in ann a bheith rannpháirteach sa mhargadh gan ualach díréireach riaracháin nó rialála a bheith orthu.***

(20) Pointí athluchtaithe áit a mbíonn feithiclí leictreacha páirceáilte de ghnáth ar feadh tréimhsí fada ama, mar shampla áit a mbíonn daoine páirceáilte ar chúiseanna cónaithe nó fostaíochta, is pointí iad sin atá an-ábhartha do chomhtháthú an chórais fuinnimh, mar sin is gá feidhmiúlachtaí luchtaithe chliste ***agus dhéthreoch*** a áirithiú. ***Ba cheart tionscnaimh shonracha a dhéanamh chun líon na bpointí athluchtaithe i limistéir thuaithe agus i limistéir inar tearc an daonra a mhéadú agus chun dáileadh leormhaith a áirithiú sna limistéir is iargúlta agus sna limistéir shléibhtiúla.*** I ndáil leis sin,

tá tábhacht faoi leith ag baint le hoibriú gnáth-bhonneagair luchtaithe nach bhfuil ar fáil don phobal, ***mar shampla trí chórais méadraithe cliste,*** tábhacht faoi leith ó thaobh feithiclí leictreacha a chomhtháthú sa chóras leictreachais toisc é a bheith suite áit a mbíonn feithiclí leictreacha páirceáilte arís agus arís eile ar feadh tréimhsí fada ama, amhail i bhfoirgnimh ar a bhfuil rochtain theoranta, i bpáirceáil d'fhostaithe nó i saoráidí páirceála a ligtear ar cíos do dhaoine nádúrtha nó do dhaoine dlítheanacha.

(21) Is in earnáil na tionsclaíochta a dhéantar 25 % den ídiú fuinnimh san Aontas, agus is tomhaltóir mór téimh agus fuaraithe í - téamh agus fuarú atá ag brath 91 % ar bhreoslaí iontaise faoi láthair. Teocht íseal (<200 °C) atá i gceist le 50 % den éileamh téimh agus fuaraithe, áfach, agus tá roghanna costéifeachtacha fuinnimh in-athnuaite ann dó sin, lena n-áirítear trí leictriú ***in-athnuaite díreach***, ***teaschaidéil tionsclaíochta agus réitigh gheoiteirmeacha***. Ina theannta sin, úsáideann earnáil na tionsclaíochta foinsí neamh-inathnuaite mar amhábhair chun táirgí, amhail cruach agus ceimiceáin, a tháirgeadh. Cinnfidh na cinntí maidir le hinfheistíocht tionsclaíochta a dhéantar inniu na próisis tionsclaíochta agus na roghanna fuinnimh ar féidir leis an earnáil tionsclaíochta iad a chur san áireamh amach anseo, mar sin tá sé tábhachtach go mbeadh na cinntí infheistíochta sin slán i bhfad na haimsire ***agus go seachnófaí leo sócmhainní tréigthe a chruthú***. Ba cheart, mar sin, tagarmharcanna a chur i bhfeidhm chun earnáil na tionsclaíochta a dhreasú chun athrú a dhéanamh go próisis táirgeachta atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, ar phróisis iad a ***bhreoslaítear*** le fuinnimh in-athnuaite agus a n-úsáidtear amhábhair atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, amhail hidrigin in-athnuaite, lena n-aghaidh freisin. ▌

***(21a) Ba cheart do na Ballstáit na hionstraimí pleanála spásúlachta is gá a chur chun cinn lena n-aicmítear ithreacha talmhaíochta agus lena sainaithnítear ithreacha a bhfuil ardluach talmhaíochta acu ar bhonn a saintréithe edifeolaíocha. Ina mbeartais maidir le fuinneamh in-athnuaite a fhorbairt agus a chur chun cinn, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcaomhnófar críoch na n-ithreacha sin d'úsáid talmhaíochta agus beostoic.***

(22) ***Agus bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh á chur i bhfeidhm,*** is féidir breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a úsáid chun críoch fuinnimh, ach is féidir iad a úsáid freisin chun críoch neamhfhuinnimh mar bhunábhar nó mar amhábhar i dtionscail amhail cruach nó ceimiceáin. Le húsáid breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch chun an dá chríoch, baintear lánleas astu chun cur in ionad breoslaí iontaise a úsáid mar bhunábhar agus chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i ***bpróisis tionsclaíochta ar deacair iad a leictriú*** agus ba cheart, mar sin, iad a chur san áireamh i sprioc a bhaineann le húsáid breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch. Níor cheart go mbeadh de thoradh ar bhearta náisiúnta a thacaíonn le glacadh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch sna ***hearnálacha tionsclaíochta sin*** glanmhéadú ar thruailliú mar gheall ar éileamh méadaithe ar ghiniúint leictreachais a shásaítear leis na breoslaí iontaise is mó a dhéanann truailliú, amhail gual, díosal, lignít, ola, móin agus scealla ola.

***(22a) Mar a thagraítear i Straitéis Hidrigine an Aontais, is féidir ról a bheith ag breoslaí ísealcharbóin agus ag hidrigin ísealcharbóin san aistriú fuinnimh chun astaíochtaí breoslaí atá ann cheana a laghdú. Ós rud é nach breoslaí in-***

***athnuaite iad breoslaí ísealcharbóin agus hidrigin ísealcharbóin, ba cheart go sainmhíneofaí san t-athbhreithniú ar Threoir (AE).../... [Treoir maidir le gás agus hidrigin] na forálacha comhlántacha maidir le ról na mbreoslaí ísealcharbóin agus na hidrigine ísealcharbóin chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.***

***(22b) Níor cheart do na cuspóirí maidir le hastaíochtaí a laghdú ná maidir le neodracht aeráide a bheith thíos leis an mbithéagsúlacht. De réir thuarascáil na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil maidir le 'Staid an Uisce,' tá drochbhail ar aibhneacha an Aontais agus níl ach 44 % díobh i staid mhaith éiceolaíoch nó i staid ard éiceolaíoch. Chomh maith le truailliú ceimiceach, is iad 'brúnna a bhaineann le fuinneamh agus suiteálacha hidreachumhachta' an bhagairt is mó ar na héiceachórais thábhachtacha sin. Thairis sin, meastar gurb iad aibhneacha na hEorpa na héiceachórais fionnuisce is ilroinnte ar domhan. Is féidir le gléasraí hidreachumhachta beaga go háirithe dochar a dhéanamh don sprioc 25.000 km d'aibhneacha saorshreafa atá leagtha síos sa Straitéis Bhithéagsúlachta a athbhunú. Bhí éifeacht shuntasach ag hidreachumhacht ar an mbithéagsúlacht: ó 1970 i leith, tá laghdú 93 faoin gcéad tagtha ar speicis imirceacha éisc fionnuisce.***

(23) Tá an-tábhacht ag baint le huaillmhian a mhéadú in earnáil an téimh agus an fhuaraithe chun an sprioc fhoriomlán fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach ós rud é gur téamh agus fuarú a ídíonn thart ar leath d'fhuinneamh an Aontais, lena gcumhdaítear raon leathan úsáidí deiridh agus teicneolaíochtaí i bhfoirgnimh, in earnáil na tionsclaíochta agus i dtéamh agus fuarú ceantair.Chun dlús a chur leis an méadú ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh i dtéamh agus fuarú, ba cheart méadú ***2.3*** pointe céatadáin ***táscach*** in aghaidh na bliana ar leibhéal na mBallstát ***a bhunú*** le haghaidh na mBallstát uile. I gcás na mBallstát sin a bhfuil sciar foinsí fuinnimh in-athnuaite os cionn 50 % acu cheana féin in earnáil an téimh agus an fhuaraithe, ba cheart go mbeadh féidearthacht ann fós gan ach leath den ráta méadaithe ceangailteach bliantúil a chur i bhfeidhm, agus féadfaidh Ballstáit a bhfuil 60 % nó os a chionn sin acu sciar den sórt sin a áireamh mar chomhlíonadh ar an meánráta méadaithe bliantúil i gcomhréir le pointí (b) agus (c) de mhír 2 d'Airteagal 23. ***Ba cheart do na Ballstáit, le rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach agus i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh, measúnú a dhéanamh ar a n-acmhainneacht fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite in earnáil an téimh agus an fhuaraithe agus ar úsáid dramhtheasa agus dramhfhuachta.*** Ina theannta sin, ba cheart breisithe Ballstát-sonracha a shocrú, lena n-athdháilfí iarrachtaí breise ar an leibhéal inmhianaithe foinsí in-athnuaite fuinnimh in 2030 i measc Ballstát bunaithe ar OTI agus ar chostéifeachtúlacht. Ba cheart liosta níos faide de bhearta difriúla a chur san áireamh freisin i dTreoir (AE) 2018/2001 chun an méadú ar sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh i dtéamh agus fuarú a éascú. ***Ba cheart*** do na Ballstáit ***trí*** bheart ón liosta beart a chur chun feidhme. ***Agus na bearta sin á nglacadh agus á gcur chun feidhme acu, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh siad inrochtana do gach tomhaltóir, go háirithe iad siúd i dteaghlaigh ísealioncaim nó i dteaghlaigh leochaileacha, agus ba cheart dóibh a éileamh go gcuirfí sciar suntasach de na bearta chun feidhme mar thosaíocht i dteaghlaigh ísealioncaim atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh agus atá i dtithíocht shóisialta.***

(24) Chun a áirithiú go ngabhann faisnéis níos fearr do thomhaltóirí le ról méadaithe téimh agus fuaraithe ceantair, is iomchuí soiléiriú agus neartú a dhéanamh ar nochtadh i dtaca le sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh agus ***na hastaíochtaí gás ceaptha teasa gaolmhara, chomh maith le*** héifeachtúlacht fuinnimh na gcóras sin.

***(24a) D'fhéadfadh an earnáil talmhaíochta leictreachas in-athnuaite breise a tháirgeadh. Déantar an leictreachas in-athnuaite sin a tháirgeadh ar bhealach díláraithe, rud atá ina dheis san aistriú fuinnimh. Chun an leictreachas sin a chur ar an eangach, ní mór acmhainneacht leordhóthanach a bheith ag an eangach sin. Mar sin féin, is minic a chríochnaíonn an eangach i gceantair thuaithe agus dá bhrí sin níl cumas leordhóthanach inti chun freastal ar leictreachas breise. Ba cheart treisiú na n-eangach i gceantair thuaithe a spreagadh go láidir ionas gur féidir le feirmeacha an rannchuidiú a d'fhéadfadh siad a dhéanamh leis an aistriú fuinnimh a bhaint amach trí tháirgeadh leictreachais dhíláraithe.***

***(24b) Tá acmhainneacht ollmhór ag suiteálacha táirgthe fuinnimh ar mhionscála ar an bhfeirm cur leis an gciorclaíocht ar an bhfeirm trí shruthanna dramhaíola agus sruthanna iarmharacha na feirme, aoileach i measc nithe eile, a athrú ina dteas agus ina leictreachas. Dá bhrí sin, ba cheart deireadh a chur le gach bacainn chun feirmeoirí a spreagadh infheistíocht a dhéanamh sna teicneolaíochtaí sin i dtreo feirm chiorclach, amhail díleáiteoirí póca. Ar cheann de na bacainní sin tá luacháil iarmhair an phróisis, mar shampla RENURE, chomh maith le sulfáit amóiniam, ar cheart go mbeifí in ann é a aicmiú agus a úsáid mar leasacháin.***

(25) Córais téimh agus fuaraithe ceantair, ar córais iad atá nua-aimseartha, éifeachtúil agus bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, tá acmhainn léirithe acu chun réitigh chostéifeachtacha a sholáthar chun fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht mhéadaithe fuinnimh agus comhtháthú an chórais fuinnimh a chomhtháthú, lena n-éascaítear dícharbónú foriomlán earnáil an téimh agus an fhuaraithe. Chun a áirithiú go mbaintear leas as an acmhainn sin, ba cheart an méadú bliantúil ar fhuinneamh in-athnuaite agus/nó dramhtheas i dtéamh agus fuarú ceantair a ardú ó 1 phointe céatadáin go ***2.3*** gan cineál táscach an mhéadaithe sin a athrú, rud a léiríonn forbairt mhíchothrom gréasáin den chineál sin ar fud an Aontais.

(26) Mar gheall ar an tábhacht mhéadaithe a bhaineann le téamh agus fuarú ceantair agus mar gheall ar an ngá atá ann le forbairt na ngréasán sin a stiúradh chun níos mó fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú, is iomchuí ceanglais a leagan síos chun an ceangal a áirithiú idir soláthróirí tríú páirtí d'fhuinneamh in-athnuaite agus de dhramhtheas agus dramhfhuacht agus córais líonraí téimh agus fuaraithe ceantair os cionn 25MW.

(27) Baintear tearcúsáid as dramhtheas agus dramhfhuacht, d'ainneoin iad a bheith ar fáil go forleathan, rud is cúis le cur amú acmhainní, éifeachtúlacht fuinnimh níos ísle i gcórais náisiúnta fuinnimh agus ídiú fuinnimh níos airde ná mar is gá san Aontas. D'fhéadfadh ceanglais le haghaidh comhordú níos dlúithe idir oibreoirí téimh agus fuaraithe ceantair, earnálacha tionsclaíochta agus treasacha, agus údaráis áitiúla éascú a dhéanamh ar an idirphlé agus ar an gcomhar atá

riachtanach chun leas a bhaint as acmhainn chostéifeachtach dramhtheasa agus dramhfhuachta trí chórais téimh agus fuaraithe ceantair.

(28) Chun a áirithiú go nglacfaidh téamh agus fuarú ceantair páirt iomlán i gcomhtháthú earnáil an fhuinnimh, is gá an comhar le hoibreoirí córas dáileacháin leictreachais a leathnú chun oibreoirí córas tarchurtha leictreachais a chumhdach agus raon feidhme an chomhair a leathnú go pleanáil infheistíochtaí eangaí agus margaí chun úsáid níos fearr a bhaint as acmhainn téimh agus fuaraithe ceantair ó thaobh seirbhísí solúbthachta a sholáthar i margaí leictreachais. Ba cheart deiseanna a bheith ann le haghaidh comhar breise le hoibreoirí gréasán gáis, lena n-áirítear gréasáin hidrigine agus gréasáin fuinnimh eile, chun comhtháthú níos leithne sna hiompróirí fuinnimh agus an úsáid is costéifeachtaí a áirithiú.

(29) Is féidir le húsáid breoslaí in-athnuaite agus leictreachas in-athnuaite in earnáil an iompair cur le dícharbónú earnáil iompair an Aontais ar bhealach costéifeachtach, agus feabhas a chur ar éagsúlú fuinnimh san earnáil sin, i measc rudaí eile, agus san am céanna, nuálaíocht, fás agus poist a chur chun cinn i ngeilleagar an Aontais agus an spleáchas ar allmhairí fuinnimh a laghdú. D'fhonn an sprioc mhéadaithe le haghaidh laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa atá sainithe ag an Aontas a bhaint amach, ba cheart an leibhéal fuinnimh in-athnuaite a sholáthraítear do gach modh iompair san Aontas a mhéadú. Tríd an sprioc iompair a léiriú mar sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, spreagfaí úsáid mhéadaithe na mbreoslaí is costéifeachtaí agus is fearr ó thaobh feidhmiúlachta de, i dtéarmaí gás ceaptha teasa a laghdú, in earnáil an iompair. Ina theannta sin, le sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, spreagfaí nuálaíocht agus leagfaí amach tagarmharc soiléir chun comparáid a dhéanamh idir cineálacha breoslaí agus leictreachas in-athnuaite, bunaithe ar dhéine a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa. Sa bhreis air sin, trí leibhéal na sprice fuinneamh-bhunaithe ar bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus ar bhithghás a mhéadú, agus trí sprioc le haghaidh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a thabhairt isteach, d'áiritheofaí úsáid mhéadaithe breoslaí in-athnuaite chomh maith leis an tionchar comhshaoil is lú i modhanna iompair ar deacair iad a leictriú. Ba cheart a áirithiú go mbainfí amach na spriocanna sin trí oibleagáidí ar sholáthróirí breoslaí chomh maith le bearta eile a áirítear i [Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar - FuelEU Maritime agus Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú don aeriompar inbhuanaithe]. Níor cheart oibleagáidí tiomnaithe a leagan síos ar sholáthróirí breoslaí eitlíochta ach amháin de bhun [Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú don aeriompar inbhuanaithe].

***(29a) Léirigh paindéim COVID-19 an tábhacht straitéiseach a bhaineann le hearnáil an iompair. Ba dhea-chleachtas é na lánaí glasa a chur chun feidhme, lenar soláthraíodh slabhraí soláthair slána do sheirbhísí cúraim sláinte agus éigeandála, soláthar riachtanach bia agus táirgí cógaisíochta agus ba cheart tosaíocht a bheith aige sin amach anseo ar astaíochtaí a laghdú aimsir géarchéime.***

***(29b) Meastar gur foinse fuinnimh in-athnuaite é cur chun feidhme nó suiteáil córas tiomána gaothchuidithe agus tiomána gaoithe agus gurb é ceann de na réitigh dhícharbónaithe don mhuiriompair.***

(30) Beidh ról fíor-riachtanach ag an leictrea-shoghluaisteacht ó thaobh earnáil an iompair a dhícharbónú. Chun forbairt bhreise na leictrea-shoghluaiseachta a chothú, ba cheart do na Ballstáit sásra creidmheasa a bhunú a chuirfeadh ar a gcumas d'oibreoirí pointí luchtaithe atá inrochtana don phobal rannchuidiú leis an oibleagáid a leag Ballstáit ar sholáthróirí breoslaí a shásamh, trí leictreachas in-athnuaite nó fuinneamh in-athnuaite a sholáthar. ***Is féidir leis na Ballstáit stáisiúin athluchtaithe phríobháideacha a áireamh sa sásra sin, más féidir a léiriú gur d'fheithiclí leictreacha amháin a sholáthraítear an leictreachas in-athnuaite a sholáthraítear do na stáisiúin athluchtaithe sin.*** Agus tacaíocht á cur ar fáil trí shásra den sórt sin do leictreachas in earnáil an iompair, tá sé tábhachtach go gcoinneodh na Ballstáit orthu le hardleibhéal uaillmhéine a leagan síos i dtaca lena meascán breosla leachtaigh a dhícharbónú, ***go háirithe in earnálacha iompair ar deacair dícharbónú a dhéanamh iontu, amhail na hearnálacha muirí agus eitlíochta***, ina bhfuil leictriú díreach i bhfad níos deacra.

***(30a) Is féidir hidrigin a úsáid mar bhunábhar nó mar fhoinse fuinnimh i bpróisis tionsclaíochta agus cheimiceacha agus in aeriompar agus in iompar muirí chun earnálacha a dhícharbónú, arb earnálacha iad nach mbeadh sé indéanta, ó thaobh na teicneolaíochta de, ná iomaíoch, leictriú díreach a dhéanamh orthu, agus le haghaidh stóráil fuinnimh chun an córas fuinnimh a chothromú, i gcás inar gá, rud a d'fhágfadh go mbeadh ról suntasach ag an hidrigin i gcomhtháthú córas fuinnimh.***

***(30b) Ba cheart do chreat rialála an Aontais agus do thionscnaimh atá dírithe ar na spriocanna maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú tacú leis an tionscal chun aistriú i dtreo córas fuinnimh Eorpach níos inbhuanaithe, go háirithe agus spriocanna nua agus tairseacha táirgeachta á mbunú.***

(31) Tá sé d'aidhm ag beartas fuinnimh in-athnuaite an Aontais rannchuidiú i spriocanna an Aontais Eorpaigh i dtaca le maolú ar an athrú aeráide a bhaint amach i dtéarmaí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Agus an sprioc sin á saothrú, tá sé fíor-riachtanach rannchuidiú freisin le cuspóirí níos leithne comhshaoil, agus go háirithe le cailliúint na bithéagsúlachta a chosc, rud atá faoi thionchar diúltach mar gheall ar an athrú indíreach ar an talamhúsáid a bhaineann le táirgeadh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise áirithe. ***Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh tionchar míchuibhiúil a bheith ag pleanáil neamhleor suiteálacha na dtionscadal mór gaoithe nó fótavoltach ar bhithéagsúlacht, ar thírdhreacha, agus ar phobail áitiúla. Ba cheart na héifeachtaí indíreacha a bhíonn ag an dífhoraoisiú agus ag an mbalcadh ithreach, na héifeachtaí a bhíonn ag tuirbíní gaoithe agus coinbhleachtaí úsáide talún maidir le páirceanna gréine a chur san áireamh freisin.*** Is seanchúram tábhachtach idirghlúine do shaoránaigh an Aontais agus do reachtóir an Aontais é rannchuidiú sna cuspóirí aeráide agus comhshaoil sin***. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas breoslaí a chur chun cinn i gcainníochtaí lena gcothromaítear an uaillmhian is gá agus an gá atá ann gan rannchuidiú le hathrú díreach agus indíreach ar thalamhúsáid.*** Mar thoradh air sin, níor

cheart do na hathruithe sa bhealach a ríomhtar an sprioc iompair difear a dhéanamh do na teorainneacha a bunaíodh i dtaobh breoslaí áirithe a tháirgtear ó bharra bia agus beatha a áireamh i dtreo na sprice sin de pháirt amháin, agus breoslaí lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar an talamhúsáid den pháirt eile. Ina theannta sin, chun nach gcruthófaí dreasacht chun bithbhreoslaí agus bithghás a tháirgtear ó bharra bia agus beatha a úsáid in earnáil an iompair agus ***an cogadh in aghaidh na hÚcráine a chur san áireamh***, ba cheart rogha a bheith ag Ballstáit fós iad a áireamh i dtreo na sprice iompair, nó gan iad a áireamh. Mura ndéanann siad iad a áireamh, féadfaidh siad laghdú dá réir a dhéanamh ar an sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, ar an tuiscint go bhfuil laghdú 50 % ann ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le bithbhreoslaí atá bunaithe ar bharra bia agus beatha, rud atá ag freagairt do na gnáthluachanna a leagtar amach in iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo maidir leis an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis na conairí táirgthe is ábhartha i gcás bithbhreoslaí atá bunaithe ar bharra bia agus beatha, chomh maith leis an íostairseach laghduithe a bhfuil feidhm aici i gcás fhormhór na suiteálacha a tháirgeann bithbhreoslaí den sórt sin. ***Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit machnamh a dhéanamh freisin ar sholáthar breise bia a dhaingniú chun margaí domhanda tráchtearraí bia a chobhsú.***

***(31a) Ba cheart aird a thabhairt ar Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena n-aithnítear leochaileacht ar leith na réigiún is forimeallaí mar gheall ar a n-iargúltacht ó réigiúin na mórthíre, oileánachas, beagmhéid, topagrafaíocht agus aeráid dhian agus spleáchas eacnamaíoch ar líon beag táirgí, ar meascán é lena gcuirtear teorainn lena bhforbairt agus lena ngintear costais bhreise shuntasacha i roinnt mhaith réimsí, go háirithe don iompar. Na hiarrachtaí a dhéantar agus na spriocanna a leagtar síos ar leibhéal na hEorpa chun gáis ceaptha teasa a laghdú, ní mór dóibh a bheith oiriúnaithe don staid dhian sin, trí chothromaíocht a bhaint amach idir cuspóirí comhshaoil agus costais shóisialta arda do na réigiúin sin.***

(32) Nuair a léirítear an sprioc iompair mar sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, ní gá iolraitheoirí a úsáid chun foinsí in-athnuaite fuinnimh áirithe a chur chun cinn. An chúis atá leis sin ná go laghdaíonn foinsí in-athnuaite fuinnimh difriúla méideanna difriúla astaíochtaí gás ceaptha teasa agus, dá bhrí sin, ní mar an gcéanna an rannchuidiú a dhéanann siad le sprioc. Ba cheart a mheas go bhfuil astaíochtaí nialasacha ag fuinneamh in-athnuaite, rud a chiallaíonn go laghdaíonn sé astaíochtaí 100 % i gcomparáid le leictreachas a ghintear as breoslaí iontaise. Cruthóidh sé sin dreasacht chun fuinneamh in-athnuaite a úsáid ós rud é nach dócha go mbainfear céatadán chomh hard céanna laghduithe amach le breoslaí in-athnuaite agus le breoslaí carbóin athchúrsáilte. Mar sin, an bealach ab éifeachtúla chun iompar de bhóthar a dhícharbónú ná leictriú atá ag brath ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh. Ina theannta sin, chun úsáid bithbhreoslaí ardfhorbartha agus bithgháis agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a chur chun cinn i modhanna na heitlíochta agus na mara, ar modhanna iad atá deacair a leictriú, is iomchuí an t-iolraitheoir a choimeád do na breoslaí sin a soláthraíodh sna modhanna sin, agus iad á n-áireamh i dtreo na spriocanna sonracha a leagtar amach le haghaidh na mbreoslaí sin.

(33) Cuireann leictriú díreach earnálacha críochúsáide, lena n-áirítear earnáil an iompair, leis an éifeachtúlacht, agus éascaíonn sé an t-aistriú go córas fuinnimh atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite. Is meán éifeachtach ann féin é, mar sin, chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Ní gá, mar sin, creat maidir le breisíocht a chruthú a bhainfeadh go sonrach le leictreachas in-athnuaite a sholáthraítear d'fheithiclí leictreacha in earnáil an iompair.

(34) Ós rud é gur mar fhuinneamh in-athnuaite a dhéanfar breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a áireamh, gan beann ar an earnáil ina n-ídítear iad, ba cheart leathnú a dhéanamh ar na rialacha lena gcinntear a nádúr in-athnuaite nuair is ó leictreachas a tháirgtear iad, ar rialacha iad nár bhain leis na breoslaí sin ach amháin nuair a ídítear in earnáil an iompair iad, chun gach breosla in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a chumhdach, gan beann ar an earnáil ina n-ídítear iad.

(35) Chun éifeachtacht comhshaoil níos airde a áirithiú i dtaobh chritéir an Aontais maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh breoslaí bithmhaise soladaí i suiteálacha ina dtáirgtear téamh, leictreachas agus fuarú, ba cheart an íostairseach chun critéir den sórt sin a chur i bhfeidhm a ísliú ón tairseach reatha de 20 MW go ***7.5 MW***.

(36) Le Treoir (AE) 2018/2001, neartaíodh an creat maidir le hinbhuanaitheacht bithfhuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa trí chritéir a leagan síos do gach earnáil chríochúsáide. Leagadh amach rialacha inti le haghaidh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise, rialacha lenar éilíodh inbhuanaitheacht na n-oibríochtaí buainte agus áireamh astaíochtaí ón athrú ar an talamhúsáid. Chun cosaint feabhsaithe a bhaint amach do ghnáthóga ar mhórán carbóin a bhfuil an-bhithéagsúlacht iontu, amhail foraoisí príomhúla ***agus cianaosta***, foraoisí atá ar mhórán bithéagsúlachta, féarthailte, tailte portaigh agus ***fraochmhánna***, ba cheart eisceachtaí agus teorainneacha ar bhithmhais foraoise a fhoinsiú ó na ceantair sin a thabhairt isteach, i gcomhréir leis an gcur chuige atá ann i dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais talmhaíochta. Ina theannta sin, ba cheart na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur i bhfeidhm freisin maidir le suiteálacha bithmhais-bhunaithe atá ann cheana chun a áirithiú gur laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bheidh mar thoradh ar tháirgeadh bithfhuinnimh i ngach suiteáil den sórt sin i gcomparáid le fuinneamh a ghintear as breoslaí iontaise. ***Tá ardluach bithéagsúlachta agus aeráide ag foraoisí leathnádúrtha mar fhoraoisí nó talamh eile coille nach foraois phríomhúil ná fáschoill iad agus atá comhdhéanta den chuid is mó de chrainn dhúchasacha agus de speicis toir nár cuireadh agus níor cheart iad a chlaochlú ina bhfáschoillte ná ina bhforaoisí díghrádaithe ar bhealach eile. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar eolaíocht foraoise chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna oscailte agus chun sonraí a chur ar fáil, mar go bhfuil siad ríthábhachtach chun tuiscint níos fearr a fháil ar ról ár gcrann don aeráid, don chomhshaol, don gheilleagar agus don tsochaí. Ba cheart bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais talmhaíochta agus foraoise agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a fháil ó thailte nó ó fhoraoisí a n-urramaítear cearta tríú páirtithe maidir le húsáid agus tionacht***

***na talún nó na foraoise ina leith trí thoiliú saor, roimh ré agus feasach a fháil ó na tríú páirtithe sin, le rannpháirtíocht institiúidí ionadaíocha agus eagraíochtaí ionadaíocha, fad a urramaítear cearta an duine agus cearta saothair na dtríú páirtithe agus nach bhfuil fáil ar bhia agus ar bheatha do thríú páirtithe i mbaol.***

(37) Chun an t-ualach riaracháin ar tháirgeoirí breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte agus ar Bhallstáit a laghdú, i gcás ina n-aithníonn an Coimisiún trí ghníomh cur chun feidhme go dtugtar fianaise le scéimeanna deonacha nó náisiúnta nó go soláthraítear sonraí cruinne leo maidir le comhlíontacht chritéir maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa chomh maith le ceanglais eile a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do Bhallstáit glacadh le torthaí an deimhnithe a eisítear le scéimeanna den sórt sin, laistigh de raon feidhme aitheantas an Choimisiúin. Chun an t-ualach ar shuiteálacha beaga a laghdú, ba cheart do Bhallstáit sásra simplithe fíorúcháin a bhunú le haghaidh suiteálacha idir 5 agus ***20 MW***.

(38) Tá sé d'aidhm ag bunachar sonraí an Aontais atá le cur ar bun ag an gCoimisiún rianú breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a chumasú. Ba cheart a raon feidhme a leathnú ó iompar chun gach earnáil chríochúsáide eile ina n-ídítear breoslaí a chumhdach. Is ríthábhachtach an tacaíocht a bheidh ansin don fhaireachán cuimsitheach ar tháirgeadh agus ar ídiú na mbreoslaí sin, agus maolóidh sé na rioscaí a bhaineann le háireamh dúbailte nó neamhrialtachtaí feadh na slabhraí soláthair atá cumhdaithe ag bunachar sonraí an Aontais. Ina theannta sin, chun aon riosca a bhaineann le héilimh dhúbailte ar an ngás in-athnuaite céanna a sheachaint, ba cheart ráthaíocht tionscnaimh a eisítear i dtaca le haon choinsíneacht gáis in-athnuaite atá cláraithe sa bhunachar sonraí a chur ar ceal. ***Ba cheart an bunachar sonraí sin a chur ar fáil go poiblí ar bhealach oscailte, trédhearcach agus soláimhsithe. Ba cheart don Choimisiún tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú don phobal i gcoitinne faoin bhfaisnéis a thuairiscítear i mbunachar sonraí an Aontais, lena n-áirítear cainníochtaí, tionscnamh geografach agus cineál bunábhair na mbithbhreoslaí, na mbithleachtanna agus na mbreoslaí bithmhaise.***

***(38a) Chun na hualaí rialála ar shaoránaigh, ar riaracháin agus ar ghnólachtaí a thugtar isteach leis an Treoir seo a fhritháireamh, ba cheart don Choimisiún, faoi chuimsiú a shuirbhé bhliantúil maidir le hualaí arna dhéanamh de bhun mhír 48 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat rialála sna hearnálacha lena mbaineann i gcomhréir leis an bprionsabal 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach', mar a leagtar amach i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2021 dar teideal Better Regulation: Joining forces to make better laws [Rialáil níos fearr: Oibriú as lámha a chéile chun dlíthe níos fearr a dhéanamh], agus, i gcás inarb iomchuí, tograí reachtacha a thíolacadh chun forálacha i ngníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais lena ngintear costais chomhlíontachta sna hearnálacha sin a leasú nó a scriosadh.***

***(38b) Ní mór forálacha leormhaithe frithchalaoise a leagan síos, go háirithe maidir le hola chócaireachta úsáidte, ós rud é go mbíonn ola phailme measctha léi go***

***forleathan. Ós rud é go bhfuil sé bunriachtanach calaois a bhrath agus a chosc chun iomaíocht éagórach agus dífhoraoisiú rábach i dtríú tíortha a sheachaint, ba cheart inrianaitheacht iomlán agus dheimhnithe na n-amhábhar sin a chur chun feidhme.***

(39) Déantar roinnt tagairtí i roinnt áiteanna sa Rialachán Rialachais (AE) 2018/1999 don sprioc cheangailteach ar leibhéal an Aontais gur ó fhuinneamh in-athnuaite a thiocfaidh 32 % ***ar a laghad*** d'olltomhaltas fuinnimh an Aontais in 2030. Ós rud é gur gá an sprioc sin a mhéadú chun cur go héifeachtach leis an uaillmhian go laghdófaí astaíochtaí gás ceaptha teasa 55 % ar a laghad faoi 2030, ba cheart na tagairtí sin a leasú. Ní chruthóidh aon cheanglais phleanála nó tuairiscithe bhreise a leagtar síos córas nua pleanála agus tuairiscithe, ach ba cheart dóibh a bheith faoi réir an chreata pleanála agus tuairiscithe atá ann cheana faoi Rialachán (AE) 2018/1999.

(40) Ba cheart raon feidhme Threoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] a leasú chun ceanglais rialála dhúbailte a sheachaint maidir le cuspóirí dícharbónaithe breoslaí iompair agus chun ailíniú le Treoir (AE) 2018/2001.

***(40a) Tá sé tábhachtach freisin taighde agus nuálaíocht a spreagadh i réimse an fhuinnimh ghlain, amhail hidrigin, chun freastal ar an éileamh méadaitheach ar bhreoslaí malartacha agus, thar aon ní eile, fuinneamh a chur ar fáil ar an margadh atá níos saoire ná breoslaí iontaise amhail díosal, ola bhreosla agus peitreal, a bhfuil na praghsanna atá orthu ag ardú as cuimse faoi láthair.***

(41) Ba cheart sainmhínithe Threoir 98/70/CE a leasú chun iad a ailíniú le Treoir (AE) 2018/2001 agus ar an gcaoi sin, sainmhínithe difriúla a bheith á gcur i bhfeidhm sa dá ghníomh sin a sheachaint.

(42) Ba cheart na hoibleagáidí maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus bithbhreoslaí a úsáid i dTreoir 98/70/CE a scriosadh chun cuíchóiriú a dhéanamh agus chun rialáil dhúbailte a sheachaint maidir leis na cuspóirí dícharbónaithe breoslaí iompair neartaithe dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2018/2001.

(43) Ba cheart na hoibleagáidí maidir le faireachán agus tuairisciú ar laghduithe astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach i dTreoir 98/70/CE a scriosadh chun rialáil dhúbailte ar oibleagáidí tuairiscithe a sheachaint.

(44) Ba cheart Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle, lena soláthraítear rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme aonfhoirmeach Airteagal 7a de Threoir 98/70/CE, a aisghairm mar beidh sí as feidhm le haisghairm Airteagal 7a de Threoir 98/70/CE leis an Treoir seo.

(45) A mhéid a bhaineann le comhpháirteanna bithbhunaithe i mbreosla díosail, leis an tagairt i dTreoir 98/70/CE do bhreosla díosail B7, is é sin breosla díosail ina bhfuil suas le 7 % d'eistir mheitile aigéid shailligh (FAME), cuirtear teorainn leis na roghanna atá ar fáil chun spriocanna ionchorpraithe bithbhreoslaí níos airde a bhaint amach mar a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001. An chúis atá leis sin ná gur B7 atá i gceist le soláthar iomlán breosla díosail an Aontais,

[17] Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 1998 maidir le cáilíocht breoslaí peitril agus díosail agus lena leasaítear Treoir 93/12/CEE ón gComhairle (IO L 350, 28.12.1998, lch. 58).

nach mór. Mar gheall air sin, ba cheart sciar uasta na gcomhpháirteanna bithbhunaithe a mhéadú ó 7 % go 10 %. Chun glacadh B10 sa mhargadh a chothú, is é sin breosla díosail ina bhfuil suas le 10 % d'eistir mheitile aigéid shailligh (FAME), tá gá le grád cosanta B7 ar fud an Aontais le haghaidh 7 % FAME i mbreosla díosail mar gheall ar an gcion suntasach feithiclí nach bhfuil comhoiriúnach le B10 a mheastar a bheith sa fhlít faoi 2030. Ba cheart é sin a chur san áireamh in Airteagal 4, mír 1, an dara fomhír de Threoir 98/70/CE arna leasú leis an ngníomh seo.

***(45a) Trí úsáid níos mó a bhaint as fuinneamh in-athnuaite, is féidir slándáil fuinnimh agus neamhthuilleamaíocht a mhéadú freisin tríd an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, i measc nithe eile. Mar sin féin, tá neartú agus idirnascadh breise an chórais tarchurtha riachtanach chun an t-aistriú sin a úsáid go cothrom agus go héifeachtúil ionas go leathnófar na tairbhí go cothrom ar fud dhaonra an Aontais agus nach mbeidh bochtaineacht fuinnimh mar thoradh orthu.***

(46) Ba cheart a bheith in ann, mar thoradh ar na forálacha idirthréimhseacha, leanúint ar aghaidh le bailiú ordúil sonraí agus leis na hoibleagáidí tuairiscithe a shásamh maidir leis na hairteagail de Threoir 98/70/CE a scriostar leis an Treoir seo.

(47) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin[18], ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus páirteanna comhfhreagracha na n-ionstraimí náisiúnta trasuite. Maidir leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur, go háirithe tar éis bhreithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa chás *An Coimisiún v An Bheilg*[19] (cás C-543/17).

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

***Leasuithe ar Threoir (AE) 2018/2001***

Leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, leasaítear an dara mír mar a leanas:

***(-a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):***

[18] IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.
[19] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Iúil 2019, *An Coimisiún v An Bheilg*, C-543/17, ECLI: EU: C:2019:573.

***(1) ciallaíonn 'fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite' nó 'fuinneamh in-athnuaite' fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite neamh-iontaise, eadhon fuinneamh gaoithe, gréine (grianfhuinneamh teirmeach agus grianfhuinneamh fótavoltach) agus geoiteirmeach, fuinneamh osmóiseach, fuinneamh comhthimpeallach, fuinneamh taoide, fuinneamh toinne agus fuinneamh eile aigéin, hidreachumhacht, bithmhais, gás ó líonadh talún, gás ó ionad cóireála camrais, agus bithghás ;***

***(-aa) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) de phointe 16:***

***'(c) ar príomhchuspóir dó sochair chomhshaoil, eacnamaíocha nó shóisialta — seachas brabús airgeadais — a sholáthar dá scairshealbhóirí nó dá bhallraíocht nó do na ceantair áitiúla ina bhfeidhmíonn sé, i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh;'***

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (36):

'(36) ciallaíonn 'breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch' breoslaí leachtacha agus gásacha a ndíorthaítear a luach fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite seachas ó bhithmhais;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (47):

'(47) ciallaíonn 'luach réamhshocraithe' luach a dhíorthaítear as luach tipiciúil trí fhachtóirí réamhchinntithe a chur i bhfeidhm agus ar féidir, in imthosca a shonraítear sa Treoir seo, é a úsáid seachas luach iarbhír;';

(c) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

'(***47a***) 'ciallaíonn 'lomán cruinn ardchaighdeáin' lomán cruinn a leagadh nó a buaineadh ar shlí eile agus a aistríodh amach, atá oiriúnach le haghaidh úsáid thionsclaíoch de bharr a shaintréithe amhail speiceas, toisí, díríocht agus dlús nóid, arna shainmhíniú agus arna údarú go cuí ag na Ballstáit i gcomhréir leis na dálaí foraoise ábhartha. Ní áirítear leis seo oibríochtaí tanúcháin réamhthráchtála nó crainn a bhaintear as foraoisí a ndearnadh tinte, lotnaidí, galair nó damáiste de bharr tosca aibhitheacha difear dóibh;

***(47b) ciallaíonn 'teicneolaíocht nuálach fuinnimh in-athnuaite' teicneolaíocht giniúna fuinnimh in-athnuaite a fheabhsaíonn ar bhealach amháin ar a laghad teicneolaíochtaí úrscothacha fuinnimh in-athnuaite atá inchomparáide nó a dhéanann acmhainn fuinnimh in-athnuaite nach mbaintear leas aisti den chuid is mó a shaothrú agus lena mbaineann leibhéal soiléir riosca, ó thaobh na teicneolaíochta, an mhargaidh nó an airgeadais de, atá níos airde ná an riosca a bhaineann go ginearálta le teicneolaíochtaí nó gníomhaíochtaí neamh-nuálacha inchomparáide;***

(*47c*) ciallaíonn ‘crios tairisceana’ crios tairisceana mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (65) de Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20];

(*47d*) ciallaíonn ‘córas méadraithe cliste’ córas méadraithe cliste mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (23) de Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21];

(*47e*) ‘ciallaíonn ‘pointe athluchtaithe’ pointe athluchtaithe mar a shainítear in ▌ Airteagal 2, pointe (33) de Threoir (AE) 2019/944;

(*47f*) ciallaíonn ‘rannpháirtí sa mhargadh’ rannpháirtí sa mhargadh mar a shainítear in ▌ Airteagal 2, pointe (25) de Rialachán (AE) 2019/943;

(*47g*) ciallaíonn ‘margadh leictreachais’ margadh leictreachais mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (9) de Threoir 2019/944;

(*47h*) ciallaíonn ‘ceallra baile’ ceallra in-athluchtaithe neamhspleách de thoilleadh ainmniúil ar mó é ná 2 kWh, atá oiriúnach lena shuiteáil agus lena úsáid i dtimpeallacht bhaile;

(*47i*) ciallaíonn ‘ceallra feithicle leictrí’ ceallra feithicle leictrí mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (12) den [Rialachán atá beartaithe maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020[22]];

(*47j*) ciallaíonn ‘ceallra tionsclaíoch’ ceallra tionsclaíoch mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (11) den [Rialachán atá beartaithe maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020];

(*47k*) ciallaíonn ‘staid sláinte’ staid sláinte mar a shainmhínítear ▌ in Airteagal 2, pointe (25) den [Rialachán atá beartaithe maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 [23]];

(*47l*) ciallaíonn ‘staid luchtaithe’ staid luchtaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (24) den [togra le haghaidh Rialachán maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020];

(*47m*) ciallaíonn ‘pointe socraithe cumhachta’ an fhaisnéis a choinnítear i gcóras bainistíochta an cheallra lena fhorordaítear na socruithe cumhachta leictrí ag a n-oibríonn an ceallra le linn oibríocht athluchtaithe nó sceite, sa mhéid go bhfuil a staid sláinte agus a úsáid oibríochtúil barrfheabhsaithe;

---

[20] Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (IO L 158, 14.6.2019, lch. 54).

[21] Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125).

[22] COM(2020) 798 final

[23] Togra le haghaidh Rialachán ón gCoimisiún maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 (xxxx).

(***47n***) ciallaíonn 'luchtú cliste' oibríocht athluchtaithe ina modhnaítear an déine leictreachais arna sholáthar don cheallra i bhfíor-am, bunaithe ar fhaisnéis arna fáil trí chumarsáid leictreonach ***agus ar féidir a bhaint amach ag gnáthluasanna luchtaithe chomh maith le linn mearluchtaithe trí fhreagairt ar chomharthaí praghais dinimiciúla nó barrfheabhsú an tsreafa cumhachta;***

(***47o***) ciallaíonn 'údarás rialála' údarás rialála mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2019/943;

(***47p***) ciallaíonn 'luchtú déthreoch' ***oibríocht*** chliste luchtaithe inar féidir treo ***an sreabhaidh*** a aisiompú, ***ag lamháil don leictreachas sreabhadh*** ón gceallra chuig an bpointe athluchtaithe lena bhfuil sé nasctha;

(***47q***) ciallaíonn 'pointe athluchtaithe gnáthchumhachta' pointe athluchtaithe gnáthchumhachta [redacted] mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (31) den [togra le haghaidh Rialachán maidir le leas a bhaint as bonneagar breoslaí ionadúil, lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE];

***(47r) ciallaíonn 'ceallra pobail' ceallra in-athluchtaithe neamhspleách ag a bhfuil toilleadh ainmniúil níos mó ná 50 kWh, atá oiriúnach do shuiteáil agus d'úsáid i dtimpeallacht chónaithe, tráchtála nó thionsclaíoch agus atá faoi úinéireacht táirgeoirí is tomhaltóirí fuinnimh in-athnuaite, ag gníomhú i gcomhpháirt le chéile, nó comhphobal fuinnimh in-athnuaite;***

***(47s) ciallaíonn 'comhaontú ceannacháin fuinnimh in-athnuaite' conradh faoina gcomhaontaíonn duine nádúrtha nó dlítheanach fuinneamh in-athnuaite a cheannach go díreach ó tháirgeoir, lena gcuimsítear comhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite, comhaontuithe ceannacháin hidrigine in-athnuaite agus comhaontuithe ceannacháin téimh agus fuaraithe in-athnuaite, ach níl sé teoranta dóibh sin amháin;***

***(47t) ciallaíonn 'comhaontú ceannacháin téimh agus fuaraithe in-athnuaite' conradh faoina gcomhaontaíonn duine nádúrtha nó dlítheanach téamh agus fuarú in-athnuaite a cheannach go díreach ó tháirgeoir;***

***(47u) ciallaíonn 'comhaontú ceannacháin hidrigine in-athnuaite' conradh faoina gcomhaontaíonn duine nádúrtha nó dlítheanach breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a cheannach go díreach ó tháirgeoir;***

(***47v***) ciallaíonn 'tionscal' cuideachtaí agus táirgí a thagann faoi réim ailt B, C, F agus J, roinn (63) den aicmiú staidrimh gníomhaíochta eacnamaíocha (NACE ATH.2)[24];

(***47w***) ciallaíonn 'cuspóir neamhfhuinnimh' úsáid breoslaí mar amhábhair i bpróiseas tionsclaíoch, seachas iad a úsáid chun fuinneamh a tháirgeadh;

(***47x***) ciallaíonn 'breoslaí in-athnuaite' bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch;

---

[24] Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear an t-aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le réimsí sonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).';

***(47y) ciallaíonn 'bunphrionsabal éifeachtúlachta fuinnimh' bunphrionsabal éifeachtúlachta fuinnimh mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (18), de Rialachán (AE) 2018/1999;***

***(47z) ciallaíonn 'sócmhainn hibrideach in-athnuaite amach ón gcósta' sócmhainn tarchurtha a bhfuil an dá chuspóir aici giniúint fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a nascadh agus dhá chrios tairisceana nó níos mó a nascadh;***

***(47za) ciallaíonn 'téamh agus fuarú ceantair atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite' córais téimh agus fuaraithe ceantair atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus a fheidhmíonn go heisiach trí bhíthin foinsí fuinnimh in-athnuaite;***

***(47zb) ciallaíonn 'bithmhais adhmadach phríomhúil' lomán cruinn uile a leagtar nó a bhuantar nó a bhaintear ar shlí eile. Is éard atá ann ná an t-adhmad go léir a fhaightear ó aistrithe, i.e. na cainníochtaí a bhaintear as foraoisí, lena n-áirítear adhmad a aisghabhtar de bharr mortlaíocht nádúrtha agus de bharr leagain agus lománaíochta. Folaíonn sé an t-adhmad go léir a bhaintear le coirt nó gan choirt, lena n-áirítear adhmad a bhaintear ina chruth cruinn, nó scoilte, cearnaithe go garbh nó i bhfoirm eile, e.g. brainsí, fréamhacha, stumpaí agus burlaí (i gcás ina mbuantar iad) agus adhmad atá múnlaithe nó biorach go garbh; Ní áirítear leis sin bithmhais adhmadach a fhaightear ó bhearta inbhuanaithe um chosc falscaithe i limistéir ardriosca atá i mbaol dóiteáin agus bithmhais adhmadach a eastósctar ó fhoraoisí atá thíos le lotnaidí gníomhacha nó galair chun a leathadh a chosc, agus ag an am céanna eastóscadh adhmaid a íoslaghdú agus bithéagsúlacht a chosaint, rud a mbeidh foraoisí níos éagsúla agus níos athléimní mar thoradh air, agus beidh sé bunaithe ar threoirlínte ón gCoimisiún;***

***(47zc) ciallaíonn 'hidrigin in-athnuaite' hidrigin a tháirgtear trí leictrealú uisce (i leictrealóir, a chumhachtaítear le leictreachas a eascraíonn as foinsí in-athnuaite), nó trí athchóiriú bithgháis nó trí thiontú bithcheimiceach bithmhaise, má tá sé i gcomhréir le critéir inbhuanaitheachta a leagtar amach in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;***

(***47zd***) ciallaíonn 'foraois plandála' foraois a cuireadh a ndéantar dianbhainistiú uirthi agus a chomhlíonann na critéir seo a leanas go léir tráth a bplandála agus tráth aibithe na gclampaí: speiceas amháin nó dhá speiceas, cothrom i dtaca le haicme aoise, agus spásáil rialta eatarthu. Áirítear ann fáschoillte gearruainíochta le haghaidh adhmaid, snáithín agus fuinnimh, agus ní áirítear ann foraoisí a cuireadh le haghaidh cumhdaigh nó athbhunú éiceachórais, chomh maith le foraoisí a bhunaítear trí phlandáil nó síolú atá, tráth a bplandála agus tráth aibithe na gclampaí, nó a bheidh, tráth a bplandála nó tráth aibithe na gclampaí, cosúil le foraoisí a athghineann go nádúrtha;

(***47ze***) ciallaíonn 'foraois a cuireadh' foraois arb é atá ann go príomha crainn arna mbunú trí phlandáil agus/nó síolú toiliúil ar choinníoll go measfar go mbeidh na crainn arna bplandú nó arna síolú níos mó ná caoga faoin gcéad den stoc fáis

tráth a n-aibithe; áirítear ann roschoill ó chrainn a plandáladh nó a síoladh ar dtús; ▌

***(47zf) ciallaíonn 'fuinneamh osmóiseach' fuinneamh arna chruthú go nádúrtha ón éagsúlacht i dtiúchan salainn idir dhá shreabhán, uisce úr agus sáile de ghnáth;***

***(47zg) ciallaíonn 'éifeachtúlacht córais' córas fuinnimh lena gcomhtháthaítear foinsí fuinnimh in-athnuaite athraitheacha ar bhealach costéifeachtach agus lena ndéantar luach na solúbthachta ó thaobh an éilimh de a uasmhéadú chun an t-aistriú chuig aeráidneodracht a bharrfheabhsú, arna thomhas i laghduithe ar infheistíocht an chórais agus ar chostais oibríochtúla, ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar úsáidí breoslaí iontaise i ngach meascán fuinnimh náisiúnta;***

***(47zh) ciallaíonn 'gléasra cumhachta hibrideach in-athnuaite' teaglaim de dhá theicneolaíochtaí giniúna in-athnuaite nó níos mó a bhfuil an nasc eangaí céanna acu, agus ar féidir leo acmhainneacht stórála a chomhtháthú freisin;***

***(47zi) ciallaíonn 'tionscadal stórála fuinnimh comhshuite' tionscadal lena gcuimsítear saoráid stórála fuinnimh agus saoráid lena dtáirgtear fuinneamh in-athnuaite atá nasctha taobh thiar den phointe rochtana eangaí céanna.'***

(2) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Áiritheoidh na Ballstáit i gcomhar le chéile gur ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a thiocfaidh ***45*** %, ar a laghad de sciar iomlán d'olltomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais faoi 2030.

***Chun táirgeadh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite ó theicneolaíochtaí nuálacha fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn agus chun iomaíochas tionsclaíoch an Aontais a choimirciú, leagfaidh gach Ballstát síos sprioc tháscach de 5 % ar a laghad d'acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite nua suiteáilte idir... [teacht i bhfeidhm na treorach] agus 2030 mar theicneolaíocht nuálach fuinnimh in-athnuaite.***

***Chun dul i bhfód breise an leictreachais in-athnuaite a éascú agus chun na seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin a mhéadú, leagfaidh na Ballstáit síos sprioc tháscach do theicneolaíochtaí stórála.***

***Chun tacú leis an sprioc dá dtagraítear sa chéad fhomhír a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach agus éifeachtúlacht an chórais a bhaint amach, leagfaidh na Ballstáit síos sprioc náisiúnta tháscach íosta do sholúbthacht ó thaobh an éilimh de a chomhfhreagraíonn do laghdú 5 % ar an mbuaicéileamh leictreachais faoi 2030. Bainfear amach an sprioc sin tríd an tsolúbthacht ó thaobh an éilimh de i ngach earnáil chríochúsáide a ghníomhachtú, lena n-áirítear trí athchóiriú foirgneamh agus éifeachtúlacht fuinnimh i gcomhréir le Treoir (AE) .../... [treoir athbhreithnithe (AE) 2018/844] agus Treoir (AE) .../... [treoir athbhreithnithe (AE) 2018/2002].***

***Sonróidh na Ballstáit a sprioc solúbthachta náisiúnta ó thaobh an éilimh de, lena n-áirítear garspriocanna idirmheánacha, sna cuspóirí náisiúnta a leagtar amach ina bpleananna comhtháite fuinnimh agus aeráide chun solúbthacht an chórais a mhéadú, i gcomhréir le hAirteagal 4, pointe (d), pointe (3) de Rialachán (AE) 2018/1999. Nuair is gá, féadfaidh an Coimisiún bearta comhlántacha a dhéanamh chun tacú leis na Ballstáit a sprioc a chomhlíonadh.***

***Sainaithneoidh gach Ballstát ina phlean comhtháite fuinnimh agus aeráide, i gcomhréir le hAirteagal 4, pointe (d), pointe (3), de Rialachán (AE) 2018/1999, na bearta is gá chun na spriocanna dá dtagraítear sa dara fomhír agus sa tríú fomhír de mhír 1 den Airteagal seo a bhaint amach.***

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go dtáirgfear fuinneamh ó bhithmhais ar bhealach ina n-íoslaghdófar iarmhairtí saobhacha míchuí ar mhargadh na n-amhábhar bithmhaise agus tionchair dhíobhálacha ar an mbithéagsúlacht, ***ar an gcomhshaol agus ar an aeráid***. Chuige sin, cuirfidh siad san áireamh ord na réiteach dramhaíola mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE agus prionsabal na húsáide cascáidí dá dtagraítear sa tríú fomhír.

Seo a leanas cuid de na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

(a) Ní thabharfaidh na Ballstáit tacaíocht ar bith maidir leis na nithe seo a leanas:

(i) lomáin sáibh, lomáin veiníre, stumpaí nó fréamhacha a úsáid chun fuinneamh a tháirgeadh;

(ii) táirgeacht fuinnimh in-athnuaite arna tháirgeadh ó dhramhaíl a loscadh mura gcomhlíontar na hoibleagáidí um bhailiú ar leithligh agus um ord na réiteach dramhaíola a leagtar síos le Treoir 2008/98/CE;

(iii) cleachtais nach bhfuil i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme dá dtagraítear sa tríú fomhír.

(b) Ón 31 Nollaig 2026, agus gan dochar ***do na forálacha a leagtar amach in Airteagal 6 agus*** na hoibleagáidí sa chéad fomhír, ní thabharfaidh na Ballstáit tacaíocht ar bith maidir le leictreachas a tháirgeadh ó bhithmhais foraoise i suiteálacha leictreachais amháin, mura gcomhlíonfaidh an leictreachas sin ar a laghad ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

(i) táirgtear é i réigiún a shainaithnítear i bplean críochach um aistriú cóir arna fhormheasadh ag an gCoimisiún ▌, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/ . . . ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir i ngeall ar a spleáchas ar bhreoslaí iontaise soladacha, agus comhlíonann sé na ceanglais iomchuí a leagtar amach in Airteagal 29***, pointe*** (11);

(ii) táirgtear é trí Ghabháil agus Stóráil $CO_2$ Bithmhaise a chur i bhfeidhm, agus comhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 29***, pointe*** (11), an dara fomhír.

***(ii a) táirgtear é trí ghléasraí atá i bhfeidhm cheana féin an... [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], nach féidir modhnuithe a dhéanamh ina leith i dtreo na comhghiniúna ós rud é nach ann do na dálaí bonneagair agus éilimh agus a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 29, pointe (11), ar choinníoll go dtabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi úsáid díolúine den sórt sin agus go dtabharfaidh siad údar cuí dó trí bhíthin faisnéis eolaíoch agus theicniúil atá fíoraithe agus cothrom le dáta agus go bhformheasfaidh an Coimisiún an díolúine.***

Tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis [theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh ***cur chun feidhme*** ▌ maidir le conas prionsabal na húsáide cascáidí a chur i bhfeidhm le haghaidh bithmhaise foraoise, go háirithe maidir le conas úsáid na lomán cruinn ardchaighdeáin i dtáirgeadh an fhuinnimh a íoslaghdú, le béim ar scéimeanna tacaíochta agus aird chuí á tabhairt ar ***an mbreisluach eacnamaíoch agus comhshaoil is airde agus*** ar shonraíochtaí náisiúnta ***lena n-áirítear cosc ar fhalscaí agus lománaíocht tarrthála.***

Faoi 2026 cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i láthair maidir le tionchar scéimeanna tacaíochta na mBallstát le haghaidh bithmhaise, lena n-áirítear an tionchar ar bhithéagsúlacht***, ar an aeráid, ar an gcomhshaol*** agus ar shaobhadh margaidh féideartha, agus déanfaidh sé measúnú ar ▌ scéimeanna tacaíochta um an mbithmhais foraoise.

(c) cuirtear an mhír 4 a seo a leanas isteach:

‘4a. Déanfaidh na Ballstáit creat a bhunú, a bhféadfaidh scéimeanna tacaíochta a áireamh ann agus lena n-éascófar ***tionscadail stórála fuinnimh*** in-athnuaite ***agus comhshuite*** a ghlacadh ***chomh maith le comhaontuithe ceannacháin fuinnimh in-athnuaite agus*** comhaontuithe ceannacháin ***téimh agus fuaraithe in-athnuaite***, lena gcumasófar ***fuinneamh*** in-athnuaite a imscaradh go leibhéal atá comhsheasmhach le ranníocaíocht náisiúnta an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 2 agus ar luas atá comhsheasmhach leis na conairí táscacha dá dtagraítear in Airteagal 4(a)(2) de Rialachán (AE) 2018/1999. Go háirithe, rachaidh an creat i ngleic leis na bacainní atá fós ann, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le nósanna imeachta ceadaithe, ***tionscnaimh comhphobail fuinnimh a bhunú agus na gréasáin iompair fuinnimh is gá a fhorbairt, chun tacú le*** hardleibhéal soláthair ***fuinnimh*** in-athnuaite. Le linn dóibh an creat sin a dhearadh, cuirfidh na Ballstáit san áireamh an leictreachas in-athnuaite breise ***agus na bonneagair stórála*** is gá chun freastal ar an éileamh sna hearnálacha iompair, tionsclaíochta, tógála, agus téimh agus fuaraithe agus maidir le táirgeacht breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch.’;

***I gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh, áiritheoidh na Ballstáit tomhaltas, trádáil agus stóráil sholúbtha leictreachais in-athnuaite sna hearnálacha críochúsáide sin chun cabhrú lena dhul i bhfód ar bhealach costéifeachtach.***

***Féadfaidh na Ballstáit achoimre ar na beartais agus ar na bearta faoin gcreat cumasúcháin agus measúnú ar chur chun feidhme na mbeartas agus na mbeart sin faoi seach a áireamh ina bpleananna náisiúnta comhtháite fuinnimh agus aeráide***

***agus sna tuarascálacha ar dhul chun cinn a ghabhfaidh leo, de bhun Rialachán (AE) 2018/1999."***

(3) leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

***(-a) sa chéad fhomhír de mhír 1, cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad phointe (c):***

***'(c) tomhaltas deiridh fuinnimh ó fhoinsí agus breoslaí in-athnuaite in earnáil an iompair.*** ';

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Maidir leis an gcéad fhomhír, pointe (a), (b) nó (c), ní mheasfar gás nó leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite ach aon uair amháin chun críocha sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh a ríomh. Cuirfear fuinneamh a tháirgtear ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch san áireamh san earnáil - leictreachas, téamh agus fuarú nó iompar - ina ndéanfar é a thomhailt. ***I gcás ina n-ídítear breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch i mBallstát nach ionann é agus an Ballstát inar táirgeadh iad, fuinneamh a ghintear trí úsáid a bhaint as breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, déanfar 80 % dá dtoirt a áireamh sa tír agus san earnáil ina n-ídítear é agus 20 % dá dtoirt sa tír ina dtáirgtear é, mura gcomhaontaítear a mhalairt idir na Ballstáit lena mbaineann. Chun faireachán a dhéanamh ar chomhaontuithe den sórt sin agus chun aon chomhaireamh dúbailte a sheachaint, tabharfar fógra don Choimisiún faoi aon chomhaontú den sórt sin, lena n-áirítear méideanna beachta an tsoláthair agus an éilimh, tráthanna an aistrithe agus an dáta faoina mbeidh an socrú oibríochtúil.*** Cuirfidh an Coimisiún faisnéis ar fáil maidir leis na comhaontuithe a tugadh i gcrích, lena n-áirítear uainiú, toirt, praghas agus aon choinníollacha breise.';

***(aa) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach tar éis an dara fomhír:***

***'Chun críocha na spriocanna dá dtagraítear in Airteagail 15a, 22a, 23(1), 24(4) agus 25(1), maidir le breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch, tabharfar 100 % dá dtoirt i gcuntas sa tír ina dtomhlaítear iad.';***

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Chun críocha mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (a), déanfar olltomhaltas deiridh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a ríomh mar an chainníocht de leictreachas a

tháirgtear i mBallstát ó fhoinsí in-athnuaite, lena n-áirítear táirgeacht leictreachais ó athnuaiteáin, ó tháirgeoirí is tomhaltóirí agus ó chomhphobail fuinnimh in-athnuaite agus leictreachas ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus lena n-eisiafar táirgeacht leictreachais in aonaid taisce pumpála ó uisce a pumpáladh in aghaidh fána chomh maith le leictreachas a úsáidtear chun breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a tháirgeadh.';

(c) i mír 4, cuirfear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) Déanfar tomhaltas deiridh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite san earnáil iompair a ríomh mar shuim gach bithbhreosla, bithgháis agus breosla in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a thomhlaítear san earnáil iompair.';

(4) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

'1a. ***Déanfaidh gach*** Ballstát ***comhaontuithe comhair chun tionscadail comhpháirteacha*** a bhunú le Ballstát amháin eile nó níos mó chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh, lena n-áirítear ***sócmhainní hibrideacha*** in-athnuaite ***amach ón gcósta, mar seo a leanas:***

***(a) faoin 31 Nollaig 2025, bunóidh Ballstáit a bhfuil tomhaltas leictreachais bliantúil de 100 TWh nó níos lú acu dhá tionscadal chomhpháirteacha ar a laghad;***

***(b) faoin 2030, bunóidh*** Ballstáit ***a bhfuil tomhaltas leictreachais bliantúil de níos mó ná 100 TWh acu triú tionscadal comhpháirteach***. ▌;

***Ní bheidh tionscadail chomhpháirteacha den sórt sin ag comhfhreagairt do na tionscadail leasa choitinn a glacadh cheana féin faoi Rialachán (AE) 2022/869[1a]. Beidh sainaithint na dtionscadal comhpháirteach bunaithe ar na riachtanais arna sainaithint sna pleananna comhtháite straitéiseacha ardleibhéil maidir le forbairt gréasáin amach ón gcósta le haghaidh gach imchuach farraige agus an plean forbartha gréasáin deich mbliana ach féadfaidh siad dul thar na riachtanais sin agus féadfaidh údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus oibreoirí príobháideacha a bheith páirteach ann.***

Tionscadail a mhaoinítear le ranníocaíochtaí náisiúnta faoi shásra maoiniúcháin an Aontais a bhunaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún[25], ***cuirfear san áireamh iad chun na ceanglais den chéad fhomhír a chomhlíonadh*** le haghaidh na mBallstát lena mbaineann ***sna tionscadail sin.***

---

[25] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2020 maidir le sásra maoiniúcháin an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite (IO L 303, 17.9.2020, lch. 1).

***Oibreoidh na Ballstáit i dtreo leithdháileadh cothrom na gcostas agus na dtairbhí a bhaineann le comhthionscadail. Chuige sin, cuirfear costais agus tairbhí ábhartha uile an chomhthionscadail san áireamh sa chomhaontú ábhartha comhair.***

***Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir leis na comhaontuithe comhair sin dá dtagraítear sa chéad fhomhír, lena n-áirítear an dáta a mheasfar go mbeidh an tionscadal ag feidhmiú.***

---

[1a] ***Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2009, (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 agus Treoracha 2009/73/CE agus (AE) 2019/944, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 45).***';

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

'7a. Comhoibreoidh na Ballstáit a bhfuil teorainn acu le himchuach farraige ***chun a shuí*** go comhpháirteach***, tar éis dóibh dul i mbun comhairliúcháin le geallsealbhóirí,*** méid an fhuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a bhfuil sé i gceist acu a tháirgeadh san imchuach farraige sin faoi 2050, ***leis na*** céimeanna ***agus na conairí*** idirmheánacha ***in aghaidh an imchuach farraige*** in 2030 agus in 2040 ***i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/869***. ***Léireoidh gach Ballstát na méideanna atá pleanáilte aige a bhaint amach trí thairiscintí rialtais, le béim ar an bhféidearthacht theicniúil agus eacnamaíoch do bhonneagar na heangaí.***

***Ina gcuid comhaontuithe comhair, áiritheoidh na Ballstáit i gcomhar le chéile go bhfuil na pleananna sin i gcomhréir le comhlíonadh na gcuspóirí a leagtar síos i dTeachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Samhain 2020 dar teideal An EU Strategy to harness the potential of offshore renewable energy for a climate neutral future [Straitéis AE chun leas a bhaint as acmhainneacht an fhuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta do thodhchaí a bheidh neodrach ó thaobh aeráide de], agus urraim á tabhairt do dhlí comhshaoil an Aontais agus do chosaint na bithéagsúlachta,*** na sainiúlachtaí agus an fhorbairt i ngach réigiún, ***go háirithe na gníomhaíochtaí a bhí ar siúl cheana sna limistéir a ndéantar difear dóibh, an díobháil a d'fhéadfadh a bheith ann don chomhshaol,*** acmhainneacht in-athnuaite an imchuach farraige agus an tábhacht pleanáil eangacha comhlachaithe comhtháite amach ón gcósta a áirithiú. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoin méid sin ***agus an eangach phleanáilte*** sna pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide uathu arna gcur isteach de bhua Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999. ***Féadfaidh an Coimisiún bearta comhlántacha a dhéanamh chun tacú le Ballstáit ina gcuid iarrachtaí ailíniú leis na conairí in aghaidh an imchuach farraige.***

***Tar éis na pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide a bheith curtha in iúl, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar aon bhearna a d'fhéadfadh***

***a bheith ann idir an méid féideartha d'acmhainní fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta atá ag na Ballstáit agus an méid fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta atá pleanáilte do 2030, 2040 agus 2050. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Coimisiún bearta breise chun an bhearna sin a laghdú.***

***Déanfaidh na Ballstáit a bhfuil teorainn acu le himchuach farraige spás leormhaith do thionscadail fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a shainiú go comhpháirteach agus leithdháilfidh siad an spás sin ina gcuid pleananna spásúla muirí agus cur chuige láidir rannpháirtíocht an phobail á áirithiú ionas go gcuirfear tuairimí na ngeallsealbhóirí agus na bpobal cósta go léir san áireamh, chomh maith leis na gníomhaíochtaí atá ar siúl cheana féin sna limistéir a ndéantar difear dóibh.***

***Chun deonú ceadanna le haghaidh tionscadail chomhpháirteacha fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a éascú, laghdóidh na Ballstáit castacht an phróisis deonaithe ceadanna agus méadóidh siad éifeachtúlacht agus trédhearcacht an phróisis sin agus cuirfidh siad feabhas ar an gcomhar eatarthu féin, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí phointe teagmhála aonair ('ionad ilfhreastail') a bhunú in aghaidh gach conaire tosaíochta eangaí amach ón gcósta.***

***Chun go nglacfaidh an pobal leis sin ar bonn níos leithne, déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go bhféadfaí comhphobail fuinnimh in-athnuaite a áireamh i dtionscadail chomhpháirteacha chomhair maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta.***';

(5) leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

***(-a) leasaítear mír 1 mar a leanas:***

***(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:***

***'Aon rialacha náisiúnta i ndáil le nósanna imeachta údarúcháin, deimhniúcháin agus ceadúnúcháin a chuirtear i bhfeidhm ar ghléasraí, lena n-áirítear gléasraí cumhachta hibrideacha in-athnuaite, agus ar ghréasáin ghaolmhara tarchurtha agus dáileacháin lena dtáirgtear leictreachas, téamh nó fuarú ó fhoinsí in-athnuaite, agus a chuirtear i bhfeidhm ar an bpróiseas a bhaineann le bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise nó táirgí eile fuinnimh a dhéanamh as bithmhais, agus a chuirtear i bhfeidhm ar bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh siad comhréireach agus riachtanach agus go gcuideofar leo leis an bprionsabal faoina dtugtar tús áite don éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun feidhme.';***

***(-aa) leasaítear an dara mír mar a leanas:***

***(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):***

***'(a) go mbeidh nósanna imeachta riaracháin cuíchóirithe, lena n-áirítear próisis réigiúnacha agus bhardasacha, agus go gcuirfear dlús***

***leo ar an leibhéal riaracháin iomchuí agus go mbunófar amchláir intuartha do na nósanna imeachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír;';***

***(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c) agus (d):***

***'(c) go mbeidh na muirir riaracháin a ghearrfar ar thomhaltóirí, pleanálaithe, ailtirí, tógálaithe, agus ar lucht suiteála agus soláthar trealaimh agus córais, go mbeidh siad trédhearcach agus i gcomhréir leis an gcostas a bhaineann leo; and***

***(d) go mbunófar nósanna imeachta údarúcháin simplithe a mbeidh ualach níos lú ag baint leo, lena n-áirítear nós imeachta fógra simplí agus pointí teagmhála aonair a thabhairt i dtaca le feistí díláraithe, agus lena dtáirgtear agus lena stóráiltear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite.';***

(a) Cuirtear ***an méid seo a leanas*** in ionad mhír 2:

'2. Aon sonraíochtaí teicniúla nach mór do threalamh agus do chórais fuinnimh in-athnuaite a chomhlíonadh chun leas a fháil ó scéimeanna tacaíochta ***agus chun bheith incháilithe faoi na rialacha maidir le soláthar poiblí***, déanfaidh na Ballstáit iad a shonrú go soiléir. I gcás inarb ann do chaighdeáin ***rialála nó*** chomhchuibhithe nó caighdeáin Eorpacha, lena n-áirítear córais tagartha teicniúla arna mbunú ag na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, déanfar na sonraíochtaí teicniúla sin a shloinneadh de réir na gcaighdeán sin. Tabharfar tosaíocht do chaighdeáin ***rialála agus*** chomhchuibhithe, ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* chun tacú le reachtaíocht Eorpach***, lena n-áirítear, mar shampla, Rialachán (AE) 2017/1369 nó (AE) 2009/125***. Murab ann dóibh, úsáidfear caighdeáin chomhchuibhithe agus caighdeáin Eorpacha eile, san ord sin. Ní thoirmiscfear leis na caighdeáin teicniúla sin an áit a gcaithfear an trealamh agus na córais sin a dhearbhú, ná ní dhéanfar leis na caighdeáin sin bacainn a chur ar fheidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh';

***(aa) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:***

***'3. Agus pleanáil, lena n-áirítear luathphleanáil spásúil, dearadh, tógáil agus athfheistiú á ndéanamh acu maidir le bonneagar uirbeach, ceantair thionsclaíocha, thráchtála nó chónaithe agus maidir le bonneagar fuinnimh agus iompair, lena n-áiritear leictreachas, téamh agus fuarú ceantair, gás nádúrtha agus gréasáin breoslaí malartacha, déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis inniúla acu, ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, foráil do chomhtháthú agus do imscaradh an fhuinnimh in-athnuaite lena n-áirítear d'fhéintomhaltas fuinnimh in-athnuaite agus do chomhphobail fuinnimh in-athnuaite agus d'úsáid dramhtheasa agus dramhfhuachta dosheachanta. Go sonrach, spreagfaidh na Ballstáit comhlachtaí riaracháin áitiúla agus réigiúnacha téamh agus fuarú ó fhoinsí in-athnuaite a áireamh i bpleanáil bonneagair cathrach, i gcás inarb iomchuí, agus rachaidh siad i gcomhairle leis na hoibreoirí gréasáin chun tionchar na gclár éifeachtúlachta fuinnimh agus freagartha ar éileamh a léiriú mar aon le forálacha sonracha maidir le féintomhaltais fuinnimh in-athnuaite agus***

***comhphobail fuinnimh in-athnuaite, i ndáil le pleananna forbartha bonneagair na n-oibreoirí.';***

(b) scriostar míreanna 4, 5, 6 agus 7:

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

'8. Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar na bacainní rialaitheacha agus riaracháin maidir le comhaontaithe ceannacháin ***fuinnimh*** in-athnuaite fadtéarmacha***, lena n-áirítear comhaontaithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite, comhaontuithe ceannaigh téimh agus fuaraithe in-athnuaite agus comhaontuithe ceannacháin hidrigine, tionscadail stórála fuinnimh chomhshuite chomh maith le cinn trasteorann.*** ▌

Bainfidh siad ***bacainní*** ▌ ***ar an leibhéal náisiúnta agus trasteorann maidir lena bhforbairt, amhail*** bacainní maidir le ***cead a thabhairt, mar shampla do thionscail agus FBManna atá dian ar fhuinneamh, mar aon le gníomhaithe agus bardais níos lú,*** agus cuirfidh siad glacadh na gcomhaontuithe sin chun cinn, lena n-áirítear trí iniúchadh a dhéanamh ar conas na rioscaí airgeadais a bhaineann leo a laghdú, go háirithe trí ráthaíochtaí creidmheasa a úsáid. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh na comhaontuithe sin faoi réir aon nósanna imeachta ná aon mhuirir ná ***aon mhuirir ná*** táillí a bheidh díréireach nó idirdhealaitheach, agus go bhféadfar aon ráthaíochtaí tionscnaimh lena mbaineann a aistriú chuig ceannaitheoir an fhuinnimh ▌ faoin gcomhaontú ceannacháin ***fuinnimh in-athnuaite***.

Déanfaidh na Ballstáit cur síos maidir le polasaithe agus bearta na mBallstát lena gcuirtear glacadh comhaontuithe ceannacháin ***fuinnimh*** in-athnuaite chun cinn ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus maidir leis na tuarascálacha ar dhul chun cinn arna gcur isteach de bhun Airteagal 17 den Rialachán sin. Soláthróidh siad léiriú sna tuarascálacha sin freisin maidir le méid na giniúna leictreachais in-athnuaite arna dtacú ag ***na cineálacha éagsúla*** comhaontuithe ceannacháin ***fuinnimh*** in-athnuaite.

***Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cead ag iarratasóirí na doiciméid ábhartha go léir a thíolacadh i bhfoirm dhigiteach. Má bhaineann iarratasóir úsáid as rogha an iarratais dhitigigh, ní mór an próiseas ceadaithe ina iomláine, lena n-áirítear na próisis inmheánacha, riaracháin a dhéanamh go digiteach. Áiritheoidh na Ballstáit anuas air sin go ndéanfar na héisteachtaí poiblí agus na nósanna imeachta rannpháirtíochta a dhigitiú.***'

(d) cuirtear an mhír 9 seo a leanas leis:

'9. Faoi ***... [***bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo***]***, ***déanfaidh*** an Coimisiún ***athbhreithniú ar na treoirlínte do na Ballstáit maidir le cleachtais a cheadú chun an próiseas do thionscadail nua agus do thionscadail athchumhachtaithe a luathú agus a shimpliú. Áireofar sna treoirlínte sin moltaí maidir le conas*** na rialacha maidir le nósanna imeachta riaracháin a leagtar amach in ***Airteagal 15 agus in Airteagal 17 a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm, mar aon lena gcur chun feidhme i leith téamh, fuarú agus cumhacht in-athnuaite agus comhghiniúint in-athnuaite***

***agus sraith príomhtháscairí feidhmíochta próisis chun measúnú trédhearcach agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar éifeachtacht araon.***

***Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún comhairliúcháin iomchuí, lena n-áirítear le geallsealbhóirí ábhartha. Áireofar sa treoir sin freisin faisnéis maidir le hacmhainní digiteacha agus daonna na n-údarás ceadaithe, pointí teagmhála aonair éifeachtacha, pleanáil spásúlachta, srianta míleata agus eitlíochta sibhialta, imeachtaí cúirte agus cásanna réitigh shibhialta agus idirghabhála, mar aon le dlíthe maidir le mianadóireacht agus oibreacha geolaíocha a choigeartú agus a iarfheistiú chomh maith le hacmhainn theicniúil leormhaith a áirithiú chun na cúraimí sin a dhéanamh.***

***Déanfaidh na Ballstáit measúnú a thíolacadh ar a bpróiseas ceadaithe agus na bearta feabhsúcháin a bheidh le glacadh i gcomhréir leis na treoirlínte sa phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2018/199 i gcomhréir leis an nós imeachta agus leis an amlíne a leagtar síos san Airteagal sin.***

***Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na bearta ceartaitheacha atá sna pleananna agus as scóráil gach Ballstát sna príomhtháscairí feidhmíochta. Cuirfear an measúnú ar fáil go poiblí.***

***I gcás easpa dul chun cinn, féadfaidh an Coimisiún*** bearta breise a dhéanamh chun tacú leis na Ballstáit maidir lena gcur chun feidhme ***ag cuidiú leo a gcuid nósanna imeachta ceadaithe a athchóiriú agus a chuíchóiriú***.';

(6) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

'Airteagal 15a

**Príomhshruthú an fhuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh**

1. Chun táirgeacht agus úsáid fuinnimh in-athnuaite ***agus dramhtheas agus dramhfhuacht*** san earnáil tógála a chur chun cinn, leagfaidh na Ballstáit amach sprioc tháscach maidir leis an sciar d'fhoinsí in-athnuaite ***a tháirgtear ar an láthair nó in aice láimhe lena n-áirítear ón eangach*** san ídiú fuinnimh deiridh ina n-earnálacha tógála in 2030 a bheidh comhsheasmhach le sprioc tháscach de sciar fuinnimh 49 % ar a laghad ó fhoinsí in-athnuaite ***agus dramhtheas agus dramhfhuacht dosheachanta*** san earnáil tógála i dtomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais in 2030. ***Ballstáit nach gcuireann praghas sainráite ar charbón san earnáil tógála trí scéim trádála cánach nó astaíochtaí nó Ballstáit a chinneann gan a bheith páirteach go sealadach sa scéim nua Eorpach trádála astaíochtaí le haghaidh foirgneamh agus an chórais iompair, socróidh siad sciar táscach níos airde d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh.*** Déanfar an sprioc náisiúnta ***tháscach*** a shloinneadh i dtéarmaí sciar an tomhaltais deiridh fuinnimh náisiúnta agus a ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 7***, lena bhféadfar an leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite, eadhon féintomhaltas, comhphobail fuinnimh agus sciar an fhuinnimh in-athnuaite sa mheascán leictreachais, agus dramhtheas agus dramhfhuacht dosheachanta a bheith san áireamh i ríomh sciar an tomhaltais deiridh*** . Áireoidh

na Ballstáit a sprioc sna pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna gcur isteach de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 chomh maith le faisnéis maidir le conas a bheartaíonn siad é a bhaint amach.

***Féadfaidh na Ballstáit dramhtheas agus dramhfhuacht a áireamh sa sprioc dá dtagraítear sa chéad fhomhír, suas le teorainn 20 %. Má chineann siad déanamh amhlaidh, méadóidh an sprioc faoi leath chéatadán na dramhtheasa agus an dramhfhuachta arna úsáid go huasteorainn 54 %.***

2. Tabharfaidh na Ballstáit isteach bearta ina rialacháin agus cóid tógála agus, i gcás inarb infheidhme, ina scéimeanna tacaíochta, chun an sciar leictreachais agus téimh agus fuaraithe ó fhoinsí in-athnuaite ***a tháirgtear ar an láthair nó in aice láimhe, araon, lena n-áirítear ón eangach,*** sa stoc foirgneamh a mhéadú, lena n-áirítear bearta náisiúnta a bhaineann le méaduithe suntasacha i bhféintomhaltas athnuaiteáin, comhphobail fuinnimh in-athnuaite***, comhroinnt áitiúil fuinnimh in-athnuaite*** agus stóráil fuinnimh áitiúil, ***luchtú cliste agus déthreoch, seirbhísí solúbthachta eile amhail freagairt ar éileamh, agus*** i gcomhar le feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le comhghiniúint ***ardéifeachtúlachta*** agus foirgnimh éighníomhacha, foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh agus foirgnimh atá neodrach ó thaobh fuinnimh ***agus teicneolaíochtaí nuálacha á gcur san áireamh***.

Chun an sciar tháscach ***d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh*** a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach, ceanglóidh na Ballstáit úsáid íosta leibhéil fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite ***a tháirgtear ar an láthair nó in aice láimhe, araon, lena n-áirítear ón eangach,*** i bhfoirgnimh ***nua agus i bhfoirgnimh atá ann cheana atá á n-athchóiriú*** ina rialacháin agus cóid tógála agus, i gcás inarb infheidhme, ina scéimeanna tacaíochta nó ar mhodhanna eile le héifeacht choibhéiseach, i gcomhréir le forálacha Threoir 2010/31/AE ***agus i gcás ina bhfuil sé sin indéanta go heacnamaíoch, go teicniúil agus go feidhmiúil***. Ceadóidh na Ballstáit go gcomhlíonfar na leibhéil íosta seo, i measc nithe eile, trí théamh agus fhuarú ceantair éifeachtúil.

Maidir le foirgnimh reatha, ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir leis na fórsaí armtha, ach amháin sa mhéid nach mbeidh a fheidhmiú ar neamhréir le nádúr ná le príomhchuspóir ghníomhaíochtaí na bhfórsaí armtha cé is moite d'ábhar a bhíonn in úsáid go heisiach chun críoch míleata.

3. Maidir le foirgnimh phoiblí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh siad ról eiseamláireach maidir leis an sciar d'fhuinneamh in-athnuaite a úsáidtear, i gcomhréir le forálacha Airteagal 9 de Threoir 2010/31/AE agus i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2012/27/AE. Féadfaidh na Ballstáit, i measc nithe eile, a cheadú go gcomhlíonfaí an oibleagáid sin trí fhoráil a dhéanamh do na tríú páirtithe díonta ***nó dromchlaí agus fo-dhromchlaí comhoiriúnacha eile*** i bhfoirgneamh poiblí nó díonta ***nó dromchlaí agus fo-dhromchlaí comhoiriúnacha eile***foirgneamh príobháideach poiblí a úsáid i gcomhair suiteálacha lena dtáirgtear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite.

***Déanfaidh na Ballstáit comhar idir na húdaráis áitiúla agus na comhphobail fuinnimh in-athnuaite san earnáil tógála a chur chun cinn, go háirithe trí úsáid soláthair phoiblí. Léireofar tacaíocht den sórt sin i bPleananna Athchóirithe Náisiúnta Foirgneamh na mBallstát faoi Airteagal 3 de Threoir ... [EPBD].***

4. Chun an sciar tháscach d'fhuinneamh in-athnuaite a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach, déanfaidh na Ballstáit úsáid córas agus trealaimh téimh agus fuaraithe a chur chun cinn***, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nuálacha don chomhthéacs áitiúil lena mbaineann, amhail córais agus trealamh cliste leictrithe téimh agus fuaraithe atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite, arna gcomhlánú, i gcás inarb infheidhme, le bainistiú cliste ar na hacmhainní díláraithe fuinnimh i bhfoirgnimh, trí Chórais Bhainistíochta Fuinnimh Foirgneamh atá in ann idirghníomhú leis an eangach fuinnimh***. Chuige sin, úsáidfidh na Ballstáit gach beart, uirlis agus dreasacht is iomchuí, lena n-áirítear, i measc nithe eile, lipéid fuinnimh a fhorbraítear faoi Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26], teastais feidhmíochta fuinnimh de bhun Threoir 2010/31/AE, nó teastais nó caighdeáin iomchuí eile a fhorbraítear ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais, agus áiritheoidh siad go gcuirfear go leor faisnéise agus comhairle ar fáil***, lena n-áirítear trí shiopaí ilfhreastail,*** maidir le breoslaí ionadúla in-athnuaite an-éifeachtúil chomh maith le maidir leis na hionstraimí airgeadais agus dreasachtaí atá ar fáil chun ráta athsholáthair méadaithe a chur chun cinn maidir le seanchórais téimh ***agus fuaraithe*** agus maidir le hathrú chuig réitigh atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite.';

(7) ***leasaítear*** ▌ Airteagal 18 ***mar a leanas:***

***(a)*** cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

'3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh scéimeanna deimhniúcháin ***nó scéimeanna cáilithe náisiúnta comhionanna*** ar fáil do shuiteálaithe agus dearthóirí de gach cineál córas téimh agus fuaraithe in-athnuaite i bhfoirgnimh, in earnáil na tionsclaíochta agus sa talmhaíocht, agus do shuiteálaithe ***teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite eile, teicneolaíochtaí stórála agus freagartha éilimh, lena n-áirítear stáitiúin luchtaithe***. Féadfar a thabhairt san áireamh sna scéimeanna sin, nuair is iomchuí, scéimeanna agus struchtúir ar ann dóibh cheana, agus is ar na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a bhunófar na scéimeanna sin. ***Deimhneoidh*** gach Ballstát ***an t-aitheantas atá tugtha*** don deimhniúchán arna dheonú ag Ballstáit eile i gcomhréir leis na critéir sin.

***Faoin 31 Nollaig 2023 agus gach trí bliana ina dhiaidh sin,*** déanfaidh na mBallstáit ***measúnú ar an mbearna idir na gairmithe suiteálacha oilte agus cáilithe a theastaíonn, agus i gcás inarb iomchuí, moltaí a dhéanamh ar conas fáil réidh le***

---

[26] Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1).

***haon bhearnaí*. *Déanfar na measúnuithe agus aon mholtaí arna ndéanamh ar fáil go poiblí.***

***Bunóidh*** na Ballstáit ***coinníollacha, lena n-áirítear trí straitéisí uas-scilithe agus athscilithe, chun a áirithiú*** go bhfuil ***líon leordhóthanach*** suiteálaithe atá oilte agus cáilithe***, dá dtagraítear i mír 3,*** ar fáil ▌ chun freastal ar an mborradh i dtéamh agus fuarú in-athnuaite atá ag teastáil chun rannchuidiú leis an méadú bliantúil sa sciar d'fhuinneamh in-athnuaite san earnáil téimh agus fuaraithe mar a leagtar amach in Airteagal 23 ***agus leis na spriocanna fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh a leagtar amach in Airteagal 15a, in earnáil an tionscail a leagtar amach in Airteagal 22a agus in earnáil an iompair a leagtar amach in Airteagal 25, agus chun rannchuidiú le baint amach na sprice foriomláine a leagtar amach in Airteagal 3***.

Chun líon leordhóthanach suiteálaithe agus dearthóirí a bhaint amach, áiritheoidh na Ballstáit***, ar choinníoll go bhfuil siad i gcomhoiriúint leis na scéimeanna náisiúnta cáilithe agus deimhniúcháin,*** go gcuirfear cláir oiliúna leordhóthanacha ar fáil a mbeidh cáiliú nó deimhniú lena gcuimseofar teicneolaíochtaí téimh agus fuaraithe in-athnuaite mar thoradh orthu, mar aon leis na réitigh nuálacha is déanaí a bhaineann leo. Cuirfidh na Ballstáit bearta i bhfeidhm chun rannpháirtíocht i gcláir den sórt a chur chun cinn, go háirithe ag fiontair bheaga agus mheánmhéide agus iad siúd atá féinfhostaithe***, mar aon leis an gcothromaíocht inscne agus spriocdhíriú ar mionlaigh áirithe atá faoi ghannionadaíocht a áirithiú. Má tá siad i gcomhoiriúint leis na scéimeanna oiliúna agus cáilithe atá ann cheana féin,*** féadfaidh na Ballstáit comhaontuithe deonacha a chur i bhfeidhm leis na soláthróirí agus na díoltóirí teicneolaíochta iomchuí chun líon leordhóthanach suiteálaithe a chur faoi oiliúint, a fhéadfar a bhunú ar mheastacháin díolacháin, sna réitigh agus teicneolaíochtaí nuálacha is déanaí atá ar fáil ar an margadh.

***Ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 agus sna tuarascálacha ar dhul chun cinn arna gcur isteach de bhun Airteagal 17 den Rialachán sin, déanfaidh na Ballstáit cur síos ar a gcuid beartas agus beart lena gcuirfear chun cinn oiliúint, athsciliú agus uas-sciliú oibrithe i réimse an fhuinnimh in-athnuaite a bheidh cuimsitheach agus ar ardchaighdeán.***

4. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis maidir leis na scéimeanna deimhniúcháin ***nó na scéimeanna cáilíochta coibhéiseacha náisiúnta*** dá dtagraítear i mír 3 ar fáil don phobal. Déanfaidh na Ballstáit liosta ***a thabharfar cothrom le dáta go rialta*** de na suiteálaithe atá cáilithe nó deimhnithe i gcomhréir le mír 3 ▌ ***a chur ar fáil don phobal freisin, ar bhealach trédhearcach agus inrochtana go héasca.***';

***(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:***

***'6a. Aon bhearta a dhéantar faoin Airteagal seo, beidh siad gan dochar do na bearta a dhéantar faoi Threoracha (AE) .../... [Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh] agus (AE) .../... [EPBD].';***

(8) leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

***(-a)	cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:***

***'1. Ar mhaithe lena léiriú do chustaiméirí deiridh tionscnamh an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a bhíonn i meascán fuinnimh soláthróra fuinnimh agus san fhuinneamh arna sholáthar do thomhaltóirí faoi chonarthaí arna margú maidir le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a thomhailt, áiritheoidh na Ballstáit gur féidir tionscnamh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a ráthú mar fhuinneamh in-athnuaite de réir bhrí na Treorach seo, i gcomhréir le critéir oibiachtúla, thrédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha.';***

(a)	leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i)	cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

Chuige sin, áiritheoidh na Ballstáit go n-eiseofar ráthaíocht tionscnaimh má iarrann táirgeoir fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a leithéid. Déanfaidh na Ballstáit ***foráil do chóras aonfhoirmeach*** ráthaíochtaí tionscnaimh ***a bheidh le heisiúint i gcás na hidrigine in-athnuaite***.

***Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, chun críocha luach margaidh na ráthaíochta tionscnaimh a chur san áireamh, gan ráthaíochtaí tionscnaimh a eisiúint do tháirgeoir a fhaigheann tacaíocht airgeadais ó scéim tacaíochta.***

***Tabharfaidh na Ballstáit faisnéis forlíontach isteach le haghaidh ráthaíochtaí tionscnaimh, agus comháireamh dúbailte á sheachaint.***

Féadfar eisiúint ráthaíochta tionscnaimh a chur faoi réir teorainn íosacmhainne. ▌***1 MW***h a bheidh sa ráthaíocht tionscnaimh***, leis an bhféidearthacht codanna di a eisiúint. Déanfar caighdeánú cuí orthu trí*** chaighdeán ***Eorpach CEN-EN16325 agus eiseofar iad arna iarraidh sin ag tairgeoir fuinnimh, ar choinníoll nach mbeidh comháireamh dúbailte mar thoradh air. Tabharfar próisis shimplithe chláraithe agus táillí cláraithe laghdaithe isteach le haghaidh suiteálacha beaga atá níos lú ná 50 kW agus le haghaidh comhphobail fuinnimh. Féadfar ráthaíochtaí tionscnaimh a eisiúint i gcás roinnt suiteálacha beaga a chomhthiomsaítear le chéile***.

Ní eiseofar níos mó ná ráthaíocht tionscnaimh amháin i dtaca le gach aonad fuinnimh a tháirgfear ***agus ní chuirfear san áireamh ach uair amháin é an t-aonad céanna fuinnimh sin***.';

(i ***a***)	scriostar an ***dara fomhír***;

***(i b)	cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) den cheathrú fomhír:***

***'(c)	i gcás nach n-eisítear na ráthaíochtaí tionscnaimh go díreach chuig an táirgeoir ach chuig an soláthróir nó tomhaltóir a cheannaíonn an fuinneamh i dtimpeallacht iomaíoch nó i gcomhaontú ceannacháin cumhachta fuinnimh in-athnuaite fadtéarmach corparáideach.';***

(ii)	scriostar an cúigiú fomhír;

***(aa)	cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:***

***‘4. Chun críocha an nochta dá dtagraítear i mír 8 agus i mír 13, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh cuideachta fuinnimh na ráthaíochtaí tionscnaimh ar ceal sé mhí ar a dhéanaí tar éis dheireadh bhailíocht na ráthaíochta tionscnaimh. Thairis sin, faoin... [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], áiritheoidh na Ballstáit go bhfoilseofar na sonraí maidir lena meascán iarmharach ar bhonn bliantúil.’;***

***(ab) leasaítear an chéad fhomhír de mhír 7 mar a leanas:***

***(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):***

***‘(a) foinse an fhuinnimh ónar táirgeadh an fuinneamh agus na dátaí tosaithe agus deiridh chomh gar d’fhíor-am is féidir, agus é mar chuspóir leis eatraimh ama nach mó ná uair amháin de tháirgeadh;’;***

***(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):***

***‘(c) céannacht, suíomh, crois tairisceana don leictreachas, cineál agus toilleadh na suiteála inar táirgeadh an fuinneamh;’;***

***(iii) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:***

***‘(g) astaíochtaí gás ceaptha teasa thar shaolré an fhuinnimh ráthaithe i gcomhréir le caighdeán ISO 14067:2018;***

***(h) gráinneacht bheacht ama;***

***(i) meaitseáil suíomhanna.’;***

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ▌mhír 8▌ :

‘I gcás ina gceanglaítear ar sholáthróir fuinnimh an tionscnamh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite ina mheascán fuinnimh a léiriú chun críocha Airteagal 3(9), pointe (a) de Threoir 2009/72/CE, déanfaidh sé sin trí ráthaíochtaí tionscnaimh seachas i gcás an sciar de mheascán fuinnimh a chomhfhreagraíonn do thairiscintí tráchtála neamhrianaithe, más ann dóibh, a bhféadfaí an soláthróir an meascán iarmhair a úsáid ina leith.

***I gcás ina gceanglaítear ar sholáthróir fuinnimh an tionscnamh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite ina mheascán fuinnimh a léiriú chun críocha Iarscríbhinn 1, roinn 5 de Threoir (AE) .../... [maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh margaí inmheánacha in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus hidrigin a mholtar le COM/2021/803], déanfaidh sé sin trí ráthaíochtaí tionscnaimh seachas i gcás an sciar de mheascán fuinnimh a chomhfhreagraíonn do thairiscintí tráchtála neamhrianaithe, más ann dóibh, a bhféadfaí an soláthróir an meascán iarmhair a úsáid ina leith.***

***I gcás ina bhfuil ráthaíochtaí tionscnaimh socraithe ag na Ballstáit do chineálacha eile fuinnimh, bainfidh soláthróirí leas, maidir leis an nochtadh sin, as an cineál céanna ráthaíochtaí tionscnaimh as ar bhain sé leas i gcás an fhuinnimh a soláthraíodh. Thairis sin, nuair a ídíonn an custaiméir gás ó ghréasán hidrigine nó gáis nádúrtha, féadfaidh na Ballstáit a áirithiú go gcomhfhreagraíonn na ráthaíochtaí tionscnaimh a chuirtear ar ceal do***

*shaintréithe ábhartha an ghréasáin. Ar an gcuma chéanna, is féidir ráthaíochtaí tionscnaimh arna gceapadh de bhun Airteagal 14(10) de Threoir 2012/27/AE a úsáid chun cainníocht an leictreachais arna tháirgeadh ó chomhghiniúint ardéifeachtúlachta a léiriú, i gcás ina gceanglaítear an cruthú sin. Chun críocha mhír 2 den Airteagal seo, i gcás ina ngintear leictreachas ó chomhghiniúint ardéifeachtúlachta trí fhoinsí in-athnuaite a úsáid, ní féidir ach ráthaíocht tionscnaimh amháin ina sonrófar an dá shaintréith a eisiúint.';*

*(ba)* *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:*

*'9. Aithneoidh na Ballstáit ráthaíochtaí tionscnaimh arna n-eisiúint ag Ballstáit eile i gcomhréir leis an Treoir seo, agus leis an Treoir seo amháin, mar fhianaise i gcás na n-eilimintí dá dtagraítear i mír 1 agus i bpointí (a) go (i) den chéad fhomhír de mhír 7. Ní fhéadfaidh Ballstát diúltú ráthaíocht tionscnaimh a aithint ach amháin i gcás ina bhfuil amhras air, agus bunús maith leis, i dtaobh chruinneas, iontaofacht nó fhírinneacht na ráthaíochta. Tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún faoi dhiúltú den sórt sin agus faoi chúis an diúltaithe.';*

*(bb)* *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 11:*

*'11. Ní aithneoidh na Ballstáit ráthaíochtaí tionscnaimh arna n-eisiúint ag tríú tír ach amháin i gcás ina bhfuil an tAontas tar éis comhaontú a thabhairt chun críche leis an tríú tír sin i dtaobh aitheantas frithpháirteach a thabhairt ar ráthaíochtaí tionscnaimh arna n-eisiúint san Aontas agus ar chórais um ráthaíochtaí comhoiriúnacha tionscnaimh arna mbunú sa tríú tír sin, i gcás ina mbíonn onnmhairiú nó allmhairiú fuinnimh á dhéanamh go díreach, agus sa chás sin amháin. Eiseoidh an Coimisiún treoirlínte lena soiléirítear ceanglais an Aontais maidir le haitheantas a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh arna n-eisiúint ag tríú tír, lena n-áirítear na coinníollacha rialachais foluiteacha gaolmhara, ar mhaithe le baint amach comhaontuithe den sórt sin le tríú tíortha a chuíchóiriú agus dlús a chur leo.*

*Faoi ... [aon bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], eiseoidh an Coimisiún treoir maidir le coimircí ábhartha d'aistrithe trasteorann.';*

*(bc)* *cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 13:*

*'13. Glacfaidh an Coimisiún tuarascáil faoin 30 Meitheamh 2025 ina ndéanfar measúnú ar na roghanna atá ann maidir le lipéad glas uile-Aontais a bhunú d'fhonn úsáid an fhuinnimh in-athnuaite a thagann ó shuiteálacha nua a chur chun cinn. Úsáidfidh soláthróirí an fhaisnéis atá sna ráthaíochtaí tionscnaimh lena léiriú go gcomhlíontar ceanglais an lipéid sin.';*

*(bd)* *cuirtear an mhír seo a leanas leis:*

*'13a. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar fheidhmiú an chórais ráthaíochtaí tionscnaimh agus déanfaidh sé measúnú faoin 30 Meitheamh 2025 ar an gcothromaíocht idir soláthar agus éileamh na ráthaíochtaí tionscnaimh sa mhargadh agus i gcás míchothromaíochtaí, sainaithneoidh sé cúinsí ábhartha a dhéanann difear don soláthar agus don éileamh agus molfaidh sé bearta lena gceartaítear aon mhíchothromaíochtaí struchtúracha*

***a d'fhéadfadh a bheith ann d'fhonn tacú le margaí díriú ar shuiteálacha nua in-athnuaite.';***

(9) in Airteagal 20, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Faoi réir an mheasúnaithe a dhéanfaidh siad a bheidh ina chuid de na pleananna comhtháite náisiúnta don fhuinneamh agus don aeráid i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999 maidir leis an ngá go dtógfaí bonneagar nua ***nó go ndéanfaí nuachóiriú ar bhonneagar atá ann cheana*** don téamh agus fuarú ceantair ó fhoinsí in-athnuaite chun cuspóir an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1) den Treoir seo a bhaint amach, glacfaidh na Ballstáit, ***i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh,*** i gcás inarb ábhartha, na céimeanna is gá d'fhonn bonneagar a fhorbairt don téamh agus don fhuarú ceantair ar mhaithe le forbairt téimh agus fuaraithe ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn, ▌ i gcomhar le stóráil fuinnimh theirmigh***, córais freagartha éilimh agus suiteálacha cumhachta chun teasa***.

***3a. I gcomhréir leis an dlí ábhartha maidir leis an margadh leictreachais, déanfaidh na Ballstáit, i gcás inarb ábhartha, na gníomhaíochtaí is gá chun leictreachas eadrannach in-athnuaite a chomhtháthú san eangach agus cobhsaíocht na heangaí agus slándáil an tsoláthair á n-áirithiú ag an am céanna.***';

(10) cuirtear an tAirteagal 20a seo a leanas leis:

*'Airteagal 20a*

**Comhtháthú córais de leictreachas in-athnuaite a éascú**

'1. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar na hoibreoirí córais tarchurtha ***agus, má tá siar ar fáil go teicniúil,*** oibreoirí córais dáileacháin ina gcríoch faisnéis a chur ar fáil maidir leis an sciar de leictreachas in-athnuaite agus an cion astaíochtaí gás ceaptha teasa den leictreachas arna sholáthar i ngach crios tairisceana, a chruinne is féidir agus chomh gar d'fhíor-am is féidir ach in eatraimh ama nach mó ná uair amháin, le réamhaisnéis i gcás inar féidir. ***Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil rochtain ag oibreoirí córais dáileacháin ar na sonraí is gá. Mura bhfuil rochtain acu, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, ar na sonraí uile is á, cuirfidh siad an córas tuairiscithe sonraí atá ann cheana faoi ENTSO-E i bhfeidhm, i gcomhréir le forálacha Threoir 2019/944. Ní bheidh oibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí córais dáileacháin faoi dhliteanas i leith earráidí réamhaisnéisithe, meastúcháin nó ríomha de bharr cúinsí seachtracha. Dreasóidh na Ballstáit uasgráduithe ar eangacha cliste chun faireachán níos fearr a dhéanamh ar chothromaíocht na heangaí agus chun faisnéis fíor-ama*** a chur ar fáil**.**

***Má tá siad ar fáil go teicniúil, ba cheart go gcuirfeadh oibreoirí córais dáileacháin sonraí anaithnidithe agus comhiomlánaithe ar fáil freisin maidir leis an acmhainneacht freagartha don éileamh agus maidir leis an leictreachas in-athnuaite arna ghiniúint ag féintomhaltóirí agus ag comhphobail fuinnimh in-athnuaite agus arna instealladh isteach san eangach***.

***1 a.*** Cuirfear an fhaisnéis ***agus na sonraí dá dtagraítear i mír 1*** ar fáil go digiteach ar bhealach lena n-áiritheofar ***idir-inoibritheacht bunaithe ar fhormáidí comhchuibhithe sonraí agus tacair chaighdeánaithe sonraí ionas*** gur féidir le rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais, comhbhailitheoirí, tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh iad a úsáid ***ar bhealach neamh-idirdhealaitheach*** agus gur féidir iad a léamh le gléasanna cumarsáide leictreonaí ▌.

2. I dteannta na gceanglas sa [togra le haghaidh Rialachán maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020], ***glacfaidh*** na Ballstáit bearta ***lena gceanglófar ar mhonaróirí*** de cheallraí baile agus tionsclaíocha rochtain fíor-ama ar fhaisnéis maidir leis an gcóras bainistíochta ceallra bunúsaigh ***a chumasú***, lena n-áirítear toilleadh ceallra, staid sláinte, staid luchtaithe agus pointe socraithe cumhachta, chuig úinéirí agus úsáideoirí ceallraí chomh maith le tríú páirtithe ag feidhmiú ar a son***, le toiliú sainráite agus i gcomhréir leis na forálacha ábhartha a leagtar amach i Rialachán (AEO 2016/79,*** amhail cuideachtaí bainistíochta cumhachta foirgneamh agus rannpháirtí sa mhargadh leictreachais, faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha ***agus gan aon chostas***.

***Faoi ... [6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaitheach seo], glacfaidh*** na Ballstáit ***bearta lena gceanglófar ar mhonaróirí*** feithicle sonraí infheithicle a chur ar fáil i bhfíor-am, sonraí infheithicle a bhaineann le staid sláinte ceallra, staid luchtaithe ceallra, pointe socraithe cumhachta ceallra ***agus*** toilleadh ceallra ▌ chuig úinéirí agus úsáideoirí feithiclí leictreacha, chomh maith le tríú páirtithe ag gníomhú thar ceann na n-úinéirí agus na n-úsáideoirí ***le toiliú sainráite***, amhail rannpháirtí sa mhargadh leictreachais agus soláthróirí seirbhíse leictrea-shoghluaisteachta, faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha agus ***saor in aisce d'úinéirí nó úsáideoirí ceallraí agus do na heintitis ag gníomhú ar a son,*** anuas ar cheanglais bhreise maidir leis na rialacháin um chineálcheadú agus faireachas margaidh ***agus i gcomhréir iomlán leis na forálacha ábhartha i Rialachán (AE) 2016/679***. ***I gcomhréir leis an Rialachán maidir le Ceallraí, roinnfear sonraí mar shonraí 'inléite amháin', agus ar gcaoi sin cuirfear cosc ar thríú páirtithe paraiméadair na sonraí a mhodhnú.***

***Áiritheoidh na Ballstáit ▌ go ndéanfaidh monaróirí córas cliste téimh agus fuaraithe, aonad stórála fuinnimh theirmigh agus gléasanna cliste eile lena n-éascaítear do thomhaltóirí freagairt don éileamh a sholáthar don chóras fuinnimh, chun rochtain fíor-ama a thabhairt d'úsáideoirí ar shonraí atá ábhartha chun fhreagairt don éileamh faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha saor in aisce, agus do thríú páirtithe a ghníomhaíonn thar ceann na n-úinéirí agus na n-úsáideoirí le thoiliú sainráite agus i gcomhréir iomlán leis na forálacha ábhartha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/679***.

3. Chomh maith leis na ceanglais sa [togra le haghaidh Rialacháin maidir le leas a bhaint as bonneagar breosla ionadúil, lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE], áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfadh pointí athluchtaithe gnáthchumhachta nach bhfuil rochtain ag an bpobal orthu a shuiteálfar ina ndlínse ó [sprioc-am iompair na Treorach leasaithí seo] tacú le feidhmiúlachtaí luchtaithe cliste ***agus comhéadan a dhéanamh le córais méadraithe cliste, nuair atá siad in úsáid ag Ballstáit agus***, i gcás inarb iomchuí bunaithe ar an údarás rialála, feidhmiúlachtaí luchtaithe déthreocha ***a leagtar amach in Airteagal 14(4) de Rialachán ... [Rialachán maidir le Bonneagar***

***Breoslaí Malartacha] agus arna measúnú ag údaráis rialála maidir leis an rannchuidiú a d'fhéadfadh a bheith acu***.

4. ***Áiritheoidh*** na Ballstáit ***go mbeidh baint ag gach modh giniúna leictreachais, lena n-áirítear aonaid táirgthe leictreachais in-athnuaite, le seirbhísí córais agus cothromúcháin a sholáthar. Áiritheoidh na Ballstáit freisin*** nach ndéanfaidh an creat rialála náisiúnta idirdhealú i gcoinne rannpháirtíocht sna margaí leictreachais, lena n-áirítear bainistiú ar phlódú agus seirbhísí solúbthachta agus seirbhísí cothromúcháin ***do na gréasáin leictreachais agus do na gréasáin téimh agus fuaraithe ceantair, soláthraithe stórála agus solúbthachta fuinnimh mar aon le seirbhísí cothromúcháin*** córas beag nó móibíleach amhail ceallraí baile ***agus comhphobail*** agus feithiclí leictreacha a sholáthar, ***mar aon le hacmhainní fuinnimh díláraithe a bhfuil toilleadh faoi bhun 1MW acu a bheith rannpháirteach sa chóras, aonaid stórála fuinnimh theirmigh, cumhacht go gás, teaschaidéil agus teicneolaíochtaí eile atá in ann solúbthacht a thabhairt***, go díreach agus trí chomhiomlánú.'; ***Cuirfidh na Ballstáit cothrom iomaíochta ar fáil do ghníomhaithe margaidh beaga, go háirithe comhphobail fuinnimh in-athnuaite, ionas go mbeidh siad in ann a bheith rannpháirteach sa mhargadh gan ualach díréireach riaracháin nó rialála a bheith orthu.***';

***4 a. Áiritheoidh na Ballstáit go gceadófar leis an gcreat rialála náisiúnta do chustaiméirí deiridh comhaontuithe conarthacha a dhéanamh le rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais agus le soláthraithe seirbhíse leictrea-shoghluaisteachta chun faisnéis a fháil maidir le téarmaí an chomhaontaithe, lena n-áirítear a gcosaint sonraí pearsanta, agus a impleachtaí do na tomhaltóirí, lena n-áirítear an luach saothair don tsolúbthacht.';***

(11) cuirtear an tAirteagal 22a seo a leanas leis:

'Airteagal 22a

**Príomhshruthú an fhuinnimh in-athnuaite sa tionsclaíocht**

1. Féachfaidh na Ballstáit le sciar na bhfoinsí in-athnuaite i méid na bhfoinsí fuinnimh a úsáidtear chun críocha fuinnimh deiridh agus chun críocha neamhfhuinnimh san earnáil tionsclaíochta a mhéadú trí mheánmhéadú bliantúil táscach ***1.9*** pointe céatadáin faoi 2030. ***Déanfar an méadú sin a ríomh mar mheán thar thréimhsí trí bliana, i.e. 2024 go 2027 agus 2027 go 2030.***

Áireoidh na Ballstáit ***na beartais agus*** na bearta a bheartaítear agus a glacadh chun an méadú táscach sin a bhaint amach ina bpleananna náisiúnta comhtháite fuinnimh agus aeráide agus ina dtuarascálacha ar dhul chun cinn arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3, 14 agus 17 de Rialachán (AE) 2018/1999. ***Cuirfear san áireamh sna bearta sin leictriú bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite ar phróisis thionsclaíocha nuair a mheastar gur rogha chostéifeachtach é. Agus bearta á nglacadh chun sciar an fhuinnimh in-athnuaite sa tionscal a mhéadú, comhlíonfaidh na Ballstáit bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh.***

***Bunóidh na Ballstáit creat rialála lena bhféadfar bearta tacaíochta don tionscal a áireamh i gcomhréir le hAirteagal 3(4a) agus cuirfidh siad glacadh foinsí in-***

***athnuaite agus hidrigine in-athnuaite arna dtomhailt ag an tionscal chun cinn, agus éifeachtacht agus iomaíochas idirnáisiúnta á gcur san áireamh go hiomlán, de réamhchoinníollacha riachtanacha maidir le húsáid fuinnimh in-athnuaite a ghlacadh sa tionscal. Go háirithe, ba cheart don chreat sin dul i ngleic le bacainní rialála, riaracháin agus eacnamaíocha i gcomhréir le hAirteagal 3(4a) agus Airteagal 15(8).***

Áiritheoidh na Ballstáit go ***mbeidh***, faoi 2030, 50 % den hidrigin a úsáidfear chun críocha fuinnimh deiridh agus chun críocha neamhfhuinnimh san earnáil tionsclaíochta ***ag teacht*** ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch arna n-úsáid chun críocha fuinnimh deiridh agus chun críocha neamhfhuinnimh. ***Áiritheoidh na Ballstáit go dtiocfaidh, faoi 2035, 70 % ar a laghad den hidrigin a úsáidfear chun críoch fuinnimh deiridh agus chun críoch neamhfhuinnimh in earnáil na tionsclaíochta ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch arna n-úsáid chun críoch fuinnimh deiridh agus chun críoch neamhfhuinnimh. Déanfaidh an Coimisiún anailís ar an bhfáil atá ar bhreoslaí de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch in 2026 agus gach bliain ina dhiaidh sin.*** Chun ***an céatadán*** a ríomh, cuirfear na rialacha seo a leanas i bhfeidhm:

(a) Chun an t-ainmneoir a ríomh, cuirfear san áireamh luach fuinnimh hidrigine chun críocha fuinnimh deiridh agus chun críocha neamhfhuinnimh, seachas hidrigin a úsáidtear mar tháirgí idirmheánacha chun gnáthbhreoslaí iompair a tháirgeadh ***agus hidrigin a tháirgtear mar fhotháirge nó a dhíorthaítear ó fhotháirgí in suiteálacha tionsclaíocha;***

(b) Chun an t-uimhreoir a ríomh, cuirfear san áireamh luach fuinnimh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a ídítear san earnáil tionsclaíochta chun críocha fuinnimh deiridh agus neamhfhuinnimh, seachas breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a úsáidtear mar tháirgí idirmheánacha chun ***breoslaí*** iompair a tháirgeadh.

(c) Chun an t-uimhreoir agus an t-ainmneoir araon a ríomh, úsáidfear na luachanna a bhaineann le luach fuinnimh breoslaí a leagtar amach in Iarscríbhinn III.

***Faoin 31 Eanáir 2026, tar éis na rialacha dá dtagraítear i mír 1 a bhunú, déanfaidh an Coimisiún measúnú, i bhfianaise forbairtí rialála, teicniúla agus eolaíocha, an bhfuil sé iomchuí agus an bhfuil údar maith ann fosprioc RFNBOnna do 2030 a oiriúnú, agus, i gcás inarb iomchuí, leasóidh sé an t-airteagal sin chun na críche sin, agus beidh measúnú tionchair ag gabháil leis.***

***Chun úsáid réiteach fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn le haghaidh teas tionsclaíoch ísealteochta agus meánteochta, féachfaidh na Ballstáit le hinfhaighteacht roghanna malartacha in-athnuaite atá inmharthana go heacnamaíoch agus indéanta go teicniúil ar úsáid fuinnimh atá bunaithe ar bhreosla iontaise le haghaidh feidhmeanna teasa tionsclaíocha a mhéadú agus é mar chuspóir leis deireadh a chur le húsáid breosla iontaise le haghaidh feidhmeanna a éilíonn uasteochtaí téimh suas le 200 céim Celsius faoi 2027 ar a dhéanaí.***

▌

***1a. Faoin... [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], forbróidh an Coimisiún straitéis dhomhanda maidir le hallmhairiú hidrigine chun***

***margadh hidrigine Eorpach a chur chun cinn. Comhlánófar leis an straitéis sin tionscnaimh chun táirgeadh hidrigine intíre laistigh den Aontas a chur chun cinn, lena dtacófar le cur chun feidhme na Treorach seo agus le baint amach na spriocanna a leagtar amach inti, agus aird chuí á tabhairt ar shlándáil an tsoláthair agus ar neamhspleáchas straitéiseach an Aontais maidir le fuinneamh. Beidh sé d'aidhm ag na bearta a áireofar sa straitéis cothrom iomaíochta a chur chun cinn, bunaithe ar rialacha nó caighdeáin choibhéiseacha i dtríú tíortha ó thaobh chosaint an chomhshaoil agus na hinbhuanaitheachta de agus an t-athrú aeráide a mhaolú. Áireofar sa straitéis garspriocanna agus bearta táscacha le haghaidh allmhairí. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí a ghlacadh chun an straitéis a chur chun feidhme ina bpleananna náisiúnta comhtháite fuinnimh agus aeráide agus ina dtuarascálacha ar dhul chun cinn arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3, 14 agus 17 de Rialachán (AE) 2018/1999. Thairis sin, cuirfear san áireamh sa straitéis freisin an gá atá le forbairt a dhéanamh ar an rochtain atá ag pobail áitiúla ar fhuinneamh.';***

(12) leasaítear Airteagal 23 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Chun úsáid fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn in earnáil an téimh agus an fhuaraithe, féachfaidh gach Ballstát leis an sciar fuinnimh in-athnuaite arna sholáthar don earnáil sin a ardú ***2.3*** pointe céatadáin ***táscach***, ar meán bliantúil é sin, arna ríomh don tréimhse 2021 go 2025 agus don tréimhse 2026 go 2030, ag tosú ó sciar an fhuinnimh in-athnuaite in earnáil an téimh agus an fhuaraithe in 2020, méadú a shloinntear i dtéarmaí an sciar náisiúnta den olltomhaltas deiridh fuinnimh agus a ríomhtar de réir na modheolaíochta a leagtar amach in Airteagal 7.

Beidh an méadú sin cothrom le ***2.8*** pointe céatadáin i gcás na mBallstát ina n-úsáidtear dramhtheas agus dramhfhuacht. Sa chás sin, féadfaidh na Ballstáit dramhtheas agus dramhfhuacht a chomhaireamh suas le 40 % den mheánardú bliantúil.';

(b) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

'1a. ***Chun tuairisc iomlán a thabhairt don Choimisiún ar na héagsúlachtaí suntasacha atá ann i leibhéal an éilimh ar theas tionsclaíoch ar fud an Aontais,*** déanfaidh na Ballstáit measúnú ar a n-acmhainneacht fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus ar an úsáid a bhaintear as dramhtheas agus dramhfhuacht san earnáil téimh agus fuaraithe lena n-áirítear ***anailís chostas is tairbhe lena gcumhdaítear na seachtrachtaí dearfacha uile***, i gcás inarb iomchuí, anailís ar limistéir atá oiriúnach lena n-úsáid gan ach riosca íseal éiceolaíoch agus ar an acmhainneacht atá ann le haghaidh tionscadail teaghlaigh ar scála beag. ***Fiontair bheaga agus mheánmhéide, siombóisí tionsclaíocha agus a d'fhoirgnimh thráchtála, leagfaidh siad amach aon cheanglais bhonneagair le rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach***. ***Sa*** mheasúnú***, breithneofar ar na teicneolaíochtaí atá ar fáil agus indéanta go heacnamaíoch le haghaidh úsáidí tionsclaíocha agus baile chun*** garspriocanna agus

bearta ***a leagan amach*** chun ▌***foinsí in-athnuaite fuinnimh*** a mhéadú i dtéamh agus i bhfuarú agus, i gcás inarb iomchuí, úsáid ***na*** dramhtheasa agus ***na*** dramhfhuachta ***a mhéadú*** trí théamh agus fuarú ceantair ***agus teaghlaigh mhionscála agus FBManna*** d'fhonn straitéis náisiúnta fhadtéarmach a bhunú chun ***astaíochtaí gás ceaptha teasa agus an truailliú aeir a thagann ó théamh*** agus fuarú ***a laghdú***. ***Cuirfear san áireamh sa straitéis sin an leibhéal éagsúil cáilíochta teasa (ardteocht, meánteocht, ísealteocht) a bhaineann go sonrach le próisis agus úsáidí éagsúla***. Beidh an measúnú ***i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh agus*** mar chuid de na pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999, measúnú a ghabhfaidh leis an measúnú cuimsitheach ar théamh agus ar fhuarú a cheanglaítear le hAirteagal 14(1) de Threoir 2012/27/AE.';

(c) i mír 2, scriostar an chéad fhomhír, pointe (a).

***(ca) i mír 2, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:***

***'Cuirfidh na Ballstáit faisnéis ar fáil go háirithe d'úinéirí nó do thionóntaí foirgneamh agus do FBManna maidir le bearta cost-éifeachtúla, agus ionstraimí airgeadais, chun feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as fuinneamh in-athnuaite sna córais téimh agus fuaraithe. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis ar fáil trí uirlisí comhairleacha inrochtana agus trédhearcacha a bheidh bunaithe in ionaid ilfhreastail.';***

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Chun an meánardú bliantúil dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1 a bhaint amach, ***déanfaidh*** na Ballstáit ***ar a laghad trí cinn*** de na bearta seo a leanas a chur chun feidhme:

(a) fuinneamh in-athnuaite nó dramhtheas agus dramhfhuacht a ionchorpú go fisiciúil sna foinsí fuinnimh agus sna breoslaí arna soláthar i gcomhar téimh agus fuaraithe;

(b) córais téimh agus fuaraithe fuinnimh in-athnuaite ardéifeachtúla a shuiteáil i bhfoirgnimh, ***foirgnimh a nascadh le córais téimh agus fuaraithe ceantair ardéifeachtúla,*** nó fuinneamh in-athnuaite nó dramhtheas agus dramhfhuacht a úsáid sna próisis téimh agus fuaraithe thionsclaíocha;

(c) bearta arna gcumhdach ag teastais intrádála lena bhfianaítear comhlíonadh na hoibleagáide arna leagan síos i mír 1, an chéad fhomhír, trí thacú le bearta suiteála faoi phointe (b) den mhír seo, arna ndéanamh ag oibreoir eacnamaíoch eile amhail suiteálaí neamhspleách teicneolaíochta in-athnuaite nó ag cuideachta seirbhíse fuinnimh a sholáthraíonn seirbhísí suiteála i leith fuinneamh in-athnuaite;

(d) fothú acmhainní d'údaráis náisiúnta***, réigiúnacha*** agus áitiúla chun ***acmhainneacht áitiúil téimh agus fuaraithe in-athnuaite a mhapáil agus*** chun

tionscadail agus bonneagair in-athnuaite a phleanáil***,*** ▌ a chur chun feidhme ***agus chun comhairle a thabhairt ina leith***;

(e) creataí maolaithe riosca a chruthú chun costas an chaipitil do thionscadail in-athnuaite teasa agus fuaraithe ***agus tionscadail dramhtheasa agus dramhfhuachta*** a laghdú***, inter alia tionscadail níos lú a chuachadh chomh maith le tionscadail den sórt sin a nascadh ar bhealach níos iomlánaíche le bearta eile éifeachtúlachta fuinnimh agus athchóirithe foirgneamh***;

(f) comhaontuithe ceannacháin ***téimh agus fuaraithe in-athnuaite*** a chur chun cinn do thomhaltóirí corparáideacha agus do thomhaltóirí beaga comhchoiteanna;

(g) scéimeanna athsholáthair atá beartaithe maidir le ***foinsí*** iontaise téimh, córais ***téimh nach bhfuil comhoiriúnach le foinsí in-athnuaite*** nó scéimeanna chun deireadh a chur le céimniú amach iontaise lena ngabhann garspriocanna;

(h) pleanáil teasa in-athnuaite, lena gcuimsítear fuarú, ceanglais ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach;

(i) bearta beartais eile, a bhfuil éifeacht choibhéiseach acu, lena n-áirítear bearta fioscacha, scéimeanna tacaíochta nó dreasachtaí airgeadais eile ***a rannchuidíonn le trealamh in-athnuaite téimh agus fuaraithe a shuiteáil agus gréasáin fuinnimh a sholáthraíonn fuinneamh in-athnuaite don téamh agus don fhuarú i bhfoirgnimh agus sa tionscal a fhorbairt;***

***(j) táirgeadh bithgháis agus a hinstealladh isteach san eangach gháis a chur chun cinn, seachas é a úsáid chun leictreachas a tháirgeadh;***

***(k) bearta lena gcuirtear chun cinn comhtháthú na dteicneolaíochtaí stórála fuinnimh theirmigh i gcórais téimh agus fuaraithe;***

***(l) gréasáin téimh agus fuaraithe ceantair in-athnuaite atá faoi úinéireacht tomhaltóirí a chur chun cinn, go háirithe ag comhphobail fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear trí bhearta rialála, socruithe maoiniúcháin agus tacaíocht.***

Agus na bearta sin á nglacadh agus á gcur chun feidhme acu, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag na tomhaltóirí go léir orthu, lena n-áirítear iad siúd ar tionóntaí iad, go háirithe iad siúd atá i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó i dteaghlaigh leochaileacha agus ceanglóidh siad go gcuirfear chun feidhme sciar suntasach beart mar thosaíocht i dteaghlaigh atá ina gcónaí faoi bhochtaineacht fuinnimh mar a shainmhínítear i dTreoir ... [Treoir Athmhúnlaithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh] agus i dtithíocht shóisialta, nach mbeadh dóthain caipitil tosaigh acu chun tairbhe a bhaint as murach sin.;

(13) leasaítear Airteagal 24 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. ***Tacóidh na Ballstáit le gréasáin téimh agus fuaraithe ceantair inathnuaite 4ú agus 5ú glúin atá ann cheana a athchóiriú agus a fhorbairt atá an-éifeachtúil agus a chothaítear go heisiach le foinsí inathnuaite fuinnimh agus le dramhtheas nó dramhfhuacht dosheachanta, tar éis anailís dhearfach eacnamaíoch agus chomhshaoil sochair a dhéanamh arna déanamh i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis áitiúla lena mbaineann’;*** Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis faoin bhfeidhmíocht fuinnimh, faoi na hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus faoin sciar fuinnimh in-athnuaite atá ina ngréasáin téimh agus fuaraithe ceantair ar fáil do na tomhaltóirí deiridh, ar bhealach ina mbeidh rochtain éasca uirthi, amhail faisnéis ar bhillí nó ar shuíomhanna gréasáin soláthróirí agus ar iarratas. Déanfar an fhaisnéis maidir leis an sciar fuinnimh in-athnuaite a shloinneadh ar a laghad mar chéatadán d’olltomhaltas deiridh téimh agus fuaraithe arna shannadh do chustaiméirí córais téimh agus fuaraithe ceantair ar leith, lena n-áirítear faisnéis faoin méid fuinnimh a úsáideadh chun aonad amháin téimh a sholáthar don chustaiméir nó don úsáideoir deiridh.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4.Déanfaidh na Ballstáit iarracht sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite, lena n-áirítear an teas a ghintear ó leictreachas ó fhoinsí fuinnimh inathnuaite, agus ó dhramhtheas agus dramhfhuacht ó théamh agus fuarú ceantair a mhéadú 2.3 pointe céatadáin ar a laghad, ar meán bliantúil é, arna ríomh don tréimhse 2021 go 2025 agus don tréimhse 2026 go 2030, ag tosú le sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite, lena n-áirítear teas a ghintear ó leictreachas ó fhoinsí fuinnimh inathnuaite, agus ó dhramhtheas agus dramhfhuacht ó théamh agus fuarú ceantair in 2020, agus leagfaidh siad síos na bearta is gá chun na críche sin. Déanfar an sciar fuinnimh inathnuaite sin a shloinneadh i dtéarmaí sciar olltomhaltais deiridh fuinnimh i dtéamh agus fuarú ceantair arna gcoigeartú i gcomhréir le gnáth-mheánchoinníollacha aeráide.

Na Ballstáit a bhfuil sciar fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus ó dhramhtheas agus ó dhramhfhuacht san earnáil teasa agus fuaraithe ceantair acu atá os cionn 60 %, féadfaidh siad aon sciar mar sin a áireamh mar chomhlíonadh ar an meánardú bliantúil dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Leagfaidh na Ballstáit síos na bearta is gá chun an meánardú dá dtagraítear sa chéad fhomhír den phointe seo a chur chun feidhme ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide de bhun Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2018/1999.’;

(c) cuirtear an mhír 4 a seo a leanas isteach:

‘4a. Áiritheoidh na Ballstáit go molfar d’oibreoirí na gcóras téimh agus fuaraithe ceantair os cionn acmhainn 25 MWth ceangal le soláthróirí tríú páirtí fuinnimh a sholáthraíonn fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite, ó dhramhtheas agus ó dhramhfhuacht nó go molfar dóibh tairiscint a dhéanamh ceangal a dhéanamh leo agus teas nó fuacht a cheannach ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh agus ó dhramhtheas agus dramhfhuacht ó sholáthróirí tríú páirtí bunaithe ar chritéir neamh-idirdhealaitheacha a bheidh le leagan

amach ag an mBallstát lena mbaineann má tá an ceangal sin indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch agus i gcás inar gá do na hoibreoirí sin ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a dhéanamh:

(a) freastal ar an éileamh ó chustaiméirí nua;

(b) acmhainneacht eile a chur in ionad na hacmhainneachta giniúna teasa nó fuachta atá ann cheana;

(c) an acmhainneacht giniúna teasa nó fuachta atá ann cheana a mhéadú.';

***Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh leictreachas inathnuaite a úsáidtear do théamh agus fuarú ceantair a áireamh sa mheánmhéadú bliantúil a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo. Ní chuirfear san áireamh leictreachas inathnuaite a áirítear i bpointe (b) d'Airteagal 7(1) chun na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 7(1), pointe (a) a bhaint amach.***

***I gcás ina gcinnfidh na Ballstáit leictreachas inathnuaite a úsáidtear i dtéamh agus i bhfuarú ceantair a áireamh, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún faoi sula dtabharfar an sásra sin isteach.*** Déanfaidh na Ballstáit an méid leictreachais inathnuaite arna úsáid i dtéamh agus fuarú ceantair a áireamh ina dtuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1999.

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5 agus mhír 6:

'5. Féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt d'oibreoir córais téimh nó fuaraithe ceantair diúltú é a cheangal agus teas nó fuacht a cheannach ó sholáthróir tríú páirtí in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) níl an acmhainn riachtanach sa chóras de dheasca soláthairtí eile teasa nó fuachta ó fhoinsí in-athnuaite nó de dheasca dramhtheasa agus dramhfhuachta;

(b) ní chomhlíonann an teas nó an fuacht ón soláthróir tríú páirtí na paraiméadair theicniúla atá riachtanach chun ceangal leis an gcóras agus chun oibríocht iontaofa, shábháilte an chórais téimh agus fuaraithe ceantair a áirithiú;

(c) féadfaidh an t-oibreoir a léiriú, trí rochtain a sholáthar, go mbeadh ardú iomarcach ar an gcostas teasa nó fuachta do thomhaltóirí deiridh i gcomparáid leis an gcostas a bhaineann leis an bpríomhsholáthair áitiúil teasa nó fuachta a úsáid, an ceann lena mbeadh an fhoinse in-athnuaite nó dramhtheas agus dramhfhuacht ag dul in iomaíocht.

(d) comhlíonann córas an oibreora an sainmhíniú ar théamh agus ar fhuarú éifeachtúil ceantair atá leagtha amach in [Airteagal x den athmhúnlú atá beartaithe ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh].

Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndiúltaíonn oibreoir córais téimh agus fuaraithe ceantair soláthróir téimh nó fuaraithe a cheangal leis an gcóras de bhun na chéad fhomhíre, go gcuirfidh an t-oibreoir sin faisnéis ar na cúiseanna leis an diúltú, chomh maith leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh agus bearta le glacadh sa chóras chun go bhféadfaí an ceangal a chumasú, ar fáil don údarás inniúil. Áiritheoidh na

Ballstáit go mbeidh próiseas iomchuí i bhfeidhm chun diúltú nach bhfuil bonn cirt leis a leigheas.

6. I gcás inar gá, cuirfidh na Ballstáit creat comhordúcháin i bhfeidhm idir oibreoirí an chórais téimh agus fuaraithe ceantair agus na foinsí dramhtheasa agus dramhfhuachta a d’fhéadfadh a bheith ann sna hearnálacha tionsclaíocha agus treasacha chun úsáid dramhtheasa agus dramhfhuachta a éascú. Áiritheofar leis an gcreat comhordúcháin go gcuirfear i bhfeidhm bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh agus go n-éascófar idirphlé maidir le húsáid dramhtheasa agus dramhfhuachta lena mbaineann an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) oibritheoirí córais téimh agus fuaraithe ceantair;

(b) fiontair san earnáil thionsclaíoch agus threasach a ghineann dramhtheas agus dramhfhuacht is féidir a aisghabháil go heacnamaíoch trí chórais téimh agus fuaraithe ceantair, amhail lárionaid sonraí, gléasraí tionsclaíocha, foirgnimh mhóra tráchtála, saoráidí stórála fuinnimh, agus iompar poiblí; ▌

(c) údaráis áitiúla atá freagrach as bonneagair fuinnimh a phleanáil agus a fhormheas;

***(d) saineolaithe eolaíocha atá ag obair ar na córais úrscothacha téimh agus fuaraithe ceantair is déanaí atá lán-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus bunaithe go hiomlán ar fhoinsí inathnuaite;***

***(e)*** comhphobail fuinnimh inathnuaite a bhfuil baint acu le téamh agus fuarú.’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 8, 9 agus 10:

‘8. Gach 4 bliana ar a laghad, bunóidh na Ballstáit creat faoina ndéanfaidh na hoibreoirí córas dáileacháin leictreachais, i gcomhar le hoibreoirí na gcóras téimh nó fuaraithe ceantair ina réigiún féin, measúnú ar an acmhainn is féidir a bhaint as córais téimh agus fuaraithe ceantair chun seirbhísí cothromúcháin agus seirbhísí córais eile, lena n-áirítear freagairt don éileamh agus stóráil farasbarr leictreachais arna tháirgeadh ó fhoinsí láraithe agus díláraithe in-athnuaite agus measúnú a dhéanamh freisin ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh sé níos acmhainn-éifeachtúla agus níos costéifeachtúla, le hais réitigh mhalartacha, úsáid a bhaint as an acmhainn a sainaithníodh sa mheasúnú sin, i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh.

Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh na hoibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin leictreachais aird chuí ar thorthaí an mheasúnaithe a cheanglaítear faoin gcéad fhomhír i bpleanáil na heangaí, in infheistíocht san eangach agus i bhforbairt bonneagair ina gcríocha faoi seach.

Éascóidh na Ballstáit comhordú idir oibreoirí córas téimh agus fuaraithe ceantair agus oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin leictreachais chun a áirithiú gur féidir le seirbhísí cothromúcháin, stórála agus solúbthachta eile, amhail freagairt don éileamh, a chuireann oibreoirí córais téimh ceantair agus oibreoirí córas fuaraithe ceantair ar fáil páirt a ghlacadh ina margaí leictreachais ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

Féadfaidh na Ballstáit na ceanglais maidir le measúnú agus comhordú faoin gcéad fhomhír agus faoin tríú fomhír a leathnú chuig oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin gáis, lena n-áirítear gréasáin hidrigine agus gréasáin eile fuinnimh.

9. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-údarás inniúil cearta na dtomhaltóirí agus na rialacha maidir le córais téimh agus fuaraithe ceantair i gcomhréir leis an Airteagal seo a shainmhíniú go soiléir, a chur ar fáil go poiblí agus a fhorfheidhmiú.

10. Ní cheanglófar ar Bhallstát mír 2 a chur i bhfeidhm má chomhlíontar ar a laghad ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

(a) i gcás inarb ionann a sciar de théamh agus fuarú ceantair agus 2 % den olltomhaltas deiridh nó inar lú é ná 2 % den olltomhaltas deiridh fuinnimh i leith téimh agus fuaraithe an 24 Nollaig 2018;

(b) i gcás ina méadaítear a sciar de théamh agus fuarú ceantair os cionn 2 % den olltomhaltas deiridh fuinnimh i dtéamh agus i bhfuarú an 24 Nollaig 2018 trí théamh agus fuarú ceantair éifeachtach nua a fhorbairt bunaithe ar a phlean comhtháite náisiúnta don fhuinneamh agus don aeráid de bhun Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999 agus ar bhonn an mheasúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 23(1a) den Treoir seo;

(c) i gcás ina dtarlaíonn 90 % den olltomhaltas deiridh fuinnimh i gcórais téimh agus fuaraithe ceantair ar córais téimh agus fuaraithe ceantair iad a chomhlíonann an sainmhíniú atá leagtha síos in [Airteagal x den athmhúnlú atá beartaithe ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh].';

(14) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25:

'Airteagal 25

**Laghdú ar dhéine na ngás ceaptha teasa san earnáil iompair ó úsáid fuinnimh in-athnuaite**

1. Leagfaidh gach Ballstát oibleagáid ar sholáthróirí breosla an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go dtiocfaidh laghdú 16 % ar a laghad ar dhéine gás ceaptha teasa mar thoradh ar mhéid na mbreoslaí inathnuaite agus an leictreachais inathnuaite arna soláthar don earnáil iompair faoi 2030, i gcomparáid leis an mbonnlíne a leagtar amach in Airteagal 27(1), pointe (b), i gcomhréir le conair arna leagan síos ag an mBallstát;

(b) gurb é ▌ 0,5 % in 2025 agus ar a laghad 2,2 % in 2030 an sciar de bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus de bhithghás a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX san fhuinneamh a sholáthraítear don earnáil iompair, agus is fiú

2,6 % ar a laghad in 2028 agus ar a laghad 5,7% in 2030 sciar na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch.

***(ba) as 2030 amach, déanfaidh soláthraithe breosla 1,2% ar a laghad de bhreoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus hidrigin inathnuaite a sholáthar le haghaidh modhanna muirí a bhfuil sé deacair a n-astaíochtaí a laghdú. Féadfaidh Ballstát nach bhfuil aon chalafoirt mhuirí ina chríoch a roghnú gan an fhoráil seo a chur i bhfeidhm. Aon Bhallstát a bheartaíonn leas a bhaint as an maolú sin, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis ... [theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]. Maidir le haon athrú eile a dhéanfar ina dhiaidh sin, cuirfear in iúl don Choimisiún é freisin.***

***Má leasaítear liosta an bhunábhair a leagtar amach i gCuid A agus in Iarscríbhinn IX i gcomhréir le hAirteagal 28(6), méadófar an sciar íosta de bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus de bhithghás a tháirgtear ón mbunábhar san fhuinneamh a sholáthraítear don earnáil iompair dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo dá réir agus beidh sé bunaithe ar mheasúnú tionchair ón gCoimisiún.***

***Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an oibleagáid a leagtar síos i mír 1 d'fhonn togra reachtach a thíolacadh faoi 2025 chun é a mhéadú i gcás ina bhfuil tuilleadh laghduithe suntasacha ar na costais i dtáirgeadh fuinnimh inathnuaite, i gcás inar gá chun gealltanais idirnáisiúnta an Aontais maidir le dícharbónú a chomhlíonadh nó i gcás ina bhfuil bonn cirt leis an méadú sin mar gheall ar laghdú suntasach ar thomhaltas fuinnimh san Aontas.***

Chun an laghdú dá dtagraítear i bpointe (a) agus an sciar dá dtagraítear i bpointe (b) a ríomh, cuirfidh na Ballstáit breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch san áireamh freisin nuair a úsáidtear iad mar tháirgí idirmheánacha chun gnáthbhreoslaí iompair a tháirgeadh. Chun an laghdú dá dtagraítear i bpointe (a) a ríomh, féadfaidh na Ballstáit breoslaí carbóin athchúrsáilte a chur san áireamh.

Soláthróirí breoslaí a sholáthraíonn leictreachas nó breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, féadfaidh na Ballstáit, agus an oibleagáid ar sholáthróirí breosla á socrú, na soláthróirí sin a dhíolmhú ón gceanglas an sciar íosta de bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus de bhithghás a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX a chomhlíonadh maidir leis na breoslaí sin.

2. Bunóidh na Ballstáit sásra lena gceadófar do sholáthróirí breosla ina gcríoch creidmheasanna a mhalartú chun fuinneamh in-athnuaite a sholáthar d'earnáil an iompair. Oibreoirí eacnamaíocha a sholáthraíonn leictreachas in-athnuaite d'fheithiclí leictreacha éadroma agus d'fheithiclí leictreacha tromshaothair trí stáisiúin athluchtaithe phoiblí nó trí fhuinneamh in-athnuaite, gheobhaidh siad creidmheasanna, beag beann ar cé acu a bhfuil nó nach bhfuil na hoibreoirí eacnamaíocha faoi réir na hoibleagáide atá leagtha síos ag an mBallstát ar sholáthróirí breosla, agus féadfaidh siad na creidmheasanna sin a dhíol le soláthróirí breosla, ar féidir leo na creidmheasanna a úsáid chun an oibleagáid a leagtar amach sa chéad fhomhír de mhír 1 a chomhlíonadh.'; Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh stáisiúin athluchtaithe phríobháideacha a áireamh sa sásra dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ar choinníoll gur féidir a léiriú gur d'fheithiclí leictreacha amháin a sholáthraítear an leictreachas in-athnuaite arna sholáthar do na stáisiúin athluchtaithe phríobháideacha sin.

(15) leasaítear Airteagal 26 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Chun ríomh a dhéanamh ar olltomhaltas deiridh fuinnimh Ballstáit ó fhoinsí in-athnuaite dá dtagraítear in Airteagal 7 agus ar an sprioc laghdaithe déine gás ceaptha teasa dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d’Airteagal 25(1), ní mó a bheidh an sciar de bhithbhreoslaí agus de bhithleachtanna, chomh maith leis an sciar de bhreoslaí bithmhaise a thomhlaítear san iompar, i gcás ina dtáirgtear ó bharra bia agus beatha iad, ná pointe céatadán amháin níos airde ná an sciar de bhreoslaí den sórt sin i dtomhaltas deiridh fuinnimh san earnáil iompair sa Bhallstát sin in 2020, agus is 7 % den tomhaltas deiridh fuinnimh uasmhéid an tomhaltais a bheidh san earnáil iompair sa Bhallstát sin.’;

***Arna iarraidh sin do Bhallstát, féadfaidh an Coimisiún maolú ar an gcéad fhomhír a cheadú, lena gcumasófar do na Ballstáit bithleachtanna a úsáidtear le haghaidh táirgeadh leictreachais sna réigiúin is forimeallaí de réir bhrí Airteagal 349 CFAE a eisiamh ó ríomh na huasteorann 7 % de thomhaltas deiridh fuinnimh san earnáil iompair de bhóthar agus d’iarnród dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ar choinníoll go bhfuil bonn cirt leis an maolú sin de bharr sainiúlachtaí áitiúla. Déanfaidh na Ballstáit an iarraidh ar mhaolú a sheoladh chuig an gCoimisiún faoi ... [dáta thrasuí na Treorach leasaithí seo] agus soláthróidh siad réasúnuithe leis an maolú sin atá eolaíoch, teicniúil agus cothrom le dáta. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le hiarraidh an Bhallstáit laistigh de thrí mhí ón iarraidh sin a fháil.’***

***(i a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:***

***I gcás ina bhfuil sciar na mbithbhreoslaí agus na mbithleachtanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír níos lú ná 1 % i mBallstát, féadfar é a mhéadú go huasmhéid 2 % den tomhaltas deiridh fuinnimh in earnálacha an iompair de bhóthar agus d'iarnród.***

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

‘I gcás ina bhfuil sciar na mbithbhreoslaí agus na mbithleachtanna, chomh maith leis an sciar de bhreoslaí bithmhaise a thomhlaítear in earnáil an iompair, a tháirgtear ó bharra bia agus beatha i mBallstát teoranta do sciar níos ísle ná 7 % nó i gcás ina gcinneann Ballstát an sciar a theorannú tuilleadh, féadfaidh an Ballstát sin an sprioc laghdaithe déine gás ceaptha teasa dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d’Airteagal 25(1) a laghdú dá réir sin, ag féachaint don rannchuidiú a bheadh déanta ag na breoslaí sin ó thaobh laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Chun na críche sin, measfaidh na Ballstáit go sábhálfaidh na breoslaí sin 50 % d’astaíochtaí gás ceaptha teasa.’;

(b) ▌ leasaítear mír 2 mar seo a leanas:

***(i)*** sa chéad fhomhír agus sa chúigiú fomhír, cuirtear ‘an sprioc maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d’Airteagal 25(1)’ in ionad ‘an sciar íosta dá dtagraítear sa chéad fhomhír d’Airteagal 25(1)’;

***(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:***

***‘Faoin ... [dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí sin], laghdóidh an teorainn sin go 0 %.’***

***(iii) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas tar éis an cheathrú fomhír:***

***‘Faoin 30 Meitheamh 2023, cuirfidh an Coimisiún nuashonrú ar an tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an méadú a tháinig ar tháirgeadh domhanda na mbarr bia agus beatha ábhartha. Beidh na sonraí is déanaí ón dá bhliain dheireanacha maidir le dífhoraoisiú agus bunábhair lena ngabhann riosca ard indíreach um athrú ar an talamhúsáid san áireamh sa nuashonrú sin, agus tabharfar aghaidh ar thráchtearraí ardriosca eile sa chatagóir bunábhair lena ngabhann riosca ard indíreach um athrú ar an talamhúsáid. Chun críocha na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa séú fomhír, is é 7.9 % a bheidh i sciar uasta na forbartha bliantúla ar an limistéar táirgeachta domhanda i stoic ardcharbóin.’;***

(16) leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Rialacha maidir le ríomh san earnáil iompair agus maidir le breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch beag beann ar a n-úsáid deiridh’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Chun an laghdú ar dhéine gás ceaptha teasa a ríomh dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d’Airteagal 25(1), beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:

(a) déanfar an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh mar a leanas:

(i) i gcás bithbhreosla agus bithgháis, trí mhéid na mbreoslaí sin arna soláthar do na modhanna iompair go léir a iolrú faoina gcoigilteas i leith astaíochtaí arna gcinneadh de réir Airteagal 31;

(ii) i gcás breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte, trí mhéid na mbreoslaí sin a sholáthraítear do gach modh iompair a iolrú faoina gcoigilteas astaíochtaí arna chinneadh

i gcomhréir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 29a(3);

(iii) i gcás leictreachas in-athnuaite, tríd an méid leictreachais in-athnuaite a sholáthraítear do na modhanna iompair go léir a iolrú faoi tháirge comparáide breoslaí iontaise.

Úsáidfear an táirge comparáide $EC_{F(e)}$ a leagtar amach in Iarscríbhinn V go dtí an 31 Nollaig 2029. ***Ón 1 Eanáir 2030 ar aghaidh, úsáidfear an táirge comparáide $E_{F(t)}$ a leagtar amach in Iarscríbhinn V.***

Mar sin féin, is éard a bheidh sa laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa arna bhaint amach in 2030 trí úsáid a bhaint as leictreachas in-athnuaite san iompar, arna ríomh i gcur i bhfeidhm an táirge comparáide $E_{F(t)}$, ná rannchuidiú breise leictreachais inathnuaite leis an méid a baineadh amach cheana suas go dtí an 31 Nollaig 2029 tríd an táirge comparáide $EC_{F(e)}$ chun an laghdú ar astaíochtaí a ríomh ó 2030 ar aghaidh.

(b) ríomhfar an bhonnlíne dá dtagraítear in Airteagal 25(1) trí mhéid an fhuinnimh a sholáthraítear d’earnáil an iompair a iolrú faoin táirge comparáide breoslaí iontaise $E_{F(t)}$ a leagtar amach in Iarscríbhinn V;

(c) chun na méideanna iomchuí fuinnimh a ríomh, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:

(i) chun méid an fhuinnimh arna sholáthar d’earnáil an iompair a chinneadh, úsáidfear na luachanna a bhaineann le luach fuinnimh breoslaí iompair, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III iad;

(ii) chun an luach fuinnimh a ríomh i gcás breoslaí iompair nach gcuimsítear in Iarscríbhinn III, úsáidfidh na Ballstáit caighdeáin Eorpacha ábhartha chun luachanna calracha breoslaí a chinneadh. I gcás nár glacadh aon chaighdeán Eorpach chun na críche sin, úsáidfear caighdeáin ábhartha ISO;

(iii) cinntear méid an leictreachais in-athnuaite arna sholáthar don earnáil iompair trí mhéid an leictreachais arna sholáthar don earnáil sin a iolrú faoi mheánsciar an leictreachais in-athnuaite a sholáthraítear i gcríoch an Bhallstáit sa dá bhliain roimhe sin. Mar eisceacht air sin, i gcás ina bhfaightear leictreachas ó cheangal díreach le suiteáil a ghineann leictreachas in-athnuaite agus ina soláthraítear é d’earnáil an iompair, áireofar an leictreachas sin go hiomlán mar leictreachas in-athnuaite;

(iv) beidh sciar na mbithbhreoslaí agus an bhithgháis a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid B d’Iarscríbhinn IX i luach fuinnimh breoslaí agus leictreachais a sholáthraítear don earnáil iompair teoranta do 1,7 %, seachas sa Chipir agus i Málta;

***Má leasaítear liosta an bhunábhair a leagtar amach i gCuid B d’Iarscríbhinn IX i gcomhréir le hAirteagal 28(6), méadófar an uasteorainn ar na bithbhreoslaí agus ar na bithgháis dá réir agus beidh sé bunaithe ar mheasúnú tionchair ón gCoimisiún.***

(d) cinntear an laghdú ar dhéine gás ceaptha teasa ó úsáid fuinnimh in-athnuaite tríd an gcoigilteas ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó úsáid bithbhreoslaí, bithgháis agus leictreachais in-athnuaite a sholáthraítear do gach modh iompair a roinnt ar an mbonnlíne.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí luach fuinnimh breoslaí iompair, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III, a oiriúnú i gcomhréir le dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil;';

(c) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

'1a. Chun na spriocanna dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 25(1) a ríomh, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas:

(a) chun an t-ainmneoir a ríomh, arb é sin an méid fuinnimh arna thomhailt san earnáil iompair, cuirfear na breoslaí agus an leictreachas go léir a sholáthraítear don earnáil iompair san áireamh;

(b) chun an t-uimhreoir a ríomh, cuirfear san áireamh luach fuinnimh bithbhreoslaí ardfhorbartha agus bithgháis a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch arna soláthar do gach modh iompair i gcríoch an Aontais;

(c) maidir le sciar na mbithbhreoslaí ardfhorbartha agus an bhithgháis a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX agus sciar na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch arna soláthar sna modhanna eitlíochta agus muirí, measfar gur 1,2 oiread a luach fuinnimh iad.';

(d) scriostar mír 2;

(e) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) scriostar an chéad, an dara agus an tríú fomhír;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

'Agus leictreachas á úsáid chun breoslaí iompair in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh, go díreach nó chun táirgí eatramhacha a tháirgeadh, féadfar úsáid a bhaint as an meánsciar leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh i dtír an táirgthe, faoi mar a tomhaiseadh dhá bhliain roimh an am atá i gceist, chun sciar an fhuinnimh in-athnuaite a chinneadh.';(iii) sa chúigiú fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

'Mar sin féin, féadfar leictreachas a fhaightear ó cheangal díreach le suiteáil lena ngintear leictreachas in-athnuaite a áireamh go hiomlán mar leictreachas in-athnuaite i gcás ina n-úsáidtear é chun na breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh, ar an gcoinníoll gur fíor an méid seo a leanas i leith na suiteála:';

(17) leasaítear Airteagal 28 mar a leanas:

(a) scriostar mír 2, mír 3 agus mír 4.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'Faoin 31 Nollaig 2024, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun an Treoir seo a fhorlíonadh tríd an modheolaíocht a shonrú chun sciar an bhithbhreosla agus an bhithgháis le haghaidh iompair atá mar thoradh ar bhithmhais a phróiseáil le breoslaí iontaise i bpróiseas comhchoiteann.';

***(ba) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c) agus (d):***

***'(c) an gá atá ann iarmhairtí suntasacha saobhacha ar mhargaí do (fo)tháirgí, dramhaíola nó iarmhar a sheachaint, agus infhaighteacht amhábhar amach anseo á cur san áireamh agus an gá atá le saobhadh margaidh a sheachaint a mbeadh allmhairí ollmhóra amhábhar mar thoradh air;***

***(d) an acmhainneacht atá ann astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú go suntasach i gcomparáid le breoslaí iontaise bunaithe ar mheasúnú saolré ar astaíochtaí, agus na méideanna bunábhair atá ar fáil agus an sciar d'úsáidí tionsclaíocha atá in iomaíocht le chéile cheana á gcur san áireamh agus aird chuí á tabhairt ar shainiúlachtaí náisiúnta;";***

(c) i mír 7, cuirtear 'a leagtar síos i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 25(1)' in ionad 'a leagtar síos sa cheathrú fomhír d'Airteagal 25(1)';

(18) leasaítear Airteagal 29 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

***(-i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráiti:***

***Ní chuirfear san áireamh fuinneamh ó bhithbhreoslaí, ó bhithleachtanna ná ó bhreoslaí bithmhaise chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den fhomhír seo ach amháin má chomhlíonann siad na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach i míreanna 2 go 7 agus mír 10 den Airteagal seo, agus má urramaíonn siad an t-ordlathas dramhaíola mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE agus má dhéanann siad prionsabal na húsáide cascáidí dá dtagraítear in Airteagal 3 a chur san áireamh;***

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) rannchuidiú le sciartha fuinnimh inathnuaite na mBallstát agus leis na spriocanna dá dtagraítear in Airteagail 3(1), 15a(1), 22a(1), 23(1), 24(4), agus 25(1) den Treoir seo;’;

***(i a)*** ***cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas i ndiaidh na chéad fhomhíre:***

***‘Ní dhéanfar fuinneamh ó bhreoslaí bithmhaise soladacha a chur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír má dhíorthaítear iad ó bhithmhais adhmaid phríomhúil mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Treoir seo’;***

***(i b)*** ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:***

***Mar sin féin, maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó dhramhaíl agus ó iarmhair nach iarmhair talmhaíochta, dhobharshaothaithe, iascaigh ná foraoiseachta iad, ní gá dóibh sin ach na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos i mír 10 a chomhlíonadh chun go gcuirfí san áireamh iad chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír. I gcás dramhaíl mheasctha a úsáid, áfach, tá sé de cheangal ar na hoibreoirí córais sórtála dramhaíola measctha atá sainithe a chur i bhfeidhm arb é is aidhm leo ábhair iontaise a bhaint. Beidh feidhm ag an bhfomhír seo freisin maidir le dramhaíl agus le hiarmhair a ndéantar iad a phróiseáil ar dtús chun táirge a dhéanamh díobh sula ndéantar tuilleadh próiseála orthu chun bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise a dhéanamh díobh.***

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

‘Comhlíonfaidh breoslaí bithmhaise na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos i mír 2 go mír 7 agus i mír 10 má úsáidtear iad,

– (a) i gcás breoslaí bithmhaise soladaí, i suiteálacha a tháirgeann leictreachas, téamh agus fuarú arb ionann iomlán a n-ionchur teirmeach rátaithe agus 7.5 nó ar mó ná sin é,

– (b) i gcás breoslaí bithmhaise gásacha, i suiteálacha a tháirgeann leictreachas, téamh agus fuarú arb ionann iomlán a n-ionchur teirmeach rátaithe agus 2 MW nó ar mó ná sin é,

– (c) i gcás suiteálacha a tháirgeann breoslaí bithmhaise gásacha ag a bhfuil an meánráta sreafa bithmheatáin seo a leanas:

  (i) os cionn 500 $m^3$ meatán coibhéiseach/h arna thomhas ag coinníollacha caighdeánacha teochta agus brú (i.e. 0 °C agus 1 bhar de bhrú atmaisféarach);

  (ii) i gcás bithghás ina bhfuil meascán de mheatán agus de gháis neamhdhócháin eile, i gcás an ráta sreafa bithmheatáin, an tairseach a leagtar amach i bpointe (i), athríomhfar é i gcomhréireacht leis an sciar toirtmhéadrach meatáin atá sa mheascán;

(iii) cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas tar éis an cheathrú fomhír:

‘Féadfaidh na Ballstáit na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghduithe astaíochtaí gáis cheaptha teasa a chur i bhfeidhm maidir le suiteálacha a bhfuil ionchur teirmeach rátáilte iomlán nó ráta sreafa bithmheatáin níos ísle acu.’;

***(aa) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:***

***I dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais talmhaíochta arna gcur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1, ní dhéanfar iad as amhábhar a fuarthas as talamh a bhfuil ardluach bithéagsúlachta aige, mar atá talamh a raibh aon cheann de na stádais seo a leanas aige in Eanáir 2008 nó dá éis, is cuma cé acu a choinnigh nó nár choinnigh an talamh an stádas sin:***

***(a) foraois phríomhúil agus chianaosta agus coillearnach eile, mar atá foraois agus coillearnach ina bhfuil speicis dúchais, agus gan aon fhianaise shoiléir infheicthe ann ar láimh an duine agus nach bhfuil aon chur isteach ar fiú trácht air tarlaithe do na próisis éiceolaíocha;***

***(b) foraois agus coillearnach eile an-bhithéagsúil ar mhórán speiceas nach bhfuil díghrádaithe, agus atá sainaitheanta mar fhoraois nó coillearnach an-bhithéagsúil ag an údarás inniúil ábhartha, ach amháin má chuirtear fianaise ar fáil lena léireofar nár chuir táirgeadh an bhunábhair sin as do na críocha cosanta dúlra sin;***

***(c) limistéir arna n-ainmniú:***

***(i) ag an dlí nó ag na húdaráis ábhartha inniúla chun críocha cosanta dúlra; nó***

***(ii) chun cosaint a thabhairt d'éiceachórais nó speicis atá neamhchoitianta, faoi bhagairt nó i mbaol, agus a aithnítear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta nó a chuirtear ar liostaí arna gcur i dtoll a chéile ag eagraíochtaí idir-rialtasacha nó ag an Aontas Idirnáisiúnta do Chaomhnú an Dúlra, faoi réir a n-aithinte i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 30(4), mura gcuirtear fianaise ar fáil nár chuir táirgeadh an amhábhair sin isteach ar na críocha sin um chosaint an dúlra;***

***(d) féarthalamh an-bhithéagsúil is fairsinge ná heicteáir amháin atá ina:***

***(i) fhéarthalamh nádúrtha, mar atá féarthalamh a d'fhanfadh ina fhéarthalamh in éagmais lámh an duine agus a choinníonn slán comhdhéanamh na speiceas nádúrtha, maille lena chuid próiseas agus saintréithe éiceolaíocha; nó***

***(ii) féarthalamh neamhnádúrtha, mar atá féarthalamh nach bhfanfadh ina fhéarthalamh in éagmais lámh an duine, agus atá saibhir ó thaobh speiceas de agus nach bhfuil díghrádaithe arna aithint ag an údarás ábhartha inniúil mar ard-bhithéagsúil, mura gcuirtear fianaise ar fáil lena léireofar nach mór an bunábhar a bhuaint chun a stádas mar fhéarthalamh ard-bhithéagsúil a chaomhnú.***

***(iii)*** fraochmhánna a choinníonn comhdhéanamh nádúrtha speiceas agus tréithe agus próisis éiceolaíocha.'

(b) i mír 3, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach tar éis na chéad fhomhíre:

'Tá feidhm ag an mír seo, cé is moite den chéad fhomhír, pointe (c), freisin maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise.';

(c) ▌ cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'***4. 'I dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais talmhaíochta a cuireadh san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1, ní dhéanfar iad as bunábhar a fuarthas as talamh a bhfuil stoc ard carbóin aige, eadhon talamh a raibh aon cheann de na stádais seo a leanas aige i mí Eanáir 2008 agus nár choinnigh an stádas sin:***

***(a) bogach, eadhon talamh a bhíonn faoi uisce nó báite, go buan nó ar feadh cuid mhaith den bhliain;***

***(b) limistéir foraoise gan bhriseadh, eadhon talamh ar fairsinge é ná heicteáir amháin ag a bhfuil crainn atá níos airde ná cúig mhéadar agus clúdach téastair níos mó ná 30%, nó crainn atá in ann na tairseacha sin a bhaint amach in situ;***

***(c) talamh níos fairsinge ná heicteáir amháin agus é faoi chrainn is airde ná cúig mhéadar agus clúdach téastair aige idir 10 % agus 30 %, nó faoi chrainn atá in ann na tairseacha sin a bhaint amach in situ; mura bhfuil fianaise ar fáil lena léireofar go bhfágann stoc carbóin an limistéir roimh a thiontú nó ina dhiaidh go sásaítear na coinníollach a leagtar síos i mír 10 den Airteagal seo ach an mhodheolaíocht a leagtar síos i gCuid C d'Iarscríbhinn V a chur i bhfeidhm.***

***(ca)*** fraochmhánna a choinníonn comhdhéanamh nádúrtha speiceas agus tréithe agus próisis éiceolaíocha.

***Ní bheidh feidhm ag forálacha na míre seo i gcás ina raibh ag an talamh, tráth a bhfuarthas an bunábhar, an stádas céanna a bhí aige i mí Eanáir 2008.***

'Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír, cé is moite de phointí (b) agus (c), agus an dara fomhír freisin maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. I dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise a tháirgtear ó bhithmhais talmhaíochta nó foraoise arna gcur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), ní dhéanfar iad as bunábhar a fuarthas as talamh a bhí ina thalamh portaigh i mí Eanáir 2008, mura gcuirtear fianaise ar fáil nach mbaineann draenáil ithreach nár draenáladh roimhe sin le saothrú agus le buaint an bhunábhair sin agus le comhlíonadh ar an leibhéal náisiúnta nó fonáisiúnta, i gcomhréir leis na critéir chun an riosca a bhaineann le bithmhais foraoise a dhíorthaítear ó tháirgeadh

neamh-inbhuanaithe dá dtagraítear i mír 6 a úsáid a íoslaghdú, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta é a thuairisciú.;

***(da)*** ***cuirtear isteach an mhír seo a leanas:***

***'5a. I dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais talmhaíochta a cuireadh san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1, ní bheidh siad déanta as amhábhar arna fháil i dtír nach bhfuil ina Páirtí i gComhaontú Pháras.***

(e) i mír 6, leasaítear an chéad fhomhír mar a leanas:

***(i)*** ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:***

***'I dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise agus arna gcur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1, ní bheidh siad díorthaithe ó bhithmhais adhmaid phríomhúil, urramóidh siad go hiomlán an t-ordlathas dramhaíola mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE, cuirfidh siad san áireamh prionsabal na húsáide cascáidí dá dtagraítear in Airteagal 3, agus comhlíonfaidh siad na critéir seo a leanas chun an riosca go n-úsáidfí bithmhais foraoise ó tháirgeadh neamh-inbhuanaitheach a laghdú:***

***(ii)*** ***i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (iii):***

***'(iii)*** go ndéanfar limistéir arna n-ainmniú ag an dlí idirnáisiúnta nó ag an dlí náisiúnta nó ag an údarás inniúil ábhartha chun críocha cosanta dúlra, lena n-áirítear bogaigh, talamh féaraigh, fraochmhánna agus tailte portaigh, a chosaint agus é mar aidhm leis bithéagsúlacht a chaomhnú agus díothú gnáthóg a chosc mar a leagtar amach i dTreoracha 2009/147/CE agus 92/43/CEE, stádas comhshaoil na n-aigéan mar a leagtar amach i dTreoir 2008/56/CE chomh maith le stádas éiceolaíoch na n-aibhneacha mar a leagtar amach i dTreoir 2000/60/CE;';

(***iii***) i bpointe (a), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (ii):

(iv) déantar an bhuaint agus cáilíocht agus bithéagsúlacht na hithreach á n-áirithiú agus é mar aidhm tionchair dhiúltacha a chosc, ar bhealach a choscann saothrú stumpaí agus fréamhacha nach bhfuil oiriúnach le húsáid ábhar e.g. trí chleachtais bhainistíochta foraoise inbhuanaithe a úsáid, díghrádú foraoisí príomhúla agus cianaosta nó iad a thiontú ina bhforaoisí plandála, agus saothrú ar ithreacha leochaileacha; déantar glanleagan crann a chosc, mura rud é go dtagann dálaí éiceachórais fabhracha agus iomchuí as sin, agus áirithítear leis tairseacha atá oiriúnach go háitiúil agus ó thaobh na héiceolaíochta le haghaidh eastóscadh adhmaid mhairbh, agus áirithítear leis ceanglais chun úsáid a bhaint as córais logála lena n-íoslaghdaítear an tionchar ar cháilíocht na hithreach, balcadh ithreach san áireamh, agus ar ghnéithe agus ar ghnáthóga bithéagsúlachta:'; ';

***(v)*** i bpointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (iv):

déantar an bhuaint agus cáilíocht agus bithéagsúlacht na hithreach á n-áirithiú agus é mar aidhm tionchair dhiúltacha a chosc, ar bhealach a choscann saothrú

stumpaí agus fréamhacha nach bhfuil oiriúnach le húsáid ábhar e.g. trí chleachtais bhainistíochta foraoise inbhuanaithe a úsáid, díghrádú foraoisí príomhúla agus cianaosta nó iad a thiontú ina bhforaoisí plandála, agus saothrú ar ithreacha leochaileacha; déantar glanleagan crann a chosc, mura rud é go dtagann dálaí éiceachórais fabhracha agus iomchuí as sin, agus áirithítear leis tairseacha atá oiriúnach go háitiúil agus ó thaobh na héiceolaíochta le haghaidh eastóscadh adhmaid mhairbh, agus áirithítear leis ceanglais chun úsáid a bhaint as córais logála lena n-íoslaghdaítear an tionchar ar cháilíocht na hithreach, balcadh ithreach san áireamh, agus ar ghnéithe agus ar ghnáthóga bithéagsúlachta:';

***(fa) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:***

***'7a. Ní sháróidh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise an uasteorainn a shainmhínítear ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh úsáid bithmhais foraoise atá comhsheasmhach le spriocanna na mBallstát maidir le fás linn carbóin mar a shainmhínítear i Rialachán ... [Rialachán 2018/841] athbhreithnithe.";***

(g) i mír 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre, pointe (d):

'(d) 70 % ar a laghad le haghaidh leictreachas, téamh agus fuarú a tháirgtear ó bhreoslaí bithmhaise a úsáidfear i suiteálacha go dtí an 31 Nollaig 2025, agus 80 % ar a laghad ón 1 Eanáir 2026.';

***(ga) i mír 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:***

'Ní dhéanfar leictreachas ó bhreosla bithmhaise a chur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1 mura n-áirítear leis na breoslaí atá in úsáid bithmhaise adhmaid phríomhúil agus go gcomhlíontar leis ceann amháin nó níos mó de na ceanglais seo a leanas:

***(gb) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 14:***

'14. Chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1, féadfaidh na Ballstáit critéir inbhuanaitheachta bhreise a bhunú le haghaidh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise.

(19) cuirtear isteach an tAirteagal 29a seo a leanas:

'Airteagal 29a

**Critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte**

1. Ní dhéanfar fuinneamh ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a áireamh i leith sciartha fuinnimh in-athnuaite na mBallstát agus i leith na gcuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3(1), Airteagal 15a(1), Airteagal 22a(1), Airteagal 23(1), Airteagal 24(4) agus in Airteagal 25(1) ach amháin más 70 % ar a laghad na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa as siocair na breoslaí sin a úsáid.

2. Ní fhéadfar fuinneamh ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte a áireamh sa chuspóir laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa dá dtagraítear in Airteagal 25(1), an chéad

fhomhír, pointe (a), ach amháin más 70 % ar a laghad na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa as siocair na breoslaí sin a úsáid.

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun an Treoir seo a fhorlíonadh tríd an modheolaíocht a shonrú chun measúnú a dhéanamh ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte. Áiritheofar leis an modheolaíocht nach dtabharfar creidmheas as astaíochtaí a sheachaint i gcás $CO_2$ ar tugadh creidmheas astaíochta as í a ghabháil cheana faoi fhorálacha eile dlí. ***Beidh cion carbóin na dramhaíola agus a scaoileadh isteach san atmaisféar san áireamh sa mhodheolaíocht.***

***In aon chás, leis an modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte, i gcur chuige saolré, déanfar an carbón leabaithe a bhreithniú.***

***(19a) cuirtear an tAirteagal 29b seo a leanas isteach:***

***"Airteagal 29b***

***Critéir inbhuanaitheachta do ghléasraí hidreachumhachta***

***Chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1 d'Airteagal 29 déanfar fuinneamh a ghintear le hidreachumhacht a tháirgeadh i ngléasra a rinne, i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE agus go háirithe Airteagal 4 agus Airteagal 11 den Treoir sin, gach beart maolaithe atá indéanta go teicniúil agus atá ábhartha ó thaobh na héiceolaíochta de a chur chun feidhme chun tionchair dhíobhálacha ar uisce a laghdú chomh maith le bearta chun gnáthóga cosanta agus speicis atá ag brath go díreach ar uisce a fheabhsú, lena n-áirítear na bearta seo a leanas ar a laghad:***

***(a) imirce éifeachtúil agus éifeachtach éisc le sruth agus in aghaidh srutha a chumasú***

***(b) an sreabhadh éiceolaíoch íosta a áirithiú i gcónaí.***

***Comhlíonfaidh gléasraí hidreachumhachta a coimisiúnaíodh tar éis an 31 Nollaig 2022 na coinníollacha seo a leanas freisin:***

***(a) Ní bheidh siad suite ar láithreán a dtabharfar tús áite d'aistriú bacainne chun fadnascacht a bhaint amach chun an sprioc maidir le haibhneacha saorshreabhtha faoin Straitéis Bithéagsúlachta a bhaint amach.';***

(20) leasaítear Airteagal 30 mar a leanas:

(a) i mír 1, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

I gcás ina bhfuil breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte le háireamh sna cuspóirí dá dtagraítear in Airteagail 3(1), 15a(1), 22a(1), 23(1), 24(4) agus 25(1), ceanglóidh na Ballstáit ar oibreoirí eacnamaíocha a chruthú trí iniúchtaí éigeantacha neamhspleácha atá ar fáil go poiblí gur comhlíonadh na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in

Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) agus (2) i leith breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte. Chun na críche sin, ceanglóidh siad ar oibreoirí eacnamaíocha úsáid a bhaint as córas cothromúcháin maise:';

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre agus an dara fomhír:

Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha faisnéis iontaofa isteach faoi chomhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a (1) agus (2), go ndéanfaidh siad spriocanna bithéagsúlachta AE a chur san áireamh, agus chun a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha ar fáil don Bhallstát ábhartha, arna iarraidh sin dó, agus don phobal na sonraí a úsáideadh chun an fhaisnéis sin a dhéanamh amach. ***Déanfaidh na Ballstáit soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha a chreidiúnú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 chun tuairim a thabhairt faoin bhfaisnéis a cuireadh isteach, agus chun fianaise a sholáthar go ndearnadh é sin. Chun pointí (a), (b) agus (d) d'Airteagal 29(3), pointe (a) d'Airteagal 29(4), Airteagal 29(5), pointe (a) d'Airteagal 29(6), agus pointe (a) d'Airteagal 29(7) a chomhlíonadh, féadfar iniúchóireacht chéad pháirtí nó iniúchóireacht dara páirtí a úsáid suas go dtí an chéad phointe bailithe den bhithmhais foraoise. Fíorófar leis an iniúchóireacht sin go bhfuil na córais atá á n-úsáid ag na hoibreoirí eacnamaíocha cruinn, iontaofa agus slán ar chalaois, lena n-áirítear fíorúcháin lena n-áirithítear nach ndéantar aon ábhar a mhodhnú nó a dhiúscairt d'aon ghnó ionas go bhféadfaí an choinsíneacht nó cuid den choinsíneacht a bheith ina dramhaíl nó ina iarmhar. Leis an iniúchóireacht sin, déanfar minicíocht agus modheolaíocht na samplála, mar aon le stóinseacht na sonraí, a mheasúnú.***

Beidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos sa mhír seo gan beann ar cibé acu a tháirgtear na breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte laistigh den Aontas nó a dhéantar iad a allmhairiú. Déanfar faisnéis faoi thionscnamh geografach agus cineál bunábhair na mbithbhreoslaí, na mbithleachtanna agus na mbreoslaí bithmhaise in aghaidh an tsoláthróra breosla a chur ar fáil do thomhaltóirí ar bhealach cothrom le dáta, inrochtana go héasca agus so-úsáidte ar shuíomhanna gréasáin na n-oibreoirí, na soláthróirí agus na n-údarás ábhartha inniúil chomh maith leis na stáisiúin athbhreoslaithe agus déanfar í a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil.;

(c) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'I dtaca le scéimeanna deonacha náisiúnta nó idirnáisiúnta lena leagtar síos caighdeáin maidir le táirgeadh breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go soláthrófar sonraí cruinne maidir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa chun críocha Airteagal 29(10) agus Airteagal 29a(1) agus (2), go léireofar comhlíonadh Airteagal 27(3) agus Airteagal 31a(5), nó go léireofar go bhfuil na critéir inbhuanaitheachta a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) á gcomhlíonadh i

gcás coinsíneachtaí bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise. Le linn a léiriú go gcomhlíontar na critéir a leagtar síos in Airteagal 29(6) agus (7), féadfaidh na hoibreoirí an fhianaise is gá a sholáthar go díreach ar leibhéal an limistéir fhoinsithe. Chun críocha Airteagal 29(3), an chéad fhomhír, pointe (c)(ii), féadfaidh an Coimisiún limistéir a aithint chun éiceachórais nó speicis atá neamhchoitianta, atá faoi bhagairt nó atá i mbaol, nó chun speicis a aithnítear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta nó a áirítear i liostaí arna dtarraingt suas ag eagraíochtaí idir-rialtasacha nó ag an Aontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra a chosaint.';

***(ca)*** ***i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:***

Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go mbeidh sna scéimeanna sin faisnéis chruinn faoi na bearta a glacadh chun ithir, uisce agus aer a chosaint, chun talamh díghrádaithe a athchóiriú agus chun ró-thomhaltas uisce a sheachaint i limistéir ina mbíonn ganntanas uisce ▌.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Féadfaidh na Ballstáit scéimeanna náisiúnta a chur ar bun ina bhfíorófar comhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) agus (2), i gcomhréir leis an modheolaíocht a forbraíodh faoi Airteagal 29a(3), ó cheann ceann na líne cúraim. Féadfar na scéimeanna sin a úsáid freisin chun cruinneas agus iomláine na faisnéise arna háireamh ag oibreoirí eacnamaíocha i mbunachar sonraí an Aontais a fhíorú, chun comhlíonadh Airteagal 27(3) a léiriú agus chun bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise a bhfuil riosca íseal athraithe indírigh ar úsáid talún ag baint leo a dheimhniú.

Féadfaidh Ballstát fógra faoi scéim náisiúnta den sórt sin a thabhairt don Choimisiún. Tabharfaidh an Coimisiún tosaíocht don mheasúnú ar scéim den sórt sin chun aitheantas frithpháirteach déthaobhach agus iltaobhach na scéimeanna sin a éascú. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an gcomhlíonann scéim náisiúnta den sórt sin ar tugadh fógra ina leith na coinníollacha a leagtar síos sa Treoir seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(3).

I gcás gur cinneadh dearfach é, ní dhiúltóidh scéimeanna eile arna n-aithint ag an gCoimisiún i gcomhréir leis an Airteagal seo aitheantas frithpháirteach a thabhairt do scéim náisiúnta an Bhallstáit sin a mhéid a bhaineann le fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcritéar as a bhfuil sí aitheanta ag an gCoimisiún.

Maidir le suiteálacha ina dtáirgtear téamh agus fuarú leictreach lena ngabhann idir 5 agus 20 MW d'ionchur teirmeach rátáilte iomlán, bunóidh na Ballstáit scéimeanna fíoraithe náisiúnta simplithe chun comhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach i mír (2) go (7) agus (10) d'Airteagal 29 a áirithiú.

(e) i mír 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘*9.* ‘I gcás ina soláthróidh oibreoir eacnamaíoch fianaise nó sonraí a fuarthas i gcomhréir le scéim a bhí faoi réir cinneadh de bhun mhír 4 nó mhír 6, ní cheanglóidh Ballstát ar an oibreoir eacnamaíoch tuilleadh fianaise a sholáthar maidir le comhlíonadh na ngnéithe a chumhdaítear leis an scéim as a bhfuil an scéim aitheanta ag an gCoimisiún.’;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

’*10.* ‘Ar iarraidh ó Bhallstát, arb iarraidh í a d’fhéadfadh a bheith bunaithe ar iarraidh ó oibreoir eacnamaíoch, scrúdóidh an Coimisiún, ar bhonn na fianaise uile atá ar fáil, ar comhlíonadh na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) agus (2) i ndáil le foinse breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte.

Laistigh de shé mhí tar éis iarraidh den sórt sin a fháil agus i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(3), déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, a chinneadh an bhféadfaidh an Ballstát lena mbaineann:

(a) na breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte arna dtáirgeadh ón bhfoinse sin a chur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír d’Airteagal 29(1); nó

(b) de mhaolú ar mhír 9 den Airteagal seo, a cheangal ar sholáthróirí fhoinse na mbreoslaí in-athnuaite agus na mbreoslaí carbóin athchúrsáilte tuilleadh fianaise a sholáthar faoi chomhlíonadh na gcritéar sin maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus na dtairseach sin maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa.’;

▌

(22) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 31a

**Bunachar sonraí an Aontais**

1. Faoi ... ***[trí mhí tar éis don Treoir leasaitheach seo teacht i bhfeidhm],*** áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear ar bun bunachar sonraí de chuid an Aontais chun go bhféadfar ***breoslaí bithmhaise,*** breoslaí in-athnuaite leachtacha agus gásacha agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a rianú (***‘Bunachar Sonraí an Aontais)’***).

2. Ceanglóidh na Ballstáit ar na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha faisnéis chruinn a iontráil go tráthúil sa bhunachar sonraí sin maidir leis na hidirbhearta a rinneadh agus ***maidir le critéir*** inbhuanaitheachta na mbreoslaí atá faoi réir na n-idirbheart sin, lena n-áirítear astaíochtaí gás ceaptha teasa a saolré, ag tosú ó phointe a dtáirgthe go dtí tráth a n-ídithe san Aontas. ***Measfar gur córas aonair cothromúcháin maise é an córas idirnasctha gáis. Soláthrófar faisnéis maidir le hinstealladh agus tarraingt siar i mBunachar sonraí an Aontais le haghaidh breoslaí gásacha.*** Cuirfear san áireamh freisin sa bhunachar sonraí faisnéis i dtaobh ar cuireadh tacaíocht ar fáil chun

coinsíneacht shonrach bhreosla a tháirgeadh, agus má cuireadh, áireofar freisin faisnéis maidir leis an gcineál scéime tacaíochta.

I gcás inarb iomchuí chun inrianaitheacht sonraí ó cheann ceann an tslabhra soláthair a fheabhsú, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun raon feidhme na faisnéise atá le háireamh i mbunachar sonraí an Aontais a leathnú tuilleadh chun sonraí ábhartha a chumhdach ó phointe táirgthe nó bailithe an amhábhair a úsáidtear le haghaidh tháirgeadh an bhreosla.

Ceanglóidh na Ballstáit ar sholáthróirí breosla an fhaisnéis is gá a iontráil i mbunachar sonraí an Aontais chun a fhíorú go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 25(1), an chéad fhomhír.

***D'ainneoin fhomhíreanna 1 go 3, le haghaidh breoslaí gásacha in-athnuaite agus breoslaí gásacha a insealltar sa chóras gáis Eorpach, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha faisnéis a chur isteach maidir leis na hidirbhearta a rinneadh agus maidir leis na critéir inbhuanaitheachta agus faisnéis ábhartha eile amhail astaíochtaí GCT na mbreoslaí suas go dtí an pointe insealltа chuig an gcóras gáis idirnasctha, i gcás ina gcomhlánaítear an córas inrianaitheachta maischothromaithe le ráthaíochtaí tionscnaimh.***

3. Beidh rochtain ag na Ballstáit ar bhunachar sonraí an Aontais chun faireachán a dhéanamh agus sonraí a fhíorú.

4. ***I gcás*** inar eisíodh ráthaíochtaí tionscnaimh i leith coinsíneacht gás in-athnuaite a tháirgeadh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na ráthaíochtaí tionscnaimh sin a chur ar ceal ***tar éis*** choinsíneacht na ngás in-athnuaite ***a tharraingt siar ón gcóras idirnasctha Eorpach don ghás***.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfíorófar cruinneas agus iomláine na faisnéise arna cur ag oibreoirí eacnamaíocha sa bhunachar sonraí, trí úsáid a bhaint as scéimeanna deonacha nó náisiúnta mar shampla***, agus a fhéadfar a chomhlánú le córas ráthaíochtaí tionscnaimh***.

***5a. Cuirfear an bunachar sonraí ar fáil go poiblí ar bhealach oscailte, trédhearcach agus soláimhsithe agus coinneofar cothrom le dáta é.***

***Déanfaidh an Coimisiún tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú don phobal i gcoitinne faoin bhfaisnéis a thuairiscítear i mbunachar sonraí an Aontais, lena n-áirítear cainníochtaí, tionscnamh geografach agus cineál bunábhair na mbreoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin .***

***(22a) leasaítear Airteagal 33 mar a leanas:***

***(a) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:***

***'3. In 2025, tíolacfaidh an Coimisiún, más iomchuí, togra reachtach maidir leis an gcreat rialála maidir le cur chun cinn an fhuinnimh ó fhoinsí inathnuaite don tréimhse tar éis 2030.***

***(b) i mír 3, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:***

***‘Agus an togra reachtach dá dtagraítear sa chéad fhomhír á ullmhú aige, cuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas san áireamh:***

***(a) comhairle ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide arna bhunú faoi Airteagal 10ú de Rialachán (CE) Uimh. 401/2009;***

***(b) buiséad táscach réamh-mheasta an Aontais maidir le gás ceaptha teasa dá dtagraítear in Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2021/1119;***

***(c) na pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna gcur isteach ag na Ballstáit faoin 30 Meitheamh 2024 de bhun Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2018/1999;***

***(d) an taithí a fuarthas trí chur chun feidhme na Treorach seo, lena n-áirítear a hinbhuanaitheacht agus a critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa; agus***

***(e) forbairtí teicneolaíochta i leictreachas ó fhoinsí inathnuaite.’;***

***(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:***

***‘4a. Faoi ... [dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar chur chun feidhme na Treorach seo agus foilseoidh sé tuarascáil ina leagfar amach conclúidí a hathbhreithnithe. Déanfar scrúdú san athbhreithniú ar an méid seo a leanas go háirithe:***

***(a) na héifeachtaí seachtracha a bhaineann le himscaradh an fhuinnimh in-athnuaite agus an tionchar atá aige ar an gcomhshaol.***

***(b) na buntáistí socheacnamaíocha a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach seo;***

***(c) stádas chur chun feidhme na dtionscnamh gaolmhar fuinnimh in-athnuaite faoi RepowerEU;***

***(d) cibé an gcomhlíontar an méadú ar an éileamh ar leictreachas in earnálacha an iompair, an tionscail, na tógála agus an téimh agus an fhuaraithe agus RFNBOnna le méideanna coibhéiseacha d’acmhainní giniúna in-athnuaite;***

***Déanfaidh an Coimisiún agus na húdaráis inniúla sna Ballstáit nósanna imeachta riaracháin a oiriúnú go leanúnach do dhea-chleachtais agus déanfaidh siad gach beart chun cur chun feidhme na Treorach seo a shimpliú, agus na costais chomhlíontacha ar na gníomhaithe atá rannpháirteach agus ar na hearnálacha a ndéantar difear dóibh a choinneáil chomh híseal agus is féidir.’;***

(23) leasaítear Airteagal 35 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8(3), an dara fomhír, Airteagal 29a(3), Airteagal 26(2), an ceathrú fomhír, Airteagal 26(2), an cúigiú fomhír, Airteagal 27(1), an dara fomhír, Airteagal 27(3), an ceathrú fomhír, Airteagal 28(5), Airteagal 28(6), an dara fomhír, Airteagal 31(5) an dara fomhír, agus Airteagal 31a(2), an dara fomhír a

thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ó [theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 7(3), an cúigiú fomhír, Airteagal 8(3), an dara fomhír, Airteagal 29a(3), Airteagal 26(2), an ceathrú fomhír, Airteagal 26(2), an cúigiú fomhír, Airteagal 27(1), an dara fomhír, Airteagal 27(3), an ceathrú fomhír, Airteagal 28(5), Airteagal 28(6), an dara fomhír, Airteagal 31(5), agus Airteagal 31a(2), an dara fomhír a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

'Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 7(3), an cúigiú fomhír, Airteagal 8(3), an dara fomhír, Airteagal 29a(3), Airteagal 26(2), an ceathrú fomhír, Airteagal 26(2), an cúigiú fomhír, Airteagal 27(1), an dara fomhír, Airteagal 27(3), an ceathrú fomhír, Airteagal 28(5), Airteagal 28(6), an dara fomhír, Airteagal 31(5), agus Airteagal 31a(2) an dara fomhír, i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.';

(24) leasaítear na hIarscríbhinní i gcomhréir leis na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2018/1999**

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 11:

ciallaíonn 'spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 an Aontais' an sprioc cheangailteach ar fud an Aontais laghdú intíre 40 % ar a laghad a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an gheilleagair i gcomparáid le 1990, ar sprioc í atá le baint amach faoi 2030, sprioc cheangailteach an Aontais maidir le

fuinneamh in-athnuaite in 2030 dá dtagraítear in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2018/2001, an phríomhsprioc ar leibhéal an Aontais 32,5 % ar a laghad d'fheabhsú ar éifeachtúlacht fuinnimh in 2030, agus sprioc 15 % d'idirnascadh leictreachais faoi 2030 nó aon sprioc ina dhiaidh sin i ndáil leis sin arna comhaontú ag an gComhairle Eorpach nó ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle i leith 2030.';

(b) i bpointe 20, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

i gcomhthéacs moltaí ón gCoimisiún arna mbunú ar an measúnú de bhun phointe (b) d'Airteagal 29(1) maidir le fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite, Ballstát a bheith ag cur chun feidhme go luath a rannchuidiú le sprioc cheangailteach an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite in 2030 dá dtagraítear in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2018/2001 arna thomhas in aghaidh a phointí tagartha náisiúnta le haghaidh fuinneamh in-athnuaite;';

(2) In Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(2):

'(2) maidir le fuinneamh in-athnuaite:

D'fhonn sprioc cheangailteach an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite in 2030 a ghnóthú, sprioc dá dtagraítear in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2018/2001, rannchuidiú leis an sprioc sin ó thaobh sciar an Bhallstáit d'fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite in olltomhaltas deiridh fuinnimh in 2030, maille le conair tháscach an rannchuidithe sin ó 2021 ar aghaidh. Faoi 2022, sroichfear, leis an gconair tháscach, pointe tagartha 18 % ar a laghad den mhéadú iomlán ar an sciar den fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite idir sprioc cheangailteach náisiúnta 2020 an Bhallstáit sin agus a rannchuidiú le sprioc 2030. Faoi 2025, sroichfear, leis an gconair tháscach, pointe tagartha 43 % ar a laghad den mhéadú iomlán ar an sciar den fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite idir sprioc cheangailteach náisiúnta 2020 an Bhallstáit sin agus a rannchuidiú le sprioc 2030. Faoi 2027, sroichfidh an chonair tháscach pointe tagartha dar luach 65 % ar a laghad den mhéadú iomlán ar an sciar den fhuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite idir sprioc cheangailteach náisiúnta do 2020 an Bhallstáit sin agus a rannchuidiú leis an sprioc do 2030.

Faoi 2030, sroichfear, leis an gconair tháscach, ar a laghad rannchuidiú beartaithe an Bhallstáit. I gcás ina síleann Ballstát go sáróidh sé sprioc cheangailteach náisiúnta 2020, féadfar tús a chur ar an gconair tháscach ar pé leibhéal is réamh-mheasta di. Maidir le conairí táscacha na mBallstát, i dteannta a chéile, ní mór gurb ionann iad agus pointí tagartha an Aontais in 2022, 2025 agus 2027 agus sprioc cheangailteach an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite in 2030 dá dtagraítear in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2018/2001. Ar leithligh óna rannchuidiú le sprioc an Aontais agus óna chonair tháscach chun críocha an Rialacháin seo, beidh Ballstát saor chun uaillmhianta níos mó a shonrú chun críocha an bheartais náisiúnta.';

(3) In Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Áiritheoidh na Ballstáit i dteannta a chéile gurb ionann suim a ranníocaíochtaí agus leibhéal sprioc cheangailteach an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite in 2030 dá dtagraítear in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2018/2001.';

(4) In Airteagal 29, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. I réimse an fhuinnimh in-athnuaite, mar chuid dá mheasúnú dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an dul chun cinn maidir le sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite in olltomhaltas deiridh an Aontais ar bhonn conair tháscach Aontais a thosóidh ag 20 % in 2020, a shroichfidh pointí tagartha dar luach 18 % ar a laghad in 2022, 43 % in 2025 agus 65 % in 2027 den mhéadú foriomlán i sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite idir sprioc 2020 an Aontais agus sprioc 2030 an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite, agus a shroichfidh sprioc 2030 an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite dá dtagraítear in Airteagal 3 de Threoir (AE) 2018/2001.’;

*Airteagal 3*

**Leasuithe ar Threoir 98/70/CE**

Leasaítear Treoir 98/70/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘Airteagal 1

Raon feidhme

Leagtar síos sa Treoir seo, i leith feithiclí bóthair, agus innealra soghluaiste nach innealra bóthair é (lena n-áirítear soithí uiscebhealaí intíre nuair nach mbíonn siad ar muir), tarracóirí talmhaíochta agus foraoiseachta, agus árthaí áineasa nuair nach mbíonn siad ar muir, sonraíochtaí teicniúla ar fhorais sláinte agus chomhshaoil le haghaidh breoslaí a úsáid le hinnill adhainte deimhní agus innill adhainte comhbhrú, agus ceanglais theicniúla na n-inneall sin á gcur san áireamh.’;

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 1, 2 agus 3:

‘1. ciallaíonn ‘peitreal’ aon ola mhianra sho-ghalaithe atá ceaptha chun innill adhainte dheimhní dócháin inmheánaigh a oibriú chun feithiclí a thiomáint agus a thagann faoi réim chóid AC 2710 12 41, 2710 12 45 agus 2710 12 49;

2. ciallaíonn ‘breoslaí díosail’ olaí gáis a thagann faoi réim chód AC 2710 19 43[27] dá dtagraítear i Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa

[27] Tá uimhriú na gcód AC sin mar a shonraítear sa Chomhtharaif Chustaim, Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

agus ón gComhairle[28] agus Rialachán (CE) 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] agus a úsáidtear le haghaidh feithiclí féinghluaiste;

'3. ciallaíonn 'olaí gáis atá beartaithe lena n-úsáid ag innealra soghluaiste nach innealra bóthair é (lena n-áirítear soithí uiscebhealaí intíre), tarracóirí talmhaíochta agus foraoiseachta, agus árthaí áineasa' aon bhreosla leachtach a dhíorthaítear ó pheitriliam, a thagann faoi réim chóid AC 27101943[30], dá dtagraítear i dTreoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31], Rialachán (AE) 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] agus Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33] agus atá beartaithe lena úsáid in innill adhainte chomhbhrú.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 8 agus 9:

'8. ciallaíonn 'soláthróir' 'soláthróir breosla' mar a shainmhínítear in Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (38) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[34];

'9. ciallaíonn 'bithbhreoslaí' 'bithbhreoslaí' mar a shainmhínítear in Airteagal 2, an chéad mhír, pointe (33) de Threoir (AE) 2018/2001;';

(3) leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) I mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Ceanglóidh na Ballstáit ar sholáthróirí a áirithiú go gcuirfear díosal a bhfuil suas le 7 % d'eistear meitile aigéid shailligh (FAME) ann ar an margadh.'

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

---

28 Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2007 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí (IO L 171, 29.6.2007, lch. 1).

29 Rialachán (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí tromshaothair (Euro VI) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 agus Treoir 2007/46/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 80/1269/CEE, 2005/55/CE agus 2005/78/CE (IO L 188, 18.7.2009, lch. 1);

30 Tá uimhriú na gcód AC sin mar a shonraítear sa Chomhtharaif Chustaim, Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

31 Treoir 2013/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le hárthaí áineasa agus árthaí pearsanta uisce agus lena n-aisghairtear Treoir 94/25/CE (IO L 354, 28.12.2013, lch. 90).

32 Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Feabhra 2013 maidir le formheas agus faireachas margaidh ar fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta, (IO L 060 an 2.3.2013, lch. 1).

33 Rialachán (AE) 2016/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir le ceanglais a bhaineann le teorainneacha astaíochtaí le haghaidh truailleáin ghásacha agus cháithníneacha agus cineálcheadú inneall dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste nach innealra bóthair é, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1024/2012 agus (AE) Uimh. 167/2013 agus lena leasaítear, agus lena n-aisghairtear Treoir 97/68/CE, (IO L 354 an 28.12.2013, lch. 53).

34 Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, (IO L 328 an 21.12.2018, lch. 82.)

‘2. Áiritheoidh na Ballstáit gurb é 10 mg/kg an cion sulfair uasta is incheadaithe in olaí gáis atá beartaithe lena n-úsáid ag innealra soghluaiste nach innealra bóthair é (lena n-áirítear soithí uiscebhealaí intíre), tarracóirí talmhaíochta agus foraoiseachta agus árthaí áineasa. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhféadfar breoslaí leachtacha seachas na holaí gáis sin a úsáid in árthaí uiscebhealaí intíre agus in árthaí áineasa ach amháin mura sárófar an cion uasta sulfair incheadaithe le cion sulfair na mbreoslaí leachtacha sin.’;

(4) Scriostar Airteagal 7a go 7e.

(5) leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) i mír 1, scriostar pointí (g), (h), (i) agus (k);

(b) scriostar mír 2;

(6) Leasaítear Iarscríbhinní, I, II, IV agus V i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo.

*Airteagal 4*

**Forálacha idirthréimhseacha**

(1) Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faoi bhráid an Choimisiúin na sonraí a bhaileofar agus a thuairisceofar don údarás arna ainmniú ag an mBallstát maidir leis an mbliain [IO: cuirtear isteach an bhliain féilire a ghabhfaidh éifeacht leis an aisghairm] nó maidir le cuid díobh i gcomhréir le hAirteagal 7a(1), an tríú fomhír, agus Airteagal 7a(7) de Threoir 98/70/CE, a scriostar le hAirteagal 3(4) den Treoir seo.

(2) Áireoidh an Coimisiún na sonraí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo in aon tuarascáil a mbeidh sé d’oibleagáid air a chur isteach faoi Threoir 98/70/CE.

*Airteagal 5*

**Trasuí**

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin 31 Nollaig ***2023*** ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 6*

**Aisghairm**

Aisghairtear Treoir (AE) 2015/652[35] ón gComhairle le héifeacht ó [IO: cuirtear isteach an bhliain féilire a ghabhfaidh éifeacht leis an aisghairm].

*Airteagal 7*

**Teacht i bhfeidhm**

***Faoi mhí na Nollag 2024, tíolacfaidh an Coimisiún Eorpach measúnú tionchair cuimsitheach ar éifeachtaí comhcheangailte agus carnacha an phacáiste 'oiriúnach do 55', lena n-áirítear an Treoir seo.***

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

35 Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle an 20 Aibreán 2015 lena leagtar síos modhanna áirimh agus ceanglais tuairiscithe de bhun Threoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhaineann le cáilíocht breoslaí peitril agus díosail, IO L 107, 25.4.2015, lgh. 26–67

## IARSCRÍBHINN I

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn I, scriostar an ró deiridh sa tábla;

▌

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn III:

LUACH FUINNIMH BREOSLAÍ

| Breosla | Luach fuinnimh de réir meáchain (luach calrach íochtarach, MJ/kg) | Luach fuinnimh de réir toirte (luach calrach íochtarach, MJ/l) |
|---|---|---|
| BREOSLAÍ Ó BHITHMHAIS AGUS/NÓ Ó OIBRÍOCHTAÍ PRÓISEÁLA BITHMHAISE | | |
| Bithphrópán | 46 | 24 |
| Ola glasraí íon (ola arna tháirgeadh ó phlandaí ola trí fháisceadh, eastóscadh nó nósanna imeachta inchomparáide, amh nó scagtha ach gan aon athrú ceimiceach) | 37 | 34 |
| Bithdhíosal - eistear meitile aigéid shailligh (eistear meitile arna tháirgeadh ó ola de tionscnamh bithmhaise) | 37 | 33 |
| Bithdhíosal - eistear eitile aigéid shailligh (eistear eitile arna tháirgeadh ó ola de tionscnamh bithmhaise) | 38 | 34 |
| Bithghás is féidir a íonú go cáilíocht gáis nádúrtha | 50 | — |
| Ola de thionscnamh bithmhaise arna hidreachóireáil (arna chóireáil go teirmiceimiceach le hidrigin), le húsáid in ionad díosail | 44 | 34 |
| Ola de thionscnamh bithmhaise arna hidreachóireáil (arna chóireáil go teirmiceimiceach le hidrigin), le húsáid in ionad díosail | 45 | 30 |

| | | |
|---|---|---|
| Ola de thionscnamh bithmhaise arna hidreachóireaíl (arna chóireáil go teirmiceimiceach le hidrigin), le húsáid in ionad scairdbhreosla | 44 | 34 |
| Ola de thionscnamh bithmhaise arna hidreachóireaíl (arna chóireáil go teirmiceimiceach le hidrigin), le húsáid in ionad gás peitriliam leachtaithe | 46 | 24 |
| Ola comhphróiseáilte (próiseáilte i scaglann go comhuaineach le breosla iontaise) de thionscnamh bithmhaise nó bithmhaise pirealaithe le húsáid in ionad díosail | 43 | 36 |
| Ola comhphróiseáilte (próiseáilte i scaglann go comhuaineach le breosla iontaise) de thionscnamh bithmhaise nó bithmhaise pirealaithe le húsáid in ionad peitril | 44 | 32 |
| Ola comhphróiseáilte (próiseáilte i scaglann go comhuaineach le breosla iontaise) de thionscnamh bithmhaise nó bithmhaise pirealaithe le húsáid in ionad scairdbhreosla | 43 | 33 |
| Ola comhphróiseáilte (próiseáilte i scaglann go comhuaineach le breosla iontaise) de thionscnamh bithmhaise nó bithmhaise pirealaithe le húsáid in ionad gás peitriliam leachtaithe | 46 | 23 |
| BREOSLAÍ INATHNUAITE IS FÉIDIR A THÁIRGEADH Ó FHOINSÍ ÉAGSÚLA INATHNUAITE LENA nÁIRÍTEAR BITHMHAIS | | |
| Meatánól ó fhoinsí inathnuaite | 20 | 16 |
| Eatánól ó fhoinsí inathnuaite | 27 | 21 |
| Própánól ó fhoinsí inathnuaite | 31 | 25 |
| Bútanól ó fhoinsí inathnuaite | 33 | 27 |
| Díosal Fischer-Tropsch (hidreacarbón sintéiseach nó meascán de hidreacarbóin shintéiseacha le húsáid in ionad díosail) | 44 | 34 |

| | | |
|---|---|---|
| Peitreal Fischer-Tropsch (hidreacarbón sintéiseach nó meascán de hidreacarbóin shintéiseacha le húsáid in ionad peitril) | 44 | 33 |
| Scairdbhreosla Fischer-Tropsch (hidreacarbón sintéiseach nó meascán de hidreacarbóin shintéiseacha le húsáid i scairdbhreosla) | 44 | 33 |
| Gás peitriliam leachtaithe Fischer-Tropsch (hidreacarbón sintéiseach nó meascán de hidreacarbóin shintéiseacha le húsáid in ionad gás peitriliam leachtaithe) | 46 | 24 |
| DME (éitear démheitile) | 28 | 19 |
| Hidrigin ó fhoinsí inathnuaite | 120 | — |
| ETBE (éitear búitileach treasach eitileach arna tháirgeadh ar bhonn eatánóil) | 36 (lena n-áirítear 37 % ó fhoinsí inathnuaite) | 27 (lena n-áirítear 37 % ó fhoinsí inathnuaite) |
| MTBE (éitear búitileach treasach meitileach arna tháirgeadh ar bhonn meatánóil) | 35 (lena n-áirítear 22 % ó fhoinsí inathnuaite) | 26 (lena n-áirítear 22 % ó fhoinsí inathnuaite) |
| TAEE (éitear eitileach treasach aimileach arna tháirgeadh ar bhonn eatánóil) | 38 (lena n-áirítear 29 % ó fhoinsí inathnuaite) | 29 (lena n-áirítear 29 % ó fhoinsí inathnuaite) |
| TAME (éitear eitileach treasach meitileach aimileach arna tháirgeadh ar bhonn meatánóil) | 36 (lena n-áirítear 18 % ó fhoinsí inathnuaite) | 28 (lena n-áirítear 18 % ó fhoinsí inathnuaite) |
| THxEE (éitear eitileach treasach heicsealach arna tháirgeadh ar bhonn eatánóil) | 38 (lena n-áirítear 25 % ó fhoinsí inathnuaite) | 30 (lena n-áirítear 25 % ó fhoinsí inathnuaite) |
| THxME (éitear meitileach treasach heicsealach arna tháirgeadh ar bhonn meatánóil) | 38 (lena n-áirítear 14 % ó fhoinsí inathnuaite san áireamh) | 30 (lena n-áirítear 14 % ó fhoinsí inathnuaite) |
| BREOSLAÍ NEAMH-INATHNUAITE | | |
| Peitreal | 43 | 32 |
| Díosal | 43 | 36 |
| Hidrigin ó fhoinsí neamh-inathnuaite | 120 | — |

(4) Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

**'OILIÚINT AGUS DEIMHNIÚ SUITEÁLAITHE AGUS DEARTHÓIRÍ SUITEÁLACHA INATHNUAITE'**

b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh agus na chéad mhíre

'Beidh na scéimeanna deimhniúcháin agus na cláir oiliúna dá dtagraítear in Airteagal 18 (3) bunaithe ar na critéir seo a leanas:

1. Beidh an próiseas deimhniúcháin trédhearcach agus sainithe go soiléir ag na Ballstáit nó ag an gcomhlacht riaracháin a cheapfaidh siad.';

c) cuirtear na pointí 1a agus 1b seo a leanas isteach:

'1a. Déanfar na deimhnithe a eiseoidh comhlachtaí deimhniúcháin a shainiú go soiléir agus beidh siad éasca le sainaithint d'oibrithe agus do ghairmithe atá ag lorg deimhniúcháin.

1b. Cuirfidh an próiseas deimhniúcháin ar chumas suiteálaithe suiteálacha ardcháilíochta a oibríonn go hiontaofa a chur i bhfeidhm.';

d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 2 agus 3:

'2. Déanfaidh clár oiliúna creidiúnaithe nó soláthraí oiliúna creidiúnaithe ***nó scéimeanna foirmiúla cáilíochta i gcomhréir leis an dlí náisiúnta***, suiteálaithe bithmhaise, teaschaidéil, suiteálacha geoiteirmeacha éadoimhne, grianfhuinnimh ▌ theirmigh ***agus teicneolaíochtaí stórála agus freagartha éilimh, lena n-áirítear*** stáisiúin luchtaithe, a dheimhniú,'

3. Is iad na Ballstáit nó an comhlacht riaracháin a cheapfaidh siad a dhéanfaidh creidiúnú ar an gclár nó soláthraí oiliúna. Áiritheoidh an comhlacht creidiúnaithe go mbeidh ***cuimsitheacht agus*** leanúnachas agus clúdach réigiúnach nó náisiúnta ag baint leis na ***cláir*** oiliúna, ***uas-scilithe agus athscilithe*** arna dtairiscint ag an soláthraí oiliúna.

Beidh saoráidí teicniúla leormhaithe ag an soláthraí oiliúna chun oiliúint phraiticiúil a sholáthar, lena n-áirítear trealamh leordhóthanach saotharlainne nó saoráidí comhfhreagracha chun oiliúint phraiticiúil a sholáthar.

I dteannta na bunoiliúna, déanfaidh an soláthraí oiliúna cúrsaí oiliúna athnuachana agus uas-scilithe níos giorra arna n-eagrú i modúil oiliúna a thairiscint lena gcuirfear ar chumas suiteálaithe agus dearthóirí inniúlachtaí nua a fhoghlaim, agus a gcuid scileanna a leathnú agus a éagsúlú i roinnt teicneolaíochtaí agus ina réimsí féin. Áiritheoidh an soláthraí oiliúna go gcuirfear oiliúint in oiriúint do theicneolaíochtaí nua in-athnuaite i gcomhthéacs foirgneamh, tionscail agus talmhaíochta. Aithneoidh soláthraithe oiliúna na scileanna ábhartha a sealbhaíodh.

Ceapfar na cláir agus na modúil oiliúna i gcaoi go mbeifear in ann foghlaim ar feadh an tsaoil a dhéanamh i suiteálacha inathnuaite agus go mbeidh siad ag luí leis an ngairmoiliúint do chuardaitheoirí poist céaduaire agus do dhaoine fásta atá ag lorg athoiliúna nó fostaíocht nua.

Ceapfar na cláir oiliúna chun gur fusa cáilíocht a fháil i dteicneolaíochtaí agus i réitigh éagsúla agus chun speisialtóireacht theoranta i mbranda nó i dteicneolaíocht ar leith a sheachaint. Féadfaidh monaróir an trealaimh nó an chórais, institiúidí nó cumainn a bheith ina soláthraí oiliúna.

***da) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5:***

***'5. Críochnóidh an cúrsa oiliúna le scrúdú a mbeidh deimhniú nó cáilíocht mar thoradh air. Beidh measúnú praiticiúil ar choirí bithmhaise nó soirn bhithmhaise, teaschaidéil, suiteálacha geoiteirmeacha éadoimhne, suiteálacha teirmeacha gréine teicneolaíochtaí stórála agus freagartha éilimh, lena n-áirítear stáisiúin luchtaithe.'***

e) I bpointe 6(c), cuirtear na pointí (iv) agus (v) leis:

'(iv) tuiscint ar staidéir féidearthachta agus dearaidh;

(v) tuiscint ar dhruileáil, i gcás teaschaidéil geoiteirmeacha.';

(5) In Iarscríbhinn V, leasaítear cuid C mar a leanas:

a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 5 agus 6:

'5. Áireofar le hastaíochtaí ó eastóscadh nó saothrú amhábhar, eec, astaíochtaí ón bpróiseas eastósctha nó saothraithe é féin; ó bhailiú, triomú agus stóráil na n-amhábhar; ó dhramhaíl agus ó sceitheadh; agus ó tháirgeadh ceimiceán nó táirgí a úsáidtear san eastóscadh nó sa saothrú. Cuirfear gabháil $CO_2$ i saothrú na n-amhábhar as an áireamh. Má tá siad ar fáil, déanfar na luachanna réamhshocraithe dí-chomhiomlánaithe d'astaíochtaí N2O ithreach a leagtar amach i gCuid D a chur i bhfeidhm sa ríomh. Is ceadmhach meáin a ríomh bunaithe ar chleachtais feirmeoireachta áitiúla atá bunaithe ar shonraí grúpa feirmeacha mar rogha mhalartach ar luachanna iarbhír a úsáid.
6. Chun críocha an ríomha dá dtagraítear i bpointe 1(a), ní chuirfear san áireamh laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhainistíocht fheabhsaithe talmhaíochta, esca, amhail aistriú chuig síolú díreach nó curaíocht laghdaithe, feabhsú ar bhairr/uainíocht na mbarr, úsáid barr cumhdaigh, lena n-áirítear bainistiú iarmhar barr, agus úsáid feabhsaitheora orgánaigh ithreach (e.g. múirín, díleáiteán coipthe aoiligh), mura bhfuil an baol ann go ndéanfaidh siad dochar don bhithéagsúlacht. Ina theannta sin, cuirfear fianaise dhaingean infhíoraithe ar fáil go bhfuil méadú tagtha ar chion carbóin na hithreach nó gur réasúnach a bheith ag súil go dtiocfadh méadú air thar an tréimhse inar saothraítear na hamhábhair lena mbaineann agus aird á tabhairt ar na hastaíochtaí i gcás ina dtagann méadú ar úsáid leasacháin agus luibhicídí mar thoradh ar chleachtais den sórt sin[36].';

b) scriostar pointe 15;

c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 18:

---

[36] D'fhéadfadh tomhais ar chion carbóin na hithreach a bheith i gceist le fianaise den sórt sin, mar shampla tríd an gcéad tomhas roimh an saothrú agus tomhais go tráthrialta ina dhiaidh sin cúpla bliain óna chéile. Sa chás sin, sula mbeadh teacht ar an dara tomhas, dhéanfaí méadú i gcion carbóin na hithreach a mheasúnú ar bhonn turgnaimh ionadaíocha nó samhlacha ithreach. Ón dara tomhas ar aghaidh, bheadh na tomhais ina mbunús lena chinneadh an ann do mhéadú ar chion charbóin na hithreach agus ar a mhéid.

‘18. Chun críocha na ríomhanna dá dtagraítear i bpointe 17, is iad na hastaíochtaí a bheidh le roinnt eec + el + esca + na codáin sin de ep, etd, eccs agus eccr a tharlaíonn suas go dtí an chéim den phróiseas ina dtáirgtear comhtháirge, an chéim sin san áireamh. Más rud é go ndearnadh aon chionroinnt ar chomhtháirgí ag céim níos luaithe den phróiseas sa saolré, úsáidfear an codán de na hastaíochtaí sin a sannadh don táirge breosla eatramhach sa chéim dheireanach sin den phróiseas chun na gcríoch sin seachas iomlán na n-astaíochtaí sin. I gcás bithgháis agus bithmheatáin, cuirfear gach comhtháirge nach dtagann faoi raon feidhme phointe 7 san áireamh chun críocha an ríofa sin. Ní dhéanfar aon astaíochtaí a chionroinnt ar dhramhaíl agus iarmhair. Measfar luach fuinnimh nialasach a bheith ag comhtháirgí a bhfuil luach fuinnimh diúltach acu chun críocha an ríofa. Measfar astaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha sa saolré a bheith ag dramhaíl agus iarmhair, lena n-áirítear an dramhaíl agus iarmhair uile atá in Iarscríbhinn IX, suas go dtí próiseas bailithe na n-ábhar sin beag beann orthu a bheith próiseáilte ina dtáirgí eatramhacha sula ndéantar iad a thiontú chuig an táirge deiridh. ▌ I gcás breoslaí bithmhaise a tháirgtear i scaglanna, seachas an teaglaim d’ionaid phróiseála ina bhfuil coirí nó aonaid chomhghiniúna a sholáthraíonn teas agus/nó leictreachas don ionad próiseála, is é an scaglann a úsáidfear mar aonad anailíse chun críocha an ríofa dá dtagraítear i bpointe 17’;

(6) In Iarscríbhinn VI, leasaítear cuid B mar a leanas:

a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 5 agus 6:

‘5. Áireofar le hastaíochtaí ó eastóscadh nó saothrú amhábhar, eec, astaíochtaí ón bpróiseas eastósctha nó saothraithe é féin; ó bhailiú, triomú agus stóráil na n-amhábhar; ó dhramhaíl agus ó sceitheadh; agus ó tháirgeadh ceimiceán nó táirgí a úsáidtear san eastóscadh nó sa saothrú. Cuirfear gabháil $CO_2$ i saothrú na n-amhábhar as an áireamh. Má tá siad ar fáil, déanfar na luachanna réamhshocraithe dí-chomhiomlánaithe d’astaíochtaí N2O ithreach a leagtar amach i gCuid D a chur i bhfeidhm sa ríomh. Is ceadmhach meáin a ríomh bunaithe ar chleachtais feirmeoireachta áitiúla atá bunaithe ar shonraí grúpa feirmeacha mar rogha mhalartach ar luachanna iarbhír a úsáid.’

6. Chun críocha an ríomha dá dtagraítear i bpointe 1(a), ní chuirfear san áireamh laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhainistíocht fheabhsaithe talmhaíochta, esca, amhail aistriú chuig síolú díreach nó curaíocht laghdaithe, feabhsú ar bhairr/uainíocht na mbarr, úsáid barr cumhdaigh, lena n-áirítear bainistiú iarmhar barr, agus úsáid feabhsaitheora orgánaigh ithreach (e.g. múirín, díleáiteán coipthe aoiligh), mura bhfuil an baol ann go ndéanfaidh siad dochar don bhithéagsúlacht. Ina theannta sin, cuirfear fianaise dhaingean infhíoraithe ar fáil go bhfuil méadú tagtha ar chion carbóin na hithreach nó gur réasúnach a bheith ag súil go dtiocfadh méadú air thar an tréimhse inar saothraítear na hamhábhair lena mbaineann

agus aird á tabhairt ar na hastaíochtaí i gcás ina dtagann méadú ar úsáid leasacháin agus luibhicídí mar thoradh ar chleachtais den sórt sin[37].’;

b) scriostar pointe 15;

c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 18:

‘18. Chun críocha na ríomhanna dá dtagraítear i bpointe 17, is iad na hastaíochtaí a bheidh le roinnt $e_{ec}$ + $e_l$ + $e_{sca}$ + na codáin sin de $e_p$, $e_{td}$, $e_{ccs}$ agus $e_{ccr}$ a tharlaíonn suas go dtí an chéim den phróiseas ina dtáirgtear comhtháirge, an chéim sin san áireamh. Más rud é go ndearnadh aon chionroinnt ar chomhtháirgí ag céim níos luaithe den phróiseas sa saolré, úsáidfear an codán de na hastaíochtaí sin a sannadh don táirge breosla eatramhach sa chéim dheireanach sin den phróiseas chun na gcríoch sin seachas iomlán na n-astaíochtaí sin.

I gcás bithgháis agus bithmheatáin, cuirfear gach comhtháirge nach dtagann faoi raon feidhme phointe 7 san áireamh chun críocha an ríofa sin. Ní dhéanfar aon astaíochtaí a chionroinnt ar dhramhaíl agus iarmhair. Measfar luach fuinnimh nialasach a bheith ag comhtháirgí a bhfuil luach fuinnimh diúltach acu chun críocha an ríofa.

Measfar astaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha sa saolré a bheith ag dramhaíl agus iarmhair, lena n-áirítear an dramhaíl agus iarmhair uile atá in Iarscríbhinn IX, suas go dtí próiseas bailithe na n-ábhar sin beag beann orthu a bheith próiseáilte ina dtáirgí eatramhacha sula ndéantar iad a thiontú chuig an táirge deiridh. ▌

I gcás breoslaí bithmhaise a tháirgtear i scaglanna, seachas an teaglaim de mhonarchana próiseála ina bhfuil coirí nó aonaid chomhghiniúna a thugann teas agus/nó leictreachas don mhonarcha próiseála, is é an scaglann a bheidh san aonad anailíse chun críocha an ríofa dá dtagraítear i bpointe 17.’

***(6a) in Iarscríbhinn VI, cuirtear isteach cuid Ba seo a leanas:***

***‘Ba.***

***Bunábhair breosla bithmhaise le húsáid i suiteálacha do-aistrithe lasmuigh den earnáil iompair, lena n-áirítear na pointí seo a leanas:***

***1. An codán bithmhaise d’iarmhair agus de dhramhaíl sa phríomhthionscal próiseála bia:***

***(a) laíon biatais (féinúsáid inmheánach amháin san earnáil)***

***(b) luibheanna agus duilleoga ó níochán biatais***

***(c) crotail arbhair agus sliogáin torthaí***

***(d) an codán bithmhaise de dhramhaíl tionscail nach bhfuil oiriúnach lena úsáid sa slabhra bia agus beatha***

---

[37] D'fhéadfadh tomhais ar chion carbóin na hithreach a bheith i gceist le fianaise den sórt sin, mar shampla tríd an gcéad tomhas roimh an saothrú agus tomhais go tráthrialta ina dhiaidh sin cúpla bliain óna chéile. Sa chás sin, sula mbeadh teacht ar an dara tomhas, dhéanfaí méadú i gcion carbóin na hithreach a mheasúnú ar bhonn turgnaimh ionadaíocha nó samhlacha ithreach. Ón dara tomhas ar aghaidh, bheadh na tomhais ina mbunús lena chinneadh an ann do mhéadú ar chion charbóin na hithreach agus ar a mhéid.

***(e) an codán snáithíneach de bhiatas siúcra tar éis úscadh an tsú, na nduilleog agus na n-eireaball idirleata agus na licéar eile a fhaightear tar éis úscadh siúcra;***

***2. An codán bithmhaise sloda ó chóireáil dramhuisce sa tionscal próiseála bia príomhúil;';***

(7) in Iarscríbhinn VII, sa sainmhíniú ar Qin-úsáidte, cuirtear tagairt d'Airteagal 7(3) in ionad na tagartha d'Airteagal 7(4).

(8) leasaítear Iarscríbhinn IX mar a leanas:

(a) i gCuid A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

'Bunábhair chun bithghás don iompar agus bithbhreoslaí ardfhorbartha a tháirgeadh:'

(b) i gCuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

'Bunábhair chun bithbhreoslaí agus bithghás don iompar a tháirgeadh, a mbeidh a rannchuidiú teoranta i dtreo na sprice maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú arna bunú i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 25(1):';

## IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, IV agus V a ghabhann le Treoir 98/70/CE mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs i bhfonóta 1:

'(1) Is iad na modhanna a shonraítear in EN 228:2012+A1:2017 a bheidh sna modhanna tástála. Féadfaidh na Ballstáit an modh anailíseach a shonraítear i gcaighdeán ionadach EN 228:2012+A1:2017 a ghlacadh más féidir a thaispeáint go mbaineann an cruinneas céanna ar a laghad agus an leibhéal beachtais céanna ar a laghad is a bhaineann leis an modh anailíseach a mbeidh sé á chur ina ionad.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs fhonóta 2:

'(2) is 'fíorluachanna' iad na luachanna a luaitear sa tsonraíocht. Agus a luachanna teorann á socrú, cuireadh i bhfeidhm téarmaí EN ISO 4259-1:2017/A1:2021 'Peitriliam agus táirgí gaolmhara — Beachtas modhanna tomhais agus torthaí – Cuid 1: Na sonraí beachtais a chinneadh maidir le modhanna tástála' agus trí íosluach a shocrú, cuireadh difríocht íosta 2R os cionn náid san áireamh (R = in-atáirgtheacht). Déanfar na torthaí ó thomhais aonair a léirmhíniú ar bhonn na gcritéar a bhfuil tuairisc orthu in EN ISO 4259-2:2017/A1:2019.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs i bhfonóta 6:

‘(6) Mona-alcóil agus éitir eile nach airde a bhfiuchphointe deiridh ná an fiuchphointe deiridh a luaitear in EN 228:2012 +A1:2017.’

(2) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) sa líne dheireanach den tábla, ‘cion FAME – EN 14078’, san iontráil sa cholún deireanach ‘Teorainneacha’ ‘Uasmhéid’, cuirtear ‘10.0’ in ionad ‘7,0’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs i bhfonóta 1:

‘(1) Is iad na modhanna a shonraítear in EN 590:2013+A1:2017 a bheidh sna modhanna tástála. Féadfaidh na Ballstáit an modh anailíseach a shonraítear i gcaighdeán ionadach EN 590:2013+A1:2017 a ghlacadh más féidir a thaispeáint go mbaineann an cruinneas céanna ar a laghad agus an leibhéal beachtais céanna ar a laghad leis is a bhaineann leis an modh anailíseach a mbeidh sé á chur ina ionad.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs fhonóta 2:

‘(2) Is ‘fíorluachanna’ iad na luachanna a luaitear sa tsonraíocht. Agus a luachanna teorann á socrú, cuireadh i bhfeidhm téarmaí EN ISO 4259-1:2017/A1:2021 ‘Peitriliam agus táirgí gaolmhara — Beachtas modhanna tomhais agus torthaí – Cuid 1: Na sonraí beachtais a chinneadh maidir le modhanna tástála’ agus trí íosluach a shocrú, cuireadh difríocht íosta 2R os cionn náid san áireamh (R = in-atáirgtheacht). Déanfar na torthaí ó thomhais aonair a léirmhíniú ar bhonn na gcritéar a bhfuil tuairisc orthu in EN ISO 4259-2:2017/A1:2019.’;

(3) Scriostar Iarscríbhinní IV agus V.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

**Réasúnú Gearr**

**Treoirphrionsabal – le creat rialála agus geilleagar margaidh i dtreo na haeráidneodrachta**

Má tá an Eoraip chun rannchuidiú le Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide, tá sé ríthábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite (RED III), rud a mhéadóidh méid an fhuinnimh in-athnuaite mar chéatadán d'olltomhaltas fuinnimh iomlán ó 32 % go 40 % faoi 2030. Ní féidir an sprioc an-uaillmhianach sin a bhaint amach ach amháin trí mhéadú ollmhór ar chineálacha fuinnimh in-athnuaite i ngach earnáil trí bhíthin teicneolaíocht nuálach. Tá an sprioc sin mar bhonn d'uaillmhian na hEorpa a ceannaireacht dhomhanda sa nuálaíocht a leathnú a mhéid a bhaineann le teicneolaíochtaí comhshaoil.

Leagtar síos leis na spriocanna uaillmhianacha an creat le haghaidh réitigh mhargadhbhunaithe in earnáil na tionsclaíochta, na tógála agus an iompair. Ní mór na spriocanna a bheith idirnasctha agus níor cheart ualach cánach dúbailte a bheith mar thoradh orthu do thomhaltóirí fuinnimh, mar shampla trí phraghsáil nó lipéadú ETS. Ní mór an méadú ar sciar na bhfoirmeacha in-athnuaite fuinnimh – trí leictriú, úsáid breoslaí bunaithe ar leictreachas agus trí bhithfhuinneamh – a bheith neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus réitigh idirthréimhseacha a cheadú. Mar sin féin, ní mór 100 % d'fhoinsí in-athnuaite a bheith i sciar 40 %. Is iad spriocanna Pháras an tagarmharc.

**Leas a bhaint as sineirgí sa Mhargadh Aonair – Nósanna imeachta um údarú a ghearradh – Nuálaíocht a chur chun cinn**

Déanann an togra ón gCoimisiún faillí i rannchuidiú an mhargaidh aonair Eorpaigh leis an aistriú fuinnimh. Chomh maith leis sin, i bhfianaise fheidhmíocht dhíomách fuinnimh an Chiste Téarnaimh, iarrtar sa tuarascáil seo go ndéanfar na huaillmhianta a dhúbailt maidir le líonraí ábhartha agus tionscadail eile bhonneagair a chur in úsáid ar bhonn trasteorann do na Ballstáit níos mó. Tá sé beartaithe go gcabhróidh 'lipéadú' le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite le nósanna imeachta um dheonú ceadanna a ghiorrú.

Ní mór ardtosaíocht dhlíthiúil a thabhairt do thionscadail aistrithe fuinnimh i ngach Ballstát trí bhíthin nósanna imeachta meara pleanála. Chun gréasáin a chobhsú ina bhfuil sciartha fuinnimh in-athnuaite atá ag dul i méid, tá sé tábhachtach go ndéanfaí gréasáin fuinnimh na hEorpa a chomhtháthú agus a idirnascadh tuilleadh. Agus déanamh amhlaidh, ní mór a áirithiú go mbeidh forbairt foinsí in-athnuaite fuinnimh bord ar bhord freisin le leathnú agus pleanáil an ghréasáin fuinnimh, ionas go n-áiritheofar an úsáid is fearr is féidir a bhaint as fuinneamh in-athnuaite ó thaobh stórála de, mar shampla trí cheallraí nasctha. Ní mór dóibh sin a bheith i bhfad níos trédhearcaí do thomhaltóirí maidir le toilleadh stórála, staid an mhuirir agus caitheamh agus cuimilt. Ag an am céanna, ní mór dúinn iomaíochas na hEorpa a áirithiú, lena n-áirítear tríd an nuálaíocht. Sin an fáth a n-iarrtar sa tuarascáil go mbeidh cineálacha nuálacha teicneolaíochta fuinnimh in-athnuaite, amhail teicneolaíocht tonnta nó taoide, freagrach as 5 % den acmhainneacht a bheidh ann amach anseo i ngach Ballstát idir

2025 agus 2035.

**Dlús a chur le leathadh amach hidrigine – Gan teorainn a chur le hinfhaighteacht bithmhaise**

Ní féidir na cuspóirí aeráide a bhaint amach ach amháin má shaothraítear na roghanna dícharbónaithe uile atá ar fáil i ngach earnáil. Tá sonraíochtaí an Choimisiúin maidir le táirgeadh hidrigine glaise agus breoslaí in-athnuaite eile de thionscnamh neamhbhitheolaíoch (RFNBOanna) róchasta agus ní mór iad a shimpliú gan dochar a dhéanamh don chomhshaol. Níor cheart táirgeadh hidrigine a chur i leataobh le haghaidh suiteálacha sonracha i réigiúin shonracha ag amanna sonracha. Trí Chomhaontuithe Ceannaigh Cumhachta H2 agus ráthaíochtaí tionscnaimh, ní mór creat rialála nua-aimseartha, digitithe margadhbhunaithe a chruthú lena simpleofar soláthar hidrigine i bhfianaise na ordlathas dramhaíola agus na ndifríochtaí nádúrtha atá ann cheana, d’fhéadfadh ualach cánach dúbailte a bheith mar thoradh ar phrionsabal na cascáide agus ba cheart é a bheith mar fhreagracht ar na Ballstáit.

**Tionscal, iompar, foirgnimh – fágfaidh solúbthacht go mbeifear in ann an sprioc a bhaint amach níos tapúla**

Is dócha go mbeidh an cur chuige maidir le sprioc cheangailteach de 50 % a leagan síos do RFNBOanna mar amhábhair agus foinsí fuinnimh in earnáil na tionsclaíochta ró-uaillmhianach agus ní féidir é a bhaint amach ach amháin trí dhlús a chur le nósanna imeachta formheasa, trí chóras láidir ráthaíochtaí tionscnaimh agus trí ghlacadh leis go gcaithfidh roinnt pointí céatadáin teacht ó fhoinsí fuinnimh ísealcharbóin. Ní athraíonn sé sin ar bhealach ar bith an sprioc 40 % d’fhuinneamh in-athnuaite maidir le tomhaltas deiridh. Ós rud é gur cosúil go mbeadh borradh níos tapúla faoi H2 ó 2030 ar aghaidh, ba cheart sprioc 70 % a shocrú don hidrigin ghlas (gan carbón íseal) do 2035. Tá an sprioc maidir le fuinneamh in-athnuaite in earnáil na bhfoirgneamh (49 %) an-uaillmhianach freisin agus ní mór di, sa bhreis ar leictriú, úsáid téimh ceantair ghlais agus comhtháthú gás in-athnuaite sa ghréasán gáis atá ann cheana a chur san áireamh.

Os a choinne sin, ba cheart an sprioc maidir le gás ceaptha teasa a laghdú in earnáil an iompair a mhéadú go 20 %. Ag an am céanna, ní mór fospriocanna do bhithbhreoslaí, do bhreoslaí sintéiseacha agus do ríomhbhreoslaí a mhéadú chun fíorchomhartha a thabhairt maidir le hoscailteacht theicneolaíoch agus chun roghanna a chur ar fáil d’earnálacha eacnamaíocha/iompair agus do réigiúin ar deacair iad a leictriú.

**Inmharthanacht airgeadais: Creat cabhrach solúbtha ag teastáil, aistrithe a úsáid chun dlús a chur le baint amach spriocanna, dlús a chur le hallmhairí fuinnimh ghlais**


Beidh tacaíocht airgeadais agus rialáil éifeachtúil tábhachtach, go háirithe sna blianta amach romhainn, chun míbhuntáistí iomaíochta arna dtabhú ag cuideachtaí a chúiteamh. Ní mór spriocanna nua RED III a ailíniú le ceanglais threoirlínte nua AE maidir le Státchabhair (CEEAG) agus leis an Treoir maidir leis an Margadh Gáis. Thairis sin, ba cheart cuimsiú teicneolaíochtaí ísealcharbóin sna spriocanna earnála a mheas mar luasaire don laghdú ar CO2. I gcás ar bith, ní mór do RED III spreagadh a thabhairt do straitéis allmhairiúcháin ar mórscála maidir le leictreachas glas agus allmhairí hidrigine a chuireann na ráthaíochtaí ábhartha maidir le tionscnamh agus na critéir táirgthe san áireamh freisin, agus lena gcuirtear allmhairí san áireamh chun na spriocanna foriomlána nó spriocanna earnála a bhaint amach.

**Measúnuithe tionchair a fheabhsú agus rómhaorlathas a laghdú**

Ní féidir leis an gCoimisiún measúnuithe tionchair láidre a chur ar fáil ach le haghaidh sprioc uasta choigiltis 38-40 %. Níl sé freagrach as tograí ina dhiaidh sin. Leis an treoir sin, cuireadh isteach go leor ceanglas agus oibleagáidí tuairiscithe (bunachar sonraí soláthair fuinnimh, faisnéis faoi cheallraí, teastais cháilíochta, rochtain tríú páirtí ar líonraí téimh ceantair, cumhdach saoráidí táirgthe níos lú). Déanfar iad sin a athbhreithniú nó a sheachaint má tá rialacháin i bhfeidhm sna Ballstáit. I gcomhréir leis an bprionsabal ‘ceann amháin isteach, ceann amháin amach’, iarrtar ar an gCoimisiún tograí a thíolacadh maidir le faoiseamh riaracháin d’oibreoirí eacnamaíocha faoi spriocdháta ar leith.

Ba cheart slándáil dhlíthiúil agus infheistíochta a bhaint amach go háirithe tríd an treoir féin. Molaim, dá bhrí sin, cumhachtaí cinnteoireachta an Choimisiúin a fheidhmiú i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Dá bhrí sin, tá mé fíorchriticiúil maidir leis an líon mór gníomhartha tarmligthe atá le deonú don Choimisiún sa Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite.

Tá leibhéal rialála agus idirspleáchais bainte amach againn anois in earnáil an fhuinnimh agus is ar éigean is féidir neamhaird a dhéanamh de (féach na hidirnaisc idir RED III ar an ngraf). Tá gá le cur chuige comhtháiteach lena gcomhcheanglaítear oibleagáidí tuairiscithe agus oibleagáidí a bhaineann le fianaise d’oibreoirí eacnamaíocha.



24.5.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle

(COM(2021)0557 – C9-0329/2021 – 2021/0218(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Hildegard Bentele

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Fhorbairt ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Tá ról bunúsach ag fuinneamh in-athnuaite chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích agus chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, ós rud é gurb í earnáil an fhuinnimh is cúis le breis agus 75 % d’astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa an Aontais. Trí na hastaíochtaí gás ceaptha teasa sin a laghdú, is cuidiú é fuinneamh in-athnuaite freisin chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid***, mar shampla*** cailliúint bithéagsúlachta. | (2) Tá ról bunúsach ag fuinneamh in-athnuaite chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích agus chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, ós rud é gurb í earnáil an fhuinnimh is cúis le breis agus 75 % d’astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa an Aontais. Trí na hastaíochtaí gás ceaptha teasa sin a laghdú, is cuidiú é fuinneamh in-athnuaite freisin chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid ***amhail*** cailliúint bithéagsúlachta ***agus neamhshlándáil an tsoláthair bia***. |

**Leasú 2**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Is cumasóir tábhachtach d'fhorbairt inbhuanaithe é an fuinneamh in-athnuaite, ar rud é a rannchuidíonn go díreach agus go hindíreach le go leor Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), lena n-áirítear laghdú na bochtaineachta, oideachas, uisce agus sláintíocht. Baineann tairbhí socheacnamaíocha leathana le foinsí in-athnuaite fuinnimh freisin, lena gcruthaítear poist nua agus lena gcothaítear tionscail áitiúla.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2b) Ní féidir córas fuinnimh agus iompair an Aontais a athrú ó bhonn i dtreo córas neamhthuilleamaíochta fuinnimh agus cumhachta glaine a bhíonn ag brath go hiomlán nó go príomha ar fhuinneamh in-athnuaite san amlíne arna leagan síos trí bheith ag brath ar acmhainní in-athnuaite intíre amháin. Chun spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise agus ar allmhairí breosla iontaise a laghdú, tá gá le straitéis leathan agus chomhleanúnach, lena n-áireofaí freisin allmhairiú fuinnimh in-athnuaite agus hidrigine in-athnuaite ó thíortha comhpháirtíochta i mbéal forbartha agus ó thíortha comhpháirtíochta is lú forbairt. Ba cheart go mbeadh straitéis den sórt sin mar chuid de thaidhleoireacht bheartas*** |

***fuinnimh an Aontais, lena ndéanfaí an t-aistriú chuig fuinneamh glas a chur chun cinn i dtíortha comhpháirtíochta i mbéal forbartha agus go háirithe sna tíortha comhpháirtíochta is lú forbairt agus é mar aidhm spriocanna idirnáisiúnta Chomhaontú Pháras, Chlár Oibre 2030 agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe domhanda a bhaint amach.***

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2c) Tá acmhainneacht ollmhór ann don Aontas agus dá thíortha comhpháirtíochta i mbéal forbartha maidir le comhar teicneolaíochta, tionscadail fuinnimh in-athnuaite agus onnmhairí fuinnimh ghlain agus maidir le hidirnascacht níos mó d'eangacha fuinnimh ghlain a fhorbairt. D'ainneoin an fháis leanúnaigh atá ag teacht orthu ar an iomlán, tá infheistíochtaí fuinnimh in-athnuaite fós dírithe ar dhornán réigiún agus tíortha. Tá réigiúin, a bhfuil an lámh in uachtar ag tíortha i mbéal forbartha agus tíortha atá ag teacht chun cinn orthu, fós faoi ghannionadaíocht ar bhonn seasta, ar réigiúin iad nach meallann ach thart ar 15 % d'infheistíochtaí domhanda i bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh. Ba cheart do chomhpháirtíochtaí fuinnimh an Aontais díriú ar thionscadail giniúna fuinnimh in-athnuaite chomh maith le tacú le tionscadail fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt agus creataí dlíthiúla agus airgeadais a leagan síos agus ba cheart a áireamh iontu soláthar an chúnaimh theicniúil agus an aistrithe eolais is gá i ndlúthchomhar leis an earnáil phríobháideach. Ba cheart go mbeadh gealltanais maidir le dea-rialachas agus peirspictíocht an chomhair chobhsaí,*** |

***fhadtéarmaigh coinníollach le haghaidh chomhar an Aontais. Ba cheart go mbeadh an comhar maidir le fuinneamh inbhuanaithe mar phríomhthosaíocht do thíortha oiriúnacha faoin tionscnamh 'Global Gateway'.***

**Leasú 5**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Leagtar síos le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] sprioc cheangailteach Aontais gur ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a thiocfaidh 32 % ar a laghad d'olltomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais faoi 2030. Faoin bPlean um Sprioc Aeráide, ba ghá an sciar d'fhuinneamh in-athnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh a mhéadú go dtí ***40 %*** faoi 2030 chun sprioc laghdaithe an Aontais i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach[10] . Dá bhrí sin, is gá an sprioc a leagtar amach in Airteagal 3 den Treoir sin a mhéadú. | (3) Leagtar síos le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] sprioc cheangailteach Aontais gur ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a thiocfaidh 32 % ar a laghad d'olltomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais faoi 2030. Faoin bPlean um Sprioc Aeráide, ba ghá an sciar d'fhuinneamh in-athnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh a mhéadú go dtí ***45 %*** faoi 2030 chun sprioc laghdaithe an Aontais i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach[10] . Dá bhrí sin, is gá an sprioc a leagtar amach in Airteagal 3 den Treoir sin a mhéadú. |
| [9] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, IO L 328, 21.12.2018, lch. 82-209 | [9] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, IO L 328, 21.12.2018, lch. 82-209 |
| [10] Pointe 3 den Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2020) 562 final an 17.9.2020, Stepping up Europe's 2030 climate ambition Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa do 2030 Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas an phobail] | [10] Pointe 3 den Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2020) 562 final an 17.9.2020, ***'***Stepping up Europe's 2030 climate ambition Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people***'*** [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa do 2030 Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas an phobail] |

**Leasú 6**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3a) Seachas tionchair thalamhúsáide, tá baol ann go mbuanófaí, leis an éileamh méadaithe ar bhithbhreoslaí, samhail talmhaíochta lena gcuirfí le meath na bithéagsúlachta agus tá baol ann go ngéarófaí an brú talamh a úsáid go mídhleathach chun críocha talmhaíochta. D'fhéadfadh fás an tomhaltais bithbhreoslaí sna Ballstáit agus i dtíortha i mbéal forbartha a bheith ina spreagadh d'athrú indíreach ar thalamhúsáid agus do luaineacht praghsanna bia, rud a chuireann slándáil an tsoláthair bia i mbaol. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach nach spreagfaidh éileamh ón Aontas ar bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch samhlacha neamh-inbhuanaithe táirgthe lasmuigh den Aontas. Chun an baol sin a mhaolú, ba cheart do bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch tacar íoschritéar a chomhlíonadh, lena n-áirítear critéir maidir le húsáid talún agus uisce, agus ní mór dóibh gan a bheith in iomaíocht le riachtanais na bpobal áitiúil maidir le soláthar uisce, talún agus fuinnimh agus ní mór dóibh a bheith i gcomhréir le cuspóirí SDGanna agus le Comhaontú Pháras agus le comhaontuithe idirnáisiúnta maidir leis an mbithéagsúlacht agus leis an gcomhshaol. Ba cheart ordlathas úsáidí do bharra bia agus beatha a léiriú sna beartais náisiúnta agus sna scéimeanna tacaíochta do bhithfhuinneamh arna fhorbairt ag gach Ballstát agus i dtíortha comhpháirtíochta. I gcás ina mbíonn teannas tromchúiseach ar mhargaí talmhaíochta, ba cheart tosaíocht a thabhairt do shlándáil an tsoláthar bia.*** |

**Leasú 7**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) Chun an geilleagar ciorclach inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun cuspóirí a bhforbartha a bhaint amach, bithbhreoslaí agus bithghásanna forbartha arna dtáirgeadh ó bhunábhair a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 agus nach bhfuil in iomaíocht le slándáil an tsoláthair bia, ba cheart iad a chur san áireamh faoi dhó sa sprioc maidir le déine laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach in Airteagal 25(1), an chéad fhomhír, pointe (a) den Treoir sin.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Is féidir úsáid a bhaint as fás tapa agus as iomaíochas costais méadaitheach i dtáirgeadh leictreachais in-athnuaite chun sciar méadaitheach den éileamh ar fhuinneamh a chomhlíonadh, mar shampla teaschaidéil a úsáid le haghaidh téamh spáis nó próisis thionsclaíocha ísealteochta, feithiclí leictreacha a úsáid le haghaidh iompair, nó foirnéisí leictreacha a úsáid i dtionscail áirithe. Is féidir leictreachas in-athnuaite a úsáid freisin chun breoslaí sintéiseacha a tháirgeadh i gcomhair tomhaltais in earnálacha iompair ar deacair iad a dhícharbónú amhail eitlíocht agus iompar muirí. Ní mór do chreat leictriúcháin comhordú láidir agus éifeachtúil a chumasú agus sásraí margaidh a leathnú chun soláthar agus éileamh a mheaitseáil de réir spáis agus ama, infheistíochtaí i seirbhísí solúbthachta a | (5) Is féidir úsáid a bhaint as fás tapa agus as iomaíochas costais méadaitheach i dtáirgeadh leictreachais in-athnuaite chun sciar méadaitheach den éileamh ar fhuinneamh a chomhlíonadh, mar shampla teaschaidéil a úsáid le haghaidh téamh spáis nó próisis thionsclaíocha ísealteochta, feithiclí leictreacha a úsáid le haghaidh iompair, nó foirnéisí leictreacha a úsáid i dtionscail áirithe. Is féidir leictreachas in-athnuaite a úsáid freisin chun breoslaí sintéiseacha a tháirgeadh i gcomhair tomhaltais in earnálacha iompair ar deacair iad a dhícharbónú amhail eitlíocht agus iompar muirí. Ní mór do chreat leictriúcháin comhordú láidir agus éifeachtúil a chumasú agus sásraí margaidh a leathnú chun soláthar agus éileamh a mheaitseáil de réir spáis agus ama, infheistíochtaí i seirbhísí solúbthachta a |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| spreagadh, agus cuidiú le sciartha móra de ghiniúint athraitheach fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú. Ba cheart do Bhallstáit a áirithiú, mar sin, go leanfar den mhéadú ar úsáid leictreachais in-athnuaite ar luas atá leormhaith chun freastal ar an méadú san éileamh. Chuige sin, ba cheart do Bhallstáit creat a bhunú lena n-áirítear sásraí atá comhoiriúnach don mhargadh chun dul i ngleic le bacainní atá fós ann chun go mbeidh córais leictreachais shlána agus leormhaithe acu a bheidh oiriúnach le haghaidh ardleibhéal fuinnimh in-athnuaite, chomh maith le saoráidí stórála a bheidh ina ndlúthchuid den chóras leictreachais. Leis an gcreat seo, rachfar i ngleic, go háirithe, le bacainní atá fós ann, lena n-áirítear bacainní neamhairgeadais mar shampla acmhainní digiteacha agus daonna údarás nach leor iad chun an líon méadaitheach iarratais cheadaithe a phróiseáil. | spreagadh, agus cuidiú le sciartha móra de ghiniúint athraitheach fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú. Ba cheart do Bhallstáit a áirithiú, mar sin, go leanfar den mhéadú ar úsáid leictreachais in-athnuaite ar luas atá leormhaith chun freastal ar an méadú san éileamh***, lena n-áirítear trí straitéisí allmhairiúcháin a chomhordú ar leibhéal an Aontais***. Chuige sin, ba cheart do Bhallstáit creat a bhunú lena n-áirítear sásraí atá comhoiriúnach don mhargadh chun dul i ngleic le bacainní atá fós ann chun go mbeidh córais leictreachais shlána agus leormhaithe acu a bheidh oiriúnach le haghaidh ardleibhéal fuinnimh in-athnuaite, chomh maith le saoráidí stórála a bheidh ina ndlúthchuid den chóras leictreachais. Leis an gcreat seo, rachfar i ngleic, go háirithe, le bacainní atá fós ann, lena n-áirítear bacainní neamhairgeadais mar shampla acmhainní digiteacha agus daonna údarás nach leor iad chun an líon méadaitheach iarratais cheadaithe a phróiseáil. |

**Leasú 9**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 a (nua)

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(ba) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:*** |
| | ***3a. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar a mbeartais náisiúnta, lena n-áirítear na hoibleagáidí a eascraíonn as Airteagal 25 go 28, agus a scéimeanna tacaíochta a cheapadh agus aird chuí á tabhairt ar phríomhacht na húsáide barr i mbia agus i mbeatha. Maidir le gach táirge bia agus gach táirge beatha a úsáidtear i dtáirgeadh bithfhuinnimh, saineoidh na Ballstáit uasphraghas ar os a chionn a chuirtear ar fionraí an scéim tacaíochta don bhithfhuinneamh a*** |

| | |
|---|---|
| | ***úsáideann bithmhais talmhaíochta a théann in iomaíocht le húsáid bhia. Féadfaidh na Ballstáit scéim cúitimh a thabhairt isteach d'oibreoirí eacnamaíocha a bhfuil baint acu le táirgeadh bithfhuinnimh suas le méid na gcostas seasta nach gcumhdaítear le linn na tréimhse fionraí.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe c**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 4a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4a. Déanfaidh na Ballstáit creat a bhunú, a bhféadfaidh scéimeanna tacaíochta a áireamh ann agus lena n-éascófar comhaontaithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite a ghlacadh, lena gcumasófar ***leictreachas*** in-athnuaite a úsáid go leibhéal atá comhsheasmhach le ranníocaíocht náisiúnta an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 2 agus ar luas atá comhsheasmhach leis na conairí táscacha dá dtagraítear in Airteagal 4(a)(2) de Rialachán (AE) 2018/1999. Go háirithe, ba cheart don chreat sin dul i ngleic leis na bacainní atá fós ann, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le nósanna imeachta ***ceadaithe***, maidir le soláthar ***leictreachais*** ardchaighdeáin. Le linn dóibh an creat sin a dhearadh, ba cheart do na Ballstáit an leictreachas in-athnuaite breise a chur san áireamh is gá chun na riachtanais a chomhlíonadh sna hearnálacha iompair, tionsclaíochta, tógála, agus téimh agus fuaraithe agus maidir le táirgeacht breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch.***'***; | 4a. Déanfaidh na Ballstáit creat a bhunú, a bhféadfaidh scéimeanna tacaíochta a áireamh ann agus lena n-éascófar comhaontaithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite a ghlacadh, lena gcumasófar ***fuinneamh*** in-athnuaite a úsáid go leibhéal atá comhsheasmhach le ranníocaíocht náisiúnta an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 2 agus ar luas atá comhsheasmhach leis na conairí táscacha dá dtagraítear in Airteagal 4(a)(2) de Rialachán (AE) 2018/1999. Go háirithe, ba cheart don chreat sin dul i ngleic leis na bacainní atá fós ann, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le nósanna imeachta ***um cheadú***, maidir le soláthar ***fuinnimh in-athnuaite*** ardchaighdeáin. Le linn dóibh an creat sin a dhearadh, ba cheart do na Ballstáit an leictreachas in-athnuaite breise a chur san áireamh is gá chun na riachtanais a chomhlíonadh sna hearnálacha iompair, tionsclaíochta, tógála, agus téimh agus fuaraithe agus maidir le táirgeacht breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch.; |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe a – pointe i**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 19 – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ‘Chuige sin, áiritheoidh na Ballstáit go n-eiseofar ráthaíocht tionscnaimh má iarrann táirgeoir fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a leithéid. ***Féadfaidh Ballstát*** socrú ***a dhéanamh*** chun ráthaíochtaí tionscnaimh a eisiúint i gcás fuinnimh ó fhoinsí neamh-inathnuaite. Féadfar eisiúint ráthaíochta tionscnaimh a chur faoi réir teorainn íosacmhainne. Méid caighdeánach 1 MWh a bheidh sa ráthaíocht tionscnaimh. Ní eiseofar níos mó ná ráthaíocht tionscnaimh amháin i dtaca le gach aonad fuinnimh a tháirgfear.’; | Chuige sin, áiritheoidh na Ballstáit go n-eiseofar ráthaíocht tionscnaimh má iarrann táirgeoir fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a leithéid. ***Déanfaidh na Ballstáit*** socrú chun ráthaíochtaí tionscnaimh a eisiúint i gcás fuinnimh ó fhoinsí neamh-inathnuaite. ***Ar feadh idirthréimhse go dtí 2025, beidh feidhm ag nósanna imeachta meara atá bunaithe ar scéimeanna deonacha.*** Féadfar eisiúint ráthaíochta tionscnaimh a chur faoi réir teorainn íosacmhainne. Méid caighdeánach 1 MWh a bheidh sa ráthaíocht tionscnaimh. Ní eiseofar níos mó ná ráthaíocht tionscnaimh amháin i dtaca le gach aonad fuinnimh a tháirgfear.; |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe b a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 19 – mír 11

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 11:*** |
| 11. Ní ***aithneoidh*** na Ballstáit ráthaíochtaí tionscnaimh arna n-eisiúint ag tríú tír ach amháin i gcás ***ina bhfuil an tAontas tar éis comhaontú a thabhairt chun críche leis an tríú tír sin i dtaobh aitheantas frithpháirteach a thabhairt ar ráthaíochtaí tionscnaimh*** arna n-eisiúint ***san Aontas agus ar chórais um ráthaíochtaí comhoiriúnacha tionscnaimh arna mbunú sa tríú tír sin, i gcás ina mbíonn onnmhairiú nó allmhairiú fuinnimh á dhéanamh go díreach, agus sa chás sin amháin***. | 11. ***Eiseoidh an Coimisiún treoirlínte lena soiléirítear ceanglais an Aontais maidir le haitheantas a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh arna n-eisiúint ag tríú tír, lena n-áirítear na coinníollacha rialachais foluiteacha gaolmhara, ar mhaithe le baint amach comhaontuithe den sórt sin le tríú tíortha a éascú agus a chuíchóiriú.*** Ní ***thabharfaidh*** na Ballstáit ***aitheantas do*** ráthaíochtaí tionscnaimh arna n-eisiúint ag tríú tír ach amháin i gcás ***inar comhlíonadh na treoirlínte Aontais*** arna |

n-eisiúint.

**Leasú 13**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe b b (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 19 – mír 12 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:*** |
| | ***12a. Gan dochar do mhír 11, tairgfidh an Coimisiún nós imeachta mear le haghaidh scéimeanna deonacha ar feadh tréimhse sealadaí go dtí 2025. Bainfidh na seachadtaí faoi chonarthaí sealadacha fadtéarmacha tairbhe as clásal marthanachta. Beidh scéim ráthaíochtaí tionscnaimh i bhfeidhm faoi 2025.*** |

**Leasú 14**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 22a – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Faoin ... [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], déanfaidh an Coimisiún straitéis dhomhanda allmhairiúcháin a fhorbairt le haghaidh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus le haghaidh hidrigine. Áireofar sa straitéis sin spriocanna agus bearta táscacha le haghaidh allmhairí leictreachais in-athnuaite, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus hidrigine in-athnuaite. Scrúdóidh an Coimisiún an bhféadfaí tacú le hallmhairí trí ardán a bhunú chun conarthaí seachadta fadtéarmacha a chur ar ceant. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun an straitéis a chur chun feidhme ina*** |

***bpleananna náisiúnta comhtháite fuinnimh agus aeráide agus ina dtuarascálacha ar dhul chun cinn arna dtíolacadh de bhun Airteagail 3, 14 agus 17 de Rialachán (AE) 2018/1999. Cuirfear san áireamh sa straitéis freisin an gá atá le forbairt a dhéanamh ar an rochtain atá ag pobail áitiúla ar fhuinneamh.***

**Leasú 15**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Soláthróirí breoslaí a sholáthraíonn leictreachas nó breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, féadfaidh na Ballstáit, agus an oibleagáid ar sholáthróirí breosla á socrú, na soláthróirí sin a dhíolmhú ón gceanglas an sciar íosta de bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus de bhithghás a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX a chomhlíonadh maidir leis na breoslaí sin. | Soláthróirí breoslaí a sholáthraíonn leictreachas nó breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, féadfaidh na Ballstáit, agus an oibleagáid ar sholáthróirí breosla á socrú, na soláthróirí sin a dhíolmhú ón gceanglas an sciar íosta de bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus de bhithghás a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX a chomhlíonadh maidir leis na breoslaí sin. ***I gcás ina ndéantar an beartas náisiúnta agus an scéim tacaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 3(3a) a chur ar fionraí, déanfar an oibleagáid atá ar sholáthróirí breosla chun laghdú a dhéanamh ar dhéine na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach i mír 1, pointe (a) den Airteagal seo a ríomh pro rata i gcomhréir leis an tréimhse fionraí agus ar bhonn na bhfoinsí in-athnuaite éagsúla a úsáideadh an bhliain roimhe sin.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe a – pointe i**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***'***Chun ríomh a dhéanamh ar olltomhaltas deiridh fuinnimh Ballstáit ó fhoinsí in-athnuaite dá dtagraítear in Airteagal 7 agus ar an sprioc laghdaithe déine gás ceaptha teasa dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 25(1), ní mó a bheidh an sciar de bhithbhreoslaí agus de bhithleachtanna, chomh maith leis an sciar de bhreoslaí bithmhaise a thomhlaítear san iompar, i gcás ina dtáirgtear ó bharra ***bia agus beatha*** iad, ná ***pointe céatadán amháin níos airde ná*** an sciar de bhreoslaí den sórt sin i dtomhaltas deiridh fuinnimh ***san earnáil*** iompair sa Bhallstát sin in 2020, agus is 7 % den tomhaltas deiridh fuinnimh uasmhéid an tomhaltais a bheidh ***san earnáil*** iompair sa Bhallstát sin.***';*** | Chun ríomh a dhéanamh ar olltomhaltas deiridh fuinnimh Ballstáit ó fhoinsí in-athnuaite dá dtagraítear in Airteagal 7 agus ar an sprioc laghdaithe déine gás ceaptha teasa dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 25(1), ní mó a bheidh an sciar de bhithbhreoslaí agus de bhithleachtanna, chomh maith leis an sciar de bhreoslaí bithmhaise a thomhlaítear san iompar, i gcás ina dtáirgtear ó bharra iad, ná an sciar de bhreoslaí den sórt sin i dtomhaltas deiridh fuinnimh ***in earnálacha*** iompair ***de bhóthar agus d'iarnród*** sa Bhallstát sin in 2020, agus is 7 % den tomhaltas deiridh fuinnimh uasmhéid an tomhaltais a bheidh ***in earnálacha*** iompair ***de bhóthar agus d'iarnród*** sa Bhallstát sin. ***I gcásanna dian-mhíshocrachta ar mhargaí bia, déanfaidh na Ballstáit bearta fionraíochta sealadaí maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise bunaithe ar bharra a tháirgeadh, ar choinníoll go bhfuil siad i ndáiríre in iomaíocht le barra le haghaidh táirgeadh bia, chun an t-éileamh ar fhuinneamh do thráchtearraí bia a laghdú, chun soláthar bia breise a áirithiú agus chun margaí tráchtearraí bia domhanda a chobhsú.*** |

**Leasú 17**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 26 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i mír 2, sa chéad fhomhír agus sa chúigiú fomhír, cuirtear 'an sprioc maidir | (b) i mír 2, sa chéad fhomhír agus sa chúigiú fomhír, cuirtear 'an sprioc maidir |

| | |
|---|---|
| le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 25(1)' in ionad 'an sciar íosta dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 25(1)'; | le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 25(1)' in ionad 'an sciar íosta dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 25(1)'; |
| | ***i mír 2, an chéad fhomhír, i ndiaidh 'a bhfuil stoc ard carbóin aige', cuirtear isteach na focail seo a leanas ', lena n-áirítear ola pailme agus ola soighe mar aon lena gcomhtháirgí,' agus scriostar ', mura ndeimhnítear iad mar bhithbhreoslaí, mar bhithleachtanna nó mar bhreoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca íseal maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid mar thoradh orthu de bhun na míre seo'*** |

**Leasú 18**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 a – mír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Chun cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch, faoin... [6 mhí ó theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] dréachtóidh an Coimisiún togra reachtach lena saineofar critéir inbhuanaitheachta choibhéiseacha maidir leis na próisis táirgthe hidrigine agus breoslaí sintéiseacha eile arna ndíothú ó hidrigin seachas breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 a (nua)**

Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 33 – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(22a) in Airteagal 33, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*** |
| | ***'2a. Faoi 2023, agus i gcomhréir le cur i bhfeidhm an phrionsabail 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach', déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, tograí a thíolacadh chun na hualaí rialála a thugtar isteach leis an Treoir seo a fhritháireamh, trí fhorálacha i ngníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais as a dtagann costais chomhlíontachta sna hearnálacha lena mbaineann a leasú nó a scriosadh.'*** |

## NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú a dhéanamh ar Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle |
| **Tagairtí** | COM(2021)0557 – C9-0329/2021 – 2021/0218(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>13.9.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | DEVE<br>11.11.2021 |
| \|**Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Hildegard Bentele<br>23.12.2021 |
| **Dáta an ghlactha** | 16.5.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 18<br>–: 6<br>0: 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Eric Andrieu, Anna-Michelle Asimakopoulou, Hildegard Bentele, Dominique Bilde, Udo Bullmann, Catherine Chabaud, Antoni Comín i Oliveres, Ryszard Czarnecki, Gianna Gancia, Charles Goerens, Mónica Silvana González, Pierrette Herzberger-Fofana, Rasa Juknevičienė, Beata Kempa, Pierfrancesco Majorino, Erik Marquardt, Janina Ochojska, Michèle Rivasi, Christian Sagartz, Tomas Tobé, Miguel Urbán Crespo, Chrysoula Zacharopoulou, Bernhard Zimniok |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rosa Estaràs Ferragut, María Soraya Rodríguez Ramos, Carlos Zorrinho |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 18 | + |
|---|---|
| ECR | Ryszard Czarnecki |
| ID | Gianna Gancia |
| NI | Antoni Comín i Oliveres |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, Hildegard Bentele, Rosa Estaràs Ferragut, Rasa Juknevičienė, Janina Ochojska, Christian Sagartz, Tomas Tobé |
| Renew | Catherine Chabaud, Charles Goerens, María Soraya Rodríguez Ramos, Chrysoula Zacharopoulou |
| S&D | Eric Andrieu, Mónica Silvana González, Pierfrancesco Majorino, Carlos Zorrinho |

| 6 | - |
|---|---|
| ID | Dominique Bilde, Bernhard Zimniok |
| The Left | Miguel Urbán Crespo |
| Verts/ALE | Pierrette Herzberger-Fofana, Erik Marquardt, Michèle Rivasi |

| 0 | 0 |
|---|---|
| | |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

24.5.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN gCOMHSHAOL, UM SHLÁINTE PHOIBLÍ AGUS UM SHÁBHÁILTEACHT BIA

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (COM(2021)0557 – C9-0329/2021 – 2021/0218(COD))

Rapóirtéir don tuairim (*): Nils Torvalds

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## RÉASÚNÚ GEARR

**Réamhrá**
Tá an Comhaontú Glas i gcroílár straitéis na hEorpa le haghaidh fáis agus post nua inbhuanaithe, agus spreagann sé aistriú le neodracht aeráide agus folláine ár saoránach mar phríomhchuspóirí. Leagtar amach sa phacáiste Oiriúnach do 2030 an creat don athrú sin trí shraith chomhleanúnach tograí a chuireann leis na dlíthe atá ann cheana maidir leis an aeráid agus le fuinneamh ach a dtugtar ar leibhéal nua iad agus sineirgí le beartais eile de chuid an Aontais á n-áirithiú. Cuid lárnach den phacáiste seo is ea an Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite, ós rud é gur gá dúinn í a fháil, níl aon am ann don dara seans. Tugtar aghaidh ann, in éineacht le tograí idirnasctha eile ón bpacáiste, ar cheann de na dúshláin is mó atá os ár gcomhair amach: An t-éileamh ar fhuinneamh atá ag dul i méid i gcónaí, agus ag an am céanna a chinntiú go dtagann an fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite chun na spriocanna a leagtar amach sa Dlí Eorpach maidir leis an Aeráid a bhaint amach agus ár gcomhshaol agus folláine ár saoránach a chosaint ag an am céanna.

Le Dlí na hEorpa maidir leis an Aeráid, déantar an sprioc atá leagtha amach i gComhaontú Glas na hEorpa a chur i bhfeidhm i ndlí na hEorpa ionas go mbeidh geilleagar agus sochaí na hEorpa neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. Leagtar síos sa dlí freisin an sprioc idirmheánach atá ann glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 % ar a laghad faoi 2030, i gcomparáid le leibhéil 1990. Ciallaíonn neodracht aeráide faoi 2050 go mbainfear amach glanastaíochtaí gás ceaptha teasa don Aontas trí astaíochtaí a laghdú, infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí glasa agus ár gcomhshaol nádúrtha a chosaint. Tá aistriú gnéithe stairiúla i gceist leis sin, a tharlóidh san Eoraip sna blianta amach romhainn.

**Creat rialála infheistíochta atá cobhsaí agus intuartha**
Iarrtar le Comhshocrú Glaschú dlús a chur le forbairt, le húsáid agus le scaipeadh teicneolaíochtaí, agus le glacadh beartas, chuig córais fuinnimh íseal-astaíochta, lena n-

áirítear trí chur go tapa le húsáid na giniúna cumhachta glaine agus na mbeart éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear dlús a chur leis na hiarrachtaí chun cumhacht ghuail gan staonadh a laghdú de réir a chéile agus deireadh a chur, de réir a chéile, le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise nach bhfuil éifeachtach, agus tacaíocht spriocdhírithe á cur ar fáil ag an am céanna do na daoine is boichte agus is leochailí i gcomhréir leis na cúinsí náisiúnta agus an gá atá le tacaíocht i dtreo aistriú cóir a aithint.

Chun táirgeadh agus úsáid fuinnimh na hEorpa a dhícharbónú, arb iad is cúis le níos mó ná 75 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa AE, ní mór dúinn dlús a chur leis an aistriú ó bhreoslaí iontaise agus ó réitigh gan charbón, réitigh a ghineann díreach faoi bhun aon trian de leictreachas AE faoi láthair.  Tá acmhainneacht ollmhór ag an Eoraip chun gach cineál foinse fuinnimh inbhuanaithe agus in-athnuaite a fhorbairt, agus ba cheart go mbeadh sé mar aidhm againn córas fuinnimh atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite agus comhtháite a bheith ann ar fud na mór-roinne. Chuige sin, beidh gá le spriocanna uaillmhianacha don fhuinneamh in-athnuaite sna Ballstáit uile. Is teicneolaíocht í an hidrigin in-athnuaite a bhfuil gealladh fúithi, ach in ainneoin dhea-intinní an Choimisiúin, tá infhaighteacht ag pointe praghais inghlactha roimh 2035 i bhfad ó bheith ráthaithe. Ba cheart don Aontas na coinníollacha cearta a chumasú le haghaidh infheistíochtaí nua, ionas go ndéanfar na roghanna cearta, ní hamháin an timthriall infheistíochta sin, ach an chéad timthriall eile freisin. D'áiritheofaí leis sin freisin go mbeadh aistriú cothrom ann. Dá bhrí sin, ní mór don Aontas Eorpach timpeallacht rialála atá cobhsaí agus intuartha a chur ar fáil, a chinnteoidh ní hamháin go gcomhlíonfar sprioc 55 % in 2030, ach an neodracht aeráide freisin faoi 2050. Ní mór dúinn freisin trédhearcacht fheabhsaithe maidir le tionscnamh leictreachais a chur ar fáil dár saoránaigh.

**Comhréireacht agus coimhdeacht**

Leagtar síos prionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta in Airteagal 5 CFAE. Chun a chuid aidhmeanna a bhaint amach, ciallaíonn prionsabal na comhréireachta nach ndéanfaidh an tAontas Eorpach ach an ghníomhaíocht atá de dhíth air, agus nach nglacfaidh sé ach an ghníomhaíocht sin. Is ann do phrionsabal na coimhdeachta ionas go mbeidh na Ballstáit in ann cinntí a dhéanamh agus gníomhú sa réimse sin ach go n-údaraítear don Aontas idirghabháil a dhéanamh nuair nach féidir leis na Ballstáit na cuspóirí atá ag gníomhaíocht ar leith a ghnóthú go leordhóthanach nuair is fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Ina theannta sin, áirithítear leis go bhfeidhmítear na cumhachtaí atá chomh gar agus is féidir don saoránach. Dá bhrí sin, maidir leis an reachtaíocht sin, tacaíonn an Rapóirtéir le húsáid Treorach. Léiríonn an Coimisiún, mar is ceart, go bhfuil gá le cur chuige ón Aontas chun na dreasachtaí cearta a chur ar fáil do na Ballstáit ag a bhfuil leibhéil éagsúla uaillmhéine chun dlús a chur, ar bhealach comhordaithe, leis an aistriú fuinnimh ón gcóras fuinnimh traidisiúnta atá bunaithe ar bhreosla iontaise go córas fuinnimh atá níos comhtháite agus níos fuinneamhéifeachtúla, atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh. Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit forbairt bhrostaithe chostéifeachtach ar fhuinneamh in-athnuaite inbhuanaithe laistigh de chóras fuinnimh níos comhtháite a bhaint amach leo féin. Mar sin féin, níl úsáid na ngníomhartha tarmligthe sa Treoir i gcomhréir le haidhm ghinearálta phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta de réir an Rapóirtéara. Is é an t-aon uair amháin a bhíonn bonn cirt cuí ag an Aontas na cumhachtaí atá aige a fheidhmiú ná nuair nach féidir le Ballstáit na cuspóirí atá ag gníomhaíocht atá beartaithe a ghnóthú go sásúil agus go mbíonn luach breise i gceist má dhéantar an ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais.

**Critéir inbhuanaitheachta**

Is díol sásaimh don Rapóirtéir an togra ón gCoimisiún Eorpach, ach measann sé gur cheart comhleanúnachas agus comhsheasmhacht beartais a ráthú leis an athbhreithniú sin freisin. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe aige teorainn a chur leis an tacaíocht a thugtar d’úsáid na bithmhaise foraoise príomhúla, agus ag an am céanna aithníonn sé an gá atá le tacaíocht leanúnach a thabhairt chun bithmhais foraoise thánaisteach a úsáid chun a áirithiú gur féidir spriocanna aeráide an Aontais do 2030 a bhaint amach. Chun é sin a dhéanamh, tugann sé isteach freisin na sainmhínithe is gá. Leis na bearta sin, tabharfar cosaint níos fearr don uaillmhian atá leagtha síos sa Straitéis um Bithéagsúlacht, agus aitheantas á thabhairt do na difríochtaí agus do na bunphointí éagsúla idir na Ballstáit agus na réigiúin maidir leis an mbithéagsúlacht.

**Linnte carbóin**

Tá sé ríthábhachtach na linnte luachmhara carbóin atá againn san Aontas a chosaint agus a mhéadú. Chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na cuspóirí maidir le linnte méadaithe sa Dlí Aeráide agus leis an togra ón gCoimisiún maidir le LULUCF, tá sé ríthábhachtach go bhfeabhsódh na Ballstáit an faireachán agus an tuairisciú a dhéanann siad ar linnte carbóin agus ar úsáid bithmhaise. Dá bhrí sin, moltar sa dréacht-tuairim seo Pleananna Náisiúnta Bithfhuinnimh a thabhairt isteach, lena bhféadfar pointí tosaigh éagsúla agus cásanna sonracha éagsúla a chur san áireamh agus a áirithiú ag an am céanna go méadófar linnte carbóin agus go n-úsáidfear bithmhais ag an am céanna. Ina theannta sin, tugtar isteach leis an dréacht-tuairim an oibleagáid ar an gCoimisiún Eorpach togra reachtach tiomnaithe a ghlacadh lena mbunaítear uasluachanna chun bithmhais foraoise a úsáid chun críocha fuinnimh ar leibhéal na mBallstát.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Bunaítear leis an gComhaontú Glas don Eoraip[5] an cuspóir Aontas aeráidneodrach a bhaint amach in 2050 ar bhealach a chuirfidh le ***geilleagar*** na hEorpa, le ***fás*** agus le poist a chruthú. Leis an gcuspóir sin a bhaint amach, agus an cuspóir de laghdú 55 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 ***[6]*** mar a leagtar amach sa ***Phlean um Sprioc*** Aeráide ***2030 a d'fhormhuinigh Parlaimint na hEorpa[7] agus an Chomhairle Eorpach[8]*** araon, tá gá le haistriú fuinnimh agus le sciar i bhfad níos airde d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i gcóras fuinnimh comhtháite. | (1) Bunaítear leis an gComhaontú Glas don Eoraip[5] an cuspóir Aontas aeráidneodrach a bhaint amach in 2050 ***ar a dhéanaí*** ar bhealach a chuirfidh le ***forbairt inbhuanaithe eacnamaíoch,*** comhshaoil ***agus shóisialta*** na hEorpa, an rathúnas agus cruthú post . Leis an gcuspóir sin a bhaint amach, agus an cuspóir de laghdú 55 % ***ar a laghad*** ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 mar a leagtar amach sa Dlí Aeráide Eorpach, tá gá le haistriú fuinnimh ***bunaithe ar fhuinneamh agus ídiú acmhainní a laghdú agus éifeachtúlacht mhéadaithe*** agus le sciar i bhfad níos airde d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i gcóras fuinnimh comhtháite. |
| [5] Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2019) 640 final an 11.12.2019, An Comhaontú Glas don Eoraip.<br><br>***[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2020) 562 final an 17.9.2020, Stepping up Europe's 2030 climate ambition Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa do 2030 Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas an phobail]***<br><br>***[7] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (2019/2956(RSP))***<br><br>***[8] Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 11 Nollaig 2020,*** | [5] Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2019) 640 final an 11.12.2019, An Comhaontú Glas don Eoraip. |

***https://www.consilium.europa.eu/media/47296/1011-12-20-euco-conclusions-en.pdf***

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) I gClár Gníomhaíochta Comhshaoil Ginearálta an Aontais go dtí 2030 (8ú CGC) leagtar amach cuspóirí tosaíochta téamacha do 2030 i réimsí an mhaolaithe ar an athrú aeráide, an oiriúnaithe don athrú aeráide, an bhithéagsúlacht a chosaint agus a athbhunú, geilleagar ciorclach neamhthocsaineach, comhshaol neamhthocsaineach truaillithe agus íoslaghdú a dhéanamh ar bhrúnna comhshaoil ó tháirgeadh agus ó thomhaltas ar fud earnálacha uile an gheilleagair agus aithnítear go bhfuil na cuspóirí sin, lena dtugtar aghaidh ar thiománaithe agus ar thionchair an damáiste don chomhshaol araon, idirnasctha go bunúsach. Tá sé mar chuspóir tosaíochta fadtéarmach freisin ag an 8ú CGC gurb amhlaidh, faoi 2050 ar a dhéanaí, a bheidh daoine ag maireachtáil go maith, laistigh de na teorainneacha pláinéadacha i ngeilleagar na dea-bhaile nach gcuirfear aon ní amú ann, ina mbeidh an fás ina fhás athghiniúnach, ina mbeidh aeráidneodracht san Aontas bainte amach agus ina mbeidh an neamhionannas laghdaithe go suntasach. Tá timpeallacht shláintiúil mar bhonn agus mar thaca le dea-bhail an uile dhuine agus is timpeallacht í ina gcaomhnaítear an bhithéagsúlacht, ina mbíonn rath ar éiceachórais, agus ina gcosnaítear agus ina n-athbhunaítear an dúlra, rud a fhágann athléimneacht mhéadaithe a bheith ann i leith an athraithe aeráide, i leith tubaistí a bhaineann leis an aimsir*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus leis an aeráid agus i leith rioscaí eile comhshaoil.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1b) Is é is aidhm do Chlár Ginearálta Gníomhaíochta an Aontais don Chomhshaol go dtí 2030 ('8ú CGC), an creat do ghníomhaíocht an Aontais i réimse an chomhshaoil agus na haeráide, dlús a chur leis an aistriú glas chuig geilleagar ciorclach a bheidh aeráidneodrach, inbhuanaithe, neamhthocsaineach, tíosach ar acmhainní, bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite, athléimneach agus iomaíoch ar bhealach cóir, cothrom agus cuimsitheach, agus staid an chomhshaoil a chosaint, a athchóiriú agus a fheabhsú trí, inter alia, stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus í a aisiompú. Tacaítear leis le cur chuige comhtháite i leith beartais agus i leith cur chun feidhme, agus neartaítear leis an cur chuige sin, ag tógáil ar an gComhaontú Glas don Eoraip. Aithnítear leis an 8ú CGC go mbeidh gá le hathrú córasach chun an t-aistriú seo a bhaint amach, arb é a bheidh i gceist, de réir an GCE, athrú bunúsach, trasfhoirmeach agus trasghearrtha lena dtugtar le tuiscint athruithe móra agus athdhíriú ar spriocanna córas, dreasachtaí, teicneolaíochtaí, cleachtais agus noirm shóisialta , agus ar chórais eolais agus cur chuige rialachais.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1c) Chun go mbainfear amach na cuspóirí, is gá a áirithiú go bhfuil tionscnaimh reachtacha, cláir, infheistíochtaí, tionscadail agus a gcur chun feidhme comhsheasmhach, go rannchuidíonn siad, i gcás inarb ábhartha, agus nach ndéanann siad dochar d'aon cheann de chuspóirí an 8ú CGC. Ina theannta sin, chun go n-áiritheofaí go n-íoslaghdófar neamhionannais shóisialta a eascraíonn as tionchair agus beartais a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol agus go ndéanfar bearta a ghlactar chun go gcosnófaí an comhshaol agus an aeráid a chur i gcrích ar bhealach atá cothrom agus cuimsitheach go sóisialta, agus go ndéanfar príomhshruthú inscne ar fud na mbeartas aeráide agus comhshaoil, lena n-áirítear trí ghné inscne a ionchorprú ag gach céim den phróiseas ceaptha beartais, beidh gá leo chun cuspóirí an 8ú CGC a bhaint amach agus, dá réir sin, leagfar síos mar choinníollacha cumasúcháin sa 8ú CGC iad.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1d) Is é cuspóir maolaithe aeráide 2030 an 8ú EAP laghdú tapa agus intuartha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus, ag an am céanna, feabhsú ar aistriú linnte nádúrtha san Aontas chun go mbainfí amach sprioc 2030 maidir leis an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119, i gcomhréir le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais, agus fós aistriú cothrom nach bhfágfar aon duine ar lár ann a áirithiú; Chun cuidiú lena*** |

***chuspóirí a bhaint amach, leagtar síos leis an 8ú CGC an coinníoll cumasúcháin maidir le fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol a chéimniú amach, lena n-áirítear trí spriocdháta a leagan síos maidir le deireadh a chur de réir a chéile leis an sprioc deireadh a chur leis an téamh domhanda go 1,5 °C, chomh maith le creat ceangailteach de chuid an Aontais chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBallstát i dtreo deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais do bhreoslaí iontaise, bunaithe ar mhodheolaíocht chomhaontaithe.***

**Leasú 6**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Tá ról bunúsach ag fuinneamh in-athnuaite chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích agus chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, ós rud é gurb í earnáil an fhuinnimh is cúis le breis agus 75 % d'astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa an Aontais. Trí na hastaíochtaí gás ceaptha teasa sin a laghdú, is cuidiú é fuinneamh in-athnuaite freisin chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid, mar shampla cailliúint bithéagsúlachta. | (2) Tá ról bunúsach ag fuinneamh in-athnuaite chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích agus chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, ós rud é gurb í earnáil an fhuinnimh is cúis le breis agus 75 % d'astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa an Aontais. Trí na hastaíochtaí gás ceaptha teasa sin a laghdú, cuidíonn fuinneamh in-athnuaite freisin le dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an gcomhshaol, ar dúshláin iad ***atá níos measa mar gheall ar an athrú aeráide***, amhail cailliúint na bithéagsúlachta***, truailliú talún, uisce agus aeir, rud a chuidíonn le feabhas a chur ar cháilíocht an aeir agus ar shláinte an duine***. ***Ag an am céanna, ní mór critéir inbhuanaitheachta éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun go seachnófaí go gcuirfeadh úsáid fuinnimh in-athnuaite leis na dúshláin sin seachas iad a laghdú.*** |

**Leasú 7**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Leagtar síos le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] sprioc cheangailteach Aontais gur ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a thiocfaidh 32 % ar a laghad d'olltomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais faoi 2030. Faoin bPlean um Sprioc Aeráide, ba ghá an sciar d'fhuinneamh in-athnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh a mhéadú go dtí ***40*** % faoi 2030 chun sprioc laghdaithe an Aontais i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach***[10]***. Dá bhrí sin, is gá an sprioc a leagtar amach in Airteagal 3 den Treoir sin a mhéadú. | (3) Leagtar síos le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] sprioc cheangailteach Aontais gur ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a thiocfaidh 32 % ar a laghad d'olltomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais faoi 2030. Faoin bPlean um Sprioc Aeráide, ba ghá an sciar d'fhuinneamh inathnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh a mhéadú go dtí ***45 % ar a laghad*** faoi 2030 chun sprioc laghdaithe an Aontais i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach. Dá bhrí sin, is gá an sprioc a leagtar amach in Airteagal 3 den Treoir sin a mhéadú. |
| [9] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, IO L 328, 21.12.2018, lch. 82-209 | [9] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, IO L 328, 21.12.2018, lch. 82-209 |
| [10] Pointe 3 den Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2020) 562 final an 17.9.2020, Stepping up Europe's 2030 climate ambition Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa do 2030 Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas an phobail] | [10] Pointe 3 den Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2020) 562 final an 17.9.2020, Stepping up Europe's 2030 climate ambition Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa do 2030 Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas an phobail] |

**Leasú 8**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Tá méadú ag teacht ar an aitheantas gur gá beartais bhithfhuinnimh a ailíniú le prionsabal úsáid chascáideach na bithmhaise***[11]***, d'fhonn rochtain chothrom ar mhargadh na n-amhábhar bithmhaise a áirithiú chun réitigh bhithbhunaithe nuálacha, ard-bhreisluacha agus | (4) Tá méadú ag teacht ar an aitheantas gur gá beartais bhithfhuinnimh a ailíniú le prionsabal úsáid chascáideach na bithmhaise, d'fhonn rochtain chothrom ar mhargadh na n-amhábhar bithmhaise a áirithiú chun réitigh bhithbhunaithe nuálacha, ard-bhreisluacha agus |

bithgheilleagar inbhuanaithe ciorclach a fhorbairt. Agus scéimeanna tacaíochta bithfhuinnimh á bhforbairt, ba cheart do Bhallstáit an soláthar bithmhaise inbhuanaithe atá ar fáil le haghaidh úsáidí fuinnimh agus neamhfhuinnimh agus neartú na linnte carbóin foraoise náisiúnta agus na n-éiceachóras a chur san áireamh chomh maith le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus prionsabal úsáid chascáideach na bithmhaise, agus ord na réiteach dramhaíola a bhunaítear i dTreoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12]. Chuige sin, níor cheart dóibh aon tacaíocht a thabhairt do ghiniúint fuinnimh ó ***lomáin sábhadóireachta, lomáin veinír, stumpaí agus fréamhacha agus ba cheart dóibh cur chun cinn úsáid na lomán cruinn ardchaighdeáin le haghaidh fuinnimh a sheachaint seachas i gcúinsí dea-shainithe***. I gcomhréir le prionsabal na húsáide cascáidí, ba cheart bithmhais adhmaid a úsáid de réir an bhreisluacha eacnamaíoch agus comhshaoil is airde atá aici san ord tosaíochtaí seo a leanas: 1) táirgí adhmadbhunaithe 2) síneadh a chur leis na blianta seirbhíse atá iontu, 3) athúsáid, 4) athchúrsáil, 5) bithfhuinneamh agus 6) diúscairt. I gcás nach bhfuil úsáid ar bith eile le haghaidh bithmhais adhmaid inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de nó iomchuí ó thaobh an chomhshaoil de, is cuidiú aisghabháil fuinnimh chun giniúint fuinnimh ó fhoinsí neamh-inathnuaite a laghdú. Ba cheart, mar sin, scéimeanna tacaíochta Ballstát le haghaidh bithfhuinnimh a dhíriú ar amhábhair den sórt sin nach bhfuil mórán iomaíocht mhargaidh lena n-aghaidh leis na hearnálacha ábhair, agus ar rud dearfach don aeráid agus don bhithéagsúlacht araon a bhfoinsiú, chun dreasachtaí diúltacha le haghaidh conairí bithfhuinnimh neamh-inbhuanaithe a sheachaint, mar a shainaithnítear i dtuarascáil JRC 'The use of woody biomass for energy production in the EU' [Bithmhais adhmaid a úsáid le haghaidh táirgeadh fuinnimh san Aontas

bithgheilleagar inbhuanaithe ciorclach a fhorbairt***, agus d'fhonn rannchuidiú le cuspóirí aeráide***. Agus scéimeanna tacaíochta bithfhuinnimh á bhforbairt, ba cheart do Bhallstáit an soláthar bithmhaise inbhuanaithe atá ar fáil le haghaidh úsáidí fuinnimh agus neamhfhuinnimh agus neartú na linnte carbóin foraoise náisiúnta agus na n-éiceachóras a chur san áireamh chomh maith le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus prionsabal úsáid chascáideach na bithmhaise, agus ord na réiteach dramhaíola a bhunaítear i dTreoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ***a chur chun feidhme***. Chuige sin, níor cheart dóibh aon tacaíocht a thabhairt do tháirgeadh fuinnimh ó ***bhithmhais adhmaid phríomhúil***. I gcomhréir le prionsabal na húsáide cascáidí, ba cheart bithmhais adhmaid ***tánaisteach*** a úsáid de réir an bhreisluacha eacnamaíoch agus comhshaoil is airde atá aici san ord tosaíochtaí seo a leanas: 1) táirgí adhmadbhunaithe 2) síneadh a chur leis na blianta seirbhíse atá iontu, 3) athúsáid, 4) athchúrsáil, 5) bithfhuinneamh agus 6) diúscairt. I gcás nach bhfuil úsáid ar bith eile le haghaidh bithmhais adhmaid ***tánaisteach*** inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de nó iomchuí ó thaobh an chomhshaoil de, is cuidiú aisghabháil fuinnimh chun giniúint fuinnimh ó fhoinsí neamh-inathnuaite a laghdú. Ba cheart, mar sin, scéimeanna tacaíochta Ballstát le haghaidh bithfhuinnimh a dhíriú ar amhábhair den sórt sin nach bhfuil mórán iomaíocht mhargaidh lena n-aghaidh leis na hearnálacha ábhair, agus ar rud dearfach don aeráid agus don bhithéagsúlacht araon a bhfoinsiú, chun dreasachtaí diúltacha le haghaidh conairí bithfhuinnimh neamh-inbhuanaithe a sheachaint, mar a shainaithnítear i dtuarascáil JRC 'The use of woody biomass for energy production in the EU' [Bithmhais adhmaid a úsáid le haghaidh táirgeadh fuinnimh san Aontas Eorpach]. Os a choinne sin, agus impleachtaí breise phrionsabal na húsáide

Eorpach][13]. Os a choinne sin, agus impleachtaí breise phrionsabal na húsáide cascáidí á sainiú, is gá na sainiúlachtaí náisiúnta a aithint atá mar threoir do na Ballstáit agus a scéimeanna tacaíochta á ndearadh acu. Ba cheart tús áite a thabhairt do ***dhramhaíl*** a chosc, a athúsáid agus a athchúrsáil. Ba cheart do na Ballstáit féachaint chuige nach gcruthófaí scéimeanna tacaíochta a thiocfadh salach ar spriocanna maidir le dramhaíl a chóireáil agus a d'fhágfadh go mbeadh úsáid neamhéifeachtach á baint as dramhaíl in-athchúrsáilte. Thairis sin, chun úsáid níos éifeachtúla bithfhuinnimh a áirithiú, ó 2026 ar aghaidh níor cheart do Bhallstáit tacaíocht a thabhairt a thuilleadh do ghléasraí leictreachais amháin, ach amháin má tá na suiteálacha i réigiúin a bhfuil stádas sonrach acu a mhéid a bhaineann leis an aistriú atá ar bun acu ó bhreoslaí iontaise nó má úsáideann na suiteálacha gabháil agus stóráil carbóin.

cascáidí á sainiú, is gá na sainiúlachtaí náisiúnta a aithint atá mar threoir do na Ballstáit agus a ***scéimeanna*** tacaíochta á ndearadh acu. ***Ba cheart don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh maidir leis an mbealach chun prionsabal na húsáide cascáidí i gcás bithmhaise a chur i bhfeidhm chun gach bithmhais a úsáid de réir an bhreisluacha comhshaoil agus eacnamaíoch is airde, agus aird á tabhairt ar na nuálaíochtaí teicneolaíochta, ar mhéideanna an bhunábhair atá ar fáil agus ar an sciar d'úsáidí tionsclaíocha atá ann cheana seachas aisghabháil fuinnimh, agus béim á leagan ar scéimeanna tacaíochta agus ag féachaint go cuí do shonraíochtaí náisiúnta agus do shuaitheadh nádúrtha amhail dóiteáin nádúrtha, lotnaidí, agus galair, agus tionchar dearfach aeráide an bhithfhuinnimh á uasmhéadú agus tionchair dhíobhálacha ar an mbithéagsúlacht a íoslaghdú.*** Ba cheart tús áite a thabhairt do ***dhramhaíl*** a chosc, a athúsáid agus a athchúrsáil. Ba cheart do na Ballstáit féachaint chuige nach gcruthófaí scéimeanna tacaíochta a thiocfadh salach ar spriocanna maidir le dramhaíl a chóireáil agus a d'fhágfadh go mbeadh úsáid neamhéifeachtach á baint as dramhaíl in-athchúrsáilte. Thairis sin, chun úsáid níos éifeachtúla bithfhuinnimh a áirithiú, ó 2026 ar aghaidh níor cheart do Bhallstáit tacaíocht a thabhairt a thuilleadh ***d'úsáid bithmhaise adhmaid i*** ngléasraí leictreachais amháin, ach amháin má tá na suiteálacha i réigiúin a bhfuil stádas sonrach acu a mhéid a bhaineann leis an aistriú atá ar bun acu ó bhreoslaí iontaise nó má úsáideann na suiteálacha gabháil agus stóráil carbóin. ***Ag COP26, d'ardaigh an Coimisiún, i gcomhar le ceannairí domhanda, leibhéal domhanda na huaillmhéine chun foraoisí domhanda a chaomhnú agus a athshlánú, agus chun an t-aistriú chuig iompar gan astaíochtaí a bhrostú.***

| | |
|---|---|
| [11] Is é is aidhm do phrionsabal na húsáide cascáidí éifeachtúlacht acmhainne úsáid bithmhaise a bhaint amach trí thús áite a thabhairt d'úsáid ábhar bithmhaise thar úsáid fuinnimh pé uair is féidir, rud a mhéadódh méid na bithmhaise atá ar fáil laistigh den chóras. I gcomhréir le prionsabal na húsáide cascáidí, ba cheart bithmhais adhmaid a úsáid de réir an bhreisluacha eacnamaíoch agus comhshaoil is airde atá aici san ord tosaíochtaí seo a leanas: 1) táirgí adhmadbhunaithe 2) síneadh a chur leis na blianta seirbhíse atá iontu, 3) athúsáid, 4) athchúrsáil, 5) bithfhuinneamh agus 6) diúscairt. | [11] Is é is aidhm do phrionsabal na húsáide cascáidí éifeachtúlacht acmhainne úsáid bithmhaise a bhaint amach trí thús áite a thabhairt d'úsáid ábhar bithmhaise thar úsáid fuinnimh pé uair is féidir, rud a mhéadódh méid na bithmhaise atá ar fáil laistigh den chóras. I gcomhréir le prionsabal na húsáide cascáidí, ba cheart bithmhais adhmaid a úsáid de réir an bhreisluacha eacnamaíoch agus comhshaoil is airde atá aici san ord tosaíochtaí seo a leanas: 1) táirgí adhmadbhunaithe 2) síneadh a chur leis na blianta seirbhíse atá iontu, 3) athúsáid, 4) athchúrsáil, 5) bithfhuinneamh agus 6) diúscairt. |
| [12] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe, (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3). | [12] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe, (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3). |
| [13] https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC122719 | [13] https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC122719 |

**Leasú 9**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Is féidir úsáid a bhaint as fás tapa agus as iomaíochas costais méadaitheach i dtáirgeadh leictreachais in-athnuaite chun sciar méadaitheach den éileamh ar fhuinneamh a chomhlíonadh, mar shampla teaschaidéil a úsáid le haghaidh téamh spáis nó próisis thionsclaíocha ísealteochta, feithiclí leictreacha a úsáid le haghaidh iompair, nó foirnéisí leictreacha a úsáid i dtionscail áirithe. Is féidir leictreachas in-athnuaite a úsáid freisin chun breoslaí sintéiseacha a tháirgeadh i gcomhair tomhaltais in earnálacha iompair ar deacair iad a dhícharbónú amhail eitlíocht agus iompar muirí. Ní mór do chreat leictriúcháin comhordú láidir agus | (5) Is féidir úsáid a bhaint as fás tapa agus as iomaíochas costais méadaitheach i dtáirgeadh leictreachais in-athnuaite chun sciar méadaitheach den éileamh ar fhuinneamh a chomhlíonadh, mar shampla teaschaidéil a úsáid le haghaidh téamh spáis nó próisis thionsclaíocha ísealteochta, feithiclí leictreacha a úsáid le haghaidh iompair, nó foirnéisí leictreacha a úsáid i dtionscail áirithe. Is féidir leictreachas in-athnuaite a úsáid freisin chun breoslaí sintéiseacha a tháirgeadh i gcomhair tomhaltais in earnálacha iompair ar deacair iad a dhícharbónú amhail eitlíocht agus iompar muirí. ***Ba cheart teicneolaíochtaí nuálacha a fhorbairt, mar d'fhéadfaidís*** |

| | |
|---|---|
| éifeachtúil a chumasú agus sásraí margaidh a leathnú chun soláthar agus éileamh a mheaitseáil de réir spáis agus ama, infheistíochtaí i seirbhísí solúbthachta a spreagadh, agus cuidiú le sciartha móra de ghiniúint athraitheach fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú. Ba cheart do Bhallstáit a áirithiú, mar sin, go leanfar den mhéadú ar úsáid leictreachais in-athnuaite ar luas atá leormhaith chun freastal ar an méadú san éileamh. Chuige sin, ba cheart do Bhallstáit creat a bhunú lena n-áirítear sásraí atá comhoiriúnach don mhargadh chun dul i ngleic le bacainní atá fós ann chun go mbeidh córais leictreachais shlána agus leormhaithe acu a bheidh oiriúnach le haghaidh ardleibhéal fuinnimh in-athnuaite, chomh maith le saoráidí stórála a bheidh ina ndlúthchuid den chóras leictreachais. Leis an gcreat seo, rachfar i ngleic, go háirithe, le bacainní atá fós ann, lena n-áirítear bacainní neamhairgeadais mar shampla acmhainní digiteacha agus daonna údarás nach leor iad chun an líon méadaitheach iarratais cheadaithe a phróiseáil. | ***rannchuidiú le spriocanna aeráide 2030 chomh maith le spriocanna aeráide 2050.*** Ní mór do chreat leictriúcháin comhordú láidir agus éifeachtúil a chumasú agus sásraí margaidh a leathnú chun soláthar agus éileamh a mheaitseáil de réir spáis agus ama, infheistíochtaí i seirbhísí solúbthachta a spreagadh, agus cuidiú le sciartha móra de ghiniúint athraitheach fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú. Ba cheart do Bhallstáit a áirithiú, mar sin, go leanfar den mhéadú ar úsáid leictreachais in-athnuaite ar luas atá leormhaith chun freastal ar an méadú san éileamh. Chuige sin, ba cheart do Bhallstáit creat a bhunú lena n-áirítear sásraí atá comhoiriúnach don mhargadh chun dul i ngleic le bacainní atá fós ann chun go mbeidh córais leictreachais shlána agus leormhaithe acu a bheidh oiriúnach le haghaidh ardleibhéal fuinnimh in-athnuaite, chomh maith le saoráidí stórála a bheidh ina ndlúthchuid den chóras leictreachais. Leis an gcreat seo, rachfar i ngleic, go háirithe, le bacainní atá fós ann, lena n-áirítear bacainní neamhairgeadais mar shampla acmhainní digiteacha agus daonna údarás ***agus treoir*** chun líon méadaitheach iarratais cheadaithe a phróiseáil ***go tráthúil*** ar bhealach ***níos éifeachtúla agus níos costéifeachtaí***. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Ba cheart soláthar céimneach teaschaidéal hibrideach, ar féidir leo teas a úsáid mar fhoinse fuinnimh, chomh maith le gás, a dhreasú faoi chuimsiú chritéir na Treorach maidir le Fuinneamh In-athnuaite chun spriocanna aeráide 2030 agus 2050 a bhaint amach. Tugann sé an tsolúbthacht chun teas a úsáid mar fhoinse fuinnimh agus gás mar fhoinse idirthréimhseach*** |

***fuinnimh i dtreo spriocanna aeráide 2030, chomh maith le gás glas agus gás hidrigine i dtreo spriocanna aeráide 2050. Is gá teicneolaíochtaí nuálacha, amhail teaschaidéil hibrideacha, a fhorbairt agus a úsáid laistigh de chritéir na Treorach athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite, ós rud é gur féidir iad a úsáid mar theicneolaíocht aistrithe i dtreo spriocanna aeráide 2030 chomh maith le rannchuidiú le spriocanna aeráide 2050.***

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5b) Le creat rialachais eacnamaíoch an Aontais amach anseo, ba cheart go spreagfaí na Ballstáit na hathchóirithe is gá a chur chun feidhme chun dlús a chur leis an aistriú glas, agus chun infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí a bhfuil gá leo a chumasú.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 5 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5c) Ba cheart don Choimisiún treoirlínte a chur i láthair chun cabhrú leis na Ballstáit bacainní riaracháin a leagan, go háirithe d'fhonn nósanna imeachta ceadaithe do thionscadail fuinnimh inathnuaite a shimpliú agus a luathú, lena n-áirítear Príomhtháscairí Feidhmíochta ((ETFanna) chun dul chun cinn na dtionscadal sin a mheas. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar na próisis riaracháin um dheonú ceadanna agus acmhainní digiteacha agus daonna leordhóthanacha de chuid na n-údarás a shimpliú chun dlús a chur le húsáid foinsí*** |

***in-athnuaite agus ar an gcaoi sin na cuspóirí a leagtar síos sa Treoir seo a bhaint amach.***

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) Chun feabhas a chur ar ghlacadh leathan ag an bpobal, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhféadfaí comhphobail fuinnimh inathnuaite a áireamh i dtionscadail chomhpháirteacha chomhair maidir le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Ina theannta sin, ba cheart do Bhallstáit níos mó breithnithe a dhéanamh ar an bhféidearthacht giniúint fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a chomhcheangal le línte tarchuir a dhéanfadh roinnt Ballstát a idirnascadh, i bhfoirm tionscadail hibrideacha nó, níos déanaí, in eangach níos comhcheangailte. D'fhágfadh sé sin go bhféadfadh leictreachas sreabhadh i dtreonna difriúla, rud a dhéanfadh uasmhéadú ar leas socheacnamaíoch, a dhéanfadh optamú ar chaiteachas bonneagair agus a chumasódh úsáid níos inbhuanaithe den fharraige.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Tá fás tapa ag teacht ar an margadh le haghaidh comhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite agus soláthraítear leis sin bealach comhlántach chuig margadh na giniúna fuinnimh in-athnuaite anuas ar scéimeanna tacaíochta Ballstát nó | (9) Tá fás tapa ag teacht ar an margadh le haghaidh comhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite agus soláthraítear leis sin bealach comhlántach chuig margadh na giniúna fuinnimh in-athnuaite anuas ar scéimeanna tacaíochta Ballstát nó |

| | |
|---|---|
| díol díreach ar an margadh mórdhíola leictreachais. Ag an am céanna, tá an margadh le haghaidh comhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite fós teoranta do líon beag Ballstát agus cuideachtaí móra, agus tá bacainní móra riaracháin, bacainní móra teicniúla agus bacainní móra airgeadais fós ann i gcodanna móra de mhargadh an Aontais. Ba cheart, mar sin, neartú breise a dhéanamh ar na bearta atá ann in Airteagal 15 chun glacadh comhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite a chur chun cinn a spreagadh, trí fhéachaint ar úsáid ráthaíochtaí creidmheasa chun rioscaí airgeadais na gcomhaontuithe sin a laghdú, agus é á chur san áireamh nár cheart do na ráthaíochtaí sin, sa chás gur ráthaíochtaí poiblí iad, maoiniú príobháideach a bhrú amach. | díol díreach ar an margadh mórdhíola leictreachais. Ag an am céanna, tá an margadh le haghaidh comhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite fós teoranta do líon beag Ballstát agus cuideachtaí móra, agus tá bacainní móra riaracháin, bacainní móra teicniúla agus bacainní móra airgeadais fós ann i gcodanna móra de mhargadh an Aontais. Ba cheart, mar sin, neartú breise a dhéanamh ar na bearta atá ann in Airteagal 15 chun glacadh comhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite a chur chun cinn a spreagadh, trí fhéachaint ar úsáid ráthaíochtaí creidmheasa chun rioscaí airgeadais na gcomhaontuithe sin a laghdú, agus é á chur san áireamh nár cheart do na ráthaíochtaí sin, sa chás gur ráthaíochtaí poiblí iad, maoiniú príobháideach a bhrú amach. ***Ba cheart rialtais agus infheisteoirí príobháideacha araon a spreagadh chun bannaí Glasa Eorpacha a eisiúint chun tionscadail nó scéimeanna fóirdheontais le haghaidh suiteálacha fuinnimh inathnuaite a mhaoiniú.*** |

**Leasú 15**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Tá acmhainneacht mhór neamhshaothraithe i bhfoirgnimh cur go héifeachtach le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas. Beidh gá le dícharbónú ar théamh agus ar fhuarú san earnáil seo trí sciar méadaithe i dtáirgeadh agus in úsáid fuinnimh in-athnuaite chun an uaillmhian a leagtar amach sa Phlean um Sprioc Aeráide a chomhlíonadh agus chun cuspóir aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach. Níl aon dul chun cinn in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh le haghaidh téimh agus fuaraithe le 10 mbliana anuas, agus tá sé ag brath go mór ar úsáid mhéadaithe bithmhaise. Mura | (11) Tá acmhainneacht mhór neamhshaothraithe i bhfoirgnimh cur go héifeachtach le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas. Beidh gá le dícharbónú ar théamh agus ar fhuarú san earnáil seo trí sciar méadaithe i dtáirgeadh agus in úsáid fuinnimh in-athnuaite, ***chomh maith le bearta éifeachtúlachta fuinnimh,*** chun an uaillmhian a leagtar amach sa Phlean um Sprioc Aeráide a chomhlíonadh agus chun cuspóir aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach. Níl aon dul chun cinn in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh le haghaidh téimh agus fuaraithe le 10 mbliana anuas, |

mbunaítear spriocanna chun táirgeadh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú i bhfoirgnimh, ní bheifear in ann dul chun cinn a rianú agus scrogaill a shainaithint i nglacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh. Thairis sin, tabharfaidh cruthú spriocanna comhartha fadtéarmach d'infheisteoirí, lena n-áirítear don tréimhse díreach i ndiaidh 2030. Déanfaidh sé sin comhlánú ar oibleagáidí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh. Mar sin, ba cheart spriocanna táscacha i dtaobh úsáid fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh a shocrú chun treorú agus dreasú a dhéanamh ar iarrachtaí Ballstát leas a bhaint as an bhféidearthacht fuinneamh in-athnuaite a úsáid agus a tháirgeadh i bhfoirgnimh, agus forbairt agus comhtháthú teicneolaíochtaí a tháirgeann fuinneamh in-athnuaite a spreagadh agus ag an am céanna cinnteacht a thabhairt d'infheisteoirí agus rannpháirtíocht a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil.

agus tá sé ag brath go mór ar úsáid mhéadaithe bithmhaise. Mura mbunaítear spriocanna chun táirgeadh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú i bhfoirgnimh, ní bheifear in ann dul chun cinn a rianú agus scrogaill a shainaithint i nglacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh. Thairis sin, tabharfaidh cruthú spriocanna comhartha fadtéarmach d'infheisteoirí, lena n-áirítear don tréimhse díreach i ndiaidh 2030. Déanfaidh sé sin comhlánú ar oibleagáidí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh. Mar sin, ba cheart spriocanna táscacha i dtaobh úsáid fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh a shocrú chun treorú agus dreasú a dhéanamh ar iarrachtaí Ballstát leas a bhaint as an bhféidearthacht fuinneamh in-athnuaite a úsáid agus a tháirgeadh i bhfoirgnimh, agus forbairt agus comhtháthú teicneolaíochtaí ***nuálacha*** a tháirgeann fuinneamh in-athnuaite a spreagadh agus ag an am céanna cinnteacht a thabhairt d'infheisteoirí agus rannpháirtíocht a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil.

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Cuireann an líon neamhleor oibrithe oilte, go háirithe suiteálaithe agus dearthóirí córais téimh agus fuaraithe a úsáideann foinsí in-athnuaite, moill ar chórais atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite a chur in ionad córais téimh ina n-úsáidtear breoslaí iontaise, agus bacainn mhór atá ann ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú i bhfoirgnimh, in earnáil na tionsclaíochta agus in earnáil na talmhaíochta. Ba cheart do Bhallstáit oibriú i gcomhar le comhpháirtithe sóisialta agus le pobail fuinnimh in-athnuaite chun na scileanna a bheidh de dhíth a réamh-mheas. | (12) Cuireann an líon neamhleor oibrithe oilte, go háirithe suiteálaithe agus dearthóirí córais téimh agus fuaraithe a úsáideann foinsí in-athnuaite, moill ar chórais atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite a chur in ionad córais téimh ina n-úsáidtear breoslaí iontaise, agus bacainn mhór atá ann ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú i bhfoirgnimh, in earnáil na tionsclaíochta agus in earnáil na talmhaíochta. Ba cheart do Bhallstáit a bheith ***ina gcomhpháirtithe agus*** comhoibriú i gcomhar le ***húdaráis ghnó, réigiúnacha agus oideachas,*** |

| | |
|---|---|
| Ba cheart líon leordhóthanach clár oiliúna agus deiseanna deimhniúcháin ardchaighdeáin a chur ar fáil chun suiteáil cheart agus oibriú iontaofa raon leathan córas téimh agus fuaraithe a úsáideann foinsí in-athnuaite a áirithiú agus ba cheart iad a dhearadh ar bhealach a mheallfadh rannpháirtíocht i gcláir oiliúna agus i ndeiseanna deimhniúcháin den sórt sin. Ba cheart do Bhallstáit a bhreithniú cé na bearta ba cheart a dhéanamh chun grúpaí a mhealladh atá faoi thearcionadaíocht faoi láthair sna réimsí gairme i gceist. Ba cheart liosta suiteálaithe oilte agus creidiúnaithe a chur ar fáil go poiblí chun iontaoibh tomhaltóirí agus rochtain éasca ar scileanna saincheaptha dearthóra agus suiteálaí a áirithiú, rud a ráthódh suiteáil cheart agus oibriú ceart córas téimh agus fuaraithe a úsáideann foinsí in-athnuaite. | comhpháirtithe sóisialta agus le pobail fuinnimh in-athnuaite chun na scileanna a bheidh de dhíth a réamh-mheas. Ba cheart líon leordhóthanach clár oiliúna agus deiseanna deimhniúcháin ardchaighdeáin a chur ar fáil chun suiteáil cheart agus oibriú iontaofa raon leathan córas téimh agus fuaraithe a úsáideann foinsí in-athnuaite a áirithiú agus ba cheart iad a dhearadh ar bhealach a mheallfadh rannpháirtíocht i gcláir oiliúna agus i ndeiseanna deimhniúcháin den sórt sin. Ba cheart do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ba cheart a dhéanamh chun grúpaí atá faoi ghannionadaíocht faoi láthair sna limistéir ghairme atá i gceist a mhealladh ***agus conas is féidir cur chun cinn scileanna nua agus feabhsaithe a dhreasú, lena ndírítear go sonrach ar thacaíocht a thabhairt d'fhostaíocht chobhsaí, áitiúil agus ardcháilíochta i bpobail tuaithe***. Ba cheart liosta suiteálaithe oilte agus creidiúnaithe a chur ar fáil go poiblí chun iontaoibh tomhaltóirí agus rochtain éasca ar scileanna saincheaptha dearthóra agus suiteálaí a áirithiú, rud a ráthódh suiteáil cheart agus oibriú ceart córas téimh agus fuaraithe a úsáideann foinsí in-athnuaite. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Chun seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin ó chomhbhailiú na sócmhainní stórála dáilte a fhorbairt ar bhealach iomaíoch, ba cheart rochtain fhíor-ama ar fhaisnéis bhunúsach faoi cheallraí, mar shampla staid sláinte, staid luchtaithe, toilleadh agus pointe socraithe cumhachta, a sholáthar faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha agus saor in aisce d'úinéirí nó d'úsáideoirí na gceallraí | (16) Chun seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin ó chomhbhailiú na sócmhainní stórála dáilte a fhorbairt ar bhealach iomaíoch, ba cheart rochtain fhíor-ama ar fhaisnéis bhunúsach faoi cheallraí, mar shampla staid sláinte, staid luchtaithe, toilleadh agus pointe socraithe cumhachta, a sholáthar faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha***, agus forálacha ábhartha i Rialachán (AE) 2016/679 ó*** |

agus do na heintitis atá ag gníomhú thar a gceann, mar shampla bainisteoirí córais fuinnimh i bhfoirgnimh, soláthraithe seirbhísí soghluaisteachta agus rannpháirtithe eile sa mhargadh leictreachais. Is iomchuí, mar sin, bearta áirithe a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar an ngá le rochtain ar shonraí den sórt sin chun éascú a dhéanamh ar oibríochtaí ceallraí tí agus feithiclí leictreacha a bhaineann le comhtháthú, ar bearta iad a chomhlánóidh na forálacha a bhaineann le rochtain ar shonraí ceallraí maidir le hathrú cuspóra ceallraí a éascú sa [Rialachán atá beartaithe maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020]. Ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha maidir le rochtain ar shonraí ceallraí feithiclí leictreacha chomh maith le haon fhoráil a leagtar síos i ndlí an Aontais maidir le cineálcheadú feithiclí.

***Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á gcomhlíonadh go hiomlán***[1a] agus saor in aisce d'úinéirí nó d'úsáideorí na gceallraí agus do na heintitis atá ag gníomhú thar a gceann, mar shampla bainisteoirí córais fuinnimh i bhfoirgnimh, soláthraithe seirbhísí soghluaisteachta agus rannpháirtithe eile sa mhargadh leictreachais, ***amhail úsáideoirí feithiclí leictreacha***. Is iomchuí, mar sin, bearta áirithe a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar an ngá le rochtain ar shonraí den sórt sin chun éascú a dhéanamh ar oibríochtaí ceallraí tí agus feithiclí leictreacha a bhaineann le comhtháthú, ar bearta iad a chomhlánóidh na forálacha a bhaineann le rochtain ar shonraí ceallraí maidir le hathrú cuspóra ceallraí a éascú sa [Rialachán atá beartaithe maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020]. Ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha maidir le rochtain ar shonraí ceallraí feithiclí leictreacha chomh maith le haon fhoráil a leagtar síos i ndlí an Aontais maidir le cineálcheadú feithiclí.

______________

***[1a] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).***

*Réasúnú*

*Airteagal 20ú(nua).2 – Ba cheart na ceanglais sin a choimeád sa rialachán, chun tairbhe d'úsáideoirí feithiclí leictreacha freisin*

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Ba cheart é a bheith de cheart ag úsáideoirí feithiclí leictreacha a dhéanann comhaontuithe conarthacha le soláthraithe seirbhísí leictrea-shoghluaisteachta agus le rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais faisnéis agus míniúcháin a fháil ar an difear a dhéanfaidh téarmaí an chomhaontaithe d’úsáid a bhfeithicle agus do staid sláinte an cheallra. Ba cheart go dtabharfadh soláthraithe seirbhísí leictrea-shoghluaisteachta agus rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais míniú soiléir d’úsáideoirí feithiclí leictreacha faoin dóigh a n-íocfar iad as na seirbhísí solúbthachta, cothromúcháin agus stórála a sholáthrófar don chóras leictreachais agus don mhargadh leictreachais a bhuí le húsáid a bhfeithicle leictrí. Is gá freisin cearta tomhaltóirí úsáideoirí feithiclí leictreacha a chosaint nuair a dhéanann siad comhaontuithe den sórt sin, go háirithe maidir le cosaint a sonraí pearsanta, mar shampla suíomh agus nósanna tiomána, i dtaca le húsáid a bhfeithicle. Féadfaidh rogha úsáideoirí feithiclí leictreacha maidir leis an gcineál leictreachais a cheannaítear le húsáid ina bhfeithicil leictreach, chomh maith le roghanna eile, a bheith san áireamh i gcomhaontuithe den sórt sin. Ar na cúiseanna thuasluaite, tá sé tábhachtach ***go mbeadh úsáideoirí feithiclí leictreacha in ann a síntiús a úsáid ag pointí*** athluchtaithe ***éagsúla***. Cuirfidh sé sin ar chumas an tsoláthraí seirbhíse arna roghnú ag úsáideoir na feithicle leictri an fheithicil a chomhtháthú ar an mbealach is fearr is féidir sa chóras leictreachais, trí phleanáil intuartha agus dreasachtaí bunaithe ar roghanna úsáideoir na feithicle leictrí. Tá sé sin i gcomhréir freisin le prionsabail an chórais fuinnimh atá dírithe ar thomhaltóirí agus bunaithe tháirgeoirí is tomhaltóirarí, agus leis an gceart chun soláthróirí a roghnú, ceart atá ag úsáideoirí feithiclí leictreacha mar chustaiméirí deiridh de réir | (18) Ba cheart é a bheith de cheart ag úsáideoirí feithiclí leictreacha a dhéanann comhaontuithe conarthacha le soláthraithe seirbhísí leictrea-shoghluaisteachta agus le rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais faisnéis agus míniúcháin a fháil ar an difear a dhéanfaidh téarmaí an chomhaontaithe d’úsáid a bhfeithicle agus do staid sláinte an cheallra. Ba cheart go dtabharfadh soláthraithe seirbhísí leictrea-shoghluaisteachta agus rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais míniú soiléir d’úsáideoirí feithiclí leictreacha faoin dóigh a n-íocfar iad as na seirbhísí solúbthachta, ***conas a úsáidtear a gcuid sonraí comhiomlánaithe,*** cothromúcháin agus stórála a sholáthrófar don chóras leictreachais agus don mhargadh leictreachais a bhuí le húsáid a bhfeithicle leictrí. Is gá freisin cearta tomhaltóirí úsáideoirí feithiclí leictreacha a chosaint nuair a dhéanann siad comhaontuithe den sórt sin, go háirithe maidir le ***príobháideachas agus*** cosaint a sonraí pearsanta, mar shampla suíomh agus nósanna tiomána, i dtaca le húsáid a bhfeithicle. Féadfaidh rogha úsáideoirí feithiclí leictreacha maidir leis an gcineál leictreachais a cheannaítear le húsáid ina bhfeithicil leictreach, chomh maith le roghanna eile, a bheith san áireamh i gcomhaontuithe den sórt sin. Ar na cúiseanna thuas, tá sé tábhachtach ***a áirithiú go n-úsáidfear an bonneagar muirearaithe atá le húsáid, go n-úsáidfear é ar an mbealach is éifeachtaí, agus chun feabhas a chur ar mhuinín na dtomhaltóirí sa leictrea-shoghluaisteach, tá sé bunriachtanach go mbeidh úsáid stáisiún athluchtaithe a bhfuil rochtain phoiblí orthu ar oscailt do gach úsáideoir, gan beann ar an mbranda gluaisteáin agus cibé acu an cuid de scéim íocaíochta conradh-bhunaithe iad nó nach ea agus go nglacann siad le cártaí íocaíochta a*** |

fhorálacha Threoir (AE) 2019/944.

***úsáidtear go forleathan san Aontas***. Fágfaidh sé sin, freisin, go mbeidh céadrogha soláthraí seirbhíse an úsáideora feithicle leictrí in ann an fheithicil leictreach a chomhtháthú go barrmhaith sa chóras leictreachais, trí phleanáil intuartha agus trí dhreasachtaí atá bunaithe ar roghanna úsáideoir na feithicle leictrí. Tá sé seo i gcomhréir freisin le prionsabail córais fuinnimh atá dírithe ar thomhaltóirí agus atá bunaithe ar tháirgeoir is tomhaltóir, agus leis an gceart chun rogha soláthróra atá ag úsáideoirí feithiclí leictreacha mar chustaiméirí deiridh de réir fhorálacha Threoir (AE) 2019/944.

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Pointí athluchtaithe áit a mbíonn feithiclí leictreacha páirceáilte de ghnáth ar feadh tréimhsí fada ama, mar shampla áit a mbíonn daoine páirceáilte ar chúiseanna cónaithe nó fostaíochta, is pointí iad sin atá an-ábhartha do chomhtháthú an chórais fuinnimh, mar sin is gá feidhmiúlachtaí luchtaithe cliste a áirithiú. I ndáil leis sin, tá tábhacht faoi leith ag baint le hoibriú gnáth-bhonneagair luchtaithe nach bhfuil ar fáil don phobal, tábhacht faoi leith ó thaobh feithiclí leictreacha a chomhtháthú sa chóras leictreachais toisc é a bheith suite áit a mbíonn feithiclí leictreacha páirceáilte arís agus arís eile ar feadh tréimhsí fada ama, mar shampla i bhfoirgnimh ar a bhfuil rochtain theoranta, i bpáirceáil d'fhostaithe nó i saoráidí páirceála a ligtear ar cíos do dhaoine nádúrtha nó do dhaoine dlítheanacha. | (20) Pointí athluchtaithe áit a mbíonn feithiclí leictreacha páirceáilte de ghnáth ar feadh tréimhsí fada ama, mar shampla áit a mbíonn daoine páirceáilte ar chúiseanna cónaithe nó fostaíochta, is pointí iad sin atá an-ábhartha do chomhtháthú an chórais fuinnimh, mar sin is gá feidhmiúlachtaí luchtaithe cliste ***agus déthreo*** a áirithiú. I ndáil leis sin, tá tábhacht faoi leith ag baint le hoibriú gnáth-bhonneagair luchtaithe nach bhfuil ar fáil don phobal, tábhacht faoi leith ó thaobh feithiclí leictreacha a chomhtháthú sa chóras leictreachais toisc é a bheith suite áit a mbíonn feithiclí leictreacha páirceáilte arís agus arís eile ar feadh tréimhsí fada ama, mar shampla i bhfoirgnimh ar a bhfuil rochtain theoranta, i bpáirceáil d'fhostaithe nó i saoráidí páirceála a ligtear ar cíos do dhaoine nádúrtha nó do dhaoine dlítheanacha. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Is in earnáil na tionsclaíochta a dhéantar 25 % den ídiú fuinnimh san Aontas, agus is tomhaltóir mór téimh agus fuaraithe í - téamh agus fuarú atá ag brath 91 % ar bhreoslaí iontaise faoi láthair. Teocht íseal (<200 °C) atá i gceist le 50 % den éileamh téimh agus fuaraithe, áfach, agus tá roghanna costéifeachtacha fuinnimh in-athnuaite ann dó sin, lena n-áirítear rogha leictriúcháin. Ina theannta sin, úsáideann earnáil na tionsclaíochta foinsí neamh-inathnuaite mar amhábhair chun táirgí amhail cruach agus ceimiceáin a tháirgeadh. Cinnfidh na cinntí maidir le hinfheistíocht tionsclaíochta a dhéantar inniu na próisis tionsclaíochta agus na roghanna fuinnimh ar féidir leis an earnáil tionsclaíochta iad a chur san áireamh amach anseo, mar sin tá sé tábhachtach go mbeadh na cinntí infheistíochta sin slán i bhfad na haimsire. Ba cheart, mar sin, tagarmharcanna a chur i bhfeidhm chun earnáil na tionsclaíochta a dhreasú chun athrú a dhéanamh go próisis táirgeachta atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, ar phróisis iad a bhreoslaítear le fuinnimh in-athnuaite agus a n-úsáidtear amhábhair atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, amhail hidrigin in-athnuaite, lena n-aghaidh freisin. Thairis sin, tá gá le modheolaíocht choiteann le haghaidh táirgí a lipéadaítear mar tháirgí a táirgeadh go páirteach nó go hiomlán agus úsáid á baint as fuinneamh in-athnuaite nó agus úsáid á baint as breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch mar bhunábhar, agus modheolaíochtaí an Aontais maidir le lipéadú táirgí agus tionscnaimh an Aontais maidir le táirgí inbhuanaithe, ar modheolaíochtaí agus tionscnaimh iad atá ann cheana, á gcur san áireamh. Sheachnódh sé sin cleachtais mheabhlacha agus mhéadódh sé iontaoibh tomhaltóirí. Thairis sin, ós rud é gur fearr | (21) Is in earnáil na tionsclaíochta a dhéantar 25 % den ídiú fuinnimh san Aontas, agus is tomhaltóir mór téimh agus fuaraithe í - téamh agus fuarú atá ag brath 91 % ar bhreoslaí iontaise faoi láthair. Teocht íseal (<200 °C) atá i gceist le 50 % den éileamh téimh agus fuaraithe, áfach, agus tá roghanna costéifeachtacha fuinnimh in-athnuaite ann dó sin, lena n-áirítear rogha leictriúcháin. Ina theannta sin, úsáideann earnáil na tionsclaíochta foinsí neamh-inathnuaite mar amhábhair chun táirgí amhail cruach agus ceimiceáin a tháirgeadh. Cinnfidh na cinntí maidir le hinfheistíocht tionsclaíochta a dhéantar inniu na próisis tionsclaíochta agus na roghanna fuinnimh ar féidir leis an earnáil tionsclaíochta iad a chur san áireamh amach anseo, mar sin tá sé tábhachtach go mbeadh na cinntí infheistíochta sin slán i bhfad na haimsire. Ba cheart, mar sin, tagarmharcanna a chur i bhfeidhm chun earnáil na tionsclaíochta a dhreasú chun athrú a dhéanamh go próisis táirgeachta atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, ar phróisis iad a bhreoslaítear le fuinnimh in-athnuaite agus a n-úsáidtear amhábhair atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, amhail hidrigin in-athnuaite, lena n-aghaidh freisin. ***Ós rud é go meastar go rachaidh an t-éileamh ar hidrigin inathnuaite thar an soláthar go luath amach anseo, tá sé tábhachtach úsáid éifeachtúil a bhaint as na bunábhair inbhuanaithe go léir atá ar fáil chun hidrigin a tháirgeadh agus chuige sin úsáid hidrigine ó fhoinsí inathnuaite, agus ó bhreoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a cheadú chun críocha uile na Treorach seo.*** Thairis sin, tá gá le modheolaíocht choiteann le haghaidh táirgí a lipéadaítear mar tháirgí a táirgeadh go páirteach nó go hiomlán agus úsáid á baint as fuinneamh |

le tomhaltóirí táirgí a rannchuidíonn le cuspóirí comhshaoil agus athraithe aeráide, spreagfadh sé éileamh margaidh ar na táirgí sin.

in-athnuaite nó agus úsáid á baint as breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch mar bhunábhar, agus modheolaíochtaí an Aontais maidir le lipéadú táirgí agus tionscnaimh an Aontais maidir le táirgí inbhuanaithe, ar modheolaíochtaí agus tionscnaimh iad atá ann cheana, á gcur san áireamh. Sheachnódh sé sin cleachtais mheabhlacha agus mhéadódh sé iontaoibh tomhaltóirí. Thairis sin, ós rud é gur fearr le tomhaltóirí táirgí a rannchuidíonn le cuspóirí comhshaoil agus athraithe aeráide, spreagfadh sé éileamh margaidh ar na táirgí sin.

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Is féidir breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a úsáid chun críoch fuinnimh, ach is féidir iad a úsáid freisin chun críoch neamhfhuinnimh mar bhunábhar nó mar amhábhar i dtionscail amhail cruach nó ceimiceáin. Le húsáid breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch chun an dá chríoch, baintear lánleas astu chun cur in ionad breoslaí iontaise a úsáid mar bhunábhar agus chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú in ***earnáil na tionsclaíochta*** agus ba cheart, mar sin, iad a chur san áireamh i sprioc a bhaineann le húsáid breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch. Níor cheart go mbeadh de thoradh ar bhearta náisiúnta a thacaíonn le glacadh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch in ***earnáil na tionsclaíochta*** glanmhéadú ar thruailliú mar gheall ar éileamh méadaithe ar ghiniúint leictreachais a shásaítear leis na breoslaí iontaise is mó a dhéanann truailliú, amhail gual, díosal, lignít, ola, móin agus | (22) Is féidir breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a úsáid chun críocha fuinnimh, ach freisin chun críocha neamhfhuinnimh mar bhunábhar nó amhábhar i dtionscail amhail cruach nó ceimiceáin***, áit arb iad go minic an t-aon rogha iad chun dícharbónú a dhéanamh agus ina laghdaíonn siad níos mó gás ceaptha teasa in aghaidh an aonaid hidrigine ná mar atá san iompar nó sa téamh***. ***I gcomhréir le céadphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh,*** le húsáid breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch chun an dá chríoch, baintear lánleas astu chun cur in ionad breoslaí iontaise a úsáid mar bhunábhar agus chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú i ***bpróisis tionsclaíochta nach féidir a leictriú go díreach le foinsí in-athnuaite*** agus ba cheart, mar sin, iad a chur san áireamh i sprioc a bhaineann le húsáid breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch. Níor cheart go mbeadh de thoradh ar bhearta náisiúnta a thacaíonn le glacadh breoslaí |

scealla ola.

in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch sna ***hearnálacha tionsclaíochta sin*** glanmhéadú ar thruailliú mar gheall ar éileamh méadaithe ar ghiniúint leictreachais a shásaítear leis na breoslaí iontaise is mó a dhéanann truailliú, amhail gual, díosal, lignít, ola, móin agus scealla ola.

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 22 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(22a) Níor cheart do na cuspóirí maidir le hastaíochtaí a laghdú ná maidir le neodracht aeráide a bheith thíos leis an mbithéagsúlacht. De réir thuarascáil na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil maidir le 'Staid an Uisce' tá drochbhail ar aibhneacha an Aontais agus níl ach 44 % díobh i staid mhaith éiceolaíoch nó i staid ard éiceolaíoch. Chomh maith le truailliú ceimiceach, is iad 'brúnna a bhaineann le fuinneamh agus suiteálacha hidreachumhachta' an bhagairt is mó ar na héiceachórais thábhachtacha sin. Thairis sin, meastar gurb iad aibhneacha na hEorpa na héiceachórais fionnuisce is ilroinnte ar domhan. Is féidir le gléasraí hidrileictreach beaga go háirithe dochar a dhéanamh don sprioc 25.000 km d'aibhneacha saorshreafa atá leagtha síos sa Straitéis Bhithéagsúlachta a athbhunú. Bhí éifeacht shuntasach ag hidreachumhacht ar an mbithéagsúlacht: Ó 1970 i leith, tá laghdú 93 faoin gcéad tagtha ar speicis imirceacha éisc fionnuisce. Ba cheart gach gléasra hidreachumhachta nua a eisiamh ón bhféidearthacht tacaíocht a fháil nó comhaireamh i dtreo na spriocanna. Ina theannta sin, chun tacaíocht a fháil, ba cheart go mbeadh plandaí atá ann cheana in ann roinnt ceanglas a chomhlíonadh: ba cheart dóibh, inter alia, a bheith níos*** |

***mó ná 10 MW agus na híoscheanglais éiceolaíocha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais a chomhlíonadh.***

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Is féidir le húsáid breoslaí in-athnuaite agus leictreachas in-athnuaite in earnáil an iompair cur le dícharbónú earnáil iompair an Aontais ar bhealach costéifeachtach, agus feabhas a chur éagsúlú fuinnimh san earnáil sin, i measc rudaí eile, agus san am céanna, nuálaíocht, fás agus fostaíocht a chur chun cinn i ngeilleagar an Aontais agus an spleáchas ar allmhairí fuinnimh a laghdú. D'fhonn an sprioc mhéadaithe le haghaidh laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa atá sainithe ag an Aontas a bhaint amach, ba cheart an leibhéal fuinnimh in-athnuaite a sholáthraítear do gach modh iompair san Aontas a mhéadú. Tríd an sprioc iompair a léiriú mar sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, spreagfaí úsáid mhéadaithe na mbreoslaí is costéifeachtaí agus is fearr ó thaobh feidhmiúlachta de, i dtéarmaí gás ceaptha teasa a laghdú, in earnáil an iompair. Ina theannta sin, le sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, spreagfaí nuálaíocht agus leagfaí amach tagarmharc soiléir chun comparáid a dhéanamh idir cineálacha breoslaí agus leictreachas in-athnuaite, bunaithe ar dhéine a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa. Sa bhreis air sin, trí leibhéal na sprice fuinneamh-bhunaithe ar bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus ar bhithghás a mhéadú, agus trí sprioc le haghaidh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a thabhairt isteach, d'áiritheofaí úsáid mhéadaithe breoslaí in-athnuaite chomh maith leis an tionchar comhshaoil is lú i modhanna iompair ar deacair iad a leictriú. | (29) Is féidir le húsáid breoslaí in-athnuaite agus leictreachas in-athnuaite in earnáil an iompair cur le dícharbónú earnáil iompair an Aontais ar bhealach costéifeachtach, agus feabhas a chur éagsúlú fuinnimh san earnáil sin, i measc rudaí eile, agus san am céanna, nuálaíocht, fás agus fostaíocht a chur chun cinn i ngeilleagar an Aontais agus an spleáchas ar allmhairí fuinnimh a laghdú. D'fhonn an sprioc mhéadaithe le haghaidh laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa atá sainithe ag an Aontas a bhaint amach, ba cheart an leibhéal fuinnimh in-athnuaite a sholáthraítear do gach modh iompair san Aontas a mhéadú. Tríd an sprioc iompair a léiriú mar sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, spreagfaí úsáid mhéadaithe na mbreoslaí is costéifeachtaí agus is fearr ó thaobh feidhmiúlachta de, i dtéarmaí gás ceaptha teasa a laghdú, in earnáil an iompair. Ina theannta sin, le sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, spreagfaí nuálaíocht agus leagfaí amach tagarmharc soiléir chun comparáid a dhéanamh idir cineálacha breoslaí agus leictreachas in-athnuaite, bunaithe ar dhéine a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa. Sa bhreis air sin, trí leibhéal na sprice fuinneamh-bhunaithe ar bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus ar bhithghás a mhéadú, agus trí sprioc le haghaidh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a thabhairt isteach, d'áiritheofaí úsáid mhéadaithe breoslaí in-athnuaite chomh maith leis an tionchar comhshaoil is lú i modhanna iompair ar deacair iad a leictriú. |

Ba cheart a áirithiú go mbainfí amach na spriocanna sin trí oibleagáidí ar sholáthróirí breoslaí chomh maith le bearta eile a áirítear i [Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar - FuelEU Maritime agus Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú don aeriompar inbhuanaithe]. Níor cheart oibleagáidí tiomnaithe a leagan síos ar sholáthróirí breoslaí eitlíochta ach amháin de bhun [Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú don aeriompar inbhuanaithe].

***Ba cheart forbairt bithbhreoslaí ardfhorbartha i ngach modh iompair i gcomhréir le hAirteagal 29(2) go (7) agus na critéir a leagtar amach in Airteagal 28(6) a bhunú ar na measúnuithe a rinneadh roimhe seo ar bhunábhair bhreise a d'fhéadfadh a bheith le liostú in Iarscríbhinn IX, go háirithe i bhfianaise an ghá atá le bunábhair ar cinneadh roimhe seo nach bhfuil siad oiriúnach do na critéir lena n-áireamh in Iarscríbhinn IX le haghaidh na bprionsabal a leagtar amach sa tríú fomhír d'Airteagal 28(6)*. *Leagtar béim leis sin ar an ngá atá le húsáid éifeachtach a bhaint as bithbhreoslaí ardfhorbartha sa tionscal Eorpach ar fad agus áirithítear leis an bprionsabal ceart maidir le cascáidiú agus ord na réiteach dramhaíola á úsáid le haghaidh bithbhreoslaí ardfhorbartha.*** Ba cheart a áirithiú go mbainfí amach na spriocanna sin trí oibleagáidí ar sholáthróirí breoslaí chomh maith le bearta eile a áirítear i [Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar - FuelEU Maritime agus Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú don aeriompar inbhuanaithe]. Níor cheart oibleagáidí tiomnaithe a leagan síos ar sholáthróirí breoslaí eitlíochta ach amháin de bhun [Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú don aeriompar inbhuanaithe].

**Leasú 24**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 30**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(30) Beidh ról fíor-riachtanach ag an leictrea-shoghluaisteacht ó thaobh earnáil an iompair a dhícharbónú. Chun forbairt bhreise na leictrea-shoghluaiseachta a chothú, ba cheart do na Ballstáit sásra creidmheasa a bhunú a chuirfeadh ar a gcumas d'oibreoirí pointí luchtaithe atá inrochtana don phobal rannchuidiú leis an

*Leasú*

(30) Beidh ról fíor-riachtanach ag an leictrea-shoghluaisteacht ó thaobh earnáil an iompair a dhícharbónú. Chun forbairt bhreise na leictrea-shoghluaiseachta a chothú, ba cheart do na Ballstáit sásra creidmheasa a bhunú a chuirfeadh ar chumas oibreoirí pointí luchtaithe atá inrochtana don phobal, ***agus nuair atá sé***

oibleagáid a leag Ballstáit ar sholáthróirí breoslaí a shásamh, trí leictreachas in-athnuaite a sholáthar. Agus tacaíocht á cur ar fáil trí shásra den sórt sin do leictreachas in earnáil an iompair, tá sé tábhachtach go gcoinneodh na Ballstáit orthu le hardleibhéal uaillmhéine a leagan síos i dtaca lena meascán breosla leachtaigh in earnáil an iompair a dhícharbónú.

***sin indéanta go teicniúil, trí phointí luchtaithe príobháideacha agus leathphoiblí,*** rannchuidiú leis an oibleagáid a leag Ballstáit ar sholáthróirí breoslaí a shásamh, trí leictreachas in-athnuaite a sholáthar. Agus tacaíocht á cur ar fáil trí shásra den sórt sin do leictreachas in earnáil an iompair, tá sé tábhachtach go gcoinneodh na Ballstáit orthu le hardleibhéal uaillmhéine a leagan síos i dtaca lena meascán breosla leachtaigh in earnáil an iompair a dhícharbónú.

**Leasú 25**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 31**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(31) Tá sé d’aidhm ag beartas fuinnimh in-athnuaite an Aontais rannchuidiú i spriocanna an Aontais Eorpaigh i dtaca le maolú ar an athrú aeráide a bhaint amach i dtéarmaí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Agus an sprioc sin á saothrú, tá sé fíor-riachtanach rannchuidiú freisin le cuspóirí níos leithne comhshaoil, agus go háirithe le cailliúint na bithéagsúlachta a chosc, rud atá faoi thionchar diúltach mar gheall ar an athrú indíreach ar an talamhúsáid a bhaineann le táirgeadh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise áirithe. Is seanchúram tábhachtach idirghlúine do shaoránaigh an Aontais agus do reachtóir an Aontais é rannchuidiú sna cuspóirí aeráide agus comhshaoil sin. Mar thoradh air sin, níor cheart do na hathruithe sa bhealach a ríomhtar an sprioc iompair difear a dhéanamh do na teorainneacha a bunaíodh i dtaobh breoslaí áirithe a tháirgtear ó bharra bia agus beatha a áireamh i dtreo na sprice sin de pháirt amháin, agus breoslaí lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar an talamhúsáid den pháirt eile. Ina theannta sin, chun nach gcruthófaí dreasacht chun bithbhreoslaí agus bithghás a tháirgtear ó bharra bia agus beatha a

*Leasú*

(31) Tá sé d’aidhm ag beartas fuinnimh in-athnuaite an Aontais rannchuidiú i spriocanna an Aontais Eorpaigh i dtaca le maolú ar an athrú aeráide a bhaint amach i dtéarmaí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Agus an sprioc sin á saothrú, tá sé fíor-riachtanach rannchuidiú freisin le cuspóirí níos leithne comhshaoil, agus go háirithe le cailliúint na bithéagsúlachta a chosc, rud atá faoi thionchar diúltach mar gheall ar an athrú indíreach ar an talamhúsáid a bhaineann le táirgeadh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise áirithe. Is seanchúram tábhachtach idirghlúine do shaoránaigh an Aontais agus do reachtóir an Aontais é rannchuidiú sna cuspóirí aeráide agus comhshaoil sin. ***Is gá deireadh a chur le húsáid breoslaí lena mbaineann riosca ard um athrú indíreach ar thalamhúsáid, amhail ola phailme, soighe agus a bhfotháirgí agus laghdú a dhéanamh ar an sciar uasta de bhreoslaí a tháirgtear ó bharra. Maidir le bunábhair a liostaítear in Iarscríbhinn IX, ba cheart a áirithiú go ndéanfar úsáidí iomaíocha na n-amhábhar a mheas, ionas nach ndéanfar amhábhar a atreorú ó úsáid ar luach níos airde. Is iomchuí, dá bhrí sin, a chur ar***

úsáid in earnáil an iompair, ba cheart rogha a bheith ag Ballstáit fós iad a áireamh i dtreo na sprice iompair, nó gan iad a áireamh. Mura ndéanann siad iad a áireamh, féadfaidh siad laghdú dá réir a dhéanamh ar an sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, ar an tuiscint go bhfuil laghdú 50 % ann ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le bithbhreoslaí atá bunaithe ar bharra bia agus beatha, rud atá ag freagairt do na gnáthluachanna a leagtar amach in iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo maidir leis an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis na conairí táirgthe is ábhartha i gcás bithbhreoslaí atá bunaithe ar bharra bia agus beatha, chomh maith leis an íostairseach laghduithe a bhfuil feidhm aici i gcás fhormhór na suiteálacha a tháirgeann bithbhreoslaí den sórt sin.

***chumas an Choimisiúin bunábhair a bhaint den liosta in Iarscríbhinn IX;*** Mar thoradh air sin, níor cheart do na hathruithe sa bhealach a ríomhtar an sprioc iompair difear a dhéanamh do na teorainneacha a bunaíodh i dtaobh breoslaí áirithe a tháirgtear ó bharra bia agus beatha a áireamh i dtreo na sprice sin de pháirt amháin, agus breoslaí lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar an talamhúsáid den pháirt eile. Ina theannta sin, chun nach gcruthófaí dreasacht chun bithbhreoslaí agus bithghás a tháirgtear ó bharra bia agus beatha a úsáid in earnáil an iompair, ba cheart rogha a bheith ag Ballstáit fós iad a áireamh i dtreo na sprice iompair, nó gan iad a áireamh. Mura ndéanann siad iad a áireamh, féadfaidh siad laghdú dá réir a dhéanamh ar an sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, ar an tuiscint go bhfuil laghdú 50 % ann ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le bithbhreoslaí atá bunaithe ar bharra bia agus beatha, rud atá ag freagairt do na gnáthluachanna a leagtar amach in iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo maidir leis an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis na conairí táirgthe is ábhartha i gcás bithbhreoslaí atá bunaithe ar bharra bia agus beatha, chomh maith leis an íostairseach laghduithe a bhfuil feidhm aici i gcás fhormhór na suiteálacha a tháirgeann bithbhreoslaí den sórt sin.

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Nuair a léirítear an sprioc iompair mar sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, ní gá iolraitheoirí a úsáid chun foinsí in-athnuaite fuinnimh áirithe a chur chun cinn. An chúis atá leis sin ná go laghdaíonn foinsí in-athnuaite fuinnimh difriúla méideanna difriúla | (32) Nuair a léirítear an sprioc iompair mar sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, ní gá iolraitheoirí a úsáid chun foinsí in-athnuaite fuinnimh áirithe a chur chun cinn. An chúis atá leis sin ná go laghdaíonn foinsí in-athnuaite fuinnimh difriúla méideanna difriúla |

| | |
|---|---|
| astaíochtaí gás ceaptha teasa agus, dá bhrí sin, ní mar an gcéanna an rannchuidiú a dhéanann siad leis an sprioc. Ba cheart a mheas go bhfuil astaíochtaí nialasacha ag fuinneamh in-athnuaite, rud a chiallaíonn go laghdaíonn sé astaíochtaí 100 % i gcomparáid le leictreachas a ghintear as breoslaí iontaise. Cruthóidh sé sin dreasacht chun fuinneamh in-athnuaite a úsáid ós rud é nach dócha go mbainfear céatadán chomh hard céanna laghduithe amach le breoslaí in-athnuaite agus le breoslaí carbóin athchúrsáilte. Mar sin, an bealach ab éifeachtúla chun iompar de bhóthar a dhícharbónú ná leictriú atá ag brath ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh. Ina theannta sin, chun úsáid bithbhreoslaí ardfhorbartha agus bithgháis agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a chur chun cinn i modhanna na heitlíochta agus na mara, ar modhanna iad atá deacair a leictriú, is iomchuí an t-iolraitheoir a ***choimeád*** do na breoslaí sin a soláthraíodh sna modhanna sin, agus iad á n-áireamh i dtreo na spriocanna sonracha a leagtar amach le haghaidh na mbreoslaí sin. | astaíochtaí gás ceaptha teasa agus, dá bhrí sin, ní mar an gcéanna an rannchuidiú a dhéanann siad leis an sprioc. Ba cheart a mheas go bhfuil astaíochtaí nialasacha ag fuinneamh in-athnuaite, rud a chiallaíonn go laghdaíonn sé astaíochtaí 100 % i gcomparáid le leictreachas a ghintear as breoslaí iontaise. Cruthóidh sé sin dreasacht chun fuinneamh in-athnuaite a úsáid ós rud é nach dócha go mbainfear céatadán chomh hard céanna laghduithe amach le breoslaí in-athnuaite agus le breoslaí carbóin athchúrsáilte. Mar sin, an bealach ab éifeachtúla chun iompar de bhóthar a dhícharbónú ná leictriú atá ag brath ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh. Ina theannta sin, chun úsáid bithbhreoslaí ardfhorbartha agus bithgháis agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a chur chun cinn i modhanna na heitlíochta agus na mara, ar modhanna iad atá deacair a leictriú, is iomchuí an t-iolraitheoir a ***mhéadú*** do na breoslaí sin a soláthraíodh sna modhanna sin, agus iad á n-áireamh i dtreo na spriocanna sonracha a leagtar amach le haghaidh na mbreoslaí sin. |

**Leasú 27**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Chun éifeachtacht comhshaoil níos airde a áirithiú i dtaobh chritéir an Aontais maidir le inbhuanaitheacht agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh breoslaí bithmhaise soladaí i suiteálacha ina dtáirgtear téamh, leictreachas agus fuarú, ba cheart an íostairseach chun critéir den sórt sin a chur i bhfeidhm a ísliú ón tairseach reatha de 20 MW go ***5 MW***. | (35) Chun éifeachtacht comhshaoil níos airde a áirithiú i dtaobh chritéir an Aontais maidir le inbhuanaitheacht agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh breoslaí bithmhaise soladaí i suiteálacha ina dtáirgtear téamh, leictreachas agus fuarú, ba cheart an íostairseach chun critéir den sórt sin a chur i bhfeidhm a ísliú ón tairseach reatha de 20 MW go 7.5 ***MW***. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Le Treoir (AE) 2018/2001, neartaíodh an creat maidir le hinbhuanaitheacht bithfhuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa trí chritéir a leagan síos do gach earnáil chríochúsáide. Leagadh amach rialacha inti le haghaidh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise, rialacha lenar éilíodh inbhuanaitheacht na n-oibríochtaí buainte agus áireamh astaíochtaí ón athrú ar an talamhúsáid. Chun cosaint feabhsaithe a bhaint amach do ghnáthóga ar mhórán carbóin a bhfuil an-bhithéagsúlacht iontu, amhail foraoisí príomhúla, foraoisí atá ar mhórán bithéagsúlachta, féarthailte ***agus*** tailte portaigh, ba cheart eisceachtaí agus teorainneacha ar bhithmhais foraoise a fhoinsiú ó na ceantair sin a thabhairt isteach, i gcomhréir leis an gcur chuige atá ann i dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais talmhaíochta. Ina theannta sin, ba cheart na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur i bhfeidhm freisin maidir le suiteálacha bithmhais-bhunaithe atá ann cheana chun a áirithiú gur laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bheidh mar thoradh ar tháirgeadh bithfhuinnimh i ngach suiteáil den sórt sin i gcomparáid le fuinneamh a ghintear as breoslaí iontaise. | (36) Le Treoir (AE) 2018/2001, neartaíodh an creat maidir le hinbhuanaitheacht bithfhuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa trí chritéir a leagan síos do gach earnáil chríochúsáide. Leagadh amach rialacha inti le haghaidh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise, rialacha lenar éilíodh inbhuanaitheacht na n-oibríochtaí buainte agus áireamh astaíochtaí ón athrú ar an talamhúsáid. Chun cosaint feabhsaithe a bhaint amach do ghnáthóga ar mhórán carbóin a bhfuil an-bhithéagsúlacht iontu, amhail foraoisí príomhúla ***agus cianaosta***, foraoisí atá ar mhórán bithéagsúlachta, féarthailte, tailte portaigh ***agus fraochmhánna***, ba cheart eisceachtaí agus teorainneacha ar bhithmhais foraoise a fhoinsiú ó na ceantair sin a thabhairt isteach, i gcomhréir leis an gcur chuige atá ann i dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais talmhaíochta. Ina theannta sin, ba cheart na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur i bhfeidhm freisin maidir le suiteálacha bithmhais-bhunaithe atá ann cheana chun a áirithiú gur laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bheidh mar thoradh ar tháirgeadh bithfhuinnimh i ngach suiteáil den sórt sin i gcomparáid le fuinneamh a ghintear as breoslaí iontaise. ***Tá ardluach bithéagsúlachta agus aeráide ag foraoisí leathnádúrtha mar fhoraoisí nó talamh eile coille nach foraois phríomhúil ná fáschoill iad agus atá comhdhéanta den chuid is mó de chrainn dhúchasacha agus de speicis toir nár cuireadh agus níor cheart iad a chlaochlú ina bhfáschoillte ná ina bhforaoisí díghrádaithe ar bhealach eile. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar eolaíocht foraoise chun aghaidh a thabhairt ar*** |

***cheisteanna oscailte agus chun sonraí a chur ar fáil, mar go bhfuil siad ríthábhachtach chun tuiscint níos fearr a fháil ar ról ár gcrann don aeráid, don chomhshaol, don gheilleagar agus don tsochaí. Ba cheart bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais talmhaíochta agus foraoise agus breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a fháil ó thailte nó ó fhoraoisí a n-urramaítear cearta tríú páirtithe maidir le húsáid agus tionacht na talún nó na foraoise ina leith trí thoiliú saor in aisce, roimh ré agus feasach a fháil ó na tríú páirtithe sin, le rannpháirtíocht institiúidí ionadaíocha agus eagraíochtaí ionadaíocha, fad a urramaítear cearta an duine agus cearta saothair na dtríú páirtithe agus nach bhfuil fáil ar bhia agus ar bheatha do thríú páirtithe i mbaol.***

**Leasú 29**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Chun an t-ualach riaracháin ar tháirgeoirí breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte agus ar Bhallstáit a laghdú, i gcás ina n-aithníonn an Coimisiún trí ghníomh cur chun feidhme go dtugtar fianaise le scéimeanna deonacha nó náisiúnta nó go soláthraítear sonraí cruinne leo maidir le comhlíontacht chritéir maidir le inbhuanaitheacht agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa chomh maith le ceanglais eile a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do Bhallstáit glacadh le torthaí an deimhnithe a eisítear le scéimeanna den sórt sin, laistigh de raon feidhme aitheantas an Choimisiúin. Chun an t-ualach ar shuiteálacha beaga a laghdú, ba cheart do Bhallstáit sásra simplithe fíorúcháin a bhunú le haghaidh suiteálacha | (37) Chun an t-ualach riaracháin ar tháirgeoirí breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte agus ar Bhallstáit a laghdú, i gcás ina n-aithníonn an Coimisiún trí ghníomh cur chun feidhme go dtugtar fianaise le scéimeanna deonacha nó náisiúnta nó go soláthraítear sonraí cruinne leo maidir le comhlíontacht chritéir maidir le inbhuanaitheacht agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa chomh maith le ceanglais eile a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do Bhallstáit glacadh le torthaí an deimhnithe a eisítear le scéimeanna den sórt sin, laistigh de raon feidhme aitheantas an Choimisiúin. Chun an t-ualach ar shuiteálacha beaga a laghdú, ba cheart do Bhallstáit sásra simplithe fíorúcháin a bhunú le haghaidh suiteálacha |

| | |
|---|---|
| idir 5 agus ***10MW***. | idir 5 agus 20 ***MW***. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 45 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(45a) Trí úsáid níos mó a bhaint as fuinneamh in-athnuaite, is féidir slándáil fuinnimh agus neamhthuilleamaíocht a mhéadú freisin tríd an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, i measc nithe eile. Mar sin féin, tá neartú agus idirnascadh breise an chórais tarchurtha riachtanach chun an t-aistriú sin a úsáid go cothrom agus go héifeachtúil ionas go leathnófar na tairbhí go cothrom ar fud dhaonra an Aontais agus nach mbeidh bochtaineacht fuinnimh mar thoradh orthu.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe -a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 23

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 23:*** |
| (23) ciallaíonn “dramhaíl” ***dramhaíl*** mar a shainmhínítear é i bpointe (1) d'Airteagal 3 de Threoir 2008/98/CE***, agus nach n-áirítear leis*** substaintí arna modhnú d'aon ghnó nó arna n-éilliú ***ar mhaithe leis*** an sainmhíniú ***sin*** a shásamh; | ‘(23) ciallaíonn ‘dramhaíl’ ***aon substaint nó ní a chaitheann an sealbhóir uaidh, nó a bheartaíonn an sealbhóir nó a cheanglaítear air a chaitheamh uaidh***, mar a shainmhínítear i bpointe (1) d’Airteagal 3 de Threoir 2008/98/CE ***agus atá faoi réir fíorú agus deimhniú neamhspleách maidir le comhlíonadh Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE nó*** |

***clár inchomparáide maidir le cosc agus bainistiú dramhaíola*** seachas substaintí a modhnaíodh nó a éillíodh d'aon ghnó chun an sainmhíniú seo a chomhlíonadh";

*(Treoir (AE) 2018/2001)*

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe -a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 24

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 24:*** |
| '(24) ciallaíonn "bithmhais" an codán in-bhithmhillte de tháirgí, dramhaíl, agus iarmhair de thionscnamh bitheolaíoch ón talmhaíocht, lena n-áirítear substaintí cothaitheacha agus ainmhíocha, ón bhforaoiseacht agus ó thionscail ghaolmhara, lena n-áirítear iascach agus dobharshaothrú, chomh maith leis ***an gcodán*** in-bhithmhillte de dhramhaíl, lena n-áirítear dramhaíl thionsclaíoch agus uirbeach de thionscnamh bitheolaíoch; | '(24) ciallaíonn "bithmhais" an codán ***soladach agus leachtach*** in-bhithmhillte de tháirgí***, fotháirgí***, dramhaíl, agus iarmhair de thionscnamh bitheolaíoch ón talmhaíocht, lena n-áirítear substaintí cothaitheacha agus ainmhíocha, ón bhforaoiseacht agus ó thionscail ghaolmhara, lena n-áirítear iascach agus dobharshaothrú, chomh maith leis an gcodán in-bhithmhillte de dhramhaíl, lena n-áirítear dramhaíl thionsclaíoch agus uirbeach de thionscnamh bitheolaíoch; |

*(Treoir (AE) 2018/2001)*

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe c**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 26 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(26a) ciallaíonn 'bithmhais adhmaid phríomhúil' gach crann cruinn a leagtar nó a bhuaintear nó a bhaintear ar shllí eile. Is éard atá ann ná an t-adhmad go léir a fhaightear ó aistrithe, i.e. na cainníochtaí a bhaintear as foraoisí, lena n-áirítear adhmad a aisghabhtar de bharr mortlaíocht nádúrtha agus de bharr leagan agus lománaíochta. Folaíonn sé an t-adhmad go léir a bhaintear as coirt nó gan coirt, lena n-áirítear adhmad a bhaintear ina chruth cruinn, nó scoilte, garbh cearnaithe nó i bhfoirm eile, e.g. brainsí, fréamhacha, stumpaí agus burlaí (i gcás ina lománaítear iad) agus adhmad atá múnlaithe nó biorach go garbh; Ní áirítear leis sin bithmhais adhmadach a fhaightear ó bhearta inbhuanaithe chun dóiteán fiáin a chosc i limistéir ardriosca atá i mbaol dóiteáin agus bithmhais adhmadach a bhaintear as foraoisí atá thíos le lotnaidí nó galair ghníomhacha chun leathadh na bhforaoisí sin a chosc, agus ag an am céanna eastóscadh adhmaid a íoslaghdú agus bithéagsúlacht a chosaint, rud a mbeidh foraoisí níos éagsúla agus níos athléimní mar thoradh air, agus beidh sé bunaithe ar threoirlínte ón gCoimisiún.*** |

*(Treoir (AE) 2018/2001)*

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe c**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 26 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(26b) ciallaíonn 'bithmhais thánaisteach adhmaid' iarmhair ó*** |

| | |
|---|---|
| | ***thionscal foraoisbhunaithe, lena n-áirítear coirt, min sáibh agus scamhacháin adhmaid a eascraíonn as sábh-mhuilleoireacht nó as adhmad a mhuilleáil, agus as adhmad iarthomhaltais a aisghabhadh; Ní áirítear leis bithmhais phríomhúil adhmaid, lena n-áirítear i gcás ina bpróiseáiltear í chun bheith ina sliseanna, ina mbrícíní nó ina millíní;'*** |

*(Treoir (AE) 2018/2001)*

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe a**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| '1. Áiritheoidh na Ballstáit i gcomhar le chéile gur ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a thiocfaidh ***40 %***, ar a laghad de sciar iomlán d'olltomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais faoi 2030. | '1. Áiritheoidh na Ballstáit i gcomhar le chéile gur ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a thiocfaidh ***45 %***, ar a laghad de sciar iomlán d'olltomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais faoi 2030.'; |

*(Treoir (AE) 2018/2001)*

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go dtáirgfear fuinneamh ó bhithmhais ar bhealach ina ***n-íoslaghdófar*** iarmhairtí shaobhacha ***míchuí*** ar mhargadh na n-amhábhar bithmhaise agus tionchair dhíobhálacha ar an mbithéagsúlacht. Chuige sin, ***cuirfidh*** siad ***san áireamh*** ord na réiteach dramhaíola mar a leagtar amach | Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go dtáirgfear fuinneamh ó bhithmhais ***ar bhealach inbhuanaithe ina n-íoslaghdófar*** iarmhairtí saobhacha ***míchuí*** ar mhargadh na n-amhábhar bithmhaise agus tionchair dhíobhálacha ar an mbithéagsúlacht ***ar an gcomhshaol nó ar an aeráid ina scéimeanna tacaíochta***. |

| | |
|---|---|
| in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE agus prionsabal na húsáide cascáidí dá dtagraítear sa tríú fomhír. | Chuige sin, cuirfidh siad ***chun feidhme*** ord na réiteach dramhaíola mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE agus ***cuirfidh siad san áireamh*** prionsabal na húsáide cascáidí dá dtagraítear sa tríú fomhír, ***rud a áiritheoidh an úsáid ábhartha is airde***. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 2 – pointe a – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) táirgeacht fuinnimh in-athnuaite arna tháirgeadh ó dramhaíl a loscadh mura gcomhlíontar na hoibleagáidí um bhailiú ar leithligh a leagtar síos le Treoir 2008/98/CE. | (ii) táirgeacht fuinnimh in-athnuaite arna tháirgeadh ó dramhaíl a loscadh mura gcomhlíontar na hoibleagáidí um bhailiú ar leithligh ***agus athúsáide agus athchúrsála*** a leagtar síos le Treoir 2008/98/CE. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 2 – pointe a – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) cleachtais nach bhfuil i gcomhréir leis ***an*** ngníomh ***tarmligthe*** dá dtagraítear sa tríú fomhír. | (iii) cleachtais nach bhfuil i gcomhréir leis an ngníomh ***cur chun feidhme*** dá dtagraítear sa tríú fomhír. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 2 – pointe a a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) Ní fhéadfaidh na Ballstáit tacaíocht nua a dheonú do shuiteálacha bithfhuinnimh i gcás nár thíolaic siad Plean Náisiúnta Bithfhuinnimh mar aon*** |

***le nuashonrú an phlean chomhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide is déanaí dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2018/1999, dá dtagraítear i bpointe (ba).***

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 2 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Ón 31 Nollaig 2026, agus gan dochar do na hoibleagáidí sa chéad fomhír, ní thabharfaidh na Ballstáit tacaíocht ar bith maidir le leictreachas a tháirgeadh ó bhithmhais ***foraoise*** i ngléasraí leictreachais amháin, mura gcomhlíonfaidh an leictreachas sin ar a laghad ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas: | (b) Ón 31 Nollaig 2026, agus gan dochar do na hoibleagáidí sa chéad fomhír, ní thabharfaidh na Ballstáit tacaíocht ar bith maidir le leictreachas a tháirgeadh ó bhithmhais ***adhmaid*** i ngléasraí leictreachais amháin, mura gcomhlíonfaidh an leictreachas sin ar a laghad ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas ***agus go soláthrófar é i suiteálacha ag a bhfuil toilleadh uasta 20MW***: |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 2 – pointe b a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) Cuirfidh gach Ballstát Plean Náisiúnta Bithfhuinnimh faoi bhráid an Choimisiúin mar aon leis an nuashonrú ar a phlean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide is déanaí, dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2018/1999, agus i gcomhréir leis an nós imeachta agus leis an amlíne a leagtar síos san Airteagal sin. Beidh na nithe seo a leanas sa Phlean Náisiúnta Bithfhuinnimh:*** |

| | |
|---|---|
| | ***(i) measúnú ar riachtanais agus soláthar na bithmhaise foraoise atá ar fáil chun críocha fuinnimh i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos in Airteagal 29 den Rialachán seo*** |
| | ***(ii) measúnú ar chomhoiriúnacht na bithmhaise foraoise a úsáidtear chun críocha fuinnimh leis an gconair tháscach maidir le rannchuidiú catagóirí éagsúla fuinnimh leis na spriocanna náisiúnta i Rialachán 2018/841;*** |
| | ***(iii) measúnacht ar thionchair na bithmhaise foraoise a úsáidtear chun críocha fuinnimh conair na bithéagsúlachta agus na hithreach*** |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 2 – pointe b b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bPlean Náisiúnta Bithfhuinnimh. Nuair a bheidh an measúnú sin á dhéanamh aige, gníomhóidh an Coimisiún i ndlúthchomhar leis an mBallstát lena mbaineann. Féadfaidh an Coimisiún barúlacha a thabhairt nó faisnéis bhreise a lorg agus féadfaidh sé iarraidh ar Bhallstát athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean más gá, lena n-áirítear tar éis an Plean a chur isteach. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bPlean maidir lena iomláine, a chomhsheasmhacht agus a chomhleanúnachas leis na nithe seo a leanas:*** |
| | ***(i) na cuspóirí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;*** |
| | ***(ii) na spriocanna náisiúnta maidir le fás linne carbóin mar a mhínítear i*** |

| | |
|---|---|
| | ***Rialachán athbhreithnithe 2018/841.*** |
| | _____________ |
| | ****Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 2 – pointe b c (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bc) Formheasfaidh an Coimisiún gach Plean Náisiúnta Bithfhuinnimh trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme.*** |

*(Treoir (AE) 2018/2001)*

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis [theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], glacfaidh an Coimisiún ***gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 35*** maidir le conas prionsabal na húsáide cascáidí a chur i bhfeidhm le haghaidh bithmhaise, ***go háirithe maidir le conas úsáid na lomán cruinn ardchaighdeáin i*** | Tráth nach déanaí ná bliain tar éis [theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], déanfaidh an Coimisiún ***gníomh cur chun feidhme*** a ghlacadh maidir leis an mbealach chun prionsabal na húsáide cascáidí i gcás bithmhaise a chur i bhfeidhm ***chun gach bithmhais a úsáid de réir an bhreisluacha comhshaoil agus*** |

| | |
|---|---|
| ***dtáirgeadh*** an fhuinnimh a íoslaghdú, le béim ar scéimeanna tacaíochta agus aird chuí á tabhairt ar shonraíochtaí náisiúnta. | ***eacnamaíoch is airde, agus aird á tabhairt ar mhéideanna an bhunábhair atá ar fáil agus ar an sciar d'úsáidí tionsclaíocha atá ann seachas aisghabháil*** fuinnimh, agus béim á leagan ar scéimeanna tacaíochta agus ag féachaint go cuí do shonraíochtaí náisiúnta ***agus do shuaitheadh nádúrtha amhail dóiteáin nádúrtha, lotnaidí, agus galair***. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoi 2026 cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i láthair maidir le tionchar scéimeanna tacaíochta na mBallstát le haghaidh bithmhaise, lena n-áirítear an tionchar ar bhithéagsúlacht agus ar shaobhadh margaidh féideartha, agus déanfaidh sé measúnú ar an bhféidearthacht i dtaobh tuilleadh ***srianta*** maidir le scéimeanna tacaíochta um an mbithmhais ***foraoise***.; | Faoi 2026 cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i láthair maidir le tionchar scéimeanna tacaíochta na mBallstát le haghaidh bithmhaise, lena n-áirítear an tionchar ar bhithéagsúlacht ***agus ar an gcomhshaol*** agus ar shaobhadh margaidh féideartha, agus déanfaidh sé measúnú ar an bhféidearthacht i dtaobh tuilleadh ***bearta*** maidir le scéimeanna tacaíochta ***agus dreasachtaí eile***, chun bithmhais ***adhmaid a úsáid don fhuinneamh***; |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe c**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 4a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4a. Déanfaidh na Ballstáit creat a bhunú, a bhféadfaidh scéimeanna tacaíochta a áireamh ann agus lena n-éascófar comhaontaithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite a ghlacadh, lena gcumasófar leictreachas in-athnuaite a úsáid go leibhéal atá comhsheasmhach le ranníocaíocht náisiúnta an Bhallstáit dá | 4a. ***I gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh mar a shainmhínítear i bpointe (18) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2018/1999***, déanfaidh na Ballstáit creat a bhunú, a bhféadfaidh scéimeanna tacaíochta a áireamh ann agus lena n-éascófar comhaontaithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite a ghlacadh, lena |

| | |
|---|---|
| dtagraítear i mír 2 agus ar luas atá comhsheasmhach leis na conairí táscacha dá dtagraítear in Airteagal 4(a)(2) de Rialachán (AE) 2018/1999. Go háirithe, ba cheart don chreat sin dul i ngleic leis na bacainní atá fós ann, lena n-áirítear iad siúd ***a bhaineann le*** nósanna imeachta ceadaithe, maidir le soláthar leictreachais ardchaighdeáin. Le linn dóibh an creat sin a dhearadh, ba cheart do na Ballstáit an leictreachas in-athnuaite breise a chur san áireamh is gá chun na riachtanais a chomhlíonadh sna hearnálacha iompair, tionsclaíochta, tógála, agus téimh agus fuaraithe agus maidir le táirgeacht breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch.; | gcumasófar leictreachas in-athnuaite a úsáid go leibhéal atá comhsheasmhach le ranníocaíocht náisiúnta an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 2 agus ar luas atá comhsheasmhach leis na conairí táscacha dá dtagraítear in Airteagal 4(a)(2) de Rialachán (AE) 2018/1999. Go háirithe, rachaidh an creat sin i ngleic leis na bacainní atá fós ann ***ar ardleibhéal an tsoláthair leictreachais in-athnuaite***, lena n-áirítear ***bearta chun*** nósanna imeachta ceada ***a luathú agus a shimpliú***, ar ardleibhéal soláthair leictreachais inathnuaite ***agus comharthaí praghais fadtéarmacha a áirithiú le haghaidh cinntí infheistíochta, lena n-áirítear infheistíochtaí i leormhaitheas an chórais, sa chobhsaíocht agus sa tsolúbthacht trí phróiseas tairisceana iomaíoch, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach, lena ndéantar foráil maidir le luach saothair na bhfaighteoirí arna ndámhachtain bunaithe ar phraghsanna an mhargaidh***. Le linn dóibh an creat sin a dhearadh, ba cheart do na Ballstáit an fuinneamh in-athnuaite breise a chur san áireamh is gá chun na riachtanais a chomhlíonadh sna hearnálacha iompair, tionsclaíochta, tógála, agus téimh agus fuaraithe agus maidir le táirgeacht breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch; |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 7 – mír 3 – fomhír 3

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) i mír 3, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas in ionad an tríú fomhír:*** |
| Cuirfear san áireamh fuinneamh comhthimpeallach agus fuinneamh geotheirmeach arna úsáid ar mhaithe le | Cuirfear san áireamh fuinneamh comhthimpeallach agus fuinneamh geotheirmeach arna úsáid ar mhaithe le |

| | |
|---|---|
| téamh agus fuarú trí mheán teaschaidéal agus córas fuaraithe ceantair chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír de mhír 1 ar choinníoll gur mó i bhfad an t-aschur deiridh fuinnimh ná an t-ionchur príomha fuinnimh is gá chun na teaschaidéil a oibriú. Ríomhfar an cion teasa nó fuachta a mheasfar gur fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite é chun críocha na Treorach seo de réir na modheolaíochta arna socrú in Iarscríbhinn VII agus cuirfear san áireamh ann úsáid fuinnimh i ngach earnáil chríochúsáide. | téamh agus fuarú trí mheán teaschaidéal agus córas fuaraithe ceantair chun críocha phointe (b) den chéad fhomhír de mhír ***ag baint úsáid as iolraitheoir de 3 ar a laghad chun éifeachtúlacht níos airde teasa comhthimpeallach agus geoiteirmeach a léiriú i gcomparáid le teas ó dhóchán*** ar choinníoll gur mó i bhfad an t-aschur deiridh fuinnimh ná an t-ionchur príomha fuinnimh is gá chun na teaschaidéil a oibriú. Ríomhfar an cion teasa nó fuachta a mheasfar gur fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite é chun críocha na Treorach seo de réir na modheolaíochta arna socrú in Iarscríbhinn VII agus cuirfear san áireamh ann úsáid fuinnimh i ngach earnáil chríochúsáide. |

*Réasúnú*

*All major GHG emission reduction scenarios see heat pumps as the key heating technology for transitioning heating to climate-neutrality, in particular in the residential and services sectors. Whilst the RED II revision provides clear incentives for e-mobility, this is not the case for electrified heating despite its massive efficiency advantages. In this context, it must be taken into account, however, that combustion boilers are fundamentally less energy efficient than heat pumps by a factor of at least 3, so they will dominate any calculation that involves the overall amounts of final energy consumed. Therefore, a correcting factor should be introduced on the methodology on how to calculate the renewables target contribution for heat..*

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe a**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 9 – mír 1a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1a. Faoin 31 Nollaig 2025, comhaontóidh gach Ballstát ar a laghad tionscadal comhpháirteach amháin a bhunú le Ballstát amháin eile nó níos mó chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh. Tabharfar fógra don Choimisiún maidir le comhaontú den sórt, lena n-áirítear an dáta a mheasfar go mbeidh sé ag feidhmiú. Maidir le tionscadail a mhaoinítear le ranníocaíochtaí náisiúnta faoi shásra | 1a. Faoin 31 Nollaig 2025, comhaontóidh gach Ballstát tionscadal comhpháirteach amháin ar a laghad a bhunú ***agus faoi 2030 trí chomhthionscadal ar a laghad,*** le Ballstát amháin eile nó níos mó chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh. Tabharfar fógra don Choimisiún maidir le comhaontú den sórt, lena n-áirítear an dáta a mheasfar go mbeidh sé ag feidhmiú. Maidir le |

| | |
|---|---|
| maoiniúcháin an Aontais a bhunaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún[25], measfar go sásóidh siad an oibleagáid sin le haghaidh na mBallstát lena mbaineann.; | tionscadail a mhaoinítear le ranníocaíochtaí náisiúnta faoi shásra maoiniúcháin an Aontais a bhunaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún[25], ***nó ionstraim Eorpach na mBannaí Glasa a úsáid chun scéimeanna fóirdheontas agus tionscadail le haghaidh suiteálacha fuinnimh in-athnuaite a mhaoiniú*** measfar go sásóidh siad an oibleagáid sin le haghaidh na mBallstát lena mbaineann.; |
| [25] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2020 maidir le sásra maoinithe an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite (IO L 303, 17.9.2020, lch. 1). | [25] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2020 maidir le sásra maoinithe an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite (IO L 303, 17.9.2020, lch. 1). |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe b b (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 9 – mír 7 c (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) cuirtear isteach mír 7c seo a leanas:*** |
| | ***'(7c) Chun castacht a laghdú, éifeachtúlacht agus trédhearcacht a mhéadú agus cabhrú le comhar a fheabhsú i measc na mBallstát, ba cheart pointe teagmhála uathúil a bheith ann ('ionad ilfhreastail') in aghaidh gach conaire eangaí amach ón gcósta a bhfuil tosaíocht acu, lena n-éascófar an próiseas deonaithe ceadanna do thionscadail leasa choitinn fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta.'*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe -a (nua)**

Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15 – mír 1 – fomhír 2 – pointe d

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) i mír 1, an dara fomhír, cuirtear an téacs seo a leanas in ionad phointe (d):*** |
| (d) go mbunófar nósanna imeachta údarúcháin simplithe a mbeidh ualach níos lú ag baint leo, lena n-áirítear nós imeachta fógra simplí a thabhairt i dtaca le feistí díláraithe, agus lena dtáirgtear agus lena stóráiltear fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite. | ‘(d) go mbunófar nósanna imeachta údarúcháin simplithe a mbeidh ualach níos lú ag baint leo, lena n-áirítear nós imeachta fógra simplí ***agus pointí teagmhála aonair*** a thabhairt i dtaca le feistí díláraithe, agus lena dtáirgtear agus lena stóráiltear fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite. |

*(Treoir 2018/2001)*

*Réasúnú*

*Luaitear na Pointí Teagmhála Aonair sa mheasúnú tionchair, ach ní luaitear iad sa téacs feidhme. Ceartaíonn sé seo an t-easnamh seo.*

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15 – mír 9

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Faoi ***bhliain amháin*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo, déanfaidh an Coimisiún ***athbhreithniú agus, i gcás inarb iomchuí, molfaidh sé modhnuithe ar*** na rialacha maidir le nósanna imeachta riaracháin a leagtar amach in Airteagail 15, 16 agus 17 ***agus a gcur i bhfeidhm, agus féadfaidh sé bearta breise a dhéanamh chun tacú leis na Ballstáit maidir lena gcur chun feidhme***.; | 9. Faoi ***6 mhí*** tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo, ***eiseoidh*** an Coimisiún ***treoirlínte do na rialtais náisiúnta maidir le cleachtais a cheadú chun an próiseas do thionscadail nua agus do thionscadail athchumhachtaithe a luathú agus a shimpliú. Áireofar sna treoirlínte sin moltaí maidir le conas na rialacha maidir le*** nósanna imeachta riaracháin a leagtar amach in Airteagal 15, in Airteagal 16 agus in Airteagal 17 ***a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm***, ***mar aon le sraith príomhtháscairí próisis (ETFanna) chun measúnú trédhearcach agus faireachán a*** |

***dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar éifeachtacht araon. Áireofar sa treoir sin freisin faisnéis maidir le hacmhainní digiteacha agus daonna na n-údarás ceadaithe, comhlíonadh na reachtaíochta comhshaoil agus na limistéar atá cosanta faoi dhlí an Aontais, pointí teagmhála aonair éifeachtacha, pleanáil spásúlachta, srianta míleata agus eitlíochta sibhialta, imeachtaí cúirte agus cásanna réitigh shibhialta agus idirghabhála, i measc nithe eile.;***

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe d a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15 – mír 9 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) cuirtear an mhír 9a seo a leanas leis:*** |
| | ***'9a. Déanfaidh na Ballstáit measúnú a thíolacadh ar a bpróiseas ceadaithe agus na bearta feabhsúcháin a bheidh le glacadh i gcomhréir leis na treoirlínte plean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2018/199 i gcomhréir leis an nós imeachta agus leis an amlíne a leagtar síos san Airteagal sin.';*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe d b (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15 – mír 9 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) cuirtear isteach mír 9b seo a leanas:*** |
| | ***'9b. Beidh sé de cheangal ar na Ballstáit próisis pleanála straitéiseacha a*** |

***fhorbairt chun an talamh atá ar fáil a shainaithint chun tionscadail fuinnimh inathnuaite a úsáid, go háirithe talamh díghrádaithe agus talamh atá ar fáil le haghaidh ilúsáidí, amhail talamh talmhaíochta agus comhlachtaí uisce intíre inar féidir tionscadail fuinnimh in-athnuaite a úsáid.';***

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe d c (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15 – mír 9 c (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(dc) cuirtear isteach mír 9c seo a leanas:*** |
| | ***'9c. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na bearta le haghaidh feabhsúcháin agus scórála ETFanna na mBallstát. Déanfar an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí. Tabharfaidh an Coimisiún isteach dreasachtaí do na Ballstáit a ghnóthaíonn scóir níos airde i gcomhréir leis an measúnú ar ETFanna, lena n-áirítear rochtain tosaíochta ar chistí de chuid an Aontais atá tiomnaithe do thionscadail fuinnimh in-athnuaite.";*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe d c (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15 – mír 9 d (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(dd) cuirtear isteach mír 9d seo a leanas:*** |
| | ***'9d Glacfaidh na Ballstáit pleanáil straitéiseach d'fhorbairtí maidir le tionscadail fuinnimh in-athnuaite ina*** |

| | |
|---|---|
| | ***dtugtar tús áite d'úsáid na limistéar atá ar fáil a bhfuil íogaireacht íseal éiceolaíoch acu agus lena seachnaítear úsáid a bhaint as limistéir atá faoi chosaint go docht le haghaidh forbairtí fuinnimh, toisc gur ionstraimí bunúsacha iad na limistéir sin chun stop a chur le cailliúint bithéagsúlachta.";*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 - mír 1 - pointe 6**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Chun táirgeacht agus úsáid fuinnimh in-athnuaite san earnáil tógála a chur chun cinn, leagfaidh na Ballstáit amach sprioc tháscach maidir leis an sciar d'athnuaiteáin san ídiú fuinnimh deiridh ina n-earnálacha tógála in 2030 a bheidh comhsheasmhach le sprioc tháscach de sciar fuinnimh 49 % ar a laghad ó fhoinsí in-athnuaite san earnáil tógála i dtomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais in 2030. Déanfar an sprioc náisiúnta a shloinneadh i dtéarmaí sciar an tomhaltais deiridh fuinnimh náisiúnta agus a ríomhfar i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 7. Áireoidh na Ballstáit a sprioc sna pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna gcur isteach de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 chomh maith le faisnéis maidir le conas a bheartaíonn siad é a bhaint amach. | 1. Chun táirgeacht agus úsáid fuinnimh in-athnuaite san earnáil tógála a chur chun cinn, leagfaidh na Ballstáit amach sprioc tháscach maidir leis an sciar d'fhoinsí in-athnuaite ***ar an láthair nó in aice láimhe nó ceangailte le foinsí in-athnuaite fuinnimh*** san ídiú fuinnimh deiridh ina n-earnálacha tógála in 2030 a bheidh comhsheasmhach le sprioc tháscach de sciar fuinnimh 49 % ar a laghad ó fhoinsí in-athnuaite san earnáil tógála i dtomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais in 2030. Déanfar an sprioc náisiúnta a shloinneadh i dtéarmaí sciar an tomhaltais deiridh fuinnimh náisiúnta agus a ríomhfar i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 7. Áireoidh na Ballstáit a sprioc sna pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna gcur isteach de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 chomh maith le faisnéis maidir le conas a bheartaíonn siad é a bhaint amach ***arna threorú inter alia ar phrionsabal na costéifeachtúlachta***. |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 1 - mír 1 - pointe 6**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15a – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tabharfaidh na Ballstáit isteach bearta ina rialacháin agus cóid tógála agus, i gcás inarb infheidhme, ina scéimeanna tacaíochta, chun an sciar leictreachais agus téimh agus fuaraithe ó fhoinsí in-athnuaite sa stoc foirgneamh a mhéadú, lena n-áirítear bearta náisiúnta a bhaineann le méaduithe suntasacha i bhféintomhaltas athnuaiteáin, comhphobail fuinnimh in-athnuaite agus stóráil fuinnimh áitiúil, i gcomhar le feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le comhghiniúint agus foirgnimh éighníomhacha, nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh agus neodrach ó thaobh fuinnimh. | Tabharfaidh na Ballstáit isteach bearta ina rialacháin agus cóid tógála agus, i gcás inarb infheidhme, ina scéimeanna tacaíochta, chun an sciar leictreachais agus téimh agus fuaraithe ó fhoinsí in-athnuaite sa stoc foirgneamh a mhéadú, lena n-áirítear bearta náisiúnta a bhaineann le méaduithe suntasacha i bhféintomhaltas athnuaiteáin, comhphobail fuinnimh in-athnuaite***, comhroinnt áitiúil fuinnimh in-athnuaite*** agus stóráil fuinnimh áitiúil, i gcomhar le feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le comhghiniúint agus foirgnimh éighníomhacha, nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh agus neodrach ó thaobh fuinnimh ***agus teicneolaíochtaí nuálacha á gcur san áireamh***. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 - mír 1 - pointe 6**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15 a – mír 2 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun an sciar tháscach d'athnuaiteáin a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach, ceanglóidh na Ballstáit úsáid íosta leibhéil fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite i bhfoirgnimh ina rialacháin agus cóid tógála agus, i gcás inarb infheidhme, ina scéimeanna tacaíochta nó ar mhodhanna eile le héifeacht choibhéiseach, i gcomhréir le forálacha Threoir 2010/31/AE. Ceadóidh na Ballstáit go gcomhlíonfar na leibhéil íosta seo, i measc nithe eile, trí théamh agus fhuarú ceantair éifeachtúil. | Chun an sciar tháscach d'athnuaiteáin a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach, ceanglóidh na Ballstáit úsáid íosta leibhéil fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite i bhfoirgnimh ina rialacháin agus cóid tógála agus, i gcás inarb infheidhme, ina scéimeanna tacaíochta nó ar mhodhanna eile le héifeacht choibhéiseach, ***i gcomhréir leis an gcéad phrionsabal maidir le héifeachtúlacht fuinnimh mar a shainmhínítear i bpointe (18) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2018/1999*** i gcomhréir le forálacha Threoir 2010/31/AE. Ceadóidh na Ballstáit go gcomhlíonfar na leibhéil íosta seo, i |

measc nithe eile, trí théamh agus fuarú ceantair éifeachtúil.

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 - mír 1 - pointe 6**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15 a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Maidir le foirgnimh phoiblí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh siad ról ceannródaíoch maidir leis an sciar d'fhuinneamh in-athnuaite a úsáidtear, i gcomhréir le forálacha Airteagal 9 de Threoir 2010/31/AE agus i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2012/27/AE. Féadfaidh na Ballstáit, i measc nithe eile, cead a thabhairt an oibleagáid sin a chomhlíonadh trína fhoráil go n-úsáidfidh an tríú páirtí díonta foirgneamh poiblí nó díonta foirgneamh príobháideach poiblí i gcomhair suiteálacha lena dtáirgtear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite. | 3. Maidir le foirgnimh phoiblí ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh siad ról ceannródaíoch maidir leis an sciar d'fhuinneamh in-athnuaite a úsáidtear, i gcomhréir le forálacha Airteagal 9 de Threoir 2010/31/AE agus i gcomhréir le hAirteagal 5 de Threoir 2012/27/AE. Féadfaidh na Ballstáit, i measc nithe eile, cead a thabhairt an oibleagáid sin a chomhlíonadh trína fhoráil go n-úsáidfidh an tríú páirtí díonta ***agus dromchlaí agus fo-dhromchlaí úsáideacha eile*** foirgneamh poiblí nó díonta foirgneamh príobháideach poiblí i gcomhair suiteálacha lena dtáirgtear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite. ***Déanfaidh na Ballstáit comhar idir na húdaráis áitiúla agus na comhphobail fuinnimh inathnuaite san earnáil tógála a chur chun cinn agus tacóidh siad leis an gcomhar sin.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 - mír 1 - pointe 6**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15 a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Chun an sciar tháscach d'fhuinneamh in-athnuaite a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach, déanfaidh na Ballstáit úsáid córas agus trealaimh téimh agus fuaraithe a chur chun cinn. Chuige | 4. Chun sciar táscach an fhuinnimh in-athnuaite a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach ***agus chun comhtháthú éifeachtúil*** na gcóras agus an trealaimh sin ***a éascú***, cuirfidh na Ballstáit chun cinn úsáid na |

sin, úsáidfidh na Ballstáit gach beart, uirlis agus dreasacht is iomchuí, lena n-áirítear, i measc nithe eile, lipéid fuinnimh a fhorbraítear faoi Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26], teastais feidhmíochta fuinnimh de bhun Threoir 2010/31/AE, nó teastais nó caighdeáin iomchuí eile a fhorbraítear ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais, agus áiritheoidh siad go gcuirfear go leor faisnéise agus comhairle ar fáil maidir le breoslaí ionadúla inathnuaite an-éifeachtúil chomh maith le maidir leis na hionstraimí airgeadais agus dreasachtaí atá ar fáil chun ráta athsholáthair méadaithe a chur chun cinn maidir le seanchórais téimh agus maidir le hathrú chuig réitigh atá bunaithe ar fhuinneamh inathnuaite.;

gcóras agus trealamh téimh agus fuaraithe in-athnuaite fuinneamhéifeachtúil is inbhuanaithe agus is éifeachtúla ***don chomhthéacs áitiúil lena mbaineann, lena n-áirítear córais agus trealamh cliste leictrithe téimh agus fuaraithe atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite, agus lena n-áirítear teicneolaíochtaí nuálacha***. Chuige sin, úsáidfidh na Ballstáit gach beart, uirlis agus dreasacht is iomchuí, lena n-áirítear, i measc nithe eile, lipéid fuinnimh a fhorbraítear faoi Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26], teastais feidhmíochta fuinnimh de bhun Threoir 2010/31/AE, nó teastais nó caighdeáin iomchuí eile a fhorbraítear ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais, agus áiritheoidh siad go gcuirfear go leor faisnéise agus comhairle ar fáil maidir le breoslaí ionadúla inathnuaite an-éifeachtúil chomh maith le maidir leis na hionstraimí airgeadais agus dreasachtaí atá ar fáil chun ráta athsholáthair méadaithe a chur chun cinn maidir le seanchórais téimh agus maidir le hathrú chuig réitigh atá bunaithe ar fhuinneamh inathnuaite.;

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 20 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar na hoibreoirí córais tarchurtha ***agus*** oibreoirí córais dáileacháin ina ndlínse faisnéis a chur ar fáil maidir leis an sciar de leictreachas in-athnuaite agus an cion astaíochtaí gás ceaptha teasa den leictreachas arna sholáthar i ngach crios tairisceana, a chruinne is féidir agus chomh gar d'fhíor-am is féidir ach in eatraimh ama nach mó ná uair amháin, le réamhaisnéis i gcás inar féidir. Déanfar an fhaisnéis seo a chur ar fáil go digiteach ar | 1. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar na hoibreoirí córais tarchurtha ***nó*** oibreoirí córais dáileacháin ina ndlínse faisnéis a chur ar fáil maidir leis an sciar de leictreachas in-athnuaite agus an cion astaíochtaí gás ceaptha teasa den leictreachas arna sholáthar i ngach crios tairisceana, a chruinne is féidir agus chomh gar d'fhíor-am is féidir ach in eatraimh ama nach mó ná uair amháin, le réamhaisnéis i gcás inar féidir***. Ceanglóidh na Ballstáit ar na hoibreoirí córas*** |

bhealach lena n-áiritheofar gur féidir le rannpháirtí sa mhargadh leictreachais, comhiomlánóirí, tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh é a úsáid, agus gur féidir le gléasanna cumarsáide leictreonaí amhail córais méadraithe chliste, pointí athluchtaithe gluaisteán leictreach, córais téimh agus fuaraithe agus córais bhainistíochta fuinnimh foirgneamh é a léamh.

***dáileacháin cuidiú leis na hoibreoirí córais tarchurtha an fhaisnéis is gá a bhailiú, i gcás nach mbeidh rochtain ag an oibreoir tarchurtha, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, ar an bhfaisnéis uile is gá***. Déanfar an fhaisnéis seo a chur ar fáil go digiteach ar bhealach lena n-áiritheofar gur féidir le rannpháirtí sa mhargadh leictreachais, comhiomlánóirí, tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh é a úsáid, agus gur féidir le gléasanna cumarsáide leictreonaí amhail córais méadraithe chliste, pointí athluchtaithe gluaisteán leictreach, córais téimh agus fuaraithe agus córais bhainistíochta fuinnimh foirgneamh é a léamh.

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 20 a – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I dteannta na gceanglas sa [togra le haghaidh Rialachán maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020], áiritheoidh na Ballstáit go gcuimseoidh monaróirí de cheallraí baile agus tionsclaíocha rochtain fíor-ama ar fhaisnéis maidir leis an gcóras bainistíochta ceallra bunúsaigh, lena n-áirítear toilleadh ceallra, staid sláinte, staid luchtaithe agus pointe socraithe cumhachta, chuig úinéirí agus úsáideoirí ceallraí chomh maith le tríú páirtithe ag feidhmiú ar a son, amhail cuideachtaí bainistíochta cumhachta foirgneamh agus rannpháirtí sa mhargadh leictreachais, faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha agus gan aon chostas. | I dteannta na gceanglas sa [togra le haghaidh Rialachán maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020], áiritheoidh na Ballstáit go gcuimseoidh monaróirí de cheallraí baile agus tionsclaíocha ***ar bhealach trédhearcach*** rochtain fíor-ama ar fhaisnéis maidir leis an gcóras bainistíochta ceallra bunúsaigh, lena n-áirítear toilleadh ceallra, staid sláinte, staid luchtaithe agus pointe socraithe cumhachta, chuig úinéirí agus úsáideoirí ceallraí chomh maith le tríú páirtithe ag feidhmiú ar a son, amhail cuideachtaí bainistíochta cumhachta foirgneamh agus rannpháirtí sa mhargadh leictreachais, faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha agus gan aon chostas. |

*Réasúnú*

*Ba cheart na ceanglais sin a choinneáil sa rialachán.*

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 20 a – mír 2 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh monaróirí feithicle sonraí infheithicle ar fáil i bhfíor-am, sonraí infheithicle a bhaineann le staid sláinte ceallra, staid luchtaithe ceallra, pointe socraithe cumhachta ceallra, toilleadh ceallra, chomh maith le suíomh feithiclí leictreacha chuig úinéirí agus úsáideoirí feithiclí leictreacha, chomh maith le tríú páirtithe ag gníomhú thar ceann na n-úinéirí agus na n-úsáideoirí, amhail rannpháirtí sa mhargadh leictreachais agus soláthróirí seirbhíse leictrea-shoghluaisteachta, faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha agus gan aon chostas, anuas air ceanglais bhreise maidir leis na rialacháin um chineálcheadú agus faireachas margaidh. | Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh monaróirí feithicle sonraí infheithicle ar fáil ***ar bhealach trédhearcach*** i bhfíor-am, sonraí infheithicle a bhaineann le staid sláinte ceallra, staid luchtaithe ceallra, pointe socraithe cumhachta ceallra, toilleadh ceallra, chomh maith le suíomh feithiclí leictreacha chuig úinéirí agus úsáideoirí feithiclí leictreacha, chomh maith le tríú páirtithe ag gníomhú thar ceann na n-úinéirí agus na n-úsáideoirí, amhail rannpháirtí sa mhargadh leictreachais agus soláthróirí seirbhíse leictrea-shoghluaisteachta, faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha agus gan aon chostas, anuas air ceanglais bhreise maidir leis na rialacháin um chineálcheadú agus faireachas margaidh. |

*Réasúnú*

*Ba cheart na ceanglais sin a choinneáil sa rialachán.*

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 20 a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Áiritheoidh na Ballstáit nach | 4. Áiritheoidh na Ballstáit nach |

| | |
|---|---|
| ndéanfaidh an creat rialála náisiúnta idirdhealú i gcoinne rannpháirtíocht sna margaí leictreachais, lena n-áirítear bainistiú ar phlódú agus seirbhísí solúbthachta agus seirbhísí cothromúcháin agus córais bheaga nó mhóibíleacha amhail ceallraí baile ***agus*** feithiclí leictreacha a sholáthar, go díreach agus trí chomhiomlánú***.;*** | ndéanfaidh an creat rialála náisiúnta idirdhealú i gcoinne rannpháirtíocht sna margaí leictreachais, lena n-áirítear bainistiú ar phlódú agus seirbhísí solúbthachta agus seirbhísí cothromúcháin ***líonraí teasa agus fuaraithe ceantair*** agus córais bheaga nó mhóibíleacha amhail ceallraí baile, ***aonaid stórála fuinnimh theirmigh agus fearais agus córais téimh agus fuaraithe leictreacha cliste, agus gléasanna cliste eile a éascaíonn tomhaltas solúbtha leictreachais in-athnuaite na dtomhaltóirí feithiclí leictreacha a sholáthar,*** go díreach agus trí chomhiomlánú. ***Cuirfidh na Ballstáit cothroime iomaíochta ar fáil do ghníomhaithe margaidh beaga, go háirithe comhphobail fuinnimh inathnuaite, ionas go mbeidh siad in ann a bheith rannpháirteach sa mhargadh gan ualach díréireach riaracháin nó rialála a bheith orthu.*** |

*Réasúnú*

*Regulatory frameworks on electricity markets should not discriminate against the participation of household consumers vis-à-vis other actors, regardless of whether they are providing demand response through their electric vehicle, batteries or other devices facilitating it (e.g. heating and cooling appliances). Moreover new Article 20a of the RED II proposes a number of measures aiming to facilitate integration of renewable electricity into the energy system. We support more transparency in the grid, both for system operators and for users of the grid, and we would support strengthening language to ensure that system operators are able to measure what is going on in real-time. Nevertheless, we regret that most of the measures contained in this article focus on the interaction between electric vehicles and the electricity grid. This neglects a general approach to foster interaction between renewable electricity in heating and cooling and in industry. Such links need to be addressed in order to make Article 20a a more meaningful tool to promote system integration, particularly at the local level. Furthermore, paragraph 4 of Article 20a should mention the need to ensure national regulatory frameworks provide a level playing field for smaller market actors such as RECs.*

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 22 a – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féachfaidh na Ballstáit le sciar na bhfoinsí in-athnuaite i méid na bhfoinsí fuinnimh a úsáidtear chun críocha fuinnimh deiridh agus chun críocha neamhfhuinnimh san earnáil tionsclaíochta a mhéadú trí mheánmhéadú bliantúil táscach 1.1 pointe céatadáin faoi 2030. | Féachfaidh na Ballstáit le ***leictriú a chur chun cinn agus*** le sciar na bhfoinsí in-athnuaite i méid na bhfoinsí fuinnimh a úsáidtear chun críocha fuinnimh deiridh agus chun críocha neamhfhuinnimh san earnáil tionsclaíochta a mhéadú trí mheánmhéadú bliantúil táscach 1.1 pointe céatadáin faoi 2030. |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 22a – mír 1 – fomhír 3 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go dtiocfaidh, faoi 2030, 50 % den hidrigin a úsáidfear chun críocha fuinnimh deiridh agus chun críocha neamhfhuinnimh san earnáil tionsclaíochta ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch arna n-úsáid chun críocha fuinnimh deiridh agus chun críocha neamhfhuinnimh. Chun na hastaíochtaí sin a ríomh, cuirfear na rialacha seo a leanas i bhfeidhm: | Áiritheoidh na Ballstáit go dtiocfaidh, faoi 2030, 50 % den hidrigin a úsáidfear chun críocha fuinnimh deiridh agus chun críocha neamhfhuinnimh san earnáil tionsclaíochta ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch arna n-úsáid chun críocha fuinnimh deiridh agus chun críocha neamhfhuinnimh ***sna hearnálacha*** tionscail ***ardteochta, na heitlíochta agus na loingseoireachta ar deacair iad a mhaolú, áit nach bhfuil leictriú ina réiteach indéanta*** faoi 2030. Chun na hastaíochtaí sin a ríomh, cuirfear na rialacha seo a leanas i bhfeidhm: |

*Réasúnú*

*Tá an hidrigin in-athnuaite faoi láthair in easnamh scála, aibíochta agus tá sí fós níos costasaí ná roghanna eile. Dá bhrí sin, ní mór comhtháthú na n-earnálacha úsáide deiridh a dhíriú ar earnálacha nach bhfuil aon roghanna éifeachtúla eile ann amhail eitlíocht, loingseoireacht agus tionscal ardteochta.*

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe a**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 23 – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| D'fhonn úsáid fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn in earnáil an téimh agus an fhuaraithe, féachfaidh gach Ballstát leis an sciar fuinnimh in-athnuaite arna sholáthar don earnáil sin a ardú ***1.1*** pointe céatadáin ar a laghad, ar meán bliantúil é sin, arna ríomh don tréimhse 2021 go 2025 agus don tréimhse 2026 go 2030, ag tosú ó sciar an fhuinnimh in-athnuaite in earnáil an téimh agus an fhuaraithe in 2020, méadú a shloinntear i dtéarmaí an sciar náisiúnta den olltomhaltas deiridh fuinnimh agus a ríomhtar de réir na modheolaíochta a leagtar amach in Airteagal 7. | D'fhonn úsáid fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn in earnáil an téimh agus an fhuaraithe, féachfaidh gach Ballstát leis an sciar fuinnimh in-athnuaite arna sholáthar don earnáil sin a ardú ***2*** phointe céatadáin ar a laghad, ar meán bliantúil é sin, arna ríomh don tréimhse 2021 go 2025 agus don tréimhse 2026 go 2030, ag tosú ó sciar an fhuinnimh in-athnuaite in earnáil an téimh agus an fhuaraithe in 2020, méadú a shloinntear i dtéarmaí an sciar náisiúnta den olltomhaltas deiridh fuinnimh agus a ríomhtar de réir na modheolaíochta a leagtar amach in Airteagal 7. |

*Réasúnú*

*De réir mheasúnú tionchair an Choimisiúin Eorpaigh, tá gá le sprioc éigeantach 2 phointe céatadáin chun téamh agus fuarú ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a dhícharbónú faoi 2030.*

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 23 – mír 1a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1a. Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar a n-acmhainneacht fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus ar an úsáid a bhaintear as dramhtheas agus dramhfhuacht san earnáil téimh agus fuaraithe lena n-áirítear, ***i gcás inarb iomchuí,*** anailís ar limistéir atá oiriúnach lena n-úsáid gan ach riosca íseal éiceolaíoch agus ar an acmhainneacht atá ann le haghaidh tionscadail teaghlaigh ar scála beag. Leagfar amach sa mheasúnú garspriocanna agus bearta chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú i dtéamh | 1a. Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar a n-acmhainneacht fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus ar an úsáid a bhaintear as dramhtheas agus dramhfhuacht san earnáil téimh agus fuaraithe lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, anailís ar limistéir atá oiriúnach lena n-úsáid ar riosca íseal éiceolaíoch***, go háirithe maidir le foinsí uisce óil,*** agus ar an acmhainneacht atá ann le haghaidh tionscadail teaghlaigh ar scála beag ***agus déanfaidh siad léarscáil mhionsonraithe de na réimsí sin chun*** |

agus i bhfuarú agus, i gcás inarb iomchuí, úsáid dramhtheasa agus dramhfhuachta trí théamh agus fuarú ceantair d'fhonn straitéis náisiúnta fhadtéarmach a bhunú chun téamh agus fuarú a dhícharbónú. Beidh an measúnú mar chuid de na pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999, measúnú a ghabhfaidh leis an measúnú cuimsitheach ar théamh agus ar fhuarú a cheanglaítear le hAirteagal 14(1) de Threoir 2012/27/AE.;

***údaráis áitiúla agus réigiúnacha a chumhachtú***. Leagfar amach sa mheasúnú garspriocanna agus bearta chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú i dtéamh agus i bhfuarú agus, i gcás inarb iomchuí, úsáid dramhtheasa agus dramhfhuachta trí théamh agus fuarú ceantair d'fhonn straitéis náisiúnta fhadtéarmach a bhunú chun téamh agus fuarú a dhícharbónú. Leis an measúnú, ***bainfear úsáid as na sonraí maidir le tomhais arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 6 de Threoir 2008/50/CE maidir le cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh i leith PM 2,5 go háirithe. Mar chuid den mheasúnú sin, ullmhóidh na Ballstáit léarscáil dhaite chódúcháin dá gcriosanna agus dá gceirtleáin lena mbunófar limistéir ina bhféadfadh cineálacha áirithe fuinnimh inathnuaite i dtéamh agus i bhfuarú costais dhíréireacha a chruthú lena áirithiú nach sáraíonn tiúchan PM2,5 san aer comhthimpeallach an spriocluach. Sna limistéir sin, ní bheidh an téamh agus fuarú ceantair bunaithe ar na foinsí in-athnuaite faoi seach. Beidh an measúnú*** mar chuid de na pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999, measúnú a ghabhfaidh leis an measúnú cuimsitheach ar théamh agus ar fhuarú a cheanglaítear le hAirteagal 14(1) de Threoir 2012/27/AE.;

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 23 – mír 1a – fomhír 1 a agus 1 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Áiritheoidh na Ballstáit go n-ullmhóidh údaráis réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil daonra uirbeach níos mó ná 20,000 áitritheoir iontu nó daonra níos mó ná 5,000 áitritheoir pleananna áitiúla um*** |

| | |
|---|---|
| | ***théamh agus fuarú inathnuaite, lena leagtar amach aon cheanglais maidir le bonneagar.*** |
| | ***Féadfaidh na Ballstáit leas a bhaint freisin as tacaíocht an Chiste arna bhunú faoin [Rialachán maidir leis an gCiste Sóisialta don Aeráid] chun na pleananna sin a mhaoiniú.*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe c b (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 23 – mír 3 – fomhír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) i mír 3, cuirtear fomhír 1a seo a leanas leis:*** |
| | ***I gcomhréir le hAirteagal Airteagal 15 den Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh, áiritheoidh na Ballstáit go mbunófar saoráidí cúnaimh theicniúil, lena n-áirítear trí ionaid ilfhreastail, lena ndíreofar ar na gníomhaithe uile atá páirteach in athchóirithe foirgneamh, lena n-áirítear úinéirí baile agus tosca riaracháin, airgeadais agus eacnamaíocha, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide.;'*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 12 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 23 – mír 4 – fomhír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) córais téimh agus fuaraithe fuinnimh in-athnuaite ardéifeachtúla a shuiteáil i bhfoirgnimh***, nó*** fuinneamh in-athnuaite nó dramhtheas agus dramhfhuacht a úsáid sna próisis téimh | (b) córais téimh agus fuaraithe fuinnimh in-athnuaite ardéifeachtúla a shuiteáil i bhfoirgnimh, ***agus*** fuinneamh in-athnuaite nó dramhtheas agus dramhfhuacht a úsáid sna próisis téimh |

| | |
|---|---|
| agus fuaraithe thionsclaíocha; | agus fuaraithe thionsclaíocha; |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 12 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 23 – mír 4 – fomhír 1 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) forbairt acmhainní d'údaráis náisiúnta agus áitiúla chun tionscadail agus bonneagair in-athnuaite ***a phleanáil agus*** a chur chun feidhme; | (d) fothú acmhainní d'údaráis náisiúnta***, réigiúnacha*** agus áitiúla chun ***acmhainneacht áitiúil téimh agus fuaraithe inathnuaite a mhapáil,*** chun tionscadail agus bonneagair in-athnuaite ***a phleanáil,*** a chur chun feidhme agus chun ***comhairle a thabhairt ina leith***; |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 12 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 23 – mír 4 – fomhír 1 – pointe f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) comhaontuithe ceannacháin ***teasa*** a chur chun cinn do thomhaltóirí corparáideacha agus do thomhaltóirí beaga comhchoiteanna; | (f) comhaontuithe ceannacháin ***teasa agus fuaraithe in-athnuaite*** a chur chun cinn do thomhaltóirí corparáideacha agus do thomhaltóirí beaga comhchoiteanna, ***lena n-áirítear FBManna***; |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 12 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 23 – mír 4 – fomhír 1 – pointe g

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) scéimeanna athsholáthair atá ***beartaithe*** maidir le córais téimh iontaise ***nó*** scéimeanna chun deireadh a chur le | (g) scéimeanna athsholáthair córais téimh iontaise agus scéimeanna chun deireadh a chur le céimniú amach iontaise |

| | |
|---|---|
| céimniú amach iontaise lena ngabhann garspriocanna; | lena ngabhann garspriocanna ***a thabhairt isteach agus/ nó a luathú***; |

*Réasúnú*

*Tá breis agus leath de stoc coirí ola agus gáis AE níos sine nó sa dara leath dá shaolré teicniúil (tréimhse saoil 20 bliain). Caithfear iad sin a athrú le linn na tréimhse go dtí 2030 agus caithfear réitigh in-athnuaite a chur ina n-ionad chun gaibhniú iontaise a sheachaint.*

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 12 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 23 – mír 4 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Agus na bearta sin á nglacadh agus á gcur chun feidhme acu, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag gach tomhaltóir orthu, go háirithe iad siúd atá i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó i dteaghlaigh leochaileacha, teaghlaigh nach mbeadh caipiteal tosaigh leordhóthanach acu chun tairbhe a bhaint as mura ndéanfaí sin.***;*** | Agus na bearta sin á nglacadh agus á gcur chun feidhme acu, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag gach tomhaltóir orthu, go háirithe iad siúd atá i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó i dteaghlaigh leochaileacha, teaghlaigh nach mbeadh caipiteal tosaigh leordhóthanach acu chun tairbhe a bhaint ***as réitigh éifeachtúla téimh agus fuaraithe bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite***. ***Chun cur chun feidhme na mbeart ábhartha a chuíchóiriú tuilleadh, eiseoidh an Coimisiún faoi ... [bhliain amháin tar éis don Treoir leasaitheach seo teacht i bhfeidhm] treoirlínte comhchuibhithe a bhaineann, inter alia, le conarthaí teasa a dhearadh agus a oibriú*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13 – pointe -a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 24 – mír -1 (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) cuirtear an mhír -1 seo a leanas*** |

| | |
|---|---|
| | ***isteach:*** |
| | ***'-1. Tacóidh na Ballstáit le hathchóiriú atá ann cheana agus le gréasáin téimh agus fuaraithe ceantair inathnuaite a fhorbairt a chothaítear go heisiach le foinsí inathnuaite fuinnimh agus le dramhtheas nó dramhfhuacht, tar éis anailís dhearfach eacnamaíoch agus chomhshaoil/sochair a dhéanamh arna déanamh i gcomhpháirtíocht leis na húdaráis áitiúla lena mbaineann';*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13 – pointe a**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 24 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis faoin bhfeidhmíocht fuinnimh agus faoin sciar fuinnimh ***in-athnuaite*** atá ina ngréasáin téimh agus fuaraithe ceantair ar fáil do na tomhaltóirí deiridh, ar bhealach ina mbeidh rochtain éasca uirthi, ***amhail*** faisnéis ar bhillí nó ar ***shuíomhanna gréasáin*** soláthróirí agus ***ar iarratas***. Déanfar an fhaisnéis maidir leis an sciar fuinnimh in-athnuaite a shloinneadh ar a laghad mar chéatadán d'olltomhaltas deiridh téimh agus fuaraithe arna shannadh do chustaiméirí córais téimh agus fuaraithe ceantair ar leith, lena n-áirítear faisnéis faoin méid fuinnimh a úsáideadh chun aonad amháin téimh a sholáthar don chustaiméir nó don ***úsáideoir deiridh***. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faisnéis maidir le feidhmíocht fuinnimh agus sciar ***gach cineál*** fuinnimh ***agus teasa dramhaíola a úsáidtear*** ina gcórais téimh agus fuaraithe ceantair ***agus na hastaíochtaí gás ceaptha teasa gaolmhara*** a sholáthar do na tomhaltóirí deiridh ar bhealach inrochtana go héasca, ar bhillí ***agus*** ar ghréasáin na soláthróirí ***ar a laghad***. Déanfar an fhaisnéis maidir leis an sciar agus leis an ***gcinéal*** fuinnimh in-athnuaite a shloinneadh ar a laghad mar chéatadán d'olltomhaltas deiridh téimh agus fuaraithe arna shannadh do chustaiméirí córais téimh agus fuaraithe ceantair ar leith, lena n-áirítear faisnéis faoin méid fuinnimh ***agus dramhtheasa*** a úsáideadh chun aonad amháin téimh a sholáthar don chustaiméir nó don ***úsáideoir deiridh***. |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 13 – pointe e**

Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 24 – mír 8 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gach ***4*** bliana ar a laghad, bunóidh na Ballstáit creat faoina ndéanfaidh na hoibreoirí córas dáileacháin leictreachais, i gcomhar le hoibreoirí na gcóras téimh nó fuaraithe ceantair ina réigiún féin, measúnú ar an acmhainn is féidir a bhaint as córais téimh agus fuaraithe ceantair chun seirbhísí cothromúcháin agus seirbhísí córais eile, lena n-áirítear freagairt don éileamh agus stóráil farasbarr leictreachais arna tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite agus measúnú a dhéanamh freisin ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh sé níos acmhainn-éifeachtúla agus níos costéifeachtúla, le hais réitigh mhalartacha, úsáid a bhaint as an acmhainn a sainaithníodh sa mheasúnú sin. | Gach ***2*** bhliain ar a laghad, bunóidh na Ballstáit creat faoina ndéanfaidh na hoibreoirí córas dáileacháin leictreachais, i gcomhar le hoibreoirí na gcóras téimh nó fuaraithe ceantair ina réigiún féin, measúnú ar an acmhainn is féidir a bhaint as córais téimh agus fuaraithe ceantair chun seirbhísí cothromúcháin agus seirbhísí córais eile, lena n-áirítear freagairt don éileamh agus stóráil farasbarr leictreachais arna tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite agus measúnú a dhéanamh freisin ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh sé níos acmhainn-éifeachtúla agus níos costéifeachtúla, le hais réitigh mhalartacha, úsáid a bhaint as an acmhainn a sainaithníodh sa mheasúnú sin. ***Leis an measúnú, déanfar roghanna malartacha ar fhorbairt líonraí a mheas i gcomhréir le céadphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh.*** |

*Réasúnú*

*Ba cheart tréimhsiúlacht an mheasúnaithe a ailíniú le hAirteagal 32 den Treoir maidir le Leictreachas maidir le pleananna forbartha gréasáin dáileacháin (gach 2 bhliain ar a laghad). Ós rud é go n-úsáidtear an measúnú sin a rinne OCDanna leictreachais maidir leis an acmhainneacht do théamh agus fuarú ceantair chun cinneadh na n-oibreoirí córais a chur ar an eolas maidir leis an eangach a phleanáil, maidir le hinfheistíocht san eangach agus maidir le bonneagar a fhorbairt, ba cheart tréimhsiúlacht an mheasúnaithe sin a ailíniú leis an gceann (gach 2 bhliain ar a laghad) de na pleananna forbartha gréasáin a cheanglaítear faoi Airteagal 32(2) de Threoir 2019/944 maidir le leictreachas.*

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 13 – pointe e**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 24 – mír 8 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Éascóidh na Ballstáit comhordú idir | Éascóidh na Ballstáit comhordú idir |

| | |
|---|---|
| oibreoirí córas téimh agus fuaraithe ceantair agus oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin leictreachais chun a áirithiú gur féidir le seirbhísí cothromúcháin, stórála agus solúbthachta eile, amhail freagairt don éileamh, a chuireann oibreoirí córais téimh ceantair agus oibreoirí córas fuaraithe ceantair ar fáil páirt a ghlacadh ina margaí leictreachais. | oibreoirí córas téimh agus fuaraithe ceantair agus oibreoirí córas tarchurtha agus dáileacháin leictreachais chun a áirithiú gur féidir le seirbhísí cothromúcháin, stórála agus solúbthachta eile, amhail freagairt don éileamh, a chuireann oibreoirí córais téimh ceantair agus oibreoirí córas fuaraithe ceantair ar fáil páirt a ghlacadh ina margaí leictreachais ***ar bhonn neamh-idirdhealaitheach***. |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) gurb é 0,2 % in 2022, 0,5 % in 2025 agus 2,2 % in 2030 an sciar de bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus de bhithghás a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX san fhuinneamh a sholáthraítear don earnáil iompair, agus is fiú 2,6 % ar a laghad in 2030 sciar na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch. | (b) gurb é 0,2 % in 2022, 0,5 % in 2025 agus 2,2 % in 2030 an sciar de bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus de bhithghás a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX san fhuinneamh a sholáthraítear don earnáil iompair, agus is fiú 2,6 % ar a laghad in 2030 sciar na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch. |
| | ***Déanfaidh soláthraithe breosla 0.8% ar a laghad de bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a sholáthar le haghaidh modhanna muirí. Féadfaidh Ballstát nach bhfuil aon chalafoirt mhuirí ina chríoch a roghnú gan an fhoráil seo a chur i bhfeidhm. Aon Bhallstát a bheartaíonn leas a bhaint as an maolú sin, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis ... [theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo]. Maidir le haon athrú eile a dhéanfar ina dhiaidh sin, cuirfear in iúl don Choimisiún é freisin.*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Agus an oibleagáid dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) á socrú acu chun a áirithiú go mbainfear amach an sciar arna socrú ansin, féadfaidh na Ballstáit déanamh amhaidh, inter alia, trí bhíthin bearta a ghlacadh lena ndírítear ar mhéideanna, ar luach fuinnimh nó ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, ar choinníoll go léirítear go mbaintear amach na sciartha íosta dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den chéad fhomhír.*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 25 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Bunóidh na Ballstáit sásra lena gceadófar do sholáthróirí breosla ina gcríoch creidmheasanna a mhalartú chun fuinneamh in-athnuaite a sholáthar d'earnáil an iompair. Gheobhaidh oibreoirí eacnamaíocha a sholáthraíonn leictreachas in-athnuaite d'fheithiclí leictreacha trí stáisiúin athluchtaithe phoiblí creidmheasanna, beag beann ar cé acu a bhfuil nó nach bhfuil na hoibreoirí eacnamaíocha faoi réir na hoibleagáide atá leagtha síos ag an mBallstát ar sholáthróirí breosla, agus féadfaidh siad na creidmheasanna sin a dhíol le soláthróirí breosla, ar féidir leo na creidmheasanna a úsáid chun an oibleagáid a leagtar amach sa chéad fhomhír de mhír 1 a | 2. Bunóidh na Ballstáit sásra lena gceadófar do sholáthróirí breosla ina gcríoch creidmheasanna a mhalartú chun fuinneamh in-athnuaite a sholáthar d'earnáil an iompair. Déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha a sholáthraíonn leictreachas in-athnuaite d'fheithiclí leictreacha trí stáisiúin athluchtaithe phoiblí***, agus nuair atá sé sin indéanta go teicniúil, trí phointí luchtaithe príobháideacha agus leathphoiblí creidmheasanna a fháil,*** gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil na hoibreoirí eacnamaíocha faoi réir na hoibleagáide atá leagtha síos ag an mBallstát ar sholáthróirí breosla, agus féadfaidh siad na creidmheasanna sin a dhíol le soláthróirí breosla, ar féidir leo na creidmheasanna a úsáid chun an oibleagáid |

| | |
|---|---|
| chomhlíonadh.’; | a leagtar amach sa chéad fhomhír de mhír 1 a chomhlíonadh.’; |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe a**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun ríomh a dhéanamh ar olltomhaltas deiridh fuinnimh Ballstáit ó fhoinsí in-athnuaite dá dtagraítear in Airteagal 7 agus ar an sprioc laghdaithe déine gás ceaptha teasa dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d’Airteagal 25(1), ní mó a bheidh an sciar de bhithbhreoslaí agus de bhithleachtanna, chomh maith leis an sciar de bhreoslaí bithmhaise a thomhlaítear san iompar, i gcás ina dtáirgtear ó bharra bia agus beatha iad, ná ***pointe céatadán amháin níos airde ná*** an sciar de bhreoslaí den sórt sin i dtomhaltas deiridh fuinnimh san earnáil iompair sa Bhallstát sin in 2020, ***agus is 7 % den tomhaltas deiridh fuinnimh uasmhéid an tomhaltais a bheidh san earnáil iompair sa Bhallstát sin.*** | Chun ríomh a dhéanamh ar olltomhaltas deiridh fuinnimh Ballstáit ó fhoinsí in-athnuaite dá dtagraítear in Airteagal 7 agus ar an sprioc laghdaithe déine gás ceaptha teasa dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d’Airteagal 25(1), ní mó a bheidh an sciar de bhithbhreoslaí agus de bhithleachtanna, chomh maith leis an sciar de bhreoslaí bithmhaise a thomhlaítear san iompar, i gcás ina dtáirgtear ó bharra bia agus beatha iad, ***seachas bunábhair lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid ina ndéantar síneadh suntasach a chur leis an limistéar táirgthe le go gcumhdófaí talamh a bhfuil stoc ard carbóin ann***, ná ***leath*** an sciar de bhreoslaí den sórt sin i dtomhaltas deiridh fuinnimh san earnáil iompair sa Bhallstát sin in 2020. |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe a – pointe i a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 3

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:*** |
| Féadfaidh na Ballstáit teorainn níos ísle a leagan agus féadfaidh siad, chun críocha Airteagal 29(1), idirdhealú a dhéanamh idir na bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise difriúla a tháirgtear ó | Féadfaidh na Ballstáit teorainn níos ísle a leagan agus féadfaidh siad, chun críocha Airteagal 29(1), idirdhealú a dhéanamh idir na bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise difriúla a tháirgtear ó |

| | |
|---|---|
| bharra bia agus beatha, agus an fhianaise is fearr atá ar fail maidir leis an tionchar a bheidh ag an athrú indíreach ar thalamhúsáid á cur san áireamh. Féadfaidh na Ballstáit, mar shampla, teorainn níos ísle a leagan síos don sciar de bhithbhreoslaí, ó bhithleachtanna agus ó bhreoslaí bithmhaise a tháirgtear ó bharra ola. | bharra bia agus beatha, agus an fhianaise is fearr atá ar fail maidir leis an tionchar a bheidh ag an athrú indíreach ar thalamhúsáid ***agus prionsabal na húsáide cascáidí*** á gcur san áireamh. Féadfaidh na Ballstáit, mar shampla, teorainn níos ísle a leagan síos don sciar de bhithbhreoslaí, ó bhithleachtanna agus ó bhreoslaí bithmhaise a tháirgtear ó bharra ola. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe a – pointe ii**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 4 – pointe ii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad*** an cheathrú fomhír: | (ii) ***scriostar*** an ceathrú fomhír; |
| ***I gcás ina bhfuil sciar na mbithbhreoslaí agus na mbithleachtanna, chomh maith leis an sciar de bhreoslaí bithmhaise a thomhlaítear in earnáil an iompair, a tháirgtear ó bharra bia agus beatha i mBallstát teoranta do sciar níos ísle ná 7 % nó i gcás ina gcinneann Ballstát an sciar a theorannú tuilleadh, féadfaidh an Ballstát sin an sprioc laghdaithe déine gás ceaptha teasa dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 25(1) a laghdú dá réir sin, ag féachaint don rannchuidiú a bheadh déanta ag na breoslaí sin ó thaobh laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Chun na críche sin, measfaidh na Ballstáit go sábhálfaidh na breoslaí sin 50 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa.';*** | |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe b a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 26 – mír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:*** |
| 2. Chun ríomh a dhéanamh ar olltomhaltas deiridh fuinnimh Ballstáit ó fhoinsí inathnuaite dá dtagraítear in Airteagal 7 agus ar an sciar íosta dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 25(1), an sciar d'ard-úsáid neamhdhíreach talún a bhaineann le bithbhreoslaí, bithleachtanna nó breoslaí bithmhaise a tháirgtear ó bharra bia agus beatha, lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid mar thoradh orthu agus a dtugtar faoi deara gur cuireadh síneadh suntasach leis an limistéar táirgthe le go gcumhdófaí talamh a bhfuil stoc ard carbóin aige, ní sháróidh an sciar sin leibhéal thomhaltas na mbreoslaí sin sa Bhallstát sin in 2019, ***mura ndeimhnítear iad mar bhithbhreoslaí, mar bhithleachtanna nó mar bhreoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca íseal maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid mar thoradh orthu de bhun na míre seo.*** | ‘2. Chun ríomh a dhéanamh ar olltomhaltas deiridh fuinnimh Ballstáit ó fhoinsí inathnuaite dá dtagraítear in Airteagal 7 agus ar an sciar íosta dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 25(1), an sciar d'ard-úsáid neamhdhíreach talún a bhaineann le bithbhreoslaí, bithleachtanna nó breoslaí bithmhaise a tháirgtear ó bharra bia agus beatha, lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid mar thoradh orthu agus a dtugtar faoi deara gur cuireadh síneadh suntasach leis an limistéar táirgthe le go gcumhdófaí talamh a bhfuil stoc ard carbóin aige, ní sháróidh an sciar sin leibhéal thomhaltas na mbreoslaí sin sa Bhallstát sin in 2019. |
| Ón 31 Nollaig 2023 go dtían 31 Nollaig 2030 ar a dhéanaí, laghdófar an teorainn sin de réir a chéile go 0 %. | Faoin 1 Iúil 2023, laghdófar an teorainn sin go 0 %. Beidh feidhm ag an bhforáil sin freisin maidir le soighe agus a fotháirgí agus maidir le fotháirgí ó tháirgeadh ola pailme. |
| Faoin 1 Feabhra 2019, déanfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na critéir a leagan amach chun bithbhreoslaí, bithleachtanna agus ***breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca íseal maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a dheimhniú*** agus chun bunábhar lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a chinneadh ina ndéantar síneadh suntasach ar chur leis an limistéar táirgthe le go gcumhdófaí talamh a bhfuil stoc ard carbóin ann. Beidh an tuarascáil agus an gníomh tarmligthe a ghabhann léi bunaithe ar na sonraí eolaíocha is fearr a bheidh ar | Faoin 1 Feabhra 2019, déanfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na critéir a leagan amach chun bunábhar lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a chinneadh ina ndéantar síneadh suntasach a chur leis an limistéar táirgthe le go gcumhdófaí talamh a bhfuil stoc ard carbóin ann. Beidh an tuarascáil agus an gníomh tarmligthe a ghabhann léi bunaithe ar na sonraí eolaíocha is fearr a bheidh ar fáil. |

fáil.

Faoin 1 Meán Fómhair 2023, athbhreithneoidh an Coimisiún na critéir a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa cheathrú fomhír bunaithe ar na sonraí eolaíocha is fearr a bheidh ar fáil agus déanfaidh sé gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun critéir den sórt sin a leasú, i gcás inarb iomchuí, agus chun an bealach a áireamh chun an rannchuidiú a thagann ó bhithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú ar thalamhúsáid mar thoradh orthu, a tháirgtear ó bhunábhar agus a dtugtar faoi deara gur cuireadh síneadh suntasach ar an limistéar táirgthele go gcumhdófaí talamh a bhfuil stoc ard carbóin aige mar thoradh orthu, le sprioc an Aontais a leagtar amach in Airteagal 3(1) agus leis an sciar íosta dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 25(1) a laghdú.

***Faoin 1 Iúil 2022, cuirfidh an Coimisiún nuashonrú ar an tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an méadú a tháinig ar tháirgeadh domhanda na mbarr bia agus beatha ábhartha. Ní mór na sonraí is déanaí ón dá bhliain dheireanacha maidir le dífhoraoisiú, go háirithe i Meiriceá Theas, a bheith san áireamh sa nuashonrú sin, agus ní mór aghaidh a thabhairt ar thráchtearraí ardriosca eile sa chatagóir bunábhair lena ngabhann riosca ard indíreach um athrú ar an talamhúsáid agus a bhfotháirgí.***

***Chun críche an ghnímh tharmligthe, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar laghdú ar an tairseach in Airteagal 3(b) Rialachán 2019/807 maidir leis an sciar uasta den mhéadú bliantúil ar an limistéar táirgthe domhanda i stoic ardcharbóin i gcomhréir leis an bhfianaise eolaíoch is déanaí. Más iomchuí, déanfar an liosta bunábhar lena ngabhann riosca ard indíreach um athrú ar an talamhúsáid a leasú dá réir.***

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 27 – mír 1 – pointe a – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) i gcás leictreachas in-athnuaite, tríd an méid leictreachais in-athnuaite a sholáthraítear do na modhanna iompair go léir a iolrú faoin táirge comparáide breoslaí | (iii) i gcás leictreachas in-athnuaite, tríd an méid leictreachais in-athnuaite a sholáthraítear do na modhanna iompair go léir a iolrú faoin táirge comparáide breoslaí |

| | |
|---|---|
| iontaise ***EC***$_{F(e}$ a leagtar amach in Iarscríbhinn V; | iontaise ***EF(t)*** a leagtar amach in Iarscríbhinn V ***chun na laghduithe ar astaíochtaí a baineadh amach a chur san áireamh mar is ceart***; ***Maidir leis na Ballstáit a chuirfidh an sprioc maidir le déine gáis cheaptha teasa a laghdú in Airteagal 25(1) chun feidhme trí bhíthin sprioc náisiúnta do sciar an fhuinnimh inathnuaite laistigh den tomhaltas deiridh fuinnimh in earnáil an iompair, measfaidh siad gur ceithre huaire a luach fuinnimh atá i sciar an leictreachais inathnuaite;*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 – pointe c**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 27 – mír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) maidir le sciar na mbithbhreoslaí ardfhorbartha agus an bhithgháis a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX agus sciar na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch arna soláthar sna modhanna eitlíochta agus muirí, measfar gur ***1,2*** oiread a luach fuinnimh iad.'; | (c) maidir le sciar na mbithbhreoslaí ardfhorbartha agus an bhithgháis a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX agus sciar na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch arna soláthar sna modhanna eitlíochta agus muirí***, lena n-áirítear turais chuig nó ó thríú tíortha,*** measfar gur 2 oiread a luach fuinnimh iad.***'***; |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17 – pointe b a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 28 – mír 6

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin 25 Meitheamh 2019 agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar liosta na mbunábhar a leagtar amach i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn IX d'fhonn bunábhar a chur leis i gcomhréir leis na prionsabail a | Faoin 25 Meitheamh 2019 agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar liosta na mbunábhar a leagtar amach i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn IX d'fhonn bunábhar a chur leis ***agus a bhaint*** i gcomhréir leis |

leagtar amach sa tríú fomhír.

na prionsabail a leagtar amach sa tríú fomhír.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun liosta na mbunábhar a leagtar amach i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn IX a leasú trí bhunábhair a chur leis an liosta ***ach gan*** iad a bhaint de. Cuirfear bunábhair nach féidir a phróiseáil ach le hardteicneolaíochtaí le Cuid A d'Iarscríbhinn IX. Bunábhair is féidir a phróiseáil ina mbithbhreoslaí, nó ina bhithghás le haghaidh iompair, le teicneolaíochtaí seanbhunaithe, déanfar iad a chur le Cuid B d'Iarscríbhinn IX.

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun liosta na mbunábhar a leagtar amach i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn IX a leasú trí bhunábhair a chur leis an liosta ***nó*** a bhaint de. Cuirfear bunábhair nach féidir a phróiseáil ach le hardteicneolaíochtaí le Cuid A d'Iarscríbhinn IX. Bunábhair is féidir a phróiseáil ina mbithbhreoslaí, nó ina bhithghás le haghaidh iompair, le teicneolaíochtaí seanbhunaithe, déanfar iad a chur le Cuid B d'Iarscríbhinn IX.

Beidh gníomhartha tarmligthe den sórt sin bunaithe ar anailís faoi acmhainneacht an amhábhair mar bhunábhar chun bithbhreoslaí agus bithghás don iompar a tháirgeadh agus an méid seo a leanas ar fad á chur san áireamh:

(a) prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus ord na réiteach dramhaíola a bunaíodh le Treoir 2008/98/CE***;***

(b) critéir inbhuanaitheachta an Aontais a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7);

(c) an gá le héifeachtaí suntasacha díréireacha ar mhargaí le haghaidh táirgí, dramhaíola nó iarmhair nó seachtháirgí, seachdhramhaíola nó seach-iarmhair a sheachaint;

(d) an acmhainneacht laghdú suntasach a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le hais breoslaí iontaise bunaithe ar mheasúnú saolré astaíochtaí;

(e) an gá le tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol ná ar an mbithéagsúlacht a sheachaint;

(f) an gá le cruthú éileamh breise ar thalamh a sheachaint.

Beidh gníomhartha tarmligthe den sórt sin bunaithe ar anailís faoi acmhainneacht an amhábhair mar bhunábhar chun bithbhreoslaí agus bithghás don iompar a tháirgeadh agus an méid seo a leanas ar fad á chur san áireamh:

(a) prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus ord na réiteach dramhaíola a bunaíodh le Treoir 2008/98/CE;

(b) critéir inbhuanaitheachta an Aontais a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7);

(c) an gá le héifeachtaí suntasacha díréireacha ar mhargaí le haghaidh táirgí, dramhaíola nó iarmhair nó seachtháirgí, seachdhramhaíola nó seach-iarmhair a sheachaint;

(d) an acmhainneacht laghdú suntasach a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le hais breoslaí iontaise bunaithe ar mheasúnú saolré astaíochtaí;

(e) an gá le tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol nó ar an mbithéagsúlacht a sheachaint;

(f) an gá le cruthú éileamh breise ar thalamh a sheachaint;

***(g) prionsabal na slándála infheistíochta, lena n-áirítear timthriallta infheistíochta sna Ballstáit.***

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe a – pointe i a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 1 – fomhír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:*** |
| Ní chuirfear san áireamh fuinneamh ó bhithbhreoslaí, ó bhithleachtanna ná ó bhreoslaí bithmhaise chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den fhomhír seo ach amháin má chomhlíonann siad na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach i míreanna 2 go 7 agus mír 10: | Ní chuirfear san áireamh fuinneamh ó bhithbhreoslaí, ó bhithleachtanna ná ó bhreoslaí bithmhaise chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den fhomhír seo ach amháin má chomhlíonann siad na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach i míreanna 2 go 7 agus mír 10***, agus má urramaíonn siad an t-ordlathas dramhaíola mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE agus má dhéanann siad prionsabal na húsáide cascáidí dá dtagraítear in Airteagal 3 a chur san áireamh;*** |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe a – pointe i a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia)*** i mír 1, cuirtear isteach fomhír 1a seo a leanas: |
| | ***'Ní dhéanfar fuinneamh ó bhreoslaí bithmhaise soladacha a chur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den fhomhír seo má dhíorthaítear iad ó bhithmhais adhmaid phríomhúil mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Treoir seo';*** |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe a – pointe i b (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 1 – fomhír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| Mar sin féin, maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó dhramhaíl agus ó iarmhair nach iarmhair talmhaíochta, dhobharshaothaithe, iascaigh ná foraoiseachta iad, ní gá dóibh sin ach na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos i mír 10 a chomhlíonadh chun go gcuirfí san áireamh iad chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír. Beidh feidhm ag an bhfomhír seo freisin maidir le dramhaíl agus le hiarmhair a ndéantar iad a phróiseáil ar dtús chun táirge a dhéanamh díobh sula ndéantar tuilleadh próiseála orthu chun bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise a dhéanamh díobh. | Mar sin féin, maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó dhramhaíl agus ó iarmhair nach iarmhair talmhaíochta, dhobharshaothaithe, iascaigh ná foraoiseachta iad, ní gá dóibh sin ach na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos i mír 10 a chomhlíonadh chun go gcuirfí san áireamh iad chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír. ***I gcás dramhaíl mheasctha a úsáid, áfach, tá sé de cheangal ar na hoibreoirí córais sórtála dramhaíola measctha atá sainithe a chur i bhfeidhm arb é is aidhm leo ábhair iontaise a bhaint.*** Beidh feidhm ag an bhfomhír seo freisin maidir le dramhaíl agus le hiarmhair a ndéantar iad a phróiseáil ar dtús chun táirge a dhéanamh díobh sula ndéantar tuilleadh próiseála orthu chun bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise a dhéanamh díobh. |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe a – pointe ii**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 1 – fomhír 4 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — (a) i gcás breoslaí bithmhaise soladaí, i suiteálacha a tháirgeann leictreachas, téamh agus fuarú arb ionann iomlán a n-ionchur teirmeach rátaithe agus ***5*** MW nó ar mó ná sin é, | — (a) i gcás breoslaí bithmhaise soladaí, i suiteálacha a tháirgeann leictreachas, téamh agus fuarú arb ionann iomlán a n-ionchur teirmeach rátaithe agus ***7.5*** MW nó ar mó ná sin é, |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe a – pointe ii**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) os cionn ***200*** m³ meatán coibhéiseach/h arna thomhas ag coinníollacha caighdeánacha teochta agus brú (i.e. 0 °C agus 1 bhar de bhrú atmaisféarach); | (i) os cionn ***500*** m³ meatán coibhéiseach/h arna thomhas ag coinníollacha caighdeánacha teochta agus brú (i.e. 0 °C agus 1 bhar de bhrú atmaisféarach); |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe a b (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 3 – fomhír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| I dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais talmhaíochta arna gcur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1, ní dhéanfar iad as amhábhar a fuarthas as talamh a bhfuil ardluach bithéagsúlachta aige, mar atá talamh a raibh aon cheann de na stádais seo a leanas aige in Eanáir 2008 nó dá éis, is cuma cé acu a choinnigh nó nár choinnigh an talamh an stádas sin: | I dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais talmhaíochta arna gcur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1, ní dhéanfar iad as amhábhar a fuarthas as talamh a bhfuil ardluach bithéagsúlachta aige, mar atá talamh a raibh aon cheann de na stádais seo a leanas aige in Eanáir 2008 nó dá éis, is cuma cé acu a choinnigh nó nár choinnigh an talamh an stádas sin: |
| (a) foraois phríomhúil agus coillearnach eile, mar atá foraois agus coillearnach ina bhfuil speicis dúchais, agus gan aon fhianaise shoiléir infheicthe ann ar láimh an duine agus nach bhfuil aon chur isteach ar fiú trácht air tarlaithe do na próisis éiceolaíocha; | (a) foraois phríomhúil ***agus chianaosta*** agus coillearnach eile, mar atá foraois agus coillearnach ina bhfuil speicis dúchais, agus gan aon fhianaise shoiléir infheicthe ann ar láimh an duine agus nach bhfuil aon chur isteach ar fiú trácht air tarlaithe do na próisis éiceolaíocha; |
| (b) foraois agus coillearnach eile an-bhithéagsúil ar mhórán speiceas nach bhfuil díghrádaithe, ***nó*** atá aitheanta mar fhoraois nó coillearnach an-bhithéagsúil ag an údarás inniúil ábhartha, ach amháin má chuirtear fianaise ar fáil lena léireofar nár chuir táirgeadh an bhunábhair sin as do na | (b) foraois agus coillearnach eile an-bhithéagsúil ar mhórán speiceas nach bhfuil díghrádaithe, ***agus*** atá sainaitheanta mar fhoraois nó coillearnach an-bhithéagsúil ag an údarás inniúil ábhartha, ach amháin má chuirtear fianaise ar fáil lena léireofar nár chuir táirgeadh an bhunábhair sin as do na críocha cosanta |

| | |
|---|---|
| críocha cosanta dúlra sin; | dúlra sin; |
| (c) limistéir arna n-ainmniú: | (c) limistéir arna n-ainmniú: |
| (i) ag an dlí nó ag na húdaráis ábhartha inniúla chun críocha cosanta dúlra; nó | (i) ag an dlí nó ag na húdaráis ábhartha inniúla chun críocha cosanta dúlra; nó |
| (ii) chun cosaint a thabhairt d'éiceachórais nó speicis atá neamhchoitianta, faoi bhagairt nó i mbaol, agus a aithnítear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta nó a chuirtear ar liostaí arna gcur i dtoll a chéile ag eagraíochtaí idir-rialtasacha nó ag an Aontas Idirnáisiúnta do Chaomhnú an Dúlra, faoi réir a n-aithinte i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 30(4), mura gcuirtear fianaise ar fáil nár chuir táirgeadh an amhábhair sin isteach ar na críocha sin um chosaint an dúlra; | (ii) chun cosaint a thabhairt d'éiceachórais nó speicis atá neamhchoitianta, faoi bhagairt nó i mbaol, agus a aithnítear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta nó a chuirtear ar liostaí arna gcur i dtoll a chéile ag eagraíochtaí idir-rialtasacha nó ag an Aontas Idirnáisiúnta do Chaomhnú an Dúlra, faoi réir a n-aithinte i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 30(4), mura gcuirtear fianaise ar fáil nár chuir táirgeadh an amhábhair sin isteach ar na críocha sin um chosaint an dúlra; |
| (d) féarthalamh an-bhithéagsúil is fairsinge ná heicteáir amháin atá ina: | (d) féarthalamh an-bhithéagsúil is fairsinge ná heicteáir amháin atá ina: |
| (i) féarthalamh nádúrtha, mar atá féarthalamh a d'fhanfadh ina fhéarthalamh in éagmais lámh an duine agus a choinníonn slán comhdhéanamh na speiceas nádúrtha, maille lena chuid próiseas agus saintréithe éiceolaíocha; nó | (i) féarthalamh nádúrtha, mar atá féarthalamh a d'fhanfadh ina fhéarthalamh in éagmais lámh an duine agus a choinníonn slán comhdhéanamh na speiceas nádúrtha, maille lena chuid próiseas agus saintréithe éiceolaíocha; nó |
| (ii) féarthalamh neamhnádúrtha, mar atá féarthalamh nach bhfanfadh ina fhéarthalamh in éagmais lámh an duine, agus atá saibhir ó thaobh speiceas de agus nach bhfuil díghrádaithe arna aithint ag an údarás ábhartha inniúil mar ard-bhithéagsúil, mura gcuirtear fianaise ar fáil lena léireofar nach mór an bunábhar a bhuaint chun a stádas mar fhéarthalamh ard-bhithéagsúil a chaomhnú. | (ii) féarthalamh neamhnádúrtha, mar atá féarthalamh nach bhfanfadh ina fhéarthalamh in éagmais lámh an duine, agus atá saibhir ó thaobh speiceas de agus nach bhfuil díghrádaithe arna aithint ag an údarás ábhartha inniúil mar ard-bhithéagsúil, mura gcuirtear fianaise ar fáil lena léireofar nach mór an bunábhar a bhuaint chun a stádas mar fhéarthalamh ard-bhithéagsúil a chaomhnú. |
| | ***(iii) fraochmhánna a choinníonn comhdhéanamh nádúrtha speiceas agus tréithe agus próisis éiceolaíocha.'*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe c a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 4 – fomhír 1

| An téacs atá ann | Leasú |
|---|---|
| | **(ca)** ***– i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír 1*** |
| I dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais talmhaíochta arna gcur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1, ní dhéanfar iad as bunábhar a fuarthas as talamh a bhfuil stoc ard carbóin aige, mar atá talamh a raibh aon cheann de na stádais seo thíos aige i mí Eanáir 2008 agus nár choinnigh an stádas sin: | ‘I dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais talmhaíochta arna gcur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1, ní dhéanfar iad as bunábhar a fuarthas as talamh a bhfuil stoc ard carbóin aige, mar atá talamh a raibh aon cheann de na stádais seo thíos aige i mí Eanáir 2008 agus nár choinnigh an stádas sin: |
| (a) bogach, mar atá talamh a bhíonn faoi uisce nó báite, go buan nó ar feadh cuid mhaith den bhliain; | (a) bogach, mar atá talamh a bhíonn faoi uisce nó báite, go buan nó ar feadh cuid mhaith den bhliain; |
| (b) limistéir foraoise gan bhriseadh, mar atá talamh is fairsinge ná heicteáir amháin agus é faoi chrainn is airde ná cúig mhéadar agus clúdach téastair aige is mó ná 30 %, nó faoi chrainn atá in ann na tairseacha sin a bhaint amach in situ; | (b) limistéir foraoise gan bhriseadh, mar atá talamh is fairsinge ná heicteáir amháin agus é faoi chrainn is airde ná cúig mhéadar agus clúdach téastair aige is mó ná 30 %, nó faoi chrainn atá in ann na tairseacha sin a bhaint amach in situ; |
| (c) talamh is fairsinge ná heicteáir amháin agus é faoi chrainn is airde ná cúig mhéadar agus clúdach téastair aige idir 10 % agus 30 %, nó faoi chrainn atá in ann na tairseacha sin a bhaint amach in situ; mura bhfuil fianaise ar fáil lena léireofar go bhfágann stoc carbóin an limistéir roimh a thiontú nó ina dhiaidh go sásaítear na coinníollach a leagtar síos i mír 10 den Airteagal seo ach an mhodheolaíocht a leagtar síos i gCuid C d'Iarscríbhinn V a chur i bhfeidhm. | (c) talamh is fairsinge ná heicteáir amháin agus é faoi chrainn is airde ná cúig mhéadar agus clúdach téastair aige idir 10 % agus 30 %, nó faoi chrainn atá in ann na tairseacha sin a bhaint amach in situ; mura bhfuil fianaise ar fáil lena léireofar go bhfágann stoc carbóin an limistéir roimh a thiontú nó ina dhiaidh go sásaítear na coinníollach a leagtar síos i mír 10 den Airteagal seo ach an mhodheolaíocht a leagtar síos i gCuid C d'Iarscríbhinn V a chur i bhfeidhm. |
| | ***(ca) fraochmhánna a choinníonn comhdhéanamh nádúrtha speiceas agus tréithe agus próisis éiceolaíocha.*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise a tháirgtear ó bhithmhais talmhaíochta nó foraoise arna gcur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), ní dhéanfar iad as bunábhar a fuarthas as talamh a bhí ina thalamh portaigh i mí Eanáir 2008, mura gcuirtear fianaise ar fáil nach mbaineann draenáil ithreach nár draenáladh roimhe sin le saothrú agus le buaint an bhunábhair sin.; | 5. I dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise a tháirgtear ó bhithmhais talmhaíochta nó foraoise arna gcur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), ní dhéanfar iad as bunábhar a fuarthas as talamh a bhí ina thalamh portaigh i mí Eanáir 2008, mura gcuirtear fianaise ar fáil nach mbaineann draenáil ithreach nár draenáladh roimhe sin le saothrú agus le buaint an bhunábhair sin ***agus le comhlíonadh ar an leibhéal náisiúnta nó fonáisiúnta, i gcomhréir leis na critéir chun an riosca a bhaineann le bithmhais foraoise a dhíorthaítear ó tháirgeadh neamh-inbhuanaithe dá dtagraítear i mír 6 a úsáid a íoslaghdú, féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta é a thuairisciú***.; |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe d a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 5a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) cuirtear mír 5a seo a leanas isteach:*** |
| | ***'5a. I dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais talmhaíochta a cuireadh san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1, ní bheidh siad déanta as amhábhar arna fháil i dtír nach bhfuil ina Páirtí i gComhaontú Pháras.*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe d b (nua)**

Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 6 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) i mír 6, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na céad fhomhíre:*** |
| I dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise agus arna gcur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1, comhlíonfaidh siad na critéir seo a leanas chun an riosca go n-úsáidfí bithmhais ***foraoise*** ó tháirgeadh neamh-inbhuanaitheach a laghdú: | 'I dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise agus arna gcur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1, ***ní bheidh siad díorthaithe ó bhithmhais adhmaid phríomhúil, urramóidh sé go hiomlán an t-ordlathas dramhaíola mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE, cuirfidh sé san áireamh an prionsabal na húsáide cascáidí dá dtagraítear in Airteagal 3, agus*** comhlíonfaidh siad na critéir seo a leanas chun an riosca go n-úsáidfí bithmhais foraoise ó tháirgeadh neamh-inbhuanaitheach a laghdú: |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe e b (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 6 – fomhír 1 – pointe a – pointe ii

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(eb) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír 1, pointe (a), pointe (iii):*** |
| (iii) go ndéantar limistéir arna n-ainmniú ag an dlí idirnáisiúnta nó ag an dlí náisiúnta nó ag an údarás ábhartha inniúil chun críocha cosanta dúlra, lena n-áirítear bogaigh agus tailte portaigh, a chosaint; | '(iii) go ndéanfar limistéir arna n-ainmniú ag an dlí idirnáisiúnta nó ag an dlí náisiúnta nó ag an údarás inniúil ábhartha chun críocha cosanta dúlra, lena n-áirítear bogaigh, ***talamh féaraigh, fraochmhánna agus tailte portaigh, a chosaint agus é mar aidhm leis bithéagsúlacht a chaomhnú agus díothú gnáthóg a chosc mar a leagtar amach i dTreoracha 2009/147/CE agus 92/43/CEE, stádas comhshaoil na n-aigéan mar a leagtar*** |

| | |
|---|---|
| | ***amach i dTreoir 2008/56/CE chomh maith le stádas éiceolaíoch na n-aibhneacha mar a leagtar amach i dTreoir 2000/60/CE*;*’;*** |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 18 – pointe e**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 6 – fomhír 1 – pointe a – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) déantar an bhuaint agus cáilíocht agus bithéagsúlacht na hithreach ***a choinneáil san áireamh*** agus é mar aidhm tionchair dhiúltacha a ***íoslaghdú***, ar bhealach a sheachnaíonn saothrú stumpaí agus fréamhacha, díghrádú foraoisí príomhúla nó iad a thiontú ina bhforaoisí plandála, agus saothrú ar ithreacha leochaileacha; íoslaghdaítear leis sin glanleagan mór agus áirithítear leis tairseacha atá iomchuí ó thaobh áite maidir le heastóscadh adhmad marbh agus ceanglais chun córais lománaíochta a úsáid lena n-íoslaghdaítear tionchair ar cháilíocht na hithreach, lena n-áirítear balcadh ithreach, agus ar ghnéithe bithéagsúlachta agus ar ghnáthóga; | (iv) déantar an bhuaint agus cáilíocht agus bithéagsúlacht na hithreach ***á n-áirithiú*** agus é mar aidhm tionchair dhiúltacha ***a chosc***, ar bhealach a ***choscann*** saothrú stumpaí agus fréamhacha ***nach bhfuil oiriúnach le húsáid ábhar e.g. trí chleachtais bhainistíochta foraoise inbhuanaithe a úsáid***, díghrádú foraoisí príomhúla agus cianaosta nó iad a thiontú ina bhforaoisí plandála, agus saothrú ar ithreacha leochaileacha; déantar glanleagan crann ***a chosc***, ***mura rud é go dtagann dálaí éiceachórais fabhracha agus iomchuí as sin***, agus áirithítear leis tairseacha atá oiriúnach go háitiúil ***agus ó thaobh na héiceolaíochta*** le haghaidh eastóscadh adhmaid mhairbh, ***agus áirithítear leis*** ceanglais chun úsáid a bhaint as córais logála lena n-íoslaghdaítear an tionchar ar cháilíocht na hithreach, balcadh ithreach san áireamh, agus ar ghnéithe agus ar ghnáthóga bithéagsúlachta:’; |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 18 – pointe f**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 6 – fomhír 1 – pointe b – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) déantar an bhuaint agus cáilíocht agus bithéagsúlacht na hithreach ***a*** | (iv) déantar an bhuaint agus cáilíocht agus bithéagsúlacht na hithreach ***á n-*** |

| | |
|---|---|
| ***choinneáil san áireamh*** agus é mar aidhm tionchair dhiúltacha a ***íoslaghdú***, ar bhealach ***a sheachnaíonn*** saothrú stumpaí agus fréamhacha, díghrádú foraoisí príomhúla nó iad a thiontú ina bhforaoisí plandála, agus saothrú ar ithreacha leochaileacha; ***íoslaghdaítear*** leis sin glanleagan ***mór*** agus áirithítear leis tairseacha atá iomchuí ó thaobh áite maidir le heastóscadh adhmad marbh ***agus*** ceanglais chun córais lománaíochta a úsáid lena n-íoslaghdaítear tionchair ar cháilíocht na hithreach, lena n-áirítear balcadh ithreach, agus ar ghnéithe bithéagsúlachta agus ar ghnáthóga; | ***áirithiú*** agus é mar aidhm tionchair dhiúltacha ***a chosc***, ar bhealach a ***choscann*** saothrú stumpaí agus fréamhacha ***nach bhfuil oiriúnach le húsáid ábhar e.g. trí chleachtais bhainistíochta foraoise inbhuanaithe a úsáid***, díghrádú foraoisí príomhúla agus cianaosta nó iad a thiontú ina bhforaoisí plandála, agus saothrú ar ithreacha leochaileacha; déantar glanleagan crann ***a chosc, mura rud é go dtagann dálaí éiceachórais fabhracha agus iomchuí as sin,*** agus áirithítear leis tairseacha atá oiriúnach go háitiúil ***agus ó thaobh na héiceolaíochta*** le haghaidh eastóscadh adhmaid mhairbh***, agus áirithítear leis*** ceanglais chun úsáid a bhaint as córais logála lena n-íoslaghdaítear an tionchar ar cháilíocht na hithreach, balcadh ithreach san áireamh, agus ar ghnéithe agus ar ghnáthóga bithéagsúlachta: |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 18 – pointe f a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 7 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) cuirtear mír 7a seo a leanas isteach:*** |
| | ***'7a. Ní bheidh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise níos airde ná an uasteorainn arna sainiú ar an leibhéal náisiúnta d'úsáid bithmhaise foraoise atá i gcomhréir le spriocanna an Bhallstáit maidir le fás linn carbóin mar a shainítear i Rialachán athbhreithnithe 2018/841.';*** |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe g b (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001

Airteagal 29 – mír 11 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(gb) i mír 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír 11:*** |
| Ní dhéanfar leictreachas ó bhreosla bithmhaise a chur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1 ach amháin má chomhlíonann sé ceann amháin nó níos mó de na ceanglais seo a leanas: | 'Ní dhéanfar leictreachas ó bhreosla bithmhaise a chur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1 mura ***n-áirítear leis na breoslaí atá in úsáid bithmhaise adhmaid phríomhúil agus*** go gcomhlíontar leis ceann amháin nó níos mó de na ceanglais seo a leanas: |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe g d (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 14

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(gd) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 14:*** |
| 14. Chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1, féadfaidh na Ballstáit critéir inbhuanaitheachta bhreise a bhunú do bhreoslaí bithmhaise. | '14. Chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1, féadfaidh na Ballstáit critéir inbhuanaitheachta bhreise a bhunú le haghaidh ***bithbhreoslaí, bithleachtanna*** agus breoslaí bithmhaise. |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun an Treoir seo a fhorlíonadh tríd an modheolaíocht a shonrú chun measúnú a | 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun an Treoir seo a fhorlíonadh tríd an modheolaíocht a shonrú chun measúnú a |

| | |
|---|---|
| dhéanamh ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte. Áiritheofar leis an modheolaíocht nach dtabharfar creidmheas as astaíochtaí a sheachaint i gcás $CO_2$ ar tugadh creidmheas astaíochta as í a ghabháil cheana faoi fhorálacha eile dlí.; | dhéanamh ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte. Áiritheofar leis an modheolaíocht nach dtabharfar creidmheas as astaíochtaí a sheachaint i gcás $CO_2$ ar tugadh creidmheas astaíochta as í a ghabháil cheana faoi fhorálacha eile dlí. ***Beidh cion carbóin na dramhaíola agus a scaoileadh isteach san atmaisféar san áireamh sa mhodheolaíocht.*** <br><br> ***In aon chás, déanfar leis an modheolaíocht chun chun coigiltis gás ceaptha teasa ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte, i gcur chuige saolré, na hastaíochtaí carbóin leabaithe a bhreithniú.*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19 a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(19a) cuirtear an tAirteagal 29b seo a leanas isteach:*** <br><br> ***'Airteagal 29b*** <br><br> ***Critéir inbhuanaitheachta do ghléasraí hidreachumhachta*** <br><br> ***Chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1 d'Airteagal 29 déanfar fuinneamh a ghintear le hidreachumhacht a tháirgeadh i ngléasra a rinne, i gcomhréir le Treoir 2000/60/CE agus go háirithe Airteagal 4 agus Airteagal 11 den Treoir sin, gach beart maolaithe atá indéanta go teicniúil agus atá ábhartha ó thaobh na héiceolaíochta de a chur chun feidhme chun tionchair dhíobhálacha ar uisce a laghdú chomh maith le bearta chun gnáthóga cosanta agus speicis atá ag brath go díreach ar uisce a fheabhsú, lena n-áirítear na bearta seo a leanas ar a*** |

| | |
|---|---|
| | ***laghad:*** |
| | ***(a) imirce éifeachtúil agus éifeachtach éisc le sruth agus in aghaidh srutha a chumasú*** |
| | ***(b) rannchuidiú le cuspóirí agus le bearta an Phlean Gníomhaíochta Uile-Eorpaigh do Bhradáin Fearna, i gcás inarb infheidhme*** |
| | ***(c) an sreabhadh éiceolaíoch íosta a áirithiú i gcónaí.*** |
| | ***Comhlíonfaidh gléasraí hidreachumhachta a coimisiúnaíodh tar éis an 31 Nollaig 2022 na coinníollacha seo a leanas freisin:*** |
| | ***(a) Ní bheidh siad suite ar láithreán a dtabharfar tús áite d'aistriú bacainne chun fadnascacht a bhaint amach chun an sprioc maidir le aibhneacha saorshreabhtha faoin Straitéis Bithéagsúlachta a bhaint amach*** |
| | ***(b) beidh acmhainn suiteáilte 10 MW nó níos mó acu. ";*** |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 – pointe a**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 30 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina bhfuil breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte le háireamh sna cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3(1), Airteagal 15a(1), Airteagal 22a(1), Airteagal 23(1), Airteagal 24(4) agus in Airteagal 25(1), ceanglóidh na Ballstáit ar oibreoirí eacnamaíocha a chruthú gur comhlíonadh na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) agus (2) i leith breoslaí in-athnuaite agus | I gcás ina bhfuil breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte le háireamh sna cuspóirí dá dtagraítear in Airteagail 3(1), 15a(1), 22a(1), 23(1), 24(4) agus 25(1), ceanglóidh na Ballstáit ar oibreoirí eacnamaíocha a chruthú ***trí iniúchtaí éigeantacha neamhspleácha atá ar fáil go poiblí*** gur comhlíonadh na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) agus (2) i leith breoslaí in-athnuaite agus breoslaí |

| | |
|---|---|
| breoslaí carbóin athchúrsáilte. Chun na críche sin, ceanglóidh siad ar oibreoirí eacnamaíocha úsáid a bhaint as córas cothromúcháin maise:’; | carbóin athchúrsáilte. Chun na críche sin, ceanglóidh siad ar oibreoirí eacnamaíocha úsáid a bhaint as córas cothromúcháin maise:; |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 30 – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí faisnéis iontaofa isteach faoi chomhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) agus (2), agus chun a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha ar fáil don Bhallstát ábhartha, arna iarraidh sin dó, na sonraí a úsáideadh chun an fhaisnéis sin a dhéanamh amach. | Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí faisnéis iontaofa isteach faoi chomhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) agus (2), ***spriocanna bithéagsúlachta AE a chur san áireamh,*** agus chun a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha ar fáil don Bhallstát ábhartha, arna iarraidh sin dó, ***agus don phobal*** na sonraí a úsáideadh chun an fhaisnéis sin a dhéanamh amach. ***Déanfaidh na Ballstáit soláthraithe seirbhísí dearbhaithe neamhspleácha a chreidiúnú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 chun tuairim a thabhairt faoin bhfaisnéis a cuireadh isteach, agus chun fianaise a sholáthar go ndearnadh é sin. Chun Airteagal 29(3), pointí (a), (b) agus (d), Airteagal 29(4), pointe (a), Airteagal29(5), Airteagal 29(6), pointe (a) agus pointe (a) Airteagal 29(7), féadfar iniúchóireacht chéad pháirtí nó dara páirtí a úsáid suas go dtí an chéad phointe bailithe den bhithmhais foraoise.***<br><br>***Fíorófar leis an iniúchóireacht sin go bhfuil na córais atá á n-úsáid ag na hoibreoirí eacnamaíocha cruinn, iontaofa agus slán ar chalaois, lena n-áirítear fíorúcháin lena n-áirítear nach ndéantar aon ábhar a mhodhnú nó a dhiúscairt d'aon ghnó ionas go bhféadfaí an choinsíneacht nó cuid den choinsíneacht*** |

***a bheith ina dramhaíl nó ina iarmhar. Leis an iniúchóireacht sin, déanfar minicíocht agus modheolaíocht na samplála, mar aon le stóinseacht na sonraí, a mheasúnú.***

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 30 – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos sa mhír seo gan beann ar cibé acu a tháirgtear na breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte laistigh den Aontas nó a dhéantar iad a allmhairiú. Déanfar faisnéis faoi thionscnamh geografach agus cineál bunábhair na mbithbhreoslaí, na mbithleachtanna agus na mbreoslaí bithmhaise in aghaidh an tsoláthróra breosla a chur ar fáil do thomhaltóirí ar shuíomhanna gréasáin na n-oibreoirí, na soláthróirí nó na n-údarás ábhartha inniúil agus déanfar í a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil.’; | Beidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos sa mhír seo gan beann ar cibé acu a tháirgtear na breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte laistigh den Aontas nó a dhéantar iad a allmhairiú. Déanfar faisnéis faoi thionscnamh geografach agus cineál bunábhair na mbithbhreoslaí, na mbithleachtanna agus na mbreoslaí bithmhaise in aghaidh an tsoláthróra breosla a chur ar fáil do thomhaltóirí ***ar bhealach cothrom le dáta, inrochtana go héasca agus so-úsáidte*** ar shuíomhanna gréasáin na n-oibreoirí, na soláthróirí agus na n-údarás ábhartha inniúil ***chomh maith leis na stáisiúin athbhreoslaithe*** agus déanfar í a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil.; |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 – pointe c a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 30 – mír 4 – fomhír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír 2:*** |
| Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go mbeidh sna scéimeanna sin faisnéis chruinn faoi na bearta a glacadh chun ithir, uisce agus aer a chosaint, chun talamh | Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go mbeidh sna scéimeanna sin faisnéis chruinn faoi na bearta a glacadh chun ithir, uisce agus aer a chosaint, chun talamh |

| | |
|---|---|
| díghrádaithe a athchóiriú, chun ró-thomhaltas uisce a sheachaint i limistéir ina mbíonn ganntanas uisce***, agus chun bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca íseal maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a dhearbhú***. | díghrádaithe a athchóiriú ***agus*** chun ró-thomhaltas uisce a sheachaint i limistéir ina mbíonn ganntanas uisce. |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 30 – mír 6 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le suiteálacha ina dtáirgtear téamh agus fuarú leictreach lena ngabhann idir 5 agus ***10*** MW d'ionchur teirmeach rátáilte iomlán, bunóidh na Ballstáit scéimeanna fíoraithe náisiúnta simplithe chun comhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach i mír (2) go (7) agus (10) d'Airteagal 29 a áirithiú.; | Maidir le suiteálacha ina dtáirgtear téamh agus fuarú leictreach lena ngabhann idir 5 agus ***20*** MW d'ionchur teirmeach rátáilte iomlán, bunóidh na Ballstáit scéimeanna fíoraithe náisiúnta simplithe chun comhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach i mír (2) go (7) agus (10) d'Airteagal 29 a áirithiú. |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 - mír 1 - pointe 21**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 31 – mír 2, mír 3 agus mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(21) in Airteagal 31, scriostar míreanna 2, 3 agus 4:*** | ***scriosta*** |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 31 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar bunachar sonraí de chuid an Aontais a chur ar bun chun go mbeifear in ann bun agus lorg breoslaí in-athnuaite leachtacha agus gásacha agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a chur. | 1. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar bunachar sonraí de chuid an Aontais a chur ar bun chun go mbeifear in ann bun breoslaí in-athnuaite leachtacha agus gásacha a rianú, ***lena n-áirítear rianú na mbunábhar a liostaítear in Iarscríbhinn IX arna n-úsáid ina dtáirgeadh,*** agus breoslaí carbóin athchúrsáilte. |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 31a – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceanglóidh na Ballstáit ar na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha faisnéis chruinn a iontráil go tráthúil sa bhunachar sonraí sin maidir leis na hidirbhearta a rinneadh agus saintréithe inbhuanaitheachta na mbreoslaí atá faoi réir na n-idirbheart sin, lena n-áirítear astaíochtaí gás ceaptha teasa a saolré, ag tosú ó phointe a dtáirgthe go dtí tráth a n-ídithe san Aontas. ***Cuirfear san áireamh freisin sa bhunachar sonraí faisnéis faoi cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh tacaíocht ar fáil chun coinsíneacht shonrach bhreosla a tháirgeadh, agus má cuireadh, áireofar freisin faisnéis maidir leis an gcineál scéime tacaíochta.*** | Ceanglóidh na Ballstáit ar na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha faisnéis chruinn a iontráil go tráthúil sa bhunachar sonraí sin maidir leis na hidirbhearta a rinneadh agus saintréithe inbhuanaitheachta na mbreoslaí atá faoi réir na n-idirbheart sin, ***lena n-áirítear a n-amhábhar agus a mbunús*** astaíochtaí gás ceaptha teasa a saolré, ag tosú ó phointe a dtáirgthe go dtí tráth a n-ídithe san Aontas. |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 2 a (nua)**
Rialachán (AE) 2019/943
Airteagal 55 – mír 1 – pointe b

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***Airteagal 2a*** |
| | ***Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/943*** |
| | ***In Airteagal 55, mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):*** |
| b) comhtháthú na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite, na giniúna dáilte agus na n-acmhainní eile atá neadaithe sa ghréasán a éascú, amhail stóráil fuinnimh; | ‘(b) comhtháthú acmhainní fuinnimh in-athnuaite, giniúint dháilte agus acmhainní eile atá leabaithe sa ghréasán dáileacháin a éascú, amhail stóráil fuinnimh, ***córais téimh agus fuaraithe ceantair ísealteochta go meánteochta agus fuaraithe nó córais téimh agus fuaraithe pobail in-athnuaite mar a leagtar amach in Airteagal 2 de [Threoir leasaithe 2018/2001/CE];’*** |

*(Rialachán 2019/943)*

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 5 – pointe c**
Treoir (AE) 2018/2001
Iarscríbhinn V – Cuid C– pointe 18

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 18. Chun críocha na ríomhanna dá dtagraítear i bpointe 17, is iad na hastaíochtaí a bheidh le roinnt eec + el + esca + na codáin sin de ep, etd, eccs agus eccr a tharlaíonn suas go dtí an chéim den phróiseas ina dtáirgtear comhtháirge, an chéim sin san áireamh. Más rud é go ndearnadh aon chionroinnt ar chomhtháirgí ag céim níos luaithe den phróiseas sa saolré, úsáidfear an codán de na hastaíochtaí sin a sannadh don táirge breosla eatramhach sa chéim dheireanach sin den phróiseas chun na críocha sin seachas iomlán na n-astaíochtaí sin. I gcás bithgháis agus bithmheatáin, cuirfear gach comhtháirge nach dtagann faoi raon feidhme phointe 7 san áireamh chun críocha an ríofa sin. Ní dhéanfar aon astaíochtaí a chionroinnt ar dhramhaíl agus iarmhair. Measfar luach fuinnimh nialasach a bheith ag comhtháirgí a bhfuil luach | 18. Chun críocha na ríomhanna dá dtagraítear i bpointe 17, is iad na hastaíochtaí a bheidh le roinnt eec + el + esca + na codáin sin de ep, etd, eccs agus eccr a tharlaíonn suas go dtí an chéim den phróiseas ina dtáirgtear comhtháirge, an chéim sin san áireamh. Más rud é go ndearnadh aon chionroinnt ar chomhtháirgí ag céim níos luaithe den phróiseas sa saolré, úsáidfear an codán de na hastaíochtaí sin a sannadh don táirge breosla eatramhach sa chéim dheireanach sin den phróiseas chun na críocha sin seachas iomlán na n-astaíochtaí sin. I gcás bithgháis agus bithmheatáin, cuirfear gach comhtháirge nach dtagann faoi raon feidhme phointe 7 san áireamh chun críocha an ríofa sin. Ní dhéanfar aon astaíochtaí a chionroinnt ar dhramhaíl agus iarmhair. Measfar luach fuinnimh nialasach a bheith ag comhtháirgí a bhfuil luach |

| | |
|---|---|
| fuinnimh diúltach acu chun críocha an ríofa. Measfar astaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha sa saolré a bheith ag dramhaíl agus iarmhair, lena n-áirítear an dramhaíl agus iarmhair uile atá in Iarscríbhinn IX, suas go dtí próiseas bailithe na n-ábhar sin beag beann orthu a bheith próiseáilte ina dtáirgí eatramhacha sula ndéantar iad a thiontú chuig an táirge deiridh. ***Iarmhair nach n-áirítear in Iarscríbhinn IX agus atá oiriúnach lena n-úsáid sa mhargadh bia nó beatha, measfar go bhfuil an méid céanna astaíochtaí acu ó eastóscadh, ó bhuaint nó ó shaothrú na n-amhábhar, agus eec ar an rogha ionadach is gaire dóibh sa mhargadh bia agus beatha atá sa tábla i gcuid D.*** I gcás breoslaí bithmhaise a tháirgtear i scaglanna, seachas an teaglaim d'ionaid phróiseála ina bhfuil coirí nó aonaid chomhghiniúna a sholáthraíonn teas agus/nó leictreachas don ionad próiseála, is é an scaglann a úsáidfear mar aonad anailíse chun críocha an ríofa dá dtagraítear i bpointe 17; | fuinnimh diúltach acu chun críocha an ríofa. Measfar astaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha sa saolré a bheith ag dramhaíl agus iarmhair, lena n-áirítear an dramhaíl agus iarmhair uile atá in Iarscríbhinn IX, suas go dtí próiseas bailithe na n-ábhar sin beag beann orthu a bheith próiseáilte ina dtáirgí eatramhacha sula ndéantar iad a thiontú chuig an táirge deiridh. I gcás breoslaí bithmhaise a tháirgtear i scaglanna, seachas an teaglaim d'ionaid phróiseála ina bhfuil coirí nó aonaid chomhghiniúna a sholáthraíonn teas agus/nó leictreachas don ionad próiseála, is é an scaglann a úsáidfear mar aonad anailíse chun críocha an ríofa dá dtagraítear i bpointe 17; |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 6 – pointe c**
Treoir (AE) 2018/2001
Iarscríbhinn VI – Cuid B – pointe 18 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Measfar astaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha sa saolré a bheith ag dramhaíl agus iarmhair, lena n-áirítear an dramhaíl agus iarmhair uile atá in Iarscríbhinn IX, suas go dtí próiseas bailithe na n-ábhar sin beag beann orthu a bheith próiseáilte ina dtáirgí eatramhacha sula ndéantar iad a thiontú chuig an táirge deiridh. ***Iarmhair nach n-áirítear in Iarscríbhinn IX agus atá oiriúnach lena n-úsáid sa mhargadh bia nó beatha, measfar go bhfuil an méid céanna astaíochtaí acu ó eastóscadh, ó bhuaint nó ó shaothrú amhábhar, agus*** $e_{ec}$ ***ar an rogha ionadach is gaire dóibh sa*** | Measfar astaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha sa saolré a bheith ag dramhaíl agus iarmhair, lena n-áirítear an dramhaíl agus iarmhair uile atá in Iarscríbhinn IX, suas go dtí próiseas bailithe na n-ábhar sin beag beann orthu a bheith próiseáilte ina dtáirgí eatramhacha sula ndéantar iad a thiontú chuig an táirge deiridh. |

***mhargadh bia agus beatha atá sa tábla i gcuid D d'Iarscríbhinn V.***

*Réasúnú*

*Is do-ghlactha iad na tograí maidir leis na rialacha ríofa d'iarmhair nach liostaítear in Iarscríbhinn IX agus tá an baol ann go gcuirfear bac ar fhorbairt bithbhreoslaí ardfhorbartha, bithgháis agus bithmheatáin. Is amhlaidh atá toisc nach mbeadh astaíochtaí gás ceaptha teasa dramhaíola agus iarmhar nach liostaítear in Iarscríbhinn IX neodrach a thuilleadh ag an bpointe bailithe.*

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 6 a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Iarscríbhinn VI – pointe B a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) In Iarscríbhinn VI, cuirtear cuid B isteach:*** |
| | ***'Cuid B*** |
| | ***Bunábhair breosla bithmhaise le húsáid i suiteálacha do-aistrithe lasmuigh den earnáil iompair, lena n-áirítear na pointí seo a leanas:*** |
| | ***1. An codán bithmhaise d'iarmhair agus de dhramhaíl sa phríomhthionscal próiseála bia:*** |
| | ***(a) laíon biatais (féinúsáid inmheánach amháin san earnáil)*** |
| | ***(b) luibheanna agus duilleoga ó níochán biatais*** |
| | ***(c) crotail arbhair agus sliogáin torthaí*** |
| | ***(d) an codán bithmhaise de dhramhaíl tionscail nach bhfuil oiriúnach lena úsáid sa slabhra bia agus beatha*** |
| | ***(e) an codán snáithíneach de bhiatas siúcra tar éis úscadh an tsú, na nduilleog agus na n-eireaball idirleata agus na licéar eile a fhaightear tar éis úscadh siúcra;*** |

***2. An codán bithmhaise sloda ó chóireáil dramhuisce sa tionscal próiseála bia príomhúil;***

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú a dhéanamh ar Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ar Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus ar Threoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 |
| **Tagairtí** | COM(2021)0557 – C9-0329/2021 – 2021/0218(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>13.9.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>13.9.2021 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 11.11.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Nils Torvalds<br>15.9.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 2.2.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 17.5.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 58<br>–: 20<br>0: 9 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mathilde Androuët, Margrete Auken, Simona Baldassarre, Marek Paweł Balt, Traian Băsescu, Aurélia Beigneux, Monika Beňová, Hildegard Bentele, Sergio Berlato, Alexander Bernhuber, Malin Björk, Simona Bonafè, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Nathalie Colin-Oesterlé, Esther de Lange, Christian Doleschal, Marco Dreosto, Bas Eickhout, Cyrus Engerer, Agnès Evren, Pietro Fiocchi, Raffaele Fitto, Andreas Glück, Catherine Griset, Jytte Guteland, Teuvo Hakkarainen, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Jan Huitema, Yannick Jadot, Adam Jarubas, Petros Kokkalis, Ewa Kopacz, Peter Liese, Sylvia Limmer, Javi López, César Luena, Marian-Jean Marinescu, Fulvio Martusciello, Liudas Mažylis, Joëlle Mélin, Tilly Metz, Silvia Modig, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Ville Niinistö, Ljudmila Novak, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Nicola Procaccini, Luisa Regimenti, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Sándor Rónai, Rob Rooken, Silvia Sardone, Christine Schneider, Günther Sidl, Ivan Vilibor Sinčić, Linea Søgaard-Lidell, Maria Spyraki, Nicolae Ştefănuță, Nils Torvalds, Edina Tóth, Véronique Trillet-Lenoir, Petar Vitanov, Alexandr Vondra, Mick Wallace, Pernille Weiss, Emma Wiesner, Michal Wiezik, Tiemo Wölken, Anna Zalewska |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Michael Bloss, Manuel Bompard, Milan Brglez, Stelios Kympouropoulos, Manuela Ripa, Christel Schaldemose, Vincenzo Sofo, Idoia Villanueva Ruiz |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 58 | + |
|---|---|
| NI | Ivan Vilibor Sinčić |
| PPE | Hildegard Bentele, Nathalie Colin-Oesterlé, Agnès Evren, Adam Jarubas, Ewa Kopacz, Stelios Kympouropoulos, Esther de Lange, Peter Liese, Liudas Mažylis, Dolors Montserrat, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Maria Spyraki, Pernille Weiss |
| Renew | Pascal Canfin, Martin Hojsík, Jan Huitema, Frédérique Ries, María Soraya Rodríguez Ramos, Nicolae Ştefănuță, Linea Søgaard-Lidell, Nils Torvalds, Véronique Trillet-Lenoir, Michal Wiezik |
| S&D | Marek Paweł Balt, Monika Beňová, Simona Bonafè, Milan Brglez, Delara Burkhardt, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Cyrus Engerer, Jytte Guteland, Javi López, César Luena, Alessandra Moretti, Sándor Rónai, Christel Schaldemose, Günther Sidl, Petar Vitanov, Tiemo Wölken |
| The Left | Malin Björk, Manuel Bompard, Petros Kokkalis, Silvia Modig, Idoia Villanueva Ruiz, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Margrete Auken, Michael Bloss, Bas Eickhout, Pär Holmgren, Yannick Jadot, Tilly Metz, Ville Niinistö, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus, Manuela Ripa |

| 20 | - |
|---|---|
| ECR | Sergio Berlato, Pietro Fiocchi, Raffaele Fitto, Nicola Procaccini, Rob Rooken, Vincenzo Sofo, Alexandr Vondra, Anna Zalewska |
| ID | Simona Baldassarre, Marco Dreosto, Teuvo Hakkarainen, Sylvia Limmer, Silvia Sardone |
| NI | Edina Tóth |
| PPE | Traian Băsescu, Alexander Bernhuber, Marian-Jean Marinescu, Jessica Polfjärd |
| Renew | Andreas Glück, Emma Wiesner |

| 9 | 0 |
|---|---|
| ID | Mathilde Androuët, Aurélia Beigneux, Catherine Griset, Joëlle Mélin |
| PPE | Christian Doleschal, Fulvio Martusciello, Luisa Regimenti, Christine Schneider |
| S&D | Tudor Ciuhodaru |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

19.5.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM IOMPAR AGUS UM THURASÓIREACHT

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (COM(2021)0557 – C9-0329/2021 – 2021/0218(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Barbara Thaler

## RÉASÚNÚ GEARR

**Túsphointe**

Tá an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite riachtanach chun spriocanna an Aontais Eorpaigh a leagtar amach sa Phlean um Sprioc Aeráide a bhaint amach. Is é an phríomhaidhm sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú ó 32 % go 40 %.

De réir EUROSTAT[1], bheadh gá le níos mó ná dhá oiread an fhuinnimh in-athnuaite ó thart ar 15 % in 2019 go 40 % in 2030. In 2019, an bhliain roimh phaindéim COVID-19, cumhdaíodh an tomhaltas fuinnimh phríomhúil san Aontas le cúig fhoinse éagsúla. Bhí an sciar is mó go mór ag ola (lena n-áirítear amhola) le 36 %, agus ina dhiaidh sin gás nádúrtha (22 %) agus fuinneamh in-athnuaite (15 %) sa dara agus sa tríú háit. Bhí sciar 13 % ag fuinneamh núicléach agus breoslaí iontaise soladacha araon.

Níor mhór 61 % den tomhaltas fuinnimh deiridh a allmhairiú agus rinneadh 39 % a tháirgeadh laistigh den Aontas Eorpach. Maidir leis an táirgeadh AE-bhunaithe, ba é fuinneamh in-athnuaite an sciar is mó le 37 %, agus ina dhiaidh sin bhí sciar 32 % ag an bhfuinneamh núicléach. Bhí sciar de thart ar an gcúigiú cuid de tháirgeadh fuinnimh ag breoslaí soladacha (19 %), agus ina dhiaidh sin gás nádúrtha (8 %) agus amhola (4 %).[2]

**Ciallaíonn fuinneamh inbhuanaitheachta fuinneamh glan, iontaofa agus inacmhainne:**

Cé gurb é príomhchuspóir an athbhreithnithe ar REDII méadú suntasach a dhéanamh ar an sciar de chineálacha fuinnimh in-athnuaite sna blianta amach romhainn, is gá cosaintí áirithe a thabhairt isteach de bharr chlaochlú na hearnála fuinnimh nach bhfacthas riamh cheana.

[1] https://ec.europa.eu/eurostat/cache/infographs/energy/bloc-2a.html?lang=en
[2] https://ec.europa.eu/eurostat/cache/infographs/energy/bloc-2b.html?lang=en

Ní mór fuinneamh na hEorpa a bheith níos glaine, ach ní mór dó a bheith inacmhainne agus iontaofa freisin. Seachas sin, tabharfaidh an tAontas Eorpach sampla nach mbeidh an chuid eile den domhan toilteanach a leanúint. Is tosca riachtanacha uile iad coinneáil na mbuntáistí a bhaineann leis an iarchóras, eadhon a iontaofacht agus a inacmhainneacht, agus ár spleáchas agus lorg carbóin á laghdú ag an am céanna, ar gá iad a chur san áireamh san athbhreithniú ar REDII. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart a chur san áireamh sna forálacha an t-ardú atá ag teacht ar an éileamh ar fhuinneamh chun laghdú soghluaisteachta, bochtaineacht fuinnimh agus iompair a chosc.

Go príomha, is réamhriachtanas lárnach é margadh inmheánach feidhmiúil le haghaidh fuinneamh in-athnuaite chun na héilimh thuasluaite a chomhlíonadh. Chun fuinneamh in-athnuaite a choinneáil inacmhainne, ní mór fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh san áit is oiriúnaí ó thaobh tíreolaíocht na hEorpa de agus ní i ngeall ar thírdhreach státchabhrach ar leith ár mBallstát.

Tá creat barainneach agus aonfhoirmeach lena leagtar síos an bhunobair chun trádáil agus rianú a dhéanamh agus chun é a chur i bhfeidhm de dhíth ar mhargadh inmheánach feidhmiúil. Dá bhrí sin, is gá infheistíochtaí suntasacha a dhéanamh in eangacha tarchurtha laistigh de na Ballstáit agus eatarthu, chun costais seolta a laghdú agus chun comhaontuithe ceannaigh cumhachta a dhéanamh níos tarraingtí. Ní mór dreasachtaí a thabhairt do na Ballstáit chun tuilleadh comhthionscadal a fhorbairt. Ina theannta sin, ba cheart an deis a thabhairt d’úinéirí feithiclí ceallra-leictreacha a ionchorprú i mbainistiú níos fearr ar éileamh agus ar sholáthar trí stáisiúin chumhachta fhíorúla.

**Neodracht teicneolaíochta:**

Tá an sprioc fhadtéarmach maidir le neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050 níos dúshlánaí, ar bhonn míchothrom, ná sprioc eatramhach 2030. Éilíonn na spriocanna uaillmhianacha sin sraith leathan uirlisí agus machnamh nuálach, go háirithe má chuirtear inacmhainneacht, iontaofacht agus éileamh méadaitheach ar an bhfuinneamh san áireamh freisin. Trí thaighde agus forbairt a theorannú go saorga in earnálacha áirithe agus i gcás feidhmeanna áirithe, tá ualach nach bhfuil gá leis á chur sa bhreis ar dhianiarracht dhomhanda ar leith. Chun na spriocanna a bhaint amach ar an mbealach is éifeachtúla, caithfidh teicneolaíochtaí difriúla dul in iomaíocht lena chéile ar an margadh agus is faoin tomhaltóir deiridh atá sé an rogha is oiriúnaí a roghnú. Dá bhrí sin, ní mór don reachtaíocht machaire comhréidh a áirithiú idir na hiompróirí fuinnimh go léir agus na teicneolaíochtaí uile a d’fhéadfadh a bheith ann, agus ní mór do na húdaráis fhreagracha forfheidhmiú cuí a áirithiú.

**Breoslaí in-athnuaite agus gáis de thionscnamh bitheolaíoch:**

Glacadh na rialacha maidir le bith-bhunábhar le déanaí in athmhúnlú REDII agus tá roinnt Ballstát fós ag obair ar na bearta nua a chur chun feidhme. Ina theannta sin, ní mór don Choimisiún fós gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme a thabhairt chun cinn. San athmhúnlú a rinneadh ar RED roimhe seo, tugadh aghaidh iomlán ar na héifeachtaí diúltacha a d’fhéadfadh a bheith ag bithbhreoslaí den chéad ghlúin gan rialacha cuí a bheith ann. Áirithítear leis na critéir inbhuanaitheachta, mar aon leis na hoibleagáidí tuairiscithe agus faireacháin, nach ndéanfar aon dochar má chuirtear na rialacha i bhfeidhm agus má chuirtear i bhfeidhm i gceart iad. Dá bhrí sin, téann ciorruithe breise ar an mbith-bhunábhar atá ar fáil i gcoinne na réasúnaíochta eacnamaíche agus comhshaoil, ós rud é gurb iad bithbhreoslaí

traidisiúnta an t-aon rogha inacmhainne chun cainníochtaí leordhóthanacha de bhreoslaí traidisiúnta a chur in ionad na mbreoslaí traidisiúnta de thuras na huaire. Mar dhíolúine ón riail ghinearálta sin, féadfaidh na Ballstáit rialacha náisiúnta áirithe a shonrú maidir le bithmhais atá bunaithe ar fhoraoiseacht a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar imthosca uathúla atá nasctha le prionsabal na húsáide cascáidí, más gá. Is iad bithbhreoslaí traidisiúnta, mar aon le bithbhreoslaí ardfhorbartha, an phríomhfhoinse do phoist ghlasa a d'fhéadfadh a bheith ann san Eoraip freisin agus cuireann siad ar chumas na mBallstát a soláthar a éagsúlú de réir a n-acmhainneachtaí náisiúnta.

**Breoslaí in-athnuaite agus gáis de thionscnamh neamhbhitheolaíoch:**

D'fhéadfadh sé go mbeadh fáil neamhtheoranta ar bhreoslaí agus ar gháis arna ndíorthú ó hidrigin in-athnuaite agus d'fhéadfaidís gach modh iompair a chumhachtú gan infheistíocht bhreise a dhéanamh sa bhonneagar. Tá a n-acmhainneacht teoranta, áfach, mar gheall ar an bpraghas ard atá orthu agus na méideanna ollmhóra leictreachais ghlain atá ag teastáil ina leith. Tá an tionscal fós ag céim luath agus ní mór é a mhéadú sula bhféadfaidh an praghas in aghaidh an aonaid a bheith iomaíoch. Ós rud é go bhfuil an tionscal fós ag athrú agus nach bhfuil na méideanna riachtanacha leictreachais ar fáil go héasca, tá infheistíochtaí suntasacha i gceist chun borradh a chur faoi mhargadh RFNBOnna. D'fhéadfadh na hinfheistíochtaí sin cuid mhór post glas a chruthú san Eoraip, ach tá baol an sceite infheistíochta thar a bheith ard, ós rud é go bhfuil na dálaí geografacha chun méideanna móra leictreachais ghlain a tháirgeadh míchothrom sna Ballstáit. Ina theannta sin, ní féidir leictreachas ná hidrigin a iompar go héasca ar fud ilcríoch agus tá hidrigin ag teastáil mar stóráil atá inseolta go héasca do leictreachas in-athnuaite agus mar bhunábhar don tionscal. Chun an riosca maidir le sceitheadh infheistíochta 100 % a mhaolú, níor cheart ach fospriocanna le haghaidh hidrigine a thabhairt isteach in RED III. Sheachnófaí leis sin spleáchas tíortha áirithe a aistriú go tíortha eile agus, ar an gcaoi sin, neart a chur le teacht aniar an Aontais.

**Breoslaí agus gáis ísealcharbóin:**

Chun aistriú inacmhainne agus tráthúil chuig iompróirí fuinnimh dícharbónaithe a chumasú, ní mór an infheistíocht i leictreoirí agus i bpirealóirí a dhíchúpláil ó chur i bhfeidhm comhuaineach leictreachais in-athnuaite agus ó leathnú na n-eangach tarchuir. Chun gur féidir le leictreoirí a n-acmhainn iomlán a bhaint amach, ní mór deireadh a chur le prionsabal na breisíochta, mar aon leis an gceanglas gan ach 100 % de leictreachas in-athnuaite a úsáid. Níor cheart, áfach, go n-áireofaí hidrigin den sórt sin sa sprioc 40 % maidir le fuinneamh in-athnuaite i ngeall air sin, ach ba cheart go mbeadh breoslaí agus gáis arna ndíorthú uaithi in ann rannchuidiú leis an sprioc -13 % maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa, fad is go gcoigleoidh siad níos mó ná 70 % i gcomparáid lena ngnáthchoibhéis. Go gairid roimh 2030, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a thíolacadh maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil gá fós le breoslaí agus gáis ísealcharbóin nó an féidir deireadh a chur leo de réir a chéile.

**Fospriocanna, cuótaí agus uasteorainneacha:**

Ba cheart fosprioc le haghaidh RFNBOnna a chur siar go dtí 2030 agus ba cheart í a nascadh le céimniú amach féideartha gás agus breoslaí ísealcharbóin chun an t-am is gá a thabhairt don Eoraip chun tionscal a fhorbairt ar a críoch féin. Dá dtabharfaí isteach fosprioc cheangailteach faoi láthair, thiocfadh sceitheadh infheistíochta as sin agus chuirfí tionscal dúchais faoi mhíbhuntáiste san iomaíocht sna blianta amach romhainn.

Tá baol sceite infheistíochtaí níos lú ag fospriocanna bithbhreoslaí ardfhorbartha. Mar sin féin, dhéanfadh fospriocanna dochar don taighde agus don nuálaíocht, ós rud é go roghnódh soláthróirí breosla, ar bhealach dosheachanta agus ró-luath, an táirge is saoire agus is éasca atá ar fáil ar an margadh. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit agus don tionscal a bheith in ann an rogha is oiriúnaí ar a gcríoch a roghnú, a bhféadfadh fo-iarmhairtí dearfacha a bheith aici ar an ngeilleagar ina iomláine.

Ba cheart na huasteorainneacha le haghaidh bithbhreoslaí traidisiúnta agus bunábhair in Iarscríbhinn IX b a dhíothú ionas go bhféadfar a oiread bunábhair agus roghanna a bheith ann. Ba cheart go mbeadh an t-aon teorainn ar bhreoslaí agus ar gháis bunaithe ar na critéir inbhuanaitheachta mar a leagtar amach in Airteagal 29 de REDII iad.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) Leis an aistriú sin, déantar difear do Bhallstáit, réigiúin, earnálacha eacnamaíocha agus saoránaigh ar bhealaí éagsúla agus ag brath ar a staid ar leith. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, a áirithiú go gcuirfear an Comhaontú Glas chun feidhme ar bhealach lena gcuirfear comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach chun cinn in AE agus go mbeidh an t-aistriú cóir agus cuimsitheach. Go háirithe, ní mór a áirithiú go seachnófar suaitheadh in earnálacha ríthábhachtacha a chomhlíonann bunriachtanais an gheilleagair agus na sochaí, amhail an tsoghluaisteacht.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1b) Is toisc bhunriachtanach táirgeachta é an fuinneamh a bhfuil éileamh leanúnach air agus atá ríthábhachtach ó thaobh an gheilleagair, na sochaí agus an chomhshaoil de. Braitheann gach gníomhaíocht dhaonna, lena n-áirítear iompar, ar fhuinneamh leordhóthanach agus inacmhainne a bheith ar fáil nuair is gá.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1c) Tá sé mar aidhm leis an Treoir seo a áirithiú, mar chuid de bheartas fuinnimh AE, go spreagfar infheistíochtaí i dtáirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus ceannasacht fuinnimh gach Ballstáit á caomhnú ag an am céanna.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1d) Tá an Treoir maidir le fuinneamh in-athnuaite mar chuid de phacáiste 'Oiriúnach do 55', pacáiste a mbeidh éifeachtaí iomadúla aige ar an Aontas freisin, lena n-áirítear ar iomaíochas, ar chruthú post, ar chumhacht ceannaigh teaghlaigh, ar spriocanna aeráide a bhaint amach agus ar mhéid an sceite carbóin. Dá bhrí sin, ba cheart meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh*** |

***ar bhonn rialta ar thionchar maicreacnamaíoch comhiomlán na Rialachán atá sa phacáiste 'Oiriúnach do 55'.***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Ní féidir córas fuinnimh an Aontais a chlaochlú i dtreo fuinneamh in-athnuaite trí bhíthin foinsí inmheánacha amháin. Is gá straitéis leathan maidir le leictreachas in-athnuaite, hidrigin in-athnuaite agus fuinneamh ísealcharbóin a allmhairiú ón oiread réigiúin is féidir agus atá oiriúnach go nádúrtha, agus chun spleáchas iontaise a laghdú.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) ***Tá méadú ag teacht ar an aitheantas gur gá beartais bhithfhuinnimh a ailíniú le prionsabal úsáid chascáideach na bithmhaise[11], d'fhonn rochtain chothrom ar mhargadh na n-amhábhar bithmhaise a áirithiú chun réitigh bhithbhunaithe nuálacha, ard-bhreisluacha agus bithgheilleagar inbhuanaithe ciorclach a fhorbairt.*** Agus scéimeanna tacaíochta bithfhuinnimh á bhforbairt, ba cheart do Bhallstáit an soláthar bithmhaise inbhuanaithe atá ar fáil le haghaidh úsáidí fuinnimh agus neamhfhuinnimh agus neartú na linnte carbóin foraoise náisiúnta agus na n-éiceachóras a chur san áireamh chomh maith le prionsabail an gheilleagair | (4) Agus scéimeanna tacaíochta bithfhuinnimh á bhforbairt, ba cheart do Bhallstáit an soláthar bithmhaise inbhuanaithe atá ar fáil le haghaidh úsáidí fuinnimh agus neamhfhuinnimh agus neartú na linnte carbóin foraoise náisiúnta agus na n-éiceachóras a chur san áireamh chomh maith le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus prionsabal úsáid chascáideach na bithmhaise, agus ord na réiteach dramhaíola a bhunaítear i dTreoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12]. Ba cheart do na Ballstáit féachaint chuige nach gcruthófaí scéimeanna tacaíochta a thiocfadh salach ar spriocanna maidir le dramhaíl a chóireáil agus a d'fhágfadh go |

chiorclaigh agus prionsabal úsáid chascáideach na bithmhaise, agus ord na réiteach dramhaíola a bhunaítear i dTreoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] . ***Chuige sin, níor cheart dóibh aon tacaíocht a thabhairt do ghiniúint fuinnimh ó lomáin sábhadóireachta, lomáin veinír, stumpaí agus fréamhacha agus ba cheart dóibh cur chun cinn úsáid na lomán cruinn ardchaighdeáin le haghaidh fuinnimh a sheachaint seachas i gcúinsí dea-shainithe. I gcomhréir le prionsabal na húsáide cascáidí, ba cheart bithmhais adhmaid a úsáid de réir an bhreisluacha eacnamaíoch agus comhshaoil is airde atá aici san ord tosaíochtaí seo a leanas: 1) táirgí atá bunaithe ar adhmad, 2) síneadh a chur leis na blianta seirbhíse atá iontu, 3) athúsáid, 4) athchúrsáil, 5) bithfhuinneamh agus 6) diúscairt. I gcás nach bhfuil úsáid ar bith eile le haghaidh bithmhais adhmaid inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de nó iomchuí ó thaobh an chomhshaoil de, is cuidiú aisghabháil fuinnimh chun giniúint fuinnimh ó fhoinsí neamh-inathnuaite a laghdú. Ba cheart, mar sin, scéimeanna tacaíochta Ballstát le haghaidh bithfhuinnimh a dhíriú ar amhábhair den sórt sin nach bhfuil mórán iomaíocht mhargaidh lena n-aghaidh leis na hearnálacha ábhair, agus ar rud dearfach don aeráid agus don bhithéagsúlacht araon a bhfoinsiú, chun dreasachtaí diúltacha le haghaidh conairí bithfhuinnimh neamh-inbhuanaithe a sheachaint, mar a shainaithnítear i dtuarascáil JRC 'The use of woody biomass for energy production in the EU' [Bithmhais adhmaid a úsáid le haghaidh táirgeadh fuinnimh san Aontas Eorpach][13]. Os a choinne sin, agus impleachtaí breise phrionsabal na húsáide cascáidí á sainiú, is gá na sainiúlachtaí náisiúnta a aithint atá mar threoir do na Ballstáit agus a scéimeanna tacaíochta á ndearadh acu. Ba cheart tús áite a thabhairt do dhramhaíl a chosc, a*** mbeadh úsáid neamhéifeachtach á baint as dramhaíl in-athchúrsáilte. Thairis sin, chun úsáid níos éifeachtúla bithfhuinnimh a áirithiú, ó 2026 ar aghaidh níor cheart do Bhallstáit tacaíocht a thabhairt a thuilleadh do ghléasraí leictreachais amháin, ach amháin má tá na suiteálacha i réigiúin a bhfuil stádas sonrach acu a mhéid a bhaineann leis an aistriú atá ar bun acu ó bhreoslaí iontaise nó má úsáideann na suiteálacha gabháil agus stóráil carbóin. ***Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit prionsabal na húsáide cascáidí a léiriú ina reachtaíocht náisiúnta.***

***athúsáid agus a athchúrsáil.*** Ba cheart do na Ballstáit féachaint chuige nach gcruthófaí scéimeanna tacaíochta a thiocfadh salach ar spriocanna maidir le dramhaíl a chóireáil agus a d'fhágfadh go mbeadh úsáid neamhéifeachtach á baint as dramhaíl in-athchúrsáilte. Thairis sin, chun úsáid níos éifeachtúla bithfhuinnimh a áirithiú, ó 2026 ar aghaidh níor cheart do Bhallstáit tacaíocht a thabhairt a thuilleadh do ghléasraí leictreachais amháin, ach amháin má tá na suiteálacha i réigiúin a bhfuil stádas sonrach acu a mhéid a bhaineann leis an aistriú atá ar bun acu ó bhreoslaí iontaise nó má úsáideann na suiteálacha gabháil agus stóráil carbóin.

___

***[11] Is é is aidhm do phrionsabal na húsáide cascáidí éifeachtúlacht acmhainne úsáid bithmhaise a bhaint amach trí thús áite a thabhairt d'úsáid ábhar bithmhaise thar úsáid fuinnimh pé uair is féidir, rud a mhéadódh méid na bithmhaise atá ar fáil laistigh den chóras. I gcomhréir le prionsabal na húsáide cascáidí, ba cheart bithmhais adhmaid a úsáid de réir an bhreisluacha eacnamaíoch agus comhshaoil is airde atá aici san ord tosaíochtaí seo a leanas: 1) táirgí atá bunaithe ar adhmad, 2) síneadh a chur leis na blianta seirbhíse atá iontu, 3) athúsáid, 4) athchúrsáil, 5) bithfhuinneamh agus 6) diúscairt.***

[12] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe, (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

***[13] https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC122719***

___

[12] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe, (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Is féidir úsáid a bhaint as fás tapa agus as iomaíochas costais méadaitheach i dtáirgeadh leictreachais in-athnuaite chun sciar méadaitheach den éileamh ar fhuinneamh a chomhlíonadh, mar shampla teaschaidéil a úsáid le haghaidh téamh spáis nó próisis thionsclaíocha ísealteochta, feithiclí leictreacha a úsáid le haghaidh iompair, nó foirnéisí leictreacha a úsáid i dtionscail áirithe. Is féidir leictreachas in-athnuaite a úsáid freisin chun breoslaí sintéiseacha a tháirgeadh ***i gcomhair tomhaltais in earnálacha iompair ar deacair iad a dhícharbónú amhail eitlíocht agus iompar muirí***. Ní mór do chreat leictriúcháin comhordú láidir agus éifeachtúil a chumasú agus sásraí margaidh a leathnú chun soláthar agus éileamh a mheaitseáil de réir spáis agus ama, infheistíochtaí i seirbhísí solúbthachta a spreagadh, agus cuidiú le sciartha móra de ghiniúint athraitheach fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú. Ba cheart do Bhallstáit a áirithiú, mar sin, go leanfar den mhéadú ar úsáid leictreachais in-athnuaite ar luas atá leormhaith chun freastal ar an méadú san éileamh. Chuige sin, ba cheart do Bhallstáit creat a bhunú lena n-áirítear sásraí atá comhoiriúnach don mhargadh chun dul i ngleic le bacainní atá fós ann chun go mbeidh córais leictreachais shlána agus leormhaithe acu a bheidh oiriúnach le haghaidh ardleibhéal fuinnimh in-athnuaite, chomh maith le saoráidí stórála a bheidh ina ndlúthchuid den chóras leictreachais. Leis an gcreat seo, rachfar i ngleic, go háirithe, le bacainní atá fós ann, lena n-áirítear bacainní neamhairgeadais mar shampla acmhainní digiteacha agus daonna údarás nach leor iad chun an líon méadaitheach iarratais cheadaithe a phróiseáil. | (5) Is féidir úsáid a bhaint as fás tapa agus as iomaíochas costais méadaitheach i dtáirgeadh leictreachais in-athnuaite chun sciar méadaitheach den éileamh ar fhuinneamh a chomhlíonadh, mar shampla teaschaidéil a úsáid le haghaidh téamh spáis nó próisis thionsclaíocha ísealteochta, feithiclí leictreacha a úsáid le haghaidh iompair, nó foirnéisí leictreacha a úsáid i dtionscail áirithe. Is féidir leictreachas in-athnuaite a úsáid freisin chun breoslaí sintéiseacha a tháirgeadh. Ní mór do chreat leictriúcháin comhordú láidir agus éifeachtúil a chumasú agus sásraí margaidh a leathnú chun soláthar agus éileamh a mheaitseáil de réir spáis agus ama, infheistíochtaí i seirbhísí solúbthachta a spreagadh, agus cuidiú le sciartha móra de ghiniúint athraitheach fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú. Ba cheart do Bhallstáit a áirithiú, mar sin, go leanfar den mhéadú ar úsáid leictreachais in-athnuaite ar luas atá leormhaith chun freastal ar an méadú san éileamh. Chuige sin, ba cheart do Bhallstáit creat a bhunú lena n-áirítear sásraí atá comhoiriúnach don mhargadh chun dul i ngleic le bacainní atá fós ann chun go mbeidh córais leictreachais shlána agus leormhaithe acu a bheidh oiriúnach le haghaidh ardleibhéal fuinnimh in-athnuaite, chomh maith le saoráidí stórála a bheidh ina ndlúthchuid den chóras leictreachais. Leis an gcreat seo, rachfar i ngleic, go háirithe, le bacainní atá fós ann, lena n-áirítear bacainní neamhairgeadais mar shampla acmhainní digiteacha agus daonna údarás nach leor iad chun líon méadaitheach iarratais cheadaithe a phróiseáil. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) D'fhéadfadh aistrithe staidreamhacha, scéimeanna tacaíochta nó tionscadail chomhpháirteacha a bheith i gceist le comhar na mBallstát chun fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn. Fágann sé gur féidir fuinneamh in-athnuaite a úsáid ar bhealach costéifeachtúil ar fud na hEorpa agus cuireann sé le comhtháthú margaidh. In ainneoin na bhféidearthachtaí a bhaineann leis, ní raibh ach comhar an-teoranta ann, agus dá bhrí sin baineadh torthaí fo-optamacha amach i dtéarmaí éifeachtúlacht chun fuinneamh in-athnuaite a mhéadú. Ba cheart, mar sin, go mbeadh oibleagáid ar Bhallstáit ***comhar a thástáil trí thionscadal píolótach a chur chun feidhme***. Tionscadail ***atá maoinithe ag rannchuidithe náisiúnta faoi shásra maoiniúcháin an*** Aontais ***don fhuinneamh in-athnuaite arna bhunú ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún***[14]***, chomhlíonfaidís an oibleagáid sin ar son na mBallstát lena mbaineann***. | (7) D'fhéadfadh aistrithe staidreamhacha, scéimeanna tacaíochta nó tionscadail chomhpháirteacha a bheith i gceist le comhar na mBallstát chun fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn. Fágann sé gur féidir fuinneamh in-athnuaite a úsáid ar bhealach costéifeachtúil ar fud na hEorpa agus cuireann sé le comhtháthú margaidh. In ainneoin na bhféidearthachtaí a bhaineann leis, ní raibh ach comhar an-teoranta ann, agus dá bhrí sin baineadh torthaí fo-optamacha amach i dtéarmaí éifeachtúlachta chun fuinneamh in-athnuaite a mhéadú ***agus tairbhí sa bhreis a shaothrú ó bharainneacht scála***. Ba cheart, mar sin, go mbeadh oibleagáid ar Bhallstáit ***liosta de thionscadail chomhpháirteacha a thíolacadh go dtí 2024 ina leagfaidh siad amach na tionscadail chomhpháirteacha a mbeidh siad ag gabháil dóibh go dtí 2035***. ***Ó 2028 ar aghaidh, níor cheart don*** Aontas ***ach tacú le tionscadail chomhpháirteacha***. |

***[14] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2020 maidir le sásra maoiniúcháin an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite (IO L 303, 17.9.2020, lch. 1).***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Tugtar isteach leis an Straitéis um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón | (8) Tugtar isteach leis an Straitéis um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón |

| | |
|---|---|
| gCósta cuspóir uaillmhianach 300 GW d'fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus 40 GW d'fhuinneamh aigéin thar imchuacha farraige uile an Aontais a bhaint amach faoi 2050. Chun an mórathrú sin a áirithiú, ní mór do Bhallstáit oibriú lena chéile thar theorainneacha ar leibhéal imchuach na farraige. Mar sin, ba cheart do Bhallstáit méid na giniúna in-athnuaite amach ón gcósta a úsáidfear laistigh de gach imchuach farraige faoi 2050 a shainiú go comhpháirteach, le céimeanna idirmheánacha in 2030 agus in 2040. Ba cheart na cuspóirí sin a léiriú sna pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe a chuirfear isteach in 2023 agus in 2024 de bhun Rialachán (AE) 2018/1999. Agus an méid á shainiú, ba cheart do Bhallstáit acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta gach imchuach farraige, cosaint an chomhshaoil, oiriúnú aeráide agus úsáidí eile na farraige a chur san áireamh, chomh maith le spriocanna dícharbónaithe an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart do Bhallstáit ***níos mó breithnithe a dhéanamh ar an bhféidearthacht*** giniúint fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a chomhcheangal le línte tarchuir a dhéanfadh roinnt Ballstát a idirnascadh, i bhfoirm tionscadail hibrideacha nó, níos déanaí, in eangach níos comhcheangailte. ***D'fhágfadh*** sé sin go ***bhféadfadh*** leictreachas sreabhadh i dtreonna difriúla, rud a dhéanfadh uasmhéadú ar leas socheacnamaíoch, a dhéanfadh optamú ar chaiteachas bonneagair agus a chumasódh úsáid níos inbhuanaithe den fharraige. | gCósta cuspóir uaillmhianach 300 GW d'fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus 40 GW d'fhuinneamh aigéin thar imchuacha farraige uile an Aontais a bhaint amach faoi 2050. Chun an mórathrú sin a áirithiú, ní mór do Bhallstáit oibriú lena chéile thar theorainneacha ar leibhéal imchuach na farraige. Mar sin, ba cheart do Bhallstáit méid na giniúna in-athnuaite amach ón gcósta a úsáidfear ***i gcomhréir le pleanáil spásúil mhuirí*** laistigh de gach imchuach farraige faoi 2050 a shainiú go comhpháirteach, le céimeanna idirmheánacha in 2030 agus in 2040***. I gcás nach bhfuil na céimeanna idirmheánacha i gcomhréir le cuspóirí 2030, 2040 agus 2050, ba cheart don Choimisiún bearta breise a dhéanamh chun leathadh amach an fhuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a éascú***. Ba cheart na cuspóirí sin a léiriú sna pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe a chuirfear isteach in 2023 agus in 2024 de bhun Rialachán (AE) 2018/1999. Agus an méid á shainiú, ba cheart do Bhallstáit acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta gach imchuach farraige, cosaint an chomhshaoil, oiriúnú aeráide agus úsáidí eile na farraige a chur san áireamh, chomh maith le spriocanna dícharbónaithe an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart ***é a bheith d'oibleagáid ar na*** Ballstáit giniúint fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta ***a*** chomhcheangal le línte tarchuir a dhéanfadh roinnt Ballstát a idirnascadh, i bhfoirm tionscadail hibrideacha nó, níos déanaí, in eangach níos comhcheangailte. ***Fágfaidh*** sé sin go ***bhféadfaidh*** leictreachas sreabhadh i dtreonna difriúla, rud a dhéanfadh uasmhéadú ar leas socheacnamaíoch, a dhéanfadh optamú ar chaiteachas bonneagair agus a chumasódh úsáid níos inbhuanaithe den fharraige. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Tá acmhainneacht mhór neamhshaothraithe i bhfoirgnimh cur go héifeachtach le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas. Beidh gá le dícharbónú ar théamh agus ar fhuarú san earnáil seo trí sciar méadaithe i dtáirgeadh agus in úsáid fuinnimh in-athnuaite chun an uaillmhian a leagtar amach sa Phlean um Sprioc Aeráide a chomhlíonadh agus chun cuspóir aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach. Níl aon dul chun cinn in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh le haghaidh téimh agus fuaraithe le 10 mbliana anuas, agus tá sé ag brath go mór ar úsáid mhéadaithe bithmhaise. Mura mbunaítear spriocanna chun táirgeadh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú i bhfoirgnimh, ní bheifear in ann dul chun cinn a rianú agus scrogaill a shainaithint i nglacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh. Thairis sin, tabharfaidh cruthú spriocanna comhartha fadtéarmach d’infheisteoirí, lena n-áirítear don tréimhse díreach i ndiaidh 2030. Déanfaidh sé sin comhlánú ar oibleagáidí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh. Mar sin, ba cheart spriocanna táscacha i dtaobh úsáid fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh a shocrú chun treorú agus dreasú a dhéanamh ar iarrachtaí Ballstát leas a bhaint as an bhféidearthacht fuinneamh in-athnuaite a úsáid agus a tháirgeadh i bhfoirgnimh, agus forbairt agus comhtháthú teicneolaíochtaí a tháirgeann fuinneamh in-athnuaite a spreagadh agus ag an am céanna cinnteacht a thabhairt d’infheisteoirí agus rannpháirtíocht a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil. | (11) Tá acmhainneacht mhór neamhshaothraithe i bhfoirgnimh cur go héifeachtach le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas. Beidh gá le dícharbónú ar théamh agus ar fhuarú san earnáil seo trí sciar méadaithe i dtáirgeadh agus in úsáid fuinnimh in-athnuaite chun an uaillmhian a leagtar amach sa Phlean um Sprioc Aeráide a chomhlíonadh agus chun cuspóir aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach. Ní dhearnadh aon dul chun cinn in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh le haghaidh téimh agus fuaraithe le 10 mbliana anuas, agus bhraith sé go mór ar úsáid mhéadaithe bithmhaise. Mura mbunaítear spriocanna chun táirgeadh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú i bhfoirgnimh, ní bheifear in ann dul chun cinn a rianú agus scrogaill a shainaithint i nglacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh. Thairis sin, tabharfaidh cruthú spriocanna comhartha fadtéarmach d’infheisteoirí, lena n-áirítear don tréimhse díreach i ndiaidh 2030. Déanfaidh sé sin comhlánú ar oibleagáidí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh. Mar sin, ba cheart spriocanna táscacha i dtaobh úsáid fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh a shocrú chun treorú agus dreasú a dhéanamh ar iarrachtaí Ballstát leas a bhaint as an bhféidearthacht fuinneamh in-athnuaite a úsáid agus a tháirgeadh i bhfoirgnimh, agus forbairt agus comhtháthú teicneolaíochtaí a tháirgeann fuinneamh in-athnuaite a spreagadh agus ag an am céanna cinnteacht a thabhairt d’infheisteoirí agus rannpháirtíocht a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil***, agus aois, ailtireacht agus bail éagsúil stoc foirgneamh gach Ballstáit á gcur san áireamh***. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Chun seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin ó chomhbhailiú na sócmhainní stórála dáilte a fhorbairt ar bhealach iomaíoch, ba cheart rochtain fhíor-ama ar fhaisnéis bhunúsach faoi cheallraí, mar shampla staid sláinte, staid luchtaithe, toilleadh agus pointe socraithe cumhachta, a sholáthar faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha agus saor in aisce d'úinéirí ***nó d'úsáideorí*** na gceallraí ***agus do na heintitis atá ag gníomhú thar a gceann, mar shampla bainisteoirí córais fuinnimh i bhfoirgnimh, soláthraithe seirbhísí soghluaisteachta agus rannpháirtithe eile sa mhargadh leictreachais***. ***Is iomchuí, mar sin***, bearta ***áirithe a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar an ngá le rochtain ar shonraí den sórt sin chun éascú*** a dhéanamh ar oibríochtaí ceallraí tí agus feithiclí leictreacha a bhaineann le comhtháthú, ***ar bearta iad a chomhlánóidh na forálacha a bhaineann le rochtain ar shonraí ceallraí maidir le hathrú cuspóra ceallraí a éascú sa [Rialachán atá beartaithe maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020].*** Ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha maidir le rochtain ar shonraí ceallraí feithiclí leictreacha chomh maith le haon fhoráil a leagtar síos i ndlí an Aontais maidir le cineálcheadú feithiclí. | (16) Chun seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin ó chomhbhailiú na sócmhainní stórála dáilte a fhorbairt ar bhealach iomaíoch, ba cheart rochtain fhíor-ama ar fhaisnéis bhunúsach faoi cheallraí, mar shampla staid sláinte, staid luchtaithe, toilleadh agus pointe socraithe cumhachta, a sholáthar faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha agus saor in aisce d'úinéirí nó d'úsáideorí na gceallraí, ***i gcomhréir iomlán leis na forálacha ábhartha i Rialachán [(AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin]***. ***Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún measúnú*** a dhéanamh ***chun a chinneadh cé na*** bearta a d'éascódh oibríochtaí ceallraí tí agus feithiclí leictreacha a bhaineann le comhtháthú. Ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha maidir le rochtain ar shonraí ceallraí feithiclí leictreacha chomh maith le haon fhoráil a leagtar síos i ndlí an Aontais maidir le cineálcheadú feithiclí. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Toisc go bhfuil an líon feithiclí leictreacha ar bóthar, ar iarnród, ar muir agus i modhanna eile iompair ag méadú, beidh gá le hoibríochtaí athluchtaithe a bharrfheabhsú agus a bhainistiú ar bhealach nach gcruthóidh plódú agus lena mbainfear an leas is mó is féidir as infhaighteacht leictreachais in-athnuaite agus praghsanna ísle leictreachais sa chóras. I gcásanna ina dtabharfadh luchtú déthreoch cúnamh do fhlíteanna feithiclí leictreacha dul i bhfód breise a dhéanamh ó thaobh leictreachas in-athnuaite de in earnáil an iompair agus sa chóras leictreachais i gcoitinne, ba cheart go gcuirfí feidhmiúlacht den sórt sin ar fáil freisin. I bhfianaise shaolré fhada pointí athluchtaithe, ba cheart ceanglais a bhaineann le bonneagar luchtaithe a choimeád cothrom le dáta ar bhealach a d'fhreastalódh ar riachtanais a bheidh ann amach anseo agus ar bhealach nach mbeadh éifeachtaí glasála diúltacha aige ar fhorbairt teicneolaíochta agus seirbhísí. | (17) Toisc go bhfuil an líon feithiclí leictreacha ar bóthar, ar iarnród, ar muir agus i modhanna eile iompair ag méadú, beidh gá le hoibríochtaí athluchtaithe a bharrfheabhsú agus a bhainistiú ar bhealach nach gcruthóidh plódú agus lena mbainfear an leas is mó is féidir as infhaighteacht leictreachais in-athnuaite agus praghsanna ísle leictreachais sa chóras. I gcásanna ina dtabharfadh luchtú ***cliste agus*** déthreoch cúnamh do fhlíteanna feithiclí leictreacha dul i bhfód ***éifeachtúil*** breise a dhéanamh ó thaobh leictreachas in-athnuaite de in earnáil an iompair agus sa chóras leictreachais i gcoitinne, ba cheart go gcuirfí feidhmiúlacht den sórt sin ar fáil freisin. I bhfianaise shaolré fhada pointí athluchtaithe, ba cheart ceanglais a bhaineann le bonneagar luchtaithe a choimeád cothrom le dáta ar bhealach a d'fhreastalódh ar riachtanais a bheidh ann amach anseo agus ar bhealach nach mbeadh éifeachtaí glasála diúltacha aige ar fhorbairt teicneolaíochta agus seirbhísí. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Ba cheart é a bheith de cheart ag úsáideoirí feithiclí leictreacha a dhéanann comhaontuithe conarthacha le soláthraithe seirbhísí leictrea-shoghluaisteachta agus le rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais faisnéis agus míniúcháin a fháil ar an difear a dhéanfaidh téarmaí an chomhaontaithe d'úsáid a bhfeithicle agus do staid sláinte an cheallra. Ba cheart ***go dtabharfadh soláthraithe seirbhísí leictrea-shoghluaisteachta agus rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais míniú*** soiléir d'úsáideoirí feithiclí leictreacha faoin | (18) Ba cheart é a bheith de cheart ag úsáideoirí feithiclí leictreacha a dhéanann comhaontuithe conarthacha le soláthraithe seirbhísí leictrea-shoghluaisteachta agus le rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais faisnéis agus míniúcháin a fháil ar an difear a dhéanfaidh téarmaí an chomhaontaithe d'úsáid a bhfeithicle agus do staid sláinte an cheallra. Ba cheart ***d'oibreoirí eangaí tarchurtha agus/nó d'oibreoirí eangaí dáileacháin a mhíniú*** go soiléir d'úsáideoirí feithiclí leictreacha faoin dóigh a n-íocfar iad as an tsolúbthacht ***agus*** |

dóigh a n-íocfar iad as na seirbhísí solúbthachta, cothromúcháin agus stórála a sholáthrófar don chóras leictreachais agus don mhargadh leictreachais a bhuí le húsáid a bhfeithicle leictrí. Is gá freisin cearta tomhaltóirí úsáideoirí feithiclí leictreacha a chosaint nuair a dhéanann siad comhaontuithe den sórt sin, go háirithe maidir le cosaint a sonraí pearsanta, mar shampla suíomh agus nósanna tiomána, i dtaca le húsáid a bhfeithicle. Féadfaidh rogha úsáideoirí feithiclí leictreacha maidir leis an gcineál leictreachais a cheannaítear le húsáid ina bhfeithicil leictreach, chomh maith le roghanna eile, a bheith san áireamh i gcomhaontuithe den sórt sin. ***Ar na cúiseanna thuasluaite,*** tá sé ***tábhachtach go mbeadh úsáideoirí feithiclí leictreacha in ann a síntiús a úsáid ag pointí*** athluchtaithe ***éagsúla***. ***Fágfaidh sé sin, freisin, go mbeidh céadrogha soláthraí seirbhíse an úsáideora feithicle leictrí in ann an fheithicil leictreach a chomhtháthú go barrmhaith sa chóras leictreachais, trí phleanáil intuartha agus trí dhreasachtaí atá bunaithe ar roghanna úsáideoir na feithicle leictrí. Tá sé seo i gcomhréir freisin le prionsabail córais fuinnimh atá dírithe ar thomhaltóirí agus atá bunaithe ar tháirgeoir is tomhaltóir, agus leis an gceart chun rogha soláthróra atá ag úsáideoirí feithiclí leictreacha mar chustaiméirí deiridh de réir fhorálacha Threoir (AE) 2019/944.***

***faoin dóigh a n-úsáidfear a gcuid sonraí comhiomlánaithe le haghaidh*** seirbhísí cothromúcháin agus stórála a sholáthrófar don chóras leictreachais agus don mhargadh leictreachais a bhuí le húsáid a bhfeithicle leictrí. Is gá freisin cearta tomhaltóirí úsáideoirí feithiclí leictreacha a chosaint nuair a dhéanann siad comhaontuithe den sórt sin, go háirithe maidir le cosaint a ***bpríobháideachta*** agus sonraí pearsanta, mar shampla suíomh agus nósanna tiomána, i dtaca le húsáid a bhfeithicle. Féadfaidh rogha úsáideoirí feithiclí leictreacha maidir leis an gcineál leictreachais a cheannaítear le húsáid ina bhfeithicil leictreach, chomh maith le roghanna eile, a bheith san áireamh i gcomhaontuithe den sórt sin. Tá sé bunriachtanach ***go mbeidh úsáid stáisiún*** athluchtaithe ***a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu ar oscailt do gach úsáideoir, beag beann ar bhranda an ghluaisteáin ná ar an gcineál nascóra, bíodh siad ina gcuid de scéim íocaíochta conradhbhunaithe nó ná bíodh agus go nglacfaidh siad le cártaí íocaíochta a úsáidtear go forleathan san Aontas***.

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) D'fhéadfadh sócmhainní stórála dáilte, ***mar shampla*** ceallraí tí agus ceallraí feithiclí leictreacha, go leor seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin a chur ar fáil don eangach trí chomhbhailiú. Chun | (19) D'fhéadfadh ***acmhainní díláraithe fuinnimh amhail giniúint in-athnuaite dáilte, freagairt don éileamh, gléasanna cliste téimh agus fuaraithe, umair uisce the, stóráil fuinnimh theirmigh***, |

| | |
|---|---|
| forbairt seirbhísí den sórt sin a éascú, ba cheart na forálacha rialála a bhaineann le nascadh agus oibriú na sócmhainní ***stórála***, ***mar shampla*** taraifí, amanna gealltanais agus sonraíochtaí nasctha, a dhearadh ar bhealach nach gcuireann isteach ar acmhainneacht na sócmhainní ***stórála*** go léir, lena n-áirítear cinn bheaga agus soghluaiste, chun seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin a chur ar fáil don chóras agus chun cur le dul i bhfód breise ***leictreachas*** in-athnuaite, i gcomparáid le sócmhainní ***stórála do-aistrithe*** níos mó. | sócmhainní stórála dáilte, ***amhail*** ceallraí tí agus ceallraí feithiclí leictreacha, go leor seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin a chur ar fáil don eangach ***agus don chóras fuinnimh*** trí chomhbhailiú. Chun forbairt ***gléasanna agus*** seirbhísí ***gaolmhara*** den sórt sin a éascú, ba cheart na forálacha rialála a bhaineann le nascadh agus oibriú na sócmhainní ***acmhainní fuinnimh diláraithe***, ***amhail*** taraifí, amanna gealltanais agus sonraíochtaí nasctha, a dhearadh ar bhealach nach gcuireann isteach ar acmhainneacht na sócmhainní ***sin*** go léir, lena n-áirítear cinn bheaga agus soghluaiste, chun seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin a chur ar fáil don chóras agus chun cur le dul i bhfód breise ***fuinnimh*** in-athnuaite, ***go háirithe*** i gcomparáid le sócmhainní níos mó. ***Ba cheart go gcuirfeadh na Ballstáit cothroime iomaíochta ar fáil do ghníomhaithe margaidh beaga, go háirithe comhphobail fuinnimh in-athnuaite, ionas go mbeidh siad in ann a bheith rannpháirteach sa mhargadh gan ualach díréireach riaracháin nó rialála a bheith orthu.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Is féidir breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a úsáid chun críoch fuinnimh, ach is féidir iad a úsáid freisin chun críoch neamhfhuinnimh mar bhunábhar nó mar amhábhar i dtionscail amhail cruach nó ceimiceáin. Le húsáid breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch chun an dá chríoch, baintear lánleas astu chun cur in ionad breoslaí iontaise a úsáid mar bhunábhar agus chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú in earnáil na tionsclaíochta agus ba cheart, mar sin, iad a | (22) Is féidir breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a úsáid chun críoch fuinnimh, ach is féidir iad a úsáid freisin chun críoch neamhfhuinnimh mar bhunábhar nó mar amhábhar i dtionscail amhail cruach nó ceimiceáin. Le húsáid breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch chun an dá chríoch, baintear lánleas astu chun cur in ionad breoslaí iontaise a úsáidtear mar bhunábhar agus chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú in earnáil na tionsclaíochta agus ba cheart, mar sin, iad a |

| | |
|---|---|
| chur san áireamh i sprioc a bhaineann le húsáid breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch. ***Níor cheart go mbeadh de thoradh ar bhearta náisiúnta a thacaíonn le glacadh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch in earnáil na tionsclaíochta glanmhéadú ar thruailliú mar gheall ar éileamh méadaithe ar ghiniúint leictreachais a shásaítear leis na breoslaí iontaise is mó a dhéanann truailliú, amhail gual, díosal, lignít, ola, móin agus scealla ola.*** | chur san áireamh i sprioc a bhaineann le húsáid breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Is féidir le húsáid breoslaí in-athnuaite agus leictreachas in-athnuaite in earnáil an iompair cur le dícharbónú earnáil iompair an Aontais ar bhealach costéifeachtach, agus feabhas a chur éagsúlú fuinnimh san earnáil sin, i measc rudaí eile, agus san am céanna, nuálaíocht, fás agus fostaíocht a chur chun cinn i ngeilleagar an Aontais agus an spleáchas ar allmhairí fuinnimh a laghdú. D’fhonn an sprioc mhéadaithe le haghaidh laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa atá sainithe ag an Aontas a bhaint amach, ba cheart an leibhéal fuinnimh in-athnuaite a sholáthraítear do gach modh iompair san Aontas a mhéadú. Tríd an sprioc iompair a léiriú mar sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, spreagfaí úsáid mhéadaithe na mbreoslaí is costéifeachtaí agus is fearr ó thaobh feidhmiúlachta de, i dtéarmaí gás ceaptha teasa a laghdú, in earnáil an iompair. Ina theannta sin, le sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, spreagfaí nuálaíocht agus leagfaí amach tagarmharc soiléir chun comparáid a dhéanamh idir cineálacha breoslaí agus leictreachas in-athnuaite, | (29) Is féidir le húsáid breoslaí in-athnuaite agus leictreachas in-athnuaite in earnáil an iompair cur le dícharbónú earnáil iompair an Aontais ar bhealach costéifeachtach, agus feabhas a chur éagsúlú fuinnimh san earnáil sin, i measc rudaí eile, agus san am céanna, nuálaíocht, fás agus fostaíocht a chur chun cinn i ngeilleagar an Aontais agus an spleáchas ar allmhairí fuinnimh a laghdú. ***Ba cheart go ráthófaí le haon agus gach uaillmhian comhshaoil agus laghdú ar CO2 go seasfaidh an beartas iompair an aimsir agus go gcuirfear athléimneacht, éifeachtúlacht agus iomaíochas chun cinn san earnáil.*** D’fhonn an sprioc mhéadaithe le haghaidh laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa atá sainithe ag an Aontas a bhaint amach, ba cheart an leibhéal fuinnimh in-athnuaite a sholáthraítear do gach modh iompair san Aontas a mhéadú. Tríd an sprioc iompair a léiriú mar sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, spreagfaí úsáid mhéadaithe na mbreoslaí is costéifeachtaí agus is fearr ó thaobh feidhmiúlachta de, i dtéarmaí gás ceaptha teasa a laghdú, in |

| | |
|---|---|
| bunaithe ar dhéine a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa. ***Sa bhreis air sin, trí leibhéal na sprice fuinneamh-bhunaithe ar bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus ar bhithghás a mhéadú, agus trí sprioc le haghaidh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a thabhairt isteach, d'áiritheofaí úsáid mhéadaithe breoslaí in-athnuaite chomh maith leis an tionchar comhshaoil is lú i modhanna iompair ar deacair iad a leictriú.*** Ba cheart a áirithiú go mbainfí amach na spriocanna sin trí oibleagáidí ar sholáthróirí breoslaí chomh maith le bearta eile a áirítear i [Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar - FuelEU Maritime agus Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú don aeriompar inbhuanaithe]. Níor cheart oibleagáidí tiomnaithe a leagan síos ar sholáthróirí breoslaí eitlíochta ach amháin de bhun [Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú don aeriompar inbhuanaithe]. | earnáil an iompair. ***Féadfaidh na Ballstáit a roghnú an sprioc GCT a bhaint amach trí bhíthin bearta lena ndírítear ar mhéideanna, ar chion fuinnimh nó ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, ar choinníoll go léirítear go bhfuil an laghdú ar dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa agus na fospriocanna á gcomhlíonadh.*** Ina theannta sin, le sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, spreagfaí nuálaíocht agus leagfaí amach tagarmharc soiléir chun comparáid a dhéanamh idir cineálacha breoslaí agus leictreachas in-athnuaite, bunaithe ar dhéine a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa. Ba cheart a áirithiú go mbainfí amach na spriocanna sin trí oibleagáidí ar sholáthróirí breoslaí chomh maith le bearta eile a áirítear i [Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar – FuelEU Maritime agus Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú don aeriompar inbhuanaithe]. Níor cheart oibleagáidí tiomnaithe a leagan síos ar sholáthróirí breoslaí eitlíochta ach amháin de bhun [Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú don aeriompar inbhuanaithe]. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 29 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(29a) Léirigh paindéim COVID-19 an tábhacht straitéiseach a bhaineann le hearnáil an iompair. Ba dhea-chleachtas é na lánaí glasa a chur chun feidhme, a rinneadh slabhraí soláthair slána do sheirbhísí cúraim sláinte agus éigeandála, soláthar riachtanach bia agus táirgí cógaisíochta a áirithiú agus ba cheart tosaíocht a bheith aige sin amach anseo ar astaíochtaí a laghdú aimsir*** |

| | |
|---|---|
| | ***géarchéime.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 29 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(29b) Meastar gur foinse fuinnimh in-athnuaite é cur chun feidhme nó suiteáil córas tiomána gaothchuidithe agus tiomána gaoithe agus gurb é ceann de na réitigh dhícharbónaithe don mhuiriompair.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Beidh ról fíor-riachtanach ag an leictrea-shoghluaisteacht ó thaobh earnáil an iompair a dhícharbónú. Chun forbairt bhreise na leictrea-shoghluaiseachta a chothú, ba cheart do na Ballstáit sásra creidmheasa a bhunú a chuirfeadh ar a gcumas d'oibreoirí pointí luchtaithe atá inrochtana don phobal rannchuidiú leis an oibleagáid a leag Ballstáit ar sholáthróirí breoslaí a shásamh, trí leictreachas in-athnuaite a sholáthar. Agus tacaíocht á cur ar fáil trí shásra den sórt sin do leictreachas in earnáil an iompair, tá sé tábhachtach go gcoinneodh na Ballstáit orthu le hardleibhéal uaillmhéine a leagan síos i dtaca lena meascán breosla leachtaigh in earnáil an iompair a dhícharbónú. | (30) Beidh ról fíor-riachtanach ag an leictrea-shoghluaisteacht ó thaobh earnáil an iompair a dhícharbónú. Chun forbairt bhreise na leictrea-shoghluaiseachta a chothú***, maidir le gach modh iompair,*** ba cheart do na Ballstáit sásra creidmheasa a bhunú a chuirfeadh ar a gcumas d'oibreoirí pointí luchtaithe atá inrochtana don phobal rannchuidiú leis an oibleagáid a leag Ballstáit ar sholáthróirí breoslaí a shásamh, trí leictreachas in-athnuaite ***agus hidrigin*** a sholáthar. Agus tacaíocht á cur ar fáil trí shásra den sórt sin do leictreachas ***agus hidrigin 'glas'*** in earnáil an iompair, tá sé tábhachtach go gcoinneodh na Ballstáit orthu le hardleibhéal uaillmhéine a leagan síos i dtaca lena meascán breosla leachtaigh in earnáil an iompair a dhícharbónú. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 30 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30a) Cé go bhfuil sé mar aidhm leis an treoir seo sciar an fhuinnimh arna tháirgeadh ag foinsí in-athnuaite a mhéadú, is gá freisin a aithint go bhfuil gá fós le breoslaí ísealcharbóin ag an gcéim seo don aistriú i dtreo earnáil iompair atá dícharbónaithe, ós rud é nach bhfuil aibíocht theicneolaíoch leordhóthanach bainte amach ag breoslaí in-athnuaite agus ag leictreachas in-athnuaite maidir le gach modh iompair agus go bhfuil gá fós le hinfheistíochtaí suntasacha chun a bhforbairt agus a dtáirgeadh a mhéadú.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 30 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30b) Is féidir hidrigin a úsáid mar bunábhar nó mar fhoinse fuinnimh i bpróisis thionsclaíocha agus cheimiceacha agus in aeriompar agus in muiriompar chun earnálacha a dhícharbónú, arb earnálacha iad nach mbeadh sé indéanta, ó thaobh na teicneolaíochta de, ná iomaíoch, leictriú díreach a dhéanamh orthu, agus le haghaidh stóráil fuinnimh chun an córas fuinnimh a chothromú, i gcás inar gá, rud a d'fhágfadh go mbeadh ról suntasach ag an hidrigin i gcomhtháthú córas fuinnimh.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 30 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30c) Ba cheart an hidrigin ísealcharbóin agus an hidrigin in-athnuaite araon a fhorbairt i margadh fuinnimh na hEorpa, agus é á chur san áireamh go bhfuil riachtanais éagsúla bhonneagair agus infheistíochta acu, agus tús áite á thabhairt don ghá atá le hinfheistíocht a dhéanamh chun an táirgeadh in-athnuaite a uas-scálú tapa go leor chun spriocanna aeráide agus spriocanna comhshaoil an Aontais do 2030 agus 2050 a bhaint amach, agus trí hidrigin ísealcharbóin a shaothrú mar theicneolaíocht idirlinne sa ghearrthéarma. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an méid hidrigine ísealcharbóin a bheidh ag teastáil chun críoch dícharbónaithe go dtí gur féidir an ról sin a chomhlíonadh le hidrigin in-athnuaite amháin, cad iad na cásanna inar féidir déanamh amhlaidh, agus ar feadh cén méid ama. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit laghdú a dhéanamh ar bhacainní rialála agus eacnamaíocha chun glacadh gasta hidrigine in-athnuaite a chothú.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 30 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(30d) Ba cheart do chreat rialála an Aontais agus do thionscnaimh atá dírithe ar na spriocanna maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú tacú leis an tionscal chun aistriú i dtreo córas fuinnimh Eorpach níos inbhuanaithe, go háirithe agus spriocanna nua agus tairseacha táirgeachta á mbunú.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Tá sé d'aidhm ag beartas fuinnimh in-athnuaite an Aontais rannchuidiú i spriocanna an Aontais Eorpaigh i dtaca le maolú ar an athrú aeráide a bhaint amach i dtéarmaí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Agus an sprioc sin á saothrú, tá sé fíor-riachtanach rannchuidiú freisin le cuspóirí níos leithne comhshaoil, ***agus go háirithe le cailliúint na bithéagsúlachta a chosc, rud atá faoi thionchar diúltach mar gheall ar an athrú indíreach ar an talamhúsáid a bhaineann le táirgeadh*** bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise ***áirithe***. ***Is seanchúram tábhachtach idirghlúine do shaoránaigh an Aontais agus do reachtóir an Aontais é rannchuidiú sna cuspóirí aeráide agus comhshaoil sin. Mar thoradh air sin, níor cheart do na hathruithe sa bhealach a ríomhtar an sprioc*** iompair ***difear a dhéanamh do na teorainneacha a bunaíodh i dtaobh breoslaí áirithe a tháirgtear ó bharra*** bia agus beatha ***a áireamh i dtreo na sprice sin de pháirt amháin, agus breoslaí lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar an talamhúsáid den pháirt eile***. ***Ina theannta sin, chun nach gcruthófaí dreasacht chun bithbhreoslaí agus bithghás a tháirgtear ó bharra bia agus beatha a úsáid in earnáil an iompair,*** ba cheart ***rogha a bheith ag*** Ballstáit ***fós iad a áireamh i dtreo na sprice iompair, nó gan iad a áireamh***. ***Mura ndéanann siad iad a áireamh, féadfaidh siad laghdú dá réir a dhéanamh ar an sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, ar an tuiscint go bhfuil laghdú 50 % ann ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le bithbhreoslaí atá bunaithe ar bharra bia agus beatha, rud atá ag freagairt do na gnáthluachanna a leagtar amach*** in | (31) Tá sé d'aidhm ag beartas fuinnimh in-athnuaite an Aontais rannchuidiú i spriocanna an Aontais Eorpaigh i dtaca le maolú ar an athrú aeráide a bhaint amach i dtéarmaí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Agus an sprioc sin á saothrú, tá sé ríthábhachtach freisin cur le cuspóirí comhshaoil níos leithne, ***trí na critéir inbhuanaitheachta a fhorfheidhmiú go docht***. Maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise ***inbhuanaithe lena ndéantar próitéin luachmhar le caitheamh ag ainmhithe agus ag daoine a chomhghiniúint, agus atá saor ó dhífhoraoisiú, ba cheart iad a bheith ina mbloc tógála de dhícharbónú iompair, laistigh de theorainn réasúnta lena gcuirfear cosc ar thionchair dhiúltacha nach bhfuil ag teastáil ar infhaighteacht acmhainní*** bia agus beatha. Ba cheart na Ballstáit ***a chur ar chomhchéim maidir lena n-úsáid de na bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise inbhuanaithe sin, chun leibhéal níos airde laghduithe*** ar astaíochtaí ***a bhaint amach***. ***I gcás ina gcuirtear isteach go mór ar mhargaí bia, ba cheart do na Ballstáit gníomhaíocht mhear a dhéanamh chun slándáil dhomhanda an tsoláthair bia a áirithiú, amhail bearta fionraíochta maidir le*** bithbhreoslaí atá bunaithe ar bharra ***a tháirgeadh agus a chumasc***. |

***iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo maidir leis an laghdú*** ar astaíochtaí ***gás ceaptha teasa a bhaineann leis na conairí táirgthe is ábhartha i gcás*** bithbhreoslaí atá bunaithe ar bharra ***bia agus beatha, chomh maith leis an íostairseach laghduithe a bhfuil feidhm aici i gcás fhormhór na suiteálacha a tháirgeann bithbhreoslaí den sórt sin***.

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 31 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(31a) Leanfar d'astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí a thomhas trí mhodheolaíocht shofaisticiúil um measúnú saolré. Ní féidir leis an modheolaíocht sin, áfach, ach astaíochtaí a bhaineann go díreach le táirgeadh na mbreoslaí a chur san áireamh. Níor cheart astaíochtaí indíreacha ó úsáid dramhaíola nó iarmhair a chur san áireamh sa mheasúnú saolré, ós rud é go mbaineann leibhéal ard éiginnteachta le meastacháin ar astaíochtaí indíreacha féideartha den sórt sin agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad mí-oiriúnach le cur i bhfeidhm sa reachtaíocht.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Nuair a léirítear an sprioc iompair mar sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, ní gá iolraitheoirí a úsáid chun foinsí in-athnuaite fuinnimh áirithe a chur chun cinn. An chúis atá leis sin ná go laghdaíonn foinsí in-athnuaite | (32) Nuair a léirítear an sprioc iompair mar sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, ní gá iolraitheoirí a úsáid chun foinsí in-athnuaite fuinnimh áirithe a chur chun cinn. An chúis atá leis sin ná go laghdaíonn foinsí in-athnuaite |

fuinnimh difriúla méideanna difriúla astaíochtaí gás ceaptha teasa agus, dá bhrí sin, ní mar an gcéanna an rannchuidiú a dhéanann siad leis an sprioc. ***Ba cheart a mheas go bhfuil astaíochtaí nialasacha ag fuinneamh in-athnuaite, rud a chiallaíonn go laghdaíonn sé astaíochtaí 100 % i gcomparáid le leictreachas a ghintear as breoslaí iontaise. Cruthóidh sé sin dreasacht chun fuinneamh in-athnuaite a úsáid ós rud é nach dócha go mbainfear céatadán chomh hard céanna laghduithe amach le breoslaí in-athnuaite agus le breoslaí carbóin athchúrsáilte. Mar sin, an bealach ab éifeachtúla chun iompar de bhóthar a dhícharbónú ná leictriú atá ag brath ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh. Ina theannta sin, chun úsáid bithbhreoslaí ardfhorbartha agus bithgháis agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a chur chun cinn i modhanna na heitlíochta agus na mara, ar modhanna iad atá deacair a leictriú, is iomchuí an t-iolraitheoir a choimeád do na breoslaí sin a soláthraíodh sna modhanna sin, agus iad á n-áireamh i dtreo na spriocanna sonracha a leagtar amach le haghaidh na mbreoslaí sin***.

fuinnimh difriúla méideanna difriúla astaíochtaí gás ceaptha teasa agus, dá bhrí sin, ní mar an gcéanna an rannchuidiú a dhéanann siad leis an sprioc. ***Dá bhrí sin, tá sé riachtanach go mbeidh ríomh an laghdaithe ar ghás ceaptha teasa gach breosla bailí agus i gcomhréir leis na torthaí eolaíocha is déanaí***.

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Cuireann ***leictriú díreach earnálacha críochúsáide, lena n-áirítear earnáil an iompair, leis an éifeachtúlacht, agus éascaíonn sé*** an t-aistriú go córas fuinnimh atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite. Is ***meán*** éifeachtach ann féin é, ***mar sin***, chun ***astaíochtaí*** gás ceaptha teasa a laghdú. Ní gá, ***mar sin,*** creat maidir le breisíocht a chruthú a bhainfeadh go sonrach le ***leictreachas*** in-athnuaite ***a sholáthraítear d'fheithiclí leictreacha in*** | (33) ***Tríd an sprioc d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú ó 32 % go 40 % ar fud an Aontais, éascaítear*** an t-aistriú chuig córas fuinnimh atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite. Is ***modh*** éifeachtach ann féin é, dá bhrí sin, chun ***astú*** gás ceaptha teasa a laghdú. ***Dá bhrí sin,*** ní gá creat a chruthú maidir le breisíocht a bhainfeadh go sonrach le ***fuinneamh*** in-athnuaite. |

***earnáil an iompair***.

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Ós rud é gur mar fhuinneamh in-athnuaite a dhéanfar breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a áireamh, gan beann ar an earnáil ina n-ídítear iad, ba cheart leathnú a dhéanamh ar na rialacha lena gcinntear a nádúr in-athnuaite nuair is ó leictreachas a tháirgtear iad, ar rialacha iad nár bhain leis na breoslaí sin ach amháin nuair a ídítear in earnáil an iompair iad, chun gach breosla in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a chumhdach, gan beann ar an earnáil ina n-ídítear iad. | (34) Ós rud é gur mar fhuinneamh in-athnuaite a dhéanfar breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a áireamh, gan beann ar an earnáil ina n-ídítear iad, ba cheart leathnú a dhéanamh ar na rialacha lena gcinntear a nádúr in-athnuaite nuair is ó leictreachas a tháirgtear iad, ar rialacha iad nár bhain leis na breoslaí sin ach amháin nuair a ídítear in earnáil an iompair iad, chun gach breosla in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a chumhdach, gan beann ar an earnáil ina n-ídítear iad. ***Ós rud é go bhféadfadh sé nach ionann an tír ina dtáirgtear breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus an tír ina n-ídítear iad, ní mór sásra comhroinnte a áirithiú ionas go mbainfidh an dá thír tairbhe as na foinsí in-athnuaite a tháirgtear.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Chun éifeachtacht comhshaoil níos airde a áirithiú i dtaobh chritéir an Aontais maidir le inbhuanaitheacht agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh breoslaí bithmhaise soladaí i suiteálacha ina dtáirgtear téamh, leictreachas agus fuarú, ba cheart an íostairseach chun critéir den sórt sin a chur i bhfeidhm ***a ísliú ón*** tairseach ***reatha de*** 20 MW ***go 5 MW***. | (35) Chun ***cur chuige comhleanúnach*** a áirithiú ***maidir le*** héifeachtacht comhshaoil níos airde na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais le haghaidh breoslaí bithmhaise soladaí i suiteálacha ina dtáirgtear téamh, leictreachas agus fuarú, ba cheart an tairseach íosta maidir le hinfheidhmeacht |

| | |
|---|---|
| | na gcritéar sin ***tairseach CTA*** 20 MW ***atá ann faoi láthair a léiriú***. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Le Treoir (AE) 2018/2001, neartaíodh an creat maidir le hinbhuanaitheacht bithfhuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa trí chritéir a leagan síos do gach earnáil chríochúsáide. Leagadh amach rialacha inti le haghaidh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise, rialacha lenar éilíodh inbhuanaitheacht na n-oibríochtaí buainte agus áireamh astaíochtaí ón athrú ar an talamhúsáid. Chun ***cosaint feabhsaithe a bhaint amach do ghnáthóga ar mhórán carbóin a bhfuil an-bhithéagsúlacht iontu, amhail foraoisí príomhúla, foraoisí atá ar mhórán bithéagsúlachta, féarthailte agus tailte portaigh, ba cheart eisceachtaí agus teorainneacha ar bhithmhais foraoise a fhoinsiú ó na ceantair sin a thabhairt isteach, i gcomhréir leis an gcur chuige atá ann i dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais talmhaíochta***. ***Ina theannta sin, ba cheart na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur i bhfeidhm freisin maidir le suiteálacha bithmhais-bhunaithe atá ann cheana*** chun a áirithiú ***gur laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bheidh mar thoradh ar tháirgeadh bithfhuinnimh i ngach suiteáil den sórt sin i gcomparáid le fuinneamh a ghintear as breoslaí iontaise***. | (36) Le Treoir (AE) 2018/2001, neartaíodh an creat maidir le hinbhuanaitheacht bithfhuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa trí chritéir a leagan síos do gach earnáil chríochúsáide. Leagadh amach rialacha inti le haghaidh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise, rialacha lenar éilíodh inbhuanaitheacht na n-oibríochtaí buainte agus áireamh astaíochtaí ón athrú ar an talamhúsáid. Chun a áirithiú ***go n-oibreoidh na rialacha sin mar a beartaíodh, tá cur i bhfeidhm comhleanúnach agus dianfhaireachán agus forfheidhmiú docht bunriachtanach***. ***Ba cheart do na Ballstáit prionsabal na húsáide cascáidí a léiriú ina gcuid reachtaíochta, treoirlínte agus scéimeanna náisiúnta más gá.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Chun an t-ualach riaracháin ar tháirgeoirí breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte agus ar Bhallstáit a laghdú, i gcás ina n-aithníonn an Coimisiún trí ghníomh cur chun feidhme go dtugtar fianaise le scéimeanna deonacha nó náisiúnta nó go soláthraítear sonraí cruinne leo maidir le comhlíontacht chritéir maidir le inbhuanaitheacht agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa chomh maith le ceanglais eile a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do Bhallstáit glacadh le torthaí an deimhnithe a eisítear le scéimeanna den sórt sin, laistigh de raon feidhme aitheantas an Choimisiúin. Chun an t-ualach ar shuiteálacha beaga a laghdú, ba cheart do Bhallstáit sásra simplithe fíorúcháin a bhunú le haghaidh suiteálacha idir 5 agus ***10MW***. | (37) Chun an t-ualach riaracháin ar tháirgeoirí breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte agus ar Bhallstáit a laghdú, i gcás ina n-aithníonn an Coimisiún trí ghníomh cur chun feidhme go dtugtar fianaise le scéimeanna deonacha nó náisiúnta nó go soláthraítear sonraí cruinne leo maidir le comhlíontacht chritéir maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa chomh maith le ceanglais eile a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do Bhallstáit glacadh le torthaí an deimhnithe a eisítear le scéimeanna den sórt sin, laistigh de raon feidhme aitheantas an Choimisiúin. Chun an t-ualach ar shuiteálacha beaga a laghdú, ba cheart do Bhallstáit sásra simplithe fíorúcháin a bhunú le haghaidh suiteálacha idir 5 agus ***20MW***. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Tá sé d'aidhm ag bunachar sonraí an Aontais atá le cur ar bun ag an gCoimisiún rianú breoslaí leachtacha agus gásacha in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a chumasú. Ba cheart a raon feidhme a leathnú ó iompar chun gach earnáil chríochúsáide eile ina n-ídítear breoslaí a chumhdach. Is ríthábhachtach an tacaíocht a bheidh ansin don fhaireachán cuimsitheach ar tháirgeadh agus ar ídiú na mbreoslaí sin, agus maolóidh sé na rioscaí a bhaineann le háireamh dúbailte nó neamhrialtachtaí feadh na slabhraí soláthair atá cumhdaithe ag bunachar sonraí an Aontais. Ina theannta sin, chun aon riosca a | (38) Tá sé d'aidhm ag bunachar sonraí an Aontais atá le cur ar bun ag an gCoimisiún rianú breoslaí ***soladacha,*** leachtacha agus gásacha in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a chumasú. . Ba cheart a raon feidhme a leathnú ó iompar chun gach earnáil chríochúsáide eile ina n-ídítear breoslaí a chumhdach. Is ríthábhachtach an tacaíocht a bheidh ansin don fhaireachán cuimsitheach ar tháirgeadh agus ar ídiú na mbreoslaí sin, agus maolóidh sé na rioscaí a bhaineann le háireamh dúbailte nó neamhrialtachtaí feadh na slabhraí soláthair atá cumhdaithe ag bunachar sonraí an Aontais. Ina |

bhaineann le héilimh dhúbailte ar an ngás in-athnuaite céanna a sheachaint, ba cheart ráthaíocht tionscnaimh a eisítear i dtaca le haon choinsíneacht gáis in-athnuaite atá cláraithe sa bhunachar sonraí a chur ar ceal.

theannta sin, chun aon riosca a bhaineann le héilimh dhúbailte ar an ngás in-athnuaite céanna a sheachaint, ba cheart ráthaíocht tionscnaimh a eisítear i dtaca le haon choinsíneacht gáis in-athnuaite atá cláraithe sa bhunachar sonraí a chur ar ceal. ***Ba cheart an bunachar sonraí sin a chur ar fáil go poiblí ar bhealach oscailte, trédhearcach agus soláimhsithe. Ba cheart don Choimisiún tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú don phobal i gcoitinne faoin bhfaisnéis a thuairiscítear i mbunachar sonraí an Aontais, lena n-áirítear cainníochtaí, tionscnamh geografach agus cineál bunábhair na mbithbhreoslaí, na mbithleachtanna agus na mbreoslaí bithmhaise in aghaidh an tsoláthraí breosla agus in aghaidh an Bhallstáit.***

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Ba cheart raon feidhme Threoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] a leasú chun ceanglais rialála dhúbailte a sheachaint maidir le cuspóirí dícharbónaithe breoslaí iompair agus chun ailíniú le Treoir (AE) 2018/2001. | (40) Ba cheart raon feidhme Threoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17] a leasú chun ceanglais rialála dhúbailte a sheachaint maidir le cuspóirí dícharbónaithe breoslaí iompair agus chun ailíniú le Treoir (AE) 2018/2001. |
| [17] Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 1998 maidir le cáilíocht breoslaí peitril agus díosail agus lena leasaítear Treoir 93/12/CEE ón gComhairle (IO L 350, 28.12.1998, lch. 58). | [17] Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 1998 maidir le cáilíocht breoslaí peitril agus díosail agus lena leasaítear Treoir 93/12/CEE ón gComhairle (IO L 350, 28.12.1998, lch. 58). |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 40 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(40a) Tá sé tábhachtach freisin taighde agus nuálaíocht a spreagadh i réimse an fhuinnimh ghlain, amhail hidrigin, chun freastal ar an éileamh méadaitheach ar bhreoslaí malartacha agus, thar aon ní eile, fuinneamh a chur ar fáil ar an margadh atá níos saoire ná breoslaí iontaise amhail díosal, ola bhreosla agus peitreal, a bhfuil na praghsanna atá orthu ag ardú as cuimse faoi láthair.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 40 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(40b) Tá acmhainneacht shuntasach ag breoslaí laghdú ar astaíochtaí truailleán agus CO2 ó fheithiclí nua agus ón bhflít atá ann cheana a chumasú. Níor tugadh Treoir 98/70/CE cothrom le dáta ó 2009 i leith agus i bhfianaise chaighdeán astaíochtaí nua Euro 7/VII a thabhairt isteach, ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 98/70/CE freisin.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 47 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(47a) Ba cheart cur leis na ráthaíochtaí maidir le tionscnamh, atá i bhfeidhm faoi láthair i gcás leictreachas in-athnuaite, chun gás in-athnuaite agus foinsí fuinnimh ísealcharbóin a chumhdach. Ba cheart go mbeadh sé de rogha ag na*** |

| | |
|---|---|
| | ***Ballstáit córas na ráthaíochtaí maidir le tionscnaimh a leathnú tuilleadh chuig fuinneamh ó fhoinsí neamh-inathnuaite, seachas foinsí fuinnimh ísealcharbóin. Dhéanfaí foráil ar an gcaoi sin maidir le bealach comhsheasmhach le tionscnamh gáis in-athnuaite amhail bithmheatán a chruthú do thomhaltóirí deiridh, agus d'éascódh sé tuilleadh trádála trasteorann sna cineálacha gáis sin. D'éascódh sé freisin cruthú ráthaíochtaí maidir le tionscnamh le haghaidh gás in-athnuaite agus ísealcharbóin eile amhail hidrigin.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn "fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite" nó "fuinneamh inathnuaite" fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite neamh-iontaise, eadhon an ghaoth, an ghrian (grianfhuinneamh teirmeach agus grianfhuinneamh fótavoltach) agus fuinneamh geoiteirmeach, fuinneamh comhthimpeallach, fuinneamh taoide, toinne agus eile fuinneamh aigéin, hidreachumhacht, agus fuinneamh ó bhithmhais, ghás ó líonadh talún, ghás ó ionad cóireála camrais, agus bhithgháis; | (1) ciallaíonn 'fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite' nó 'fuinneamh inathnuaite' fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite neamh-iontaise, eadhon an ghaoth ***(cumhacht ghaoithe agus tiomáint ghaoithe)***, an ghrian (grianfhuinneamh teirmeach agus grianfhuinneamh fótavoltach) agus fuinneamh geoiteirmeach, ***fuinneamh osmóiseach,*** fuinneamh comhthimpeallach, fuinneamh taoide, toinne agus fuinneamh aigéin eile, hidreachumhacht, agus fuinneamh ó bhithmhais, ghás ó líonadh talún, ghás ó ionad cóireála camrais, agus bhithgháis; |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe c – pointe i (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3a) ciallaíonn 'fuinneamh osmóiseach' fuinneamh arna chruthú go nádúrtha ón éagsúlacht i dtiúchan salainn idir dhá shreabhán, uisce úr agus sáile de ghnáth;*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe c – pointe ii (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 3 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3b) ciallaíonn 'teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite nuálach' teicneolaíocht lena bhfeabhsaítear ar bhealach amháin ar a laghad teicneolaíocht inchomparáide úrscothach in-athnuaite nó teicneolaíochtaí inchomparáide úrscothacha in-athnuaite, nó lena ndéantar acmhainn fuinnimh in-athnuaite nár baineadh leas aisti den chuid is mó a shaothrú;*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe c – pointe iii (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 3 c (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3c) ciallaíonn 'tiomáint ghaoithe' nó 'tiomáint ghaothchuidithe' teicníc tiomána a rannchuidíonn go príomha nó mar chúntóir le loingseoireacht d'aon chineál soithigh trí bhíthin fhuinneamh na gaoithe;*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 12

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) In Airteagal 2 – cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, pointe (12):*** |
| (12) ciallaíonn "ráthaíocht maidir le tionscnamh" doiciméad leictreonach nach bhfuil d'fheidhm leis ach fianaise a thabhairt don chustaiméir deiridh gur ó fhoinsí inathnuaite a táirgeadh sciar nó cainníocht ar leith fuinnimh; | "(12) ciallaíonn 'ráthaíocht maidir le tionscnamh' doiciméad leictreonach nach bhfuil d'fheidhm leis ach fianaise a thabhairt don chustaiméir deiridh gur ó fhoinsí in-athnuaite ***agus/nó foinsí ísealcharbóin*** a táirgeadh sciar nó cainníocht ar leith fuinnimh; |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 36 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(36a) ciallaíonn 'breoslaí ísealcharbóin' breoslaí leachtacha agus gásacha a shábhálann ar a laghad 70 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le gnáthbhreoslaí iontaise leachtacha nó gásacha;*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe b a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 36 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(36b) ciallaíonn 'gabháil dhíreach ón aer' an próiseas trína ngabhtar $CO_2$ ón*** |

| | |
|---|---|
| | ***aer comhthimpeallach chun breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch nó ábhair neamh-bhithghineacha eile a tháirgeadh*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe c a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 36 c (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(36c) ciallaíonn 'bith-hidrigin in-athnuaite' hidrigin a tháirgtear ó bhith-bhunábhar a luíonn le critéir inbhuanaitheachta Airt. 29*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe a**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Áiritheoidh na Ballstáit le chéile go mbeidh táirgeadh bliantúil bithmheatáin 35 bhilliún méadar ciúbach ar a laghad faoi 2030.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe a**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Thairis sin, leagfaidh gach Ballstát síos sprioc tháscach íosta de 3 % den acmhainn iomlán a shuiteálfaidh sé*** |

***idir 2020 agus 2030 mar theicneolaíocht nuálach fuinnimh in-athnuaite.***

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go dtáirgfear fuinneamh ó bhithmhais ar bhealach ina n-íoslaghdófar iarmhairtí shaobhacha míchuí ar mhargadh na n-amhábhar bithmhaise agus tionchair dhíobhálacha ar an mbithéagsúlacht. ***Chuige sin,*** cuirfidh ***siad*** san áireamh ord na réiteach dramhaíola mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE agus prionsabal na húsáide cascáidí ***dá dtagraítear sa tríú fomhír***. | 3. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go dtáirgfear fuinneamh ó bhithmhais ar bhealach ina n-íoslaghdófar iarmhairtí shaobhacha míchuí ar mhargadh na n-amhábhar bithmhaise agus tionchair dhíobhálacha ar an mbithéagsúlacht ***ina gcuid scéimeanna tacaíochta***. Cuirfidh ***na Ballstáit*** san áireamh ord na réiteach dramhaíola mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE agus prionsabal na húsáide cascáidí ***ina gcuid reachtaíochta, treoirlínte agus scéimeanna náisiúnta***. |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 2 – pointe (i)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) lomáin sáibh, lomáin veiníre, ***stumpaí nó fréamhacha*** a úsáid ***chun fuinneamh a tháirgeadh***. | (i) úsáid lomán sáibh ***agus*** lomán veiníre. |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 2 – pointe (iii)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(iii) cleachtais nach bhfuil i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear sa tríú fomhír.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis [theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], ***glacfaidh*** an Coimisiún ***gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 35 maidir l***e conas prionsabal na húsáide cascáidí a chur i bhfeidhm le haghaidh bithmhaise, go háirithe maidir le conas úsáid na lomán cruinn ardchaighdeáin i dtáirgeadh an fhuinnimh a íoslaghdú, le béim ar scéimeanna tacaíochta agus aird chuí á tabhairt ar shonraíochtaí náisiúnta. | Tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis [theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], ***tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún maidir leis an tslí a chuireann siad*** prionsabal na húsáide cascáidí i bhfeidhm le haghaidh bithmhaise, go háirithe maidir le conas úsáid na lomán cruinn ardchaighdeáin i dtáirgeadh an fhuinnimh a íoslaghdú, le béim ar scéimeanna tacaíochta agus aird chuí á tabhairt ar shonraíochtaí náisiúnta. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoi 2026 cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i láthair maidir le tionchar scéimeanna tacaíochta na mBallstát le haghaidh bithmhaise, lena n-áirítear an tionchar ar ***bhithéagsúlacht agus*** ar shaobhadh margaidh féideartha, agus ***déanfaidh sé measúnú ar an bhféidearthacht i dtaobh tuilleadh srianta maidir le scéimeanna tacaíochta um an mbithmhais foraoise.***’; | Faoi 2026 cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i láthair maidir le tionchar scéimeanna tacaíochta na mBallstát le haghaidh bithmhaise, lena n-áirítear saobhadh margaidh féideartha, agus ***tionchair féideartha ar an mbithéagsúlacht***. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 5 – mír 5

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:*** |
| | ***(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:*** |
| ***5.*** Faoi ***2023***, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme an Airteagail seo. Déanfar measúnú sa mheastóireacht sin ar an ngá le hoibleagáid a thabhairt isteach do na Ballstáit go páirteach chun a scéimeanna tacaíochta a oscailt don leictreachas ó fhoinsí inathnuaite do tháirgeoirí i mBallstáit eile d'fhonn oscailt 5 % a bheith ann faoi 2025 agus oscailt 10 % a bheith ann faoi 2030. | ***5.*** Faoi ***2025***, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar chur chun feidhme an Airteagail seo. Déanfar measúnú sa mheastóireacht sin ar an ngá le hoibleagáid a thabhairt isteach do na Ballstáit go páirteach chun a scéimeanna tacaíochta a oscailt don leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite do tháirgeoirí i mBallstáit eile d’fhonn oscailt 5 % a bheith ann faoi 2025 agus oscailt 10 % a bheith ann faoi 2030. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ‘Maidir leis an gcéad fhomhír, pointe (a), (b) nó (c), ní mheasfar gás ***nó*** leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite ach aon uair amháin chun críocha sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh a ríomh. Cuirfear fuinneamh a tháirgtear ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch san áireamh san earnáil - leictreachas, téamh agus fuarú nó iompar - ina ndéanfar é a thomhailt.’ | Maidir leis an gcéad fhomhír, pointe (a), (b) nó (c), ní mheasfar gás, leictreachas ***agus hidrigin*** ó fhoinsí in-athnuaite ach aon uair amháin chun críocha sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh a ríomh. Cuirfear fuinneamh a tháirgtear ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch san áireamh san earnáil - leictreachas, téamh agus fuarú nó iompar - ina ndéanfar é a thomhailt. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe a**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 9 – mír 1a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1a. Faoin 31 Nollaig 2025, comhaontóidh gach Ballstát ar a laghad tionscadal comhpháirteach amháin a bhunú le Ballstát amháin eile nó níos mó chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh. Tabharfar fógra don Choimisiún maidir le comhaontú den sórt, lena n-áirítear an dáta a mheasfar go mbeidh sé ag feidhmiú. Maidir le tionscadail a mhaoinítear le ranníocaíochtaí náisiúnta faoi shásra maoiniúcháin an Aontais a bhunaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún[25], measfar go sásóidh siad an oibleagáid sin le haghaidh na mBallstát lena mbaineann.’; | 1a. Faoin 31 Nollaig 2025, comhaontóidh gach Ballstát ar a laghad tionscadal comhpháirteach ***ar tír*** amháin a bhunú le Ballstát amháin eile nó níos mó chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh. ***Faoin 31 Nollaig 2030, déanfaidh na Ballstáit chósta a bhfuil tomhaltas leictreachais bliantúil de níos mó ná 100 TWh acu tionscadal comhpháirteach amach ón gcósta*** a bhunú le Ballstát amháin eile nó níos mó chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh. Tabharfar fógra don Choimisiún maidir le comhaontú den sórt, lena n-áirítear an dáta a mheasfar go mbeidh sé ag feidhmiú. Maidir le tionscadail a mhaoinítear le ranníocaíochtaí náisiúnta faoi shásra maoiniúcháin an Aontais a bhunaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún[25], measfar go sásóidh siad an oibleagáid sin le haghaidh na mBallstát lena mbaineann.; |
| [25] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2020 maidir le sásra maoiniúcháin an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite (IO L 303, 17.9.2020, lch. 1). | [25] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2020 maidir le sásra maoiniúcháin an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite (IO L 303, 17.9.2020, lch. 1). |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 9 – mír 7a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7a. Comhoibreoidh na Ballstáit a bhfuil teorainn acu le himchuach farraige chun a shainiú go comhpháirteach méid an fhuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a bhfuil sé i gceist acu a tháirgeadh san imchuach farraige sin faoi 2050 le céimeanna idirmheánacha in 2030 agus in 2040. Cuirfidh siad san áireamh na sainiúlachtaí agus an fhorbairt i ngach réigiún, acmhainneacht in-athnuaite an imchuach farraige agus an tábhacht pleanáil eangacha comhlachaithe comhtháite amach ón gcósta a áirithiú. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoin méid sin sna pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna gcur isteach de bhua Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999.'; | 7a. Comhoibreoidh na Ballstáit a bhfuil teorainn acu le himchuach farraige chun a shainiú go comhpháirteach ***pleanáil spásúil mhuirí agus*** méid an fhuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a bhfuil sé i gceist acu a tháirgeadh san imchuach farraige sin faoi 2050 le céimeanna idirmheánacha ***agus mionsonraithe*** in 2030 agus in 2040. Cuirfidh siad san áireamh na sainiúlachtaí agus an fhorbairt i ngach réigiún, acmhainneacht in-athnuaite an imchuach farraige agus an tábhacht pleanáil eangacha comhlachaithe comhtháite amach ón gcósta a áirithiú. ***Beidh pleananna imlonnaithe comhpháirteacha fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta ag teacht le chéile le spriocanna 60 GW faoi 2030 agus 300 GW faoi 2050 do chumhacht ghaoithe agus d'fhuinneamh aigéin.*** Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoin méid sin***, chomh maith leis na céimeanna mionsonraithe,*** sna pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna gcur isteach de bhua Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999.; |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe a a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15 – mír 3

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Agus pleanáil, lena n-áirítear luathphleanáil spásúil, dearadh, tógáil agus athfheistiú á ndéanamh acu maidir le bonneagar uirbeach, ceantair thionsclaíocha, thráchtála nó chónaithe agus maidir le bonneagar fuinnimh, lena n-áirítear leictreachas, téamh agus fuarú ceantair, gás nádúrtha agus gréasáin breoslaí malartacha, déanfaidh na Ballstáit | '3. Agus pleanáil, lena n-áirítear luathphleanáil spásúil, dearadh, tógáil agus athfheistiú á ndéanamh acu maidir le bonneagar uirbeach, ceantair thionsclaíocha, thráchtála nó chónaithe agus maidir le bonneagar fuinnimh ***agus iompair***, lena n-áirítear leictreachas, téamh agus fuarú ceantair, gás nádúrtha agus gréasáin breoslaí malartacha, déanfaidh na |

| | |
|---|---|
| a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis inniúla acu, ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, foráil do chomhtháthú agus do imscaradh an fhuinnimh inathnuaite lena n-áirítear d'fhéintomhaltas fuinnimh inathnuaite agus do chomhphobail fuinnimh inathnuaite agus d'úsáid dramhtheasa agus dramhfhuachta dosheachanta. Go sonrach, spreagfaidh na Ballstáit comhlachtaí riaracháin áitiúla agus réigiúnacha téamh agus fuarú ó fhoinsíinathnuaite a áireamh i bpleanáil bonneagair cathrach, i gcás inarb iomchuí, agus rachaidh siad i gcomhairle leis na hoibreoirí gréasáin chun tionchar na gclár éifeachtúlachta fuinnimh agus freagartha ar éileamh a léiriú mar aon le forálacha sonracha maidir le comhphobail féintomhaltais fuinnimh inathnuaite agus fuinnimh inathnuaite, i ndáil le pleananna forbartha bonneagair na n-oibreoirí. | Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis inniúla acu, ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, foráil do chomhtháthú agus do imscaradh an fhuinnimh inathnuaite lena n-áirítear d'fhéintomhaltas fuinnimh in-athnuaite agus do chomhphobail fuinnimh in-athnuaite agus d'úsáid dramhtheasa agus dramhfhuachta dosheachanta. Go sonrach, spreagfaidh na Ballstáit comhlachtaí riaracháin áitiúla agus réigiúnacha téamh agus fuarú ó fhoinsí inathnuaite a áireamh i bpleanáil bonneagair cathrach, i gcás inarb iomchuí, agus dul i gcomhairle leis na hoibreoirí gréasáin chun tionchar na gclár éifeachtúlachta fuinnimh agus freagartha ar éileamh a léiriú mar aon le forálacha sonracha maidir le féintomhaltas fuinnimh in-athnuaite agus comhphobail fuinnimh in-athnuaite, i ndáil le pleananna forbartha bonneagair na n-oibreoirí. |

*(Treoir 2018/2001/CE)*

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe -a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 19 – mír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) In Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*** |
| 1. Ar mhaithe lena léiriú do chustaiméirí deiridh cén sciar nó cén chainníocht fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a bhíonn i meascán fuinnimh soláthróra fuinnimh agus san fhuinneamh arna sholáthar do thomhaltóirí faoi chonarthaí arna margú maidir le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a thomhailt, áiritheoidh na Ballstáit gur féidir tionscnamh fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a ráthú mar fhuinneamh inathnuaite de réir bhrí na Treorach seo, i gcomhréir le critéir oibiachtúla, | '1. Ar mhaithe lena léiriú do chustaiméirí deiridh an sciar nó an chainníocht fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite ***agus/nó an sciar nó an chainníocht fuinnimh ó fhoinsí ísealcharbóin*** a bhíonn i meascán fuinnimh soláthraí fuinnimh agus san fhuinneamh arna sholáthar do thomhaltóirí faoi chonarthaí arna margú maidir le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite ***agus/nó foinsí ísealcharbóin*** a thomhailt, áiritheoidh na Ballstáit gur féidir tionscnamh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite |

| | |
|---|---|
| thrédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha. | a ráthú mar fhuinneamh in-athnuaite de réir bhrí na Treorach seo, i gcomhréir le critéir oibiachtúla, thrédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe a – pointe i**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 19 – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 'Chuige sin, áiritheoidh na Ballstáit go n-eiseofar ráthaíocht tionscnaimh má iarrann táirgeoir fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a leithéid. Féadfaidh Ballstát socrú a dhéanamh chun ráthaíochtaí tionscnaimh a eisiúint i gcás fuinnimh ó fhoinsí neamh-inathnuaite. Féadfar eisiúint ráthaíochta tionscnaimh a chur faoi réir teorainn íosacmhainne. Méid caighdeánach 1 MWh a bheidh sa ráthaíocht tionscnaimh. Ní eiseofar níos mó ná ráthaíocht tionscnaimh amháin i dtaca le gach aonad fuinnimh a tháirgfear.'; | Chuige sin, áiritheoidh na Ballstáit go n-eiseofar ráthaíocht tionscnaimh má iarrann táirgeoir fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus ***táirgeoir fuinnimh ó fhoinsí ísealcharbóin*** a leithéid. Féadfaidh Ballstát socrú a dhéanamh chun ráthaíochtaí tionscnaimh a eisiúint i gcás fuinnimh ó fhoinsí neamh-inathnuaite ***eile***. Féadfar eisiúint ráthaíochta tionscnaimh a chur faoi réir teorainn íosacmhainne. Méid caighdeánach 1 MWh a bheidh sa ráthaíocht tionscnaimh. Ní eiseofar níos mó ná ráthaíocht tionscnaimh amháin i dtaca le gach aonad fuinnimh a tháirgfear.; |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe a a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 19 – mír 7 – pointe g (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) leasaítear mír 7 mar a leanas:*** |
| | ***(i) Cuirtear an pointe (g) a leanas isteach:*** |
| | ***'(g) faisnéis faoi lorg gás ceaptha teasa an fhuinnimh arna tháirgeadh lena gcumhdaítear astaíochtaí saolré gás ceaptha teasa';*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 20a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar na hoibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí córais dáileacháin ina ndlínse faisnéis a chur ar fáil maidir leis an sciar de leictreachas in-athnuaite agus an cion astaíochtaí gás ceaptha teasa den leictreachas arna sholáthar i ngach crios tairisceana, a chruinne is féidir agus chomh gar d'fhíor-am is féidir ach in eatraimh ama ***nach mó ná uair amháin, le*** réamhaisnéis i gcás ***inar féidir***. ***Déanfar an fhaisnéis seo a chur*** ar fáil ***go digiteach ar bhealach lena n-áiritheofar gur féidir le rannpháirtí sa mhargadh leictreachais, comhiomlánóirí, tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh é a úsáid, agus gur féidir le gléasanna cumarsáide leictreonaí amhail córais méadraithe chliste, pointí athluchtaithe gluaisteán leictreach, córais téimh agus fuaraithe agus córais bhainistíochta*** fuinnimh ***foirgneamh é a léamh***. | 1. Éileoidh na Ballstáit an méid seo a leanas: |
| | ***(i) go gcuirfidh*** oibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí córais dáileacháin ar a ***gcríoch*** faisnéis ar fáil faoin sciar leictreachais in-athnuaite agus faoin gcion astaíochtaí gás ceaptha teasa atá sa leictreachas arna sholáthar i ngach crios tairisceana ***agus*** |
| | ***(ii) go gcuirfidh rialálaithe nó trádálaithe ábhartha faisnéis ar fáil maidir le praghsanna mórdhíola leictreachais i margaí lá roimh ré agus ionlae.*** |
| | ***Cuirfear an fhaisnéis ar fáil*** a chruinne is féidir agus chomh gar d'fhíor-am is féidir ach in eatraimh ama ***a bheidh cothrom ar*** |

| | |
|---|---|
| | ***a laghad le minicíocht shocraíochta an mhargaidh, agus é mar aidhm eatraimh 15 nóiméad a bhaint amach agus*** réamhaisnéis ***á déanamh*** i gcás ***ina mbeidh fáil uirthi***.<br>***Cuirfidh OCD*** ar fáil ***freisin sonraí anaithnidithe agus comhiomlánaithe maidir leis an acmhainneacht freagartha don éileamh agus maidir leis an leictreachas in-athnuaite arna ghiniúint ag féintomhaltóirí agus ag comhphobail*** fuinnimh ***in-athnuaite agus arna instealladh isteach san eangach***. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 20a – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Cuirfear an fhaisnéis agus na sonraí dá dtagraítear i mír 1 ar fáil go digiteach ar bhealach lena n-áiritheofar idir-inoibritheacht bunaithe ar fhormáidí comhchuibhithe sonraí agus tacair chaighdeánaithe sonraí ionas gur féidir le rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais, comhbhailitheoirí, tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh iad a úsáid ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus gur féidir iad a léamh le gléasanna cumarsáide leictreonaí amhail córais mhéadraithe chliste, pointí athluchtaithe feithiclí leictreacha, a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu agus nach bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, córais téimh agus fuaraithe agus bainistiú fuinnimh foirgnimh.*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**

Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 20a – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I dteannta na gceanglas sa [togra le haghaidh Rialachán maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020], ***áiritheoidh*** na Ballstáit go gcuimseoidh monaróirí de cheallraí baile agus tionsclaíocha rochtain fíor-ama ar fhaisnéis maidir leis an gcóras bainistíochta ceallra bunúsaigh, lena n-áirítear toilleadh ceallra, staid sláinte, staid luchtaithe agus pointe socraithe cumhachta, chuig úinéirí agus úsáideoirí ceallraí chomh maith le tríú páirtithe ag feidhmiú ar a son, amhail cuideachtaí bainistíochta cumhachta foirgneamh agus rannpháirtí sa mhargadh leictreachais, faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha ***agus gan aon chostas***. | 2. I dteannta na gceanglas sa [togra le haghaidh Rialachán maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020], ***faoi 6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach, glacfaidh*** na Ballstáit ***bearta lena gceanglófar ar*** mhonaróirí de cheallraí tí agus tionsclaíocha rochtain fíor-ama ar fhaisnéis maidir leis an gcóras bainistíochta ceallra bunúsaigh, lena n-áirítear toilleadh ceallra, staid sláinte, staid luchtaithe agus pointe socraithe cumhachta, chuig úinéirí agus úsáideoirí ceallraí chomh maith le tríú páirtithe ag gníomhú ar a son, amhail cuideachtaí bainistíochta cumhachta foirgneamh agus rannpháirtithe sa mhargadh leictreachais, faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha ***saor in aisce do na húinéirí nó úsáideoirí ceallraí agus do na heintitis ag gníomhú ar a son agus i gcomhréir iomlán leis na forálacha ábhartha in Rialachán (AE) 2016/679***. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 20a – mír 2 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Áiritheoidh*** na Ballstáit go gcuirfidh monaróirí feithicle sonraí infheithicle ar fáil i bhfíor-am, sonraí infheithicle a bhaineann le staid sláinte ceallra, staid luchtaithe ceallra, pointe socraithe cumhachta ceallra, toilleadh ceallra, chomh maith le suíomh feithiclí leictreacha chuig úinéirí agus úsáideoirí feithiclí leictreacha, chomh maith le tríú páirtithe ag gníomhú thar ceann na n-úinéirí agus na n- | ***Faoi 6 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach***, ***glacfaidh*** na Ballstáit ***bearta lena gceanglófar ar*** mhonaróirí feithicle sonraí infheithicle ***a chur*** ar fáil i bhfíor-am, sonraí infheithicle a bhaineann le staid sláinte ceallra, staid luchtaithe ceallra, pointe socraithe cumhachta ceallra, toilleadh ceallra, chomh maith le suíomh feithiclí leictreacha chuig úinéirí agus úsáideoirí feithiclí leictreacha, chomh |

úsáideoirí, ***amhail rannpháirtí sa mhargadh leictreachais agus soláthróirí seirbhíse leictrea-shoghluaisteachta, faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha agus gan aon chostas***, anuas air ceanglais bhreise maidir leis na rialacháin um chineálcheadú agus faireachas margaidh.

maith le tríú páirtithe ag gníomhú thar ceann na n-úinéirí agus na n-úsáideoirí, ***saor in aisce d'úinéirí nó úsáideoirí ceallraí agus do na heintitis ag gníomhú ar a son***, anuas ar cheanglais bhreise maidir leis na rialacháin um chineálcheadú agus faireachas margaidh ***agus i gcomhréir iomlán leis na forálacha ábhartha in Rialachán (AE) 2016/679***. ***I gcomhréir leis an Rialachán maidir le Ceallraí [xxx], roinnfear sonraí mar shonraí 'inléite amháin', agus ar gcaoi sin cosc a chur ar thríú páirtithe paraiméadair na sonraí a mhodhnú.***

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 20a – mír 2 – fomhír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Faoi 6 mhí ó theacht i bhfeidhm na Treorach, glacfaidh na Ballstáit bearta lena gceanglófar ar mhonaróirí gléasanna cliste téimh agus fuaraithe, umar uisce the, aonad stórála fuinnimh theirmigh agus gléasanna cliste eile lena n-éascaítear tomhaltóirí freagairt don éileamh a sholáthar don chóras fuinnimh, chun rochtain fíor-ama a thabhairt d'úsáideoirí ar shonraí atá ábhartha chun fhreagairt don éileamh, agus do thríú páirtithe a ghníomhaíonn thar ceann na n-úinéirí agus na n-úsáideoirí, faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha saor in aisce, agus i gcomhréir iomlán leis na forálacha ábhartha i Rialachán (AE) 2016/679.*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**

Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 20a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Chomh maith leis na ceanglais sa [togra le haghaidh Rialacháin maidir le leas a bhaint as bonneagar breosla ionadúil, lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE], áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar ***feidhmiúlachtaí luchtaithe*** cliste a thacú le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta nach bhfuil rochtain ag an bpobal orthu a shuiteálfar ina ndlínse ó [***sprioc-am iompair*** na Treorach leasaithí seo] ***agus, i gcás inarb iomchuí agus bunaithe ar an údarás rialála,*** feidhmiúlachtaí luchtaithe déthreocha. | 3. Chomh maith leis na ceanglais sa [togra le haghaidh Rialacháin maidir le leas a bhaint as bonneagar breosla ionadúil, lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE], áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar feidhmiúlachtaí luchtaithe cliste ***agus*** déthreocha a thacú le pointí athluchtaithe gnáthchumhachta nach bhfuil rochtain ag an bpobal orthu a shuiteálfar ina gcríoch ó [***spriocdháta thrasuí*** na Treorach leasaithí seo]. |
| | ***Chun tacú le comhtháthú na hearnála cliste, féadfaidh na Ballstáit scéimeanna tacaíochta amhail tacaíocht airgeadais, maoiniú costas láithreach, lacáistí cánach nó íocaíochtaí lacáistí a chur i bhfeidhm le haghaidh luchtú déthreoch, agus iad beartaithe mar fheidhmiúlacht bhreise a rannchuidíonn le dul i bhfód costéifeachtach leictreachais in-athnuaite san iompar agus sa chóras leictreachais.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 20a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh an creat rialála náisiúnta idirdhealú i gcoinne rannpháirtíocht sna margaí leictreachais, lena n-áirítear bainistiú ar phlódú agus seirbhísí solúbthachta agus seirbhísí cothromúcháin agus córais bheaga nó mhóibíleacha amhail ceallraí baile nó feithiclí leictreacha a sholáthar, go díreach agus trí | 4. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh an creat rialála náisiúnta idirdhealú i gcoinne rannpháirtíocht sna margaí leictreachais, lena n-áirítear bainistiú ar phlódú agus seirbhísí solúbthachta agus seirbhísí cothromúcháin ***líonraí teasa agus fuaraithe ceantair*** agus córais bheaga nó mhóibíleacha amhail ceallraí tí ***agus*** feithiclí leictreacha, ***aonaid*** |

chomhiomlánú.’;

***stórála fuinnimh theirmigh agus fearais agus córais téimh agus fuaraithe leictreacha chliste, agus gléasanna cliste eile a éascaíonn tomhaltas solúbtha leictreachais in-athnuaite na dtomhaltóirí*** a sholáthar, go díreach agus trí chomhiomlánú. ***Cuirfidh na Ballstáit cothroime iomaíochta ar fáil do ghníomhaithe margaidh beaga, go háirithe comhphobail fuinnimh in-athnuaite, ionas go mbeidh siad in ann a bheith rannpháirteach sa mhargadh gan ualach díréireach riaracháin nó rialála a bheith orthu***;

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 20a – mír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Áiritheoidh na Ballstáit ina gcreat rialála náisiúnta go bhfaighidh úsáideoirí feithiclí leictreacha a dhéanann comhaontuithe conarthacha faisnéis shoiléir agus míniúcháin shoiléire i gcónaí faoin gcaoi a ndéanfaidh téarmaí an chomhaontaithe difear d’úsáid a bhfeithicle agus do staid sláinte a ceallra. Ba cheart míniúcháin shoiléire a thabhairt d’úsáideoirí feithiclí leictreacha ar an gcaoi a n-íocfar iad as na seirbhísí solúbthachta, cothromúcháin agus stórála a sholáthraítear don chóras leictreachais agus don mhargadh leictreachais. Áireofar cearta tomhaltóirí d’úsáideoirí feithiclí leictreacha nuair a dhéanfaidh siad comhaontuithe den sórt sin, go háirithe maidir le cosaint a sonraí pearsanta, amhail suíomh agus nósanna tiomána, i dtaca le húsáid a bhfeithicle.*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 20a – mír 4 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar a n-údarás rialála measúnú a dhéanamh, laistigh de bhliain amháin de spriocdháta thrasuí na Treorach seo agus go tréimhsiúil gach 3 bliana ina dhiaidh sin, ar rannchuidiú féideartha an luchtaithe dhéthreoch le dul i bhfód an leictreachais in-athnuaite, le barrfheabhsú córas a n-eangacha leictreachais agus le slándáil an tsoláthair. Déanfaidh na Ballstáit, bunaithe ar thorthaí mheasúnú an rialálaí fuinnimh, bearta chun infhaighteacht agus dáileadh geografach an bhonneagair luchtaithe dhéthreoch a choigeartú, i gceantair phoiblí agus phríobháideacha araon. Cuirfear measúnú an rialálaí agus na bearta atá beartaithe ag na Ballstáit ar fáil go poiblí.*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 22a – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Faoin... [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an méid RFNBOnna is féidir a tháirgeadh san Eoraip agus déanfaidh sé straitéis a fhorbairt le haghaidh allmhairí lena n-áiritheofar éiceachóras éagsúil soláthróirí tríú tír in éineacht leis na Ballstáit.*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) go dtiocfaidh laghdú 13 % ar a laghad ar dhéine gás ceaptha teasa mar thoradh ar mhéid na mbreoslaí in-athnuaite agus an leictreachais in-athnuaite arna soláthar don earnáil iompair faoi 2030, i gcomparáid leis an mbonnlíne a leagtar amach in Airteagal 27(1), pointe (b), i gcomhréir le conair tháscach arna leagan síos ag an mBallstát; | (a) go dtiocfaidh laghdú 13 % ar a laghad ar dhéine gás ceaptha teasa mar thoradh ar mhéid na mbreoslaí in-athnuaite agus an leictreachais in-athnuaite arna soláthar don earnáil iompair faoi 2030, i gcomparáid leis an mbonnlíne a leagtar amach in Airteagal 27(1), pointe (b), i gcomhréir le conair tháscach arna leagan síos ag an mBallstát ***agus arna fíorú ag an gCoimisiún***; |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) gurb é 0,2 % in 2022, 0,5 % in 2025 agus 2,2 % in 2030 an sciar de bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus de bhithghás a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX san fhuinneamh a sholáthraítear don earnáil iompair, agus is fiú 2,6 % ar a laghad in 2030 sciar na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch. | (b) gurb é 0,2 % in 2022, 0,5 % in 2025 agus 2,2 % in 2030 an sciar de bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus de bhithghás a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX san fhuinneamh a sholáthraítear don earnáil iompair, agus is fiú 2,6 % ar a laghad in 2030 sciar na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch. ***Ní áireofar mar chuid de na spriocanna dá dtagraítear i bpointe b ach breoslaí a tháirgtear laistigh den Aontas***. |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**

Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| Chun an laghdú dá dtagraítear i bpointe (a) ***agus an sciar dá dtagraítear i bpointe (b)*** a ríomh, cuirfidh na Ballstáit breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch san áireamh freisin nuair a úsáidtear iad mar tháirgí idirmheánacha chun gnáthbhreoslaí a tháirgeadh. Chun an laghdú dá dtagraítear i bpointe (a) a ríomh, féadfaidh na Ballstáit breoslaí carbóin athchúrsáilte a chur san áireamh. | Chun an laghdú dá dtagraítear i bpointe (a) a ríomh, cuirfidh na Ballstáit breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch san áireamh freisin nuair a úsáidtear iad mar tháirgí idirmheánacha chun gnáthbhreoslaí a tháirgeadh. Chun an laghdú dá dtagraítear i bpointe (a) a ríomh, féadfaidh na Ballstáit breoslaí carbóin athchúrsáilte ***agus breoslaí ísealcharbóin*** a chur san áireamh ***freisin***. |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 25 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 2. Bunóidh na Ballstáit sásra lena gceadófar do sholáthróirí breosla ina gcríoch creidmheasanna a mhalartú chun fuinneamh in-athnuaite a sholáthar d'earnáil an iompair. Gheobhaidh oibreoirí eacnamaíocha a sholáthraíonn leictreachas in-athnuaite d'fheithiclí leictreacha trí stáisiúin athluchtaithe phoiblí creidmheasanna, beag beann ar cé acu a bhfuil nó nach bhfuil na hoibreoirí eacnamaíocha faoi réir na hoibleagáide atá leagtha síos ag an mBallstát ar sholáthróirí breosla, agus féadfaidh siad na creidmheasanna sin a dhíol le soláthróirí breosla, ar féidir leo na creidmheasanna a úsáid chun an oibleagáid a leagtar amach sa chéad fhomhír de mhír 1 a chomhlíonadh.'; | 2. Bunóidh na Ballstáit sásra lena gceadófar do sholáthróirí breosla ina gcríoch creidmheasanna a mhalartú chun fuinneamh in-athnuaite a sholáthar d'earnáil an iompair. Gheobhaidh oibreoirí eacnamaíocha a sholáthraíonn leictreachas in-athnuaite d'fheithiclí leictreacha***, lena n-áirítear in earnáil an iarnróid, earnáil na heitlíochta agus an earnáil mhuirí,*** trí stáisiúin athluchtaithe phoiblí***, leathphoiblí agus phríobháideacha*** creidmheasanna***, i gcás inar féidir go teicniúil,*** beag beann ar cé acu a bhfuil nó nach bhfuil na hoibreoirí eacnamaíocha faoi réir na hoibleagáide atá leagtha síos ag an mBallstát ar sholáthróirí breosla, agus féadfaidh siad na creidmheasanna sin a dhíol le soláthróirí breosla, ar féidir leo na creidmheasanna a úsáid chun an oibleagáid a leagtar amach sa chéad fhomhír de mhír 1 a chomhlíonadh.; |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe a – pointe i**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ‘Chun ríomh a dhéanamh ar olltomhaltas deiridh fuinnimh Ballstáit ó fhoinsí in-athnuaite dá dtagraítear in Airteagal 7 agus ar an sprioc laghdaithe déine gás ceaptha teasa dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 25(1), ***ní mó a bheidh*** an sciar de bhithbhreoslaí agus de bhithleachtanna, chomh maith leis an sciar de bhreoslaí bithmhaise a thomhlaítear san iompar, ***i gcás*** ina dtáirgtear ó bharra bia agus beatha iad, ***ná pointe céatadán amháin níos airde ná an sciar de bhreoslaí den sórt sin i dtomhaltas deiridh fuinnimh san earnáil iompair sa Bhallstát sin in 2020, agus is 7 % den tomhaltas deiridh fuinnimh uasmhéid an tomhaltais a bheidh san earnáil iompair sa Bhallstát sin.’***; | Chun ríomh a dhéanamh ar olltomhaltas deiridh fuinnimh Ballstáit ó fhoinsí in-athnuaite dá dtagraítear in Airteagal 7 agus ar an sprioc laghdaithe déine gás ceaptha teasa dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 25(1), ar an sciar de bhithbhreoslaí agus de bhithleachtanna, chomh maith leis an sciar de bhreoslaí bithmhaise a thomhlaítear san iompar, ***eisiafaidh na Ballstáit an sciar de bhithbhreoslaí, bithleachtanna nó breoslaí bithmhaise lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid*** a tháirgtear ó bharra bia agus beatha ***ar cuireadh síneadh suntasach leis an limistéar táirgthe chun go gcumhdófaí talamh a bhfuil stoc ard carbóin aige***; |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe a – pointe i**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 1a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcásanna dian-mhíshocrachta i margaí bia, déanfaidh na Ballstáit bearta fionraíochta sealadaí maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise bunaithe ar bharra chun an t-éileamh ar fhuinneamh do thráchtearraí bia a laghdú, chun soláthar bia breise a áirithiú agus chun margaí*** |

| | |
|---|---|
| | ***tráchtearraí bia domhanda a chobhsú.*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe a – pointe ii**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***'I gcás ina bhfuil sciar na mbithbhreoslaí agus na mbithleachtanna, chomh maith leis an sciar de bhreoslaí bithmhaise a thomhlaítear in earnáil an iompair, a tháirgtear ó bharra bia agus beatha i mBallstát teoranta do sciar níos ísle ná 7 % nó i gcás ina gcinneann Ballstát an sciar a theorannú tuilleadh, féadfaidh an Ballstát sin an sprioc laghdaithe déine gás ceaptha teasa dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 25(1) a laghdú dá réir sin, ag féachaint don rannchuidiú a bheadh déanta ag na breoslaí sin ó thaobh laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Chun na críche sin, measfaidh na Ballstáit go sábhálfaidh na breoslaí sin 50 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa.';*** | ***scriosta*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 27 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) i gcás leictreachas in-athnuaite, tríd an méid leictreachais in-athnuaite a sholáthraítear do na modhanna iompair go léir a iolrú faoin táirge comparáide breoslaí iontaise $EC_{F\boldsymbol{(e)}}$ a leagtar amach in Iarscríbhinn V; | (iii) i gcás leictreachas in-athnuaite, tríd an méid leictreachais in-athnuaite a sholáthraítear do na modhanna iompair go léir a iolrú faoin táirge comparáide breoslaí iontaise $EC_{F\boldsymbol{(t)}}$ a leagtar amach in Iarscríbhinn V; |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 27 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) cinntear méid an leictreachais in-athnuaite arna sholáthar don earnáil iompair trí mhéid an leictreachais arna sholáthar don earnáil sin a iolrú faoi mheánsciar an leictreachais in-athnuaite a sholáthraítear i gcríoch an Bhallstáit sa dá bhliain roimhe sin. Mar eisceacht air sin, i gcás ina bhfaightear leictreachas ó cheangal díreach le suiteáil a ghineann leictreachas in-athnuaite agus ina soláthraítear é d'earnáil an iompair, áireofar an leictreachas sin go hiomlán mar leictreachas in-athnuaite; | (iii) cinntear méid an leictreachais in-athnuaite arna sholáthar don earnáil iompair trí mhéid an leictreachais arna sholáthar don earnáil sin a iolrú faoi mheánsciar an leictreachais in-athnuaite a sholáthraítear i gcríoch an Bhallstáit sa dá bhliain roimhe sin. Mar eisceacht air sin, i gcás ina bhfaightear leictreachas ó cheangal díreach le suiteáil a ghineann leictreachas in-athnuaite agus ina sholáthraítear é d'earnáil an iompair, ***nó mar mhalairt air sin, i gcás ina bhfaightear leictreachas in-athnuaite breise trí chomhaontú tiomnaithe ceannaigh cumhachta lena ghabhann ráthaíochtaí tionscnaimh ó aonad nó aonaid táirgthe leictreachais arna gcoimisiúnú tar éis an comhaontú ceannaigh cumhachta a shíniú***, ***agus nach gcuirfear san áireamh é mar leictreachas in-athnuaite in aon earnáil eile,*** áireofar an leictreachas sin go hiomlán mar leictreachas in-athnuaite; |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 27 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(iv) beidh sciar na mbithbhreoslaí agus an bhithgháis a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn IX i luach fuinnimh breoslaí agus leictreachais a sholáthraítear don earnáil iompair*** | ***scriosta*** |

***teoranta do 1,7 %, seachas sa Chipir agus i Málta;***

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 27 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) cinntear an laghdú ar dhéine gás ceaptha teasa ó úsáid fuinnimh in-athnuaite tríd an gcoigilteas ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó úsáid bithbhreoslaí, bithgháis agus leictreachais in-athnuaite a sholáthraítear do gach modh iompair a roinnt ar an mbonnlíne. | (d) cinntear an laghdú ar dhéine gás ceaptha teasa ó úsáid fuinnimh in-athnuaite tríd an gcoigilteas ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó úsáid bithbhreoslaí, bithgháis***, breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch*** agus leictreachais in-athnuaite a sholáthraítear do gach modh iompair a roinnt ar an mbonnlíne. |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 – pointe c**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 27 – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) chun an t-uimhreoir a ríomh, cuirfear san áireamh luach fuinnimh bithbhreoslaí ardfhorbartha agus bithgháis a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch arna soláthar do gach modh iompair i gcríoch an Aontais; | (b) chun an t-uimhreoir a ríomh, cuirfear san áireamh luach fuinnimh bithbhreoslaí ardfhorbartha agus bithgháis a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX agus breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch arna soláthar do gach modh iompair i gcríoch an Aontais ***má tháirgtear iad san Aontas***; |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 – pointe e – pointe iii**

Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 27 – mír 3 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 'Mar sin féin, féadfar leictreachas a fhaightear ó cheangal díreach le suiteáil lena ngintear leictreachas in-athnuaite a áireamh go hiomlán mar leictreachas in-athnuaite i gcás ina n-úsáidtear é chun na breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh, ar an gcoinníoll gur fíor an méid seo a leanas i leith na suiteála:'; | Mar sin féin, féadfar leictreachas a fhaightear ó cheangal díreach le suiteáil ***amháin nó níos mó*** lena ngintear leictreachas in-athnuaite a áireamh go hiomlán mar leictreachas in-athnuaite i gcás ina n-úsáidtear é chun na breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh, ar choinníoll ***go léiríonn an tsuiteáil gur soláthraíodh an leictreachas lena mbaineann gan leictreachas a thógáil ón eangach, nó nach bhfaigheann na suiteálacha a ghineann leictreachas in-athnuaite tacaíocht i bhfoirm cabhrach oibriúcháin chun breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh, nó go bhfuil deireadh tagtha le tacaíocht den sórt sin.*** |
| | ***Féadfar leictreachas a tógadh ón eangach a áireamh mar leictreachas atá go hiomlán in-athnuaite ar an gcoinníoll go ndearnadh é a tháirgeadh go heisiach ó fhoinsí in-athnuaite agus gur léiríodh na hairíonna in-athnuaite agus aon chritéir iomchuí eile, agus é á áirithiú nach ndéantar airíonna in-athnuaite an leictreachais sin a mhaíomh ach an t-aon uair amháin agus in aon earnáil chríochúsáide amháin. Is féidir é sin a chomhlíonadh trí na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh***: |
| | ***Chun na hairíonna in-athnuaite a léiriú, ba cheart é a bheith de cheangal ar tháirgeoirí breoslaí ceann amháin nó níos mó de chomhaontuithe ceannaigh cumhachta in-athnuaite a thabhairt i gcrích agus méid leictreachais atá comhionann ar a laghad leis an méid leictreachais a mhaítear a bheith go hiomlán in-athnuaite á ghiniúint ag suiteálacha. Ní fhaigheann na suiteálacha a ghineann leictreachas in-athnuaite tacaíocht i bhfoirm cabhrach*** |

| | |
|---|---|
| | ***oibriúcháin, nó tá deireadh tagtha leis an tacaíocht sin.*** |
| | ***Bainfear amach ar bhonn bliantúil an chothromaíocht idir an leictreachas in-athnuaite a cheannaítear trí cheann amháin nó níos mó de chomhaontuithe ceannaigh cumhachta agus an méid leictreachais a thógtar ón eangach chun breosla a tháirgeadh ionas go mbeidh an táirgeadh láncháilithe mar bhreosla in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch.*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 – pointe e – pointe i a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 27 – mír 3 – fomhír 2 – pointe a agus pointe b

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) cuireadh i mbun feidhme é tar éis na suiteála lena ngintear na breoslaí inathnuaite iompair leachtach agus gásach de thionscnamh neamhbhitheolaíoch nó ag an am céanna; agus*** | ***scriosta*** |
| ***(b) níl sé ceangailte leis an eangach nó tá sé ceangailte leis an eangach ach is féidir fianaise a chur ar fáil gur soláthraíodh an leictreachas lena mbaineann gan leictreachas a thógáil ón eangach.*** | |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 – pointe e – pointe iii a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 27 – mír 3 – fomhír 7

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Faoin 31 Nollaig 2021, déanfaidh an*** | ***scriosta*** |

***Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí mhodheolaíocht de chuid an Aontais a bhunú ina leagtar amach rialacha mionsonraithe trína gcomhlíonfaidh oibreoirí eacnamaíocha na ceanglais a leagtar síos sa chúigiú agus séú fomhíreanna den mhír seo.***

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe a – pointe ii**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 1 – fomhír 4 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás breoslaí bithmhaise soladaí, i suiteálacha a tháirgeann leictreachas, téamh agus fuarú arb ionann iomlán a n-ionchur teirmeach rátaithe agus 5 MW nó ar mó ná sin é, | (a) i gcás breoslaí bithmhaise soladaí, i suiteálacha a tháirgeann leictreachas, téamh agus fuarú arb ionann iomlán a n-ionchur teirmeach rátaithe agus ***20*** MW nó ar mó ná sin é, |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe a – pointe ii**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 1 – fomhír 4 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) i gcás breoslaí bithmhaise gásacha, i suiteálacha a tháirgeann leictreachas, téamh agus fuarú arb ionann iomlán a n-ionchur teirmeach rátaithe agus ***2*** MW nó ar mó ná sin é, | (b) i gcás breoslaí bithmhaise gásacha, i suiteálacha a tháirgeann leictreachas, téamh agus fuarú arb ionann iomlán a n-ionchur teirmeach rátaithe agus ***20*** MW nó ar mó ná sin é, |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe b**

Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***'Tá feidhm ag an mír seo, cé is moite den chéad fhomhír, pointe (c), freisin maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise.';*** | ***scriosta*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe c**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***'Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír, cé is moite de phointí (b) agus (c), agus sa dara fomhír freisin maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise.';*** | ***scriosta*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise a tháirgtear ó bhithmhais talmhaíochta nó foraoise ***arna gcur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear*** i mír ***1, an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), ní dhéanfar iad as bunábhar a fuarthas as talamh a bhí ina thalamh portaigh i mí Eanáir 2008, mura gcuirtear fianaise ar fáil nach mbaineann draenáil ithreach nár draenáladh roimhe sin le saothrú*** | 5. I dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise a tháirgtear ó bhithmhais talmhaíochta nó ***ó bhithmhais*** foraoise ***ó thír nach gcomhlíonann na critéir a leagtar amach*** i mír ***6***, |

***agus le buaint an bhunábhair sin.***

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 18 – pointe e**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 6 – fomhír 1 – pointe a – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) déantar an bhuaint agus cáilíocht agus bithéagsúlacht na hithreach a choinneáil san áireamh agus é mar aidhm tionchair dhiúltacha a íoslaghdú, ***ar bhealach a sheachnaíonn saothrú stumpaí agus fréamhacha, díghrádú foraoisí príomhúla nó iad a thiontú ina bhforaoisí plandála, agus saothrú ar ithreacha leochaileacha; íoslaghdaítear glanleagan crann agus áirithítear leis tairseacha oiriúnacha maidir le heastóscadh adhmad marbh agus ceanglais ann chun úsáid a bhaint as córais logála lena n-íoslaghdaítear an tionchar ar cháilíocht na hithreach, balcadh ithreach san áireamh, agus ar ghnéithe agus ar ghnáthóga bithéagsúlachta:’;*** | (iv) go ndéantar an bhuaint d’fhonn cáilíocht agus bithéagsúlacht na hithreach a choinneáil, agus é mar aidhm tionchair dhiúltacha a laghdú, ***ag baint úsáid as cleachtais inbhuanaithe bainistithe foraoisí atá oiriúnach go háitiúil bunaithe ar na prionsabail a comhaontaíodh ag Forest Europe agus FAO***, |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29a – teideal

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte | Critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, ***breoslaí ísealcharbóin*** agus breoslaí carbóin athchúrsáilte |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29a – mír 2a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Ní fhéadfar fuinneamh ó bhreoslaí ísealcharbóin a áireamh sa chuspóir laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa dá dtagraítear in Airteagal 25(1), an chéad fhomhír, pointe (a), ach amháin más 70 % ar a laghad na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a thagann as úsáid na mbreoslaí sin.*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun an Treoir seo a fhorlíonadh tríd an modheolaíocht a shonrú chun measúnú a dhéanamh ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte. Áiritheofar leis an modheolaíocht nach dtabharfar creidmheas as astaíochtaí a sheachaint i gcás $CO_2$ ar tugadh creidmheas astaíochta as í a ghabháil cheana faoi fhorálacha eile dlí.’; | 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun an Treoir seo a fhorlíonadh tríd an modheolaíocht a shonrú chun measúnú a dhéanamh ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte. ***Foilseofar an gníomh tarmligthe a bheidh bunaithe ar an airteagal seo faoin 31 Nollaig 2022.*** Áiritheofar leis an modheolaíocht nach dtabharfar creidmheas as astaíochtaí a sheachaint i gcás $CO_2$ ar tugadh creidmheas astaíochta as í a ghabháil cheana faoi fhorálacha eile dlí.; |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 – pointe a**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 30 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ‘I gcás ina bhfuil breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte le háireamh sna cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3(1), Airteagal 15a(1), Airteagal 22a(1), Airteagal 23(1), Airteagal 24(4) agus in Airteagal 25(1), ceanglóidh na Ballstáit ar oibreoirí eacnamaíocha a chruthú gur comhlíonadh na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) agus (2) i leith breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte. Chun na críche sin, ceanglóidh siad ar oibreoirí eacnamaíocha úsáid a bhaint as córas cothromúcháin maise:’***;*** | I gcás ina bhfuil breoslaí in-athnuaite***, breoslaí ísealcharbóin*** agus breoslaí carbóin athchúrsáilte le háireamh sna cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3(1), Airteagal 15a(1), Airteagal 22a(1), Airteagal 23(1), Airteagal 24(4) agus in Airteagal 25(1), ceanglóidh na Ballstáit ar oibreoirí eacnamaíocha a chruthú gur comhlíonadh na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) agus (2) i leith breoslaí in-athnuaite, ***breoslaí ísealcharbóin*** agus breoslaí carbóin athchúrsáilte. Chun na críche sin, ceanglóidh siad ar oibreoirí eacnamaíocha úsáid a bhaint as córas cothromúcháin maise: |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 30 – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ‘Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí faisnéis iontaofa isteach faoi chomhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) agus (2), agus chun a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha ar fáil don Bhallstát ábhartha, arna iarraidh sin dó, na sonraí a úsáideadh chun an fhaisnéis sin a dhéanamh amach. | ‘Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí faisnéis iontaofa isteach faoi chomhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) agus (2), agus chun a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha ar fáil don Bhallstát ábhartha, arna iarraidh sin dó, na sonraí a úsáideadh chun an fhaisnéis sin a dhéanamh amach. ***Ceanglóidh na Ballstáit ar oibreoirí eacnamaíocha socrú a*** |

| | |
|---|---|
| | ***dhéanamh maidir le caighdeán leormhaith iniúchóireachta neamhspleáiche don fhaisnéis a tíolacadh, agus fianaise a chur ar fáil go bhfuil an méid sin déanta acu. Chun pointe (a), (b) agus (d) d'Airteagal 29(3), pointe (a) d'Airteagal 29(4), Airteagal 29(5), pointe (a) d'Airteagal 29(6) agus pointe (a) d'Airteagal 29(7) a chomhlíonadh, féadfar iniúchóireacht chéad pháirtí nó iniúchóireacht dara páirtí a úsáid suas go dtí an chéad phointe bailithe den bhithmhais foraoise. Fíorófar leis an iniúchóireacht sin go bhfuil na córais atá á n-úsáid ag na hoibreoirí eacnamaíocha cruinn, iontaofa agus slán ar chalaois, lena n-áirítear fíorúcháin lena n-áirithítear nach ndéantar ábhair a mhodhnú nó a dhiúscairt go hidirnáisiúnta ionas go bhféadfaí an choinsíneacht nó cuid den choinsíneacht a bheith ina dramhaíl nó ina iarmhar. Leis an iniúchóireacht sin, déanfar minicíocht agus modheolaíocht na samplála agus stóinseacht na sonraí a mheasúnú.*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 30 – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos sa mhír seo gan beann ***ar cibé acu a tháirgtear*** na breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte laistigh den Aontas nó a dhéantar iad a allmhairiú. Déanfar faisnéis faoi thionscnamh geografach agus cineál bunábhair na mbithbhreoslaí, na mbithleachtanna agus na mbreoslaí bithmhaise in aghaidh an tsoláthróra breosla a chur ar fáil do thomhaltóirí ar shuíomhanna gréasáin na n-oibreoirí, na soláthróirí nó na n-údarás | Beidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos sa mhír seo gan beann ***i dtaobh an dtáirgtear*** breoslaí in-athnuaite***, breoslaí ísealcharbóin*** agus breoslaí carbóin athchúrsáilte laistigh den Aontas nó an ndéantar iad a allmhairiú. Déanfar faisnéis faoi thionscnamh geografach agus cineál bunábhair na mbithbhreoslaí, na mbithleachtanna agus na mbreoslaí bithmhaise in aghaidh an tsoláthróra breosla a chur ar fáil do thomhaltóirí ar shuíomhanna gréasáin na n-oibreoirí, na |

| | |
|---|---|
| ábhartha inniúil agus déanfar í a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil.'***;*** | soláthróirí nó na n-údarás ábhartha inniúil agus déanfar í a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn bliantúil. |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 – pointe c**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 30 – mír 4 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 'I dtaca le scéimeanna deonacha náisiúnta nó idirnáisiúnta lena leagtar síos caighdeáin maidir le táirgeadh breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go soláthrófar sonraí cruinne maidir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa chun críocha Airteagal 29(10) agus Airteagal 29a(1) agus (2), go léireofar comhlíonadh Airteagal 27(3) agus Airteagal 31a(5), nó go léireofar na critéir inbhuanaitheachta a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) á gcomhlíonadh i gcás coinsíneachtaí bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise. Le linn a léiriú go gcomhlíontar na critéir a leagtar síos in Airteagal 29(6) agus (7), féadfaidh na hoibreoirí an fhianaise is gá a sholáthar go díreach ar leibhéal an limistéir foinsithe. Chun críocha Airteagal 29(3), an chéad fhomhír, pointe (c)(ii), féadfaidh an Coimisiún limistéir a aithint chun éiceachórais nó speicis atá neamhchoitianta, atá faoi bhagairt nó atá i mbaol, nó chun speicis a aithnítear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta nó a áirítear i liostaí arna dtarraingt suas ag eagraíochtaí idir-rialtasacha nó ag an Aontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra a chosaint.'***;*** | I dtaca le scéimeanna deonacha náisiúnta nó idirnáisiúnta lena leagtar síos caighdeáin maidir le táirgeadh breoslaí in-athnuaite***, breoslaí ísealcharbóin*** agus breoslaí carbóin athchúrsáilte, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go soláthrófar sonraí cruinne maidir le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa chun críocha Airteagal 29(10) agus Airteagal 29a(1) agus (2), go léireofar comhlíonadh Airteagal 27(3) agus Airteagal 31a(5), nó go léireofar go gcomhlíonann coinsíneachtaí bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise na critéir inbhuanaitheachta a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7). Le linn a léiriú go gcomhlíontar na critéir a leagtar síos in Airteagal 29(6) agus (7), féadfaidh na hoibreoirí an fhianaise is gá a sholáthar go díreach ar leibhéal an limistéir foinsithe. Chun críocha Airteagal 29(3), an chéad fhomhír, pointe (c)(ii), féadfaidh an Coimisiún limistéir a aithint chun éiceachórais nó speicis atá neamhchoitianta, atá faoi bhagairt nó atá i mbaol, nó chun speicis a aithnítear i gcomhaontuithe idirnáisiúnta nó a áirítear i liostaí arna dtarraingt suas ag eagraíochtaí idir-rialtasacha nó ag an Aontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra a chosaint. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 30 – mír 6 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le suiteálacha ina dtáirgtear téamh agus fuarú leictreach lena ngabhann idir 5 agus ***10*** MW d'ionchur teirmeach rátáilte iomlán, bunóidh na Ballstáit scéimeanna fíoraithe náisiúnta simplithe chun comhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach i mír (2) go (7) agus (10) d'Airteagal 29 a áirithiú.'***;*** | Maidir le suiteálacha ina dtáirgtear téamh agus fuarú leictreach lena ngabhann idir 5 agus ***20*** MW d'ionchur teirmeach rátáilte iomlán, bunóidh na Ballstáit scéimeanna fíoraithe náisiúnta simplithe chun comhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach i mír (2) go (7) agus (10) d'Airteagal 29 a áirithiú.; |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 20 – pointe f**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 30 – mír 10 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 'Ar iarraidh ó Bhallstát, ar iarraidh í a bhféadfadh a bheith bunaithe ar iarraidh ó oibreoir eacnamaíoch, scrúdóidh an Coimisiún, ar bhonn na fianaise uile atá ar fáil, ar comhlíonadh na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) agus (2) i ndáil le foinse breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte. | Ar iarraidh ó Bhallstát, ar iarraidh í a bhféadfadh a bheith bunaithe ar iarraidh ó oibreoir eacnamaíoch, scrúdóidh an Coimisiún, ar bhonn na fianaise uile atá ar fáil, ar comhlíonadh na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) agus (2) i ndáil le foinse breoslaí in-athnuaite, ***breoslaí ísealcharbóin*** agus breoslaí carbóin athchúrsáilte. |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 20 – pointe f**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 30 – mír 10 – fomhír 2 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) na breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte arna dtáirgeadh ón bhfoinse sin a chur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír d’Airteagal 29(1); nó | (a) na breoslaí in-athnuaite***, breoslaí ísealcharbóin*** agus breoslaí carbóin athchúrsáilte arna dtáirgeadh ón bhfoinse sin a chur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír d’Airteagal 29(1); nó |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 20 – pointe f**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 30 – mír 10 – fomhír 2 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) de mhaolú ar mhír 9 den Airteagal seo, a cheangal ar sholáthróirí fhoinse na mbreoslaí in-athnuaite agus na mbreoslaí carbóin athchúrsáilte tuilleadh fianaise a sholáthar faoi chomhlíonadh na gcritéar sin maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus na dtairseach sin maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa.’; | (b) de mhaolú ar mhír 9 den Airteagal seo, a cheangal ar sholáthróirí fhoinse na mbreoslaí in-athnuaite, ***na mbreoslaí ísealcharbóin*** agus na mbreoslaí carbóin athchúrsáilte tuilleadh fianaise a sholáthar faoi chomhlíonadh na gcritéar sin maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus na dtairseach sin maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa.; |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(21) in Airteagal 31, scriostar míreanna 2, 3 agus 4:*** | ***scriosta*** |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 31a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***Más amhlaidh gur*** eisíodh ráthaíochtaí tionscnaimh i leith coinsíneacht gás in-athnuaite a tháirgeadh, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na ráthaíochtaí tionscnaimh sin ar ceal ***sular féidir*** coinsíneacht na ngás in-athnuaite ***a chlárú sa bhunachar sonraí***. | 4. ***I gcás inar*** eisíodh ráthaíochtaí tionscnaimh i leith coinsíneacht gás in-athnuaite a tháirgeadh, áiritheoidh na Ballstáit ***go gclárófar*** na ráthaíochtaí tionscnaimh sin ***sa bhunachar sonraí*** agus go gcuirfear ar ceal iad ***tar éis*** choinsíneacht na ngás in-athnuaite ***a tharraingt siar ón ngréasán Eorpach le haghaidh gás in-athnuaite***. |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 31 a – mír 5 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Cuirfear an bunachar sonraí ar fáil go poiblí ar bhealach oscailte, trédhearcach agus soláimhsithe agus coinneofar cothrom le dáta é. Cuirfear na sonraí ar fáil freisin i bhfoirm chomhiomlánaithe agus imdhealaithe.*** |
| | ***Déanfaidh an Coimisiún tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú don phobal i gcoitinne faoin bhfaisnéis a thuairiscítear i mbunachar sonraí an Aontais, lena n-áirítear cainníochtaí, tionscnamh geografach agus cineál bunábhair na mbithbhreoslaí, na mbithleachtanna agus na mbreoslaí bithmhaise in aghaidh an tsoláthraí breosla agus in aghaidh an Bhallstáit.*** |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 23 – pointe a**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 35 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ‘Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8(3), an dara fomhír, Airteagal 29a(3), Airteagal 26(2), an ceathrú fomhír, Airteagal 26(2), an cúigiú fomhír, Airteagal 27(1), an dara ***fomhír, Airteagal 27(3), an ceathrú*** fomhír, Airteagal 28(5), Airteagal 28(6), an dara fomhír, Airteagal 31(5) an dara fomhír, agus Airteagal 31a(2), an dara fomhír a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ó [theacht i bhfeidhm na Treorach ***leasaithe*** seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse. | Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8(3), an dara fomhír, Airteagal 29a(3), Airteagal 26(2), an ceathrú fomhír, Airteagal 26(2), an cúigiú fomhír, Airteagal 27(1), an dara fomhír, Airteagal 28(5), Airteagal 28(6), an dara fomhír, Airteagal 31(5) an dara fomhír, agus Airteagal 31a(2), an dara fomhír a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ó [theacht i bhfeidhm na Treorach ***leasaithí*** seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse. |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 23 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 35 – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ‘Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 7(3), an cúigiú fomhír, Airteagal 8(3), an dara fomhír, Airteagal 29a(3), Airteagal 26(2), an ceathrú fomhír, Airteagal 26(2), an cúigiú fomhír, Airteagal 27(1), an dara ***fomhír, Airteagal 27(3), an ceathrú*** fomhír, | Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 7(3), an cúigiú fomhír, Airteagal 8(3), an dara fomhír, Airteagal 29a(3), Airteagal 26(2), an ceathrú fomhír, Airteagal 26(2), an cúigiú fomhír, Airteagal 27(1), an dara fomhír, Airteagal 28(5), Airteagal 28(6), an dara |

| | |
|---|---|
| Airteagal 28(5), Airteagal 28(6), an dara fomhír, Airteagal 31(5), agus Airteagal 31a(2), an dara fomhír a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.’***;*** | fomhír, Airteagal 31(5), agus Airteagal 31a(2), an dara fomhír a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní chuirfidh sé isteach ar bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin. |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 23 – pointe c**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 35 – mír 7

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ‘Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 7(3), an cúigiú fomhír, Airteagal 8(3), an dara fomhír, Airteagal 29a(3), Airteagal 26(2), an ceathrú fomhír, Airteagal 26(2), an cúigiú fomhír, Airteagal 27(1), an dara ***fomhír, Airteagal 27(3), an ceathrú*** fomhír, Airteagal 28(5), Airteagal 28(6), an dara fomhír, Airteagal 31(5), agus Airteagal 31a(2) an dara fomhír, i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle’***;*** | Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 7(3), an cúigiú fomhír, Airteagal 8(3), an dara fomhír, Airteagal 29a(3), Airteagal 26(2), an ceathrú fomhír, Airteagal 26(2), an cúigiú fomhír, Airteagal 27(1), an dara fomhír, Airteagal 28(5), Airteagal 28(6), an dara fomhír, Airteagal 31(5), agus Airteagal 31a(2) an dara fomhír, i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 a (nua)**
Treoir 98/70/CE
Airteagal 3 – mír 2 – pointe 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) In 2024 ar a dhéanaí, glacfaidh an Coimisiún Eorpach togra chun Treoir 98/70/CE a leasú agus é mar aidhm cáilíocht na mbreoslaí mótair a shonraítear in Iarscríbhinn I agus II den Treoir seo a fheabhsú.*** |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 7 – mír -1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Faoi mhí na Nollag 2024, tíolacfaidh an Coimisiún Eorpach measúnú tionchair cuimsitheach ar éifeachtaí comhcheangailte agus carnacha an phacáiste 'oiriúnach do 55', lena n-áirítear an treoir seo.*** |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 5 –pointe a**
Treoir 2018/2001/CE
Iarscríbhinn V – cuid C – pointe 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Chun críocha an ríomha dá dtagraítear i bpointe 1(a), ní chuirfear san áireamh laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhainistíocht fheabhsaithe talmhaíochta, esca, amhail aistriú chuig síolú díreach nó curaíocht laghdaithe, | 6. Chun críocha an ríomha dá dtagraítear i bpointe 1(a), ní chuirfear san áireamh laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhainistíocht fheabhsaithe talmhaíochta, esca, amhail aistriú chuig síolú díreach nó curaíocht laghdaithe, |

feabhsú ar bhairr/uainíocht na mbarr, úsáid barr cumhdaigh, lena n-áirítear bainistiú iarmhar barr, agus úsáid feabhsaitheora orgánaigh ithreach (e.g. múirín, díleáiteán coipthe aoiligh), mura bhfuil an baol ann go ndéanfaidh siad dochar don bhithéagsúlacht. Ina theannta sin, cuirfear fianaise dhaingean infhíoraithe ar fáil go bhfuil méadú tagtha ar chion carbóin na hithreach nó gur réasúnach a bheith ag súil go dtiocfadh méadú air thar an tréimhse inar saothraítear na hamhábhair lena mbaineann agus aird á tabhairt ar na hastaíochtaí i gcás ina dtagann méadú ar úsáid leasacháin agus luibhicídí mar thoradh ar chleachtais den sórt sin.’;

[37] D'fhéadfadh tomhais ar chion carbóin na hithreach a bheith i gceist le fianaise den sórt sin, mar shampla tríd an gcéad thomhas roimh an saothrú agus tomhais go tráthrialta ina dhiaidh sin cúpla bliain óna chéile. Sa chás sin, sula mbeadh teacht ar an dara tomhas, dhéanfaí méadú i gcion carbóin na hithreach a mheasúnú ar bhonn turgnaimh ionadaíocha nó samhlacha ithreach. Ón dara tomhas ar aghaidh, bheadh na tomhais ina mbunús lena chinneadh an ann do mhéadú ar chion charbóin na hithreach agus ar a mhéid.

***carbóin a stóráil in ithir le bithghualach,*** feabhsú ar bhairr/uainíocht na mbarr, úsáid barr cumhdaigh, lena n-áirítear bainistiú iarmhar barr, agus úsáid feabhsaitheora orgánaigh ithreach (e.g. múirín, díleáiteán coipthe aoiligh), mura bhfuil an baol ann go ndéanfaidh siad dochar don bhithéagsúlacht***. Is féidir carbón i mbithmhaisí a thiontú ina bhithghualach trí phirealú, ar féidir é a stóráil trí leathadh ar an talamh, rud a fhágann gur teicneolaíocht astaíochtaí diúltacha é. Sa chás sin, tugtar an bónas do bhainistíocht fheabhsaithe talmhaíochta agus aoiligh ar ais chuig an bhfeirmeoir atá freagrach as na hastaíochtaí diúltacha nuair a eisítear deimhnithe inbhuanaitheachta/comhshaoil***. Ina theannta sin, cuirfear fianaise dhaingean infhíoraithe ar fáil go bhfuil méadú tagtha ar chion carbóin na hithreach nó gur réasúnach a bheith ag súil go dtiocfadh méadú air thar an tréimhse inar saothraítear na hamhábhair lena mbaineann agus aird á tabhairt ar na hastaíochtaí i gcás ina dtagann méadú ar úsáid leasacháin agus luibhicídí mar thoradh ar chleachtais den sórt sin.[37];

[37] D'fhéadfadh tomhais ar chion carbóin na hithreach a bheith i gceist le fianaise den sórt sin, mar shampla tríd an gcéad thomhas roimh an saothrú agus tomhais go tráthrialta ina dhiaidh sin cúpla bliain óna chéile. Sa chás sin, sula mbeadh teacht ar an dara tomhas, dhéanfaí méadú i gcion carbóin na hithreach a mheasúnú ar bhonn turgnaimh ionadaíocha nó samhlacha ithreach. Ón dara tomhas ar aghaidh, bheadh na tomhais ina mbunús lena chinneadh an ann do mhéadú ar chion charbóin na hithreach agus ar a mhéid.

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 5 – pointe c**

Treoir 2018/2001/CE
Iarscríbhinn V – cuid C– pointe 18

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 18. Chun críocha na ríomhanna dá dtagraítear i bpointe 17, is iad na hastaíochtaí a bheidh le roinnt eec + el + esca + na codáin sin de ep, etd, eccs agus eccr a tharlaíonn suas go dtí an chéim den phróiseas ina dtáirgtear comhtháirge, an chéim sin san áireamh. Más rud é go ndearnadh aon chionroinnt ar chomhtháirgí ag céim níos luaithe den phróiseas sa saolré, úsáidfear an codán de na hastaíochtaí sin a sannadh don táirge breosla eatramhach sa chéim dheireanach sin den phróiseas chun na críocha sin seachas iomlán na n-astaíochtaí sin. I gcás bithgháis agus bithmheatáin, cuirfear gach comhtháirge nach dtagann faoi raon feidhme phointe 7 san áireamh chun críocha an ríofa sin. Ní dhéanfar aon astaíochtaí a chionroinnt ar dhramhaíl agus iarmhair. Measfar luach fuinnimh nialasach a bheith ag comhtháirgí a bhfuil luach fuinnimh diúltach acu chun críocha an ríofa. Measfar astaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha sa saolré a bheith ag dramhaíl agus iarmhair, lena n-áirítear an dramhaíl agus iarmhair uile atá in Iarscríbhinn IX, suas go dtí próiseas bailithe na n-ábhar sin beag beann orthu a bheith próiseáilte ina dtáirgí eatramhacha sula ndéantar iad a thiontú chuig an táirge deiridh. ***Iarmhair nach n-áirítear in Iarscríbhinn IX agus atá oiriúnach lena n-úsáid sa mhargadh bia nó beatha, measfar go bhfuil an méid céanna astaíochtaí acu ó eastóscadh, ó bhuaint nó ó shaothrú na n-amhábhar, agus eec ar an rogha ionadach is gaire dóibh sa mhargadh bia agus beatha atá sa tábla i gcuid D.*** I gcás breoslaí bithmhaise a tháirgtear i scaglanna, seachas an teaglaim d'ionaid phróiseála ina bhfuil coirí nó aonaid chomhghiniúna a sholáthraíonn teas agus/nó leictreachas don ionad próiseála, is é an scaglann a úsáidfear mar aonad anailíse chun críocha | 18. Chun críocha na ríomhanna dá dtagraítear i bpointe 17, is iad na hastaíochtaí a bheidh le roinnt eec + el + esca + na codáin sin de ep, etd, eccs agus eccr a tharlaíonn suas go dtí an chéim den phróiseas ina dtáirgtear comhtháirge, an chéim sin san áireamh. Más rud é go ndearnadh aon chionroinnt ar chomhtháirgí ag céim níos luaithe den phróiseas sa saolré, úsáidfear an codán de na hastaíochtaí sin a sannadh don táirge breosla eatramhach sa chéim dheireanach sin den phróiseas chun na críocha sin seachas iomlán na n-astaíochtaí sin. I gcás bithgháis agus bithmheatáin, cuirfear gach comhtháirge nach dtagann faoi raon feidhme phointe 7 san áireamh chun críocha an ríofa sin. Ní dhéanfar aon astaíochtaí a chionroinnt ar dhramhaíl agus iarmhair. Measfar luach fuinnimh nialasach a bheith ag comhtháirgí a bhfuil luach fuinnimh diúltach acu chun críocha an ríofa. Measfar astaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha sa saolré a bheith ag dramhaíl agus iarmhair, lena n-áirítear an dramhaíl agus iarmhair uile atá in Iarscríbhinn IX, suas go dtí próiseas bailithe na n-ábhar sin beag beann orthu a bheith próiseáilte ina dtáirgí eatramhacha sula ndéantar iad a thiontú chuig an táirge deiridh. I gcás breoslaí bithmhaise a tháirgtear i scaglanna, seachas an teaglaim d'ionaid phróiseála ina bhfuil coirí nó aonaid chomhghiniúna a sholáthraíonn teas agus/nó leictreachas don ionad próiseála, is é an scaglann a úsáidfear mar aonad anailíse chun críocha an ríofa dá dtagraítear i bpointe 17; |

an ríofa dá dtagraítear i bpointe 17’;

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 6 – pointe c**
Treoir 2018/2001/CE
Iarscríbhinn VI – pointe 18 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Measfar astaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha sa saolré a bheith ag dramhaíl agus iarmhair, lena n-áirítear an dramhaíl agus iarmhair uile atá in Iarscríbhinn IX, suas go dtí próiseas bailithe na n-ábhar sin beag beann orthu a bheith próiseáilte ina dtáirgí eatramhacha sula ndéantar iad a thiontú chuig an táirge deiridh. ***Iarmhair nach n-áirítear in Iarscríbhinn IX agus atá oiriúnach lena n-úsáid sa mhargadh bia nó beatha, measfar go bhfuil an méid céanna astaíochtaí acu ó eastóscadh, ó bhuaint nó ó shaothrú amhábhar, agus*** $e_{ec}$ ***ar an rogha ionadach is gaire dóibh sa mhargadh bia agus beatha atá sa tábla i gcuid D d’Iarscríbhinn V.*** | Measfar astaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha sa saolré a bheith ag dramhaíl agus iarmhair, lena n-áirítear an dramhaíl agus iarmhair uile atá in Iarscríbhinn IX, suas go dtí próiseas bailithe na n-ábhar sin beag beann orthu a bheith próiseáilte ina dtáirgí eatramhacha sula ndéantar iad a thiontú chuig an táirge deiridh. |

# NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú a dhéanamh ar Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle |
| **Tagairtí** | COM(2021)0557 – C9-0329/2021 – 2021/0218(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>13.9.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | TRAN<br>13.9.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Barbara Thaler<br>29.10.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 14.3.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 17.5.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 30<br>–: 9<br>0: 9 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Andris Ameriks, José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Paolo Borchia, Karolin Braunsberger-Reinhold, Marco Campomenosi, Massimo Casanova, Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Ismail Ertug, Gheorghe Falcă, Giuseppe Ferrandino, Carlo Fidanza, Mario Furore, Søren Gade, Isabel García Muñoz, Jens Gieseke, Elsi Katainen, Kateřina Konečná, Bogusław Liberadzki, Peter Lundgren, Benoît Lutgen, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Marian-Jean Marinescu, Tilly Metz, Cláudia Monteiro de Aguiar, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, João Pimenta Lopes, Rovana Plumb, Tomasz Piotr Poręba, Dominique Riquet, Massimiliano Salini, Vera Tax, Barbara Thaler, István Ujhelyi, Henna Virkkunen, Petar Vitanov, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Lucia Vuolo, Roberts Zīle, Kosma Złotowski |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clare Daly, Maria Grapini, Roman Haider |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 30 | + |
|---|---|
| ECR | Carlo Fidanza, Tomasz Piotr Poręba, Roberts Zīle, Kosma Złotowski |
| ID | Paolo Borchia, Marco Campomenosi, Massimo Casanova, Roman Haider |
| PPE | Magdalena Adamowicz, Karolin Braunsberger-Reinhold, Gheorghe Falcă, Jens Gieseke, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Benoît Lutgen, Marian-Jean Marinescu, Cláudia Monteiro de Aguiar, Massimiliano Salini, Barbara Thaler, Henna Virkkunen, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Lucia Vuolo |
| Renew | José Ramón Bauzá Díaz, Izaskun Bilbao Barandica, Søren Gade, Elsi Katainen, Caroline Nagtegaal, Jan-Christoph Oetjen, Dominique Riquet |
| S&D | Maria Grapini, István Ujhelyi |

| 9 | - |
|---|---|
| NI | Mario Furore |
| The Left | Clare Daly, Kateřina Konečná, João Pimenta Lopes |
| Verts/ALE | Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Karima Delli, Anna Deparnay-Grunenberg, Tilly Metz |

| 9 | 0 |
|---|---|
| ECR | Peter Lundgren |
| S&D | Andris Ameriks, Ismail Ertug, Giuseppe Ferrandino, Isabel García Muñoz, Bogusław Liberadzki, Rovana Plumb, Vera Tax, Petar Vitanov |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

22.6.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHORBAIRT RÉIGIÚNACH

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (COM2021(0557) – C9-0329/2021 – 2021/0218(COD))

Rapporteur for opinion: Raffaele Fitto

## RÉASÚNÚ GEARR

I mí Iúil 2021 sheol an Coimisiún Eorpach an pacáiste 'Oiriúnach do 55' a bhfuil sé mar aidhm leis glanastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 55 % ar a laghad faoi 2030 agus aeráidneodracht a bhaint amach i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip. Sa phacáiste, áirítear togra chun leasú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, lena leagtar síos cuspóir níos uaillmhianaí do AE a bhaint amach faoi 2030, i gcomhréir leis an gcuspóir laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa atá molta.

Diomaite de chuspóir níos uaillmhianaí, moltar bearta freisin sa togra, ar bearta iad atá dírithe ar earnálacha a raibh dul chun cinn mall iontu go dtí seo. Tá sé mar aidhm leis an togra seo treisiú a dhéanamh ar na bearta atá cheana ann sna hearnálacha téimh agus fuaraithe chomh maith leis an earnáil iompair agus forlíontar iad le forálacha nua maidir le foirgníocht agus tionsclaíocht. Ina theannta sin, baineann an togra leis an Straitéis maidir le Comhtháthú Córas Fuinnimh, leis an Straitéis Hidrigine, leis an Straitéis maidir le Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta agus leis an Straitéis maidir leis an mBithéagsúlacht.

Tá béim á cur ag an rapóirtéir ar an ngné áitiúil láidir a bhaineann le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go dtabharfadh na Ballstáit páirt iomlán do na húdaráis áitiúla agus do na húdaráis réigiúnacha i bpleanáil agus i gcur chun feidhme beart náisiúnta maidir leis an gcomhshaol agus an aeráid.

Tá an rapóirtéir den tuairim, chun na spriocanna comhshaoil a bhaint amach, go mbeidh gá le húsáid a bhaint as foinsí idirthréimhseacha suntasacha, amhail an bhithmhais, sna blianta atá le teacht. Más rud é go gcaithfear bithmhais a fháil agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, tá sé ríthábhachtach go leagfar síos sainmhínithe soiléire agus praiticiúla leis an athbhreithniú seo. Ina theannta sin, measann an rapóirtéir nach bhfuil an togra ón gCoimisiún maidir le prionsabal na húsáide cascáidí a thabhairt isteach i ngníomh tarmligthe fónta agus go bhféadfadh sé dochar a dhéanamh fiú. Go deimhin, ní hamháin go mbeadh costais bhreise agus rómhaorlathas ag baint leis an gcur chuige sin, ach ní chuirtear gnéithe áitiúla san

áireamh leis ach oiread. Is é an réiteach is fearr a bheadh ann ná na Ballstáit a spreagadh machnamh a dhéanamh ar an úsáid chascáideach i bhfianaise a gcomhthéacs áitiúil.

Tá an Rapóirtéir den tuairim gur féidir le tionscadail eangaí cliste i réigiúin teorann breisluach ard a thabhairt don chur chuige trasteorann, ós rud é go lamhálann siad barrfheabhsú níos fearr acmhainní, go ndéanann siad córais leictreachais sholúbtha agus láidre, agus go dtugann siad buntáistí sóisialta níos leithne do na pobail áitiúla lena mbaineann.

Measann sé go bhféadfaí, trí shainmhíniú ar bhreoslaí ísealcharbóin a thabhairt isteach, cuidiú le glacadh beart ísealcharbóin agus úsáid teicneolaíochtaí ísealcharbóin a spreagadh, mar roghanna malartacha a d'fhéadfadh astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus cuidiú leis an Aontas oibriú i dtreo a spriocanna comhshaoil do 2050 a bhaint amach.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Fhorbairt Réigiúnach ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Bunaítear leis an gComhaontú Glas don Eoraip[5] an cuspóir Aontas aeráidneodrach a bhaint amach in 2050 ar bhealach a chuirfidh le ***geilleagar na hEorpa, le*** fás agus ***le poist a chruthú***. Leis an gcuspóir sin a bhaint amach, agus an cuspóir de laghdú 55 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 mar a leagtar amach ***sa Phlean um Sprioc*** Aeráide ***2030***[6] ***a d'fhormhuinigh Parlaimint na hEorpa***[7] ***agus an Chomhairle Eorpach***[8] ***araon***, tá gá le haistriú fuinnimh agus le sciar i bhfad níos airde d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i gcóras fuinnimh comhtháite. | (1) Bunaítear leis an gComhaontú Glas don Eoraip[5] an cuspóir Aontas aeráidneodrach a bhaint amach in 2050 ar ***a dhéanaí ar*** bhealach a chuirfidh le ***hinbhuanaitheacht an gheilleagair Eorpaigh, cosaint an chomhshaoil, forbairt shóisialta,*** fás agus ***cruthú post agus, ag an am céanna, dul i ngleic leis an athrú aeráide***. Leis an gcuspóir sin a bhaint amach, agus an cuspóir de laghdú 55 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 mar a leagtar amach ***i Rialachán (AE) 2021/1119 ('An Dlí*** Aeráide ***Eorpach')***, tá gá le haistriú fuinnimh agus le sciar i bhfad níos airde d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite i gcóras fuinnimh comhtháite. |
| ______________ | ______________ |
| [5] Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2019) 640 final an 11.12.2019, An | [5] Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2019) 640 final an 11.12.2019, An |

Comhaontú Glas don Eoraip.

Comhaontú Glas don Eoraip.

***[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2020) 562 final an 17.9.2020, Stepping up Europe's 2030 climate ambition Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa do 2030 Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas an phobail]***

***[7] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (2019/2956(RSP))***

***[8] Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 11 Nollaig 2020, https://www.consilium.europa.eu/media/47296/1011-12-20-euco-conclusions-en.pdf***

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Tá ról bunúsach ag fuinneamh in-athnuaite chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích agus chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, ós rud é gurb í earnáil an fhuinnimh is cúis le breis agus 75 % d'astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa an Aontais. Trí na hastaíochtaí gás ceaptha teasa sin a laghdú, is cuidiú é fuinneamh in-athnuaite freisin chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid, ***mar shampla*** cailliúint bithéagsúlachta. | (2) Tá ról bunúsach ag fuinneamh in-athnuaite chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích agus chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, ós rud é gurb í earnáil an fhuinnimh is cúis le breis agus 75 % d'astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa an Aontais. Trí na hastaíochtaí gás ceaptha teasa sin a laghdú, is cuidiú é fuinneamh in-athnuaite freisin chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid, ***amhail*** cailliúint bithéagsúlachta***; rud a rannchuidíonn le dálaí comhshaoil a fheabhsú ar an iomlán agus feiniméin adhaimsire amhail triomach agus tuilte a sheachaint***. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Ba cheart neartú a dhéanamh ar ról na bPobal Fuinnimh In-athnuaite Áitiúil mar uirlis chun úsáid fhorleathan foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur chun cinn. Ba cheart tionscnaimh maidir le féinghiniúint (chomhchoiteann) agus féintomhaltas (comhchoiteann) i dteaghaisí agus ar leibhéal ceantair a éascú trí laghdú a dhéanamh ar cheanglais maidir le ceadanna, ar dheacrachtaí riaracháin nó ar thosca eile a chuireann bac ar rochtain ar an eangach, táillí eangaí a laghdú, agus feabhas a chur ar imlonnú teicneolaíochtaí amhail teicneolaíochtaí gréine, teirmeacha agus fótavoltacha, gaoithe agus geoiteirmeach lena ráthaítear rochtain ar chistí AE agus lena gcuirtear feabhas ar imlonnú teicneolaíochtaí amhail teicneolaíochtaí gréine, teirmeacha agus fótavoltacha, gaoithe agus geoiteirmeacha). Chuige sin, iarrtar ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a bpleananna beartais comhtháthaithe faoi seach a úsáid chun maoiniú bonneagair agus ionstraimí a rachaidh chun tairbhe na bpróiseas sin a spreagadh.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2b) Is minic a dhéantar fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh ar an leibhéal áitiúil agus is minic a bhraitheann sé ar FBManna réigiúnacha; Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit páirt iomlán a thabhairt d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus iad ag leagan síos spriocanna agus ag tacú le bearta*** |

***beartais;***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 2 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2c) Tríd an bhfuinneamh in-athnuaite intíre a chur chun cinn, laghdaítear spleáchas fuinnimh an Aontais agus an gá atá aige breoslaí iontaise a allmhairiú, rud a chuireann leis an tslándáil fuinnimh.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 2 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2d) Tá tionchar ag bochtaineacht fuinnimh ar thart ar 35 mhilliún Eorpach1a agus tá ról tábhachtach ag beartais fuinnimh in-athnuaite in aon straitéis lena dtéitear i ngleic le bochtaineacht fuinnimh agus leochaileacht tomhaltóirí.*** |
| | ***__________________*** |
| | ***1a Moladh (AE) 2020/1563 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 2 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2e) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, dá bhrí sin, go gcuirfear*** |

***dreasachtaí agus beartais réamhghníomhacha i bhfeidhm chun éascú a dhéanamh ar ghiniúint fuinnimh in-athnuaite agus téamh agus fuarú atá éifeachtúil a ghlacadh, ní hamháin i dteaghlaigh meánioncaim agus ardioncaim, ach freisin agus go háirithe sna teaghlaigh sin a bhfuil ioncam íseal acu agus atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh, agus aird ar leith á tabhairt orthu siúd atá i limistéir inar tearc an daonra.***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 2 f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2f) Moltar d'údaráis bhainistíochta úsáid infheistíochtaí críochacha comhtháite agus tionscadail forbartha áitiúla faoi cheannas an phobail a chur chun cinn d'fhonn cuir chuige ón mbun aníos a bhunú chun pobail fuinnimh áitiúla agus tionscadail fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 2 g (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2g) Ba cheart na foinsí éagsúla fuinnimh in-athnuaite inbhuanaithe atá ar fáil a chomhtháthú. Ba cheart a n-úsáid a chothú freisin trí phobail fuinnimh in-athnuaite agus trí phobail fuinnimh saoránach a bhunú a bheidh dírithe ar inbhuanaitheacht shóisialta agus chomhshaoil ó thaobh na rannpháirtithe agus ó thaobh na n-oibreoirí eangaí córais dáileacháin araon.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 2 h (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2h) Ba cheart d'údaráis inniúla rialacha agus nósanna imeachta riaracháin simplithe a bhunú do tháirgeoirí fuinnimh in-athnuaite beaga agus do phobail fuinnimh áitiúla chun a áirithiú nach mbeidh ualaí riaracháin idirdhealaitheacha rompu.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 2 i (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2i) Ba cheart do na Ballstáit scéimeanna tiomanta um thacaíocht airgeadais a bhunú do phobail fuinnimh áitiúla, go háirithe le linn chéimeanna na pleanála agus an bhunaithe chomh maith le seisiúin faisnéise teicniúla agus treoraíochta a thabhairt isteach chun tacú leis na pobail sin agus chun úsáid struchtúr úinéireachta nuálach a spreagadh.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Leagtar síos le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] sprioc cheangailteach Aontais gur ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a thiocfaidh 32 % ar a laghad | (3) Leagtar síos le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] sprioc cheangailteach Aontais gur ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a thiocfaidh 32 % ar a laghad |

| | |
|---|---|
| d'olltomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais faoi 2030. Faoin bPlean um Sprioc Aeráide, ba ghá an sciar d'fhuinneamh in-athnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh a mhéadú go dtí ***40 %*** faoi 2030 chun sprioc laghdaithe an Aontais i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach[10]. Dá bhrí sin, is gá an sprioc a leagtar amach in Airteagal 3 den Treoir sin a mhéadú. | d'olltomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais faoi 2030. Faoin bPlean um Sprioc Aeráide, ba ghá an sciar d'fhuinneamh in-athnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh a mhéadú go dtí ***45 % ar a laghad*** faoi 2030 chun sprioc laghdaithe an Aontais i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa***, mar*** a ***chumhdaítear i ndlí aeráide AE, a*** bhaint amach[10]. Dá bhrí sin, is gá an sprioc a leagtar amach in Airteagal 3 den Treoir sin a mhéadú ***agus spriocanna áirithe náisiúnta a bheith ag gabháil léi i bhfianaise a n-éifeachtachta cruthaithe i dtaobh cinnteacht a sholáthar d'infheisteoirí agus forbairt leanúnach ar theicneolaíochtaí a ghineann fuinneamh ó gach cineál foinsí in-athnuaite a spreagadh***. |
| [9] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, IO L 328, 21.12.2018, lch. 82-209 | [9] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, IO L 328, 21.12.2018, lch. 82-209 |
| [10] Pointe 3 den Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2020) 562 final an 17.9.2020, Stepping up Europe's 2030 climate ambition Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa do 2030 Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas an phobail] | [10] Pointe 3 den Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2020) 562 final an 17.9.2020, Stepping up Europe's 2030 climate ambition Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa do 2030 **-** Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas an phobail] |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3a) I bhfianaise ionradh na Rúise ar an Úcráin, chuir an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh Plean Deich bPointe ar fáil don Aontas Eorpach chun laghdú breis is trian a dhéanamh ar spleáchas ar sholáthairtí na Rúise agus,*** |

***ag an am céanna, tacaíocht a thabhairt do Chomhaontú Glas don Eoraip lena n-áirithítear aistriú fuinnimh tapa, níos láidre agus níos soiléire. I measc na moltaí, mhol an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh giniúint chumhachta ó bhithfhuinneamh a uasmhéadú. Ina theannta sin agus sa chomhthéacs céanna, d'eisigh an Coimisiún Eorpach an teachtaireacht 'REPowerEU: Comhghníomhaíocht Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe' ina n-iarrtar go ndéanfaí cuspóir de chuid 'Oiriúnach do 55' le haghaidh bithmheatáin a dhúbailt chun 35 bhilliún méadar ciúbach (bcm) in aghaidh na bliana a tháirgeadh faoi 2030. Ba cheart do phleananna straitéiseacha CBT de chuid na mBallstát cistiú a dhíriú ar bhithmheatán a tháirgtear ó fhoinsí inbhuanaithe bithmhaise, lena n-áirítear dramhaíl agus fuíoll talmhaíochta. Dá bhrí sin, ba cheart ról na bithmhaise talmhaíochta agus na bithmhaise ó fhoraoisí, mar fhoinse fuinnimh inbhuanaithe, in-athnuaite agus áitiúil, a neartú, a spreagadh agus a chur chun cinn i gconair na hEorpa i dtreo an dícharbónaithe agus neamhspleáchas fuinnimh.***

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3b) Léirítear le fianaise eolaíoch leanúnach gur príomhspreagthóirí iad coigilteas fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh agus fuinneamh in-athnuaite chun geilleagar astaíochtaí GCT glan-nialasacha a bhaint amach. I gcomhréir leis an moladh ón gCoimisiún an 28 Meán Fómhair 2021 dar teideal On Energy Efficiency First: ó phrionsabail*** |

| | |
|---|---|
| | ***go cleachtas. Guidelines and examples for its implementation in decision-making in the energy sector and beyond [Bunphrionsabal na hÉifeachtúlachta Fuinnimh: ó phrionsabail go cleachtas. Treoirlínte agus samplaí dá cur chun feidhme sa chinnteoireacht san earnáil fuinnimh agus níos faide i gcéin], ba cheart cur chuige comhtháite a ghlacadh leis an Treoir seo tríd an bhfoinse in-athnuaite is éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de a chur chun cinn d'aon earnáil ar leith agus d'aon fheidhm agus trí éifeachtúlacht córais a chur chun cinn, ionas go mbeadh gá leis an bhfuinneamh is lú le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha éagsúla.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3c) Ceann de na cúig chuspóir beartais comhtháthaithe don tréimhse 2021-2027 is ea Eoraip níos glaise a bheith ann trí infheistíocht san fhuinneamh glan, sa gheilleagar ciorclach, i maolú ar an athrú aeráide agus in iompar inbhuanaithe a chur chun cinn. Ba cheart, dá bhrí sin, go ndíreofaí le cistí an bheartais comhtháthaithe ar aon mhéadú ar éagothromaíochtaí a chosc, cabhrú leis na réigiúin sin a bhfuil an t-ualach aistrithe is troime acu, infheistíocht i mbonneagar a spreagadh, agus oiliúint a chur ar oibreoirí maidir le teicneolaíochtaí nua chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3d) Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit páirt a thabhairt do na húdaráis réigiúnacha, áitiúla agus chríochacha trí chur chuige ó bhun aníos chun go mbeidh sé níos éasca cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach. Chuige sin, beidh sé bunriachtanach an rialachas il-leibhéil a fheabhsú chun an uaillmhian agus an ghníomhaíocht áitiúil a mhéadú agus an pobal i gcoitinne agus gníomhaithe áitiúila a rannpháirtiú.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3e) Beidh ar CFRE tacú le héifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn agus le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú; an fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn; córais agus gréasáin fuinnimh chliste a fhorbairt, agus soghluaisteacht uirbeach, ilmhódach, inbhuanaithe a chur chun cinn, i gcomhthéacs an aistrithe chuig geilleagar carbóin glan-nialasach; ní mór do CSE+ rannchuidiú le feabhsuithe i gcórais oideachais agus oiliúna is gá chun scileanna agus cáilíochtaí a oiriúnú, gach duine a uas-sciliú, lena n-áirítear an lucht saothair, poist nua a chruthú in earnálacha a bhaineann leis an gcomhshaol, leis an aeráid, le fuinneamh, leis an ngeilleagar ciorclach agus leis an mbithgheilleagar (Airteagal 4 den Rialachán maidir le CSE+).*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3 f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3f) Agus measúnú á dhéanamh aige ar na pleananna náisiúnta maidir le bithfhuinneamh, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar a gcomhsheasmhacht agus a rannchuidiú le reachtaíocht agus gealltanais an Aontais maidir leis an gcomhshaol agus leis an aeráid.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3 g (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3g) Baineann gné áitiúil láidir le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go dtabharfadh na Ballstáit páirt iomlán do na húdaráis áitiúla agus do na húdaráis réigiúnacha i bpleanáil agus i gcur chun feidhme beart náisiúnta maidir leis an aeráid, rochtain dhíreach ar mhaoiniú a sholáthar agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na mbeart a glacadh. I gcás inarb infheidhme, ba cheart do na Ballstáit rannchuidithe áitiúla agus réigiúnacha a chomhtháthú i bpleananna náisiúnta maidir leis an bhfuinneamh agus an aeráid.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3 h (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3h) ag aithint an róil thábhachtaigh*** |

| | |
|---|---|
| | ***atá ag an mbeartas comhtháthaithe i dtaobh rannchuidiú le cúnamh a thabhairt do na réigiúin oileánacha spriocanna aeráidneodrachta a bhaint amach, agus na costais bhreise a bhaineann le hearnálacha amhail earnáil an fhuinnimh agus an iompair á gcur san áireamh, chomh maith leis an tionchar atá ag an teicneolaíocht mhóibíleach ar a gcórais fuinnimh, lena n-éilítear leibhéal infheistíochta atá an-ard, ó thaobh comhréire de, chun foinsí fuinnimh in-athnuaite eadrannacha a bhainistiú;*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3 i (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3i) á chur i bhfios, mar gheall ar a mbeagmhéid agus a gcórais fuinnimh leithlisithe, go bhfuil dúshlán mór roimh na réigiúin oileánacha is iargúlta, díreach cosúil leis na réigiúin is forimeallaí, a mhéid a bhaineann leis an soláthar fuinnimh ós rud é go mbíonn siad ag brath go ginearálta ar allmhairí breosla iontaise le haghaidh giniúint leictreachais, iompair agus téimh;*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3 j (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3j) á mheas gur cheart tús áite a thabhairt d'úsáid fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear cumhacht taoide, agus á chreidiúint go bhféadfadh sé dul chun tairbhe na n-oileán go mór, agus aird á tabhairt ar riachtanais na bpobal áitiúil, lena n-áirítear caomhnú ailtireacht thraidisiúnta na n-oileán agus gnáthóg*** |

| | |
|---|---|
| | ***áitiúil na n-oileán; á iarraidh, dá bhrí sin, go dtacófaí le réimse leathan foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt bunaithe ar a ngnéithe geografacha; á chur in iúl gur geal léi na cláir hidrigine glasa atá seolta ag na hoileáin;*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) ***Tá méadú ag teacht ar an aitheantas gur gá beartais bhithfhuinnimh a ailíniú le prionsabal úsáid chascáideach na bithmhaise***[11]***, d'fhonn rochtain chothrom ar mhargadh na n-amhábhar bithmhaise a áirithiú chun réitigh bhithbhunaithe nuálacha, ard-bhreisluacha*** agus ***bithgheilleagar inbhuanaithe ciorclach a fhorbairt. Agus*** scéimeanna tacaíochta ***bithfhuinnimh*** á bhforbairt, ba cheart do Bhallstáit an soláthar bithmhaise inbhuanaithe atá ar fáil le haghaidh úsáidí fuinnimh agus neamhfhuinnimh agus ***neartú*** na linnte carbóin foraoise náisiúnta agus na n-éiceachóras a chur san áireamh chomh maith le ***prionsabail*** an gheilleagair chiorclaigh agus prionsabal úsáid chascáideach na bithmhaise, ***agus ord*** na réiteach dramhaíola a bhunaítear i dTreoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12]. ***Chuige sin, níor cheart dóibh aon tacaíocht a thabhairt do ghiniúint fuinnimh ó lomáin sábhadóireachta, lomáin veinír, stumpaí agus fréamhacha agus ba cheart dóibh cur chun cinn úsáid na lomán cruinn ardchaighdeáin le haghaidh fuinnimh a sheachaint seachas i gcúinsí dea-shainithe. I gcomhréir le prionsabal na húsáide cascáidí, ba cheart bithmhais adhmaid a úsáid de réir an bhreisluacha eacnamaíoch agus comhshaoil is airde atá aici san ord tosaíochtaí seo a leanas:*** | (4) Agus scéimeanna tacaíochta ***don bhithfhuinneamh*** á bhforbairt, ba cheart do Bhallstáit***, dá bhrí sin,*** an soláthar bithmhaise inbhuanaithe atá ar fáil le haghaidh úsáidí fuinnimh agus neamhfhuinnimh agus ***caomhnú*** na linnte carbóin foraoise náisiúnta agus na n-éiceachóras a chur san áireamh***, lena n-áirítear cosc ar fhalscaí,*** chomh maith le ***cosaint na bithéagsúlachta agus feabhsú phrionsabal*** an gheilleagair chiorclaigh agus prionsabal úsáid chascáideach na bithmhaise ***a áirithiú***, ***mar aon le hord*** na réiteach dramhaíola a bhunaítear i dTreoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12]. Os a choinne sin, agus impleachtaí breise phrionsabal na húsáide cascáidí á sainiú, is gá na sainiúlachtaí náisiúnta a aithint atá mar threoir do na Ballstáit agus a scéimeanna tacaíochta á ndearadh acu. Ba cheart tús áite a thabhairt do dhramhaíl a chosc, a athúsáid agus a athchúrsáil. Ba cheart do na Ballstáit féachaint chuige nach gcruthófaí scéimeanna tacaíochta a thiocfadh salach ar spriocanna maidir le dramhaíl a chóireáil agus a d'fhágfadh go mbeadh úsáid neamhéifeachtach á baint as dramhaíl in-athchúrsáilte. |

***1) táirgí atá bunaithe ar adhmad, 2) síneadh a chur leis na blianta seirbhíse atá iontu, 3) athúsáid, 4) athchúrsáil, 5) bithfhuinneamh agus 6) diúscairt. I gcás nach bhfuil úsáid ar bith eile le haghaidh bithmhais adhmaid inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de nó iomchuí ó thaobh an chomhshaoil de, is cuidiú aisghabháil fuinnimh chun giniúint fuinnimh ó fhoinsí neamh-inathnuaite a laghdú. Ba cheart, mar sin, scéimeanna tacaíochta Ballstát le haghaidh bithfhuinnimh a dhíriú ar amhábhair den sórt sin nach bhfuil mórán iomaíocht mhargaidh lena n-aghaidh leis na hearnálacha ábhair, agus ar rud dearfach don aeráid agus don bhithéagsúlacht araon a bhfoinsiú, chun dreasachtaí diúltacha le haghaidh conairí bithfhuinnimh neamh-inbhuanaithe a sheachaint, mar a shainaithnítear i dtuarascáil JRC 'The use of woody biomass for energy production in the EU' [Bithmhais adhmaid a úsáid le haghaidh táirgeadh fuinnimh san Aontas Eorpach][13].*** Os a choinne sin, agus impleachtaí breise phrionsabal na húsáide cascáidí á sainiú, is gá na sainiúlachtaí náisiúnta a aithint atá mar threoir do na Ballstáit agus a scéimeanna tacaíochta á ndearadh acu. Ba cheart tús áite a thabhairt do dhramhaíl a chosc, a athúsáid agus a athchúrsáil. Ba cheart do na Ballstáit féachaint chuige nach gcruthófaí scéimeanna tacaíochta a thiocfadh salach ar spriocanna maidir le dramhaíl a chóireáil agus a d'fhágfadh go mbeadh úsáid neamhéifeachtach á baint as dramhaíl in-athchúrsáilte. ***Thairis sin, chun úsáid níos éifeachtúla bithfhuinnimh a áirithiú, ó 2026 ar aghaidh níor cheart do Bhallstáit tacaíocht a thabhairt a thuilleadh do ghléasraí leictreachais amháin, ach amháin má tá na suiteálacha i réigiúin a bhfuil stádas sonrach acu a mhéid a bhaineann leis an aistriú atá ar bun acu ó bhreoslaí iontaise nó má úsáideann na suiteálacha gabháil agus stóráil carbóin.***

***[11] Is é is aidhm do phrionsabal na húsáide cascáidí éifeachtúlacht acmhainne úsáid bithmhaise a bhaint amach trí thús áite a thabhairt d'úsáid ábhar bithmhaise thar úsáid fuinnimh pé uair is féidir, rud a mhéadódh méid na bithmhaise atá ar fáil laistigh den chóras. I gcomhréir le prionsabal na húsáide cascáidí, ba cheart bithmhais adhmaid a úsáid de réir an bhreisluacha eacnamaíoch agus comhshaoil is airde atá aici san ord tosaíochtaí seo a leanas: 1) táirgí atá bunaithe ar adhmad, 2) síneadh a chur leis na blianta seirbhíse atá iontu, 3) athúsáid, 4) athchúrsáil, 5) bithfhuinneamh agus 6) diúscairt.***

[12] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe, (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

***[13] https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC122719***

[12] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe, (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Is féidir úsáid a bhaint as fás tapa agus as iomaíochas costais méadaitheach i dtáirgeadh leictreachais in-athnuaite chun sciar méadaitheach den éileamh ar fhuinneamh a chomhlíonadh, mar shampla teaschaidéil a úsáid le haghaidh téamh spáis nó próisis thionsclaíocha ísealteochta, feithiclí leictreacha a úsáid le haghaidh iompair, nó foirnéisí leictreacha a úsáid i dtionscail áirithe. Is féidir leictreachas in-athnuaite a úsáid freisin chun breoslaí sintéiseacha a tháirgeadh i gcomhair tomhaltais in earnálacha iompair ar deacair | (5) Is féidir úsáid a bhaint as fás tapa agus as iomaíochas costais méadaitheach i dtáirgeadh leictreachais in-athnuaite chun sciar méadaitheach den éileamh ar fhuinneamh a chomhlíonadh, mar shampla teaschaidéil a úsáid le haghaidh téamh spáis nó próisis thionsclaíocha ísealteochta, feithiclí leictreacha a úsáid le haghaidh iompair, nó foirnéisí leictreacha a úsáid i dtionscail áirithe. Is féidir leictreachas in-athnuaite a úsáid freisin chun breoslaí sintéiseacha a tháirgeadh i gcomhair tomhaltais in earnálacha iompair ar deacair |

iad a dhícharbónú amhail eitlíocht agus iompar muirí. Ní mór do chreat leictriúcháin comhordú láidir agus éifeachtúil a chumasú agus sásraí margaidh a leathnú chun soláthar agus éileamh a mheaitseáil de réir spáis agus ama, infheistíochtaí i seirbhísí solúbthachta a spreagadh, agus cuidiú le sciartha móra de ghiniúint athraitheach fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú. Ba cheart do Bhallstáit a áirithiú, mar sin, go leanfar den mhéadú ar úsáid leictreachais in-athnuaite ar luas atá leormhaith chun freastal ar an méadú san éileamh. Chuige sin, ba cheart do Bhallstáit creat a bhunú lena n-áirítear sásraí atá comhoiriúnach don mhargadh chun dul i ngleic le bacainní atá fós ann chun go mbeidh córais leictreachais shlána agus leormhaithe acu a bheidh oiriúnach le haghaidh ardleibhéal fuinnimh in-athnuaite, chomh maith le saoráidí stórála a bheidh ina ndlúthchuid den chóras leictreachais. Leis an gcreat seo, rachfar i ngleic***, go háirithe,*** le bacainní ***atá fós ann, lena n-áirítear bacainní neamhairgeadais mar shampla*** acmhainní digiteacha agus daonna údarás nach leor iad chun an líon méadaitheach iarratais cheadaithe a phróiseáil.

iad a dhícharbónú amhail eitlíocht agus iompar muirí. Ní mór do chreat leictriúcháin comhordú láidir agus éifeachtúil a chumasú agus sásraí margaidh a leathnú chun soláthar agus éileamh a mheaitseáil de réir spáis agus ama, infheistíochtaí i seirbhísí solúbthachta***, stóráil fuinnimh agus freagairt don éileamh*** a spreagadh, agus cuidiú le sciartha móra de ghiniúint athraitheach fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú. ***Ní mór don chreat sin na héagothromaíochtaí réigiúnacha atá ann cheana agus na gnéithe sonracha a bhaineann le gach réigiún a chur san áireamh freisin, agus tacú le réitigh chostéifeachtacha, lena n-áiritheofar laghdú ar chostais fuinnimh do mhuintir agus do ghnólachtaí na hEorpa.*** Ba cheart do Bhallstáit a áirithiú, mar sin, ***agus bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh á chur san áireamh,*** go leanfar den mhéadú ar úsáid leictreachais in-athnuaite ar luas atá leormhaith chun freastal ar an méadú san éileamh. Chuige sin, ba cheart do Bhallstáit creat a bhunú lena n-áirítear sásraí atá comhoiriúnach don mhargadh chun dul i ngleic le bacainní atá fós ann chun go mbeidh córais leictreachais shlána agus leormhaithe acu a bheidh oiriúnach le haghaidh ardleibhéal fuinnimh in-athnuaite, chomh maith le saoráidí stórála a bheidh ina ndlúthchuid den chóras leictreachais. ***Go háirithe, rachaidh an creat sin i ngleic*** leis ***na bacainní atá fós ann maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh neamh-in-ríomhchláraithe a chomhtháthú go hiomlán sa chóras leictreachais agus maidir leis*** an ***bpróiseas chun an flít giniúna a dhícharbónú trí infhaighteacht ionstraimí margaidh a áirithiú lena soláthraítear comharthaí praghais fadtéarmacha le haghaidh cinntí infheistíochta, lena n-áirítear infheistíochtaí i leordhóthanacht, cobhsaíocht agus solúbthacht córais trí iomaíochas agus próisis tairisceana thrédhearcacha agus neamh-***

***idirdhealaitheacha, lena bhforáiltear do luach saothair na dtairgeoirí a n-éireoidh leo, bunaithe ar phraghsanna margaidh. Leis an*** gcreat seo, rachfar i ngleic ***freisin*** le bacainní ***neamhairgeadais, amhail*** acmhainní digiteacha agus daonna údarás nach leor iad chun an líon méadaitheach iarratais cheadaithe a phróiseáil.

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Tíolacfaidh an Coimisiún treoirlínte chun cabhrú leis na Ballstáit bacainní riaracháin a laghdú, go háirithe chun nósanna imeachta ceadaithe do thionscadail fuinnimh in-athnuaite a shimpliú agus a luathú, lena n-áirítear Eochairtháscaire Feidhmíochta ((ETFanna) chun dul chun cinn na dtionscadal sin a mheas. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar na próisis riaracháin um dheonú ceadanna agus acmhainní digiteacha agus daonna leordhóthanacha de chuid na n-údarás a shimpliú chun dlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite agus ar an gcaoi sin na cuspóirí a leagtar síos sa Treoir seo a bhaint amach.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Agus an sciar foinsí in-athnuaite i mBallstát á ríomh, ba cheart breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a áireamh san earnáil ina n-ídítear iad (leictreachas, téamh agus fuarú, nó iompar). Chun áireamh dúbailte a | (6) Agus an sciar foinsí in-athnuaite i mBallstát á ríomh, ba cheart breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a áireamh san earnáil ina n-ídítear iad (leictreachas, téamh agus fuarú, nó iompar). Chun áireamh dúbailte a |

| | |
|---|---|
| sheachaint, níor cheart áireamh a dhéanamh ar an bhfuinneamh in-athnuaite a úsáidtear chun na breoslaí sin a tháirgeadh. Is éard a bheadh mar thoradh air sin comhchuibhiú na rialacha cuntasaíochta i gcás na mbreoslaí sin ar fud na Treorach, bídís á n-áireamh don sprioc fhoriomlán i dtaca le fuinnimh in-athnuaite nó d'aon fhosprioc nó ná bíodh. D'fhágfadh sé freisin go bhféadfaí an fíorfhuinneamh a ídítear a áireamh, agus na caillteanais fuinnimh a tharlaíonn i bpróiseas táirgthe na mbreoslaí sin á gcur san áireamh. Thairis sin, d'fhágfadh sé go bhféadfaí cuntasaíocht a dhéanamh ar bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a allmhairítear isteach san Aontas agus a ídítear ann. | sheachaint, níor cheart áireamh a dhéanamh ar an bhfuinneamh in-athnuaite a úsáidtear chun na breoslaí sin a tháirgeadh. Is éard a bheadh mar thoradh air sin comhchuibhiú na rialacha cuntasaíochta i gcás na mbreoslaí sin ar fud na Treorach, bídís á n-áireamh don sprioc fhoriomlán i dtaca le fuinnimh in-athnuaite nó d'aon fhosprioc nó ná bíodh. D'fhágfadh sé freisin go bhféadfaí an fíorfhuinneamh a ídítear a áireamh, agus na caillteanais fuinnimh a tharlaíonn i bpróiseas táirgthe na mbreoslaí sin á gcur san áireamh. Thairis sin, d'fhágfadh sé go bhféadfaí cuntasaíocht a dhéanamh ar bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a allmhairítear isteach san Aontas agus a ídítear ann. ***I gcás ina ndéantar breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a ídiú i mBallstát seachas an Ballstát inar táirgeadh iad, chun na costais a thabhaíonn an Ballstát táirgthe a chúiteamh agus chun díspreagadh infheistíochtaí a sheachaint, ba cheart rialacha a bhunú chun cuntas a thabhairt ar íosmhéid ar a laghad de na breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch arna n-ídiú i mBallstát i dtreo sciar an olltomhaltas deiridh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite sa Bhallstát inar táirgeadh iad.*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) D'fhéadfadh aistrithe staidreamhacha, scéimeanna tacaíochta nó tionscadail chomhpháirteacha a bheith i gceist le comhar na mBallstát chun fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn. Fágann sé gur féidir fuinneamh in-athnuaite a úsáid ar bhealach costéifeachtúil ar fud na hEorpa agus | (7) D'fhéadfadh aistrithe staidreamhacha, scéimeanna tacaíochta nó tionscadail chomhpháirteacha a bheith i gceist le comhar na mBallstát chun fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn***, le rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach***. Fágann sé gur féidir fuinneamh in-athnuaite a úsáid ar bhealach |

| | |
|---|---|
| cuireann sé le comhtháthú margaidh. In ainneoin na bhféidearthachtaí a bhaineann leis, ní raibh ach comhar an-teoranta ann, agus dá bhrí sin baineadh torthaí fo-optamacha amach i dtéarmaí éifeachtúlacht chun fuinneamh in-athnuaite a mhéadú. Ba cheart, mar sin, go mbeadh oibleagáid ar Bhallstáit comhar a thástáil trí thionscadal píolótach a chur chun feidhme. Tionscadail atá maoinithe ag rannchuidithe náisiúnta faoi shásra maoiniúcháin an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite arna bhunú ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294[14] ón gCoimisiún, chomhlíonfaidís an oibleagáid sin ar son na mBallstát lena mbaineann. | costéifeachtúil ar fud na hEorpa agus cuireann sé le comhtháthú margaidh. In ainneoin na bhféidearthachtaí a bhaineann leis, ní raibh ach comhar an-teoranta ann, agus dá bhrí sin baineadh torthaí fo-optamacha amach i dtéarmaí éifeachtúlacht chun fuinneamh in-athnuaite a mhéadú. ***Is féidir le tionscadail eangaí cliste i réigiúin teorann breisluach ard a thabhairt don chur chuige trasteorann, ós rud é go lamhálann siad barrfheabhsú níos fearr acmhainní, go ndéanann siad córais leictreachais sholúbtha agus láidre, agus go dtugann siad buntáistí sóisialta níos leithne do na pobail áitiúla lena mbaineann.*** Ba cheart, mar sin, go mbeadh oibleagáid ar Bhallstáit comhar a thástáil trí thionscadal píolótach a chur chun feidhme. Tionscadail atá maoinithe ag rannchuidithe náisiúnta faoi shásra maoiniúcháin an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite arna bhunú ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294[14] ón gCoimisiún, chomhlíonfaidís an oibleagáid sin ar son na mBallstát lena mbaineann. |
| [14] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2020 maidir le sásra maoiniúcháin an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite (IO L 303, 17.9.2020, lch. 1). | [14] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2020 maidir le sásra maoiniúcháin an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite (IO L 303, 17.9.2020, lch. 1). |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) Ba cheart do gach Ballstát próiseas a chur ar bun lena n-áiritheofar comhordú i measc na n-údarás náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ábhartha uile i bpleanáil réamhtheachtach na gcásanna úsáide fuinnimh in-athnuaite sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Chun cur chuige ón mbun*** |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***aníos a áirithiú, ba cheart go gcuirfeadh na Ballstáit de cheangal ar údaráis réigiúnacha agus áitiúla mapáil agus pleanáil chomhtháite maidir le fuinneamh in-athnuaite a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil agus bardais áitiúla níos lú a spreagadh chun déanamh amhlaidh ar bhonn deonach.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 7 b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(7b) Tá gá le sonraí agus faisnéis chruinn chun rannchuidiú leis an aistriú i dtreo córas fuinnimh atá bunaithe ar theicneolaíochtaí in-athnuaite ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil. Is féidir na sonraí sin a fháil trí fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear gairis chliste agus córais um fhaire na cruinne amhail Copernicus, agus an Fhaireachlann um an Tuath a chruthófar go luath.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 7 c (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(7c) Ní mór gach réimse de bheartais AE a dhíriú ar na spriocanna nuabhunaithe i leith na haeráide agus neodracht aeráide a bhaint amach. Is amhlaidh atá i gcás an Bheartais Chomhtháthaithe, a rannchuidigh, le breis agus fiche bliain, leis an ngeilleagar a dhícharbónú, agus ag an am céanna samplaí agus dea-chleachtais a sholáthar ar féidir iad a léiriú i ngnéithe beartais eile, amhail an Treoir seo a leasú. Ní hamháin go gcuirtear, leis an mbeartas*** |

***comhtháthaithe, deiseanna infheistíochta ar fáil chun freagairt do riachtanais áitiúla agus réigiúnacha trí Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (SIE), ach cuirtear creat beartais comhtháite ar fáil freisin chun éagothromaíochtaí forbartha idir réigiúin na hEorpa a laghdú agus cuidítear leo aghaidh a thabhairt ar na dúshláin iomadúla a bhaineann lena bhforbairt, lena n-áirítear trí chosaint an chomhshaoil, trí fhostaíocht ardcháilíochta agus trí fhorbairt chóir, chuimsitheach agus inbhuanaithe.***

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 7 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *(7d)* ***Tá gá le solúbthacht bhreise chun tosca náisiúnta bunaithe ar mheasúnuithe tionchair a chur san áireamh.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 7 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *(7e)* ***Tá ról fíorthábhachtach ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha i gcórais fuinnimh chomhtháite agus dhíláraithe. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit tacú leis na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla oibriú thar theorainneacha trí chabhrú leo sásraí comhair a chruthú, lena n-áirítear an ghrúpáil Eorpach um chomhar críochach (EGTC).*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 7 f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7f) Ní mór don aistriú i dtreo neodracht aeráide a bheith cóir agus cuimsitheach, agus béim ar leith á leagan ar dhaoine a chónaíonn i gceantair thuaithe agus iargúlta, agus go háirithe ar na críocha sin is mó a ndéanann an t-aistriú i dtreo neodracht aeráide difear dóibh, agus aon mhéadú ar éagothromaíochtaí réigiúnacha a sheachaint agus oibrithe agus pobail áitiúla agus réigiúnacha a chumhachtú. Thairis sin, is gá sainiúlachtaí na réigiún uile mar a shainítear iad in Airteagal 174 CFAE a léiriú go hiomlán sa phróiseas aistrithe, go háirithe trí dhíriú ar cheantair thuaithe, ar cheantair a bhfuil tionchar ag an aistriú tionsclaíoch orthu agus ar réigiúin a fhulaingíonn baic mhóra bhuana nádúrtha nó dhéimeagrafacha chun forbairt chomhchuí fhoriomlán na gceantar uile a áirithiú; Ina leith sin, ba cheart sainiúlachtaí a réigiún a chomhtháthú sna pleananna náisiúnta d'fhonn an ghéarchéim aeráide a chomhrac agus pobail áitiúla a dhéanamh níos athléimní.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 7 g (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7g) Tá acmhainneacht ollmhór ag oileáin, oileáin bheaga, réigiúin is forimeallaí agus réigiúin fhorimeallacha i dtáirgeadh fuinnimh in-athnuaite agus is saotharlanna straitéiseacha iad chun réitigh nuálacha beartais agus bearta teicniúla a chur chun feidhme chun an t-aistriú fuinnimh a bhaint amach agus chun astaíochtaí CO2 a laghdú, rud a*** |

***réitíonn an bealach i dtreo neamhspleáchas fuinnimh, a lamhálann dóibh ról ríthábhachtach a bheith acu chun críoch taighde ar an athrú aeráide agus ar an mbithéagsúlacht, agus a bheith ina n-eiseamláir don chuid eile den Aontas. Ba cheart go mbeadh rochtain acu ar acmhainní eacnamaíocha leordhóthanacha agus ar oiliúint leormhaith chun idirghabhálacha comhtháite, earnáilchúpláilte agus nuálacha a chur ar fáil le haghaidh bonneagar inbhuanaithe agus forbairt eacnamaíoch áitiúil;***

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 7 h (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7h) Ba cheart do shásraí cistiúcháin Eorpacha, amhail an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus an Ciste don Nuálaíocht, tionscadail bheaga trasteorann agus an t-idirnasc trasteorann idir na Ballstáit agus na réigiúin a chistiú freisin.*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 7 i (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7i) Leis an mbeartas comhtháthaithe, áirithítear comhleanúnachas agus comhordú níos fearr idir an beartas comhtháthaithe agus réimsí reachtacha eile de chuid an Aontais, rud a chuireann feabhas ar chomhtháthú na ngnéithe aeráide sna beartais, beartais foinsebhunaithe níos éifeachtaí a cheapadh, cistiú spriocdhírithe ón Aontas a sholáthar agus, dá bharr sin, cur chun*** |

***feidhme beartas aeráide ar an láthair a fheabhsú.***

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 7 j (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7j) Tá sé fíorthábhachtach seasamh go hiomlán le prionsabail rialachais il-leibhéil agus comhpháirtíochta san aistriú go geilleagar aeráidneodrach, ós rud é go bhfuil inniúlachtaí díreacha ag údaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir leis an gcomhshaol agus maidir leis an athrú aeráide, a chuireann 90 % de ghníomhaíochtaí maidir le hoiriúnú don athrú aeráide agus 70 % de ghníomhaíochtaí maidir le maolú ar an athrú aeráide chun feidhme. Thairis sin, déanann na húdaráis sin gníomhaíochtaí a fhorbairt freisin a bhfuil sé mar aidhm leo iompraíocht atá neamhdhíobhálach don aeráid a chur chun cinn i measc saoránach, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le bainistiú dramhaíola, soghluaisteacht chliste, tithíocht inbhuanaithe agus tomhaltas fuinnimh;*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Tugtar isteach leis an Straitéis um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta cuspóir uaillmhianach ***300 GW*** d’fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus ***40 GW*** d’fhuinneamh aigéin thar imchuacha farraige uile an Aontais a bhaint amach faoi 2050. Chun an mórathrú sin a áirithiú, ní mór do Bhallstáit oibriú lena chéile thar theorainneacha ar leibhéal | (8) Tugtar isteach leis an Straitéis um Fhuinneamh In-athnuaite Amach ón gCósta cuspóir uaillmhianach ***300 GW*** d’fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta agus ***40 GW*** d’fhuinneamh aigéin thar imchuacha farraige uile an Aontais a bhaint amach faoi 2050. Chun an mórathrú sin a áirithiú, ní mór do Bhallstáit ***agus a n-údaráis réigiúnacha agus áitiúla*** |

| | |
|---|---|
| imchuach na farraige. ***Mar*** sin, ba cheart do Bhallstáit méid na giniúna in-athnuaite amach ón gcósta a úsáidfear laistigh de gach imchuach farraige faoi 2050 a shainiú go comhpháirteach, le céimeanna idirmheánacha in 2030 agus in 2040. Ba cheart na cuspóirí sin a léiriú sna pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe a chuirfear isteach in 2023 agus in 2024 de bhun Rialachán (AE) 2018/1999. Agus an méid á shainiú, ba cheart ***do Bhallstáit*** acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta gach imchuach farraige, cosaint an ***chomhshaoil***, oiriúnú aeráide agus úsáidí eile na farraige a ***chur san áireamh, chomh maith*** le spriocanna dícharbónaithe an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart do Bhallstáit níos mó breithnithe a dhéanamh ar an bhféidearthacht giniúint fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a chomhcheangal le línte tarchuir a dhéanfadh roinnt Ballstát a idirnascadh, i bhfoirm tionscadail hibrideacha nó, níos déanaí, in eangach níos comhcheangailte. D'fhágfadh sé sin go bhféadfadh leictreachas sreabhadh i dtreonna difriúla, rud a dhéanfadh uasmhéadú ar leas socheacnamaíoch, a dhéanfadh optamú ar chaiteachas bonneagair agus a chumasódh úsáid níos inbhuanaithe den fharraige. | ***ábhartha*** oibriú lena chéile thar theorainneacha ar leibhéal imchuach na farraige. ***Dá bhrí*** sin, ba cheart do Bhallstáit ***agus a ngníomhaithe réigiúnacha agus áitiúla ábhartha*** méid na giniúna in-athnuaite amach ón gcósta a úsáidfear laistigh de gach imchuach farraige faoi 2050 a shainiú go comhpháirteach, le céimeanna idirmheánacha in 2030 agus in 2040***, agus spás leormhaith a shannadh ina bplean spásúil muirí ina leith sin***. Ba cheart na cuspóirí sin a léiriú sna pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe a chuirfear isteach in 2023 agus in 2024 de bhun Rialachán (AE) 2018/1999. Agus an méid á shainiú, ba cheart acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta gach imchuach farraige, ***féidearthacht theicniúil agus eacnamaíoch bhonneagar na heangaí tarchurtha,*** cosaint ***chomhshaoil agus tírdhreacha,*** an ***bhithéagsúlacht***, oiriúnú ***don athrú*** aeráide agus úsáidí eile na farraige***, go háirithe na gníomhaíochtaí*** a ***bhí ar siúl cheana sna limistéir a ndéantar difear dóibh, an díobháil a d'fhéadfadh a bheith ann don chomhshaol, Airteagal 2 de Chomhaontú Pháras, mar aon*** le spriocanna dícharbónaithe an Aontais***, a chur san áireamh***. Ina theannta sin, ***ní mór do na Ballstáit ról ceannasach na réigiún oileánach agus na réigiún is forimeallaí san Eoraip a aithint go hiomlán i dtaobh táirgeadh fuinnimh gaoithe amach ón gcósta agus aigéin a mhéadú agus áiritheoidh siad go bhféadfar pobail fuinnimh in-athnuaite a áireamh i dtionscadail maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta. Ina theannta sin,*** ba cheart do Bhallstáit ***agus a bhfo-riaracháin ábhartha*** níos mó breithnithe a dhéanamh ar an bhféidearthacht giniúint fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a chomhcheangal le línte tarchuir a dhéanfadh roinnt Ballstát a idirnascadh, i bhfoirm tionscadail hibrideacha nó, níos déanaí, in eangach níos comhcheangailte. D'fhágfadh sé sin go bhféadfadh |

| | |
|---|---|
| | leictreachas sreabhadh i dtreonna difriúla, rud a dhéanfadh uasmhéadú ar leas socheacnamaíoch, a dhéanfadh optamú ar chaiteachas bonneagair agus a chumasódh úsáid níos inbhuanaithe den fharraige. ***D'fhéadfadh Ballstáit a bhfuil teorainn acu le himchuach farraige an próiseas pleanála spásúla muirí a úsáid chun cur chuige láidir rannpháirtíochta an phobail a áirithiú ionas go gcuirfear tuairimí na ngeallsealbhóirí agus na bpobal cósta go léir san áireamh, chomh maith leis na gníomhaíochtaí atá ar siúl cheana féin sna limistéir a ndéantar difear dóibh. Dá réir sin, agus páirceanna gaoithe nua á suiteáil, ba cheart go seachnódh na Ballstáit iad a chur ar bhealaí éan imirce agus ba cheart dóibh dea-chleachtais a chur i bhfeidhm chun básanna éan a laghdú. Chun feabhas a chur ar ghlacadh leathan ag an bpobal, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhféadfaí pobail fuinnimh in-athnuaite a áireamh i dtionscadail chomhpháirteacha chomhair maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) Tá éagsúlacht ann maidir leis na dálaí a mheastar a bheith riachtanach chun leas a bhaint as acmhainneacht an fhuinnimh in-athnuaite i bhfarraigí agus in aigéin na hEorpa, lena n-áirítear i bhfarraigí agus in aigéin na n-oileán agus na réigiún is forimeallaí. Dá bhrí sin, gabhann an tAontas Eorpach air féin teicneolaíochtaí malartacha a bhunú, nach mbeidh tionchar díobhálach acu ar an muirthimpeallacht, do na limistéar sin a bhfuil spéis ar leith ag baint leo.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 8 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8b) Ní mór éagsúlacht gheografach agus úsáidí malartacha na muirthimpeallachta a chur san áireamh chun leas a bhaint as acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite fharraigí agus aigéin uile na hEorpa, agus éilítear leis sin tacar réiteach teicneolaíoch atá i bhfad níos leithne. Áirítear ar na réitigh sin feirmeacha gaoithe agus gréine ar snámh amach ón gcósta, fuinneamh ó thonnta, ó shruthanna agus ó thaoidí, ón difreálach maidir le grádáin theirmeacha nó salainn, fuarú muirí, téamh agus fuinneamh geoiteirmeach agus bithmhais mhuirí (algaí).*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Tá fás tapa ag teacht ar an margadh le haghaidh comhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite agus soláthraítear leis sin bealach comhlántach chuig margadh na giniúna fuinnimh in-athnuaite anuas ar scéimeanna tacaíochta Ballstát nó díol díreach ar an margadh mórdhíola leictreachais. Ag an am céanna, tá an margadh le haghaidh comhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite fós teoranta do líon beag Ballstát agus cuideachtaí móra, agus tá bacainní móra riaracháin, bacainní móra teicniúla agus bacainní móra airgeadais fós ann i gcodanna móra de mhargadh an Aontais. Ba cheart, mar sin, neartú breise a dhéanamh ar na bearta atá ann in Airteagal 15 chun glacadh comhaontuithe | (9) Tá fás tapa ag teacht ar an margadh le haghaidh comhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite agus soláthraítear leis sin bealach comhlántach chuig margadh na giniúna fuinnimh in-athnuaite anuas ar scéimeanna tacaíochta Ballstát nó díol díreach ar an margadh mórdhíola leictreachais. Ag an am céanna, ***tugann na comhaontuithe sin slándáil ioncaim áirithe don táirgeoir agus is féidir leis an úsáideoir tairbhe a bhaint as praghas cobhsaí leictreachais.*** Tá an margadh le haghaidh comhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite fós teoranta do líon beag Ballstát agus cuideachtaí móra, agus tá bacainní móra riaracháin, bacainní móra teicniúla agus bacainní móra airgeadais fós ann i gcodanna móra de mhargadh an |

ceannacháin cumhachta in-athnuaite a chur chun cinn a spreagadh, trí fhéachaint ar úsáid ráthaíochtaí creidmheasa chun rioscaí airgeadais na gcomhaontuithe sin a laghdú, agus é á chur san áireamh nár cheart do na ráthaíochtaí sin, sa chás gur ráthaíochtaí poiblí iad, maoiniú príobháideach a bhrú amach.

Aontais. Ba cheart, mar sin, neartú breise a dhéanamh ar na bearta atá ann in Airteagal 15 chun glacadh comhaontuithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite a chur chun cinn a spreagadh, trí fhéachaint ar úsáid ráthaíochtaí creidmheasa chun rioscaí airgeadais na gcomhaontuithe sin a laghdú, agus é á chur san áireamh nár cheart do na ráthaíochtaí sin, sa chás gur ráthaíochtaí poiblí iad, maoiniú príobháideach a bhrú amach.

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10a) Is gá nósanna imeachta riaracháin agus ceadaithe a chuíchóiriú tuilleadh, a dhéanamh níos solúbtha agus níos simplithe, go háirithe do thionscadail atá nasctha le cláir um beartas comhtháthaithe, chun an t-ualach riaracháin a laghdú do thionscadail fuinnimh in-athnuaite agus do thionscadail bonneagair eangaí gaolmhara araon. Ba cheart do na Ballstáit tacar íosta rialacha soiléire agus ginearálta a shainiú ar leibhéal an Aontais chun próisis trasuímh náisiúnta a éascú agus a bhrostú, chun cur i bhfeidhm aonchineálach nósanna imeachta ceadaithe a éascú ar fud an Aontais agus chun faireachán ex post ag an gCoimisiún ar na bearta arna nglacadh ag na Ballstáit a éascú. Ba cheart foráil a dhéanamh sna rialacha sin do phróiseas comhtháite nó comhordaithe do ghléasraí fuinnimh in-athnuaite agus do na bonneagair eangaí tarchurtha atá riachtanach dá gcomhtháthú sa chóras fuinnimh agus do nósanna imeachta ceadaithe atá simplithe le haghaidh tionscadail a urramaíonn critéir atá sainithe go soiléir.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 10 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10b) Is príomhghníomhaithe iad údaráis áitiúla agus réigiúnacha a mhéid a bhaineann leis an Eoraip a thabhairt níos gaire dá cuspóirí fuinnimh agus aeráide a bhaint amach. Tá táirgeadh fuinnimh ar an leibhéal áitiúil ríthábhachtach chun táirgeadh fuinnimh in-athnuaite a chothú, chun spleáchas seachtrach ar fhuinneamh a laghdú agus chun rátaí bochtaineachta fuinnimh a laghdú.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Tá acmhainneacht mhór neamhshaothraithe ***i bhfoirgnimh cur*** go héifeachtach le ***laghdú astaíochtaí*** gás ceaptha teasa ***san Aontas***. Beidh gá le dícharbónú ar théamh agus ar fhuarú san earnáil seo trí sciar méadaithe i dtáirgeadh agus in úsáid fuinnimh in-athnuaite chun an uaillmhian a leagtar amach sa Phlean um Sprioc Aeráide a chomhlíonadh agus chun cuspóir aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach. Níl aon dul chun cinn in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh le haghaidh téimh agus fuaraithe le 10 mbliana anuas, agus tá sé ag brath go mór ar úsáid mhéadaithe bithmhaise. Mura mbunaítear spriocanna chun táirgeadh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú i bhfoirgnimh, ní bheifear in ann dul chun cinn a rianú agus scrogaill a shainaithint i nglacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh. | (11) Tá acmhainneacht mhór neamhshaothraithe ***ag foirgnimh chun rannchuidiú*** go héifeachtach le ***hastaíochtaí*** gás ceaptha teasa ***a laghdú agus le spriocanna an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach***. Beidh gá le dícharbónú ar théamh agus ar fhuarú san earnáil seo trí sciar méadaithe i dtáirgeadh agus in úsáid fuinnimh in-athnuaite chun an uaillmhian a leagtar amach sa Phlean um Sprioc Aeráide a chomhlíonadh agus chun cuspóir aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach. Níl aon dul chun cinn in úsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh le haghaidh téimh agus fuaraithe le 10 mbliana anuas, agus tá sé ag brath go mór ar úsáid mhéadaithe bithmhaise. Mura mbunaítear spriocanna chun táirgeadh agus úsáid |

| | |
|---|---|
| Thairis sin, tabharfaidh cruthú spriocanna comhartha fadtéarmach d'infheisteoirí, lena n-áirítear don tréimhse díreach i ndiaidh 2030. Déanfaidh sé sin comhlánú ar oibleagáidí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh. Mar sin, ba cheart spriocanna táscacha i dtaobh úsáid fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh a shocrú chun treorú agus dreasú a dhéanamh ar iarrachtaí Ballstát leas a bhaint as an bhféidearthacht fuinneamh in-athnuaite a úsáid agus a tháirgeadh i bhfoirgnimh, agus forbairt agus comhtháthú teicneolaíochtaí a tháirgeann fuinneamh in-athnuaite a spreagadh agus ag an am céanna cinnteacht a thabhairt d'infheisteoirí agus rannpháirtíocht ***a dhéanamh*** ar an leibhéal áitiúil. | fuinnimh in-athnuaite a mhéadú i bhfoirgnimh, ***i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh,*** ní bheifear in ann dul chun cinn a rianú agus scrogaill a shainaithint i nglacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh. Thairis sin, tabharfaidh cruthú spriocanna comhartha fadtéarmach d'infheisteoirí, lena n-áirítear don tréimhse díreach i ndiaidh 2030. Déanfaidh sé sin comhlánú ar oibleagáidí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh. Mar sin, ba cheart spriocanna táscacha i dtaobh úsáid fuinnimh in-athnuaite i bhfoirgnimh a shocrú chun treorú agus dreasú a dhéanamh ar iarrachtaí Ballstát leas a bhaint as an bhféidearthacht fuinneamh in-athnuaite a úsáid agus a tháirgeadh i bhfoirgnimh, agus forbairt agus comhtháthú teicneolaíochtaí a tháirgeann fuinneamh in-athnuaite a spreagadh agus ***cuidiú lena gcomhtháthú éifeachtúil sa chóras fuinnimh, agus*** ag an am céanna cinnteacht a thabhairt d'infheisteoirí agus ***do*** rannpháirtíocht ar an leibhéal áitiúil ***mar aon le rannchuidiú le córas éifeachtúlachta***. ***Ar deireadh, ós rud é gur minic a dhéantar táirgeadh fuinnimh in-athnuaite ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach agus go mbraitheann sé ar FBManna áitiúla agus réigiúnacha, ní mór do na Ballstáit páirt iomlán a thabhairt d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha nuair a bhíonn spriocanna agus bearta tacaíochta beartais á leagan síos acu.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Cuireann an líon neamhleor oibrithe oilte, go háirithe suiteálaithe agus dearthóirí córais téimh agus fuaraithe a úsáideann foinsí in-athnuaite, moill ar | (12) Cuireann an líon neamhleor oibrithe oilte, go háirithe suiteálaithe agus dearthóirí córais téimh agus fuaraithe a úsáideann foinsí in-athnuaite, moill ar |

chórais atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite a chur in ionad córais téimh ina n-úsáidtear breoslaí iontaise, agus bacainn mhór atá ann ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú i bhfoirgnimh, in earnáil na tionsclaíochta agus in earnáil na talmhaíochta. Ba cheart do ***Bhallstáit oibriú i gcomhar*** le comhpháirtithe sóisialta agus le pobail fuinnimh in-athnuaite chun na scileanna a bheidh de dhíth a réamh-mheas. Ba cheart líon leordhóthanach clár oiliúna agus deiseanna deimhniúcháin ardchaighdeáin a chur ar fáil chun suiteáil cheart agus oibriú iontaofa raon leathan córas téimh agus fuaraithe a úsáideann foinsí in-athnuaite a áirithiú agus ba cheart iad a dhearadh ar bhealach a mheallfadh rannpháirtíocht i gcláir oiliúna agus i ndeiseanna deimhniúcháin den sórt sin. Ba cheart do ***Bhallstáit*** a bhreithniú cé na bearta ba cheart a dhéanamh chun grúpaí a mhealladh atá faoi thearcionadaíocht faoi láthair sna réimsí gairme i gceist. Ba cheart liosta suiteálaithe oilte agus creidiúnaithe a chur ar fáil go poiblí chun iontaoibh tomhaltóirí agus rochtain éasca ar scileanna saincheaptha dearthóra agus suiteálaí a áirithiú, rud a ráthódh suiteáil cheart agus oibriú ceart córas téimh agus fuaraithe a úsáideann foinsí in-athnuaite.

chórais atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite a chur in ionad córais téimh ina n-úsáidtear breoslaí iontaise, ***lena n-áirítear córais fhótavoltacha theirmeacha gréine, córais gheoiteirmeacha éadomhain*** agus ***teaschaidéil agus córais stórála fuinnimh, agus*** bacainn mhór atá ann ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a chomhtháthú i bhfoirgnimh, in earnáil na tionsclaíochta agus in earnáil na talmhaíochta. Ba cheart ***uas-sciliú trí chláir oiliúna*** do ***shuiteálaithe agus do dhearthóirí maidir*** le ***teicneolaíochtaí in-athnuaite téimh agus fuaraithe agus stórála a bhainistiú ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach; Ba cheart do na Ballstáit comhoibriú leis an earnáil ghnó, le húdaráis réigiúnacha agus oideachais, le*** comhpháirtithe sóisialta agus le pobail fuinnimh in-athnuaite chun na scileanna a bheidh de dhíth a réamh-mheas. Ba cheart líon leordhóthanach clár oiliúna agus deiseanna deimhniúcháin ardchaighdeáin a chur ar fáil chun suiteáil cheart agus oibriú iontaofa raon leathan córas téimh agus fuaraithe a úsáideann foinsí in-athnuaite a áirithiú agus ba cheart iad a dhearadh ar bhealach a mheallfadh rannpháirtíocht i gcláir oiliúna agus i ndeiseanna deimhniúcháin den sórt sin. ***Ní mór cúrsaí oiliúna agus cáilíochtaí atá faighte cheana féin ag na hoibreoirí ar bhonn na reachtaíochta roimhe seo a chaomhnú.*** Ba cheart do ***na Ballstáit, agus do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha,*** a bhreithniú cé na bearta ba cheart a dhéanamh chun grúpaí a mhealladh atá faoi thearcionadaíocht faoi láthair sna réimsí gairme i gceist***, lena n-áirítear trí acmhainní a cuireadh i leataobh do Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) a úsáid, agus a bhreithniú conas dreasacht a thabhairt do chur chun cinn scileanna nua agus feabhsaithe, agus é mar aidhm acu tacaíocht shonrach a thabhairt d'fhostaíocht chobhsaí, áitiúil agus ardcháilíochta i bpobail tuaithe***.Ba cheart liosta suiteálaithe oilte agus creidiúnaithe a chur ar fáil go poiblí ***agus a chur*** chun

***cinn go forleathan chun*** iontaoibh tomhaltóirí agus rochtain éasca ar scileanna saincheaptha dearthóra agus suiteálaí a áirithiú, rud a ráthódh suiteáil cheart agus oibriú ceart córas téimh agus fuaraithe a úsáideann foinsí in-athnuaite.

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) Leis an aistriú chuig córas níos comhtháite fuinnimh lena dtacaítear le fuinneamh glan agus le geilleagar atá neodrach ó thaobh aeráide de, áiritheofar soláthar deiseanna nua gairmoiliúna agus seachnófar caillteanais post.*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ba cheart dlús a chur le forbairt bonneagair le haghaidh gréasáin téimh agus fuaraithe ceantair agus ba cheart an fhorbairt a threorú chun leas a bhaint as raon níos leithne foinsí in-athnuaite téimh agus fuaraithe ar bhealach éifeachtúil agus solúbtha chun úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus chun comhtháthú an chórais fuinnimh a dhoimhniú. ***Is iomchuí, mar*** sin, an liosta foinsí fuinnimh in-athnuaite a thabhairt cothrom le dáta ar foinsí iad ar cheart do ***ghréasáin*** téimh agus fuaraithe ceantair iad féin a chur in oiriúint dá n-úsáid de réir a chéile agus a éileamh go ndéanfar stóráil fuinnimh theirmigh a chomhtháthú mar fhoinse lena mbainfidh solúbthacht, éifeachtúlacht níos fearr fuinnimh agus oibriú níos costéifeachtaí. | (14) Ba cheart dlús a chur le forbairt bonneagair le haghaidh gréasáin téimh agus fuaraithe ceantair agus ba cheart an fhorbairt a threorú chun leas a bhaint as raon níos leithne foinsí in-athnuaite téimh agus fuaraithe ar bhealach éifeachtúil agus solúbtha chun úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú agus chun comhtháthú an chórais fuinnimh a dhoimhniú. ***Dá bhrí*** sin, ***is fíor-riachtanach go dtacódh na Ballstáit le hathchóiriú na ngréasán téimh agus fuaraithe ceantair in-athnuaite atá ann cheana agus go dtacóidís le gréasáin fuaraithe agus teasa inathnuaite 4ú agus 5ú glúin a fhorbairt a bheidh an-éifeachtúil agus a gheobhaidh breosla go heisiach ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus ó dhramhtheas nó dramhfhuacht dosheachanta, agus go ndéanfaidís*** an |

liosta foinsí fuinnimh in-athnuaite a thabhairt cothrom le dáta ar foinsí iad ar cheart do ***lionraí*** téimh agus fuaraithe ceantair iad féin a chur in oiriúint dá n-úsáid de réir a chéile agus a éileamh go ndéanfar stóráil fuinnimh theirmigh a chomhtháthú mar fhoinse lena mbainfidh solúbthacht, éifeachtúlacht níos fearr fuinnimh agus oibriú níos costéifeachtaí.

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) D'fhéadfadh sócmhainní stórála dáilte, ***mar shampla*** ceallraí tí agus ceallraí feithiclí leictreacha, go leor seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin a chur ar fáil don eangach trí chomhbhailiú. Chun forbairt seirbhísí den sórt sin a éascú, ba cheart na forálacha rialála a bhaineann le nascadh agus oibriú na sócmhainní stórála, mar shampla taraifí, amanna gealltanais agus sonraíochtaí nasctha, a dhearadh ar bhealach nach gcuireann isteach ar acmhainneacht na sócmhainní stórála go léir, lena n-áirítear cinn bheaga agus soghluaiste, chun seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin a chur ar fáil don chóras agus chun cur le dul i bhfód breise ***leictreachas*** in-athnuaite, i gcomparáid le sócmhainní stórála do-aistrithe níos mó. | (19) D'fhéadfadh ***acmhainní fuinnimh díláraithe amhail giniúint in-athnuaite dháilte, freagairt don éileamh, feistí cliste téimh agus fuaraithe, umair uisce the, stóráil fuinnimh theirmigh,*** sócmhainní stórála dáilte, ***amhail*** ceallraí tí agus ceallraí feithiclí leictreacha, ***córais chliste téimh agus fuaraithe, agus gléasanna cliste eile*** go leor seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin a chur ar fáil don eangach ***agus don chóras fuinnimh*** trí chomhbhailiú. Chun forbairt ***feistí agus*** seirbhísí ***gaolmhara*** den sórt sin a éascú, ba cheart na forálacha rialála a bhaineann le nascadh agus oibriú na sócmhainní ***díláraithe giniúna agus*** stórála, mar shampla taraifí, amanna gealltanais agus sonraíochtaí nasctha, a dhearadh ar bhealach nach gcuireann isteach ar acmhainneacht na sócmhainní stórála ***sin*** go léir, lena n-áirítear cinn bheaga agus soghluaiste, chun seirbhísí solúbthachta agus cothromúcháin a chur ar fáil don chóras agus chun cur le dul i bhfód breise ***an leictreachais*** in-athnuaite, i gcomparáid le sócmhainní stórála do-aistrithe níos mó. ***Ba cheart go gcuirfeadh na Ballstáit cothroime iomaíochta ar fáil do ghníomhaithe margaidh beaga, go háirithe comhphobail fuinnimh in-athnuaite, ionas go mbeidh siad in ann a*** |

| | |
|---|---|
| | ***bheith rannpháirteach sa mhargadh gan ualach díréireach riaracháin nó rialála a bheith orthu.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Tá an-tábhacht ag baint le huaillmhian a mhéadú in earnáil an téimh agus an fhuaraithe chun an sprioc fhoriomlán fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach ós rud é gur téamh agus fuarú a ídíonn thart ar leath d'fhuinneamh an Aontais, lena gcumhdaítear raon leathan úsáidí deiridh agus teicneolaíochtaí i bhfoirgnimh, in earnáil na tionsclaíochta agus i dtéamh agus fuarú ceantair. Chun dlús a chur leis an méadú ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh i dtéamh agus fuarú, ba cheart méadú 1.1 pointe céatadáin ar a laghad in aghaidh na bliana ar leibhéal na mBallstát a bheith ina cheangal ar gach Ballstát. I gcás na mBallstát sin a bhfuil sciar foinsí fuinnimh in-athnuaite os cionn 50 % acu cheana féin in earnáil an téimh agus an fhuaraithe, ba cheart go mbeadh féidearthacht ann fós gan ach leath den ráta méadaithe ceangailteach bliantúil a chur i bhfeidhm, agus féadfaidh Ballstáit a bhfuil 60 % nó os a chionn sin acu sciar den sórt sin a áireamh mar chomhlíonadh ar an meánráta méadaithe bliantúil i gcomhréir le pointí b) agus c) de mhír 2 d'Airteagal 23. Ina theannta sin, ba cheart breisithe Ballstát-sonracha a shocrú, lena n-athdháilfí iarrachtaí breise ar an leibhéal inmhianaithe foinsí in-athnuaite fuinnimh in 2030 i measc Ballstát bunaithe ar OTI agus ar chostéifeachtúlacht. Ba cheart liosta níos faide de bhearta difriúla a chur san áireamh freisin i dTreoir (AE) 2018/2001 chun an méadú ar sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh i dtéamh agus fuarú a éascú. Féadfaidh Ballstáit | (23) Tá an-tábhacht ag baint le huaillmhian a mhéadú in earnáil an téimh agus an fhuaraithe chun an sprioc fhoriomlán fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach ós rud é gur téamh agus fuarú a ídíonn thart ar leath d'fhuinneamh an Aontais, lena gcumhdaítear raon leathan úsáidí deiridh agus teicneolaíochtaí i bhfoirgnimh, in earnáil na tionsclaíochta agus i dtéamh agus fuarú ceantair. Chun dlús a chur leis an méadú ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh i dtéamh agus fuarú, ba cheart méadú 1.1 pointe céatadáin ar a laghad in aghaidh na bliana ar leibhéal na mBallstát a bheith ina cheangal ar gach Ballstát. I gcás na mBallstát sin a bhfuil sciar foinsí fuinnimh in-athnuaite os cionn 50 % acu cheana féin in earnáil an téimh agus an fhuaraithe, ba cheart go mbeadh féidearthacht ann fós gan ach leath den ráta méadaithe ceangailteach bliantúil a chur i bhfeidhm, agus féadfaidh Ballstáit a bhfuil 60 % nó os a chionn sin acu sciar den sórt sin a áireamh mar chomhlíonadh ar an meánráta méadaithe bliantúil i gcomhréir le pointí b) agus c) de mhír 2 d'Airteagal 23. Ina theannta sin, ba cheart breisithe Ballstát-sonracha a shocrú, lena n-athdháilfí iarrachtaí breise ar an leibhéal inmhianaithe foinsí in-athnuaite fuinnimh in 2030 i measc Ballstát bunaithe ar OTI agus ar chostéifeachtúlacht ***agus déanfaidh na Ballstáit, le rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, measúnú ar a n-acmhainneacht maidir le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite in earnáil an téimh agus an fhuaraithe agus*** |

beart amháin nó níos mó ón liosta beart a chur chun feidhme.

***ar an úsáid a bhaintear as dramhtheas agus dramhfhuacht dosheachanta i gcomhréir iomlán le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh***. Ba cheart liosta níos faide de bhearta difriúla a chur san áireamh freisin i dTreoir (AE) 2018/2001 chun an méadú ar sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh i dtéamh agus fuarú a éascú. Féadfaidh Ballstáit beart amháin nó níos mó ón liosta beart a chur chun feidhme. ***Agus na bearta sin á nglacadh agus á gcur chun feidhme acu, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain acu ag gach tomhaltóir, go háirithe iad siúd i dteaghlaigh ísealioncaim nó i dteaghlaigh leochaileacha, agus ba cheart dóibh a éileamh go gcuirfí sciar suntasach de na bearta chun feidhme mar thosaíocht i dteaghlaigh ísealioncaim atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh agus atá i dtithíocht shóisialta.***

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Is féidir le húsáid breoslaí in-athnuaite agus leictreachas in-athnuaite in earnáil an iompair cur le dícharbónú earnáil iompair an Aontais ar bhealach costéifeachtach, agus feabhas a chur éagsúlú fuinnimh san earnáil sin, i measc rudaí eile, agus san am céanna, nuálaíocht, fás agus fostaíocht a chur chun cinn i ngeilleagar an Aontais agus an spleáchas ar allmhairí fuinnimh a laghdú. D’fhonn an sprioc mhéadaithe le haghaidh laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa atá sainithe ag an Aontas a bhaint amach, ba cheart an leibhéal fuinnimh in-athnuaite a sholáthraítear do gach modh iompair san Aontas a mhéadú. Tríd an sprioc iompair a léiriú mar sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, spreagfaí úsáid | (29) Is féidir le húsáid breoslaí in-athnuaite agus leictreachas in-athnuaite in earnáil an iompair cur le dícharbónú earnáil iompair an Aontais ar bhealach costéifeachtach, agus feabhas a chur éagsúlú fuinnimh san earnáil sin, i measc rudaí eile, agus san am céanna, nuálaíocht, fás agus fostaíocht a chur chun cinn i ngeilleagar an Aontais agus an spleáchas ar allmhairí fuinnimh a laghdú. D’fhonn an sprioc mhéadaithe le haghaidh laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa atá sainithe ag an Aontas a bhaint amach, ba cheart an leibhéal fuinnimh in-athnuaite a sholáthraítear do gach modh iompair san Aontas a mhéadú. Tríd an sprioc iompair a léiriú mar sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, spreagfaí úsáid |

mhéadaithe na mbreoslaí is costéifeachtaí agus is fearr ó thaobh feidhmiúlachta de, i dtéarmaí gás ceaptha teasa a laghdú, in earnáil an iompair. Ina theannta sin, le sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, spreagfaí nuálaíocht agus leagfaí amach tagarmharc soiléir chun comparáid a dhéanamh idir cineálacha breoslaí agus leictreachas in-athnuaite, bunaithe ar dhéine a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa. Sa bhreis air sin, trí leibhéal na sprice fuinneamh-bhunaithe ar bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus ar bhithghás a mhéadú, agus trí sprioc le haghaidh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a thabhairt isteach, d'áiritheofaí úsáid mhéadaithe breoslaí in-athnuaite chomh maith leis an tionchar comhshaoil is lú i modhanna iompair ar deacair iad a leictriú. Ba cheart a áirithiú go mbainfí amach na spriocanna sin trí oibleagáidí ar sholáthróirí breoslaí chomh maith le bearta eile a áirítear i [Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar - FuelEU Maritime agus Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú don aeriompar inbhuanaithe]. Níor cheart oibleagáidí tiomnaithe a leagan síos ar sholáthróirí breoslaí eitlíochta ach amháin de bhun [Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú don aeriompar inbhuanaithe].

mhéadaithe na mbreoslaí is costéifeachtaí agus is fearr ó thaobh feidhmiúlachta de, i dtéarmaí gás ceaptha teasa a laghdú, in earnáil an iompair. Ina theannta sin, le sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, spreagfaí nuálaíocht agus leagfaí amach tagarmharc soiléir chun comparáid a dhéanamh idir cineálacha breoslaí agus leictreachas in-athnuaite, bunaithe ar dhéine a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa. ***Mar sin féin, chun a áirithiú go mbainfear amach an sprioc maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit é sin a dhéanamh trí bhearta lena spriocdhírítear ar mhéideanna, ar chion fuinnimh nó ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, ar choinníoll go léirítear go mbaintear amach an laghdú ar dhéine na ngás ceaptha teasa agus na sciartha íosta.*** Sa bhreis air sin, trí leibhéal na sprice fuinneamh-bhunaithe ar bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus ar bhithghás a mhéadú, agus trí sprioc le haghaidh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a thabhairt isteach, d'áiritheofaí úsáid mhéadaithe breoslaí in-athnuaite chomh maith leis an tionchar comhshaoil is lú i modhanna iompair ar deacair iad a leictriú. Ba cheart a áirithiú go mbainfí amach na spriocanna sin trí oibleagáidí ar sholáthróirí breoslaí chomh maith le bearta eile a áirítear i [Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar - FuelEU Maritime agus Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú don aeriompar inbhuanaithe]. Níor cheart oibleagáidí tiomnaithe a leagan síos ar sholáthróirí breoslaí eitlíochta ach amháin de bhun [Rialachán (AE) 2021/XXX maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú don aeriompar inbhuanaithe].

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Beidh ról fíor-riachtanach ag an leictrea-shoghluaisteacht ó thaobh earnáil an iompair a dhícharbónú. Chun forbairt bhreise na leictrea-shoghluaiseachta a chothú, ba cheart do na Ballstáit sásra creidmheasa a bhunú a chuirfeadh ar a gcumas d'oibreoirí pointí luchtaithe atá inrochtana don phobal rannchuidiú leis an oibleagáid a leag Ballstáit ar sholáthróirí breoslaí a shásamh, trí leictreachas in-athnuaite a sholáthar. Agus tacaíocht á cur ar fáil trí shásra den sórt sin do leictreachas in earnáil an iompair, tá sé tábhachtach go gcoinneodh na Ballstáit orthu le hardleibhéal uaillmhéine a leagan síos i dtaca lena meascán breosla leachtaigh ***in earnáil an iompair*** a dhícharbónú. | (30) Beidh ról fíor-riachtanach ag an leictrea-shoghluaisteacht ó thaobh earnáil an iompair a dhícharbónú. Chun forbairt bhreise na leictrea-shoghluaiseachta a chothú, ba cheart do na Ballstáit sásra creidmheasa a bhunú a chuirfeadh ar a gcumas d'oibreoirí pointí luchtaithe atá inrochtana don phobal***, chomh maith le hoibreoirí pointí luchtaithe príobháideacha,*** rannchuidiú leis an oibleagáid a leag Ballstáit ar sholáthróirí breoslaí a shásamh, trí leictreachas in-athnuaite a sholáthar. Agus tacaíocht á cur ar fáil trí shásra den sórt sin do leictreachas in earnáil an iompair, tá sé tábhachtach go gcoinneodh na Ballstáit orthu le hardleibhéal uaillmhéine a leagan síos i dtaca lena meascán breosla leachtaigh a dhícharbónú ***go príomha in earnálacha iompair ar deacair dícharbónú a dhéanamh iontu, amhail na hearnálacha muirí agus eitlíochta***. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Tá sé d'aidhm ag beartas fuinnimh in-athnuaite an Aontais rannchuidiú i spriocanna an Aontais Eorpaigh i dtaca le maolú ar an athrú aeráide a bhaint amach i dtéarmaí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Agus an sprioc sin á saothrú, tá sé fíor-riachtanach rannchuidiú freisin le cuspóirí níos leithne comhshaoil, agus go háirithe le cailliúint na bithéagsúlachta a chosc, rud atá faoi thionchar diúltach mar gheall ar an athrú indíreach ar an talamhúsáid a bhaineann le táirgeadh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí | (31) Tá sé d'aidhm ag beartas fuinnimh in-athnuaite an Aontais rannchuidiú i spriocanna an Aontais Eorpaigh i dtaca le maolú ar an athrú aeráide a bhaint amach i dtéarmaí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Agus an sprioc sin á saothrú, tá sé fíor-riachtanach rannchuidiú freisin le cuspóirí níos leithne comhshaoil, agus go háirithe le cailliúint na bithéagsúlachta a chosc, rud atá faoi thionchar diúltach mar gheall ar an athrú indíreach ar an talamhúsáid a bhaineann le táirgeadh bithbhreoslaí ***ó bhunábhar a bhfuil*** |

bithmhaise áirithe. Is seanchúram tábhachtach idirghlúine do shaoránaigh an Aontais agus do reachtóir an Aontais é rannchuidiú sna cuspóirí aeráide agus comhshaoil sin. ***Mar thoradh air sin, níor*** cheart ***do na hathruithe sa bhealach a ríomhtar an sprioc*** iompair ***difear a dhéanamh do na teorainneacha a bunaíodh i dtaobh breoslaí áirithe a tháirgtear ó bharra*** bia agus beatha a ***áireamh i dtreo na sprice sin de pháirt amháin***, agus breoslaí ***lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar an talamhúsáid den pháirt eile. Ina theannta*** sin, chun ***nach gcruthófaí dreasacht chun bithbhreoslaí agus bithghás a tháirgtear ó bharra bia agus beatha a úsáid in earnáil an iompair, ba cheart rogha a bheith ag Ballstáit fós iad a áireamh i dtreo na sprice iompair, nó gan iad a áireamh. Mura ndéanann siad iad a áireamh, féadfaidh siad laghdú dá réir a dhéanamh*** ar ***an sprioc chun déine*** astaíochtaí ***gás ceaptha teasa a laghdú, ar an tuiscint go bhfuil laghdú 50 % ann ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le bithbhreoslaí atá bunaithe ar bharra bia agus beatha, rud atá ag freagairt do na gnáthluachanna a leagtar amach in iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo maidir leis an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis na conairí táirgthe is ábhartha i gcás bithbhreoslaí atá bunaithe ar bharra bia agus beatha, chomh maith leis an íostairseach laghduithe a bhfuil feidhm aici i gcás fhormhór na suiteálacha a tháirgeann bithbhreoslaí den sórt sin***.

***ardriosca airithe acu maidir le hathrú indíreach ar an talamhúsáid***, ***táirgeadh*** bithleachtanna agus ***táirgeadh*** breoslaí bithmhaise áirithe. Is seanchúram tábhachtach idirghlúine do shaoránaigh an Aontais agus do reachtóir an Aontais é rannchuidiú sna cuspóirí aeráide agus comhshaoil sin. ***Maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise inbhuanaithe lena ndéantar próitéin luachmhar lena caitheamh ag ainmhithe agus ag daoine a chomhghiniúint, agus atá saor ó dhífhoraoisiú, ba*** cheart ***iad a bheith ina mbloc tógála de dhícharbónú*** iompair***, laistigh de theorainn réasúnta lena gcuirfear cosc ar thionchair dhiúltachanach bhfuil ag teastáilar infhaighteacht acmhainní*** bia agus beatha***.*** ***Ba cheart na Ballstáit*** a ***chur ar comhchéim maidir leis an úsáid a bhaineann siad as na bithbhreoslaí***, ***bithleachtanna*** agus breoslaí ***bithmhaise inbhuanaithe*** sin, chun ***leibhéal níos airde laghduithe*** ar astaíochtaí ***a bhaint amach, faoin teorainn choiteann***.

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Chun éifeachtacht comhshaoil níos airde a áirithiú i dtaobh chritéir an Aontais | (35) Chun éifeachtacht comhshaoil níos airde a áirithiú i dtaobh chritéir an Aontais |

| | |
|---|---|
| maidir le inbhuanaitheacht agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh breoslaí bithmhaise soladaí i suiteálacha ina dtáirgtear téamh, leictreachas agus fuarú, ba cheart an íostairseach chun critéir den sórt sin a chur i bhfeidhm a ísliú ón tairseach reatha de 20 MW go ***5 MW***. | maidir le inbhuanaitheacht agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh breoslaí bithmhaise soladaí i suiteálacha ina dtáirgtear téamh, leictreachas agus fuarú, ba cheart an íostairseach chun critéir den sórt sin a chur i bhfeidhm a ísliú ón tairseach reatha de 20 MW go ***10 MW ag tosú in 2027***. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Le Treoir (AE) 2018/2001, neartaíodh an creat maidir le hinbhuanaitheacht bithfhuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa trí chritéir a leagan síos do gach earnáil chríochúsáide. Leagadh amach rialacha inti le haghaidh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise, rialacha lenar éilíodh inbhuanaitheacht na n-oibríochtaí buainte agus áireamh astaíochtaí ón athrú ar an talamhúsáid. Chun cosaint feabhsaithe a bhaint amach do ghnáthóga ar mhórán carbóin a bhfuil an-bhithéagsúlacht iontu, amhail foraoisí príomhúla, foraoisí atá ar mhórán bithéagsúlachta, féarthailte agus tailte portaigh, ba cheart eisceachtaí agus teorainneacha ar bhithmhais foraoise a fhoinsiú ó na ceantair sin a thabhairt isteach, i gcomhréir leis an gcur chuige atá ann i dtaca le bithbhreoslaí, le ***bithleachtanna agus*** le breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais talmhaíochta. ***Ina theannta sin, ba cheart na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur i bhfeidhm freisin maidir le suiteálacha bithmhais-bhunaithe atá ann cheana chun a áirithiú gur laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bheidh mar thoradh ar tháirgeadh bithfhuinnimh i ngach suiteáil den sórt sin i gcomparáid le fuinneamh a ghintear*** | (36) Le Treoir (AE) 2018/2001, neartaíodh an creat maidir le hinbhuanaitheacht bithfhuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa trí chritéir a leagan síos do gach earnáil chríochúsáide. Leagadh amach rialacha inti le haghaidh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise, rialacha lenar éilíodh inbhuanaitheacht na n-oibríochtaí buainte agus áireamh astaíochtaí ón athrú ar an talamhúsáid. Chun cosaint feabhsaithe a bhaint amach do ghnáthóga ar mhórán carbóin a bhfuil an-bhithéagsúlacht iontu, amhail foraoisí príomhúla, foraoisí atá ar mhórán bithéagsúlachta, féarthailte agus tailte portaigh, ba cheart eisceachtaí agus teorainneacha ar bhithmhais foraoise a fhoinsiú ó na ceantair sin a thabhairt isteach, ***agus bithmhais á saothrú ó thíortha nach gcomhlíonann na critéir bhuainte ar an leibhéal náisiúnta nó fonáisiúnta agus nach bhfuil córais bhainistíochta*** i ***bhfeidhm acu sa limistéar foinsithe foraoise i*** gcomhréir leis an gcur chuige atá ann i dtaca le bithbhreoslaí, le ***bithleachtannaagus*** le breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais talmhaíochta. |

***as breoslaí iontaise.***

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Chun an t-ualach riaracháin ar tháirgeoirí breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte agus ar Bhallstáit a laghdú, i gcás ina n-aithníonn an Coimisiún trí ghníomh cur chun feidhme go dtugtar fianaise le scéimeanna deonacha nó náisiúnta nó go soláthraítear sonraí cruinne leo maidir le comhlíontacht chritéir maidir le inbhuanaitheacht agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa chomh maith le ceanglais eile a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do Bhallstáit glacadh le torthaí an deimhnithe a eisítear le scéimeanna den sórt sin, laistigh de raon feidhme aitheantas an Choimisiúin. Chun an t-ualach ar shuiteálacha beaga a laghdú, ba cheart do Bhallstáit sásra simplithe fíorúcháin a bhunú le haghaidh suiteálacha idir ***5*** agus ***10MW***. | (37) Chun an t-ualach riaracháin ar tháirgeoirí breoslaí in-athnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte agus ar Bhallstáit a laghdú, i gcás ina n-aithníonn an Coimisiún trí ghníomh cur chun feidhme go dtugtar fianaise le scéimeanna deonacha nó náisiúnta nó go soláthraítear sonraí cruinne leo maidir le comhlíontacht chritéir maidir le inbhuanaitheacht agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa chomh maith le ceanglais eile a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do Bhallstáit glacadh le torthaí an deimhnithe a eisítear le scéimeanna den sórt sin, laistigh de raon feidhme aitheantas an Choimisiúin. Chun an t-ualach ar shuiteálacha beaga a laghdú, ba cheart do Bhallstáit sásra simplithe fíorúcháin a bhunú ***ag tosú an 1 Eanáir 2027*** le haghaidh suiteálacha idir ***10*** agus ***20MW***. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 36

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) ciallaíonn ‘breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch’ breoslaí leachtacha agus gásacha a ndíorthaítear a luach fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite ***seachas ó bhithmhais;;*** | (36) ciallaíonn ‘breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch’ breoslaí leachtacha agus gásacha a ndíorthaítear a luach fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite***;*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe c – pointe 14 oa (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 14

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14 o a) 11a) Saoráidí Straitéiseacha Aistrithe Fuinnimh: na saoráidí tarchurtha fuinnimh uile atá riachtanach chun foinsí fuinnimh in-athnuaite a nascadh agus a chomhtháthú.*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe c – pointe 14 o b (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 14

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14 ob) ciallaíonn 'bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh' bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh mar a shainmhínítear i bpointe (18) d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2018/1999*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe c – pointe 14 o c (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 14

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14o c) Ciallaíonn 'comhthionscadal' aon chomhfhiontar idir réigiúin, cathracha nó Ballstáit, ó thaobh an dlí, na teicneolaíochta nó an airgeadais de, chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh, rud nach bhféadfaí a dhéanamh gan an comhar sin;*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe c – pointe 14 o d (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 14

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14o d) Ciallaíonn 'ceallra pobail' ceallra in-athluchtaithe neamhspleách ag a bhfuil toilleadh rátaithe níos mó ná 50 kWh, atá oiriúnach do shuiteáil agus d'úsáid i dtimpeallacht chónaithe, tráchtála nó thionsclaíoch agus atá faoi úinéireacht scairshealbhóirí nó comhaltaí éagsúla i gComhphobal Fuinnimh inathnuaite, ag gníomhú i gcomhpháirt le chéile, táirgeoirí is tomhaltóirí fuinnimh inathnuaite nó cuideachta comhphobail fuinnimh inathnuaite;*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe c – pointe 18 b a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 18

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18 b a) ciallaíonn 'breoslaí ísealcharbóin' breoslaí leachtacha agus gásacha a ghintear as amhábhair de thionscnamh neamh-inathnuaite;*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe c – pointe 22a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 22

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***22a a. ciallaíonn 'bithmhais ó fhoraoisí' bithmhais arna táirgeadh ón bhforaoiseacht, chomh maith le hiarmhair ó thionscal foraoisbhunaithe; Féadfaidh na Ballstáit bithmhais a aicmiú mar bhithmhais phríomhúil ardriosca le linn chur chun feidhme na Treorach seo ar an leibhéal náisiúnta i gcás ina bhféadfadh ardriosca do chleachtais inbhuanaithe réigiúnacha bainistithe foraoisí a bheith ag baint le húsáid na bithmhaise sin mar fhoinse fuinnimh.*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe c – pointe 22 a b (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 22

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(22a b) Ciallaíonn 'bithmhais talmhaíochta' iarmhar agus dramhaíl a ghintear trí ghníomhaíochtaí feirmeoireachta agus a eascraíonn as táirgí talmhaíochta, dramhaíl ainmhithe agus dramhaíl ó phróiseáil bia a tháirgeadh, a chothabháil agus a phróiseáil.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe c a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 16 (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 16:*** |
| | ***"(16) ciallaíonn 'comhphobal fuinnimh*** |

***inathnuaite' eintiteas dlíthiúil:***

***(a) atá bunaithe, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, ar rannpháirtíocht oscailte dheonach, atá neamhspleách, agus a rialaíonn scairshealbhóirí nó comhaltaí atá lonnaithe i ngar do na tionscadail fuinnimh inathnuaite ar leis an eintiteas dlíthiúil sin iad agus atá á bhforbairt aige;***

***(b) ar daoine nádúrtha, FBManna, údaráis áitiúla nó réigiúnacha, lena n-áirítear bardais, iad a geallsealbhóirí nó a chomhaltaí;***

***(c) ar príomhchuspóir dó sochair chomhshaoil, eacnamaíocha agus shóisialta — seachas brabús airgeadais — a sholáthar dá scairshealbhóirí nó dá bhallraíocht nó do na ceantair áitiúla ina bhfeidhmíonn sé;"***

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe a**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit i gcomhar le chéile gur ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a thiocfaidh ***40 %***, ar a laghad de sciar iomlán d'olltomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais faoi 2030.; | 1. Áiritheoidh na Ballstáit i gcomhar le chéile gur ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a thiocfaidh ***45 %***, ar a laghad de sciar iomlán d'olltomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais faoi 2030.; ***Ós rud é gur minic a dhéantar táirgeadh fuinnimh in-athnuaite ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach agus go mbraitheann sé ar FBManna áitiúla agus réigiúnacha, ní mór do na Ballstáit páirt iomlán a thabhairt d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha nuair a bhíonn spriocanna agus bearta tacaíochta beartais á leagan síos acu.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go dtáirgfear fuinneamh ó bhithmhais ar bhealach ina n-íoslaghdófar iarmhairtí shaobhacha míchuí ar mhargadh na n-amhábhar bithmhaise agus tionchair dhíobhálacha ar an mbithéagsúlacht. Chuige sin, cuirfidh siad ***san áireamh*** ord na réiteach dramhaíola mar a leagtar amach in ***Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE*** agus ***prionsabal na húsáide cascáidí*** dá dtagraítear sa tríú fomhír. | 3. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go dtáirgfear fuinneamh ó bhithmhais ar bhealach ina n-íoslaghdófar iarmhairtí shaobhacha míchuí ar mhargadh na n-amhábhar bithmhaise agus tionchair dhíobhálacha ar an mbithéagsúlacht ***nó ar an aeráid ina scéim tacaíochta***. Chuige sin, cuirfidh siad ord na réiteach dramhaíola ***i bhfeidhm (***mar a ***úsáidtear sa Treoir) (seachas 'chun feidhme') mar a*** leagtar amach in ***Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE*** agus ***sa treoir chascáideach,*** dá dtagraítear sa tríú fomhír. |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(i) lomáin sáibh, lomáin veiníre, stumpaí nó fréamhacha a úsáid chun fuinneamh a tháirgeadh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(iii) cleachtais nach bhfuil i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear*** | ***scriosta*** |

***sa tríú fomhír.***

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Ón 31 Nollaig 2026, agus gan dochar do na hoibleagáidí sa chéad fhomhír, ní thabharfaidh na Ballstáit aon ***tacaíocht*** do tháirgeadh leictreachais ó bhithmhais foraoise i ngléasraí leictreachais amháin, ach amháin má chomhlíonann an leictreachas sin ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas: | (b) Ón 31 Nollaig 2026, agus gan dochar do na hoibleagáidí sa chéad fhomhír, ní thabharfaidh na Ballstáit aon ***scéim nua tacaíochta*** do tháirgeadh leictreachais ó bhithmhais foraoise i ngléasraí leictreachais amháin, ach amháin má chomhlíonann an leictreachas sin ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:***seo a leanas:*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe b – pointe ii**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) táirgtear é ***trí Ghabháil*** agus Stóráil ***$CO_2$ Bithmhaise*** a chur i bhfeidhm***,*** agus ***comhlíonann*** sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 29(11), an dara fomhír. | (ii) táirgtear é ***i saoráid a ndearnadh measúnú uirthi chun a chruthú go bhfuil sí ullamh chun Gabháil*** agus Stóráil ***CO2 Bithmhaise*** a chur i bhfeidhm agus ***go gcomhlíonann*** sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 29(11), an dara fomhír. |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b – pointe ii a (new)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

***(ii a) Níl comhghiniúint indéanta go teicniúil ná níl sé inmharthana ó thaobh na tráchtála de***

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b – pointe ii b (new)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ii b) dá gcuirfeadh deireadh leis an tacaíocht, chaithfí ceann iontaise-bhunaithe a chur in ionad na suiteála*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b – pointe ii c (new)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ii c) táirgtear é i suiteáil atá ina cuid de chóras tacaíochta cosanta atá ceaptha chun an riosca a bhaint maidir le slándáil an tsoláthair nó cobhsaíocht na heangaí a áirithiú agus a chomhlíonann na ceanglais ábhartha a leagtar amach in Airteagal 29(11)*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b – pointe ii d (new)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ii d) táirgtear é i limistéar nach bhfuil aon éileamh tráchtála ar theas ann.*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis [theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 35 maidir le conas prionsabal na húsáide cascáidí a chur i bhfeidhm le haghaidh bithmhaise, go háirithe maidir le conas úsáid na lomán cruinn ardchaighdeáin i dtáirgeadh an fhuinnimh a íoslaghdú, le béim ar scéimeanna tacaíochta agus aird chuí á tabhairt ar shonraíochtaí náisiúnta.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoi 2026 cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i láthair maidir le tionchar scéimeanna tacaíochta na mBallstát le haghaidh bithmhaise, lena n-áirítear an tionchar ar bhithéagsúlacht agus ar shaobhadh margaidh féideartha, agus ***déanfaidh sé measúnú*** ar an ***bhféidearthacht i dtaobh tuilleadh srianta maidir le scéimeanna tacaíochta um an mbithmhais foraoise***.; | Faoi 2026 cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i láthair maidir le tionchar scéimeanna tacaíochta na mBallstát le haghaidh bithmhaise, lena n-áirítear an tionchar ar bhithéagsúlacht agus ar shaobhadh margaidh féideartha, ***lena n-áirítear uasmhéadú ar ghiniúint cumhachta ó bhithfhuinneamh mar a mhol an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh ina Plean 10 bpointe don Aontas Eorpach maidir le laghdú breis*** agus ***an tríú cuid a dhéanamh*** ar an ***spleáchas ar sholáthairtí na Rúise agus tacú leis an gComhaontú Glas don Eoraip, an méadú ar tháirgeadh bithmheatán ó fhoinsí inbhuanaithe bithmhaise, go háirithe bithmhais*** |

| | |
|---|---|
| | ***talmhaíochta, mar a mhol an Coimisiún Eorpach in 'REPowerEU: Gníomhaíocht Chomhpháirteach Eorpach le haghaidh fuinneamh atá níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe'***.; |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe c**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 4a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4a. Déanfaidh na Ballstáit creat a bhunú, a bhféadfaidh scéimeanna tacaíochta a áireamh ann agus lena n-éascófar comhaontaithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite a ghlacadh, lena gcumasófar leictreachas in-athnuaite a úsáid go leibhéal atá comhsheasmhach le ranníocaíocht náisiúnta an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 2 agus ar luas atá comhsheasmhach leis na conairí táscacha dá dtagraítear in Airteagal 4(a)(2) de Rialachán (AE) 2018/1999. Go háirithe, ***ba cheart don chreat sin dul*** i ngleic leis na bacainní atá fós ***ann***, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le nósanna imeachta ceadaithe, ***maidir le hardleibhéil soláthair leictreachais in-athnuaite***. Le linn dóibh an creat sin a dhearadh, ba cheart do na Ballstáit an leictreachas in-athnuaite breise a chur san áireamh is gá chun na riachtanais a chomhlíonadh sna hearnálacha iompair, tionsclaíochta, tógála, agus téimh agus fuaraithe agus maidir le táirgeacht breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch.; | 4a. Déanfaidh na Ballstáit creat a bhunú, a bhféadfaidh scéimeanna tacaíochta a áireamh ann agus lena n-éascófar comhaontaithe ceannacháin cumhachta in-athnuaite a ghlacadh, lena gcumasófar leictreachas in-athnuaite a úsáid go leibhéal atá comhsheasmhach le ranníocaíocht náisiúnta an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 2 agus ar luas atá comhsheasmhach leis na conairí táscacha dá dtagraítear in Airteagal 4(a)(2) de Rialachán (AE) 2018/1999. Go háirithe, ***rachaidh an creat sin*** i ngleic leis na bacainní atá fós ***ar ardleibhéal soláthair leictreachais in-athnuaite***, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le nósanna imeachta ceadaithe ***agus ar fhorbairt na ngréasán tarchurtha cumhachta is gá agus Saoráidí Straitéiseacha um Aistriú Fuinnimh***, ***lena n-áirítear na bearta sin chun nósanna imeachta ceadaithe a luathú agus a shimpliú, agus comharthaí praghais fadtéarmacha a áirithiú le haghaidh cinntí infheistíochta, lena n-áirítear infheistíochtaí i leordhóthanacht, cobhsaíocht agus solúbthacht córas trí phróisis tairisceana iomaíocha, thrédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha, lena bhforáiltear do luach saothair a thabhairt do na tairgeoirí a n-éireoidh leo, bunaithe ar phraghsanna margaidh Tabharfar tús áite do thionscadail fuinnimh inathnuaite*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus do na gréasáin tarchurtha ghaolmhara a bhfuil leas straitéiseach ag baint leo trí phróiseas simplithe deonaithe ceadanna***. Le linn dóibh an creat sin a dhearadh, ba cheart do na Ballstáit an leictreachas in-athnuaite breise a chur san áireamh is gá chun na riachtanais a chomhlíonadh sna hearnálacha iompair, tionsclaíochta, tógála, agus téimh agus fuaraithe agus maidir le táirgeacht breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch. ***Féachfaidh na Ballstáit agus a riaracháin fhonáisiúnta ábhartha leis na teicneolaíochtaí giniúna fuinnimh in-athnuaite is inbhuanaithe a chur chun cinn, mar shampla trí lorg carbóin corpraithe na dtionscadal a mheasúnú agus trí dhea-chleachtais inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm i bhforbairt an tionscadail***; |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir leis an gcéad fhomhír, pointe (a), (b) nó (c), ní mheasfar gás nó leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite ach aon uair amháin chun críocha sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh a ríomh. Cuirfear fuinneamh a tháirgtear ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch san áireamh san earnáil - leictreachas, téamh agus fuarú nó iompar - ina ndéanfar ***é*** a thomhailt. | Maidir leis an gcéad fhomhír, pointe (a), (b) nó (c), ní mheasfar gás nó leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite ach aon uair amháin chun críocha sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh a ríomh. Cuirfear ***leictreachas agus*** fuinneamh a tháirgtear ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch san áireamh san earnáil - leictreachas, téamh agus fuarú nó iompar - ***agus ní dhéanfar iad a chuntas sa Bhallstát*** ina ndéanfar ***iad*** a thomhailt ***ach amháin má thángthas ar chomhaontú roimhe sin maidir le haistriú staidrimh, tionscadal comhpháirteach nó scéim tacaíochta chomhpháirteach idir na Ballstáit lena mbaineann***. ***Murab amhlaidh a thángthas, i gcás ina bhfuil*** |

***breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch á dtomhailt ag Ballstát nach é an Ballstát is táirgeoir, dhéanfar íosleibhéal fuinnimh a chuntas sa Bhallstát ina dtáirgfear é.***

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe a**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 9 – mír 1a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 1a. Faoin 31 Nollaig 2025, comhaontóidh gach Ballstát ar a laghad tionscadal comhpháirteach amháin a bhunú le Ballstát amháin eile nó níos mó chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh. Tabharfar fógra don Choimisiún maidir le comhaontú den sórt, lena n-áirítear an dáta a mheasfar go mbeidh sé ag feidhmiú. Maidir le tionscadail a mhaoinítear le ranníocaíochtaí náisiúnta faoi shásra maoiniúcháin an Aontais a bhunaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294[25] ón gCoimisiún , measfar go sásóidh siad an oibleagáid sin le haghaidh na mBallstát lena mbaineann.'; | 1a. Faoin 31 Nollaig 2025, comhaontóidh gach Ballstát ar a laghad tionscadal comhpháirteach amháin a bhunú le Ballstát amháin eile nó níos mó chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh. ***I gcás cineálacha comhair amhail comhar maidir le dréachtú agus cur chun feidhme an chomhthionscadail sin, ba cheart ról a thabhairt d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus d'oibreoirí príobháideacha.*** Tabharfar fógra don Choimisiún maidir le comhaontú den sórt, lena n-áirítear an dáta a mheasfar go mbeidh sé ag feidhmiú. Maidir le tionscadail a mhaoinítear le ranníocaíochtaí náisiúnta faoi shásra maoiniúcháin an Aontais a bhunaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294[25] ón gCoimisiún , measfar go sásóidh siad an oibleagáid sin le haghaidh na mBallstát lena mbaineann.'; ***Ba cheart d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha atá rannpháirteach i dtionscadail trasteorann, lena n-áirítear struchtúir chomhpháirteacha amhail réigiúin Euro agus EGTCanna, a bheith incháilithe freisin le haghaidh tacaíocht airgeadais agus cúnamh teicniúil;*** |

| | |
| --- | --- |
| [25] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2020 maidir le sásra maoiniúcháin | [25] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1294 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2020 maidir le sásra maoiniúcháin |

| | |
|---|---|
| an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite (IO L 303, 17.9.2020, lch. 1). | an Aontais don fhuinneamh in-athnuaite (IO L 303, 17.9.2020, lch. 1). |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 9 – mír 7 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7a. Comhoibreoidh na Ballstáit a bhfuil teorainn acu le himchuach farraige chun a shainiú go comhpháirteach ***méid*** an fhuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta ***a bhfuil*** sé i gceist acu a tháirgeadh san imchuach farraige sin faoi 2050 le céimeanna idirmheánacha in 2030 agus in 2040. Cuirfidh siad san áireamh na sainiúlachtaí agus an fhorbairt i ngach réigiún, acmhainneacht ***in-athnuaite*** an imchuach farraige agus an tábhacht pleanáil eangacha ***comhlachaithe comhtháite amach ón gcósta*** a áirithiú. Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoin méid sin sna pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna gcur isteach de bhua Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999.; | 7a. Comhoibreoidh na Ballstáit a bhfuil teorainn acu le himchuach farraige chun ***spás leordhóthanach*** a shainiú ***agus a leithdháileadh*** go comhpháirteach ***ina bplean spásúil do mhéid*** an fhuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta ***agus don bhonneagar gaolmhar atá*** sé i gceist acu a tháirgeadh san imchuach farraige sin faoi 2050***,*** le céimeanna idirmheánacha ***agus mionsonraithe*** in 2030 agus in 2040. ***Éascóidh siad cómhaireachtáil le gníomhaíochtaí muirí agus*** cuirfidh siad san áireamh ***cosaint an chomhshaoil agus*** na ***tírdhreacha agus,*** sainiúlachtaí agus an fhorbairt i ngach réigiún, ***go háirithe na gníomhaíochtaí a dhéantar cheana sa limistéar a ndéanfar difear dó, an staid iarbhír shocheacnamaíoch, agus an díobháil a d'fhéadfadh a bheith ann don chomhshaol, indéantacht theicniúil agus eacnamaíoch bhonneagar na heangaí tarchurtha, an*** acmhainneacht ***inathnuaite amach ón gcósta a bhaineann leis*** an imchuach farraige agus an tábhacht ***a bhaineann le*** pleanáil eangacha ***chomhtháite ghaolmhar*** a áirithiú ***agus le reachtaíocht chomhshaoil AE a urramú***. ***Chuige sin, ba cheart comhar feabhsaithe a bheith ann maidir le pleanáil réigiúnach do lánaí loingseoireachta, iascaireacht, limistéir chosanta agus shrianta, agus bonneagar fuinnimh; comhoibriú níos fearr idir taighde príobháideach agus poiblí; idirphlé idir na hinstitiúidí poiblí inniúla agus aon ghníomhaíocht oiriúnach eile a dhéantar.*** |

Tabharfaidh na Ballstáit fógra faoin méid sin sna pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna gcur isteach de bhua Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999.;

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 9 – mír 7a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Chun a áirithiú go ndéanfar bainistiú inbhuanaithe ar spás agus ar chóstaí muirí agus go mbainfear leas as acmhainneacht na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta, bainfidh na Ballstáit a bhfuil teorainn acu le himchuach farraige úsáid as próiseas na Pleanála Spásúla Muirí in éineacht le cur chuige daingean maidir le rannpháirtíocht an phobail lena bhféadfar tuairimí na ngeallsealbhóirí agus na bpobal cósta lena mbaineann a chur san áireamh ag céim luath. Chun go nglacfaidh an pobal leis sin ar bonn níos leithne, déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go bhféadfaí comhphobail fuinnimh inathnuaite a áireamh i dtionscadail chomhpháirteacha chomhair maidir le fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta.*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 9 – mír 7 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Chun castacht a laghdú, éifeachtúlacht agus trédhearcacht a mhéadú agus cabhrú le comhar a fheabhsú i measc na*** |

| | |
|---|---|
| | ***mBallstát, ba cheart pointe teagmhála uathúil a bheith ann ('ionad ilfhreastail') in aghaidh gach conaire tosaíochta eangaí amach ón gcósta, lena n-éascófar an próiseas deonaithe ceadanna do thionscadail leasa choitinn fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta.*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe c**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15 – mír 8 – fomhír 2 (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tar éis measúnú a bheith déanta ar na Ballstáit faoin gcéad fhomhír, déanfaidh an Coimisiún anailís ar na bacainní ar chomhaontuithe ceannaigh cumhachta fadtéarmacha agus go háirithe ar imscaradh comhaontú ceannaigh cumhachta inathnuaite trasteorann agus eiseoidh sé treoir maidir leis na bacainní sin a bhaint;*** |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15 – mír 9 – fomhír 2 (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh na Ballstáit measúnú a thíolacadh ar a bpróiseas ceadaithe agus na bearta feabhsúcháin a bheidh le glacadh i gcomhréir leis na treoirlínte plean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe dá dtagraítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2018/199 i gcomhréir leis an nós imeachta agus leis an amlíne a leagtar síos san Airteagal sin.*** |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15 – mír 9 – fomhír 3 (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh sé de cheangal ar na Ballstáit próisis pleanála straitéiseacha a fhorbairt chun an talamh atá ar fáil a shainaithint chun tionscadail fuinnimh inathnuaite a úsáid, go háirithe talamh díghrádaithe agus talamh atá ar fáil le haghaidh ilúsáidí, amhail talamh talmhaíochta agus comhlachtaí uisce intíre inar féidir tionscadail fuinnimh in-athnuaite a úsáid;*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15 – mír 9 – fomhír 4 (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na bearta le haghaidh feabhsúcháin agus scórála ETFanna na mBallstát. Ba cheart an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí. Tabharfaidh an Coimisiún isteach dreasachtaí do na Ballstáit a ghnóthaíonn scóir níos airde i gcomhréir leis an measúnú ar ETFanna, lena n-áirítear rochtain tosaíochta ar chistí AE atá tiomnaithe do thionscadal fuinnimh in-athnuaite.*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**

Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Chun táirgeacht agus úsáid fuinnimh in-athnuaite san earnáil tógála a chur chun cinn, leagfaidh na Ballstáit amach sprioc tháscach maidir leis an sciar d’athnuaiteáin san ídiú fuinnimh deiridh ina n-earnálacha tógála in 2030 a bheidh comhsheasmhach le sprioc tháscach de sciar fuinnimh 49 % ar a laghad ó fhoinsí in-athnuaite san earnáil tógála i dtomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais in 2030. Déanfar an sprioc náisiúnta a shloinneadh i dtéarmaí sciar an tomhaltais deiridh fuinnimh náisiúnta agus a ríomhfar i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 7. Áireoidh na Ballstáit a sprioc sna pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna gcur isteach de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 chomh maith le faisnéis maidir le conas a bheartaíonn siad é a bhaint amach. | 1. Chun táirgeacht agus úsáid fuinnimh in-athnuaite san earnáil tógála a chur chun cinn, leagfaidh na Ballstáit amach sprioc tháscach maidir leis an sciar d’athnuaiteáin san ídiú fuinnimh deiridh ina n-earnálacha tógála in 2030 a bheidh comhsheasmhach le sprioc tháscach de sciar fuinnimh 49 % ar a laghad ó fhoinsí in-athnuaite san earnáil tógála i dtomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais in 2030. Déanfar an sprioc náisiúnta a shloinneadh i dtéarmaí sciar an tomhaltais deiridh fuinnimh náisiúnta agus a ríomhfar i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Airteagal 7 ***lena n-áirítear i ríomh sciar an tomhaltais deiridh den leictreachas ó fhoinsí inathnuaite, eadhon féintomhaltas, pobail fuinnimh agus sciar an fhuinnimh inathnuaite sa mheascán leictreachais***. Áireoidh na Ballstáit a sprioc sna pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna gcur isteach de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 chomh maith le faisnéis maidir le conas a bheartaíonn siad é a bhaint amach. |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfaidh na Ballstáit isteach bearta ina rialacháin agus cóid tógála agus, i gcás inarb infheidhme, ina scéimeanna tacaíochta, chun an sciar leictreachais agus téimh agus fuaraithe ó fhoinsí in-athnuaite sa stoc foirgneamh a mhéadú, lena n-áirítear bearta náisiúnta a bhaineann le | 2. Tabharfaidh na Ballstáit isteach bearta ina rialacháin agus cóid tógála agus, i gcás inarb infheidhme, ina scéimeanna tacaíochta, chun an sciar leictreachais agus téimh agus fuaraithe ó fhoinsí in-athnuaite sa stoc foirgneamh a mhéadú, lena n-áirítear bearta náisiúnta a bhaineann le |

| | |
|---|---|
| méaduithe suntasacha i bhféintomhaltas athnuaiteáin, comhphobail fuinnimh in-athnuaite agus stóráil fuinnimh áitiúil, i gcomhar le feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le comhghiniúint agus foirgnimh éighníomhacha, nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh agus neodrach ó thaobh fuinnimh. | méaduithe suntasacha i bhféintomhaltas athnuaiteáin, comhphobail fuinnimh in-athnuaite***, comhroinnt áitiúil fuinnimh in-athnuaite,*** agus stóráil fuinnimh áitiúil, i gcomhar le feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh a bhaineann le comhghiniúint agus foirgnimh éighníomhacha, nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh agus neodrach ó thaobh fuinnimh. |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15 a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Chun an sciar tháscach d'fhuinneamh in-athnuaite a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach, déanfaidh na Ballstáit úsáid córas agus trealaimh téimh agus fuaraithe a chur chun cinn. Chuige sin, úsáidfidh na Ballstáit gach beart, uirlis agus dreasacht is iomchuí, lena n-áirítear, i measc nithe eile, lipéid fuinnimh a fhorbraítear faoi Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26], teastais feidhmíochta fuinnimh de bhun Threoir 2010/31/AE, nó teastais nó caighdeáin iomchuí eile a fhorbraítear ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais, agus áiritheoidh siad go gcuirfear go leor faisnéise agus comhairle ar fáil maidir le breoslaí ionadúla in-athnuaite an-éifeachtúil chomh maith le maidir leis na hionstraimí airgeadais agus dreasachtaí atá ar fáil chun ráta athsholáthair méadaithe a chur chun cinn maidir le seanchórais téimh agus maidir le hathrú chuig réitigh atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite.; | 4. Chun an sciar tháscach d'fhuinneamh in-athnuaite a leagtar amach i mír 1 ***agus i mír 3*** a bhaint amach, déanfaidh na Ballstáit úsáid córas agus trealaimh ***éifeachtúil*** téimh agus fuaraithe ***in-athnuaite*** a chur chun cinn***, lena n-áirítear córais chliste téimh agus fuaraithe bunaithe ar fhoinsí inathnuaite, chomh maith leis na hacmhainní cliste díláraithe fuinnimh i bhfoirgnimh***. Chuige sin, úsáidfidh na Ballstáit gach beart, uirlis agus dreasacht is iomchuí, lena n-áirítear, i measc nithe eile, lipéid fuinnimh a fhorbraítear faoi Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26], teastais feidhmíochta fuinnimh de bhun Threoir 2010/31/AE, nó teastais nó caighdeáin iomchuí eile a fhorbraítear ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais, agus áiritheoidh siad go gcuirfear go leor faisnéise agus comhairle ar fáil maidir le breoslaí ionadúla in-athnuaite an-éifeachtúil chomh maith le maidir leis na hionstraimí airgeadais agus dreasachtaí atá ar fáil chun ráta athsholáthair méadaithe a chur chun cinn maidir le seanchórais téimh agus maidir le hathrú chuig réitigh atá |

bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite.;

[26] Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an Dé Máirt 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1).

[26] Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an Dé Máirt 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1).

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(6 a) Cuirtear isteach an t-Airteagal seo a leanas:*** |
| | ***Airteagal 15 b*** |
| | ***'Measúnú agus pleanáil chomhtháite maidir le hacmhainní inathnuaite fuinnimh'*** |
| | ***Déanfaidh na Ballstáit mapáil agus pleanáil chomhtháite le haghaidh acmhainní fuinnimh inathnuaite a chur chun úsáide ar a gcríoch féin i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ábhartha uile.*** |
| | ***Sa mhapáil agus pleanáil chomhtháite dá dtagraítear i mír 1, breathnófar freisin na saoráidí stórála fuinnimh is gá le haghaidh dul i bhfód foinsí in-athnuaite fuinnimh a áirithiú ar bhealach cobhsaí athléimneach, agus tosca amhail éagsúlachtaí séasúracha agus tréimhsí ganntanas fuinnimh á gcur san áireamh.*** |
| | ***Agus na limistéir is oiriúnaí le haghaidh na bhfoinsí inathnuaite fuinnimh a chur chun úsáide á sainaithint acu, cinnfidh na Ballstáit na leibhéil éagsúla tosaíochta, agus infhaighteacht na hacmhainne fuinnimh á cur san áireamh*** |

***mar aon le cosaint an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta mar aon leis an tionchar ar phobail áitiúla agus ar ghníomhaíochtaí atá á ndéanadh cheana. Féadfaidh na Ballstáit imlonnú tionscadal a éascú sna réimsí a shainaithneofar mar réimsí a bhfuil an leibhéal is airde tosaíochta acu tríd an bpróiseas deonaithe ceadanna a leagtar amach in Airteagal 16(6), gan dochar d'Airteagal 16(7)'. (7)'.***

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 18 – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh scéimeanna deimhniúcháin ar fáil i ***gcomhar*** suiteálaithe agus dearthóirí de gach cineál córas téimh agus fuaraithe in-athnuaite i bhfoirgnimh, tionscal agus talmhaíocht, agus le haghaidh suiteálaithe ***de chórais fhótavoltach*** gréine. Féadfar a thabhairt san áireamh sna scéimeanna sin, nuair is iomchuí, scéimeanna agus struchtúir ar ann dóibh cheana, agus is ar na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a bhunófar na scéimeanna sin. Aithneoidh gach Ballstát an deimhniúchán arna dheonú ag Ballstáit eile i gcomhréir leis na critéir sin. | 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh scéimeanna deimhniúcháin ar fáil i ***gcomhair*** suiteálaithe agus dearthóirí de gach cineál córas téimh agus fuaraithe in-athnuaite i bhfoirgnimh, tionscal agus talmhaíocht, agus le haghaidh suiteálaithe ***córas teirmeach agus fótavoltach*** gréine***, córas geoiteirmeach éadomhain agus teaschaidéal, lena n-áirítear córais stórála agus córais ghníomhacha um fhreagairt don éileamh***. Féadfar a thabhairt san áireamh sna scéimeanna sin, nuair is iomchuí, scéimeanna agus struchtúir ar ann dóibh cheana, agus is ar na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a bhunófar na scéimeanna sin. Aithneoidh gach Ballstát an deimhniúchán arna dheonú ag Ballstáit eile i gcomhréir leis na critéir sin. |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 18 – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go ***bhfuil*** líon leordhóthanach suiteálaithe de chórais téimh agus fuaraithe in-athnuaite ***atá oilte*** agus ***cáilithe*** ar fáil ***le haghaidh na dteicneolaíochtaí iomchuí*** chun ***freastal ar an mborradh i dtéamh*** agus ***fuarú*** in-athnuaite ***atá ag teastáil*** chun ***cur*** leis an méadú bliantúil ***sa*** sciar ***d'fhuinneamh*** in-athnuaite ***san*** earnáil téimh agus ***fuaraithe*** mar a leagtar amach in ***Airteagal 23***. | Áiritheoidh na Ballstáit go ***mbeidh*** líon leordhóthanach suiteálaithe ***oilte agus cáilithe*** de chórais téimh agus fuaraithe in-athnuaite***, mar aon le córais theirmeacha*** agus ***fótavoltacha ghréine, córais gheoiteirmeacha éadoimhne, teaschaidéil agus córais stórála agus córais ghníomhacha um fhreagairt don éileamh*** ar fáil ***do na teicneolaíochtaí ábhartha*** chun ***fónamh d'fhás an téimh*** agus ***an fhuaraithe*** in-athnuaite ***a theastaíonn*** chun ***rannchuidiú*** leis an méadú bliantúil ***ar*** sciar ***an fhuinnimh*** in-athnuaite ***in*** earnáil ***an*** téimh agus ***an fhuaraithe*** mar a leagtar amach in ***Airteagal 23 i bhfoirgnimh mar a leagtar amach in Airteagal 15a agus i gcás fuinneamh in-athnuaite san iompar, mar a leagtar amach in Airteagal 25, chomh maith leis an sprioc fhoriomlán maidir le fuinneamh in-athnuaite mar a leagtar amach in Airteagal 3***. |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 18 – mír 3 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun líon leordhóthanach suiteálaithe agus dearthóirí a bhaint amach, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear cláir oiliúna leordhóthanacha ar fáil a mbeidh cáiliú nó deimhniú lena gcuimseofar teicneolaíochtaí téimh agus fuaraithe in-athnuaite mar thoradh orthu, agus na réitigh nuálacha is déanaí a bhaineann leo. Cuirfidh na Ballstáit bearta i bhfeidhm chun rannpháirtíocht i gcláir den sórt a chur chun cinn, go háirithe ag fiontair bheaga agus mheánmhéide agus iad siúd atá féinfhostaithe. Féadfaidh na Ballstáit comhaontuithe deonacha a chur i bhfeidhm leis na soláthróirí agus na díoltóirí | Chun líon leordhóthanach suiteálaithe agus dearthóirí a bhaint amach, áiritheoidh na Ballstáit ***nó a n-údaráis inniúla ar an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal áitiúil*** go gcuirfear cláir oiliúna leordhóthanacha ar fáil a mbeidh cáiliú nó deimhniú lena gcuimseofar teicneolaíochtaí téimh agus fuaraithe in-athnuaite***, teicneolaíochtaí stórála,*** mar thoradh orthu, agus na réitigh nuálacha is déanaí a bhaineann leo***, lena n-áirítear bonneagar***. Cuirfidh na Ballstáit bearta i bhfeidhm chun rannpháirtíocht i gcláir den sórt a chur chun cinn, go háirithe ag fiontair bheaga agus mheánmhéide agus iad siúd |

| | |
|---|---|
| teicneolaíochta iomchuí chun líon leordhóthanach suiteálaithe a chur faoi oiliúint, a fhéadfar a bhaint ar mheastacháin díolacháin, sna réitigh agus teicneolaíochtaí nuálacha is déanaí atá ar fáil ar an margadh. | atá féinfhostaithe. Féadfaidh na Ballstáit comhaontuithe deonacha a chur i bhfeidhm leis na soláthróirí agus na díoltóirí teicneolaíochta iomchuí chun líon leordhóthanach suiteálaithe a chur faoi oiliúint, a fhéadfar a bhaint ar mheastacháin díolacháin, sna réitigh agus teicneolaíochtaí nuálacha is déanaí atá ar fáil ar an margadh. |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 18 – mír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Faoin 31 Nollaig 2025, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar infhaighteacht suiteálaithe oilte cáilithe na dteicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a bhfuil gá leo chun an t-éileamh ar phoist ar leibhéal an Bhallstáit a chumhdach. I gcás inar gá, cuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na mBallstát chun laghdú a dhéanamh ar aon bhearna maidir le hinfhaighteacht oibrithe oilte, agus a chuirfear ar fáil go poiblí.*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 – pointe a – pointe i**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 19 – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chuige sin, áiritheoidh na Ballstáit go n-eiseofar ráthaíocht tionscnaimh má iarrann táirgeoir fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a leithéid. ***Féadfaidh Ballstát socrú a dhéanamh chun ráthaíochtaí tionscnaimh a eisiúint i gcás fuinnimh ó fhoinsí neamh-inathnuaite.*** Féadfar eisiúint | Chuige sin, áiritheoidh na Ballstáit go n-eiseofar ráthaíocht tionscnaimh má iarrann táirgeoir fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a leithéid. Féadfar eisiúint ráthaíochta tionscnaimh a chur faoi réir teorainn íosacmhainne. Méid caighdeánach 1 MWh a bheidh sa ráthaíocht tionscnaimh. Ní |

| | |
|---|---|
| ráthaíochta tionscnaimh a chur faoi réir teorainn íosacmhainne. Méid caighdeánach 1 MWh a bheidh sa ráthaíocht tionscnaimh. Ní eiseofar níos mó ná ráthaíocht tionscnaimh amháin i dtaca le gach aonad fuinnimh a tháirgfear.’; | eiseofar níos mó ná ráthaíocht tionscnaimh amháin i dtaca le gach aonad fuinnimh a tháirgfear.’; |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 20 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar na hoibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí córais dáileacháin ina ndlínse faisnéis a chur ar fáil maidir leis an sciar de leictreachas in-athnuaite agus an cion astaíochtaí gás ceaptha teasa den leictreachas arna sholáthar i ngach crios tairisceana, a chruinne is féidir agus chomh gar d’fhíor-am is féidir ach in eatraimh ama nach mó ná uair amháin, le réamhaisnéis i gcás inar féidir. Déanfar an fhaisnéis seo a chur ar fáil go digiteach ar bhealach lena ***n-áiritheofar gur féidir le*** rannpháirtí sa mhargadh leictreachais, comhiomlánóirí, tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh é a úsáid, agus gur féidir le gléasanna cumarsáide leictreonaí amhail córais méadraithe chliste, pointí athluchtaithe gluaisteán leictreach, córais téimh agus fuaraithe agus córais bhainistíochta fuinnimh foirgneamh é a léamh. | 1. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar na hoibreoirí córais tarchurtha agus oibreoirí córais dáileacháin ina ndlínse faisnéis a chur ar fáil maidir leis an sciar de leictreachas in-athnuaite agus an cion astaíochtaí gás ceaptha teasa den leictreachas arna sholáthar i ngach crios tairisceana, a chruinne is féidir agus chomh gar d’fhíor-am is féidir ach in eatraimh ama nach mó ná uair amháin, le réamhaisnéis i gcás inar féidir. Déanfar an fhaisnéis seo a chur ar fáil go digiteach ar bhealach lena ***gcuirfear ar chumas*** rannpháirtí sa mhargadh leictreachais, comhiomlánóirí, tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh é a úsáid, agus gur féidir le gléasanna cumarsáide leictreonaí amhail córais méadraithe chliste, pointí athluchtaithe gluaisteán leictreach, córais téimh agus fuaraithe agus córais bhainistíochta fuinnimh foirgneamh é a léamh. ***Áiritheoidh na Ballstáit go ndeonófar rochtain d’oibreoirí córas tarchurtha agus d’oibreoirí córas dáileacháin go dlíthiúil chun rochtain a fháil ar na sonraí gaolmhara chun an cúram sin a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh treorach**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 20 a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I dteannta na gceanglas sa [togra le haghaidh Rialachán maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020], áiritheoidh na Ballstáit go gcuimseoidh monaróirí de cheallraí baile agus tionsclaíocha rochtain fíor-ama ar fhaisnéis maidir leis an gcóras bainistíochta ceallra bunúsaigh, lena n-áirítear toilleadh ceallra, staid sláinte, staid luchtaithe agus pointe socraithe cumhachta, chuig úinéirí agus úsáideoirí ceallraí chomh maith le tríú páirtithe ag feidhmiú ar a son, amhail cuideachtaí bainistíochta cumhachta foirgneamh agus rannpháirtí sa mhargadh leictreachais, faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha agus gan aon chostas. | 2. I dteannta na gceanglas sa [togra le haghaidh Rialachán maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020], áiritheoidh na Ballstáit go gcuimseoidh monaróirí de cheallraí baile***, pobail*** agus tionsclaíocha rochtain fíor-ama ar fhaisnéis maidir leis an gcóras bainistíochta ceallra bunúsaigh, lena n-áirítear toilleadh ceallra, staid sláinte, staid luchtaithe agus pointe socraithe cumhachta, chuig úinéirí agus úsáideoirí ceallraí chomh maith le tríú páirtithe ag feidhmiú ar a son, amhail cuideachtaí bainistíochta cumhachta foirgneamh agus rannpháirtí sa mhargadh leictreachais, faoi théarmaí neamh-idirdhealaitheacha agus gan aon chostas. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 20 a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh an creat rialála náisiúnta idirdhealú i gcoinne rannpháirtíocht sna margaí leictreachais, lena n-áirítear bainistiú ar phlódú agus seirbhísí solúbthachta agus seirbhísí cothromúcháin agus córais bheaga nó mhóibíleacha amhail ceallraí ***baile nó*** feithiclí leictreacha a sholáthar, go díreach agus trí chomhiomlánú.*'*; | 4. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh an creat rialála náisiúnta idirdhealú i gcoinne rannpháirtíocht sna margaí leictreachais, lena n-áirítear bainistiú ar phlódú agus seirbhísí solúbthachta agus seirbhísí cothromúcháin***, líonraí teasa*** agus ***fuaraithe ceantair agus*** córais bheaga nó mhóibíleacha amhail ceallraí ***tí, ceallraí pobail agus*** feithiclí leictreacha***, aonaid stórála fuinnimh theirmigh agus fearais agus córais téimh agus fuaraithe leictreacha chliste, agus gléasanna cliste eile*** a ***éascaíonn tomhaltas solúbtha leictreachais in-*** |

| | |
|---|---|
| | ***athnuaite na dtomhaltóirí a*** sholáthar, go díreach agus trí chomhiomlánú. ***Cuirfidh na Ballstáit cothroime iomaíochta ar fáil do ghníomhaithe margaidh beaga, go háirithe comhphobail fuinnimh in-athnuaite, ionas go mbeidh siad in ann a bheith rannpháirteach sa mhargadh gan ualach díréireach riaracháin nó rialála a bheith orthu***; |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 22 a – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féachfaidh na Ballstáit le sciar na bhfoinsí in-athnuaite i méid na bhfoinsí fuinnimh a úsáidtear chun críocha fuinnimh deiridh ***agus chun críocha neamhfhuinnimh*** san earnáil tionsclaíochta a mhéadú trí mheánmhéadú bliantúil táscach 1.1 pointe céatadáin faoi 2030. | 1. Féachfaidh na Ballstáit***, i gcomhar*** le ***húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, le*** sciar na bhfoinsí in-athnuaite i méid na bhfoinsí fuinnimh a úsáidtear chun críocha fuinnimh deiridh san earnáil tionsclaíochta a mhéadú trí mheánmhéadú bliantúil táscach 1.1 pointe céatadáin faoi 2030. |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 22a – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áireoidh na Ballstáit na bearta a bheartaítear agus a glacadh chun an méadú táscach sin a bhaint amach ina bpleananna náisiúnta comhtháite fuinnimh agus aeráide agus ina dtuarascálacha ar dhul chun cinn arna dtíolacadh de bhun ***Airteagal 3, Airteagal 14*** agus ***Airteagal 17*** de Rialachán (AE) 2018/1999. | Áireoidh na Ballstáit***, i gcomhar le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla,*** na bearta a bheartaítear agus a glacadh chun an méadú táscach sin a bhaint amach ina bpleananna náisiúnta comhtháite fuinnimh agus aeráide agus ina dtuarascálacha ar dhul chun cinn arna dtíolacadh de bhun ***Airteagail 3, 14*** agus ***17*** de Rialachán (AE) 2018/1999. |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 22a – mír 1 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go dtiocfaidh, faoi 2030, 50 % den hidrigin a úsáidfear chun críocha fuinnimh deiridh agus chun críocha neamhfhuinnimh san earnáil tionsclaíochta ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch arna n-úsáid chun críocha fuinnimh deiridh agus chun críocha neamhfhuinnimh. Chun na hastaíochtaí sin a ríomh, cuirfear na rialacha seo a leanas i bhfeidhm: | Áiritheoidh na Ballstáit***, i gcomhar le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla,*** go dtiocfaidh, faoi 2030, 50 % den hidrigin a úsáidfear chun críocha fuinnimh deiridh agus chun críocha neamhfhuinnimh san earnáil tionsclaíochta ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch arna n-úsáid chun críocha fuinnimh deiridh agus chun críocha neamhfhuinnimh ***sna hearnálacha tionscail ardteochta, na heitlíochta agus na loingseoireachta ar deacair iad a mhaolú, áit nach bhfuil leictriú ina réiteach indéanta faoi 2030***. Chun na hastaíochtaí sin a ríomh, cuirfear na rialacha seo a leanas i bhfeidhm: ***Laistigh de bhliain tar éis don treoir reatha teacht i bhfeidhm, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar thionchar na bhfuinneamh in-athnuaite ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch ar fhorbairt an mhargaidh chun a fhíorú an mbeidh méideanna leordhóthanacha ar fáil faoi 2033.*** |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Treoir (AE) 2018/2011
Airteagal 22 a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Maidir le táirgí tionsclaíocha lena mbaineann lipéad nó maíomh go bhfuil siad á dtáirgeadh le fuinneamh in-athnuaite | 2. Maidir le táirgí tionsclaíocha lena mbaineann lipéad nó maíomh go bhfuil siad á dtáirgeadh le fuinneamh in-athnuaite |

agus le breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, áiritheoidh na Ballstáit go léireoidh siad an céatadán den fhuinneamh in-athnuaite a úsáideadh nó de bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a úsáideadh ag an gcéim a bhaineann le fáil, réamhphróiseáil, monaraíocht agus dáileadh an bhunábhair, arna ríomh ar bhonn na modheolaíochtaí a leagtar síos i Moladh ***2013/179/AE*** nó, de rogha air sin, in ISO 14067:2018.*’*;

agus le breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, áiritheoidh na Ballstáit***, i gcomhar le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla,*** go léireoidh siad an céatadán den fhuinneamh in-athnuaite a úsáideadh nó de bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a úsáideadh ag an gcéim a bhaineann le fáil, réamhphróiseáil, monaraíocht agus dáileadh an bhunábhair, arna ríomh ar bhonn na modheolaíochtaí a leagtar síos i Moladh ***2013/179/AE***[27] nó, de rogha air sin, in ISO 14067:2018.;

___________________

[27] ***27 2013/179/AE***: Moladh ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2013 maidir le modhanna coiteanna a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí agus eagraíochtaí a thomhas agus a chur in iúl, IO L 124, 4.5.2013, lch. 1–210.

___________________

[27] ***2013/179/AE***: Moladh ón gCoimisiún an 9 Aibreán 2013 maidir le modhanna coiteanna a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil saolré táirgí agus eagraíochtaí a thomhas agus a chur in iúl, IO L 124, 4.5.2013, lch. 1–210.

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 23 – mír 1a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1a. Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar a n-acmhainneacht fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus ar an úsáid a bhaintear as dramhtheas agus dramhfhuacht san earnáil téimh agus fuaraithe lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, anailís ar limistéir atá oiriúnach lena n-úsáid gan ach riosca íseal éiceolaíoch agus ar an acmhainneacht atá ann le haghaidh tionscadail teaghlaigh ar scála beag. Leagfar amach sa mheasúnú garspriocanna agus bearta chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú i dtéamh agus i bhfuarú agus, i gcás inarb iomchuí, úsáid dramhtheasa agus dramhfhuachta trí théamh agus fuarú ceantair d’fhonn straitéis náisiúnta fhadtéarmach a bhunú chun téamh agus fuarú a dhícharbónú. | 1a. Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar a n-acmhainneacht fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus ar an úsáid a bhaintear as dramhtheas agus dramhfhuacht san earnáil téimh agus fuaraithe lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, anailís ar limistéir atá oiriúnach lena n-úsáid gan ach riosca íseal éiceolaíoch agus ar an acmhainneacht atá ann le haghaidh tionscadail teaghlaigh ar scála beag ***a mbeidh údaráis áitiúla agus réigiúnacha rannpháirteach iontu***. Leagfar amach sa mheasúnú garspriocanna agus bearta chun foinsí in-athnuaite fuinnimh a mhéadú i dtéamh agus i bhfuarú agus, i gcás inarb iomchuí, úsáid dramhtheasa agus dramhfhuachta trí théamh agus fuarú ceantair ***agus*** |

| | |
|---|---|
| Beidh an measúnú mar chuid de na pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999, measúnú a ghabhfaidh leis an measúnú cuimsitheach ar théamh agus ar fhuarú a cheanglaítear le hAirteagal 14(1) de Threoir 2012/27/AE.*’*; | ***teaghlaigh mhionscála agus FBManna*** d'fhonn straitéis náisiúnta fhadtéarmach a bhunú chun téamh agus fuarú a dhícharbónú. Beidh an measúnú ***i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh agus*** mar chuid de na pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999, measúnú a ghabhfaidh leis an measúnú cuimsitheach ar théamh agus ar fhuarú a cheanglaítear le hAirteagal 14(1) de Threoir 2012/27/AE.; |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe c a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 23 – mír 1a – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c a) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:*** |
| | ***Cuirfidh na Ballstáit faisnéis ar fáil go háirithe d'úinéirí nó do thionóntaí foirgneamh agus do FBManna maidir le bearta cost-éifeachtúla, agus ionstraimí airgeadais chun feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as fuinneamh in-athnuaite sna córais téimh agus fuaraithe. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis ar fáil trí uirlisí comhairleacha inrochtana agus trédhearcacha a bheidh bunaithe in ionaid ilfhreastail.*** |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 23 – mír 4 – pointe d

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú*
---|---
(d) forbairt acmhainní d’údaráis náisiúnta agus áitiúla chun tionscadail agus bonneagair in-athnuaite a phleanáil agus a chur chun feidhme; | (d) forbairt acmhainní d’údaráis náisiúnta***, réigiúnacha*** agus áitiúla chun tionscadail agus bonneagair in-athnuaite a phleanáil agus a chur chun feidhme;

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 23 – mír 4 – fomhír 1 – pointe i

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú*
---|---
(i) bearta beartais eile, a bhfuil éifeacht choibhéiseach acu, lena n-áirítear bearta fioscacha, scéimeanna tacaíochta nó dreasachtaí airgeadais eile. | (i) bearta beartais eile, a bhfuil éifeacht choibhéiseach acu, lena n-áirítear bearta fioscacha, scéimeanna tacaíochta nó dreasachtaí airgeadais eile ***a rannchuidíonn le trealamh in-athnuaite téimh agus fuaraithe a shuiteáil agus gréasáin fuinnimh a sholáthraíonn fuinneamh in-athnuaite don téamh agus don fhuarú i bhfoirgnimh agus sa tionscal a fhorbairt***.

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 23 – mír 4 – fomhír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú*
---|---
Agus na bearta sin á nglacadh agus á gcur chun feidhme acu, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag ***gach tomhaltóir*** orthu, go háirithe iad siúd atá i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó i dteaghlaigh leochaileacha, ***teaghlaigh*** nach mbeadh ***caipiteal*** tosaigh ***leordhóthanach*** acu chun tairbhe a bhaint as ***mura ndéanfaí*** sin.; | Agus na bearta sin á nglacadh agus á gcur chun feidhme acu, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag ***na tomhaltóirí go léir*** orthu, ***lena n-áirítear iad siúd ar tionóntaí iad,*** go háirithe iad siúd atá i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó i dteaghlaigh leochaileacha ***agus ceanglóidh siad go gcuirfear chun feidhme sciar suntasach beart mar thosaíocht i dteaghlaigh atá ina gcónaí faoi bhochtaineacht fuinnimh mar a***

***shainmhínítear sa [Treoir Athmhúnlaithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh] agus i dtithíocht shóisialta***, nach mbeadh ***dóthain caipitil*** tosaigh acu chun tairbhe a bhaint as ***murach*** sin.;

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 13 – pointe e**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 24 – mír 8

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na Ballstáit na ceanglais maidir le measúnú agus comhordú faoin gcéad fhomhír agus faoin tríú fomhír a leathnú chuig oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin gáis, lena n-áirítear gréasáin hidrigine agus gréasáin eile fuinnimh. | Féadfaidh na Ballstáit na ceanglais maidir le measúnú agus comhordú faoin gcéad fhomhír agus faoin tríú fomhír a leathnú chuig oibreoirí córais tarchurtha agus dáileacháin gáis, lena n-áirítear gréasáin hidrigine agus gréasáin eile fuinnimh.<br>***Comhordóidh na Ballstáit le réigiúin agus le cathracha chun cur chun feidhme na míre seo a éascú.*** |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) gurb é 0,2 % in 2022, 0,5 % in 2025 agus 2,2 % in 2030 an sciar de bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus de bhithghás a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX san fhuinneamh a sholáthraítear don earnáil iompair, agus is fiú 2,6 % ar a laghad in 2030 sciar na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch. | (b) gurb é 0,2 % in 2022, 0,5 % in 2025 agus 2,2 % in 2030 an sciar de bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus de bhithghás a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX san fhuinneamh a sholáthraítear don earnáil iompair, agus is fiú 2,6 % ar a laghad in 2030 sciar na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch. ***Laistigh de bhliain tar éis don treoir reatha teacht i bhfeidhm, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar thionchar na bhfuinneamh*** |

***in-athnuaite ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch ar fhorbairt an mhargaidh chun a fhíorú an mbeidh méideanna leordhóthanacha ar fáil faoi 2033.***

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun an laghdú dá dtagraítear i bpointe (a) agus an sciar dá dtagraítear i bpointe (b) a ríomh, cuirfidh na Ballstáit breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch san áireamh freisin nuair a úsáidtear iad mar tháirgí idirmheánacha chun ***gnáthbhreoslaí*** a tháirgeadh. Chun an laghdú dá dtagraítear i bpointe (a) a ríomh, féadfaidh na Ballstáit breoslaí carbóin athchúrsáilte a chur san áireamh. | Chun an laghdú dá dtagraítear i bpointe (a) agus an sciar dá dtagraítear i bpointe (b) a ríomh, cuirfidh na Ballstáit breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch san áireamh freisin nuair a úsáidtear iad mar tháirgí idirmheánacha chun ***breoslaí*** a tháirgeadh ***don iompar***. Chun an laghdú dá dtagraítear i bpointe (a) a ríomh, féadfaidh na Ballstáit breoslaí carbóin athchúrsáilte a chur san áireamh. |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Soláthróirí breoslaí a sholáthraíonn leictreachas nó breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, féadfaidh na Ballstáit, agus an oibleagáid ar sholáthróirí breosla á socrú, na soláthróirí sin a dhíolmhú ón gceanglas an sciar íosta de bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus de bhithghás a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX a chomhlíonadh maidir | Soláthróirí breoslaí a sholáthraíonn leictreachas nó breoslaí in-athnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, féadfaidh na Ballstáit, agus an oibleagáid ar sholáthróirí breosla á socrú, na soláthróirí sin a dhíolmhú ón gceanglas an sciar íosta de bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus de bhithghás a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX a chomhlíonadh maidir |

| | |
|---|---|
| leis na breoslaí sin. | leis na breoslaí sin. ***Agus an oibleagáid dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) á socrú acu chun a áirithiú go mbainfear amach an sciar a leagtar amach ansin, féadfaidh na Ballstáit déanamh amhlaidh, inter alia, trí bhíthin bearta a ghlacadh lena ndírítear ar mhéideanna, ar luach fuinnimh nó ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, ar an gcoinníoll go léirítear go mbaintear amach na sciartha íosta dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b).*** |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 25 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Bunóidh na Ballstáit sásra lena gceadófar do sholáthróirí breosla ina gcríoch creidmheasanna a mhalartú chun fuinneamh in-athnuaite a sholáthar d'earnáil an iompair. Gheobhaidh oibreoirí eacnamaíocha a sholáthraíonn leictreachas in-athnuaite d'fheithiclí leictreacha trí stáisiúin athluchtaithe phoiblí ***creidmheasanna, beag*** beann ar cé acu a bhfuil nó nach bhfuil na hoibreoirí eacnamaíocha faoi réir na hoibleagáide atá leagtha síos ag an mBallstát ar sholáthróirí breosla, agus féadfaidh siad na creidmheasanna sin a dhíol le soláthróirí breosla, ar féidir leo na creidmheasanna a úsáid chun an oibleagáid a leagtar amach sa chéad fhomhír de mhír 1 a chomhlíonadh.*'*; | 2. Bunóidh na Ballstáit sásra lena gceadófar do sholáthróirí breosla ina gcríoch creidmheasanna a mhalartú chun fuinneamh in-athnuaite a sholáthar d'earnáil an iompair. Gheobhaidh oibreoirí eacnamaíocha a sholáthraíonn leictreachas in-athnuaite d'fheithiclí leictreacha trí stáisiúin athluchtaithe phoiblí ***agus phríobháideachacreidmheasanna, gan*** beann ar cé acu a bhfuil nó nach bhfuil na hoibreoirí eacnamaíocha faoi réir na hoibleagáide atá leagtha síos ag an mBallstát ar sholáthróirí breosla, agus féadfaidh siad na creidmheasanna sin a dhíol le soláthróirí breosla, ar féidir leo na creidmheasanna a úsáid chun an oibleagáid a leagtar amach sa chéad fhomhír de mhír 1 a chomhlíonadh.; |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe a – pointe i**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun ríomh a dhéanamh ar olltomhaltas deiridh fuinnimh Ballstáit ó fhoinsí in-athnuaite dá dtagraítear in Airteagal 7 agus ar an sprioc laghdaithe déine gás ceaptha teasa dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 25(1), ní mó a bheidh an sciar de bhithbhreoslaí agus de bhithleachtanna, chomh maith leis an sciar de bhreoslaí bithmhaise a thomhlaítear san iompar, i gcás ina dtáirgtear ó bharra bia agus beatha iad, ná pointe céatadán amháin níos airde ná an sciar de bhreoslaí den sórt sin i dtomhaltas deiridh fuinnimh san earnáil iompair sa Bhallstát sin in 2020, agus is 7 % den tomhaltas deiridh fuinnimh uasmhéid an tomhaltais a bheidh san earnáil iompair sa Bhallstát sin.'; | Chun ríomh a dhéanamh ar olltomhaltas deiridh fuinnimh Ballstáit ó fhoinsí in-athnuaite dá dtagraítear in Airteagal 7 agus ar an sprioc laghdaithe déine gás ceaptha teasa dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 25(1), ní mó a bheidh an sciar de bhithbhreoslaí agus de bhithleachtanna, chomh maith leis an sciar de bhreoslaí bithmhaise a thomhlaítear san iompar, i gcás ina dtáirgtear ó bharra bia agus beatha iad, ná pointe céatadán amháin níos airde ná an sciar de bhreoslaí den sórt sin i dtomhaltas deiridh fuinnimh san earnáil iompair sa Bhallstát sin in 2020, agus is 7 % den tomhaltas deiridh fuinnimh uasmhéid an tomhaltais a bheidh san earnáil iompair sa Bhallstát sin.'; ***De mhaolú air sin, féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh bithleachtanna a úsáidtear don táirgeadh leictreachais sna réigiúin is forimeallaí agus limistéir nach bhfuil idirnasctha a eisiamh ón uasteorainn 7 % thuasluaite d'earnáil an iompair;*** |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 – pointe c – pointe (iv) a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 27 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iv a) féadfar sciar na mbithbhreoslaí agus an bhithgháis le haghaidh iompair arna dtáirgeadh ó mharc fíonchaor agus ó mhoirte fíona a mheas mar dhá oiread a luacha fuinnimh le linn idirthréimhse 6 bliana ag tosú ó theacht i bhfeidhm na treorach seo.*** |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe a – pointe ii**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – fomhír 4 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — (a) i gcás breoslaí bithmhaise soladaí, i suiteálacha a tháirgeann leictreachas, téamh agus fuarú arb ionann iomlán a n-ionchur teirmeach rátaithe agus ***7.5 MW*** nó ar mó ná sin é***,*** | — (a) i gcás breoslaí bithmhaise soladaí, i suiteálacha a tháirgeann leictreachas, téamh agus fuarú ***nach bhfuil ag oibriú cheana féin ar dháta theacht i bhfeidhm na treorach seo,*** arb ionann iomlán a n-ionchur teirmeach rátaithe agus ***20 MW agus ón 1 Eanáir 2027, 10 MW,*** nó ar mó ná sin é***;*** |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe a – pointe ii**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – fomhír 4 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — (b) i gcás breoslaí bithmhaise gásacha, i suiteálacha a tháirgeann leictreachas, téamh agus fuarú arb ionann ***iomlán*** a n-ionchur teirmeach rátaithe agus 2 MW nó ar mó ná sin é, | — (b) i gcás breoslaí bithmhaise gásacha, i suiteálacha a tháirgeann leictreachas, téamh agus fuarú arb ionann ***meán*** a n-ionchur teirmeach rátaithe agus 2 MW nó ar mó ná sin é, |

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe a – pointe ii**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 4 – pointe b a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***— (ba) i gcás breoslaí bithmhaise soladaí, i suiteálacha a tháirgeann leictreachas, téamh agus fuarú arb ionann iomlán a n-ionchur teirmeach rátaithe agus 10 MW nó ar mó ná sin é,*** |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| **'**Tá feidhm ag an mír seo, cé is moite den chéad fhomhír, pointe (c), freisin maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise**.**; | Tá feidhm ag an mír seo, cé is moite den chéad fhomhír, pointe (c), freisin maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise ***de thionscnamh tíre, eintitis fho-náisiúnta nó limistéir foraoise, nach gcomhlíonann na critéir a leagtar amach i mír 6***; |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe c**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 4 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír, cé is moite de phointí (b) agus (c), agus sa dara fomhír freisin maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise; | Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír, cé is moite de phointí (b) agus (c), agus sa dara fomhír freisin maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise ***de thionscnamh tíre, eintitis fho-náisiúnta nó limistéir foraoise, nach gcomhlíonann na critéir a leagtar amach i mír 6***; |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. I dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise | 5. I dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise |

| | |
|---|---|
| a tháirgtear ó bhithmhais talmhaíochta nó foraoise arna gcur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), ní dhéanfar iad as bunábhar a fuarthas as talamh a bhí ina thalamh portaigh i mí Eanáir 2008, mura gcuirtear fianaise ar fáil nach mbaineann draenáil ithreach nár draenáladh roimhe sin le saothrú agus le buaint an bhunábhair sin. | a tháirgtear ó bhithmhais talmhaíochta nó foraoise ***ó thír nó ó eintiteas fo-náisiúnta nó ó limistéar foraoise, nach gcomhlíonann na critéir a leagtar amach i mír 6,*** arna gcur san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), ní dhéanfar iad as bunábhar a fuarthas as talamh a bhí ina thalamh portaigh i mí Eanáir 2008, mura gcuirtear fianaise ar fáil nach mbaineann draenáil ithreach nár draenáladh roimhe sin le saothrú agus le buaint an bhunábhair sin ***nó mura dtuairiscíonn na húdaráis inniúla ar leibhéal na limistéar tionscnaimh náisiúnta, fonáisiúnta agus foraoise, go gcomhlíontar na critéir chun an riosca a laghdú go n-úsáidfear bithmhais fhoraoiseach a leanann as táirgeadh neamh-inbhunaithe dá dtagraítear i mír 6***. |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe e – an chuid réamhráiteach**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 6 – fomhír 1 (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre, pointe (a), pointe (iv): | (e) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre, pointe (a), pointe (***iii) agus pointe (***iv): |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 18 – pointe e**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 6 – fomhír 1 – pointe a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iii) go ndéantar limistéir arna n-ainmniú ag an dlí idirnáisiúnta nó ag an dlí náisiúnta nó ag an údarás ábhartha*** |

| | |
|---|---|
| | ***inniúil chun críocha cosanta dúlra, lena n-áirítear talamh a raibh aon cheann de na stádais seo a leanas aige in Eanáir 2008 nó dá éis, is cuma cé acu a choinnigh nó nár choinnigh an talamh an stádas sin:*** <br><br> ***-foraois phríomhúil agus coillearnach eile, mar atá foraois agus coillearnach ina bhfuil speicis dúchais, agus gan aon fhianaise shoiléir infheicthe ann ar láimh an duine agus nach bhfuil aon chur isteach ar fiú trácht air tarlaithe do na próisis éiceolaíocha;*** <br><br> ***-bogach, mar atá talamh a bhíonn faoi uisce nó báite, go buan nó ar feadh cuid mhaith den bhliain;*** <br><br> ***talamh portaigh;*** <br><br> ***ach amháin má chuirtear fianaise ar fáil lena léireofar nár chuir táirgeadh an bhunábhair sin as do na críocha cosanta dúlra sin, nach mbaineann draenáil ithreach nár draenáladh roimhe sin leis, ná má chuirtear fianaise ar fáil lena léireofar nach mór an bunábhar a bhuaint chun a stádas mar ardluach bithéagsúlachta a chaomhnú.*** |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 18 – pointe e**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 6 – fomhír 1 – pointe a – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) ***déantar*** an bhuaint ***agus*** cáilíocht agus bithéagsúlacht na hithreach a choinneáil ***san áireamh*** agus é mar aidhm tionchair dhiúltacha a ***íoslaghdú***, ar ***bhealach a sheachnaíonn saothrú stumpaí*** agus ***fréamhacha, díghrádú foraoisí príomhúla nó iad a thiontú ina bhforaoisí plandála, agus saothrú ar ithreacha leochaileacha; íoslaghdaítear glanleagan crann agus áirithítear leis*** | (iv) ***go ndéantar*** an bhuaint ***d'fhonn*** cáilíocht agus bithéagsúlacht na hithreach a choinneáil***,*** agus é mar aidhm tionchair dhiúltacha a ***laghdú***, ***ag baint úsáid as cleachtais inbhuanaithe bainistithe foraoisí atá oiriúnach go háitiúil bunaithe*** ar ***na prionsabail a comhaontaíodh ag Forest Europe*** agus ***FAO,*** |

***tairseacha oiriúnacha maidir le heastóscadh adhmad marbh agus ceanglais ann chun úsáid a bhaint as córais logála lena n-íoslaghdaítear an tionchar ar cháilíocht na hithreach, balcadh ithreach san áireamh, agus ar ghnéithe agus ar ghnáthóga bithéagsúlachta:';***

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe f – an chuid réamhráiteach**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 6 – fomhír 1 (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ***fhomhír 1***, pointe ***b***, pointe (iv): | (f) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ***na chéad fhomhíre***, pointe ***(a)***, pointe (***iii) agus pointe (***iv): |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 18 – pointe f**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 6 – fomhír 1 – pointe a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iii) go ndéantar limistéir arna n-ainmniú ag an dlí idirnáisiúnta nó ag an dlí náisiúnta nó ag an údarás ábhartha inniúil chun críocha cosanta dúlra, lena n-áirítear talamh a raibh aon cheann de na stádais seo a leanas aige in Eanáir 2008 nó dá éis, is cuma cé acu a choinnigh nó nár choinnigh an talamh an stádas sin:*** |
| | ***-foraois phríomhúil agus coillearnach eile, mar atá foraois agus coillearnach ina bhfuil speicis dúchais, agus gan aon fhianaise shoiléir infheicthe ann ar láimh an duine agus nach bhfuil aon chur isteach ar fiú trácht air tarlaithe do na*** |

***próisis éiceolaíocha;***

***-bogach, mar atá talamh a bhíonn faoi uisce nó báite, go buan nó ar feadh cuid mhaith den bhliain;***

***talamh portaigh;***

***ach amháin má chuirtear fianaise ar fáil lena léireofar nár chuir táirgeadh an bhunábhair sin as do na críocha cosanta dúlra sin, nach mbaineann draenáil ithreach nár draenáladh roimhe sin leis, ná má chuirtear fianaise ar fáil lena léireofar nach mór an bunábhar a bhuaint chun a stádas mar ardluach bithéagsúlachta a chaomhnú.***

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 18 – pointe f**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 6 – fomhír 1 – pointe b – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) ***déantar*** an bhuaint agus cáilíocht agus bithéagsúlacht na hithreach a ***choinneáil*** san áireamh agus é mar aidhm tionchair dhiúltacha a ***íoslaghdú***, ***ar bhealach a sheachnaíonn saothrú stumpaí*** agus ***fréamhacha, díghrádú foraoisí príomhúla nó iad a thiontú ina bhforaoisí plandála,*** agus ***saothrú ar ithreacha leochaileacha; íoslaghdaítear glanleagan crann agus áirithítear leis tairseacha oiriúnacha maidir le heastóscadh adhmad marbh agus ceanglais ann chun úsáid a bhaint as córais logála lena n-íoslaghdaítear an tionchar ar cháilíocht na hithreach, balcadh ithreach san áireamh, agus ar ghnéithe agus ar ghnáthóga bithéagsúlachta:’;*** | (iv) ***go ndéantar*** an bhuaint agus cáilíocht agus bithéagsúlacht na hithreach a ***á gcur*** san áireamh***,*** agus é mar aidhm tionchair dhiúltacha a ***laghdú***, agus ***a úsáideann cleachtais inbhuanaithe bainistithe foraoisí atá oiriúnach go háitiúil bunaithe ar na prionsabail a comhaontaíodh ag Forest Europe*** agus ***FAO,*** |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe g**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 10 – fomhír 1 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) 70 % ar a laghad le haghaidh leictreachas, téamh agus fuarú a tháirgtear ó bhreoslaí bithmhaise a úsáidfear i suiteálacha go dtí an 31 Nollaig 2025, agus 80 % ar a laghad ón ***1 Eanáir 2026***.'; | (d) 70 % ar a laghad le haghaidh leictreachas, téamh agus fuarú a tháirgtear ó bhreoslaí bithmhaise a úsáidfear i suiteálacha ***arna gcur i mbun feidhme ón 1 Eanáir 2021*** go dtí an 31 Nollaig 2025, agus 80 % ar a laghad ***le haghaidh suiteálacha arna gcur i mbun feidhme*** ón ***1 Eanáir 2026***.'; |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 13

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***"13. Chun na críocha dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír de mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit maolú, ar feadh tréimhse theoranta, ó na critéir a leagtar síos i míreanna 2 go 7 agus míreanna 10 agus mír 11 den Airteagal seo trí chritéir éagsúla a ghlacadh a bhaineann leis an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) suiteálacha atá suite i réigiún is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE a mhéid a tháirgeann na saoráidí sin leictreachas nó téamh nó fuarú ó bhreoslaí bithmhaise agus earnáil an iompair, go háirithe earnáil an spáis agus gníomhaíochtaí bainteacha réaltfhisice; agus*** |
| | ***(b) breoslaí bithmhaise a úsáidtear sna suiteálacha dá dtagraítear i bpointe (a) den fhomhír seo, gan beann ar áit tionscnaimh na bithmhaise sin, ar an gcoinníoll go bhfuil údar oibiachtúil le*** |

| | |
|---|---|
| | ***critéir den sórt sin ar na forais gurb é is aidhm leo, i gcás na réigiún is forimeallaí, céimniú isteach rianúil na gcritéar a leagtar síos i míreanna 2 go 7 agus mír 10 agus mír 11den Airteagal seo a áirithiú, rud a bheadh mar dhreasacht don aistriú ó bhreoslaí iontaise go breoslaí bithmhaise inbhuanaithe.*** |
| | ***Beidh na critéir éagsúla dá dtagraítear sa mhír seo faoi réir fógra sonrach a thabharfaidh an Ballstát ábhartha don Choimisiún.*** |

*(Treoir (AE) 2018/2001)*

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 30 – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 'Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí faisnéis iontaofa isteach faoi chomhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) agus (2), agus chun a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha ar fáil don Bhallstát ábhartha, arna iarraidh sin dó, na sonraí a úsáideadh chun an fhaisnéis sin a dhéanamh amach. | 'Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí faisnéis iontaofa isteach faoi chomhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) agus (2), agus chun a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha ar fáil don Bhallstát ábhartha, arna iarraidh sin dó, na sonraí a úsáideadh chun an fhaisnéis sin a dhéanamh amach. ***Ceanglóidh na Ballstáit ar oibreoirí eacnamaíocha socrú a dhéanamh maidir le caighdeán leordhóthanach iniúchóireachta neamhspleáiche don fhaisnéis a tíolacadh, agus fianaise a chur ar fáil go bhfuil an méid sin déanta acu. Fíorófar leis an iniúchóireacht sin go bhfuil na córais atá á n-úsáid ag na hoibreoirí eacnamaíocha cruinn, iontaofa agus slán ar chalaois, lena n-áirítear fíorúcháin lena n-áirítear nach ndéantar aon ábhar*** |

***a mhodhnú nó a dhiúscairt d'aon ghnó ionas go bhféadfaí an choinsíneacht nó cuid den choinsíneacht a bheith ina dramhaíl nó ina iarmhar. Leis an iniúchóireacht sin, déanfar minicíocht agus modheolaíocht na samplála, mar aon le stóinseacht na sonraí, a mheasúnú.***

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 30 – mír 6 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le suiteálacha ina dtáirgtear téamh agus fuarú leictreach lena ngabhann idir ***5*** agus ***10 MW*** d'ionchur teirmeach rátáilte iomlán, bunóidh na Ballstáit scéimeanna fíoraithe náisiúnta simplithe chun comhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach i ***mír*** (2) go (7) agus (10) d'Airteagal 29 a áirithiú.***'***; | Maidir le suiteálacha ina dtáirgtear téamh agus fuarú leictreach lena ngabhann idir ***10*** agus ***20 MW ag tosú ón 1 Eanáir 2027*** d'ionchur teirmeach rátáilte iomlán, bunóidh na Ballstáit scéimeanna fíoraithe náisiúnta simplithe chun comhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach i ***míreanna*** (2) go (7) agus (10) d'Airteagal 29 a áirithiú.; |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 31 – mír 2, mír 3 agus mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(21) in Airteagal 31, scriostar míreanna 2, 3 agus 4:*** | ***scriosta*** |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir (AE) 2018/2001

Airteagal 31 a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar bunachar sonraí de chuid an Aontais a chur ar bun chun go mbeifear in ann bun agus lorg breoslaí in-athnuaite leachtacha agus gásacha agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a chur. | 1. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar bunachar sonraí de chuid an Aontais a chur ar bun chun go mbeifear in ann bun agus lorg breoslaí in-athnuaite leachtacha agus gásacha***, lena n-áirítear na bunábhair a liostaítear in Iarscríbhinn IX arna n-úsáid ina dtáirgeadh,*** agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a chur. |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 31 a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***Más amhlaidh gur*** eisíodh ráthaíochtaí tionscnaimh i leith coinsíneacht gás in-athnuaite a tháirgeadh, áiritheoidh na Ballstáit go ***gcuirfear*** na ráthaíochtaí tionscnaimh sin ar ceal ***sular féidir coinsíneacht*** na ngás in-athnuaite a ***chlárú sa bhunachar sonraí***. | 4. ***I gcás inar*** eisíodh ráthaíochtaí tionscnaimh i leith coinsíneacht gás in-athnuaite a tháirgeadh, áiritheoidh na Ballstáit go ***gclárófar*** na ráthaíochtaí tionscnaimh sin ***sa bhunachar sonraí agus go gcuirfear*** ar ceal ***iad tar éis choinsíneacht*** na ngás in-athnuaite a ***tharraingt siar ón ngréasán Eorpach le haghaidh gás in-athnuaite***. |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 31a – mír 5 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le fíorú sonraí, féadfar úsáid a bhaint as córais faisnéise tríú páirtí mar idirghabhálaithe chun na sonraí a bhailiú i scéimeanna deonacha nó scéimeanna náisiúnta arna n-aithint ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 30(4), (5) agus (6), ar | Maidir le fíorú sonraí, féadfar úsáid a bhaint as córais faisnéise tríú páirtí mar idirghabhálaithe chun na sonraí a bhailiú i scéimeanna deonacha nó scéimeanna náisiúnta arna n-aithint ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 30(4), (5) agus (6), ar |

| | |
|---|---|
| choinníoll fógra a thabhairt don Choimisiún faoin úsáid sin. | choinníoll fógra a thabhairt don Choimisiún faoin úsáid sin. |
| | ***A mhéid is féidir, áireofar sa bhunachar sonraí sonraí sonraí imdhealaithe ar leibhéal NUTS 3 nó ar leibhéal NUTS 2.*** |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 5 –pointe a**
Treoir (AE) 2018/2001
Iarscríbhinn V – Cuid C – pointe 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Chun críocha an ríomha dá dtagraítear i bpointe 1(a), ní chuirfear san áireamh laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhainistíocht fheabhsaithe talmhaíochta, esca, amhail aistriú chuig síolú díreach nó curaíocht laghdaithe, feabhsú ar bhairr/uainíocht na mbarr, úsáid barr cumhdaigh, lena n-áirítear bainistiú iarmhar barr, agus úsáid feabhsaitheora orgánaigh ithreach (e.g. múirín, díleáiteán coipthe aoiligh), mura bhfuil an baol ann go ndéanfaidh siad dochar don bhithéagsúlacht. Ina theannta sin, cuirfear fianaise dhaingean infhíoraithe ar fáil go bhfuil méadú tagtha ar chion carbóin na hithreach nó gur réasúnach a bheith ag súil go dtiocfadh méadú air thar an tréimhse inar saothraítear na hamhábhair lena mbaineann agus aird á tabhairt ar na hastaíochtaí i gcás ina dtagann méadú ar úsáid leasacháin agus luibhicídí mar thoradh ar chleachtais den sórt sin[37] .; | 6. Chun críocha an ríomha dá dtagraítear i bpointe 1(a), ní chuirfear san áireamh laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhainistíocht fheabhsaithe talmhaíochta, esca, amhail aistriú chuig síolú díreach nó curaíocht laghdaithe, ***carbóin a stóráil in ithir le bithghualach,*** feabhsú ar bhairr/uainíocht na mbarr, úsáid barr cumhdaigh, lena n-áirítear bainistiú iarmhar barr, agus úsáid feabhsaitheora orgánaigh ithreach (e.g. múirín, díleáiteán coipthe aoiligh), mura bhfuil an baol ann go ndéanfaidh siad dochar don bhithéagsúlacht. ***Is féidir carbón i mbithmhaisí a thiontú*** ina ***bhithghualach trí phirealú, ar féidir é a stóráil trí leathadh ar an talamh, rud a fhágann gur teicneolaíocht astaíochtaí diúltacha é. Sa chás sin, tugtar an bónas do bhainistíocht fheabhsaithe talmhaíochta agus aoiligh ar ais chuig an bhfeirmeoir atá freagrach as na hastaíochtaí diúltacha nuair a eisítear deimhnithe inbhuanaitheachta/comhshaoil. Ina*** theannta sin, cuirfear fianaise dhaingean infhíoraithe ar fáil go bhfuil méadú tagtha ar chion carbóin na hithreach nó gur réasúnach a bheith ag súil go dtiocfadh méadú air thar an tréimhse inar saothraítear na hamhábhair lena mbaineann agus aird á tabhairt ar na hastaíochtaí i gcás ina dtagann méadú ar úsáid leasacháin agus |

luibhicídí mar thoradh ar chleachtais den sórt sin[37].;

[37] D'fhéadfadh tomhais ar chion carbóin na hithreach a bheith i gceist le fianaise den sórt sin, mar shampla tríd an gcéad thomhas roimh an saothrú agus tomhais go tráthrialta ina dhiaidh sin cúpla bliain óna chéile. Sa chás sin, sula mbeadh teacht ar an dara tomhas, dhéanfaí méadú i gcion carbóin na hithreach a mheasúnú ar bhonn turgnaimh ionadaíocha nó samhlacha ithreach. Ón dara tomhas ar aghaidh, bheadh na tomhais ina mbunús lena chinneadh an ann do mhéadú ar chion charbóin na hithreach agus ar a mhéid.

[37] D'fhéadfadh tomhais ar chion carbóin na hithreach a bheith i gceist le fianaise den sórt sin, mar shampla tríd an gcéad thomhas roimh an saothrú agus tomhais go tráthrialta ina dhiaidh sin cúpla bliain óna chéile. Sa chás sin, sula mbeadh teacht ar an dara tomhas, dhéanfaí méadú i gcion carbóin na hithreach a mheasúnú ar bhonn turgnaimh ionadaíocha nó samhlacha ithreach. Ón dara tomhas ar aghaidh, bheadh na tomhais ina mbunús lena chinneadh an ann do mhéadú ar chion charbóin na hithreach agus ar a mhéid.

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 5 – pointe c**
Treoir (AE) 2018/2001
Iarscríbhinn V – pointe 18

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 18. Chun críocha an ríofa dá dtagraítear i bpointe 17, is iad na hastaíochtaí a bheidh le roinnt eec + e l + esca + na codáin sin de e p, e td , eccs, agus eccr a tharlaíonn suas go dtí an chéim den phróiseas ina dtáirgtear comhtháirge, an chéim sin san áireamh. Más rud é go ndearnadh aon chionroinnt ar chomhtháirgí ag céim níos luaithe den phróiseas sa saolré, úsáidfear an codán de na hastaíochtaí sin a sannadh don táirge breosla eatramhach sa chéim dheireanach sin den phróiseas chun na críocha sin seachas iomlán na n-astaíochtaí sin. I gcás bithgháis agus bithmheatáin, cuirfear gach comhtháirge nach dtagann faoi raon feidhme phointe 7 san áireamh chun críocha an ríofa sin. Ní dhéanfar aon astaíochtaí a chionroinnt ar dhramhaíl agus iarmhair. Measfar luach fuinnimh nialasach a bheith ag comhtháirgí a bhfuil luach fuinnimh diúltach acu chun críocha an | 18. Chun críocha an ríofa dá dtagraítear i bpointe 17, is iad na hastaíochtaí a bheidh le roinnt eec + e l + esca + na codáin sin de e p, e td , eccs, agus eccr a tharlaíonn suas go dtí an chéim den phróiseas ina dtáirgtear comhtháirge, an chéim sin san áireamh. Más rud é go ndearnadh aon chionroinnt ar chomhtháirgí ag céim níos luaithe den phróiseas sa saolré, úsáidfear an codán de na hastaíochtaí sin a sannadh don táirge breosla eatramhach sa chéim dheireanach sin den phróiseas chun na críocha sin seachas iomlán na n-astaíochtaí sin. I gcás bithgháis agus bithmheatáin, cuirfear gach comhtháirge nach dtagann faoi raon feidhme phointe 7 san áireamh chun críocha an ríofa sin. Ní dhéanfar aon astaíochtaí a chionroinnt ar dhramhaíl agus iarmhair. Measfar luach fuinnimh nialasach a bheith ag comhtháirgí a bhfuil luach fuinnimh diúltach acu chun críocha an |

ríofa. Measfar astaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha sa saolré a bheith ag dramhaíl agus iarmhair, lena n-áirítear an dramhaíl agus iarmhair uile atá in Iarscríbhinn IX, suas go dtí próiseas bailithe na n-ábhar sin beag beann orthu a bheith próiseáilte ina dtáirgí eatramhacha sula ndéantar iad a thiontú chuig an táirge deiridh. ***Iarmhair nach n-áirítear in Iarscríbhinn IX agus atá oiriúnach lena n-úsáid sa mhargadh bia nó beatha, measfar go bhfuil an méid céanna astaíochtaí acu ó eastóscadh, ó bhuaint nó ó shaothrú na n-amhábhar, agus eec ar an rogha ionadach is gaire dóibh sa mhargadh bia agus beatha atá sa tábla*** i ***gcuid D. I*** gcás breoslaí bithmhaise a tháirgtear i scaglanna, seachas an teaglaim d'ionaid phróiseála ina bhfuil coirí nó aonaid chomhghiniúna a sholáthraíonn teas agus/nó leictreachas don ionad próiseála, is é an scaglann a úsáidfear mar aonad anailíse chun críocha an ríofa dá dtagraítear i bpointe 17***';***

ríofa. Measfar astaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha sa saolré a bheith ag dramhaíl agus iarmhair, lena n-áirítear an dramhaíl agus iarmhair uile atá in Iarscríbhinn IX, suas go dtí próiseas bailithe na n-ábhar sin beag beann orthu a bheith próiseáilte ina dtáirgí eatramhacha sula ndéantar iad a thiontú chuig an táirge deiridh. I gcás breoslaí bithmhaise a tháirgtear i scaglanna, seachas an teaglaim d'ionaid phróiseála ina bhfuil coirí nó aonaid chomhghiniúna a sholáthraíonn teas agus/nó leictreachas don ionad próiseála, is é an scaglann a úsáidfear mar aonad anailíse chun críocha an ríofa dá dtagraítear i bpointe 17**.**

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II – mír 1 – pointe 8 – pointe a a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Iarscríbhinn IX – Cuid A –point (a A) – pointe (r)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) (a a) I gCuid A, cuirtear é seo a leanas isteach:*** |
| | ***(r) Barra breise nó barra cumhdaigh.*** |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 8 a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Iarscríbhinn IX – Cuid A– pointe 4

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|

***(8 a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g) d'Iarscríbhinn IX:***

***"(g) triopaill de thorthaí pailme fholmha;"***

*(Treoir (AE) 2018/2001)*

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú a dhéanamh ar Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle |
| **Tagairtí** | COM(2021)0557 – C9-0329/2021 – 2021/0218(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>13.9.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | REGI<br>13.9.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Raffaele Fitto<br>27.9.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 15.3.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 15.6.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 22<br>–: 13<br>0: 5 |
| **Comhaltaí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | François Alfonsi, Pascal Arimont, Adrian-Dragoş Benea, Rosanna Conte, Corina Crețu, Rosa D'Amato, Christian Doleschal, Raffaele Fitto, Chiara Gemma, Mircea-Gheorghe Hava, Krzysztof Hetman, Manolis Kefalogiannis, Constanze Krehl, Elżbieta Kruk, Dan-Ştefan Motreanu, Andżelika Anna Możdżanowska, Niklas Nienaß, Andrey Novakov, Younous Omarjee, Alessandro Panza, Tsvetelina Penkova, Caroline Roose, Marcos Ros Sempere, André Rougé, Susana Solís Pérez, Monika Vana |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Álvaro Amaro, Asger Christensen, Laurence Farreng, Sandro Gozi, Jan Olbrycht, Dimitrios Papadimoulis, Rovana Plumb, Peter Pollák, Simone Schmiedtbauer, Yana Toom |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pietro Fiocchi, Vlad Gheorghe, Eero Heinäluoma, Antonio Maria Rinaldi |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 22 | + |
|---|---|
| ECR | Pietro Fiocchi, Raffaele Fitto, Elżbieta Kruk, Andżelika Anna Możdżanowska |
| ID | Rosanna Conte, Alessandro Panza, Antonio Maria Rinaldi |
| PPE | Álvaro Amaro, Pascal Arimont, Christian Doleschal, Mircea-Gheorghe Hava, Krzysztof Hetman, Manolis Kefalogiannis, Dan-Ştefan Motreanu, Andrey Novakov, Jan Olbrycht, Peter Pollák, Simone Schmiedtbauer |
| RENEW | Asger Christensen, Vlad Gheorghe, Susana Solís Pérez, Yana Toom |

| 13 | - |
|---|---|
| S&D | Adrian-Dragoş Benea, Corina Crețu, Eero Heinäluoma, Constanze Krehl, Tsvetelina Penkova, Rovana Plumb, Marcos Ros Sempere |
| THE LEFT | Dimitrios Papadimoulis |
| VERTS/ALE | François Alfonsi, Rosa D'Amato, Niklas Nienaß, Caroline Roose, Monika Vana |

| 5 | 0 |
|---|---|
| ID | André Rougé |
| NI | Chiara Gemma |
| RENEW | Laurence Farreng, Sandro Gozi |
| THE LEFT | Younous Omarjee |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

22.4.2022

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (COM(2021)0557 – C9-0329/2021 – 2021/0218(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Pina Picierno

## RÉASÚNÚ GEARR

Díríonn an Rapóirtéir ar leasanna feirmeoirí agus na hearnála talmhaíochta in AE agus leasuithe á gcur ar aghaidh aici sa Dréacht-Tuairim seo ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe de chuid Pharlaimint na hEorpa maidir leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (RED III).

Is díol sásaimh don Choiste an leibhéal méadaithe uaillmhéine arna mholadh ag an gCoimisiún agus tá sé den tuairim go mbeidh gá le slógadh ginearálta chun na spriocanna nua sin a bhaint amach, rud a fhágfaidh go ndéanfar an dúshlán sin a chlaochlú ina ndeiseanna nach bhfágfaidh aon duine ar lár, go háirithe i gceantair thuaithe atá ar thús cadhnaíochta a mhéid a bhaineann le dúshlán na haeráide agus a sholáthraíonn réitigh freisin chun dul i ngleic leis an athrú aeráide.

Déanann an Coiste machnamh rialta ar shaincheist na slándála bia laistigh den Aontas, agus is sa chomhthéacs sin a scríobhadh an dréacht-tuairim a ghabhann le RED III. Ní mór gur chun críocha bia don duine agus d'ainmhithe gurb é úsáid phríomhúil na n-amhábhar ón talmhaíocht go fóill ionas gur féidir na hallmhairí chuig AE chun críocha beatha ainmhithe a choinneáil cobhsaí ar a laghad, nó chun gur féidir iad a laghdú le himeacht ama. Chun na críche sin, ba cheart a chur i bhfios go láidir freisin gurb ionann táirgeadh bithbhreoslaí traidisiúnta agus luamhán fiúntach chun próitéiní a tháirgeadh, rud atá ag teastáil go háirithe le haghaidh beatha ainmhithe. Ceist chasta agus íogair is ea catagóirí na stoc ábhar fuinnimh a leathnú, nár cheart machnamh a dhéanamh air ach amháin i gcás a bhfuil gá leis, i dtuairim an Choiste.

Le RED II, leagtar creat soiléir amach, ar ar a bhonn a rinne roinnt mhaith oibreoirí infheistíochtaí fadtéarmacha agus a bhfuil ionchais dhlisteanacha acu maidir leis an méid is mó cobhsaíochta agus comhleanúnachais is féidir, agus an gá atá le fuinneamh inbhuanaithe ag méadú i gcónaí. Ós amhlaidh atá, tá sé mar uaillmhian againn 38% go 40% RES a bhaint amach

inár meascán fuinnimh, agus tá brú méadaitheach ar earnáil na talmhaíochta.

Cé go n-aithníonn an Rapóirtéir raon feidhme teoranta an togra ón gCoimisiún, an gá atá le cobhsaíocht, agus an fíoras go bhfuil cur chun feidhme RED II fós sna céimeanna luatha, measann sí fós féin go bhfuil ábhair imní dhlisteanacha ann, a chuir an Coiste seo in iúl san athbhreithniú deireanach a rinneadh. Tá cuid de na hábhair imní sin fós ábhartha, agus ba cheart tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu, lena n-áirítear dramhaíl talmhaíochta agus barr mar stoic ábhar fuinnimh fhéideartha.

Áirítear na gnéithe sonracha seo a leanas sna leasuithe:

- a áirithiú go n-úsáidfear dramhtheas agus dramhfhuacht ar fheirmeacha agus gabháltais talmhaíochta agus lasmuigh díobh;
- a áirithiú, leis an oiliúint arna cur ar shuiteálaithe na dteicneolaíochtaí inathnuaite, go ndéanfar riachtanais shonracha na bhfoirgneamh talmhaíochta a chumhdach go hiomlán ionas go mbeidh rochtain ag na ceantair is iargúlta fiú ar dhaoine a bhfuil scileanna gairme acu;
- a áirithiú go ndéanfar teicneolaíochtaí inathnuaite a éascú i gceantair thuaithe iargúlta ó thaobh táirgeadh fuinnimh ar mhionscála nó táirgeadh fuinnimh ar an bhfeirm a chomhtháthú agus barrachas fuinnimh a úsáid;
- na riachtanais lochtaithe ar ghabháltais talmhaíochta a chur san áireamh de réir mar a mhéadaíonn líon na bhfeithiclí talmhaíochta leictreacha;
- an córas ríofa reatha maidir le laghdú gás ceaptha teasa atá bunaithe ar leibhéal NUTS II a choinneáil chun ualach riaracháin breise a sheachaint, go háirithe d'fheirmeoirí beaga;
- forálacha leormhaithe frith-chalaoise agus inrianaitheacht iomlán agus dheimhnithe a áirithiú nach gcumhdaíonn na bithbhreoslaí amháin ach a chumhdaíonn freisin na hionchuir arna n-úsáid ina dtáirgeadh.

Sa dréacht-tuairim agus san obair arna déanamh i dtreo tuairim chríochnaitheach an Choiste, ba mhaith leis an Rapóirtéir a áirithiú nach amháin go ndéanfar an talmhaíocht a chur san áireamh go hiomlán sa leasú seo ar RED, ach go gcumasófar di ról níos láidre a bheith aici i gcion na bhfoinsí inathnuaite fuinnimh sa mheascán fuinnimh a bheidh ann amach anseo a mhéadú, agus sna feidhmeanna riachtanacha atá aici maidir le bia agus beatha a sholáthar go hinbhuanaithe agus an bhithéagsúlacht a chaomhnú.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ***Bunaítear*** leis an gComhaontú Glas don ***Eoraip***[5] an cuspóir ***Aontas*** aeráidneodrach a bhaint amach in 2050 ar bhealach a chuirfidh le geilleagar na hEorpa, le fás agus le poist ***a chruthú***. Leis an gcuspóir sin a bhaint amach, agus an cuspóir de laghdú 55 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 mar a leagtar amach sa Phlean um Sprioc Aeráide 2030[6] a d'fhormhuinigh Parlaimint na ***hEorpa*** [7] agus an Chomhairle Eorpach[8] araon, tá gá le haistriú fuinnimh agus le sciar i bhfad níos airde d'fhoinsí fuinnimh inathnuaite i gcóras fuinnimh comhtháite. | (1) ***Bunaítear***[5] leis an gComhaontú Glas don ***Eoraip (EGD)*** an cuspóir ***an Aontais*** aeráidneodrach a bhaint amach in 2050 ar bhealach a chuirfidh le geilleagar na hEorpa, le fás agus le poist. Leis an gcuspóir sin a bhaint amach, agus an cuspóir de laghdú 55 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030 mar a leagtar amach sa Phlean um Sprioc Aeráide 2030[6] a d'fhormhuinigh Parlaimint na ***hEorpa***[7] agus an Chomhairle Eorpach[8] araon, tá gá le haistriú fuinnimh ***cothrom*** agus ***comhionann, ionas nach bhfágfar aon réigiún ar lár, chomh maith*** le sciar i bhfad níos airde d'fhoinsí fuinnimh inathnuaite i gcóras fuinnimh comhtháite. |
| [5] Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2019) 640 final an 11.12.2019, An Comhaontú Glas don Eoraip. | [5] Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2019) 640 final an 11.12.2019, An Comhaontú Glas don Eoraip. |
| [6] Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2020) 562 final an 17.9.2020, Stepping up Europe's 2030 climate ambition Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa do 2030 Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas an phobail] | [6] Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2020) 562 final an 17.9.2020, Stepping up Europe's 2030 climate ambition Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa do 2030 Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas an phobail] |
| [7] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (2019/2956(RSP))**.** | [7] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (2019/2956(RSP)) |
| [8] Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 11 Nollaig 2020, https://www.consilium.europa.eu/media/47296/1011-12-20-euco-conclusions-en.pdf | [8] Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 11 Nollaig 2020, https://www.consilium.europa.eu/media/47296/1011-12-20-euco-conclusions-en.pdf |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Tá ról bunúsach ag fuinneamh inathnuaite chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích agus chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, ós rud é gurb í earnáil an fhuinnimh is cúis le breis agus 75 % d’astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa an Aontais. Trí na hastaíochtaí gás ceaptha teasa sin a laghdú, is cuidiú é fuinneamh inathnuaite freisin chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid, mar shampla cailliúint bithéagsúlachta. | (2) Tá ról bunúsach ag fuinneamh inathnuaite chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích agus chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, ós rud é gurb í earnáil an fhuinnimh is cúis le breis agus 75 % d’astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa an Aontais. Trí na hastaíochtaí gás ceaptha teasa sin a laghdú, is cuidiú é fuinneamh inathnuaite freisin chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid, mar shampla cailliúint bithéagsúlachta. ***I ngeall ar na costais ísle oibriúcháin a bhaineann le fuinneamh inathnuaite agus an laghdú ar an nochtadh do shuaitheadh de bharr praghsanna i gcomparáid le breoslaí iontaise, tá ról tábhachtach ag fuinneamh inathnuaite chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Tá 31 milliún duine ag maireachtáil faoi bhochtaineacht fuinnimh, agus tá ceantair thuaithe thíos léi go háirithe. Is féidir le fuinneamh inathnuaite cuidiú le deireadh a chur leis an mbochtaineacht fuinnimh agus, ar an gcaoi sin, an ghné shóisialta den Chomhaontú Glas don Eoraip a neartú.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Leagtar síos le Treoir (AE) | (3) Leagtar síos le Treoir (AE) |

| | |
|---|---|
| 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] sprioc cheangailteach Aontais gur ó fhoinsí fuinnimh inathnuaite a thiocfaidh 32 % ar a laghad d'olltomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais faoi 2030. Faoin bPlean um Sprioc Aeráide, ba ghá an sciar d'fhuinneamh inathnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh a mhéadú go dtí ***40 %*** faoi 2030 chun sprioc laghdaithe an Aontais i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach[10] . Dá bhrí sin, is gá an sprioc a leagtar amach in Airteagal 3 den Treoir sin a mhéadú. | 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9] sprioc cheangailteach Aontais gur ó fhoinsí fuinnimh inathnuaite a thiocfaidh 32 % ar a laghad d'olltomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais faoi 2030. Faoin bPlean um Sprioc Aeráide, ba ghá an sciar d'fhuinneamh inathnuaite san olltomhaltas deiridh fuinnimh a mhéadú go dtí ***45 %*** faoi 2030 chun sprioc laghdaithe an Aontais i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach[10]. Dá bhrí sin, is gá an sprioc a leagtar amach in Airteagal 3 den Treoir sin a mhéadú. |
| [9] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, IO L 328, 21.12.2018, lch. 82-209 | [9] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, IO L 328, 21.12.2018, lch. 82-209 |
| [10] Pointe 3 den Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2020) 562 final an 17.9.2020, Stepping up Europe's 2030 climate ambition Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa do 2030 Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas an phobail] | [10] Pointe 3 den Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2020) 562 final an 17.9.2020, Stepping up Europe's 2030 climate ambition Investing in a climate-neutral future for the benefit of our people [Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa do 2030 Infheistíocht i dtodhchaí aeráidneodrach chun leas an phobail] |

*Réasúnú*

*Tá sé ríthábhachtach táirgeadh agus ídiú fuinnimh inathnuaite a mhéadú chun sprioc an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú a bhaint amach. Cé go molann an Coimisiún aistriú uaillmhianach ar tháirgeadh leictreachais agus ar fhuarú agus ar théamh, d'fhéadfadh easpa uaillmhéine a bheith ann maidir le tomhaltas fuinnimh in earnáil an iompair. Tá gá le sprioc fhoriomlán níos airde chun straitéisí níos uaillmhianaí a áireamh i ngach earnáil.*

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Tá méadú ag teacht ar an aitheantas | (4) Tá méadú ag teacht ar an aitheantas |

gur gá beartais bhithfhuinnimh a ailíniú le prionsabal úsáid chascáideach na bithmhaise[11] , d'fhonn rochtain chothrom ar mhargadh na n-amhábhar bithmhaise a áirithiú chun réitigh bhithbhunaithe nuálacha, ard-bhreisluacha agus bithgheilleagar inbhuanaithe ciorclach a fhorbairt. Agus scéimeanna tacaíochta bithfhuinnimh á bhforbairt, ba cheart do Bhallstáit an soláthar bithmhaise inbhuanaithe atá ar fáil le haghaidh úsáidí fuinnimh agus neamhfhuinnimh agus neartú na linnte carbóin foraoise náisiúnta agus na n-éiceachóras a chur san áireamh chomh maith le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus prionsabal úsáid chascáideach na bithmhaise, agus ord na réiteach dramhaíola a bhunaítear i dTreoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***. ***Chuige sin, níor cheart dóibh aon tacaíocht a thabhairt do ghiniúint fuinnimh ó lomáin sábhadóireachta, lomáin veinír, stumpaí agus fréamhacha agus ba cheart dóibh cur chun cinn úsáid na lomán cruinn ardchaighdeáin le haghaidh fuinnimh a sheachaint seachas i gcúinsí dea-shainithe. I gcomhréir le prionsabal na húsáide cascáidí, ba cheart bithmhais adhmaid a úsáid de réir an bhreisluacha eacnamaíoch agus comhshaoil is airde atá aici san ord tosaíochtaí seo a leanas: 1) táirgí atá bunaithe ar adhmad, 2) síneadh a chur leis na blianta seirbhíse atá iontu, 3) athúsáid, 4) athchúrsáil, 5) bithfhuinneamh agus 6) diúscairt. I gcás nach bhfuil úsáid ar bith eile le haghaidh bithmhais adhmaid inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de nó iomchuí ó thaobh an chomhshaoil de, is cuidiú aisghabháil fuinnimh chun giniúint fuinnimh ó fhoinsí neamh-inathnuaite a laghdú. Ba cheart, mar sin, scéimeanna tacaíochta Ballstát le haghaidh bithfhuinnimh a dhíriú ar amhábhair den sórt sin nach bhfuil mórán iomaíocht mhargaidh lena n-aghaidh leis na hearnálacha ábhair, agus ar rud dearfach don aeráid agus don bhithéagsúlacht***

gur gá beartais bhithfhuinnimh a ailíniú le prionsabal úsáid chascáideach na bithmhaise[11] , ***agus gur cheart forbairt earnáil an bhithfhuinnimh prionsabal na gaireachta a urramú,*** d'fhonn ***forbairt réigiúnach cothrom na hearnála a áirithiú, ina bhfuil smacht fós ag pobail áitiúla, d'fhonn*** rochtain chothrom ar mhargadh na n-amhábhar bithmhaise a áirithiú chun réitigh bhithbhunaithe nuálacha, ard-bhreisluacha agus bithgheilleagar inbhuanaithe ciorclach a fhorbairt. Agus scéimeanna tacaíochta bithfhuinnimh á bhforbairt, ba cheart do Bhallstáit an soláthar bithmhaise inbhuanaithe atá ar fáil le haghaidh úsáidí fuinnimh agus neamhfhuinnimh agus neartú na linnte carbóin foraoise náisiúnta agus na n-éiceachóras a chur san áireamh chomh maith le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus prionsabal úsáid chascáideach na bithmhaise, agus ord na réiteach dramhaíola a bhunaítear i dTreoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle[12]***. Os a choinne sin, agus impleachtaí breise phrionsabal na húsáide cascáidí á sainiú, is gá na sainiúlachtaí náisiúnta a aithint atá mar threoir do na Ballstáit agus a scéimeanna tacaíochta á ndearadh acu. Ba cheart tús áite a thabhairt do dhramhaíl a chosc, a athúsáid agus a athchúrsáil. Ba cheart do na Ballstáit féachaint chuige nach gcruthófaí scéimeanna tacaíochta a thiocfadh salach ar spriocanna maidir le dramhaíl a chóireáil agus a d'fhágfadh go mbeadh úsáid neamhéifeachtach á baint as dramhaíl in-athchúrsáilte.

***araon a bhfoinsiú, chun dreasachtaí diúltacha le haghaidh conairí bithfhuinnimh neamh-inbhuanaithe a sheachaint, mar a shainaithnítear i dtuarascáil JRC 'The use of woody biomass for energy production in the EU' [Bithmhais adhmaid a úsáid le haghaidh táirgeadh fuinnimh san Aontas Eorpach][13].*** Os a choinne sin, agus impleachtaí breise phrionsabal na húsáide cascáidí á sainiú, is gá na sainiúlachtaí náisiúnta a aithint atá mar threoir do na Ballstáit agus a scéimeanna tacaíochta á ndearadh acu. Ba cheart tús áite a thabhairt do dhramhaíl a chosc, a athúsáid agus a athchúrsáil. Ba cheart do na Ballstáit féachaint chuige nach gcruthófaí scéimeanna tacaíochta a thiocfadh salach ar spriocanna maidir le dramhaíl a chóireáil agus a d'fhágfadh go mbeadh úsáid neamhéifeachtach á baint as dramhaíl in-athchúrsáilte. ***Thairis sin, chun úsáid níos éifeachtúla bithfhuinnimh a áirithiú, ó 2026 ar aghaidh níor cheart do Bhallstáit tacaíocht a thabhairt a thuilleadh do ghléasraí leictreachais amháin, ach amháin má tá na suiteálacha i réigiúin a bhfuil stádas sonrach acu a mhéid a bhaineann leis an aistriú atá ar bun acu ó bhreoslaí iontaise nó má úsáideann na suiteálacha gabháil agus stóráil carbóin.***

---

[11] Is é is aidhm do phrionsabal na húsáide cascáidí éifeachtúlacht acmhainne úsáid bithmhaise a bhaint amach trí thús áite a thabhairt d'úsáid ábhar bithmhaise thar úsáid fuinnimh pé uair is féidir, rud a mhéadódh méid na bithmhaise atá ar fáil laistigh den chóras. I gcomhréir le prionsabal na húsáide cascáidí, ba cheart bithmhais adhmaid a úsáid de réir an bhreisluacha eacnamaíoch agus comhshaoil is airde atá aici san ord tosaíochtaí seo a leanas: 1) táirgí atá bunaithe ar adhmad, 2) síneadh a chur leis na blianta seirbhíse atá iontu, 3) athúsáid, 4) athchúrsáil, 5) bithfhuinneamh agus 6) diúscairt.

[11] Is é is aidhm do phrionsabal na húsáide cascáidí éifeachtúlacht acmhainne úsáid bithmhaise a bhaint amach trí thús áite a thabhairt d'úsáid ábhar bithmhaise thar úsáid fuinnimh pé uair is féidir, rud a mhéadódh méid na bithmhaise atá ar fáil laistigh den chóras. I gcomhréir le prionsabal na húsáide cascáidí, ba cheart bithmhais adhmaid a úsáid de réir an bhreisluacha eacnamaíoch agus comhshaoil is airde atá aici san ord tosaíochtaí seo a leanas: 1) táirgí atá bunaithe ar adhmad, 2) síneadh a chur leis na blianta seirbhíse atá iontu, 3) athúsáid, 4) athchúrsáil, 5) bithfhuinneamh agus 6) diúscairt.

[12] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe, (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

[13] https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC122719

[12] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe, (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

[13] https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC122719

*Réasúnú*

*Bheadh sé níos casta an Cur Chuige Riosca-bhunaithe a chur i bhfeidhm dá ndéanfaí catagóirí áirithe amhábhar a idirdhealú agus d'fhéadfadh tuilleadh céimeanna breise gan ghá lena bhfíorú a bheith ag teastáil. Is é 2030 an tráthchlár do RED II agus RED III, mar sin tá ciall le tírdhreach rialála cobhsaí a chruthú le linn na tréimhse sin. Dá bhrí sin, tá sé níos ciallmhaire a cheadú go n-eiseofar tacaíocht nua le haghaidh suiteálacha leictreacha amháin go dtí 2030. Ina theannta sin, ba cheart níos mó cosaintí a chur ar fáil chun cosc a chur ar na tionchair dhiúltacha mar thoradh ar scor na tacaíochta. Áirítear leis sin na ceanglais maidir le bithfhuinneamh le gabháil agus stóráil carbóin (BECCS). Ós rud é nach bhfuil BECCS ina theicneolaíocht phríomhshrutha go fóill agus d'fhonn tacú lena mhéadú, ba cheart tacaíocht a thabhairt do shuiteálacha ar féidir leo measúnú ar ullmhacht teicneolaíochta atá críochnaithe a thaispeáint lena cruthú go bhfuil gabháil agus stóráil carbóin (CCS) indéanta ar an láthair agus ansin, má éiríonn leis, ba cheart tacaíocht a thabhairt do na suíomhanna sin atá ag cur CCS chun feidhme go gníomhach, mar a léiríodh le treoirthionscadal. Ar deireadh, tá gá freisin le cosaintí a bheith ann chun tacú leis an gcuspóir maidir le slándáil an tsoláthair, rud atá riachtanach do chobhsaíocht agus do shláine an Chórais Fuinnimh Eorpaigh fiú mura bhfuil éileamh ar théamh. Agus sciar méadaitheach d'fhuinneamh inathnuaite eadrannacha ag teacht isteach sa mhargadh, is féidir le bithmhais inbhuanaithe, ag feidhmiú mar fhoinse breosla bonnualacha inseolta, buntáistí tábhachtacha a chur ar fáil don eangach amhail solúbthacht, cothromú, agus cinnteacht an tsoláthair. Dá bhrí sin, cuideoidh sé leis an Aontas a spriocanna aeráide a bhaint amach agus cobhsaíocht na n-eangach a áirithiú ag an am céanna.*

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) Ba cheart ról agus rannchuidiú gabhála agus stórála carbóin le margadh an fhuinnimh inathnuaite a bhaint amach go hiomlán agus ba cheart tacú leis. Tá sé d'acmhainn ag carbón i mbithmhais é a thiontú ina bhithghualach trí phirealú, ar féidir é a stóráil ansin trí leathadh ar an*** |

***talamh, rud a fhágann gur teicneolaíocht astaíochtaí diúltacha é;***

*Réasúnú*

*Tá sé tábhachtach breathnú ar thaobhshruthanna agus fotháirgí luachmhara ó tháirgeadh bithfhuinnimh agus iad a aithint. Trí phirealú ábhar plandaí, is féidir fuinneamh inathnuaite a tháirgeadh mar aon le bithghualach ar féidir carbón a stóráil ann. Cuireann an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) luach ar bhithghualach mar linn charbóin thábhachtach ina leasú ó 2019 ar Threoirlínte 2006 IPCC d'Fhardail Náisiúnta de Gháis Ceaptha Teasa.*

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4b) Ba cheart fuíll talmhaíochta le haghaidh táirgeadh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise a shaothrú agus a bhuaint agus úsáid á baint as cleachtais atá ar aon dul le cosaint cháilíocht na hithreach agus cosaint an charbóin orgánaigh san ithir.*** |

*Réasúnú*

*Is sócmhainní lárnacha iad cáilíocht na hithreach agus carbón orgánach san ithir chun an t-athrú aeráide a mhaolú, agus dá bhrí sin, níor cheart díghrádú ithreacha a bheith mar thoradh ar aon bheartas AE, go háirithe beartas a dhíríonn ar an athrú aeráide a chomhrac.*

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Is féidir úsáid a bhaint as fás tapa agus as iomaíochas costais méadaitheach i dtáirgeadh leictreachais inathnuaite chun sciar méadaitheach den éileamh ar fhuinneamh a chomhlíonadh, mar shampla | (5) Is féidir úsáid a bhaint as fás tapa agus as iomaíochas costais méadaitheach i dtáirgeadh leictreachais inathnuaite chun sciar méadaitheach den éileamh ar fhuinneamh a chomhlíonadh, mar shampla |

teaschaidéil a úsáid le haghaidh téamh spáis nó próisis thionsclaíocha ísealteochta, feithiclí leictreacha a úsáid le haghaidh iompair, nó foirnéisí leictreacha a úsáid i dtionscail áirithe. Is féidir leictreachas inathnuaite a úsáid freisin chun breoslaí sintéiseacha a tháirgeadh i gcomhair tomhaltais in earnálacha iompair ar deacair iad a dhícharbónú amhail eitlíocht agus iompar muirí. Ní mór do chreat leictriúcháin comhordú láidir agus éifeachtúil a chumasú agus sásraí margaidh a leathnú chun soláthar agus éileamh a mheaitseáil de réir spáis agus ama, infheistíochtaí i seirbhísí solúbthachta a spreagadh, agus cuidiú le sciartha móra de ghiniúint athraitheach fuinnimh inathnuaite a chomhtháthú. Ba cheart do Bhallstáit a áirithiú, mar sin, go leanfar den mhéadú ar úsáid leictreachais inathnuaite ar luas atá leormhaith chun freastal ar an méadú san éileamh. Chuige sin, ba cheart do Bhallstáit creat a bhunú lena n-áirítear sásraí atá comhoiriúnach don mhargadh chun dul i ngleic le bacainní atá fós ann chun go mbeidh córais leictreachais shlána agus leormhaithe acu a bheidh oiriúnach le haghaidh ardleibhéal fuinnimh inathnuaite, chomh maith le saoráidí stórála a bheidh ina ndlúthchuid den chóras leictreachais. Leis an gcreat seo, rachfar i ngleic, go háirithe, le bacainní atá fós ann, lena n-áirítear bacainní neamhairgeadais mar shampla acmhainní digiteacha agus daonna údarás nach leor iad chun an líon méadaitheach iarratais cheadaithe a phróiseáil.

teaschaidéil***, painéil ghréine agus tuirbíní gaoithe*** a úsáid le haghaidh téamh spáis nó próisis thionsclaíocha ísealteochta, feithiclí leictreacha a úsáid le haghaidh iompair, ***talmhaíochta i gcás inarb indéanta,*** nó foirnéisí leictreacha a úsáid i dtionscail áirithe. Is féidir leictreachas inathnuaite a úsáid freisin chun breoslaí sintéiseacha a tháirgeadh i gcomhair tomhaltais in earnálacha iompair ar deacair iad a dhícharbónú amhail eitlíocht agus iompar muirí. Ní mór do chreat leictriúcháin comhordú láidir agus éifeachtúil a chumasú agus sásraí margaidh a leathnú chun soláthar agus éileamh a mheaitseáil de réir spáis agus ama, infheistíochtaí i seirbhísí solúbthachta a spreagadh, agus cuidiú le sciartha móra de ghiniúint athraitheach fuinnimh inathnuaite a chomhtháthú. Ba cheart do Bhallstáit a áirithiú, mar sin, go leanfar den mhéadú ar úsáid leictreachais inathnuaite ar luas atá leormhaith chun freastal ar an méadú san éileamh ***lena n-áirítear trína áirithiú go mbeidh soláthar cumhachta níos láidre ann chun freastal ar éilimh shonracha na gceantar tuaithe agus trí réitigh logánta a chur chun cinn le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn san earnáil inathnuaite, ar réitigh iad a mbeidh dhá thairbhe ag baint leo, arb iad prionsabal na gaireachta díláraithe a urramú agus rialú níos áitiúla ar an soláthar a chumasú***. Chuige sin, ba cheart do Bhallstáit creat a bhunú lena n-áirítear sásraí ***margadhbhunaithe chomh maith le sásraí*** atá comhoiriúnach don mhargadh chun dul i ngleic le bacainní atá fós ann chun go mbeidh córais leictreachais shlána agus leormhaithe acu a bheidh oiriúnach le haghaidh ardleibhéal fuinnimh inathnuaite, chomh maith le saoráidí stórála a bheidh ina ndlúthchuid den chóras leictreachais. Leis an gcreat seo, rachfar i ngleic, go háirithe, le bacainní atá fós ann, lena n-áirítear bacainní neamhairgeadais mar shampla acmhainní digiteacha agus daonna údarás nach leor iad chun an líon méadaitheach iarratais cheadaithe a phróiseáil. ***I***

***bhfianaise an dúshláin a bhaineann leis an sprioc 2030 de 40 % d'fhuinneamh ó fhoinsí inathnuaite, ba cheart a chur i dtreis gur féidir gach foinse inathnuaite agus na teicneolaíochtaí a úsáideann iad chun fuinneamh a tháirgeadh a fhorbairt agus a shaothrú, lena n-áirítear bithmhais in earnáil an téimh agus an fhuaraithe agus bithbhreoslaí in earnáil an iompair, go háirithe bithbhreoslaí ardfhorbartha, ar an gcoinníoll go n-urramaítear na teorainneacha agus na critéir a leagtar amach sa Treoir seo chomh maith leis an treoir chascáideach agus ord na n-acmhainní dramhaíola i dTreoir 2008/98 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a].***

___________________

***[1a] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 372, 22.11.2008, lch. 3).***

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) Ba cheart suiteáil tionscadal fuinnimh inathnuaite ar thalamh tuaithe agus ar thalamh talmhaíochta i gcoitinne a rialú le prionsabail na comhréireachta, na comhlántachta agus an chúitimh. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-úsáidfear tionscadail inathnuaite ar bhealach ordúil ionas nach gcaillfear talamh talmhaíochta, agus ba cheart dóibh forbairt agus úsáid teicneolaíochtaí iomchuí a spreagadh lena ndéanfaí táirgeadh fuinnimh inathnuaite comhoiriúnach le táirgeadh talmhaíochta agus beostoic.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Tá fás tapa ag teacht ar an margadh le haghaidh comhaontuithe ceannacháin cumhachta inathnuaite agus soláthraítear leis sin bealach comhlántach chuig margadh na giniúna fuinnimh inathnuaite anuas ar scéimeanna tacaíochta Ballstát nó díol díreach ar an margadh mórdhíola leictreachais. Ag an am céanna, tá an margadh le haghaidh comhaontuithe ceannacháin cumhachta inathnuaite fós teoranta do líon beag Ballstát agus cuideachtaí móra, agus tá bacainní móra riaracháin, bacainní móra teicniúla agus bacainní móra airgeadais fós ann i gcodanna móra de mhargadh an Aontais. Ba cheart, mar sin, neartú breise a dhéanamh ar na bearta atá ann in Airteagal 15 chun glacadh comhaontuithe ceannacháin cumhachta inathnuaite a chur chun cinn a spreagadh, trí fhéachaint ar úsáid ráthaíochtaí creidmheasa chun rioscaí airgeadais na gcomhaontuithe sin a laghdú, agus é á chur san áireamh nár cheart do na ráthaíochtaí sin, sa chás gur ráthaíochtaí poiblí iad, maoiniú príobháideach a bhrú amach. | (9) Tá fás tapa ag teacht ar an margadh le haghaidh comhaontuithe ceannacháin cumhachta inathnuaite agus soláthraítear leis sin bealach comhlántach chuig margadh na giniúna fuinnimh inathnuaite anuas ar scéimeanna tacaíochta Ballstát nó díol díreach ar an margadh mórdhíola leictreachais. Ag an am céanna, tá an margadh le haghaidh comhaontuithe ceannacháin cumhachta inathnuaite fós teoranta do líon beag Ballstát agus cuideachtaí móra, agus tá bacainní móra riaracháin, bacainní móra teicniúla agus bacainní móra airgeadais fós ann i gcodanna móra de mhargadh an Aontais ***agus go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide a oibríonn in earnálacha éagsúla***. Ba cheart, mar sin, neartú breise a dhéanamh ar na bearta atá ann in Airteagal 15 chun glacadh comhaontuithe ceannacháin cumhachta inathnuaite a chur chun cinn a spreagadh, ***agus i gcásanna áirithe ba cheart iad a bhrostú,*** trí fhéachaint ar úsáid ráthaíochtaí creidmheasa chun rioscaí airgeadais na gcomhaontuithe sin a laghdú, agus é á chur san áireamh nár cheart do na ráthaíochtaí sin, sa chás gur ráthaíochtaí poiblí iad, maoiniú príobháideach a bhrú amach. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Is bacainn mhór ar úsáid fuinnimh inathnuaite iad nósanna imeachta riaracháin atá róchasta agus rófhada. Ar bhonn na mbeart chun feabhas a chur ar | (10) Is bacainn mhór ar úsáid fuinnimh inathnuaite iad nósanna imeachta riaracháin atá róchasta agus rófhada ***agus go ginearálta bíonn costais shuntasacha*** |

nósanna imeachta riaracháin le haghaidh suiteálacha fuinnimh inathnuaite a gcaithfidh Ballstáit tuairisc a thabhairt fúthu faoin 15 Márta 2023 ina gcéad tuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn de bhun Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15] , ba cheart don Choimisiún a mheasúnú an bhfuil nósanna imeachta comhréireacha agus rianúla mar thoradh ar na forálacha a áirítear sa Treoir sin chun cuíchóiriú a dhéanamh ar na nósanna imeachta sin. Má léiríonn an measúnú sin go bhféadfaí feabhsuithe móra a dhéanamh, ba cheart don Choimisiún bearta iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil nósanna imeachta riaracháin cuíchóirithe agus éifeachtúla i bhfeidhm ag Ballstáit.

[15] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

***mar thoradh orthu, go háirithe do FBManna***. Ar bhonn na mbeart chun feabhas a chur ar nósanna imeachta riaracháin le haghaidh suiteálacha fuinnimh inathnuaite a gcaithfidh Ballstáit tuairisc a thabhairt fúthu faoin 15 Márta 2023 ina gcéad tuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn de bhun Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15] , ba cheart don Choimisiún a mheasúnú an bhfuil nósanna imeachta comhréireacha agus rianúla mar thoradh ar na forálacha a áirítear sa Treoir sin chun cuíchóiriú a dhéanamh ar na nósanna imeachta sin. Má léiríonn an measúnú sin go bhféadfaí feabhsuithe móra a dhéanamh, ba cheart don Choimisiún bearta iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil nósanna imeachta riaracháin cuíchóirithe agus éifeachtúla i bhfeidhm ag Ballstáit***, agus bearta breise á aithint chun tacaíocht a chur ar fáil i bpríomhearnálacha amhail an talmhaíocht, mar shampla***.

[15] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Tá acmhainneacht mhór neamhshaothraithe i bhfoirgnimh cur go héifeachtach le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas. Beidh gá le dícharbónú ar théamh agus ar fhuarú san earnáil seo trí sciar méadaithe i dtáirgeadh agus in úsáid fuinnimh inathnuaite chun an uaillmhian a leagtar amach sa Phlean um Sprioc Aeráide a chomhlíonadh agus chun cuspóir aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach. ***Níl aon dul chun cinn in úsáid foinsí inathnuaite fuinnimh le haghaidh téimh agus fuaraithe le 10 mbliana anuas, agus tá sé ag brath go mór ar úsáid mhéadaithe bithmhaise.*** Mura mbunaítear spriocanna chun táirgeadh agus úsáid fuinnimh inathnuaite a mhéadú i bhfoirgnimh, ní bheifear in ann dul chun cinn a rianú agus scrogaill a shainaithint i nglacadh foinsí inathnuaite fuinnimh. Thairis sin, tabharfaidh cruthú spriocanna comhartha fadtéarmach d'infheisteoirí, lena n-áirítear don tréimhse díreach i ndiaidh 2030. Déanfaidh sé sin comhlánú ar oibleagáidí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh. Mar sin, ba cheart spriocanna táscacha i dtaobh úsáid fuinnimh inathnuaite i bhfoirgnimh a shocrú chun treorú agus dreasú a dhéanamh ar iarrachtaí Ballstát leas a bhaint as an bhféidearthacht fuinneamh inathnuaite a úsáid agus a tháirgeadh i bhfoirgnimh, agus forbairt agus comhtháthú teicneolaíochtaí a tháirgeann fuinneamh inathnuaite a spreagadh agus ag an am céanna cinnteacht a thabhairt d'infheisteoirí agus rannpháirtíocht a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil. | (11) Tá acmhainneacht mhór neamhshaothraithe i bhfoirgnimh***, lena n-áirítear foirgnimh talmhaíochta, chun*** cur go héifeachtach le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa san Aontas. Beidh gá le dícharbónú ar théamh agus ar fhuarú san earnáil seo trí sciar méadaithe i dtáirgeadh agus in úsáid fuinnimh inathnuaite chun an uaillmhian a leagtar amach sa Phlean um Sprioc Aeráide a chomhlíonadh agus ***go háirithe*** chun ***méadú a chur ar ráta dul chun cinn maidir le*** cuspóir aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach. Mura mbunaítear spriocanna chun táirgeadh agus úsáid fuinnimh inathnuaite a mhéadú i bhfoirgnimh, ní bheifear in ann dul chun cinn a rianú agus scrogaill a shainaithint i nglacadh foinsí inathnuaite fuinnimh. Thairis sin, tabharfaidh cruthú spriocanna comhartha fadtéarmach d'infheisteoirí, lena n-áirítear don tréimhse díreach i ndiaidh 2030. Déanfaidh sé sin comhlánú ar oibleagáidí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh agus le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh. Mar sin, ba cheart spriocanna táscacha i dtaobh úsáid fuinnimh inathnuaite i bhfoirgnimh a shocrú chun treorú agus dreasú a dhéanamh ar iarrachtaí Ballstát leas a bhaint as an bhféidearthacht fuinneamh inathnuaite a úsáid agus a tháirgeadh i bhfoirgnimh, ***lena n-áirítear foirgnimh talmhaíochta,*** agus forbairt agus comhtháthú teicneolaíochtaí a tháirgeann fuinneamh inathnuaite ***inacmhainne chun an bhochtaineacht fuinnimh*** a ***chomhrac i gceantair thalmhaíochta agus thuaithe a*** spreagadh agus ag an am céanna cinnteacht a thabhairt d'infheisteoirí agus rannpháirtíocht a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) Tá spás agus díon ar ghnólachtaí talmhaíochta agus gairneoireachta agus táirgeann siad bithmhais. Is sócmhainní iad sin a ligeann dóibh ról lárnach a bheith acu in aistriú fuinnimh na gceantar tuaithe agus laistigh de phobail tuaithe, go háirithe i bhfianaise an táirgthe dhíláraithe. Is úsáideoir measartha beag fuinnimh í an earnáil agus is féidir léi i bhfad níos mó fuinnimh inathnuaite a tháirgeadh ná mar atá de dhíth uirthi. Sin é an fáth gur cheart tuilleadh spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm na comhroinnte fuinnimh agus na bpobal fuinnimh.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 12 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12b) Ós rud é go bhféadfaí fuinneamh inathnuaite a ghabháil agus a úsáid ar fheirmeacha agus ar bhunaíochtaí talmhaíochta, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear oiliúint ar líon leormhaith speisialtóirí maidir le sainiúlachtaí na suiteálacha téimh agus fuaraithe i dtaca le foirgnimh feirme, lena n-áirítear foirgnimh atá curtha in oiriúint do dhramhaíl ar an bhfeirm.*** |

*Réasúnú*

*Níor cheart an deis a chailleadh an acmhainneacht a bhaineann le húsáid na bhfoinsí inathnuaite a bhaint amach mar gheall ar easpa speisialtóirí a bhfuil oiliúint orthu maidir le córais a shuiteáladh i bhfoirgnimh feirme.*

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ba cheart dlús a chur le forbairt bonneagair le haghaidh gréasáin téimh agus fuaraithe ceantair agus ba cheart an fhorbairt a threorú chun leas a bhaint as raon níos leithne foinsí inathnuaite téimh agus fuaraithe ar bhealach éifeachtúil agus solúbtha chun úsáid fuinnimh inathnuaite a mhéadú agus chun comhtháthú an chórais fuinnimh a dhoimhniú. Is iomchuí, mar sin, an liosta foinsí fuinnimh inathnuaite a thabhairt cothrom le dáta ar foinsí iad ar cheart do ghréasáin téimh agus fuaraithe ceantair iad féin a chur in oiriúint dá n-úsáid de réir a chéile agus a éileamh go ndéanfar stóráil fuinnimh theirmigh a chomhtháthú mar fhoinse lena mbainfidh solúbthacht, éifeachtúlacht níos fearr fuinnimh agus oibriú níos costéifeachtaí. | (14) Ba cheart dlús a chur le forbairt bonneagair le haghaidh gréasáin téimh agus fuaraithe ceantair agus ba cheart an fhorbairt a threorú chun leas a bhaint as raon níos leithne foinsí inathnuaite téimh agus fuaraithe ar bhealach éifeachtúil agus solúbtha chun úsáid fuinnimh inathnuaite a mhéadú agus chun comhtháthú an chórais fuinnimh a dhoimhniú. Is iomchuí, mar sin, an liosta foinsí fuinnimh inathnuaite a thabhairt cothrom le dáta ar foinsí iad ar cheart do ghréasáin téimh agus fuaraithe ceantair iad féin a chur in oiriúint dá n-úsáid de réir a chéile agus a éileamh go ndéanfar stóráil fuinnimh theirmigh a chomhtháthú mar fhoinse lena mbainfidh solúbthacht, éifeachtúlacht níos fearr fuinnimh agus oibriú níos costéifeachtaí. ***Ba cheart spreagadh a thabhairt d'fhorbairt tionscnamh fuinnimh i gcomhréir le hidéil an gheilleagair chiorclaigh ina ndéanfaí feirmeoirí agus úinéirí talún a dhreasú chun scéimeanna téimh ceantair a chruthú ina n-úsáidtear dramhaíl agus fotháirgí feirme.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Ceaptar go mbeidh breis agus 30 milliún feithicil leictreach san Aontas faoi 2030 mar sin is gá a áirithiú go mbeidh siad in ann rannchuidiú go hiomlán le comhtháthú córais leictreachais inathnuaite, agus go mbeifear in ann, mar sin, sciar níos airde leictreachais inathnuaite a bhaint amach ar bhealach atá | (15) Ceaptar go mbeidh breis agus 30 milliún feithicil leictreach san Aontas faoi 2030 mar sin is gá a áirithiú***, i gcás inarb iomchuí,*** go mbeidh siad in ann rannchuidiú go hiomlán le comhtháthú córais leictreachais inathnuaite, agus go mbeifear in ann, mar sin, sciar níos airde leictreachais inathnuaite a bhaint amach ar |

barrmhaith ó thaobh costais de. Caithfear gach leas a bhaint as cumas feithiclí leictreacha chun leictreachas inathnuaite a ghlacadh nuair atá flúirse ann agus é a thabhairt ar ais don eangach nuair atá ganntanas ann. Is iomchuí, mar sin, bearta sonracha a thabhairt isteach maidir le feithiclí leictreacha agus faisnéis faoi fhuinneamh inathnuaite agus faoin dóigh agus faoin am le teacht air a dhéanfaidh comhlánú ar na cinn i dTreoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16] agus an [Rialachán atá beartaithe maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020].

[16] Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bonneagar breoslaí malartacha a úsáid (IO L 307, 28.10.2014, lch. 1)

bhealach atá barrmhaith ó thaobh costais de. Caithfear gach leas a bhaint as cumas feithiclí leictreacha chun leictreachas inathnuaite a ghlacadh nuair atá flúirse ann agus é a thabhairt ar ais don eangach nuair atá ganntanas ann. ***Tá sé tábhachtach tacú le gnólachtaí nuathionscanta trí 'eangacha cliste' a thabhairt isteach agus ionstraimí speisialta a fhorbairt chun feirmeoirí agus comharchumainn tuaithe a spreagadh le dul isteach sa mhargadh.*** Is iomchuí, mar sin, bearta sonracha a thabhairt isteach maidir le feithiclí leictreacha ***lena n-áirítear na cinn a úsáidtear sa talmhaíocht*** agus faisnéis faoi fhuinneamh inathnuaite agus faoin dóigh agus faoin am le teacht air a dhéanfaidh comhlánú ar na cinn i dTreoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16] agus an [Rialachán atá beartaithe maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020]. ***Ag an am céanna, beidh gá le tuilleadh infheistíochta agus le forbairt theicneolaíoch inneall innealra talmhaíochta a úsáidtear chun críoch éagsúil, lena gceadófar meascán d'fhoinsí éagsúla fuinnimh, chomh maith le bearta agus cláir chun rochtain ar innealra den sórt sin a éascú, agus chun feithiclí talmhaíochta a athnuachan i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh. Ba cheart do na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh freisin ar a rialacha maidir le haicmiú innealra talmhaíochta d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus oiriúnú d'fhorbairtí teicneolaíocha reatha agus forbairtí teicneolaíocha atá ar fáil.***

[16] Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bonneagar breoslaí malartacha a úsáid (IO L 307, 28.10.2014, lch. 1)

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Pointí athluchtaithe áit a mbíonn feithiclí leictreacha páirceáilte de ghnáth ar feadh tréimhsí fada ama, mar shampla áit a mbíonn daoine páirceáilte ar chúiseanna cónaithe nó fostaíochta, is pointí iad sin atá an-ábhartha do chomhtháthú an chórais fuinnimh, mar sin is gá feidhmiúlachtaí luchtaithe cliste a áirithiú. I ndáil leis sin, tá tábhacht faoi leith ag baint le hoibriú gnáth-bhonneagair luchtaithe nach bhfuil ar fáil don phobal, tábhacht faoi leith ó thaobh feithiclí leictreacha a chomhtháthú sa chóras leictreachais toisc é a bheith suite áit a mbíonn feithiclí leictreacha páirceáilte arís agus arís eile ar feadh tréimhsí fada ama, mar shampla i bhfoirgnimh ar a bhfuil rochtain theoranta, i bpáirceáil d'fhostaithe ***nó*** i saoráidí páirceála a ligtear ar cíos do dhaoine nádúrtha nó do dhaoine dlítheanacha. | (20) Pointí athluchtaithe ***i suíomhanna straitéiseacha i gceantair uirbeacha agus thuaithe araon,*** áit a mbíonn feithiclí leictreacha páirceáilte de ghnáth ar feadh tréimhsí fada ama, mar shampla áit a mbíonn daoine páirceáilte ar chúiseanna cónaithe nó fostaíochta, ***nó rochtain ar sheirbhísí pobail, leighis nó tráchtála,*** is pointí iad sin atá an-ábhartha do chomhtháthú an chórais fuinnimh, mar sin is gá feidhmiúlachtaí luchtaithe cliste a áirithiú. ***Ba cheart tionscnaimh shonracha a dhéanamh chun líon na bpointí athluchtaithe*** i ***limistéir thuaithe agus i limistéir inar tearc an daonra a mhéadú, agus chun dáileadh leordhóthanach a áirithiú sna ceantair is iargúlta agus is sléibhtiúla, ionas nach gcuirfear bac ar an méadú ar úsáid feithiclí leictreacha san earnáil talmhaíochta leis an easpa bonneagair. I*** ndáil leis sin, tá tábhacht faoi leith ag baint le hoibriú gnáth-bhonneagair luchtaithe nach bhfuil ar fáil don phobal, tábhacht faoi leith ó thaobh feithiclí leictreacha a chomhtháthú sa chóras leictreachais toisc é a bheith suite áit a mbíonn feithiclí leictreacha páirceáilte arís agus arís eile ar feadh tréimhsí fada ama, mar shampla i bhfoirgnimh ar a bhfuil rochtain theoranta, i bpáirceáil d'fhostaithe***,*** i saoráidí páirceála a ligtear ar cíos do dhaoine nádúrtha nó do dhaoine dlítheanacha***, agus i gceantair thuaithe i mbonneagair oidhreachta talmhaíochta atá ann cheana, nó páirceáil ar an bhfeirm nó feithiclí talmhaíochta leictreacha***. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 21 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(21a) Ba cheart do na Ballstáit na hionstraimí pleanála spásúla is gá a chur chun cinn lena n-aicmítear ithreacha talmhaíochta agus lena sainaithnítear ithreacha a bhfuil ardluach talmhaíochta acu ar bhonn a dtréithe edifeolaíocha. Ina mbeartais maidir le fuinneamh inathnuaite a fhorbairt agus a chur chun cinn, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcaomhnófar críoch na n-ithreacha sin d'úsáid talmhaíochta agus beostoic.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Is féidir breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a úsáid chun críoch fuinnimh, ach is féidir iad a úsáid freisin chun críoch neamhfhuinnimh mar bhunábhar nó mar amhábhar i dtionscail amhail cruach nó ceimiceáin. Le húsáid breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch chun an dá chríoch, baintear lánleas astu chun cur in ionad breoslaí iontaise a úsáid mar bhunábhar agus chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú in earnáil na tionsclaíochta agus ba cheart, mar sin, iad a ***chur san áireamh i*** sprioc a bhaineann le húsáid ***breoslaí*** inathnuaite de ***thionscnamh neamhbhitheolaíoch***. Níor cheart go mbeadh de thoradh ar bhearta náisiúnta a thacaíonn le glacadh breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch in earnáil na tionsclaíochta glanmhéadú ar thruailliú mar gheall ar éileamh méadaithe ar ghiniúint leictreachais a shásaítear leis na breoslaí iontaise is mó a dhéanann truailliú, amhail gual, díosal, lignít, ola, | (22) Is féidir breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a úsáid chun críoch fuinnimh, ach is féidir iad a úsáid freisin chun críoch neamhfhuinnimh mar bhunábhar nó mar amhábhar i dtionscail amhail cruach nó ceimiceáin. Le húsáid breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch chun an dá chríoch, baintear lánleas astu chun cur in ionad breoslaí iontaise a úsáid mar bhunábhar agus chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú in earnáil na tionsclaíochta agus ba cheart, mar sin, iad a ***aithint mar bhunábhar inathnuaite ar féidir leis cur leis an*** sprioc a bhaineann le húsáid ***fuinnimh*** inathnuaite ***chomh maith le hamhábhair inbhuanaithe le haghaidh táirgeadh tionsclaíoch. Tá sé tábhachtach, áfach, go gcuirfí san áireamh rochtain na mBallstát ar fhuinneamh inathnuaite agus go gcuirfí san áireamh é agus an sprioc sin á bunú. Ina theannta sin, ba cheart go mbeadh an sprioc neodrach ó thaobh na teicneolaíochta*** de ***agus go gcumasófaí léi*** |

| | |
|---|---|
| móin agus scealla ola. | ***an chonair theicneolaíoch is fearr atá ar fáil a roghnú, ag brath ar an gcomhthéacs***. Níor cheart go mbeadh de thoradh ar bhearta náisiúnta a thacaíonn le glacadh breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch in earnáil na tionsclaíochta glanmhéadú ar thruailliú mar gheall ar éileamh méadaithe ar ghiniúint leictreachais a shásaítear leis na breoslaí iontaise is mó a dhéanann truailliú, amhail gual, díosal, lignít, ola, móin agus scealla ola. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 22 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(22a) De bhrí go mbeidh tionchar suntasach ag an sprioc maidir le Breoslaí Inathnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch ar an tionscal ar tháirgeadh amóinia agus na leasacháin nítrigine díorthaithe, arb ionann iad faoi láthair agus trian d'úsáid hidrigine i dtionscal an Aontais. Mar thoradh air sin, ní mór slándáil bia an Aontais a chur san áireamh. Chun é sin a áirithiú, ní mór tionscal leasachán atá éagsúil ó thaobh na tíreolaíochta de a choinneáil ar bun, lena n-áirítear láithreáin a bhfuil rochtain níos ísle acu ar fhuinneamh inathnuaite. Ina theannta sin, agus na spriocanna sin á mbaint amach, ní mór an méadú a d'fhéadfadh teacht ar phraghsanna na dtáirgí a fhorbraítear le fuinneamh inathnuaite, amhail leasacháin, a chur san áireamh i gcónaí. Níor cheart go mbeadh praghsanna níos airde ar leasacháin mar thoradh ar spriocanna níos airde a bheith ann, agus, ar deireadh, go mbeadh costais táirgthe níos airde d'fheirmeoirí, gan tacaíocht bhreise a bheith ar fáil ar a laghad.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 22 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(22b) Ós rud é go bhfuil feidhm ábhartha freisin ag bunábhair bithbhreoslaí ardfhorbartha a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ord na gcascáidí agus ar ord na réiteach dramhaíola laistigh den liosta sin.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 24 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24a) D'fhéadfadh an earnáil talmhaíochta leictreachas inathnuaite breise a tháirgeadh. Déantar an leictreachas inathnuaite sin a tháirgeadh ar bhealach díláraithe, rud atá ina dheis san aistriú fuinnimh. Chun an leictreachas sin a chur ar an eangach, ní mór acmhainneacht leordhóthanach a bheith ag an eangach sin. Mar sin féin, is minic a chríochnaíonn an eangach i gceantair thuaithe agus dá bhrí sin níl acmhainneacht leordhóthanach inti chun freastal ar leictreachas breise. Ba cheart treisiú na n-eangach i gceantair thuaithe a spreagadh go láidir ionas gur féidir le feirmeacha an rannchuidiú a d'fhéadfadh siad a dhéanamh leis an aistriú fuinnimh a bhaint amach trí tháirgeadh leictreachais dhíláraithe;*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 24 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24b) Tá acmhainneacht ollmhór ag suiteálacha táirgthe fuinnimh ar mhionscála ar an bhfeirm cur leis an ciorclaíocht ar an bhfeirm trí shruthanna dramhaíola agus sruthanna iarmharacha na feirme, i measc nithe eile, aoileach, a athrú ina theas agus ina leictreachas. Dá bhrí sin, ba cheart deireadh a chur le gach bacainn chun feirmeoirí a spreagadh infheistíocht a dhéanamh sna teicneolaíochtaí sin i dtreo feirme ciorclaí, amhail díleáiteoirí póca. Ar cheann de na bacainní sin tá luacháil iarmhair an phróisis, RENURE, mar shampla, chomh maith le sulfáit amóiniam, ar cheart é a aicmiú agus a úsáid mar leasacháin.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25a) Ós rud é go mbraitheann líon mór teaghlach, go háirithe tithe aonair nó feirmeacha beaga i gceantair thuaithe, go mór ar bhithmhais adhmaid le haghaidh téimh, ba cheart cur chuige níos iomlánaíche a ghlacadh maidir le córais téimh a mhodhnú. Ba cheart don Choimisiún sraith beart a chur ar fáil do na Ballstáit, lena n-áirítear cistiú, chun tacú le teaghlaigh leochaileacha agus chun an tionchar sóisialta agus an bhearna forbartha i gceantair thuaithe an Aontais a laghdú. Ina theannta sin, rannchuidíonn bearta den sórt sin le cothrom na Féinne a áirithiú d'fheirmeoirí tuaithe.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh Treorach**

**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) Baintear tearcúsáid as dramhtheas agus dramhfhuacht, d'ainneoin iad a bheith ar fáil go forleathan, rud is cúis le cur amú acmhainní, éifeachtúlacht fuinnimh níos ísle i gcórais náisiúnta fuinnimh agus ídiú fuinnimh níos airde ná mar is gá san Aontas. D'fhéadfadh ceanglais le haghaidh comhordú níos dlúithe idir oibreoirí téimh agus fuaraithe ceantair, earnálacha tionsclaíochta agus treasacha, agus údaráis áitiúla éascú a dhéanamh ar an idirphlé agus ar an gcomhar atá riachtanach chun leas a bhaint as acmhainn chostéifeachtach dramhtheasa agus dramhfhuachta trí chórais téimh agus fuaraithe ceantair. | (27) Baintear tearcúsáid as dramhtheas agus dramhfhuacht, d'ainneoin iad a bheith ar fáil go forleathan, rud is cúis le cur amú acmhainní, éifeachtúlacht fuinnimh níos ísle i gcórais náisiúnta fuinnimh agus ídiú fuinnimh níos airde ná mar is gá san Aontas. D'fhéadfadh ceanglais le haghaidh comhordú níos dlúithe idir oibreoirí téimh agus fuaraithe ceantair, earnálacha tionsclaíochta agus treasacha, agus údaráis áitiúla***, lena n-áirítear i gceantair thuaithe,*** éascú a dhéanamh ar an idirphlé agus ar an gcomhar atá riachtanach chun leas a bhaint as acmhainn chostéifeachtach dramhtheasa agus dramhfhuachta trí chórais téimh agus fuaraithe ceantair. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 29 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(29a) Ina theannta sin, is uirlis chostéifeachtach iad bithbhreoslaí ó amhábhair talmhaíochta chun astaíochtaí a laghdú in iompar éadrom agus trom atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, i bhfianaise a raon feidhme reatha agus saolré feithiclí, agus mar sin níor cheart a rannpháirtíocht a theorannú d'earnálacha iompair nach féidir a leictriú amháin. Ina Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807[1a], dheimhnigh an Coimisiún nach cúis dífhoraoisithe iad bithbhreoslaí Eorpacha ó amhábhair talmhaíochta. Ní mór deireadh a chur de réir a chéile le bithbhreoslaí ó bhunábhar a bhfuil riosca ard acu maidir le hathrú indíreach ar an talamhúsáid, agus leis na bithbhreoslaí sin amháin. Ba cheart, dá bhrí sin, an teorainn atá ann faoi láthair a athbhreithniú ar bhealach a*** |

***thabharfadh an tsolúbthacht is gá do gach Ballstát maidir leis na spriocanna laghdaithe méadaithe agus maidir le leas a bhaint as foinsí inathnuaite fuinnimh, rud a chuirfidh ar chumas na mBallstát a gceart a fheidhmiú a gcuid acmhainní fuinnimh féin a úsáid mar atá leagtha síos sa Chonradh. Ba cheart do gach Ballstát a bheith in ann a sciar féin de bhithbhreoslaí ó amhábhair talmhaíochta a shocrú ar choinníoll nach mbeidh an sciar ar leibhéal an Aontais níos mó ná 7 % den tomhaltas deiridh fuinnimh in earnáil an iompair.***

______________

***[1a] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/807 ón gCoimisiún an 13 Márta 2019 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bunábhar lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid a chinneadh ina ndéantar síneadh suntasach a chur leis an limistéar táirgthe le go gcumhdófaí talamh a bhfuil stoc ard carbóin ann chomh maith le deimhniú bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise lena ngabhann ísealriosca maidir le hathrú indíreach ar thalamhúsáid (IO L 133, 21.5.2019, lch. 1).***

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Tá sé d’aidhm ag beartas fuinnimh inathnuaite an Aontais rannchuidiú i spriocanna an Aontais Eorpaigh i dtaca le maolú ar an athrú aeráide a bhaint amach i dtéarmaí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Agus an sprioc sin á saothrú, tá sé | (31) Tá sé d’aidhm ag beartas fuinnimh inathnuaite an Aontais rannchuidiú i spriocanna an Aontais Eorpaigh i dtaca le maolú ar an athrú aeráide a bhaint amach i dtéarmaí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Agus an sprioc sin á saothrú, tá sé |

| | |
|---|---|
| fíor-riachtanach rannchuidiú freisin le cuspóirí níos leithne comhshaoil, agus go háirithe le cailliúint na bithéagsúlachta a chosc, rud atá faoi thionchar diúltach mar gheall ar an athrú indíreach ar an talamhúsáid a bhaineann le táirgeadh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise áirithe. Is seanchúram tábhachtach idirghlúine do shaoránaigh an Aontais agus do reachtóir an Aontais é rannchuidiú sna cuspóirí aeráide agus comhshaoil sin. ***Mar thoradh air sin, níor*** cheart ***do na hathruithe sa bhealach a ríomhtar an sprioc*** iompair ***difear a dhéanamh do na teorainneacha a bunaíodh i dtaobh breoslaí áirithe a tháirgtear ó bharra*** bia agus beatha ***a áireamh i dtreo na sprice sin de pháirt amháin, agus breoslaí lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar an talamhúsáid den pháirt eile. Ina theannta sin, chun nach gcruthófaí dreasacht chun bithbhreoslaí agus bithghás a tháirgtear ó bharra bia agus beatha a úsáid in earnáil an iompair, ba cheart rogha a bheith ag Ballstáit fós iad a áireamh i dtreo na sprice iompair, nó gan iad a áireamh. Mura ndéanann siad iad a áireamh, féadfaidh siad laghdú dá réir a dhéanamh ar an sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, ar an tuiscint go bhfuil laghdú 50 % ann ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le bithbhreoslaí atá bunaithe ar bharra bia agus beatha, rud atá ag freagairt do na gnáthluachanna a leagtar amach in iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo maidir leis an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis na conairí táirgthe is ábhartha i gcás bithbhreoslaí atá bunaithe ar bharra bia agus beatha, chomh maith leis an íostairseach laghduithe a bhfuil feidhm aici i gcás fhormhór na suiteálacha a tháirgeann bithbhreoslaí den sórt sin.*** | fíor-riachtanach rannchuidiú freisin le cuspóirí níos leithne comhshaoil, agus go háirithe le cailliúint na bithéagsúlachta a chosc, rud atá faoi thionchar diúltach mar gheall ar an athrú indíreach ar an talamhúsáid a bhaineann le táirgeadh bithbhreoslaí ***ó bhunábhar a bhfuil riosca ard acu maidir le hathrú indíreach ar an talamhúsáid***, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise áirithe. Is seanchúram tábhachtach idirghlúine do shaoránaigh an Aontais agus do reachtóir an Aontais é rannchuidiú sna cuspóirí aeráide agus comhshaoil sin. ***Maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise inbhuanaithe lena gcomhghiniúint próitéin luachmhar le caitheamh ag ainmhithe agus ag daoine, agus atá saor ó dhífhoraoisiú, ba*** cheart ***iad a bheith ina bpríomhghné i ndícharbónú*** iompair***, laistigh de theorainneacha réasúnta agus gan aon tionchar diúltach ar infhaighteacht acmhainní*** bia agus beatha***.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 31 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(31a) Tá sé d'aidhm ag beartas fuinnimh inathnuaite an Aontais rannchuidiú i spriocanna an Aontais Eorpaigh i dtaca le maolú ar an athrú aeráide a bhaint amach i dtéarmaí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Agus an sprioc sin á saothrú, tá sé fíor-riachtanach rannchuidiú freisin le cuspóirí níos leithne comhshaoil, agus go háirithe le cailliúint na bithéagsúlachta a chosc, rud atá faoi thionchar diúltach mar gheall ar an athrú indíreach ar an talamhúsáid a bhaineann le táirgeadh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise áirithe. Ag an am céanna, tá sé riachtanach oibriú i dtreo an chuspóra maidir le bia leordhóthanach, ar ardcháilíocht agus inacmhainne a áirithiú do shaoránaigh uile na hEorpa d'fhonn sprioc an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú a bhaint amach. Is seanchúram tábhachtach idirghlúine do shaoránaigh an Aontais agus do reachtóir an Aontais é rannchuidiú sna cuspóirí aeráide agus comhshaoil sin. Mar thoradh air sin, níor cheart do na hathruithe sa bhealach a ríomhtar an sprioc iompair difear a dhéanamh do na teorainneacha a bunaíodh i dtaobh breoslaí áirithe a tháirgtear ó bharra bia agus beatha a áireamh i dtreo na sprice sin de pháirt amháin, agus breoslaí lena ngabhann riosca ard maidir le hathrú indíreach ar an talamhúsáid den pháirt eile. Ina theannta sin, chun nach gcruthófaí dreasacht chun bithbhreoslaí agus bithghás a tháirgtear ó bharra bia agus beatha a úsáid in earnáil an iompair, ba cheart rogha a bheith ag Ballstáit fós iad a áireamh i dtreo na sprice iompair, nó gan iad a áireamh. Mura ndéanann siad iad a áireamh, féadfaidh siad laghdú dá réir a dhéanamh ar an sprioc chun déine*** |

| | |
|---|---|
| | ***astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, ar an tuiscint go bhfuil laghdú 50 % ann ar astaíochtaí gás ceaptha teasa le bithbhreoslaí atá bunaithe ar bharra bia agus beatha, rud atá ag freagairt do na gnáthluachanna a leagtar amach in iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo maidir leis an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis na conairí táirgthe is ábhartha i gcás bithbhreoslaí atá bunaithe ar bharra bia agus beatha, chomh maith leis an íostairseach laghduithe a bhfuil feidhm aici i gcás fhormhór na suiteálacha a tháirgeann bithbhreoslaí den sórt sin.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Nuair a léirítear an sprioc iompair mar sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, ní gá iolraitheoirí a úsáid chun foinsí inathnuaite fuinnimh áirithe a chur chun cinn. An chúis atá leis sin ná go laghdaíonn foinsí inathnuaite fuinnimh difriúla méideanna difriúla astaíochtaí gás ceaptha teasa agus, dá bhrí sin, ní mar an gcéanna an rannchuidiú a dhéanann siad leis an sprioc. ***Ba cheart a mheas go bhfuil astaíochtaí nialasacha ag fuinneamh*** inathnuaite***, rud a chiallaíonn go laghdaíonn sé astaíochtaí 100 %*** i gcomparáid le leictreachas a ghintear as breoslaí iontaise. Cruthóidh sé sin dreasacht chun fuinneamh inathnuaite a úsáid ós rud é nach dócha go mbainfear céatadán chomh hard céanna laghduithe amach le breoslaí inathnuaite agus le breoslaí carbóin athchúrsáilte. Mar sin, an bealach ab éifeachtúla chun iompar de bhóthar a dhícharbónú ná leictriú atá ag brath ar fhoinsí inathnuaite fuinnimh. Ina theannta sin, chun úsáid bithbhreoslaí ardfhorbartha agus bithgháis agus breoslaí | (32) Nuair a léirítear an sprioc iompair mar sprioc chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, ní gá iolraitheoirí a úsáid chun foinsí inathnuaite fuinnimh áirithe a chur chun cinn. An chúis atá leis sin ná go laghdaíonn foinsí inathnuaite fuinnimh difriúla méideanna difriúla astaíochtaí gás ceaptha teasa agus, dá bhrí sin, ní mar an gcéanna an rannchuidiú a dhéanann siad leis an sprioc. ***Is féidir astaíochtaí níos ísle a bheith ag leictreachas*** inathnuaite i gcomparáid le leictreachas a ghintear as breoslaí iontaise ***má chomhlíontar prionsabail an gheilleagair chiorclaigh***. Cruthóidh sé sin dreasacht chun fuinneamh inathnuaite a úsáid ós rud é nach dócha go mbainfear céatadán chomh hard céanna laghduithe amach le breoslaí inathnuaite agus le breoslaí carbóin athchúrsáilte. Mar sin, an bealach ab éifeachtúla chun iompar de bhóthar a dhícharbónú ná leictriú atá ag brath ar fhoinsí inathnuaite fuinnimh. Ina theannta sin, chun úsáid bithbhreoslaí ardfhorbartha agus bithgháis agus breoslaí |

| | |
|---|---|
| inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a chur chun cinn i modhanna na heitlíochta agus na mara, ar modhanna iad atá deacair a leictriú, is iomchuí an t-iolraitheoir a choimeád do na breoslaí sin a soláthraíodh sna modhanna sin, agus iad á n-áireamh i dtreo na spriocanna sonracha a leagtar amach le haghaidh na mbreoslaí sin. | inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a chur chun cinn i modhanna na heitlíochta agus na mara, ar modhanna iad atá deacair a leictriú, is iomchuí an t-iolraitheoir a choimeád do na breoslaí sin a soláthraíodh sna modhanna sin, agus iad á n-áireamh i dtreo na spriocanna sonracha a leagtar amach le haghaidh na mbreoslaí sin. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Chun éifeachtacht comhshaoil níos airde a áirithiú i dtaobh chritéir an Aontais maidir le inbhuanaitheacht agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh breoslaí bithmhaise soladaí i suiteálacha ina dtáirgtear téamh, leictreachas agus fuarú, ba cheart an íostairseach chun critéir den sórt sin a chur i bhfeidhm a ísliú ón tairseach reatha de 20 MW go ***5*** MW. | (35) Chun éifeachtacht comhshaoil níos airde a áirithiú i dtaobh chritéir an Aontais maidir le inbhuanaitheacht agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh breoslaí bithmhaise soladaí i suiteálacha ina dtáirgtear téamh, leictreachas agus fuarú, ba cheart an íostairseach chun critéir den sórt sin a chur i bhfeidhm a ísliú ón tairseach reatha de 20 MW go ***10*** MW. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Le Treoir (AE) 2018/2001, neartaíodh an creat maidir le hinbhuanaitheacht bithfhuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa trí chritéir a leagan síos do gach earnáil chríochúsáide. Leagadh amach rialacha inti le haghaidh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise, rialacha lenar éilíodh inbhuanaitheacht na n-oibríochtaí buainte agus áireamh astaíochtaí ón athrú ar an talamhúsáid. Chun cosaint ***feabhsaithe*** a | (36) Le Treoir (AE) 2018/2001, neartaíodh an creat maidir le hinbhuanaitheacht bithfhuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa trí chritéir a leagan síos do gach earnáil chríochúsáide. Leagadh amach rialacha inti le haghaidh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise, rialacha lenar éilíodh inbhuanaitheacht na n-oibríochtaí buainte agus áireamh astaíochtaí ón athrú ar an talamhúsáid. Chun cosaint ***fheabhsaithe*** a |

bhaint amach do ghnáthóga ar mhórán carbóin a bhfuil an-bhithéagsúlacht iontu, amhail foraoisí príomhúla, foraoisí atá ar mhórán bithéagsúlachta, féarthailte agus tailte portaigh, ba cheart eisceachtaí agus teorainneacha ar bhithmhais foraoise a fhoinsiú ó na ceantair sin a thabhairt isteach, i gcomhréir leis an gcur chuige atá ann i dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais talmhaíochta. Ina theannta sin, ba cheart na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur i bhfeidhm freisin maidir le suiteálacha bithmhais-bhunaithe atá ann cheana chun a áirithiú gur laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bheidh mar thoradh ar tháirgeadh bithfhuinnimh i ngach suiteáil den sórt sin i gcomparáid le fuinneamh a ghintear as breoslaí iontaise.

bhaint amach do ghnáthóga ar mhórán carbóin a bhfuil an-bhithéagsúlacht iontu, amhail foraoisí príomhúla, foraoisí atá ar mhórán bithéagsúlachta, féarthailte agus tailte portaigh, ba cheart eisceachtaí agus teorainneacha ar bhithmhais foraoise a fhoinsiú ó na ceantair sin a thabhairt isteach, ***sna Ballstáit nach bhfuil na bearta sin tugtha isteach iontu go fóill, agus ba cheart iad a chur chun feidhme le bearta sonracha sna Ballstáit ar fad*** i gcomhréir ***le Treoir 2018/2001, i gcomhréir*** leis an gcur chuige atá ann i dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais talmhaíochta. Ina theannta sin, ba cheart na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur i bhfeidhm freisin maidir le suiteálacha bithmhais-bhunaithe atá ann cheana chun a áirithiú gur laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bheidh mar thoradh ar tháirgeadh bithfhuinnimh i ngach suiteáil den sórt sin i gcomparáid le fuinneamh a ghintear as breoslaí iontaise. ***Ba cheart go mbeadh beartais chun fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, go háirithe fuinneamh foraoise agus bithmhais talmhaíochta, ag teacht le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus ba cheart ról iomlán a bheith acu maidir le bithgheilleagar inbhuanaithe a thógáil, éifeachtúlacht acmhainní a uasmhéadú lena gcoimeádfar luach na n-ábhar bithbhunaithe, na dtáirgí agus na n-amhábhar sa gheilleagar a fhad is féidir trí thosaíocht a thabhairt do tháirgeadh táirgí fadsaolach agus úsáid chun críocha fuinnimh a fhorchoimeád ag deireadh shaolré na n-acmhainní sin.***

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Chun an t-ualach riaracháin ar tháirgeoirí breoslaí inathnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte agus ar Bhallstáit a laghdú, i gcás ina n-aithníonn an Coimisiún trí ghníomh cur chun feidhme go dtugtar fianaise le scéimeanna deonacha nó náisiúnta nó go soláthraítear sonraí cruinne leo maidir le comhlíontacht chritéir maidir le inbhuanaitheacht agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa chomh maith le ceanglais eile a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do Bhallstáit glacadh le torthaí an deimhnithe a eisítear le scéimeanna den sórt sin, laistigh de raon feidhme aitheantas an Choimisiúin. Chun an ***t-ualach*** ar shuiteálacha beaga a ***laghdú***, ba cheart do Bhallstáit sásra simplithe fíorúcháin a bhunú le haghaidh suiteálacha idir ***5*** agus ***10MW***. | (37) Chun an t-ualach riaracháin ar tháirgeoirí breoslaí inathnuaite agus breoslaí carbóin athchúrsáilte agus ar Bhallstáit a laghdú, i gcás ina n-aithníonn an Coimisiún trí ghníomh cur chun feidhme go dtugtar fianaise le scéimeanna deonacha nó náisiúnta nó go soláthraítear sonraí cruinne leo maidir le comhlíontacht chritéir maidir le inbhuanaitheacht agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa chomh maith le ceanglais eile a leagtar amach sa Treoir seo, ba cheart do Bhallstáit glacadh le torthaí an deimhnithe a eisítear le scéimeanna den sórt sin, laistigh de raon feidhme aitheantas an Choimisiúin. Chun ***laghdú a dhéanamh ar*** an ***ualach díréireach*** ar shuiteálacha beaga ***nó meánmhéide, nó ar fheirmeoirí agus ar ghnólachtaí áitiúla*** a ***rannchuidíonn leis an bhforbairt tuaithe agus leis an bhforaoiseacht agus a dhéanann luacháil ar fuíoll talmhaíochta***, ba cheart do Bhallstáit sásra simplithe fíorúcháin a bhunú le haghaidh suiteálacha idir ***10*** agus ***15MW***. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 38 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(38a) Ní mór forálacha frithchalaoise a leagan síos, go háirithe maidir le hola cócaireachta úsáidte ina bhfuil meascán na hola pailme forleathan. Ós rud é go bhfuil sé bunriachtanach calaois a bhrath agus a chosc chun iomaíocht éagórach agus dífhoraoisiú rábach i dtríú tíortha a sheachaint, ba cheart inrianaitheacht iomlán agus dheimhnithe na n-amhábhar sin a chur chun feidhme.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 46 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(46a) Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, ba cheart aird a thabhairt ar Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena n-aithnítear leochaileacht na réigiún is forimeallaí, ar leochaileacht í atá ann mar gheall ar a n-iargúltacht i gcomparáid le réigiúin na mórthíre, oileánachas, beagmhéid, topagrafaíocht agus aeráid achrannach agus spleáchas aeráide agus eacnamaíoch ar líon beag táirgí, ar meascán é lena gcuirtear teorainn lena bhforbairt agus lena ngintear costais bhreise shuntasacha i roinnt mhaith réimsí, go háirithe don iompar. Na hiarrachtaí a dhéantar agus na spriocanna a leagtar síos ar leibhéal na hEorpa chun gáis ceaptha teasa a laghdú, ní mór dóibh a bheith oiriúnaithe don staid achrannach sin, trí chothromaíocht a bhaint amach idir cuspóirí comhshaoil agus costais shóisialta arda do na réigiúin sin.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 36

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) ciallaíonn ‘breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch’ breoslaí leachtacha agus gásacha a ndíorthaítear a luach fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite ***seachas ó bhithmhais***; | (36) ciallaíonn ‘breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch’ breoslaí leachtacha agus gásacha a ndíorthaítear a luach fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite; |

*Réasúnú*

*Ós rud é nach ndéantar idirdhealú a chur chun cinn sa Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite, idir foinsí fuinnimh inathnuaite, ar choinníoll go ngintear leictreachas ó bhithmhais nó ó bhithghás agus an ceanglas inbhuanaitheachta á urramú, níor cheart srian a chur lena úsáid chun breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch a tháirgeadh.*

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe a a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 2 – mír 2 – pointe 42

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (42):*** |
| (42) ciallaíonn ***"***ábhar ceallalósach neamhbhia" bunábhar atá comhdhéanta de ceallalós agus heimiceallalós, go príomha, agus ar lú an cion lignin ann ná in ábhar ligniceallalósach, lena n-áirítear iarmhair barra bia agus beatha, amhail tuí, gais, cáithní agus mogaill, breosla-bharra féarúla ina bhfuil cion íseal stáirse, amhail an tseagalach, an féar craobhóige, an mioscantach, an cána mór***)***, agus barra cumhdaigh a chuirtear roimh na príomhbharra agus ina ndiaidh, barra báin, iarmhair thionsclaíocha lena n-áirítear barra bia agus beatha as ar eastóscadh olaí cothaitheacha, siúcraí, stáirsí agus próitéin; agus ábhar arna tháirgeadh as bithdhramhaíl, i gcás ina ***bhfuil sé le tuiscint gur mar fhéara síolaithe sealadacha gearrthéarmacha atá barra báin*** agus ***barra cumhdaigh, ina bhfuil meascán féir agus glasraí ag a bhfuil cion íseal stáirse a fhástar chun farae a fháil le haghaidh beostoic agus chun torthúlacht ithreach a fheabhsú d'fhonn táirgeacht na bpríomhbharr curaíochta a mhéadú***; | (42) ciallaíonn ***'***ábhar ceallalósach neamhbhia" bunábhar atá comhdhéanta de ceallalós agus heimiceallalós, go príomha, agus ar lú an cion lignin ann ná in ábhar ligniceallalósach, lena n-áirítear iarmhair barra bia agus beatha, amhail tuí, gais, cáithní agus mogaill, breosla-bharra féarúla ina bhfuil cion íseal stáirse, amhail an tseagalach, an féar craobhóige, an mioscantach, ***planda Róisín,*** an cána mór, agus barra cumhdaigh a chuirtear roimh na príomhbharra agus ina ndiaidh, barra báin, iarmhair thionsclaíocha lena n-áirítear barra bia agus beatha as ar eastóscadh olaí cothaitheacha, siúcraí, stáirsí agus próitéin; ***Plandaí fiáine bláthacha*** agus ábhar arna tháirgeadh as bithdhramhaíl, i gcás ina ***dtuigtear gurb ionann planda fiáine bláthacha*** agus ***ilsaothrú críche ilbhliantúil, arb é atá iontu ar a laghad 15 speiceas plandaí ar mhórán blátha fiáine de chineál bliantúil, débhliantúil agus ilbhliantúil***; |

*Réasúnú*

*Tá an sainmhíniú atá ann faoi láthair ar ábhar ceallalósach neamhbhia róchúng, toisc nach*

*luíonn sé ach le dálaí aeráide sonracha Ilchríochach agus Meánmhara na hEorpa. Méadaíonn úsáid barra cumhdaigh sláinte ithreach, torthúlacht agus ceapadh carbóin. Ba cheart an sainmhíniú a leathnú chun solúbthacht a mhéadú agus chun cur barr cumhdaigh a dhreasú, lena n-áirítear barra cumhdaigh bláthacha a théann chun tairbhe pailneoirí.*

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go dtáirgfear fuinneamh ó bhithmhais ar bhealach ina n-íoslaghdófar iarmhairtí shaobhacha míchuí ar mhargadh na n-amhábhar bithmhaise agus tionchair dhíobhálacha ar an mbithéagsúlacht. Chuige sin, cuirfidh siad san áireamh ord na réiteach dramhaíola mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE ***agus prionsabal na húsáide cascáidí dá dtagraítear sa tríú fomhír***. | Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go dtáirgfear fuinneamh ó bhithmhais ar bhealach ina n-íoslaghdófar iarmhairtí shaobhacha míchuí ar mhargadh na n-amhábhar bithmhaise agus tionchair dhíobhálacha ar an mbithéagsúlacht. Chuige sin, cuirfidh siad san áireamh ord na réiteach dramhaíola mar a leagtar amach in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE. |

*Réasúnú*

*Níor cheart aon reachtaíocht a thabhairt isteach maidir leis an bprionsabal cascáideach, mar go bhféadfadh sé sin bac a chur ar nuálaíochtaí tábhachtacha maidir leis an úsáid is fearr a bhaint as adhmad.*

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 2 – pointe a – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(i) lomáin sáibh, lomáin veiníre, stumpaí nó fréamhacha a úsáid chun fuinneamh a tháirgeadh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 2 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) Ón 31 Nollaig 2026, agus gan dochar do na hoibleagáidí sa chéad fomhír, ***ní thabharfaidh*** na Ballstáit tacaíocht ***ar bith*** maidir le leictreachas a tháirgeadh ó bhithmhais foraoise ***i ngléasraí leictreachais amháin, mura gcomhlíonfaidh an leictreachas sin ar a laghad ceann amháin de na coinníollacha*** seo a leanas: | (b) Ón 31 Nollaig 2026, agus gan dochar do na hoibleagáidí sa chéad fomhír, ***féadfaidh*** na Ballstáit tacaíocht ***a thabhairt*** maidir le leictreachas a tháirgeadh ó bhithmhais foraoise***, ar choinníoll go gcomhlíonfar na trí choinníoll*** seo a leanas: |
| | ***i) go ráthaítear comhghiniúint agus go bhforáiltear leis sin d'fheabhsú fuinnimh 50 % ar a laghad den fhuinneamh teirmeach a ghintear sa phróiseas;*** |
| | ***ii) go dtagann an bhithmhais a úsáidtear sna plandaí in ord tosaíochta ó phlandálacha agrafhoraoiseachta a bhfuil táirgeadh talmhaíochta comhtháite, roschoill gearruainíochta ilbhliantúil curtha ar thalamh a tréigeadh roimhe sin, nó dramhaíl foraoise ó bhainistiú inbhuanaithe foraoisí ar scála críochach;*** |
| | ***iii) go bhfuil cumhacht leictreach ag na gléasraí nach mó ná 10 MW agus go bhfuil siad feistithe le córais scagaire oiriúnacha le haghaidh deannaigh atmaisféaraigh;*** |
| | ***(b a) féadfar na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe b) thuas a tharscaoileadh má tharlaíonn ar a laghad ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:*** |
| (i) táirgtear ***é*** i réigiún a shainaithnítear i bplean críochach um aistriú cóir arna fhormheasadh ag an gCoimisiún Eorpach, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/ . . . ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir i | (i) táirgtear ***an leichtreachas*** i réigiún a shainaithnítear i bplean críochach um aistriú cóir arna fhormheasadh ag an gCoimisiún Eorpach, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/ . . . ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena |

| | |
|---|---|
| ngeall ar a spleáchas ar bhreoslaí iontaise soladacha, agus comhlíonann sé na ceanglais iomchuí a leagtar amach in Airteagal 29(11); | mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir i ngeall ar a spleáchas ar bhreoslaí iontaise soladacha, agus comhlíonann sé na ceanglais iomchuí a leagtar amach in Airteagal 29(11); |
| (ii) táirgtear ***é*** trí Ghabháil agus Stóráil $CO_2$ Bithmhaise a chur i bhfeidhm, agus comhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 29(11), an dara fomhír**.** | (ii) táirgtear ***an leictreachas*** trí Ghabháil agus Stóráil CO2 Bithmhaise a chur i bhfeidhm, agus comhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 29(11), an dara fomhír***;*** |
| | ***(ii a) táirgtear an leictreachas i limistéar nach bhfuil aon éileamh tráchtála ar theas ann;*** |
| | ***(ii b) táirgtear é i suiteáil atá ina cuid de chóras tacaíochta cosanta atá ceaptha chun deireadh a chur leis an riosca maidir le slándáil an tsoláthair nó cobhsaíocht na heangaí a áirithiú agus a chomhlíonann na ceanglais ábhartha a leagtar amach in Airteagal 29(11);*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis [theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 35 maidir le conas prionsabal na húsáide cascáidí a chur i bhfeidhm le haghaidh bithmhaise, go háirithe maidir le conas úsáid na lomán cruinn ardchaighdeáin i dtáirgeadh an fhuinnimh a íoslaghdú, le béim ar scéimeanna tacaíochta agus aird chuí á tabhairt ar shonraíochtaí náisiúnta.*** | ***scriosta*** |

*Réasúnú*

*Níor cheart aon reachtaíocht a thabhairt isteach maidir le húsáid chascáideach ós rud é gur*

*féidir leis ar an gceann is measa bac a chur ar nuálaíochtaí agus ar an úsáid is fearr is féidir a bhaint as adhmad.*

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoi 2026 cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i láthair maidir le tionchar scéimeanna tacaíochta na mBallstát le haghaidh bithmhaise, lena n-áirítear an tionchar ar bhithéagsúlacht agus ar shaobhadh margaidh féideartha***, agus déanfaidh sé measúnú ar an bhféidearthacht i dtaobh tuilleadh srianta maidir le scéimeanna tacaíochta um an mbithmhais foraoise.***; | Faoi 2026 cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i láthair maidir le tionchar scéimeanna tacaíochta na mBallstát le haghaidh bithmhaise, lena n-áirítear an tionchar ar bhithéagsúlacht agus ar shaobhadh margaidh féideartha; |

*Réasúnú*

*Le hathmheastóireachtaí ar an rialachán, méadaítear an éiginnteacht laistigh den earnáil fuinnimh agus méadaítear na rioscaí infheistíochta agus, ag an am céanna, cuirtear moill ar chur chun cinn an fhuinnimh inathnuaite.*

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 3a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) Cuirtear isteach mír 3a:*** |
| | ***(3a) Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar a mbeartais náisiúnta, lena n-áirítear na hoibleagáidí a eascraíonn as Airteagal 25 go Airteagal 28 den Treoir seo agus a scéimeanna tacaíochta, a cheapadh agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe c**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 3 – mír 4a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4a. Déanfaidh na Ballstáit creat a bhunú, a bhféadfaidh scéimeanna tacaíochta a áireamh ann agus lena n-éascófar comhaontaithe ceannacháin cumhachta inathnuaite a ghlacadh, lena gcumasófar leictreachas inathnuaite a úsáid go leibhéal atá comhsheasmhach le ranníocaíocht náisiúnta an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 2 agus ar luas atá comhsheasmhach leis na conairí táscacha dá dtagraítear in Airteagal 4(a)(2) de Rialachán (AE) 2018/1999. Go háirithe, ba cheart don chreat sin dul i ngleic leis na bacainní atá fós ann, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le nósanna imeachta ceadaithe, maidir le soláthar leictreachais ardchaighdeáin. Le linn dóibh an creat sin a dhearadh, ba cheart do na Ballstáit an leictreachas inathnuaite breise a chur san áireamh is gá chun na riachtanais a chomhlíonadh sna hearnálacha iompair, tionsclaíochta, tógála, agus téimh agus fuaraithe agus maidir le táirgeacht breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch.; | 4a. Déanfaidh na Ballstáit creat a bhunú, a bhféadfaidh scéimeanna tacaíochta a áireamh ann agus lena n-éascófar comhaontaithe ceannacháin cumhachta inathnuaite a ghlacadh, lena gcumasófar leictreachas inathnuaite a úsáid go leibhéal atá comhsheasmhach le ranníocaíocht náisiúnta an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 2 agus ar luas atá comhsheasmhach leis na conairí táscacha dá dtagraítear in Airteagal 4(a)(2) de Rialachán (AE) 2018/1999. Go háirithe, ba cheart don chreat sin dul i ngleic leis na bacainní atá fós ann, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le nósanna imeachta ceadaithe, ***mar shampla do thuirbíní gaoithe meánmhéide ar an bhfeirm,*** maidir le soláthar leictreachais ardchaighdeáin. Le linn dóibh an creat sin a dhearadh, ba cheart do na Ballstáit an leictreachas inathnuaite breise a chur san áireamh is gá chun na riachtanais a chomhlíonadh sna hearnálacha iompair, tionsclaíochta, tógála, agus téimh agus fuaraithe agus maidir le táirgeacht breoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch.; |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 4 – mír 4 – fomhír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) leasaítear Airteagal 4, mír 4, mar a leanas:*** |
| 4. Áiritheoidh na Ballstáit gur ar bhealach oscailte, trédhearcach, iomaíoch, neamh-idirdhealaitheach agus costéifeachtúil a bhronnfar tacaíocht don leictreachas ó fhoinsí inathnuaite. | 4. Áiritheoidh na Ballstáit gur ar bhealach oscailte, trédhearcach, iomaíoch, neamh-idirdhealaitheach agus costéifeachtúil a bhronnfar tacaíocht don leictreachas ó fhoinsí inathnuaite***, lena n-áiritheofar freisin tacaíocht leordhóthanach do cheantair thuaithe agus iargúlta***. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 b (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 4 – mír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2b) In Airteagal 4, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:*** |
| | ***4a. Áiritheoidh na Ballstáit nach dtabharfar aon tacaíocht do ghrianphainéil ar thalamh arúil atá in úsáid faoi láthair le haghaidh táirgeadh barr, ach amháin nuair is féidir an táirgeadh talmhaíochta ar an talamh sin a choimeád ina iomláine.*** |

*Réasúnú*

*Is fearr painéil ghréine ar dhíonta seachas ar thalamh a úsáidtear faoi láthair mar thalamh arúil.*

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15a – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. I bhfoirgnimh talmhaíochta nua nó i n-athchóiriú foirgneamh talmhaíochta atá ann cheana, dreasóidh na Ballstáit go háirithe úsáid na bhfuinneamh inathnuaite thuasluaite agus na roghanna breosla níos glaine nó níos mó éifeachtúlachta fuinnimh, chun sciar na n-athnuaiteán in úsáid fuinnimh i bpobail tuaithe agus talmhaíochta a mhéadú, agus déanfaidh an Coimisiún Eorpach foinsí maoinithe a shainaithint chun go mbeidh na Ballstáit in ann é sin a dhéanamh, chun tacú le forbairt chothromaithe limistéar tuaithe agus talmhaíochta.*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15 a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Chun an sciar tháscach d'fhuinneamh inathnuaite a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach, déanfaidh na Ballstáit úsáid córas agus trealaimh téimh agus fuaraithe a chur chun cinn. Chuige sin, úsáidfidh na Ballstáit gach beart, uirlis agus dreasacht is iomchuí, lena n-áirítear, i measc nithe eile, lipéid fuinnimh a fhorbraítear faoi Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] , teastais feidhmíochta fuinnimh de bhun Threoir 2010/31/AE, nó teastais nó caighdeáin iomchuí eile a fhorbraítear ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais, agus áiritheoidh siad go gcuirfear go leor faisnéise agus comhairle ar fáil maidir le breoslaí ionadúla inathnuaite an-éifeachtúil chomh maith le maidir leis na hionstraimí airgeadais agus dreasachtaí atá ar fáil chun | 4. Chun an sciar tháscach d'fhuinneamh inathnuaite a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach, déanfaidh na Ballstáit úsáid córas agus trealaimh téimh agus fuaraithe a chur chun cinn. Chuige sin, úsáidfidh na Ballstáit gach beart, uirlis agus dreasacht is iomchuí, lena n-áirítear, i measc nithe eile, lipéid fuinnimh a fhorbraítear faoi Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26], teastais feidhmíochta fuinnimh de bhun Threoir 2010/31/AE, nó teastais nó caighdeáin iomchuí eile a fhorbraítear ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais, agus áiritheoidh siad go gcuirfear go leor faisnéise agus comhairle ar fáil maidir le breoslaí ionadúla inathnuaite an-éifeachtúil chomh maith le maidir leis na hionstraimí airgeadais agus dreasachtaí atá ar fáil chun |

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| ráta athsholáthair méadaithe a chur chun cinn maidir le seanchórais téimh agus maidir le hathrú chuig réitigh atá bunaithe ar fhuinneamh inathnuaite.; | ráta athsholáthair méadaithe a chur chun cinn maidir le seanchórais téimh agus maidir le hathrú chuig réitigh atá bunaithe ar fhuinneamh inathnuaite. ***Cuirfidh na Ballstáit bearta tacaíochta breise spriocdhírithe agus faisnéis bhreise ar fáil dóibh siúd atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh, go háirithe i bpobail tuaithe chun a rannpháirtíocht a chumasú san aistriú fuinnimh***; |
| [26] Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an Dé Máirt 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1). | [26] Rialachán (AE) 2017/1369 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an Dé Máirt 4 Iúil 2017 lena leagtar amach creat i gcomhair lipéadú fuinnimh agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/30/AE (IO L 198, 28.7.2017, lch. 1). |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 15a – mír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Chun úsáid an fhuinnimh inathnuaite in earnáil na talmhaíochta a mhéadú, ba cheart an tacaíocht do tháirgeadh ar mhionscála fuinnimh ar an bhfeirm a mhéadú; ba cheart infheistíochtaí i suiteálacha ar féidir leo teas agus leictreachas inathnuaite a tháirgeadh ó shruthanna iarmharacha agus ó dhramhaíl ainmhithe a spreagadh, agus an treoir chascáideach agus ord na n-acmhainní dramhaíola i dTreoir 2008/98 á n-urramú ag an am céanna, rud a d'fhágfadh go bhféadfadh níos mó feirmeacha a bheith páirteach go praiticiúil sa gheilleagar ciorclach.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 a – (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 18 – mír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) In Airteagal 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*** |
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear ar fáil faisnéis maidir le bearta tacaíochta do gach gníomhaí ábhartha, amhail tomhaltóirí, lena n-áirítear tomhaltóirí íseal-ioncaim, féin-tomhaltóirí fuinnimh inathnuaite**,** comhphobail fuinnimh inathnuaite, tógálaithe, suiteálaithe, ailtirí, soláthróirí trealaimh agus córas téimh, fuaraithe agus leictreachais agus soláthróirí feithiclí atá comhoiriúnach le húsáid an fhuinnimh inathnuaite agus le húsáid córas cliste iompair. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear ar fáil faisnéis maidir le bearta tacaíochta do gach gníomhaí ábhartha, amhail tomhaltóirí, lena n-áirítear tomhaltóirí íseal-ioncaim, ***tomhaltóirí leochaileacha lena n-áirítear tomhaltóirí ó cheantair thuaithe iargúlta,*** féin-tomhaltóirí fuinnimh inathnuaite ***agus*** comhphobail fuinnimh inathnuaite, tógálaithe, suiteálaithe, ailtirí, ***agus*** soláthróirí trealaimh agus córas téimh, fuaraithe agus leictreachais agus soláthróirí feithiclí atá comhoiriúnach le húsáid an fhuinnimh inathnuaite agus le húsáid córas cliste iompair. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 – pointe a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 18 – mír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a) In Airteagal 18, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:*** |
| | ***4a. Áiritheoidh na Ballstáit, go háirithe, go mbeidh rochtain ag ceantair thuaithe agus iargúlta ar líon leordhóthanach suiteálaithe a bhfuil oiliúint orthu maidir le sainiúlachtaí theicneolaíochtaí na bhfuinneamh téimh agus fuaraithe is féidir a chur i bhfoirgnimh talmhaíochta nó ar bharr foirgnimh talmhaíochta, agus ar an gcaoi sin, tabharfaidh sé an deis rannchuidiú tábhachtach a dhéanamh leis an meascán*** |

| | |
|---|---|
| | ***fuinnimh i gceantair thuaithe agus iargúlta a aistriú i dtreo úsáid na bhfoinsí inathnuaite*** |

*Réasúnú*

*Tá éagsúlacht idir foirgnimh talmhaíochta ó thaobh scála de agus tá achar suntasach dín ag roinnt mhaith acu atá oiriúnach do phainéil fhótavoltacha. Féadfar teas nó fuacht a tháirgeadh trí phróisis ar an bhfeirm. Leis an teicneolaíocht iomchuí is féidir na próisis sin a úsáid chun úsáid fuinnimh ón eangach a laghdú. Tá speisialtóirí a bhfuil oiliúint leordhóthanach orthu ag teastáil chun gur féidir an acmhainneacht sin a réadú.*

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 20 – mír 3 a agus mír 3 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) In Airteagal 20, cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:*** |
| | ***3a. Neartóidh na Ballstáit an eangach leictreachais i gceantair thuaithe ionas go gceadófar leis an acmhainn fuinneamh arna ghiniúint ag oibreoirí talmhaíochta a sheachadadh chuig an eangach i gcónaí agus go spreagfaidh siad feirmeacha chun a rannchuidiú féideartha leis an aistriú fuinnimh a chomhlíonadh trí tháirgeadh leictreachais dhíláraithe;*** |
| | ***3b. 'Áiritheoidh na Ballstáit go gceadófar, leis an gcreat rialála náisiúnta, seachadtaí díreacha fuinnimh idir soláthróirí talmhaíochta agus úsáideoirí deiridh i réigiún.'*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 21 – mír 2 – pointe a – an chuid réamhráiteach

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10a) In Airteagal 21, mír 2, pointe (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda tosaigh:*** |
| (a) fuinneamh inathnuaite a ghiniúint, lena n-áirítear dá dtomhaltas féin, nó a rótháirgeadh den leictreachais inathnuaite sin a stóráil agus a dhíol, lena n-áirítear trí chomhaontuithe ceannacháin cumhachta inathnuaite, trí sholáthróirí leictreachais agus trí shocruithe trádála idir piaraí, gan a bheith faoi réir an mhéid seo a leanas: | (a) fuinneamh inathnuaite a ghiniúint, lena n-áirítear dá dtomhaltas féin, nó a rótháirgeadh den leictreachais inathnuaite sin a stóráil agus a dhíol ***ar phraghas an mhargaidh***, lena n-áirítear trí chomhaontuithe ceannacháin cumhachta inathnuaite, trí sholáthróirí leictreachais agus trí shocruithe trádála idir piaraí, gan a bheith faoi réir an mhéid seo a leanas: |

*Réasúnú*

*Tá praghsáil chóir agus an fhéidearthacht go ndíolfaí an farasbarr fuinnimh thar a bheith tábhachtach do dhaoine a bhfuil cónaí orthu i réigiúin iargúlta agus i gceantair thuaithe.*

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 22 a – mír 1 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go dtiocfaidh, faoi 2030, ***50 %*** den hidrigin a úsáidfear chun críocha fuinnimh deiridh agus chun críocha neamhfhuinnimh san earnáil tionsclaíochta ó bhreoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch arna n-úsáid chun críocha fuinnimh deiridh agus chun críocha neamhfhuinnimh. ***Chun na hastaíochtaí sin a ríomh, cuirfear na rialacha seo a leanas i bhfeidhm:*** | Áiritheoidh na Ballstáit go dtiocfaidh, faoi 2030, ***20 %*** den hidrigin a úsáidfear chun críocha fuinnimh deiridh agus chun críocha neamhfhuinnimh san earnáil tionsclaíochta ó bhreoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch arna n-úsáid chun críocha fuinnimh deiridh agus chun críocha neamhfhuinnimh. |
| | ***Socrófar an sprioc sin ar leibhéal an Aontais. Agus leibhéal rannchuidiú na mBallstát leis an sprioc á shocrú, ba cheart an rochtain ar fhuinneamh inathnuaite sna Ballstáit sin a mheas agus a chur san áireamh.*** |

***Ba cheart bearta tacaíochta a chur i bhfeidhm chun a áirithiú nach mbeidh an tionscal i mBallstáit ina bhfuil rochtain níos ísle ar fhuinneamh inathnuaite faoi mhíbhuntáiste san iomaíocht mar thoradh ar an sprioc sin. Ba cheart bearta a ghlacadh freisin chun slándáil bia agus tionscal éagsúil ó thaobh geografaíochta de a áirithiú.***

***D'áireofaí leis sin a áirithiú go mbeadh táirgí iartheachtacha, atá nasctha leis an sprioc sin, inacmhainne i gcónaí d'úsáideoirí iartheachtacha, amhail feirmeoirí. Áireofar leis sin cabhair, lena n-áirítear cabhair oibriúcháin, d'fheirmeoirí chomh maith le cabhair do ghnóthais atá dian ar fhuinneamh.***

***Chun na hastaíochtaí sin a ríomh, cuirfear na rialacha seo a leanas i bhfeidhm:***

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 23 – mír 1a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1a. Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar a n-acmhainneacht fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite agus ar an úsáid a bhaintear as dramhtheas agus dramhfhuacht san earnáil téimh agus fuaraithe lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, anailís ar limistéir atá oiriúnach lena n-úsáid gan ach riosca íseal éiceolaíoch ***agus*** ar an acmhainneacht atá ann le haghaidh tionscadail teaghlaigh ar scála beag. Leagfar amach sa mheasúnú garspriocanna agus bearta chun foinsí inathnuaite fuinnimh a mhéadú i dtéamh agus i bhfuarú agus, i gcás inarb iomchuí, úsáid dramhtheasa agus dramhfhuachta trí théamh agus fuarú ceantair d'fhonn straitéis náisiúnta fhadtéarmach a bhunú chun téamh agus fuarú a dhícharbónú. | 1a. Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar a n-acmhainneacht fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite agus ar an úsáid a bhaintear as dramhtheas agus dramhfhuacht san earnáil téimh agus fuaraithe lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, anailís ar limistéir atá oiriúnach lena n-úsáid gan ach riosca íseal éiceolaíoch***,*** ar an acmhainneacht atá ann le haghaidh tionscadail teaghlaigh ar scála beag ***agus ar an acmhainneacht do thionscadail atá dírithe ar theaghlaigh ar ioncam íseal agus daoine atá i mbaol na bochtaineachta***. Leagfar amach sa mheasúnú garspriocanna agus bearta chun foinsí inathnuaite fuinnimh a mhéadú i dtéamh agus i bhfuarú agus, i gcás inarb iomchuí, úsáid dramhtheasa agus |

| | |
|---|---|
| Beidh an measúnú mar chuid de na pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999, measúnú a ghabhfaidh leis an measúnú cuimsitheach ar théamh agus ar fhuarú a cheanglaítear le hAirteagal 14(1) de Threoir 2012/27/AE.; | dramhfhuachta trí théamh agus fuarú ceantair d'fhonn straitéis náisiúnta fhadtéarmach a bhunú chun téamh agus fuarú a dhícharbónú. Beidh an measúnú mar chuid de na pleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide dá dtagraítear in Airteagal 3 agus Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999, measúnú a ghabhfaidh leis an measúnú cuimsitheach ar théamh agus ar fhuarú a cheanglaítear le hAirteagal 14(1) de Threoir 2012/27/AE.; |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 12 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 23 – mír 4 – fomhír 1 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) forbairt acmhainní d'údaráis náisiúnta agus áitiúla chun tionscadail agus bonneagair inathnuaite a phleanáil agus a chur chun feidhme; | (d) forbairt acmhainní d'údaráis náisiúnta agus áitiúla chun tionscadail agus bonneagair inathnuaite a phleanáil agus a chur chun feidhme***, go háirithe tionscadail a d'fhéadfadh dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh agus rannpháirtíocht teaghlach ar ioncam íseal san aistriú fuinnimh a mhéadú***; |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 12 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 23 – mír 4 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Agus na bearta sin á nglacadh agus á gcur chun feidhme acu, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag gach tomhaltóir orthu, ***go háirithe iad siúd*** atá i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó i dteaghlaigh leochaileacha, teaghlaigh nach ***mbeadh caipiteal*** tosaigh leordhóthanach ***acu chun tairbhe a bhaint as mura*** | Agus na bearta sin á nglacadh agus á gcur chun feidhme acu, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag gach tomhaltóir orthu, ***le forálacha sonracha spriocdhírithe, tacaíochtaí agus cláir chun na bearta sin a dhéanamh inrochtana do dhaoine*** atá i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó i dteaghlaigh |

| | |
|---|---|
| ***ndéanfaí sin***.; | leochaileacha, ***go háirithe i gceantair thuaithe,*** teaghlaigh nach ***mbainfeadh tairbhe as na bearta sin go hiondúil, mar thoradh ar easpa caipitil*** tosaigh leordhóthanach ***agus ar bhacainní neamhairgeadais***.; |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 25 – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) go dtiocfaidh laghdú ***13 %*** ar a laghad ar dhéine gás ceaptha teasa mar thoradh ar mhéid na mbreoslaí inathnuaite agus an leictreachais inathnuaite arna soláthar don earnáil iompair faoi 2030, i gcomparáid leis an mbonnlíne a leagtar amach in Airteagal 27(1), pointe (b), i gcomhréir le conair tháscach arna leagan síos ag an mBallstát; | (a) go dtiocfaidh laghdú ***16 %*** ar a laghad ar dhéine gás ceaptha teasa mar thoradh ar mhéid na mbreoslaí inathnuaite agus an leictreachais inathnuaite arna soláthar don earnáil iompair faoi 2030, i gcomparáid leis an mbonnlíne a leagtar amach in Airteagal 27(1), pointe (b), i gcomhréir le conair tháscach arna leagan síos ag an mBallstát; |
| | ***Ceanglóidh na Ballstáit ar sholáthróirí, le haghaidh an laghdaithe sin, na spriocanna idirmheánacha seo a leanas a chomhlíonadh:*** |
| | ***· 6 % faoin 31 Nollaig 2021,*** |
| | ***· 9 % faoin 31 Nollaig 2024,*** |
| | ***· 10 % faoin 31 Nollaig 2025,*** |
| | ***· 11 % faoi Nollaig 2026,*** |
| | ***· 12 % faoi Nollaig 2027,*** |
| | ***· 13.5 % faoi Nollaig 2028,*** |
| | ***· 15 % faoi Nollaig 2029,*** |
| | ***· 16 % faoi Nollaig 2030.*** |

*Réasúnú*

*Níor leor an sprioc RED II atá ann faoi láthair maidir le fuinneamh inathnuaite san iompar chun na cuspóirí dícharbónaithe a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus i nDlí Aeráide 2030 a bhaint amach. Is céim stuama chun tosaigh é oibleagáid maidir le déine carbóin breoslaí iompair a laghdú a chur san áireamh in RED. Mar sin féin, tá an oibleagáid*

*atá molta ar sholáthraithe déine GCT breoslaí a laghdú 13 % ar a laghad faoi 2030 fós íseal agus ba cheart í a ardú go 16 %. Chun iarrachtaí leanúnacha dícharbónaithe na mBallstát a áirithiú, ba cheart an oibleagáid sin a mhéadú de réir a chéile, ag tosú ó 6 % in 2021 agus 16 % faoi 2030.*

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 25 – mír 1 – pointe b – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) gurb é ***0,2 %*** in 2022, ***0,5 %*** in 2025 agus ***2,2 %*** in 2030 an sciar de bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus de bhithghás a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX san fhuinneamh a sholáthraítear don earnáil iompair, agus is fiú ***2,6 %*** ar a laghad in 2030 sciar na mbreoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch. | (b) gurb é ***0.2 %*** in 2022, ***1 %*** in 2025 agus ***2.6 %*** in 2030 an sciar de bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus de bhithghás a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX san fhuinneamh a sholáthraítear don earnáil iompair, agus is fiú ***2.6 %*** ar a laghad in 2030 sciar na mbreoslaí inathnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch. ***Féadfaidh na Ballstáit soláthróirí breosla éagsúla agus iompróirí fuinnimh éagsúla a dhíolmhú nó idirdhealú a dhéanamh eatarthu agus an oibleagáid ar na soláthróirí breosla á socrú acu, á áirithiú go gcuirfear céimeanna éagsúla aibíochta agus costas na dteicneolaíochtaí difriúla san áireamh.*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 25 – mír 1 – pointe b – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Soláthróirí breoslaí a sholáthraíonn leictreachas nó breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, féadfaidh na Ballstáit, agus an oibleagáid ar sholáthróirí breosla á | Soláthróirí breoslaí a sholáthraíonn leictreachas nó breoslaí inathnuaite iompair leachtacha agus gásacha de thionscnamh neamhbhitheolaíoch, féadfaidh na Ballstáit, agus an oibleagáid ar sholáthróirí breosla á |

| | |
|---|---|
| socrú, na soláthróirí sin a dhíolmhú ón gceanglas an sciar íosta de bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus de bhithghás a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX a chomhlíonadh maidir leis na breoslaí sin. | socrú, na soláthróirí sin a dhíolmhú ón gceanglas an sciar íosta de bhithbhreoslaí ardfhorbartha agus de bhithghás a tháirgtear ón mbunábhar a liostaítear i gCuid A d'Iarscríbhinn IX a chomhlíonadh maidir leis na breoslaí sin. ***Agus an oibleagáid dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) á socrú acu chun a áirithiú go mbainfear amach an sciar a leagtar amach ansin, féadfaidh na Ballstáit déanamh amhlaidh, inter alia, trí bhíthin bearta a ghlacadh lena ndírítear ar mhéideanna, ar luach fuinnimh nó ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, ar an gcoinníoll go léirítear go mbaintear amach na sciartha íosta dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b).*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe a – pointe i**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Chun ríomh a dhéanamh ar olltomhaltas deiridh fuinnimh Ballstáit ó fhoinsí inathnuaite dá dtagraítear in Airteagal 7 agus ar an sprioc laghdaithe déine gás ceaptha teasa dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 25(1), ní mó a bheidh an sciar de bhithbhreoslaí agus de bhithleachtanna, chomh maith leis an sciar de bhreoslaí bithmhaise a thomhlaítear san iompar, i gcás ina dtáirgtear ó bharra bia agus beatha iad, ná pointe céatadán amháin níos airde ná an sciar de bhreoslaí den sórt sin i dtomhaltas deiridh fuinnimh san earnáil iompair sa Bhallstát sin in ***2020***, agus is 7 % den tomhaltas deiridh fuinnimh uasmhéid an tomhaltais a bheidh san earnáil iompair sa Bhallstát sin.***;*** | Chun ríomh a dhéanamh ar olltomhaltas deiridh fuinnimh Ballstáit ó fhoinsí inathnuaite dá dtagraítear in Airteagal 7 agus ar an sprioc laghdaithe déine gás ceaptha teasa dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 25(1), ní mó a bheidh an sciar de bhithbhreoslaí agus de bhithleachtanna, chomh maith leis an sciar de bhreoslaí bithmhaise a thomhlaítear san iompar, i gcás ina dtáirgtear ó bharra bia agus beatha iad, ná pointe céatadán amháin níos airde ná an sciar de bhreoslaí den sórt sin i dtomhaltas deiridh fuinnimh san earnáil iompair sa Bhallstát sin in ***2019***, agus is 7 % den tomhaltas deiridh fuinnimh uasmhéid an tomhaltais a bheidh san earnáil iompair sa Bhallstát sin. |

*Réasúnú*

*Is é an t-údar atá leis an athrú thuas gur bhliain neamhthipiciúil a bhí in 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19, mar sin ba cheart 2019 a mheas mar bhliain tagartha, ionas go bhféadfadh na bithbhreoslaí agus na bithleachtanna a táirgeadh ó bharra bia agus beatha rannchuidiú le sprioc fhoriomlán an fhuinnimh inathnuaite. Nóta – déantar athrú amháin ar théacs fhomhír 1 leis seo, rud a fhágann gur 2019 an bhliain tagartha (tomhaltas níos airde ná 2020 i dtéacs COM) ach níl aon athrú ar chodanna eile*

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe a – pointe ii**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:*** | ***scriosta*** |
| ***I gcás ina bhfuil sciar na mbithbhreoslaí agus na mbithleachtanna, chomh maith leis an sciar de bhreoslaí bithmhaise a thomhlaítear in earnáil an iompair, a tháirgtear ó bharra bia agus beatha i mBallstát teoranta do sciar níos ísle ná 7 % nó i gcás ina gcinneann Ballstát an sciar a theorannú tuilleadh, féadfaidh an Ballstát sin an sprioc laghdaithe déine gás ceaptha teasa dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 25(1) a laghdú dá réir sin, ag féachaint don rannchuidiú a bheadh déanta ag na breoslaí sin ó thaobh laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa. Chun na críche sin, measfaidh na Ballstáit go sábhálfaidh na breoslaí sin 50 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa.;*** | |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 27 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a – pointe iii

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) i gcás leictreachas inathnuaite, tríd an méid leictreachais inathnuaite a sholáthraítear do na modhanna iompair go léir a iolrú faoin táirge comparáide breoslaí iontaise $\boldsymbol{EC_{F(e)}}$ a leagtar amach in ***Iarscríbhinn V***; | (iii) i gcás leictreachas inathnuaite, tríd an méid leictreachais inathnuaite a sholáthraítear do na modhanna iompair go léir a iolrú faoin táirge comparáide breoslaí iontaise ***EF(t)*** a leagtar amach in ***Iarscríbhinn V***; |

*Réasúnú*

*Leis an gcothromóid laghdaithe déine GCT atá sa togra ón gCoimisiún, tugtar laghdú díréireach ard ar astaíochtaí GCT don leictreachas inathnuaite san iompar: Tagraíonn ECF(e) do 183 gCO2/MJ as a dtagann coigilteas -195 % GCT don leictreachas inathnuaite, agus lena gcuirtear i gcomparáid leictreachas inathnuaite san iompar chun giniúint cumhachta ag breoslaí iontaise, gan gásailín nó díosal a úsáid san iompar. Ba cheart leictreachas inathnuaite a bheith faoi réir coigilte GCT a thagraíonn don comparadóir breosla iontaise céanna le fuinneamh inathnuaite eile, i.e. EF(t) arb ionann é agus 94 gCO2/MJ, ag tabhairt dá haire go mbíonn luach an-ard coigilte GCT ann do leictreachas inathnuaite dá thoradh sin freisin.*

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 – pointe c**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 27 – mír 1a – pointe c a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) féadfar sciar na mbithbhreoslaí agus an bhithgháis le haghaidh iompair arna dtáirgeadh ó mharcanna fíonchaor agus ó mhoirte fíona a mheas mar dhá oiread a luacha fuinnimh le linn idirthréimhse 6 bliana ag tosú ó theacht i bhfeidhm na Treorach seo.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17 – pointe b a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 28 – mír 6 – fomhír 4 (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) Cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:*** |
| | ***Aon bhreis a chuirfear le liosta na mbunábhar a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn IX, beidh méadú ar na spriocanna a leagtar amach i bpointe b) d'Airteagal 25(1), a fhreagraíonn d'acmhainneacht inbhuanaithe an bhunábhair sin, ag gabháil leis.*** |

*Réasúnú*

*Chun bunábhair bhreise a chur ar Iarscríbhinn IX, is gá méadú comhfhreagrach a dhéanamh ar na spriocanna do bhithbhreoslaí ardfhorbartha don liosta. D'fhéadfadh bunábhair bhreise infheistíochtaí atá ann cheana a chur i mbaol, toisc go gcuireann siad le taobh an tsoláthair agus dá bhrí sin go bhfuil tionchar ollmhór acu ar phraghsáil. Dá bhrí sin, is gá taobh an éilimh a choigeartú chomh maith leis an bhfochuóta do bhithbhreoslaí ardfhorbartha a mhéadú leis an sciar a chomhfhreagraíonn d'acmhainneacht inbhuanaithe na mbunábhar nua-áirithe.*

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe a – pointe i a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) sa chéad fhomhír de mhír (1), cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad phointe (c):*** |
| (c) incháilitheacht maidir le tacaíocht airgeadais do thomhaltas bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise. | (c) incháilitheacht maidir le tacaíocht airgeadais***, lena n-áirítear dreasachtaí fioscacha,*** do thomhaltas bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise. |

*Réasúnú*

*Cuirtear beachtas leis trína shonrú go n-áirítear dreasachtaí fioscacha sa tacaíocht airgeadais*

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe a – pointe ii**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 1 – fomhír 4 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — (a) i gcás breoslaí bithmhaise soladaí, i suiteálacha a tháirgeann leictreachas, téamh agus fuarú arb ionann iomlán a n-ionchur teirmeach rátaithe agus ***5 MW*** nó ar mó ná sin é, | — (a) i gcás breoslaí bithmhaise soladaí, i suiteálacha a tháirgeann leictreachas, téamh agus fuarú arb ionann iomlán a n-ionchur teirmeach rátaithe agus ***10 MW*** nó ar mó ná sin é, |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe a – pointe iii a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 1 – fomhír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iii a) (i b) leasaítear an dara fomhír de mhír (1) mar seo a leanas:*** |
| Mar sin féin, maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó dhramhaíl agus ó iarmhair nach iarmhair talmhaíochta, dhobharshaothaithe, iascaigh ná foraoiseachta iad, ní gá dóibh sin ach na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos i mír 10 a chomhlíonadh chun go gcuirfí san áireamh iad chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír. Beidh feidhm ag an bhfomhír seo freisin maidir le dramhaíl agus le hiarmhair a ndéantar iad a phróiseáil ar dtús chun táirge a dhéanamh díobh sula ndéantar tuilleadh próiseála orthu chun bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise a dhéanamh díobh. | Mar sin féin, maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó dhramhaíl agus ó iarmhair nach iarmhair talmhaíochta, dhobharshaothaithe, iascaigh ná foraoiseachta iad, ní gá dóibh sin ach na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos i mír 10 a chomhlíonadh chun go gcuirfí san áireamh iad chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír. ***Mar sin féin,*** beidh ***a dtáirgeadh i gcomhréir le hord na réiteach acmhainní/dramhaíola mar a leagtar síos i dTreoir 2008/98/CE agus seachnóidh sé éifeachtaí suntasacha díréireacha ar mhargaí le haghaidh seachtháirgí, dramhaíola nó fuíll. I gcás dramhaíl mheasctha a úsáid, áfach, tá sé de cheangal ar na hoibreoirí córais sórtála dramhaíola measctha atá sainithe a chur i bhfeidhm arb é is aidhm leo*** |

| | |
|---|---|
| | ***ábhair iontaise amhail plaistigh agus teicstílí sintéiseacha a bhaint chun a áirithiú nach n-úsáidtear ach dramhaíl bhithghineach neamh-inathchúrsáilte mar bhunábhar. Beidh*** feidhm ag an bhfomhír seo freisin maidir le dramhaíl agus le hiarmhair a ndéantar iad a phróiseáil ar dtús chun táirge a dhéanamh díobh sula ndéantar tuilleadh próiseála orthu chun bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise a dhéanamh díobh. |

*Réasúnú*

*Sonraíochtaí a chur isteach maidir le húsáid optamach acmhainní agus tagairt a dhéanamh d'ordlathas dramhaíola acmhainní i dTreoir 2008/98 CE*

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) i mír 3, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach tar éis na chéad fhomhíre:*** | ***scriosta*** |
| ***Tá feidhm ag an mír seo, cé is moite den chéad fhomhír, pointe (c), freisin maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise.;*** | |

*Réasúnú*

*Tá sé róluath athbhreithniú a dhéanamh ar na critéir inbhuanaitheachta reatha maidir le bithmhais foraoise sa Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite ós rud é gur cuireadh tús le cur chun feidhme na gcritéar reatha, a glacadh in 2018, le déanaí agus nár cuireadh tús leis ach i roinnt tíortha. Tá sé ríthábhachtach cur chuige cobhsaí a choinneáil i leith bithfhuinnimh. Ina theannta sin, bíonn dálaí áitiúla don bhithéagsúlacht éagsúil ar fud an Aontais agus ní féidir aghaidh a thabhairt orthu go héifeachtach le rialacha ginearálaithe i reachtaíocht fuinnimh AE. Tugtar aghaidh cheana ar ábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an tsláinte agus leis an mbithéagsúlacht i bhforaoisí an AE leis na critéir bhuainte foraoise in Airteagal 29(6).*

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe c**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 4 – fomhír 2a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír, cé is moite de phointí (b) agus (c), agus sa dara fomhír freisin maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise**.**; | Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír, cé is moite de phointí (b) agus (c), agus sa dara fomhír freisin maidir le bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais foraoise ***ó thír nach gcomhlíonann na critéir a leagtar amach i mír 6 agus arna bhfásadh nó arna mbuanadh chun críoch fuinnimh go sonrach***; |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 18 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 5 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. I dtaca le bithbhreoslaí, le bithleachtanna agus le breoslaí bithmhaise arna dtáirgeadh ó bhithmhais talmhaíochta a cuireadh san áireamh chun na gcríoch dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) den chéad fhomhír de mhír 1, ní bheidh siad déanta as amhábhar arna fháil i dtír nach bhfuil ina Páirtí i gComhaontú Pháras.*** |

*Réasúnú*

*Mar is amhlaidh i gcás na forála maidir le bithmhais foraoise, níor cheart bunábhair do bhithbhreoslaí a bheith déanta ag tíortha nach bhfuil ina bPáirtithe i gComhaontú Pháras.*

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe e – an chuid réamhráiteach**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 6 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre, pointe (a), pointe (iv): | (e) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre, pointe (a), pointe (***iii) agus pointe (***iv): |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 18 – pointe e**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 6 – pointe a – pointe iii

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) go ndéantar limistéir arna n-ainmniú ag an dlí idirnáisiúnta nó ag an dlí náisiúnta nó ag an údarás ábhartha inniúil chun críocha cosanta dúlra, lena n-áirítear ***bogaigh agus tailte portaigh***, a ***chosaint;*** | (iii) go ndéantar limistéir arna n-ainmniú ag an dlí idirnáisiúnta nó ag an dlí náisiúnta nó ag an údarás ábhartha inniúil chun críocha cosanta dúlra, lena n-áirítear ***talamh a raibh aon cheann de na stádais seo a leanas aige in Eanáir 2008 nó dá éis***, ***is cuma cé acu*** a ***choinnigh nó nár choinnigh an talamh an stádas sin:*** |
| | ***- foraois phríomhúil agus coillearnach eile, mar atá foraois agus coillearnach ina bhfuil speicis dúchais, agus gan aon fhianaise shoiléir infheicthe ann ar láimh an duine agus nach bhfuil aon chur isteach ar fiú trácht air tarlaithe do na próisis éiceolaíocha;*** |
| | ***- bogach, mar atá talamh a bhíonn faoi uisce nó báite, go buan nó ar feadh cuid mhaith den bhliain;*** |
| | ***- talamh portaigh;*** |
| | ***ach amháin má chuirtear fianaise ar fáil lena léireofar nár chuir táirgeadh an bhunábhair sin as do na críocha cosanta dúlra sin, nach mbaineann draenáil ithreach nár draenáladh roimhe sin leis, ná má chuirtear fianaise ar fáil lena léireofar nach mór an bunábhar a*** |

| | |
|---|---|
| | ***bhuaint chun a stádas mar ardluach bithéagsúlachta a chaomhnú.*** |

*Réasúnú*

*Cuireann reachtaíocht ró-mhionsonraithe leis an riosca atá le hastú go tapa agus ní chuirtear san áireamh go leordhóthanach léi na cúinsí sonracha náisiúnta ná na creataí/struchtúir reachtacha. Tá liosta eiseamláireach níos oiriúnaí chun dálaí náisiúnta agus tréithe sonracha a bhaineann le bainistiú foraoisí a chur san áireamh agus ní chuireann sé teorainn gan ghá le roghanna a bhaineann an toradh céanna amach.*

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 18 – pointe e**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 6 – pointe a – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) ***déantar*** an bhuaint ***agus*** cáilíocht agus bithéagsúlacht na hithreach a choinneáil ***san áireamh*** agus é mar aidhm tionchair dhiúltacha a ***íoslaghdú, ar bhealach a sheachnaíonn saothrú stumpaí*** agus ***fréamhacha, díghrádú*** foraoisí ***príomhúla nó iad a thiontú ina bhforaoisí plandála, agus saothrú ar ithreacha leochaileacha; íoslaghdaítear glanleagan crann agus áirithítear leis tairseacha oiriúnacha maidir le heastóscadh adhmad marbh agus ceanglais ann chun úsáid a bhaint as córais logála lena n-íoslaghdaítear an tionchar ar cháilíocht na hithreach, balcadh ithreach san áireamh, agus ar ghnéithe agus ar ghnáthóga bithéagsúlachta:;*** | (iv) ***go ndéantar*** an bhuaint ***d'fhonn*** cáilíocht agus bithéagsúlacht na hithreach a choinneáil***,*** agus é mar aidhm tionchair dhiúltacha a ***laghdú*** agus ***go n-úsáidtear cleachtais bhainistíochta inbhuanaithe*** foraoisí ***atá oiriúnach go háitiúil;*** |

*Réasúnú*

*Cuireann reachtaíocht ró-mhionsonraithe leis an riosca atá le hastú go tapa agus ní chuirtear san áireamh go leordhóthanach léi na cúinsí sonracha náisiúnta ná na creataí/struchtúir reachtacha. Tá liosta eiseamláireach níos oiriúnaí chun dálaí náisiúnta agus tréithe sonracha a bhaineann le bainistiú foraoisí a chur san áireamh agus ní chuireann sé teorainn gan ghá le roghanna a bhaineann an toradh céanna amach.*

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe f – an chuid réamhráiteach**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 6 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ***fhomhír 1***, pointe ***b***, pointe (iv): | (f) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ***na chéad fhomhíre***, pointe ***(a)***, pointe (***iii) agus pointe (***iv): |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe f**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 6 – pointe b – pointe iii (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| (iii) go ndéantar limistéir arna n-ainmniú ag an dlí idirnáisiúnta nó ag an dlí náisiúnta nó ag an údarás ábhartha inniúil chun críocha cosanta dúlra, lena n-áirítear ***bogaigh*** agus ***tailte portaigh, a chosaint***; | (iii) go ndéantar limistéir arna n-ainmniú ag an dlí idirnáisiúnta nó ag an dlí náisiúnta nó ag an údarás ábhartha inniúil chun críocha cosanta dúlra, lena n-áirítear ***talamh a raibh aon cheann de na stádais seo a leanas aige in Eanáir 2008 nó dá éis, is cuma cé acu a choinnigh nó nár choinnigh an talamh an stádas sin:- foraois phríomhúil*** agus ***coillearnach eile, mar atá foraois agus coillearnach ina bhfuil speicis dúchais, agus gan aon fhianaise shoiléir infheicthe ann ar láimh an duine agus nach bhfuil aon chur isteach ar fiú trácht air tarlaithe do na próisis éiceolaíocha***;<br><br>***- bogach, mar atá talamh a bhíonn faoi uisce nó báite, go buan nó ar feadh cuid mhaith den bhliain;***<br><br>***- talamh portaigh;***<br><br>***ach amháin má chuirtear fianaise ar fáil lena léireofar nár chuir táirgeadh an bhunábhair sin as do na críocha cosanta dúlra sin, nach mbaineann draenáil*** |

***ithreach nár draenáladh roimhe sin leis, ná má chuirtear fianaise ar fáil lena léireofar nach mór an bunábhar a bhuaint chun a stádas mar ardluach bithéagsúlachta a chaomhnú.***

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe f**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 6 – pointe b – pointe iv

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (iv) ***déantar*** an bhuaint ***agus*** cáilíocht agus bithéagsúlacht na hithreach a choinneáil ***san áireamh*** agus é mar aidhm tionchair dhiúltacha a ***íoslaghdú, ar bhealach a sheachnaíonn saothrú stumpaí*** agus ***fréamhacha, díghrádú foraoisí príomhúla nó iad a thiontú ina bhforaoisí plandála, agus saothrú ar ithreacha leochaileacha; íoslaghdaítear glanleagan crann agus áirithítear leis tairseacha oiriúnacha maidir le heastóscadh adhmad marbh agus ceanglais ann chun úsáid a bhaint as córais logála lena n-íoslaghdaítear an tionchar ar cháilíocht na hithreach, balcadh ithreach san áireamh, agus ar ghnéithe agus ar ghnáthóga bithéagsúlachta:;*** | (iv) ***go ndéantar*** an bhuaint ***d'fhonn*** cáilíocht agus bithéagsúlacht na hithreach a choinneáil**,** agus é mar aidhm tionchair dhiúltacha a ***laghdú*** agus ***go n-úsáidtear cleachtais bhainistíochta inbhuanaithe foraoisí atá oiriúnach go háitiúil bunaithe ar na prionsabail a comhaontaíodh ag Forest Europe agus FAO;*** |

*Réasúnú*

*Ní gá na critéir seo a liostú mar shamplaí, ós rud é go bhfuil cleachtais inbhuanaithe leagtha síos i reachtaíocht náisiúnta foraoiseachta. Méadaíonn reachtaíocht ró-mhionsonraithe an baol reachtaíocht atá as dáta go tapa agus ní chuirtear san áireamh ach fíorbheagán cúinsí sonracha náisiúnta agus creataí/struchtúir reachtacha. Ní hé an reachtaíocht fuinnimh an áit cheart chun ceanglais shonracha a chruthú a bhaineann le hábhar na reachtaíochta foraoise i mBallstáit nó i dtríú tíortha.*

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe f a (nua)**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 6 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) Cuirtear an mhír 6a seo a leanas isteach:*** |
| | ***6a. Déanfaidh an Coimisiún, faoi 2025 ar a dhéanaí, an creat dlíthiúil a chur chun feidhme maidir le caighdeáin sláinte, comhshaoil agus dramhaíola an Aontais a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear próisis agus modhanna táirgthe, breoslaí inathnuaite allmhairithe, agus sainaithneoidh sé tionscnaimh nithiúla chun níos mó comhsheasmhachta a áirithiú ina gcur i bhfeidhm, i gcomhréir le rialacha EDT.*** |

*Réasúnú*

*Ba cheart go mbeadh gach breosla inathnuaite inbhuanaithe ísealcharbóin in ann rannchuidiú le cuspóirí aeráide agus inathnuaite AE faoi chritéir inbhuanaitheachta níos déine, lena n-áirítear caighdeáin Eorpacha maidir le táirgeadh talmhaíochta, beartas maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe, dramhaíl a chosc agus caighdeáin bhainistíochta, agus ceanglais inrianaitheachta níos déine.*

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 – pointe g**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 29 – mír 10 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) 70 % ar a laghad le haghaidh leictreachas, téamh agus fuarú a tháirgtear ó bhreoslaí bithmhaise a úsáidfear i suiteálacha go dtí an 31 Nollaig 2025, agus 80 % ar a laghad ón ***1 Eanáir 2026***.; | (d) 70 % ar a laghad le haghaidh leictreachas, téamh agus fuarú a tháirgtear ó bhreoslaí bithmhaise a úsáidfear i suiteálacha ***arna gcur i mbun feidhme ón 1 Eanáir 2021*** go dtí an 31 Nollaig 2025, agus 80 % ar a laghad ***le haghaidh suiteálacha arna gcur i mbun feidhme*** ón |

| | |
|---|---|
| | ***1 Eanáir 2026.'**; **Bheadh sé sin ábhartha go háirithe chun cur chun cinn rianúil fuinnimh inathnuaite a áirithiú i gceantair iargúlta agus i gceantair thuaithe toisc go bhfágfaidh sé an t-am d'fheirmeoirí agus do ghníomhaithe áitiúla a dtáirgeadh fuinnimh ar an láthair agus in aice láimhe a nuachóiriú.*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 – pointe b**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 30 – mír 3 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí faisnéis iontaofa isteach faoi chomhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) agus (2), agus chun a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha ar fáil don Bhallstát ábhartha, arna iarraidh sin dó, na sonraí a úsáideadh chun an fhaisnéis sin a dhéanamh amach. | Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí faisnéis iontaofa isteach faoi chomhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) agus in Airteagal 29a(1) agus (2), agus chun a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha ar fáil don Bhallstát ábhartha, arna iarraidh sin dó, na sonraí a úsáideadh chun an fhaisnéis sin a dhéanamh amach. ***Ceanglóidh na Ballstáit ar oibreoirí eacnamaíocha socrú a dhéanamh maidir le caighdeán leordhóthanach iniúchóireachta neamhspleáiche don fhaisnéis a tíolacadh, agus fianaise a chur ar fáil go bhfuil an méid sin déanta acu. Chun pointe (a), (b) agus (d) d'Airteagal 29(3), pointe (a) d'Airteagal 29(4), Airteagal 29(5), pointe (a) d'Airteagal 29(6) agus pointe (a) d'Airteagal 29(7) a chomhlíonadh, féadfar iniúchóireacht chéad pháirtí nó iniúchóireacht dara páirtí a úsáid suas go dtí an chéad phointe bailithe den bhithmhais foraoise. Fíorófar leis an iniúchóireacht sin go bhfuil na córais atá á n-úsáid ag na hoibreoirí eacnamaíocha cruinn, iontaofa agus slán ar chalaois, lena n-áirítear fíorúcháin*** |

| | |
|---|---|
| | ***lena n-áirítear nach ndéantar aon ábhar a mhodhnú nó a dhiúscairt d'aon ghnó ionas go bhféadfaí an choinsíneacht nó cuid den choinsíneacht a bheith ina dramhaíl nó ina iarmhar. Leis an iniúchóireacht sin, déanfar minicíocht agus modheolaíocht na samplála, mar aon le stóinseacht na sonraí, a mheasúnú.*** |

*Réasúnú*

*Ba cheart an chuid atá in easnamh den mhír seo a thabhairt isteach an athuair (féach. RED II Airteagal 30(3)(1)). Ba cheart an riail díolúine maidir le hiniúchadh chéad pháirtí/dara páirtí na bithmhaise foraoise a leathnú chun iniúchadh a dhéanamh ar na critéir nua ('na limistéir le seachaint').*

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 20 – pointe d**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 30 – mír 6 – fomhír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le suiteálacha ina dtáirgtear téamh agus fuarú leictreach lena ngabhann idir ***5*** agus ***10 MW*** d'ionchur teirmeach rátáilte iomlán, bunóidh na Ballstáit scéimeanna fíoraithe náisiúnta simplithe chun comhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach i mír (2) go (7) agus (10) d'Airteagal 29 a áirithiú.; | Maidir le suiteálacha ina dtáirgtear téamh agus fuarú leictreach lena ngabhann idir ***10*** agus ***15 MW*** d'ionchur teirmeach rátáilte iomlán, bunóidh na Ballstáit scéimeanna fíoraithe náisiúnta simplithe chun comhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach i mír (2) go (7) agus (10) d'Airteagal 29 a áirithiú.***'***; |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 31 – mír 2, mír 3 agus mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(21) in Airteagal 31, scriostar*** | ***scriosta*** |

***míreanna 2, 3 agus 4:***

*Réasúnú*

*Ós rud é nach ann don fhéidearthacht laghduithe gás ceaptha teasa a ríomh ar leibhéal NUTS II, rud a fhágann gurb iad ríomhanna ar bhonn feirme an t-aon rogha amháin, tugtar pribhléid mhíchuí do struchtúir na bhfeirmeacha móra os cionn phatrún na bhfeirmeacha beaga agus meánmhéide, arb ionann iad agus formhór mór na bhfeirmeacha Eorpacha, rud a chuireann ualach riaracháin breise agus díréireach ar fheirmeoirí.*

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 31a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 1. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar bunachar sonraí de chuid an Aontais a chur ar bun chun go mbeifear in ann bun agus lorg breoslaí inathnuaite leachtacha agus gásacha agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a chur. | 1. Áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar bunachar sonraí de chuid an Aontais a chur ar bun chun go mbeifear in ann bun agus lorg breoslaí inathnuaite leachtacha agus gásacha***, lena n-áirítear na bunábhair a liostaítear in Iarscríbhinn IX arna n-úsáid ina dtáirgeadh,*** agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a chur. |

*Réasúnú*

*Ní mór foráil a dhéanamh d'fhorálacha frithchalaoise, go háirithe maidir le catagóir na hola cócaireachta úsáidte ina bhfuil meascán na hola pailme forleathan. Tá sé bunriachtanach calaois a bhrath agus a dhíspreagadh chun iomaíocht éagórach agus dífhoraoisiú rábach i dtríú tíortha a sheachaint, agus dá bhrí sin ba cheart inrianaitheacht iomlán agus dheimhnithe a fhorfheidhmiú.*

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir (AE) 2018/2001
Airteagal 31a – mír 2

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 2. Ceanglóidh na Ballstáit ar na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha faisnéis chruinn a iontráil go tráthúil sa bhunachar sonraí sin maidir leis na hidirbhearta a rinneadh agus saintréithe inbhuanaitheachta na mbreoslaí atá faoi réir na n-idirbheart sin, lena n-áirítear astaíochtaí gás ceaptha teasa a saolré, ag tosú ó phointe a dtáirgthe go dtí tráth a n-ídithe san Aontas. ***Cuirfear san áireamh freisin sa bhunachar sonraí faisnéis faoi cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh tacaíocht ar fáil chun coinsíneacht shonrach bhreosla a tháirgeadh, agus má cuireadh, áireofar freisin faisnéis maidir leis an gcineál scéime tacaíochta.*** | 2. Ceanglóidh na Ballstáit ar na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha faisnéis chruinn a iontráil go tráthúil sa bhunachar sonraí sin maidir leis na hidirbhearta a rinneadh agus saintréithe inbhuanaitheachta na mbreoslaí atá faoi réir na n-idirbheart sin, lena n-áirítear astaíochtaí gás ceaptha teasa a saolré, ag tosú ó phointe a dtáirgthe go dtí tráth a n-ídithe san Aontas. |

*Réasúnú*

*Tá sé ríthábhachtach an t-ualach riaracháin a choimeád comhréireach leis na buntáistí a bhaineann leis an mbunachar sonraí. Níl an togra seo ag teacht le prionsabal na comhréireachta chun nuashonruithe leanúnacha a éileamh feadh gach cuid den slabhra soláthair a luaithe a dhéanfar athrú.*

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 5 –pointe a**
Treoir (AE) 2018/2001
Iarscríbhinn V – Cuid C – pointe 6

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 6. Chun críocha an ríomha dá dtagraítear i bpointe 1(a), ní chuirfear san áireamh laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhainistíocht fheabhsaithe talmhaíochta, esca, amhail aistriú chuig síolú díreach nó curaíocht laghdaithe, feabhsú ar bhairr/uainíocht na mbarr, úsáid barr cumhdaigh, lena n-áirítear bainistiú iarmhar barr, agus úsáid feabhsaitheora orgánaigh ithreach (e.g. múirín, díleáiteán coipthe aoiligh), mura bhfuil an baol ann | 6. Chun críocha an ríomha dá dtagraítear i bpointe 1(a), ní chuirfear san áireamh laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhainistíocht fheabhsaithe talmhaíochta, esca, amhail aistriú chuig síolú díreach nó curaíocht laghdaithe, ***carbóin a stóráil in ithir le bithghualach,*** feabhsú ar bhairr/uainíocht na mbarr, úsáid barr cumhdaigh, lena n-áirítear bainistiú iarmhar barr, agus úsáid feabhsaitheora orgánaigh ithreach (e.g. múirín, díleáiteán |

go ndéanfaidh siad dochar don bhithéagsúlacht. Ina ***theannta*** sin, ***cuirfear fianaise dhaingean infhíoraithe ar fáil go bhfuil méadú tagtha ar chion carbóin*** na ***hithreach nó gur réasúnach a bheith ag súil go dtiocfadh méadú air thar an tréimhse inar saothraítear na hamhábhair lena mbaineann agus aird á tabhairt ar na*** hastaíochtaí ***i gcás ina dtagann méadú ar úsáid leasacháin agus luibhicídí mar thoradh ar chleachtais den sórt sin***[37] ***.';***

[37] D'fhéadfadh tomhais ar chion carbóin na hithreach a bheith i gceist le fianaise den sórt sin, mar shampla tríd an gcéad thomhas roimh an saothrú agus tomhais go tráthrialta ina dhiaidh sin cúpla bliain óna chéile. Sa chás sin, sula mbeadh teacht ar an dara tomhas, dhéanfaí méadú i gcion carbóin na hithreach a mheasúnú ar bhonn turgnaimh ionadaíocha nó samhlacha ithreach. Ón dara tomhas ar aghaidh, bheadh na tomhais ina mbunús lena chinneadh an ann do mhéadú ar chion charbóin na hithreach agus ar a mhéid.

coipthe aoiligh), mura bhfuil an baol ann go ndéanfaidh siad dochar don bhithéagsúlacht. ***Is féidir carbón i mbithmhaisí a thiontú*** ina ***bhithghualach trí phirealú, ar féidir é a stóráil trí leathadh ar an talamh, rud a fhágann gur teicneolaíocht astaíochtaí diúltacha é; Sa chás*** sin, ***tugtar an bónas do bhainistíocht fheabhsaithe talmhaíochta agus aoiligh ar ais chuig an bhfeirmeoir atá freagrach as*** na hastaíochtaí ***diúltacha nuair a eisítear deimhnithe inbhuanaitheachta/comhshaoil.***

***Ina theannta sin, cuirfear fianaise dhaingean infhíoraithe ar fáil go bhfuil méadú tagtha ar chion carbóin na hithreach nó gur réasúnach a bheith ag súil go dtiocfadh méadú air thar an tréimhse inar saothraítear na hamhábhair lena mbaineann agus aird á tabhairt ar na hastaíochtaí i gcás ina dtagann méadú ar úsáid leasacháin agus luibhicídí mar thoradh ar chleachtais den sórt sin***[37] ***.';***

[37] D'fhéadfadh tomhais ar chion carbóin na hithreach a bheith i gceist le fianaise den sórt sin, mar shampla tríd an gcéad thomhas roimh an saothrú agus tomhais go tráthrialta ina dhiaidh sin cúpla bliain óna chéile. Sa chás sin, sula mbeadh teacht ar an dara tomhas, dhéanfaí méadú i gcion carbóin na hithreach a mheasúnú ar bhonn turgnaimh ionadaíocha nó samhlacha ithreach. Ón dara tomhas ar aghaidh, bheadh na tomhais ina mbunús lena chinneadh an ann do mhéadú ar chion charbóin na hithreach agus ar a mhéid.

*Réasúnú*

*Tá sé tábhachtach breathnú ar thaobhshruthanna agus fotháirgí luachmhara ó tháirgeadh bithfhuinnimh agus iad a aithint. Ba cheart an bónas as na hastaíochtaí diúltacha a ghearradh ar an ngeallsealbhóir atá freagrach as an mbainistiú feabhsaithe. Dealraíonn sé go bhfuil sé cothrom go ndéantar laghduithe ar ghníomhaíochtaí talmhaíochta a dhámhachtain freisin in earnáil na talmhaíochta.*

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 5 –pointe c**
Treoir (AE) 2018/2001
Iarscríbhinn V – Cuid C– pointe 18

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 18. Chun críocha na ríomhanna dá dtagraítear i bpointe 17, is iad na hastaíochtaí a bheidh le roinnt eec + el + esca + na codáin sin de ep, etd, eccs agus eccr a tharlaíonn suas go dtí an chéim den phróiseas ina dtáirgtear comhtháirge, an chéim sin san áireamh. Más rud é go ndearnadh aon chionroinnt ar chomhtháirgí ag céim níos luaithe den phróiseas sa saolré, úsáidfear an codán de na hastaíochtaí sin a sannadh don táirge breosla eatramhach sa chéim dheireanach sin den phróiseas chun na críocha sin seachas iomlán na n-astaíochtaí sin. I gcás bithgháis agus bithmheatáin, cuirfear gach comhtháirge nach dtagann faoi raon feidhme phointe 7 san áireamh chun críocha an ríofa sin. Ní dhéanfar aon astaíochtaí a chionroinnt ar dhramhaíl agus iarmhair. Measfar luach fuinnimh nialasach a bheith ag comhtháirgí a bhfuil luach fuinnimh diúltach acu chun críocha an ríofa. Measfar astaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha sa saolré a bheith ag dramhaíl agus iarmhair, lena n-áirítear an dramhaíl agus iarmhair uile atá in Iarscríbhinn IX, suas go dtí próiseas bailithe na n-ábhar sin beag beann orthu a bheith próiseáilte ina dtáirgí eatramhacha sula ndéantar iad a thiontú chuig an táirge deiridh. ***Iarmhair nach n-áirítear in Iarscríbhinn IX agus atá oiriúnach lena n-úsáid sa mhargadh bia nó beatha, measfar go bhfuil an méid céanna astaíochtaí acu ó eastóscadh, ó bhuaint nó ó shaothrú na n-amhábhar, agus eec ar an rogha ionadach is gaire dóibh sa mhargadh bia agus beatha atá sa tábla*** i ***gcuid D. I*** gcás breoslaí bithmhaise a tháirgtear i scaglanna, seachas an teaglaim d'ionaid phróiseála ina bhfuil | 18. Chun críocha na ríomhanna dá dtagraítear i bpointe 17, is iad na hastaíochtaí a bheidh le roinnt eec + el + esca + na codáin sin de ep, etd, eccs agus eccr a tharlaíonn suas go dtí an chéim den phróiseas ina dtáirgtear comhtháirge, an chéim sin san áireamh. ***I gcás $e_{ccr}$ $CO_2$ ó choipeadh a ghabhtar agus a athúsáidtear in ionad $CO_2$ iontaise-bhunaithe, measfar gur coigilt ar astaíochtaí í atá leithdháilte ina hiomláine ar an mbithbhreosla nó ar an mbithleacht mar thoradh ar choipeadh.*** Más rud é go ndearnadh aon chionroinnt ar chomhtháirgí ag céim níos luaithe den phróiseas sa saolré, úsáidfear an codán de na hastaíochtaí sin a sannadh don táirge breosla eatramhach sa chéim dheireanach sin den phróiseas chun na críocha sin seachas iomlán na n-astaíochtaí sin. I gcás bithgháis agus bithmheatáin, cuirfear gach comhtháirge nach dtagann faoi raon feidhme phointe 7 san áireamh chun críocha an ríofa sin. Ní dhéanfar aon astaíochtaí a chionroinnt ar dhramhaíl agus iarmhair. Measfar luach fuinnimh nialasach a bheith ag comhtháirgí a bhfuil luach fuinnimh diúltach acu chun críocha an ríofa. Measfar astaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha sa saolré a bheith ag dramhaíl agus iarmhair, lena n-áirítear an dramhaíl agus iarmhair uile atá in Iarscríbhinn IX, suas go dtí próiseas bailithe na n-ábhar sin beag beann orthu a bheith próiseáilte ina dtáirgí eatramhacha sula ndéantar iad a thiontú chuig an táirge deiridh. I gcás breoslaí bithmhaise a tháirgtear i scaglanna, seachas an teaglaim d'ionaid phróiseála ina bhfuil coirí nó aonaid chomhghiniúna a sholáthraíonn teas agus/nó leictreachas don ionad próiseála, is |

coirí nó aonaid chomhghiniúna a sholáthraíonn teas agus/nó leictreachas don ionad próiseála, is é an scaglann a úsáidfear mar aonad anailíse chun críocha an ríofa dá dtagraítear i bpointe 17;

é an scaglann a úsáidfear mar aonad anailíse chun críocha an ríofa dá dtagraítear i bpointe 17;

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 6 –pointe c**
Treoir (AE) 2018/2001
Iarscríbhinn VI – Cuid B – pointe 18 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Measfar astaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha sa saolré a bheith ag dramhaíl agus iarmhair, lena n-áirítear an dramhaíl agus iarmhair uile atá in Iarscríbhinn IX, suas go dtí próiseas bailithe na n-ábhar sin beag beann orthu a bheith próiseáilte ina dtáirgí eatramhacha sula ndéantar iad a thiontú chuig an táirge deiridh. ***Iarmhair nach n-áirítear in Iarscríbhinn IX agus atá oiriúnach lena n-úsáid sa mhargadh bia nó beatha, measfar go bhfuil an méid céanna astaíochtaí acu ó eastóscadh, ó bhuaint nó ó shaothrú amhábhar, agus*** $e_{ec}$ ***ar an rogha ionadach is gaire dóibh sa mhargadh bia agus beatha atá sa tábla i gcuid D d'Iarscríbhinn V.*** | Measfar astaíochtaí gás ceaptha teasa nialasacha sa saolré a bheith ag dramhaíl agus iarmhair, lena n-áirítear an dramhaíl agus iarmhair uile atá in Iarscríbhinn IX, suas go dtí próiseas bailithe na n-ábhar sin beag beann orthu a bheith próiseáilte ina dtáirgí eatramhacha sula ndéantar iad a thiontú chuig an táirge deiridh. |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh Treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 8 – pointe a a (nua)**Treoir (AE) 2018/2001
Iarscríbhinn IX – cuid A

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a a) I gCuid A, cuirtear pointe (r) seo a leanas isteach:*** <br> ***(r) Barra breise nó barra cumhdaigh.*** |

*Réasúnú*

*Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar Iarscríbhinn IX chun comhtháthú a dhéanamh ar bharra cumhdaigh agus barra breise a sholáthraíonn acmhainní breise go follasach chun bithbhreoslaí a tháirgeadh, i measc tairbhí comhshaoil eile.*

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú a dhéanamh ar Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle |
| **Tagairtí** | COM(2021)0557 – C9-0329/2021 – 2021/0218(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>13.9.2021 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AGRI<br>11.11.2021 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Pina Picierno<br>9.9.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 9.11.2021 25.1.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 20.4.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 35<br>–: 9<br>0: 4 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Atidzhe Alieva-Veli, Álvaro Amaro, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Benoît Biteau, Mara Bizzotto, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Asger Christensen, Angelo Ciocca, Ivan David, Paolo De Castro, Jérémy Decerle, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Luke Ming Flanagan, Dino Giarrusso, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Krzysztof Jurgiel, Jarosław Kalinowski, Elsi Katainen, Camilla Laureti, Gilles Lebreton, Julie Lechanteux, Norbert Lins, Chris MacManus, Colm Markey, Marlene Mortler, Ulrike Müller, Maria Noichl, Juozas Olekas, Eugenia Rodríguez Palop, Bronis Ropė, Bert-Jan Ruissen, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Marc Tarabella, Veronika Vrecionová, Sarah Wiener, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Cristina Maestre Martín De Almagro, Alin Mituța |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 35 | + |
|---|---|
| ID | Mara Bizzotto, Angelo Ciocca, Ivan David, Gilles Lebreton, Julie Lechanteux |
| NI | Dino Giarrusso |
| PPE | Álvaro Amaro, Daniel Buda, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Colm Markey, Marlene Mortler, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Atidzhe Alieva-Veli, Asger Christensen, Jérémy Decerle, Martin Hlaváček, Elsi Katainen, Alin Mituța, Ulrike Müller |
| S&D | Clara Aguilera, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Isabel Carvalhais, Paolo De Castro, Camilla Laureti, Cristina Maestre Martín De Almagro, Juozas Olekas, Marc Tarabella |

| 9 | - |
|---|---|
| S&D | Maria Noichl |
| The Left | Luke Ming Flanagan, Chris MacManus, Eugenia Rodríguez Palop |
| Verts/ALE | Benoît Biteau, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Bronis Ropė, Sarah Wiener |

| 4 | 0 |
|---|---|
| ECR | Mazaly Aguilar, Krzysztof Jurgiel, Bert-Jan Ruissen, Veronika Vrecionová |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
\+ : i bhfabhar
\- : i gcoinne
0 : staonadh

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú a dhéanamh ar Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle |
| **Tagairtí** | COM(2021)0557 – C9-0329/2021 – 2021/0218(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 15.7.2021 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>13.9.2021 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | DEVE 11.11.2021<br>ENVI 13.9.2021<br>IMCO 13.9.2021<br>TRAN 13.9.2021 |
| | REGI 13.9.2021<br>AGRI 11.11.2021<br>PETI 11.11.2021 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | IMCO 1.9.2021<br>PETI 15.6.2022 |
| **Coistí comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>11.11.2021 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Markus Pieper<br>17.9.2021 |
| **Pléite sa choiste** | 3.3.2022 20.4.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 13.7.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 54<br>–: 14<br>0: 6 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Matteo Adinolfi, Nicola Beer, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Paolo Borchia, Marc Botenga, Markus Buchheit, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Nicola Danti, Pilar del Castillo Vera, Christian Ehler, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Claudia Gamon, Jens Geier, Nicolás González Casares, Christophe Grudler, Henrike Hahn, Ivo Hristov, Ivars Ijabs, Romana Jerković, Eva Kaili, Seán Kelly, Łukasz Kohut, Zdzisław Krasnodębski, Andrius Kubilius, Marisa Matias, Iskra Mihaylova, Dan Nica, Angelika Niebler, Niklas Nienaß, Ville Niinistö, Mauri Pekkarinen, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Markus Pieper, Sira Rego, Robert Roos, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Riho Terras, Grzegorz Tobiszowski, Patrizia Toia, Marie Toussaint, Isabella Tovaglieri, Henna Virkkunen, Pernille Weiss, Carlos Zorrinho |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andrus Ansip, Pascal Arimont, Tiziana Beghin, Franc Bogovič, Gheorghe Falcă, Andreas Glück, Klemen Grošelj, Elżbieta Kruk, Adriana Maldonado López, Sandra Pereira, Bronis Ropė, Ernő Schaller-Baross, Jordi Solé, Marion Walsmann |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Biljana Borzan, Rosanna Conte, Erik Marquardt, Liudas Mažylis, Matjaž Nemec, Antonio Maria Rinaldi, Christel Schaldemose, Alexandr |

| | |
|---|---|
| | Vondra |
| **Dáta don chur síos** | 18.7.2022 |

**VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH**

| 54 | + |
|---|---|
| NI | Tiziana Beghin |
| PPE | Pascal Arimont, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Franc Bogovič, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Pilar del Castillo Vera, Christian Ehler, Gheorghe Falcă, Seán Kelly, Andrius Kubilius, Liudas Mažylis, Angelika Niebler, Markus Pieper, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Riho Terras, Henna Virkkunen, Marion Walsmann, Pernille Weiss |
| RENEW | Andrus Ansip, Nicola Danti, Claudia Gamon, Klemen Grošelj, Christophe Grudler, Ivars Ijabs, Iskra Mihaylova, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen |
| S&D | Biljana Borzan, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Nicolás González Casares, Ivo Hristov, Romana Jerković, Eva Kaili, Adriana Maldonado López, Matjaž Nemec, Dan Nica, Tsvetelina Penkova, Christel Schaldemose, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho |
| VERTS/ALE | Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Henrike Hahn, Erik Marquardt, Niklas Nienaß, Ville Niinistö, Bronis Ropė, Jordi Solé, Marie Toussaint |

| 14 | - |
|---|---|
| ECR | Zdzisław Krasnodębski, Elżbieta Kruk, Robert Roos, Grzegorz Tobiszowski, Alexandr Vondra |
| ID | Markus Buchheit |
| NI | Ernő Schaller-Baross |
| RENEW | Nicola Beer, Andreas Glück |
| S&D | Łukasz Kohut |
| THE LEFT | Marc Botenga, Marisa Matias, Sandra Pereira, Sira Rego |

| 6 | 0 |
|---|---|
| ID | Matteo Adinolfi, Paolo Borchia, Rosanna Conte, Antonio Maria Rinaldi, Isabella Tovaglieri |
| PPE | François-Xavier Bellamy |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh